LOGAINMNEACHA MHAIGH EO 7:

Barúntacht Chlann Mhuiris

Anailís ar Ainmneacha na mBailte Fearainn
agus Roinnt Ainmneacha Eile
i mBarúntacht Chlann Mhuiris in Oirdheisceart Mhaigh Eo

Fiachra Mac Gabhann

Coiscéim
Tig Bhríde, 91 Br. Bhinn Éadair, Binn Éadair, BÁC 13
www.coisceim.ie

Logainmneacha Mhaigh Eo 7: Barúntacht Chlann Mhuiris

2014 An Chéad Chló
© *Gach cóipcheart don údar*
ISBN 978-0-9566240-1-7
Clódóirí: Johnswood Press

Nóta: Tharlódh i bhfíor-chorrchás go ndéanfaí athrú ar leagan molta Gaeilge d'ainm ar bith sa tsraith seo idir am foilsithe na sraithe agus ordú reachtúil stáit ar cheartleaganacha logainmneacha Mhaigh Eo ar ball. I gcás amhrais ar bith, téitear i muinín an tsuímh www.logainm.ie mar a bhfoilseofar leagan ar bith atá le leasú.

Imleabhair eile sa tsraith seo:

Logainmneacha Mhaigh Eo 1: Barúntacht Bhuiríos Umhaill
Logainmneacha Mhaigh Eo 2: Barúntacht Mhuraisce
Logainmneacha Mhaigh Eo 3: Paróiste Acla
Logainmneacha Mhaigh Eo 4: Barúntacht Iorrais
Logainmneacha Mhaigh Eo 5: Barúntacht Cheara
Logainmneacha Mhaigh Eo 6: Barúntachtaí Chill Mheáin agus an Rois
Logainmneacha Mhaigh Eo 8: Barúntacht Thír Amhlaidh
Logainmneacha Mhaigh Eo 9: Barúntachtaí Ghaileang agus Thír Fhiachrach
Logainmneacha Mhaigh Eo 10: Barúntacht Choistealach

Buíochas agus Toirbhirt:

Gabhaim buíochas faoi leith le beirt fhear: Nollaig Ó Muraíle, iar-chomhghleacaí sinsearach liom ar feadh tréimhse in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, sna 1990í, agus ar feadh tréimhse eile in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa mhílaois seo, a réitigh an cosán logainmníochta a bhí romham chomh maith sin gur gheall le mótarbhealach é, agus ar tugadh de pheannaid dó luathdhréachtaí den saothar seo a léamh; agus Dónall Mac Giolla Easpaig, iar-Phríomhoifigeach leis an Bhrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a thug cuireadh dom tabhairt faoi staidéar a dhéanamh ar ainmneacha bailte fearainn an chontae seo i gcéaduair agus, ach oiread le Nollaig, nár spáráil a chuid ama, comhairle ná foinsí oifige orm.

Tá buíochas mór dlite fosta do Phádraig Ó Cearbhaill, Pádraig Ó Dálaigh, Conchúr Ó Crualaoich agus Seán McGlinchey in Oifig an Bhrainse Logainmneacha; do Chaoimhín Ó Muirí i dTionscnamh Locus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh; do Mhícheál Ó Mainnín - a léigh luathdhréachtaí iomlána d'imleabhair 1-2 sa bhliain 2004 agus a rinne tréan moltaí maithe - agus do Kay Muhr agus Pat McKay, in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; do Graham Isaac, as an spíonadh ar chuid ainmneacha luatha, agus Liam Ó hAisibéil, a dhear léarscáil na mbarúntachtaí, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; agus do Ríonach uí Ógáin i Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas mór a thabhairt fosta do mo dheartháir Feilim Mac Gabhann, Ollscoil Johns Hopkins, a réitigh gach fadhb a bhain le ríomhaireacht agus formáidiú, agus a dhear na clúdaigh.

Tá mé go mór faoi chomaoin chomh maith ag foirne institiúidí éagsúla: Seomra na mBailiúchán Speisialta i Leabharlann Uí Argadáin, OÉ Gaillimh; Tionscnamh na nEastát Talún in Institiúid de Móra sna Daonnachtaí agus Socheolaíochtaí, OÉ Gaillimh (.i. Brigid Clesham agus Marie Boran); Leabharlann Contae Mhaigh Eo; Seomra na Lámhscríbhinní i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; An Chartlann Náisiúnta; Leabharlann Choláiste na Tríonóide; Clárlann na nGníomhas; Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe; Ionad Oidhreachta Chuan Mó, Cathair na Mart; Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh, Béal an Átha; Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh agus go háirithe an t-iarstiúrthóir Sara Kelly agus a comharba Tony Deffely, agus Sandra Butler, léachtóir le grafaíocht; agus Coiste Gairmoideachais

Chontae Mhaigh Eo, go háirithe an t-iar-Phríomhfheidhmeannach Seosamh Ó Longáin (nach maireann) a thacaigh leis an taighde ón tús.

Rinneadh cuid mhaith den taighde don tsraith seo faoi choimirce Chomhaltacht Rialtas na hÉireann in OÉ Gaillimh, sa tréimshe 2006-9, agus fearaim buíochas mór don Choimisiún Logainmneacha agus do dhuine ar bith sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (nó an Roinn Gnothaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, mar a bhí an t-am sin) a raibh lámh nó páirt ar bith acu i lorg agus i gceadú an mhaoinithe.

As a spéis agus a cuidiú fial, leanúnach i ngach gné den obair, fógraím mo bhuíochas do Oonagh Kelleher, Oifigeach Gaeilge le Comhairle Contae Mhaigh Eo. Feartar buíochas mór fosta d'Anna Ní Chárthaigh agus coiste stiúrtha Ghnó Mhaigh Eo trí chéile; do Dheirdre Davitt agus Foras na Gaeilge; do Mháirtín Ó Maicín, Seán Ó Confhaola agus Conradh na Gaeilge i Maigh Eo; do John Coll, Mary Wrafter agus Fóram Pobail Chomhairle Contae Mhaigh Eo; do Sheán Ó hÉalaí agus Máirtín Mac Donncha, Raidió na Gaeltachta, Caisleán an Bharraigh (tráth dá raibh); Etain O'Connor agus Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla; do Phádraig Ó Snodaigh agus Coiscéim; Dave O'Connell, Colin Conn agus clódóirí Johnswood Press; agus do Cholmán Ó Raghallaigh, Cló Mhaigh Eo.

Tá mé go mór faoi chomaoin chomh maith ag baill Choiste Logainmneacha Mhaigh Eo: Laoise Ní Dhúda (OÉ Gaillimh), Nollaig Ó Muraíle (OÉ Gaillimh), Noel Gibbons (Co. Co. Mhaigh Eo), Liam Ó hAisibéil (OÉ Gaillimh), Bill Flynn (Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh), Gerry McDonagh (Bréachmhaigh) agus Helen Moran (Bréachmhaigh).

Tá mé go mór faoi chomaoin ach go háirithe ag na céadta a labhair liom go lách agus a chuir oideachas orm ar mo chamchuairt dom trí dhúichí éagsúla an chontae: ainmnítear faisnéiseoirí sna hIntreoracha do na barúntachtaí sa tsraith seo.

Fógraím buíochas gan áireamh do mo bhean chéile Clodagh as a cuid foighide, comhairle agus tacaíochta.

Is clocha iad na himleabhair sa tsraith seo i leacht m'athar Proinnsias (1932-76), Cabhánach a bhí ar tí an teaghlach a bhogadh anoir le dul a chónaí i Maigh Eo nuair a cailleadh é go hóg. Toirbhrítear an saothar seo chomh maith d'Ultach eile, mar atá, mo mháthair, Caitlín "Muineachán Abú" Mhic Gabhann. Ar deireadh, toirbhrítear an saothar seo, chomh maith céanna, do Ghaeil uile Mhaigh Eo, i gcéin agus i gcóngar - go cróineolaíoch agus go topagrafach! Go maithe siad na meancóga dom.

Logainmneacha Bharúntacht Chlann Mhuiris

Léarscáil de Bharúntachtaí agus de Pharóistí Mhaigh Eo . . . vi
Léarscáil de Shuíomh na bParóistí i mBarúntacht Chlann Mhuiris . vii
Intreoir don tSraith *Logainmneacha Mhaigh Eo* 01
Intreoir do Bharúntacht Chlann Mhuiris 37
Ainm Barúntachta: **Clann Mhuiris** 44

1. **Balla** 50
2. **Cill Cholmáin** 88
3. **Cill Mhiáin** 214
4. **An Cnoc** (sciar bharúntacht Chlann Mhuiris) 239
5. **Crois Bhaoithín** 251
6. **Maigh Eo** (sciar bharúntacht Chlann Mhuiris) 356
7. **Teach Chaoin** 433

Príomhfhoinsí 493
Foinsí Tánaisteacha 513
Innéacs Gaeilge 521
Innéacs Béarla 529
Sloinnte, Ainmneacha Pearsanta 537
Gluais 539


BARÚNTACHTAÍ AGUS PARÓISTÍ
CHONTAE MHAIGH EO
1. Cill Chuimín
2. Teampall Muire
3. Caisleán Mhic Conchúir
4. cuid de Chill Dachomóg
5. cuid den Teampall Mór
6. cuid de Mhaigh Eo
7. cuid de Bhaile an Tobair
8. cuid d'Oileán Éadai
9. Tuath Aitheachta
10. cuid de Chill Mheáin Mhór
11. Cill Mheáin Bheag
12. An Mhúr Gágach
13. cuid de Shruthair
14. cuid d'Achadh Ghobhair
IORRAS
An Chill Mhór
Cill Chomáin
BUIRÍOS UMHAILL
Buiríos Umhaill
Achill
MURAISC
Cill Ghaobhair
An Nuachabháil
Achadh Ghobhair
AN ROS
An Ros
Baile an Chalaidh
Baile an Róba
Baile Óbha
CEARA
Baile an Tobair
Buiríos Ceara
Oileán Éadai
An Eaglais
Béal Átha hEin
An Droim
Ros Lao
Maigh Aiula
Cill Dachomóg
Turlach
Eadargóil
TÍR AMHLAIDH
Crois Mhaoilíona
Cill Mhic Laisre
Cill Mhíona
Maigh Eo
Baile an Mhótair
Cill Mheáin Mhór
Cill Mheáin Bheag
CILL MHEÁIN
Conga
Sruthair
Baile an Róba
Róibín
Teach Chaoin
CLANN MHUIRIS
Cill Chomáin
Croís Bhaoithín
Cill Mhiáin
Béacán
An tEanach
An Cnoc
Cill Cholmáin
Balla
Maigh Eo
Cill Liadáin
Both Chomhla
An Teampall Mór
Mileac
Cill Chon Duibh
COISTEALAIGH
Achadh Mór
Cill Mobhí
Cill Bheitheach
Cill Tura
GAILEANGA
Tuaim Mhór
Cill Lasrach
Áth Ti an Mheasaigh
Cill na nGarbhán
Cill Mhór Mhuighe
Ardach
Baile Easa Caoire
Cill Aodháin
Maigh Ghamhnach
Cill Bhéalad
Baile na hEaglaise
TÍR FHIACHRACH
Dún Fhíne
Cill Bhríde
Leacain
An Ráth Riabhach
Cill Aí


MAYO
CLANMORRIS
KILCOLMAN
TAGHEEN
CROSSBOYNE
KILVINE
BALLINDINE
Clare
Coonard
Roundfort
Hollymount
Ballinamore Ho.
Ballinacostello
Mannin Ho.
Rockfield Ho.
Cartlegar Ho.
Claremount Ho.
Ballinvilla Ho.
Fallakeeran
Carrowbuy Lodge
Castlecreagh L.
Carrowkeel
Pollnalingy
Gurraunmore
Carrowmore
Gallowshill
Mount Jentange
Buckfield
Ballintreenan
Agricultural School
Tagheen R.C. Chapel
Brookhill
Mayfield
Drumgaly L.
Carrigeen L.
Quillow L.
Cloonaminilly L.
Derry L.
Derrykin L.
Carrowgh L.
Clooncurry L.
Lough Nabolooge
Bekan R.C. Chapel
Crofory L.
Ballinafad
Rockstown
Ballaghaturrin
Brown Hall
Cuilmore L.
Lough Arrecly
Lough Carrowmore
Lough Park
Lough Nambrackbeagh
Lough Nanannagh
Lough Cloonfinlough
Lough Cloonaghlin
Lough Cloonacurry
Lough Derry
Lough Carrowgh
Lough Mannin
Lough Derrykin
Lough Bekan
Lough Crofory
Lough Nabolooge
Lough Carrowmore
Lough Arrecly

Intreoir don tSraith *Logainmneacha Mhaigh Eo*

> "Mayo was established just over four centuries ago (around 1570, by the English Lord Deputy, Sir Henry Sidney), but the name which it bears can be traced back a further nine centuries [to 664] to the time of the Saxon St. Gerald and the foundation of the monastery on the 'plain of the yews' by the refugees from Lindisfarne via Inishbofin.[1] And *Mag nÉo* (or, in modern dress, Maigh Eo) is but one of the Mayo placenames which were already several centuries old when the Normans came..."
>
> *Mayo Places: Their Names and Origins* le Nollaig Ó Muraíle (1985, 5).[2]

Is iomaí sin ainm i Maigh Eo atá níos sine ná ainm an chontae féin. Tá breis agus 40 aonad oifigiúil sa chontae a bhfuil deilbhíocht Réamh-Chríostaíoch an dlúth-chomhfhocail le sonrú ar a n-ainm.[3] Is féidir aois thús Ré na Críostaíochta, ar a laghad, a mhaíomh ar thimpeall 50 áit eile atá taobh istigh de limistéar an chontae agus a luaitear i luathbheathaisnéis ar Naomh Pádraig a scríobh an tEaspag *Tírechán* i dtreo dheireadh an 7ú haois.[4] Agus is féidir aois mhór a mhaíomh chomh maith ar na hainmneacha is aduaine agus is doiléire sa chontae atá idir chamáin ag scoláirí Dinnseanchais ó na Meánaoiseanna anall: *Partraí, Calraí, Gaileanga, Toladh, Acaill, Nairne, Aighle, Umhall, *Stringeall, Ceara, Óbha, Néifinn, Cliara*.[5]

---

[1] Féach go bhfuil leacht teangeolaíoch do naomh Sasanach eile darbh ainm dó *Hadwine* nó *Aedwine* san ainm paróiste *Oileán Éadaí* < *Oileán Éadain*, atá rannta idir barúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Cheara.

[2] Féach tuilleadh ar chruthú an chontae ag H. Knox ina leabhar *The History of the County of Mayo to the Close of the Sixteenth Century* (Dublin 1908), a dtagraítear dó mar *Knox Hist*. sa tsraith seo as seo amach, sa chaibidil ar a dtugtar "From the Formation of the County of Mayo to the Death of Sir N. Malbie" (175-98). Luaitear príomhfhoinsí tábhachtacha ón tréimshe ábhartha faoi *Foinsí*, thíos.

[3] Féach tuilleadh ar an ábhar seo thíos, faoi *Deilbhíocht agus Srathú Aoise*.

[4] Féach go háirithe an tAguisín *The Mayo Place-Names of Early Patrician Literature* ag deireadh Imleabhair 1.

[5] I dtaca le *Ceara*, *Partraí* agus *Óbha*, féach barúntacht Cheara agus paróiste Bhaile Óbha sa bharúntacht sin, agus féach **Stringeall* faoin ainm paróiste *Baile an Tobair* sa bharúntacht chéanna. Maidir le *Toladh*, féach faoin ainm barúntachta *Cill Mheáin*. Déantar plé ar *Aighle* faoi *Cruach Phádraig* i mbarúntacht na Nuachabhála i mbarúntacht Mhuraisce. I dtaca le *Umhall* agus *Acaill*, féach barúntacht Bhuiríos Umhaill. Féach *Gaileanga* faoin bharúntacht den ainm céanna. Féach *Gleann*

Déantar na dúichí éagsúla as ar fáisceadh na barúntachtaí - agus dá réir sin an contae - a chaibidil sna hIntreoracha do gach barúntacht sa tsraith seo. Tá seacht mbarúntacht iomlána, bunús dhá bharúntacht eile, agus codanna beaga de dhá bharúntacht eile arís ann.[6] Tá achar bharúntacht Iorrais inchurtha le méid Chontae Lú: tá Maigh Eo ar an tríú contae is mó sa tír.

Tá 72 paróiste sibhialta i Maigh Eo, atá bunaithe ar pharóistí eaglasta a bunaíodh sa Mheánaois. Bhí a sliocht féin ag méid agus teorainneacha na dtuath dúchasach réamh-Angla-Normannach,[7] limistéar thailte na mainistreacha móra ar nós Chonga, Bhaile an Tobair agus Oirimh,[8] agus mainéir nó gráinsí Angla-Normannacha M(h)eánaoiseacha, ar chruthú agus ar mhéid na bparóistí sibhialta sa chontae.[9] Ní soiléir an scéal é, go minic, an coibhneas idir na toscaí sin. Tá an paróiste sibhialta is mó sa tír, agus 143 baile fearainn ann, sa chontae seo, mar atá, Cill Chomáin i mbarúntacht Iorrais: ní bheimis ag dréim le paróiste chomh mór leis i gceantar a raibh tionchar láidir Angla-Normannach ann.[10] Níl ach deich mbaile fearainn i bparóiste an

---

Chalraí Íochtarach i bparóiste Dhún Fhíne i mbarúntacht Thír Amhlaidh i dtaca le *Calraí*, agus faoi pharóiste Eadargúil sa bharúntacht sin i dtaobh an ainm *Néifinn*. Tá *Cliara* i mbarúntacht Mhuraisce. I ngach cás, tutgar achoimre ar sheantuairimíocht, mar aon le dearcadh shaineolaithe an lae inniu ar na hainmneacha seo. Ainm seanda go leor eile is ea ainm abhainn na Muaidhe: féach tuilleadh air sin faoin ainm paróiste *Cill Mhór Mhuaidhe* i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

[6] "Under the Local Government Act of 1898 part of Costello barony was transferred to Co. Roscommon [following on from the transfer of Inishbofin and Inishark in the barony of Murrisk to Co. Galway in 1868], while portions of two baronies, Ross in Galway and Tireragh in Co. Sligo, were transferred to Co. Mayo... Ross was [previously] considered part of Mayo in the uncertain early years, up to about 1585" (Ó Muraíle 1985, 8). I ndiaidh go bhfuil Bealach an Doirín suite taobh istigh de limistéar Ros Comáin ó shin, imríonn foirne peile Bhealach an Doirín i sraitheanna Mhaigh Eo, go fóill.

[7] Féach, mar shampla, paróiste Thuath Aitheachta i mbarúntacht Cheara.

[8] Féach liosta de mhainistreacha an chontae mar a bhí in aimsir an Díscaoilte sa 16ú haois ag *Knox Hist*. (96-8) agus tuilleadh i *Knox Hist. Tuam* (*passim*).

[9] Cf. Tiobraid Árann: "Is féidir an paróiste dlí a rianú siar go dtí na paróistí eaglasta a leagadh síos sa réigiúin i ndeireadh an 12ú haois agus i dtosach an 13ú haois... Is ar na mainéir Angla-Normannacha a bunaíodh gréasán na bparóistí úd... ar ranna talún na dtuath a bhí ann roimh theacht na Normannach a bunaíodh mainéir áirithe agus paróistí dá réir" (*L. Log*. xviii-xx).

[10] Ní féidir, dar liom, míniú a lorg ar dhroch-cháilíocht an talaimh. Tá sé spéisiúil go maireann trí cinn de shaincheantair atá seanbhunaithe taobh istigh den pharóiste: Dumha Chaocháin sa tuaisceart, Gleann na Muaidhe sa lár thuaidh agus Baile Chruaich sa deisceart. Luann Ó Donnabháin an ceathrú focheantar: *Baile Uí Mhaonaíle*, a chlúdaigh lár thoir an pharóiste (féach *LSO* i §166 agus baile fearainn Kilsallagh san imleabhar ar bharúntacht Iorrais). Féach tuilleadh ar na gnóthaí seo san Intreoir do

Mhúir Ghágaigh i mbarúntacht Chill Mheáin. Tugtar nóta ar lonnaíochtaí eaglasta sa phlé ar gach ainm paróiste agus sa phlé ar na hainmneacha bailte fearainn ina bhfuil siad, sa tsraith seo.

Den mhórchuid, áfach, baineann obair na sraithe seo le hanailís ar ainmneacha bailte fearainn. Tá saothair thábhachtacha curtha de ag Ó Muraíle (1985, 1994) ar ainmneacha móra Mhaigh Eo - ainmneacha barúntachtaí agus paróistí go príomha - agus ar chuid ainmneacha bailte fearainn in oirthear an chontae (1986), ach tríd agus tríd, is beag taighde nó anailís ar ainmneacha bailte fearainn an chontae i gcoitinne atá foilsithe go nuige seo.[11, 12] Liostaítear 3252 baile fearainn agus 194 oileán sa chontae seo san Innéacs Topagrafach (*Census 1851*).

Leagan Amach

Leantar sa staidéar seo de leagan amach atá in úsáid ag scoláirí logainmneacha in Éirinn le blianta beaga anuas agus a úsáideadh go háirithe sa tsraith *Place-Names of Northern Ireland* (*PNI*; 1992-). Déantar ainm na barúntachta a chaibidil ar dtús; ansin, tugtar faoi ainmneacha bailte fearainn de réir paróiste agus in ord aibítreach. Corruair, déantar paróiste a roinnt ina gcomhchodanna so-aitheanta, ar nós *Oileán Acla* agus *An Corrán*, rud a rinneadh i litríocht na Suirbhéireachta Ordanáis in 1838. Faoi gach ainm baile fearainn tugtar fianaise ó fhoinsí éagsúla agus cuirtear in ord cróineolaíoch an fhianaise sin. Tugtar foirmeacha foghraíochta agus eolas ábhartha topagrafach, seandálaíochta agus eile. Déantar plé ar ainm an bhaile fhearainn ansin. Cuirtear tagairtí d'fhoinsí idir lúibíní, sa tráchtaireacht, de ghnáth, ach baintear úsáid as fonótaí chomh maith, le heolas tánaisteach a thabhairt, nuair nach n-oirfeadh sé an t-eolas seo a thabhairt sa phríomhtéacs.

---

bharúntacht Iorrais. Tá an baile fearainn is mó sa chontae - An Seisceann / Sheskin, a bhfuil breis agus 7,000 acra ann - i bparóiste Chill Chomáin.

[11] I saothar máistreachta le Ó Donnchadha darb ainm *Ainmneacha Áiteann i gCondae Mhuigheo* (1948), is ar éigean a théann an t-údar mórán thar fhianaise Ainmleabhair na Suibhéireachta Ordanáis (*ALSO*).

[12] Thosaigh an obair don tsraith seo amach i bhFómhar na bliana 2001 mar thaighde páirtaimseartha do dhochtúireacht ar ainmneacha bailte fearainn i gceantar Umhaill - barúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Mhuraisce in iarthar an chontae - faoi stiúr Uí Mhuraíle (féach Mac Gabhann 2005). Chuaigh an obair chun sínithe ansin le bronnadh Chomhaltacht Rialtas na hÉireann, a mhair trí bliana (2006-9), agus a cheadaigh dom luí isteach ar thaighde ar ainmneacha bailte fearainn sa chontae uile.

Cuirtear líne faoi ainmneacha bailte fearainn i mBéarla, bíodh siad taobh istigh den cheantar staidéir nó ná bíodh, le héiginnteacht a sheachaint: Glendavock, Claddy.

Liostaítear foirmeacha stairiúla agus déantar tráchtaireacht ar chuid bheag mionainmneacha ar síleadh iad a bheith tábhachtach i dtaca le haois, eilimintí nó struchtúr, nó más ainm baile poist atá i gceist, ag deireadh gach paróiste. I gcás bharúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Mhuraisce, ar thaifead an tSuirbhéireacht Ordanáis fliúirse mionainmneacha iontu, tugtar fianaise ina dtaobh de réir baile fearainn.[13]

Leaganacha Fuaimnithe

Cuireadh beagnach 300 duine faoi agallamh d'fhonn leaganacha fuaimnithe de na logainmneacha a ríomhtar sa tsraith seo a bhailiú. Ar ndóiche, díríodh ar chainteoirí dúchais Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta. Chuir an Brainse Logainmneacha obair pháirce a rinne oifigigh logainmneacha ag deireadh na 1960í ar fáil om go fial: Art Ó Maolfabhail i gceantar pharóiste na Cille Móire i mbarúntacht Iorrais,[14] agus Ken Bale ar an Chorrán i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill agus i gceantair bhreac-Ghaeltachta i mbarúntacht Mhuraisce. Rinne oifigigh eile de chuid an Bhrainse tuilleadh oibre páirce i nGaeltachtaí Mhaigh Eo sna tréimhsí 1973-5 agus 1988-9 agus tá leaganacha fogharscríofa ón tréimhse sin ar fáil ar an suíomh idirlín www.logainm.ie. Tá teacht ar chuid leaganacha fogharscríofa de logainmneacha sna cuntais éagsúla chanúna agus bhéaloidis a cuireadh i gcló ó na 1950í amach: an léarscáil chanúna *LASID*;[15] Hamilton 1967-70, Mac an Fhailigh 1968 agus Ó Catháin & Flanagan 1975 i dtaobh thuaisceart agus iarthuaisceart Iorrais; de Búrca 1970 i dtaobh cheantar Thuar Mhic Éadaigh; agus

[13] Féach fosta plé ar ainmneacha Inse Mó, agus ar mhionainmneacha Inis Toirc agus Inis Airc, san imleabhar ar bharúntacht Mhuraisce.

[14] I measc go leor eile, labhair Art le daoine a bhog amach ó Inis Gé go tír mór, agus leis an duine deireanach a chónaigh in Inis Glóire. Féach tuilleadh ar an ábhar seo san Aguisín ar mhionainmneacha an pharóiste seo ag deireadh an imleabhair ar bharúntacht Iorrais.

[15] *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* le Heinrich Wagner & Colm Ó Baoill (1958-69). Féach, mar shampla, go bhfuil cuid bheag logainmneacha fogharscríofa ar fáil ann a tháinig ó bhéal na nGaeilgeoirí deireanacha dúchais i gceantar pharóiste Chill Mobhí i mbarúntacht Choistealach, in oirthear an chontae, agus ceantar Dhumhach Mhic Eoghain i bparóiste Chill Ghaobhair i mbarúntacht Mhuraisce in iardheisceart an chontae.

Stockman 1974 i dtaobh Acla.[16] Taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta, ba Bhéarlóirí a piocadh chuige, den chuid is mó; ní hé gur seachnaíodh Gaeilgeoirí sa Ghalltacht ach, ar bhonn taithí, bhí an eagla ann i gcónaí go gcuirfeadh a dtuairimíocht isteach ar fhuaimniú a bheadh ag teacht leis an ghnás áitiúil - go ndéanfaidís cineál d'fhéinchinsireacht nó féincheartú san fhuaimniú mar mhaithe liomsa. Leaganacha fuaimnithe ar eala na huaire ó dhaoine áitiúla a lorgadh. Rinneadh cuid mhaith den obair seo in oifigeacha poist tuaithe agus gan eisceacht ar bith, féadaim a rá, níor cuireadh romham agus roimh an obair ach fearadh fáilte, dúspéis agus dícheall freagartha. Ba mhinic a spreag ceisteanna cuid díospóireachta i measc custaiméirí - seanóirí de ghnáth - rud a d'oir don obair ar an ábhar go spreagfadh sé tuilleadh cainte agus go bhfuaimneodh na faisnéiseoirí na logainmneacha ansin ar bhealach nádúrtha ó bhéal, seachas le leidiú ón agallóir.

Úsáidtear an aibítir idirnáisiúnta fhoghraíochta sna leaganacha fuaimnithe, agus úsáidtear comharthaí idirdhealaitheacha le príomhbhéim an ghutha, béim thánaisteach agus consain charballaithe i bhfuaimnithe Gaeilge a léiriú. Léirítear thíos na gutaí coitianta agus a gcoibhnis suímh. Ní féidir tabhairt faoi mhionscagadh ar fhuaimeanna éagsúla na gcanúintí Gaeilge agus Béarla anseo áfach; níor mhiste a chur in iúl gur úsáid Stockman 11 cinéal eile guta ina chur síos ar chanúint Acla.

	Tosach	**Lár**	**Cúl**
Ard	i		u
	ɨ	ʉ	
Leathard	e		o
		ə ɵ	
Leathíseal	ɛ		ɔ
Íseal	a		ɑ

[16] Féach fosta an tráchtas máistreachta tíreolaíochta a scríobh An tAthair Pádraig Ó Niadh (OÉG, 1966) ina bhfuil leaganacha fogharscríofa d'ainmneacha bailte fearainn agus mionlogainmneacha atá i bparóiste Achadh Ghobhair, cuid acu ó bhéal na gcainteoirí deireanacha dúchais sa pharóiste sin.

Foinsí

Tugann Ó Muraíle liosta d'fhoinsí tábhachtacha do logainmníocht Chontae Mhaigh Eo ag tús a leabhair *Mayo Places: Their Names agus Origins* (1985).[17] Féach fosta go ndéantar cur síos ar shainfhoinsí ábhartha sna hIntreoracha ar bharúntachtaí éagsúla sa tsraith seo. Tugtar anseo thíos cuid eolais ar chuid foinsí rí-thábhachtacha, áfach.

Luaitear breis agus 50 áit sa chontae seo i luathbheathaisnéisí ar Naomh Pádraig le Tírechán (700c) agus i m*Bethu Phátraic* (900c):[18] féach plé ar na tagairtí seo san Aguisín ag deireadh Imleabhair 1. Ní ach go hannamh agus go heatramhach a luaitear áiteanna i Maigh Eo sna hannála agus féilirí éagsúla na naomh. Tá Leabhar Leacáin (*L. Lec.*; 1410c) agus an fhoinse ghaolta Leabhar Mór na nGenealach (*LMG*; 1650c)[19] ar bheirt de na foinsí is tabhachtaí don saothar seo: luaitear breis agus 150 áit sa chontae seo iontu[20] - agus soláthraíonn, dá bhrí sin, ceartfhoirmeacha Gaeilge de na logainmneacha sin - gan trácht ar an dúrud eolais eile a thiomsú ar shloinnte, ainmneacha pearsanta agus ginealaigh Mhaigh Eo. Foinse thábhachtach eile is ea *Seanchas Búrcach* (1578c): luaitear timpeall 130 áit sa chontae seo ann - a mbúnús mór i mbarúntachtaí Thír Amhlaidh agus Chill Mheáin. Féach tuilleadh ar an fhoinse seo, agus plé ar dhíochlaonadh logainmneacha inti, ach go háirithe, faoi *Foinsí* san Intreoir do bharúntacht Chill Mheáin. Luaitear cuid áiteanna i dtuaisceart agus in iarthuaisceart an chontae i leaganacha déanacha de *Táin Bó Fhliodhaise*, go háirithe sa leagan *TBF² (Glenmasan)*, c. 1510. Is beag díobh atá incheangailte go dearfa le logainmneacha an lae inniu, áfach; féach tuilleadh air seo san Intreoir do bharúntacht Iorrais agus san Intreoir do bharúntacht Thír Amhlaidh (*et passim* sa dá imleabhar sin).

Tá tagairtí fánacha Meánaoiseacha do thailte éagsúla sa chontae a bhí i seilbh na nAngla-Normannach le fáil thall agus abhus. Luaitear, mar shampla, cuid ainmneacha dúichí móra sa chontae i bhfoinsí ar nós *Calendar of Documents relating to Ireland 1171-1307* (*CDI*) agus *Calendar of Ormonde Deeds* (*COD*), agus cuid bheag rannta

[17] Féach fosta "Sources for the study of Mayo History" leis an údar céanna: alt neamhfhoilsithe i Leabharlann Contae Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh.

[18] Féach *Tírechán (Bieler)* agus *Bethu Phátraic (Mulchrone)*, faoi seach, ach go háirithe.

[19] Féach plé ar an dá lámhscríbhinn seo, agus ar bhaill de chlann scolártha Mhic Fhirbhisigh a scríobh iad, ag Ó Muraíle 1996.

[20] I mbarúntachtaí Thír Amhlaidh, Cheara, Ghaileang, iarthuaisceart bharúntacht Chlann Mhuiris agus tuaisceart bharúntacht Chill Mheáin, go háirithe.

talaimh a mhaireann mar bhailte fearainn i mbarúntacht Chill Mheáin sa *Red Book of the Earls of Kildare* (*RBEK*).[21] Luaitear cuid áiteanna ar chósta thiar an chontae ar léarscáileanna farraige Iodálacha ón tréimhse chéanna (féach *Italian Maps*); gné sheasta de na léarscáileanna sin is ea Cuan Mó a bheith léirithe go suntasach agus líonta le cuid mhór spotaí beaga: Inse Mó. Foinse thábhachtach eaglaise, agus dá réir sin, foinse thábhachtach d'ainmneacha paróistí sa chontae, is ea comhfhreagras Pápach de chineálacha éagsúla ón tréimhse chéanna.[22]

Luaitear cuid áiteanna sa chontae ar léarscáileanna éagsúla Béarla ó dheireadh an 16ú haois ar nós, *Browne's Map* (1584), *Sligo/Mayo Map* (1586c), *Griffin's Map* (1590c), *Hondius* (1591): dúichí móra, caisleáin, láithreacha tábhachtacha eaglasta, pointí suntasacha cósta, tailte teorann. Foinsí tábhachtacha ón tréimhse seo is ea *Division of Connaught* (1570 agus 1574) a liostaíonn comhchodanna agus lonnaíochtaí tábhachtacha an chontae úir, mar a chonacthas do na Sasanaigh iad, agus *The Compossicion Booke of Conought* (1585) ar a dtugtar *CBC* amach anseo. I *CBC,* tugtar briseadh síos ar thailte na mbarúntachtaí: tugtar ainmneacha cuid bailte agus ceathrúna agus luaitear tailte na mainistreacha i gcuid cásanna.[23] Tá foirmeacha tábhachtacha stairiúla de chuid logainmneacha ó thréimhse dheireadh an 16ú haois agus thús an 17ú haois le fáil thall agus abhus i ndoiciméid eile ar nós na bhfiantaí (*Fiants Eliz.*) agus na bpáipéar stáit (*CSP Ire*. agus *Cal. Carew MSS* ina measc).

Tagann bunús na mbailte fearainn chun solais den chéad uair i mórfhoinse thús an 17ú haois, mar atá, cúistiúnachtaí Mhaigh Eo (*Inq. ME I-III*). Scríobhadh go heatramhach iad idir 1587 agus 1698, ach baineann bunús mór na ndintiúr leis an tréimhse 1606-1633. Tugtar iontu liodáin fhada d'ainmneacha tailte, de réir barúntachta, atá i seilbh an duine atá ainmnithe leis an chúistiúnacht. Tá cóip de na

[21] Féach, go háirithe, MacCotter (2008, 131-9 *et passim*). Tugtar faoi deara go dtugann MacCotter cur síos úsaideach ar thailte treabhchais an chontae as ar fáisceadh na barúntachtaí ar ball. Féach tuilleadh air seo sna hIntreoracha do na barúntachtaí éagsúla. Don té ar spéis leis / léi tuilleadh a léamh ar chóilíniú na nAngla-Normannach sa chontae seo, is doiligh obair Knox (1902-3 agus *Knox Hist*. 101-12, *passim*) a bhualadh go fóill.

[22] Féach *CEPR*, agus *Eipistil Phápach Chill Ala* (1198). Foinsí tábhachtacha eile, i measc go leor eile, do stair na heaglaise i dtréimhse an 15-18ú haois, is ea *Oblig. Tuam*., *First Fruits*, *Bodkin's Visit*. agus *Burke's Priests*.

[23] Tá an briseadh síos seo bunaithe i bpáirt ar an chóras dúchasach, nó iar-Angla-Normannach (féach tuilleadh thíos); tugtar faoi deara, áfach, nach taifead cuimsitheach é. Tugtar an cur síos ábhartha san Intreoir do gach barúntacht sa tsraith seo.

cúistiúneachtaí seo a rinneadh sa 19ú haois i seilbh Acadamh Ríoga na hÉireann, ach tá mé thar a bheith buíoch de Dhónall Mac Giolla Easpaig a cheadaigh dom cóip di sin, a scríobh Nollaig Ó Muraíle sna 1980í agus atá ag an Bhrainse Logainmneacha, a scrúdú. Tugtar faoi deara sa tábla thíos a ghiorra agus atá foirmeacha na gcúistiúnachtaí seo don Ghaeilge. Tugtar tosaíocht d'fhoirmeacha na foinse seo, os cionn foirmeacha eile ón 17ú haois, i sanasaíocht na n-ainmneacha. Bíonn tábhacht faoi leith leo agus foirmeacha eile ag teacht salach ar a chéile. Is cosúil go raibh dlúthbhaint ag Éireannach nó Éireannaigh liteartha leis na foirmeacha scríofa, a léiríonn rianta de thraidisiún scríofa na Gaeilge:

Foirm Bhéarla	**Bunfhoirm Ghaeilge**	**Foirm *Inq. ME*** [1617]
Sraheen	An tSraith Chaoin	Sraithkin
Knockeeragh	An Cnoc Iarthach	Knock Ihiragh
Buckfield	Cill Dabheoige	Kildavoigie
Inishlyre	Inis (?)Laidhre	Inishleerie
Derryherbert	Doire (Uí) Thiobraide	Der Ihabroide
Carrowclaggin	Ceathrú an Chloiginn	Carowan claigan
Kinknock	Cionn an Chnoic	Kinanknoicke
Inislongfield	Inis Leamhchoille	Inish leamchoile

Is foinsí tábhachtacha eile ón chéad leath den 17ú haois iad féilire rollaí paiteanta an chéad Rí Séamas (*CPR Jas I*) agus cúistiúnacht Strafford ó 1635 (*Strafford Inq.*). Tá coibhneas cóipeála casta go leor idir na foinsí seo uilig. Is minic dhá litriú éagsúla, ar a laghad, d'aon ainm amháin in aon abairt sa *Strafford Inq.*, mar shampla. I ndiaidh gur bunaíodh cuid litrithe ar dhoiciméid a tiomsaíodh roimhe, déantar athrú beag bídeach ar chuid litrithe, go háirithe i gcás ath-thagairtí, ar bhealach fánach, san fhoinse seo. Is geall le cóip dhíreach ó chúistiúnacht go rolla paiteanta iad cuid foirmeacha sa *CPR Jas I* - féach foirmeacha an *Inq. ME* agus *CPR Jas I* sa tábla thíos - ach ní hionann ord liostála agus líon na n-ainmneacha sna foinsí seo go minic. Is sa *Strafford Inq.* a fhaightear den chéad uair, go minic, cur síos ar chomhchodanna na mbailte fearainn, ainmneacha príomhthionóntaí agus achar tailte, de réir paróiste.

Foirm Inq. ME	**Foirm CPR Jas I**	**Foirm Strafford Inq.**
Knockyragh I.67, 1611	Knockyragh 218a, 1612	Knockyrath §29V
Kildavoigie II.251, 1617	____	Killavogie §21V
Inishleerie II.179, 1617	Inishleery 318a, 1617	____
Der Ihabroide II.191, 1617	Doirihiobrid 318b, 1617	Derryherbert §36V
Carowan claigan II.257, 1617	Carrowenclaiggin 334a, 1617	Carrocklagen §39
Kinanknoicke II.209, 1617	Kinancnoick 319a, 1617	____
Inish leamchoile II.255, 1617	Inishleamhchoill 334a, 1617	____

Baineann na foinsí *Book of survey & distribution* (*BSD*), léarscáil *Hiberniae Delineatio* (*Hib. Del. Mayo*), *Acts of settlement and explanation* (*ASE*), agus, i gcás bharúntacht Thír Amhlaidh, an *Down Survey* (*DS*), leis an dara leath den 17ú haois. Tá siad thar a bheith lochtach i dtaca le litriú. Mar a léiríonn an tábla thíos go hachomair i dtaca leis an chéad dá fhoinse sin, tá siad breac ballach le meancóga coitianta leanúnacha cóipeála. Mar sin féin, faightear spléachadh eile amanna ar bhriseadh síos na mbailte fearainn ina gcomhchodanna sa *BSD* den chéad uair ón *Strafford Inq.*, agus feictear suíomh na n-aonad seo, nó cuid mhaith acu, ar léarscáil den chéad uair i *Hib. Del. Mayo* ó 1672c.

Baile Fearainn	**Foirm *BSD***	**Foirm *Hib. Del. Mayo***
Slaugar	Flagar als Slagar	Slegan
Carrownaclea	Carrowcloagh	Carrowleagh
Cashel	Cashill	Cashir
Derrycooraun	________	Derrycurra
Dooleague	Donleage	Doleagh
Buckwaria	Brockbarry	Buckbane
Derrycraff	Derryrat	Derribratt

Foinsí tábhachtacha ón 18ú haois is ea na Mórleabhair Chíosa Chúitigh (*Crown Rental Ledgers* nó *CRL*) ó 1706-, agus na Mórleabhair Chíosa Scoir (*Quit Rent Ledgers* nó *QRL*) ó 1784-, a choinnítear sa Chartlann Náisiúnta; tá an dara foinse díobh seo bunaithe ar an chéad cheann, i dtaca le hord agus litriú ainmneacha. Léiríonn *CRL* gaol láidir litrithe le foinsí ón dara leath den 17ú haois, *BSD* agus *ASE* ach go háirithe. Foinse thar a bheith tábhachtach ón 18ú haois is ea Clárlann na nGníomhas (*Reg.*

Deeds) mar a bhfuil cóipeanna de dhintiúir aistrithe talaimh ó 1708 ar aghaidh. Corruair, feictear ainm baile fearainn ar léarscáileanna ar nós *Mackenzie* (1776), *Taylor & Skinn*er (1778), *Beaufort* (1792) agus *Vallancey* (1795c) go deireanach san 18ú haois. Foinsí tábhachtacha eile ón aois seo is ea dintiúir éagsúla de chuid na dtiarnaí talún ar nós rollaí cíosa agus litreacha. Bailiúcháin thar a bheith suntasach is ea Páipéir Eastáit Shligigh (féach go háirithe Clesham & Geddis 2005) a bhaineann le hiarthar an chontae den chuid is mó, ach ní go heisiach, agus doiciméid Blosse Lynch a bhaineann go háirithe le lár, deisceart agus oirdheisceart an chontae.[24]

Rinne an t-innealtóir William Bald suirbhéireacht thriantánachta ar an chontae idir 1809 agus 1817. D'fhoilsigh sé cuid den obair seo in 1814 (*Bald's Bogs of Mayo*), ach níor fhoilsigh sé a léarscáil *A Map of the Maritime County of Mayo* go dtí 1830. D'úsáid an tSuirbhéireacht Ordanáis léarscáileanna Bald agus leaganacha litrithe na logainmneacha a bhí orthu mar threoir dá gcuid oibre féin dornán blianta ina dhiaidh sin, is léir, agus feicfear an coibhneas litrithe seo ach spléachadh a thabhairt ar fhoirm Bald d'ainm agus foirmeacha na Suirbhéireachta thíos fúithi.[25]

Bunfhoinse don tsraith seo ab ea litríocht na Suirbhéireachta Ordanáis: Ainmleabhair na bparóistí (*ALSO*), agus litreacha (*LSO*) na scoláirí John O'Donovan agus Thomas O'Conor, a scríobhadh le linn a gcamchuairte tríd an chontae leis an tSuirbhéireacht i samhradh na bliana 1838. Féach cuid d'achoimre Herity (2009, clúdach an leabhair) ar a gcuid oibre:

> "O'Donovan began work at Ballina in Mayo with his colleague, Thomas O'Conor, in the week beginning May 6th, 1838. On the Saturday of that week, May 12th, he wrote the first of 70 letters to Thomas Larcom, Superintendent at the headquarters of the Survey in Dublin... O'Donovan continued in Killala and Rathfran, while O'Conor went first east to the O'Dowda country of Kilgarvan and Attymas[s]... On

[24] Féach tuilleadh ar an fhoinse seo, agus ar chuid léarscáileanna gaolta, a bhfuil cuid díobh ar fáil ar líne, san Intreoir do bharúntacht Cheara. Féach cur síos ar thiarnaí éagsúla talún an chontae, agus na tailte a bhí ina seilbh, ag www.landedestates.ie (a reáchtálann Tionscamh na nEastát Talún 1700c-1920c i Leabharlann Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh).

[25] Tharraing *Bald* ar litrithe Leabhair Shocraithe Deachún (*Tithe Applotment Books*) na linne, is léir. Bhí na litrithe sna leabhair dheachún seo iad féin bunaithe ar thraidisiún litrithe na Mórleabhar Cíosa Chúitigh (*Quit Rent Ledgers*) a bhí ar bun le 100 bliain faoin am seo. Feictear síniú Bald ag deireadh leabhar deachún pharóiste Ardach, i mbarúntacht Thír Amhlaidh, dátaithe Mí Iúil, 1826: is féidir gur ag déanamh suirbhéireachta don Eaglais Bhunaithe a bhí sé ag an am.

> May 25th, O'Donovan parted company with O'Conor to visit on the Mullet peninsula 'the celebrated father Lyons'... O'Conor moved south from Ballycastle past Nephin via Foxford, Swinford, Ballaghaderreen, Claremorris, Ballyhaunis and Castlebar, while O'Donovan took the western route south to Westport and Ballinrobe. They met at last in Ballinrobe on August 10th, where, having compared notes with O'Conor, O'Donovan wrote an essay of over 100 pages on the ancient territories of the county. They wrote up their other reports on Mayo at Tuam in late August before moving on to begin work in Galway."

Go minic sna hAinmleabhair, feictear foirm Ghaeilge scríofa le peann luaidhe agus foirm dheismir Ghaeilge áit éigin eile sa leathanach, scríofa le dúch. Is den lámh chéanna iad na foirmeacha seo: lámh Uí Dhonnabháin. Tá an feiniméan céanna tugtha faoi deara i gcás Ainmleabhar a bhaineann le Tiobraid Árann (Ó Cearbhúill i *L. Log*. xxx) agus le ceantar chathair Ard Mhacha (Ó Mainnín 2002, 12). Ní léir i gcónaí cé acu an ea gur scríobh Ó Donnabháin leagan amháin le peann luaidhe ó bhéal faisnéiseora ag obair sa pháirc dó agus ceann eile ar a chaoithiúlacht féin ar ball, nó an réamhleagan atá sa leagan pinn luaidhe a scríobh sé agus é ag cur fhianaise bhailithe an logainm ábhartha i dtoll a chéile.[26] Leaganacha Gaeilge leis an Donnabhánach a fheictear, amháin, sna hAinmleabhair a bhaineann le lár agus oirthear an chontae, fiú amháin. Tagraíonn sé thall agus abhus do chuid cainteoirí dúchais Ghaeilge a chuaigh a chaint agus a choisíocht leis, go háirithe i gceantar Umhaill: féach tuilleadh sna hIntreoracha do bharúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Mhuraisce. Ar ndóiche, ní raibh aon stró ar na suirbhéirí teacht ar fhaisnéiseoirí le Gaeilge. Féach nótaí ar shíothlú na Gaeilge le céad bliain anuas sa chontae sna hIntreoracha do na barúntachtaí éagsúla a thugtar i ngach imleabhar.

[26] Bailíodh foirmeacha stairiúla logainmneacha ó chúistiúnachtaí an 17ú haois, ón *Strafford Inq*., agus ó chuid foinsí eile an 17ú haois, agus ó rollaí cíosa agus ó chuid foinsí eile ó thús an 19ú haois ach go háirithe, ar nós léarscáileanna Bald thuasluaite, agus breacadh sna hAinmleabhair iad. Níor bailíodh foirmeacha an 17ú haois ach go heatramhach, agus tugtar iad go míchruinn, nó go contráilte ar fad, go minic.

Deilbhíocht agus Srathú Aoise

Is féidir cróineolaíocht gharbh a leagan síos do struchtúir dheilbhíochta i logainmneacha bunaithe ar thaighde scoláirí logainmneacha le 30 bliain anuas (agus léirithe, mar shampla, ag Toner 1999, 5; Ó Mainnín 2002, 365); tugann an chróineolaíocht seo slat tomhais dúinn ar shrathú aoise logainmneacha.

Chuaigh úsáid struchtúr an dlúth-chomhfhocail i gcumadh logainmneacha i léig sa tréimhse Réamh-Chríostaíoch (Mac Giolla Easpaig 1981, 151-2). Níl ach corradh agus 650 sampla de dhlúth-chomhfhocail tugtha faoi deara ag scoláirí i logainmneacha (*ibid*.), ach mar atá luaite thuas, tá sciar maith díobh sa chontae seo. Tugtar faoi deara go dtagraíonn cuid mhaith de na samplaí a thugtar de réir barúntachta sa liosta thíos d'oileáin i gCuan Mó, agus gur aistríodh *inis* go *oileán* i gcuid cásanna: "*Oileán* is found in comparatively few compound names. All of these occur in the same geographical area, namely West Connacht, and it is most likely that *oileán* was not original in these names, but that it has replaced *inis* as the second element" (*ibid*. 154). Is mar bhuneilimint nó eilimint cháilithe a mhaireann an dlúth-chomhfhocal i gcuid de na samplaí seo; tugtar ainmneacha nach dtagraíonn do bhailte fearainn ná d'oileáin mar atá liostaithe san Innéacs Topagrafach i gcló iodálach:

Buiríos Umhaill: Claínis, Coinré, Croibhinis, Dairinis, Deoirinis Mór, Doire Chúldroma, An Eochaillidh, Fraochoileán, Fraochoileán Logach, Fraochoileán Thiar, Inis Leamhchoille, Maínis Mór, Má-oileán, Muicinis; *Deoirinis Beag*, *Eachinis*, *Fraochoileán Thoir*, *Maínis*, *Maínis Beag*, *Toircshliabh*

Ceara: Bréachmhaigh, An Chlochbhuaile, Cruachroim Beag, Cruachroim Ceara, Eachinis, ?Gallghort, Lúfortán, Muc-chluain; *Daimhinis*

Cill Mheáin: Daimhinis, Damhros, Mucrosán

Clann Mhuiris: –

Coistealaigh: An Chlochbhuaile

Gaileanga: Leamhchoill

Iorras: Eachinis, Eachléim, Greamhchoill

Muraisc: Claiscéim, Durlas, Fraochaill, Muraisc; *Bóros*

Tír Amhlaidh: Bréachmhaigh an tSiáin, Bréachmhaigh an Urláir, Caiseal bhFeochaille, Ceafuaile, Creachoileán, Feochaill, Fraochoileán, Leamhchoill, An Longfort; *Fraochoileán*

Tír Fhiachrach: Bréachmhaigh.

I ndiaidh gur den tréimhse Réamh-Chríostaíoch na hainmneacha seo, go teoiriciúil, is léir gur mhair cuid dlúth-chomhfhocal mar théarmaí aitheanta sa ghnáthchaint ar feadh i bhfad agus nach gá, mar sin, go bhfuil aois chomh mór céanna le leithéidí *Durlas*, *An Longfort*, *Leamhchoill*, *Lúfortán* (< *Lubhghortán*), *An Chlochbhuaile*. Féach, mar shampla, go mbaintear úsáid as *cúl* go haidiachtúil mar réamhcháilitheoir sa chaint go fóill,[27] agus nach gá, mar sin, dlúth-chomhfhocal a léamh ar an eilimint cháilithe san ainm *Doire Chúldroma*. I gcás an ainm *Claiscéim*, a thagraíonn d'éadan sléibhe a bhfuil cuid mhór sruthán ag titim le fána ann, tá an chosúlacht ann gur ainm samhlaíoch déanach atá i gceist bunaithe ar an fhocal *coiscéim*.

Thart ar 400c, tosaíodh ar úsáid an struchtúir *Ainmfhocal + Ainmfhocal Cáilithe* (Mac Giolla Easpaig 1981, 152). Tá breis agus 16% d'ainmneacha bhailte fearainn an chontae den struchtúr seo (féach minicíochtaí na struchtúr sa tábla thíos). Is cosúil gur laghdaíodh ar úsáid an struchtúir seo i gcumadh logainmneacha de réir mar a tháinig struchtúir eile i bhfeidhm, go háirithe ón 11ú haois ar aghaidh (Flanagan 1980, 43-44l). Tá fianaise imthoisceach le sonrú de seo i measc mionlogainmneacha, atá thar a bheith óg taobh le hainmneacha bailte fearainn. Amach as 1800 mionainm a bailíodh in Acaill le linn oibre don tsraith seo, ní raibh ach 2.5% acu den struchtúr *Ainmfhocal + Ainmfhocal Cáilithe*.

Is iad na struchtúir úra a d'éirigh coitianta ón 11ú haois ar aghaidh, nó mar sin, ná *Ainmfhocal + Aidiacht Cháilithe* agus *Ainmfhocal + alt + Ainmfhocal Cáilithe* (Flanagan *loc. cit.*).[28] Is de cheann amháin nó de cheann eile den dá struchtúr seo corradh agus 40% d'ainmneacha bhailte fearainn an chontae.

Is deacra teoiric aoise a mhaíomh ar an struchtúr *(Alt +) Ainmfhocal* a fhreagraíonn do 16.9% d'ainmneacha bhailte fearainn an cheantair staidéir. Tá cuid ainmneacha den struchtúr seo thar a bheith sean, agus doiléir (Ó Mainnín 2002, 365), ach tá fianaise de chumadh sa struchtúr seo i mionainmneacha fosta, nó de réir na hoibre páirce thuasluaite, tá an deilbhíocht seo le sonrú ar 18% de mhionainmneacha. "It is in the category 'Noun without article' that we get our oldest stratum, or strata, of names. While an occasional name is immediately intelligible... the majority of the

[27] Cf. mionainmneacha ar nós *Cúlphort* i Garranty, Inis Toirc agus *Cúltráigh* [ˈkuːltrɑi] i Pollranny (*Sweeny*) in Acaill: féach an chaibidil ar Inis Toirc san imleabhar ar bharúntacht Mhuraisce (Imleabhar 2), agus an t-imleabhar ar Acaill (Imleabhar 3), faoi seach.

[28] Tá fianaise ann den dá struchtúr seo roimh an 11ú haois (Flanagan 1980, 44; Toner 1999, 5) ach is tearc iad na samplaí.

names are not words which feature lexicgraphically in the composition of Old or Middle Irish texts" (Flanagan 1980, 44). Ní shamhlóimis ró-ársacht le hainmneacha ar nós *Craobhachán*, *An Chuileanntrach*, *Cluanach* ná *Cagála* áfach. Gach seans, mar sin féin - rud a léiríonn laigí i rangú deilbhíochta ar bith i logainmneacha - gur sine i bhfad an bhuneilimint san ainm oileáin *Collann Mhór*, atá den struchtúr "déanach" *Ainmfhocal + Aidiacht*: is forbairt dhéanach atá san aidiacht sa chás áirithe seo - ní fheictear í go dtí 1830 sna foirmeacha stairiúla. I gcuid cásanna, thiocfadh dó gur ceanglaíodh an t-alt leis an bhuneilimint i bhfad i ndiaidh a gcumtha (Toner 1999, 5-6), ar nós *An Oirimh*. Is gá, mar sin, dul i muinín na heiliminte féin le tomhas a dhéanamh ar aois an ainm sna cásanna seo: tá luí níos mó ag cuid eilimintí le tréimhsí áirithe de stair na teanga ná a chéile (féach tuilleadh thíos). I gcás an struchtúir *(Alt +) Aidiacht Réamhcháilithe + Ainmfhocal*, áfach, déantar amach gur thit an cumadh i ndísc roimh an 12ú haois (Mac Giolla Easpaig 1984, 49), taobh amuigh de chuid eisceachtaí (*PNI* 7, 259). Níor cumadh ach 4.4% d'ainmneacha bailte fearainn sa cheantar staidéir leis an deilbhíocht seo.

Struchtúr a samhlaítear aois mhaith leis, ach nach féidir a dhátú go cruinn, is ea *Ainmfhocal + Uimhir Dhé + Ainmfhocal*, i samplaí ar nós *Cluain Dá Chon*, *Gleann Dá Bhoc*, *Gleann Dá Mhullach*, *Gleann Dá Thorc*. Tá ceithre shampla den logainm *Tóin le Gao(i)th* sa chontae; de réir Uí Mhaolfabhail (1982, 374), níl na samplaí áirithe seo os cionn 1000 bliain d'aois.[29]

Is forbairt dhéanach é an t-ainm cumaisc. Sna samplaí seo a leanas, is cosúil gur ceanglaíodh dhá ainm, a thagair ar dtús do thailte atá na mílte ar shiúl óna chéile, ar an ábhar gur gearradh cíos orthu in éineacht. Amanna, ní léir ar úsáideadh na hainmneacha cumaisc seo sa Ghaeilge riamh. Is féidir gur bhain cuid acu le traidisiún an Bhéarla amháin, i scríbhinn ar rolla cíosa ar dtús, agus ó bhéal ar ball. I gcuid cásanna, áfach, is dóigh gur cheangal idir lonnaíocht míntíre agus talamh portaigh nó sléibhe píosa ar shiúl uaidh ba chúis leo. Níl ach dornán samplaí sa cheantar staidéir agus baineann siad le barúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Mhuraisce in iarthar an chontae, amháin: Bullaunmeneen atá bunaithe ar an ainm Meneen atá mílte ar shiúl uaidh, i bparóiste Achadh Ghobhair; Bal of Dookinelly (*Calvy*), atá cúpla míle ar shiúl ó Dookinelly (*Calvy*), i bparóiste Acla; Corryaghany bunaithe ar Aghany i bparóiste

[29] Sampla eile den struchtúr *Ainmfhocal + Réamhfhocal + Ainmfhocal (sa tuiseal tabharthach)* is ea an mionainm *Cúl le Gréin* faoi Aghadooey Glebe i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill.

Chill Ghaobhair; agus Tangincartoor bunaithe ar Cartoor i bparóiste na Nuachabhála. Sa sampla deireanach, tá fianaise ann gur tharla an cumasc sa Ghaeilge.

Tagraíonn na huimhreacha sa tábla seo a leanas do chéatadáin. Ní thugtar ach na struchtúir is coitianta. Tugtar faoi deara go bhfuil leaganacha Gaeilge na n-ainmneacha sa rannóg *Béarla le bunús Gaeilge* áirithe tríd na rannóga ábhartha eile.[30]

	Dlúth-chomh-fhocal	**AF + AF (+...)**	**Aid.R. +AF (+...)**	**(Alt+) AF (+dobh.)**	**AF+ Aid. (+...)**	**AF+ alt+AF (+...)**	**AF+ Ainm Pears.**	**AF+ sloinne**	**B., le bunús Gaeilge**	**B., gan bunús Gaeilge**
BU	1.5	20.1	3.3	15.3	19.2	20.4	11.4	4.5	3.3	0.9
Ceara	1.9	12.5	4.5	17.0	16.8	8.0	6.8	7.2	5.8	1.4
CM&R	0.7	13.3	4.5	13.8	18.3	9.3	12.6	9.3	5.3	1.0
Cl. M	0.0	11.7	4.0	14.1	23.5	22.5	8.0	10.4	5.0	2.3
Coist.	0.2	13.9	5.0	23.2	27.6	19.0	4.7	3.6	2.8	1.1
G&TF	0.6	19.3	4.2	14.8	22.6	21.1	11.2	6.0	3.0	0.3
Iorras	1.4	15.7	2.8	18.1	21.9	25.2	10.9	7.1	1.4	0.9
M	0.8	19.8	2.1	17.2	21.5	21.5	5.6	4.3	3.0	0.8
TA	0.6	14.6	3.9	12.9	19.4	23.4	8.9	7.0	2.7	2.2
Oileáin	6.9	28.7	7.4	4.0	12.1	16.1	12.0	1.7	0.6	10.3
Iomlán	**1.2**	**15.9**	**4.4**	**16.8**	**20.4**	**19.7**	**9.0**	**6.5**	**3.6**	**1.8**

Déantar comparáid anois le bailte fearainn i gcuid contaetha eile tríd an tír. Féach sa tábla seo a leanas comparáid idir na struchtúir dheilbhíochta in ainmneacha bailte fearainn i Maigh Eo, agus ainmneacha bailte fearainn i gContaetha Mhuineacháin, Uíbh Fhailí agus Phort Láirge (bunaithe ar *L. Log*.). Tagraíonn na huimhreacha do chéatadáin. Tugtar faoi deara nach ionann líon na mbailte fearainn i ngach ceantar; tugtar méid an tsampla faoi gach giorrúchán.

[30] Tugtar faoi deara fosta go bhfuil éagsúlachtaí deilbhíochta taobh istigh de chuid na rannógaí. Sa rannóg *Ainmfhocal + Ainmfhocal (+...)*, mar shampla, ní hionann *Cnoc Muine Aird* agus *Achadh Gabhla Beag* nó *Leitir Machaire Íochtarach*.

	ME 3446	**Mn 1855**	**UF 1165**	**PL 1620**
Dlúth-chomhfhocal	1.2	0.0	0.3	0.1
AF + AF (+…)	15.9	25.6	13.6	8.8
(Alt + Aid. Réamhcháil. +) AF	4.4	4.4	3.4	2.0
(Alt +) AF (+ dobhr.)	16.8	14.5	23.1	13.4
(Alt +) AF + Aid. (+…)	20.4	16.3	18.8	16.0
AF + alt + AF (+…)	19.7	21.5	21.1	33.2
AF + Ainm Pearsanta	9.0	10.8	10.7	11.4
AF + Sloinne	6.5	3.2	7.7	10.3
Béarla gan bunús Gaeilge	1.8	?0.6	?1.7	?2.6

Ar na difríochtaí is suntasaí sa tabla thuas tá céatadán ard na n-ainmneacha sin i Muineachán atá den seanstruchtúr *Ainmfhocal* + *Ainmfhocal (+…)*, agus céatadán ard d'ainmneacha den struchtúr déanach *Ainmfhocal* + *Alt* + *Ainmfhocal* i bPort Láirge. Tugtar faoi deara chomh maith difríocht shuntasach sa rannóg *Ainmfhocal* + *Sloinne* - rannóg iar-Angla-Normannach den chuid is mó - a bhfuil baint dhíreach aici le minicíocht na heiliminte *baile*. Caithfidh sé go bhfuil baint ag easpa thionchar na nAngla-Normannach i gcúrsaí seilbhe talaimh le céatadán íseal Mhuineacháin sa rannóg seo: gach seans go bhfuil baint aige seo ar inmharthanacht agus dá réir sin ar chéatadán ard ainmneacha den seanstruchtúr *Ainmfhocal* + *Ainmfhocal (+…)* sa chontae sin, chomh maith. Ní hionann réimse foclóra na n-ainmneacha sa cheithre cheantar; féach cuid fianaise chuige seo thíos.

Buneilimintí

Féach thíos minicíocht na mbuneilimintí is coitianta in ainmneacha bailte fearainn sa cheantar staidéir agus sna contaetha atá roghnaithe; tá leaganacha iolra, díspeagtha, áitreabhacha, cnuasaigh agus malartacha de na heilimintí agus leaganacha díobh le haidiacht réamhcháilithe curtha san áireamh.[31] Mar atá luaite, tá iomlán de 3275 baile

[31] Ar nós: *Doire*, *Doirín*, *Dúdhoire*; *Droim*, *Droimnín*, *Dromainn*, *Dromach*; *Tuar*, *Tuairín*. Gach seans go mbaineann cuid de na leaganacha éagsúla seo le sraitheanna éagsúla aoise: féach tuilleadh thíos. Ar ndóiche, tá réimse de bhríonna le cuid de na heilimintí seo fosta: measadh, mar shampla, gur ghá gan na ceithre shampla den bhuneilimint *cloch* "castle" atá sa chontae seo a áireamh le gnáthshamplaí de *cloch* (*clochar*, *clochán*, *cloichreán*), nó dhá shampla de *carraig* "castle" a chur san áireamh le *carraig*

fearainn sa chontae. Níor áiríodh 194 oileán atá luaite san Innéacs Topagrafach ach nach bailte fearainn oifigiúla iad, agus a bhfuil *inis* agus *oileán* mar bhuneilimintí ina mbunús,[32] i gcnuasach an liosta seo.

1	Baile 225	26	Béal 23	51	Leac 11	76	Beith 6
2	Ceathrú 207	27	Béal Átha 22	52	Oileán 11	77	Crann 6
3	Cluain 196	28	Barr 22	53	Páirc 11	78	Cúl 6
4	Doire 130	29	Both 22	54	Carraig 10	79	Grafa- 6
5	Cnoc 176	30	Log 20	55	Cloigeann 10	80	Rua- 6
6	Coill 92	31	Trian 20	56	Fál 10	81	Taobh 6
7	Droim 91	32	Tuar 19	57	Léana 10	82	Caladh 5
8	Gort 76	33	Caiseal 19	58	Maigh 10	83	Cárán 5
9	Cill 74	34	Ard 19	59	Muine 10	84	Corrán 5
10	Ráth 73	35	Dún 19	60	Áit Tí 9	85	Cúige 5
11	Tamhnach 55	36	Buaile 18	61	Eiscir 9	86	Fearann 5
12	Gleann 49	37	Dumha 18	62	Más 9	87	Grianán 5
13	Ros 47	38	Cúil 18	63	Áth 8	88	Imleach 5
14	Srath 42	39	Inis 17	64	Cruach 8	89	Lorgain 5
15	Corr 38	40	Leitir 17	65	Tobar 8	90	Mullán 5
16	Creag 38	41	Moing 16	66	Cora 7	91	Sí 5
17	Cathair 32	42	Ceann 15	67	Faiche 7	92	Sliabh 5
18	Poll 29	43	Ceap 15	68	Garrán 7	93	Sliabh 5
19	Achadh 29	44	Caisleán 14	69	Leacht 7	94	Bealach 4
20	Cartún 27	45	Carn 12	70	Leamh 7	95	Claí 4
21	Tulach 26	46	Eanach 12	71	Loch 7	96	Cloch “castle” 4
22	Cloch 25	47	Rinn 12	72	Míleac 7	97	Coirthe 4
23	Tóin 24	48	Bearna 11	73	Rúscaigh 7	98	Críoch 4
24	Bun 23	49	Crois 11	74	Abhainn 6	99	Glais 4
25	Currach 23	50	Garraí 11	75	Aill 6	100	Mám 4

(*carragán*). Is deacra, áfach, idirdhealú a dhéanamh ar réimse de bhríonna atá le cuid buneilimintí, ar nós *ceann*.

[32] Buneilimintí sonrúla eile in ainmneacha oileán sa chontae seo is *carraigín* agus *sindile* / *seimhdile* - leaganacha, is cosúil, den fhocal *seimdille* “a beetle or mallet” mar atá ag *Dinneen* sa chiall fhorbartha “droim talaimh os cionn uisce”.

Tá ceann amháin nó ceann eile den chéad 60 eilimint sa liosta thuas mar bhuneilimint ag timpeall 70% de bhailte fearainn an chontae. Léirítear anois an chéad deich mbuneilimint is airde minicíocht de réir barúntachta:

Buiríos Umhaill (333)	**Ceara (512)**	**Cill Mheáin / An Ros (374 + 23 : 397)**	**Clann Mhuiris (298)**	**Coistealaigh (358)**
Cnoc 33 (10%)	Baile 40 (7.7%)	Baile 39 (9.8%)	Baile 36 (12%)	Cluain 45 (12.5%)
Doire 30	Droim 36	Cathair 25	Ceathrú 20	Doire 26
Ros 24	Doire 35	Ceathrú 25	Cluain 20	Ceathrú 24
Ceathrú 16	Ceathrú 27	Cnoc 24	Cnoc 17	Baile 21
Droim 13	Cluain 27	Cluain 22	Droim 13	Coill 16
Baile 12	Cnoc 27	Cill 21	Gort 12	Lios 14
Cluain 9	Lios 24	Ráth 15	Coill 10	Cill 9
Dumha 8	Coill 20	Lios 13	Lios 8	Tamhnach 8
Cill 7	Gort 15	Gort 13	Cill 7	Barr 7
Coill 6	Corr 9	Creag 12	Doire 7	Cnoc 7
Srath 6	Currach 9	Coill 10	Poll 7	Caiseal 5
Tamhnach 6	Tamhnach 8	Corr 6	Eiscir 6	Lorgain 5

Gaileanga / Tír Fhiachrach (301 + 30 : 331)	**Iorras (210)**	**Muraisc (232)**	**Tír Amhlaidh (581)**
Ceathrú 43 (13%)	Srath 11 (5.2%)	Doire 18 (7.7%)	Baile 51 (8.8%)
Cluain 25	Moing 9	Ceathrú 13	Cluain 40
Lios 20	Gleann 8	Gleann 12	Cnoc 36
Cnoc 20	Cnoc 7	Cluain 10	Ceathrú 34
Baile 15	Gort 7	Coill 9	Rath 32
Coill 14	Béal 5	Cnoc 8	Cill 19
Corr 9	Béal Átha 5	Srath 8	Gleann 14
Droim 9	Bun 5	Tamhnach 8	Gort 13
Ráth 9	Droim 5	Creag 5	Doire 12
Doire 7	Inis 5	Ceann 4	Srath 10
Trian 7	Tulach 5	Cill 4	Dún 8
Cill 6	Achadh 4	Leitir 4	Lios 8

Tá *baile* agus *ceathrú* thar a bheith coitianta tríd an chontae ach athraíonn minicíocht cuid eilimintí eile go suntasach ó dhúiche go dúiche. Ar chúinsí topagrafacha, is léir, is

in iarthar agus iardheisceart an chontae - barúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Mhuraisce - is coitianta atá an bhuneilimint *ros*, áit a dtagraíonn sí de ghnáth do cheann tíre. Is san iarthuaisceart - barúntacht Iorrais - atá bunús na samplaí sa chontae den eilimint *moing*. Níl ach samplaí fánacha den bhuneilimint *cathair* le sonrú trí bhunús an chontae, ach féach go bhfuil 25 den 32 sampla ar fad di suite sa bharúntacht is faide ó dheas sa chontae (barúntacht Chill Mheáin). Tá trian de na samplaí den eilimint *trian* féin suite i mbarúntacht Ghaileang. Tá an eilimint *doire* neamhchoitianta go leor i ndeisceart agus iarthuaisceart an chontae: níl ach trí shampla de i mbarúntachtaí Chill Mheáin agus Iorrais. Sa tábla thíos, léirítear minicíocht cuid bheag eilimintí suntasacha i gcéatadáin, de réir barúntachta, mar mhaithe le soiléireacht:

	BU	**Ceara**	**CM&R**	**Clann M**	**Coist.**	**G&TF**	**Iorras**	**Muraisc**	**TA**
Baile	3.6%	7.8%	9.8%	12.1%	5.8%	4.5%	1.9%	3%	8.8%
Ceathrú	4.8%	5.4%	6.3%	6.7%	6.7%	13%	1.9%	5.6%	5.8%
Cluain	2.7%	5.2%	5.5%	6.7%	12.5%	7.5%	1%	4.3%	6.9%
Cathair	0.3%	0.6%	6.3%	0%	0.3%	0%	0.9%	0.9%	0.17%
Lios	0.6%	4.7%	3.3%	2.7%	3.9%	6%	0%	0.4%	1.4%
Ráth	0.3%	1%	3.8%	0.7%	1.1%	2.7%	0.9%	0.4%	5.5%
Cill	2.1%	0.8%	9%	2.3%	2.5%	1.8%	1.9%	1.7%	3.2%
Cnoc	10%	5.2%	6%	5.7%	1.9%	6.3%	3.3%	3.4%	6.2%
Doire	9%	6.8%	0.75%	2.3%	7.2%	2.1%	1.4%	7.7%	2%
Droim	3.9%	7%	0.75%	4.3%	1.1%	2.7%	2.4%	1.7%	0.6%

I measc na mbuneilimintí lonnaíochta, áitribh agus daonra eile a úsaideadh seachas iad sin atá liostaithe go dtí seo, tá *aonach*,[33] *bóthar*, *brú*, *carraig* "castle", *cuallacht*, *dabhach*, *dangán*, *leacht(a)*, *liagán*, *móta*, *sonnach*, *sráid*, *suí*, *suíochán*, *tír*, *tóchar* agus *tuaim*. I measc na mbuneilimintí lonnaíochta eaglasta eile tá *balla* "well", *cealdrach / cealtrach*, *mír*,[34] *teach*, *teampall* agus *tearmann*; tugtar faoi deara fosta go dtagraíonn cuid samplaí de *both* do lonnaíocht eaglasta.

Féach an méid seo a leanas le McErlean (1983, 316-23) i dtaca le roinnt an talaimh i gConnachta:

[33] Féach *oireachtas* mar eilimint cháilithe san ainm *Bun an Oireachtais* i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

[34] Féach *Mír Mhíchíl* - téarma aitheanta a thagair do thalamh a cuireadh ar leataobh do bhochtáin, is cosúil - i mbarúntacht Mhuraisce.

> "In contrast with variation [in land assessment units] in Ulster, Connacht and neighbouring Co. Clare have a strong provincial unity in their assessment system. It is based on subdivision of a large unit called the *baile*, where one *baile* equals four Quarters, 16 Cartrons, or 24 Gnives. Most [modern] Connacht townlands are composed of Quarters and this general homogeneity is graphically illustrated by the concentration of townland names incoporating the element 'Carrow', the anglicised rendering of the Irish word for Quarter, *Ceathramha*... The *Compossicion Booke* [of 1585] takes the Quarter as 120 acres of arable, pasture, meadow, wood and bog... [Note, however,] that acreage originated as a measure of cultivated land [and is inaccurate in application to the Irish system pertaining in Connacht]... an acre of bog, for instance, is not equal in value to one of arable".[35]

Tá sé tugtha faoi deara againn cheana a choitianta agus atá na heilimintí *baile, ceathrú* agus *cartún* (et var.) sa cheantar staidéir. Ar na téarmaí eile a bhaineann le roinnt an talaimh a úsáideadh mar bhuneilimintí tá cúig shampla de *cúige* (i mbarúntachtaí Choistealach agus Thír Fhiachrach), ceithre shampla (san uatha agus san iolra) de *roinn* féin, cúpla sampla de *coisín*, agus samplaí aonaracha de *cnagaire, cnaigín, ochtú, gníomh, seiseadh, stráice* agus *straidhp*.

Féach anois na buneilimintí is coitianta i Maigh Eo i gcomparáid leo sin sna trí chontae eile atá roghnaithe:[36]

Maigh Eo	**Muineachán**	**Uíbh Fhailí**	**Port Láirge**
Baile 225 (6.9%)	Droim 223 (12%)	Baile 207 (17.7%)	Baile 347 (21.4%)
Ceathrú 207 (6.3%)	Corr 181 (9.7%)	Cluain 92 (7.9%)	Cnoc 148 (9.1%)
Cluain 196 (6.0%)	Coill 107 (5.8%)	Coill 71 (6.1%)	Cill 110 (6.8%)
Cnoc 176 (5.4%)	Lios 90 (4.8%)	Doire 55 (4.7%)	Móin 57 (3.5%)
Doire 130 (4.0%)	Mullach 84 (4.5%)	Cill 43 (3.7%)	Gleann 53 (3.3%)
Coill 92	Doire 73	Ráth 32	Cúil 44
Droim 91	Achadh 71	Cnoc 23	Carraig 39
Lios 90	Tulaigh 61	Cúil 22	Coill 29

[35] Féach tuilleadh ar an ábhar seo ag Nugent (2007, 175-89 *et passim*).

[36] Féach liosta inchurtha do Thiobraid Árann ag Ó Cearbhúill i *L. Log. Thiobraid Árann* (xxvi-xxviii).

Gort 76	Cluain 5	Gort 18	Lios 25
Cill 74	Eanach 46	Carraig / Currach 17	Sliabh 24
Ráth 73	Cnoc 41	Gleann / Lios 14	Tigh 23
Tamhnach 55	Tír / Ráth 28	Ceapach / Tulach 13	Currach 22
Gleann 49	Tamhnach 26	Achadh / *Glebe* 12	Ceathrú 21
Ros 47	Carraig 25	Béal Átha / Móin 11	Tuar 19
Srath 42 (1.3%)	Cúil 19 (1%)	Ros / Tigh 10 (.8%)	Ré/Ráth/Bán 17 (1%)

Tá sé spéisiúil nach ann de bhuneilimint atá chomh ceannasach ná chomh líonmhar céanna agus atá *droim* i Muineachán, nó *baile* in Uíbh Fhailí nó Port Láirge, i Maigh Eo.

Tríd agus tríd, is í an topagrafacht áitiúil an cúinse is tabhachtaí i minicíocht na mbuneilimintí in ainmneacha bailte fearainn. Féach na heilimintí *droim*, *corr* agus *mullach* i Muineachán, a bhaineann le topagrafacht na ndroimlíní sa chontae sin, ní foláir. Spéisiúil go leor, is cuid den chrios droimlíní é oirthear bharúntacht Bhuiríos Umhaill fosta, agus tá a lorg féin aige seo i minicíocht na n-eilimintí *cnoc* agus *droim* sa cheantar sin. Is féidir go bhfuil a lorg duaithnithe chomh maith i minicíocht na heiliminte *doire* sa mhéid is gur le mullaigh chnoic is mó a shamhlaítear an doire (cf. *GUH* 46n5 agus *PNI* 7, 162). Mar atá ráite thuas, léiríonn minicíocht na heiliminte *ros* in iarthar Mhaigh Eo an líon mór de chinn fhada tíre a ghobann amach ar Chuan Mó. Tá a sliocht ag sliabhraoin éagsúla Mhaigh Eo ar mhinicíochtaí eilimintí ar nós *gleann* agus *tamhnach*, agus *srath*, a úsáidtear go minic le tagairt a dhéanamh do stráice féaraigh taobh le sruthán ar thalamh ard.[37]

Mar sin féin, tá cuid téarmaí lonnaíochta (*baile, lios, cill, ráth*) agus téarmaí a bhaineann ar bhealaí éagsúla le roinnt an talaimh (*ceathrú, cluain, gort, tamhnach*) feiceálach sa liosta thuas chomh maith. Tá an téarma lonnaíochta *baile* thar a bheith coitianta i Maigh Eo, Uíbh Fhailí agus Port Láirge agus is féidir go léiríonn minicíocht na heiliminte seo sna trí chontae sin tionchar láidir Angla-Normannach (cf. *PNI* 7 18; Price 1967, 495-6, *L. Log. Thiobraid Árann* xxvi). Tugtar faoi deara minicíocht ard na heiliminte *ceathrú* i Maigh Eo le taobh na gcontaetha eile: sainghné den logainmníocht

[37] Ní hábhar iontais é go bhfuil achar na mbailte fearainn a bhfuil *gleann* nó *tamhnach* ina n-ainmneacha na céadta acraí níos mó, ar an mheán, ná bailte fearainn eile an chontae.

sa chúige seo (mar atá luaite thuas). Níl an liosta sách fada go leor le sainghnéithe áitiúla eile a léiriú, ar nós úsáid choitianta na heiliminte *dumha* ar chósta Mhaigh Eo.

Sa tábla thíos léirítear coibhneas idir cuid de na buneilimintí is coitianta i Maigh Eo agus struchtúir dheilbhíochta éagsúla. Tagraíonn na figiúir do chéatadáin:

	Dlúth-chomh-fhocal	**AF + AF (+...)**	**Aid.R. +AF (+...)**	**(Alt+) AF (+dobh.)**	**AF+ Aid. (+...)**	**AF+ alt+AF (+...)**	**AF+ Ainm Pears.**	**AF+ sloinne**
Achadh	-	37.9	20.6	10.3	17.2	6.8	-	6.8[38]
Baile	-	4.0	8.0	-	17.9	37.2	8.5	24.2
Béal Átha	-	43.4	-	-	4.3	39.1	-	13.0
Caiseal	-	33.3	-	38.8	16.6	-	11.1	-
Cartún	-	7.6	-	50.0	15.4	3.8	-	23.1
Cathair	-	6.9	-	24.1	10.3	37.9	10.3	10.3
Ceathrú	-	4.4	9.3	2.9	39.2	30.8	5.4	7.8
Cill	-	8.2	-	10.9	9.5	4.1	61.6	5.5
Cluain	0.5	43.6	8.9	5.2	14.2	9.5	13.0	5.2
Cnoc	-	10.7	-	3.5	26.1	47.0	5.9	6.5
Coill	5.5	14.2	6.6	12.0	28.5	21.9	4.4	6.6
Corr	-	34.2	-	-	7.9	57.9	-	-
Creag	-	2.7	-	25.0	30.5	33.3	-	8.3
Doire	-	27.8	5.9	10.6	19.8	23.8	6.6	5.3
Droim	2.3	28.2	3.5	16.4	22.3	17.6	8.2	4.7
Dumha	-	60.0	-	6.6	6.6	-	26.6	0.0
Gleann	-	51.2	7.7	7.7	15.3	17.9	-	-
Gort	1.3	11.8	1.3	7.9	26.3	51.3	-	-
Inis[39]	30.0	10.5	2.6	-	5.2	7.9 [40]	42.1	2.6 [41]
Lios	-	8.1	8.1	2.3	17.4	27.9	20.9	15.1

[38] *Achadh Riabhail Íochtarach* agus *Achadh Riabhail Uachtarach*, ina bhfuil leagan gaelaithe den sloinne Angla-Normannach *Reville* molta.

[39] Tá ainmneacha oileán nach ainmneacha bailte fearainn iad ach atá liostaithe san Innéacs Topagrafach iniata sna figiúir seo.

[40] Is é sin, trí shampla: *Inis na Croise*, *Inis an Chnoic* agus *Inis na Coill(eadh)* in Inse Mó.

[41] Is é sin, sampla amháin: *Inis Deách*, in Inse Mó, ina bhfuil leagan ainmfhoclach den sloinne *Ó Deá*.

Poll	-	14.2	-	4.7	4,2	47.6	2.3	2.3
Ráth	-	16.4	2.9	8.9	29.8	13.4	26.8	1.4
Ros	4.6	18.6	4.6	16.2	25.5	13.9	13.9	2.3
Srath	-	7.6	-	20.5	33.3	35.9	-	2.5
Tamhnach	-	19.2	3.8	15.3	25.0	30.7	5.7	-

Ar an tábla seo thuas, is féidir a mhaíomh go raibh eilimintí áirithe chun tosaigh sa phróiseas ainmnithe ag tréimhsí difriúla. Feictear go bhfuil minicíocht ard ag baint le heilimintí ar nós *achadh, cluain, doire, dumha, droim, doire* agus *gleann* in ainmneacha den seanstuchtúr *Ainmfhocal + Ainmfhocal (+...)*. Tá an chuma air, mar shampla, gur thit cumadh leis an eilimint *dumha* i léig roimh theacht fhaisean an struchtúir *Ainmfhocal + alt + Ainmfhocal*.[42] Feictear go méadaíonn líon eilimintí ar nós *cnoc* agus *ceathrú* in ainmneacha bunaithe ar struchtúir dhéanacha. Is amhlaidh an scéal le *baile*. Is féidir a mhaíomh ar an tábla thuas chomh maith go raibh cuid eilimintí níos fadmharthanaí ná a chéile sa phróiseas ainmnithe (féach *cluain, coill, droim*).

Aidiachtaí Réamhcháilithe

Úsáidtear réimse d'aidiachtaí réamhcháilithe agus réamhfhocail i mbuneilimintí agus eilimintí cáilithe in ainmneacha bailte fearainn agus ainmneacha oileán an chontae. Tugtar liosta díobh, le cuid samplaí ábhartha, thíos.

Leath- (29). *An Leithcheathrú, Leathchoill, An Leathchurrach, An Leathmhás, Leithmhíleac.*
Sean- (27). *An Seanbhaile, An Seanbharr, An Seanghort, Seanbhotha, An tSeanráith, An Seantalamh, An Seanmhachaire, Seanachaidh, An Seancheann.*
Dubh- (21). *Dúráith, Dúras, Dúdhoire, Duibhis, Dubhoileán Mór, Duibhlis, Dúleitir.*
Ard- (13). *Ardbhearna, Ardbhuaile, Ardchluain, Ard-doire, Ardach < Ardachadh, Ardthuaim.*
Breac- (12). *Breacbháinseach, Breac-chluain, Breac-chluanach.*
Corr- (7). *An Chorrthamhnach, An Corrbhaile, An Chorrchloch, An Corrlios.*
Cam- (6). *Camoileán, Camchluain, Camdoire na Binne.*
Garbh- (6). *Garbhchoill, Garbhchluain, Garbhdhoire.*
For- (5). *Foroileán, Formaoil, Farnacht, Forgaill.*

[42] Ní hionann agus úsáid na heiliminte gaolta *dumhach*, atá le sonrú i gcuid mhaith mionainmneacha ar chósta Mhaigh Eo.

Caol-, Rua- (4). *Caolchoill. Rua-oileán.*

Glas- (3). *Glasoileán, An Glasbhaile.*

Bréan-, Crom-, Fionn-, Fliuch- (2). *Bréandroim. Cromghlinn. Fionnúir, Fionnghlais. Fliuchmhuine.*

Ath-, Cruinn-, Gearr-, Maol-, Nua- (1). *Cloch na hAthbhuaile. Cruinnis < Cruinninis. Gearrthamhnach. Maoilios. An Nuachabháil < Nuachongbháil. Sárnacht.*

Eilimintí Cáilithe: Ainmneacha Pearsanta

Cáilíonn ainmneacha pearsanta 59 buneilimint éagsúla in ainmneacha bailte fearainn agus oileán an chontae.[43] Tugtar thíos liosta de na hainmneacha pearsanta in ord aibítreach.[44] Sonraítear ainmneacha naomh le cló dubh, agus ainmneacha ban le cló iodálach. Tugtar faoi deara go dtugtar liosta de na hainmneacha pearsanta agus sloinnte agus na logainmneacha a bhfuil siad iontu ag deireadh gach imleabhair sa tsraith.[45]

Ainm pearsanta neamhtheastaithe atá sa leagan *Aighnín* san ainm baile fearainn *Droim Aighnín* i mbarúntacht Chlár Chlainne Mhuiris.[46] Ainmneacha pearsanta neamhtheastaithe eile, seans, is ea *Bigeal* (?< *Beagal*) san ainm oileáin *Inis Bigil* i mbarúntacht Iorrais; *Méanúr,* sa logainm *Dún Méanúir* i mbarúntacht Ghaileang; *Reolais* < *Feareolais* < *Fear Eolais* (ginideach stairiúil *Fir Eolais*) san ainm *Ráth Reolais* i mbarúntacht Choistealach; agus *Cionnámha* < *Ceann Cnámha* san ainm *Baile Chionnámha* i mbarúntacht Chlann Mhuiris. Ainmneacha naomh neamhtheastaithe is ea *Tácharán*, atá le sonrú san ainm baile fearainn *Cill Tácharáin* i

[43] *Áit tí* (5), *ard* (4), *áth* (2), *baile* (22), *béal átha* (1), *bearna* (1), *both* (5), *buaile* (1), *caiseal* (5), *cárán* (1), *cathair* (4), *ceann* (1), *ceapach* (1), *ceathrú* (11), *cill* (51), *clár* (1), *cloch* (2), *cluain* (25), *cnoc* (10), *coill* (6), *coire* (1), *cora* (2), *craobh* (1), *crois* (3), *cúil* (2), *cuan* (1), *currach* (1), *doire* (11), *droim* (8), *dumha* (3), *dún* (8), *eanach* (1), *fearann* (2), *garraí* (1), *glais* (1), *gleann* (3), *imleach* (1), *inis* (15), *leacht* (1), *leitir* (1), *lios* (22), *maigh* (4), *manrach* (1), *mír* (1), *moing* (1), *muine* (3), *oileán* (9), *poll* (1), *ráth* (19), *ros* (7), *rú* (1), *sliabh* (1), *srath* (1), *suí* (1), *tamhnaigh* (4), *taobh* (2), *tobar* (1), *tuairín* (1), *tulach* (1).

[44] Tá sampla amháin de na hainmneacha naomh *Lasair, Mac Laisre, Molára* agus *Muire* ó ainmneacha paróistí curtha leis an liosta (ach ní *Amhlaidh* ná *Fiachra* ó ainmneacha barúntachtaí).

[45] Tugtar ainmneacha pearsanta atá i mionlogainmneacha agus a scagtar sna himleabhair éagsúla, sna liostaí sin chomh maith, ní hionann agus anseo.

[46] Leagan díspeagtha den ainm *Aighní* < *Aighnidhe* (*LMG* v 3 sv.) atá molta. Féach Drumneen i mbarúntacht Chlann Mhuiris.

mbarúntacht Chill Mheáin; agus *Gallagán*, atá san ainm baile fearainn *Cill Ghallagáin* i nGaeltacht Iorrais.

Aibhistín, Aighnín (2), Áileannán, Aistín, Anraí, Aodh (4), **Aodhán**, Aonghas (2), Artán.

Bairrionn, Bánán, **Baoithín**, Beagán (2), Beannán, Bigeal, Bolcán, Blámhac, Bradán, Bran, Brannabh, **Bréanainn (1**), Bréanainn (1), Breastal (2), Brian, ***Brí* (2)**, ***Bríd* (5)**, *Bríd* (2).

Caochán (2), **Cainneach**, Calgach, Cárthach, Cas (2), Cathal (4), **Ceallach**, Ceallach (3), Ceannada, Ceannabhán, Cearbhúll, Cearnach, Ceartán, Céile, **Ciarán (3)**, Cinnéide, Cionnámha, Clúmhán, **Cuimín**,[47] Coiteal, Colla, **Colm Cille**, **Colmán**, **Comán (2)**, Conall, Conallán (3), Conán, Conchúr (3), Conaíleán, Conlann, Connmhach, Corb, Corbán (2), Corc, Cormac (2), Coscrach, Crónán, **Cua (2)**, **Cuar (2)**, Cuarán, **Cú Dubh**, Cuileann, Cuileannán, Cuisín, **Curnán.**

Dabhac (2), **Dabhearróg**, **Dabheog**, Daibhéid, ***Dairí***, ***Damhnait,*** Déigeall, *Deala* (2), Dearc, **Diarmaid**, Doinneán, Doirnín, Dónall, Donnán, Dora, Dorán, Dubhán, Dúgán (2), Duifín.

Éadan, Éamann, Éanna, Éanra, Earc, Earcán, *Eibhlín*, Eirnín, ***Eithne,*** **Eoghan (5).**

Fachna, Faolán, Faonán, Fearghas, Féilim, Fiachna, Fiachra, **Fíne (2)**, Fíne, Fionn (2), Fionnán, Fínín, Flann, Fríl.

Gallagán, Garbhán (2), ?*Gé* (2), Gearóid, Gioba, Glaisne, Gleannán, **Gobán**, Goirmín, Gothraidh.

Hanrac.

Ibhear, **Íomar**, Iongán.

Lachna, ***Lasair* (g. *Lasrach*)**, *Lasair* (g. *Lasra*), **Liadán**, Liam (2), Loingseachán, Lúcás, Lughaidh, **Luineachar.**

[47] Is leaganacha peata iad *Cuimín*, *Comán* agus *Dachomóg* den ainm naoimh *Colmán* nó *Colm* (Ó Muraíle 1985, 54-55). Is díol spéise é, mar sin, mar atá tugtha faoi deara ag Ó Muraíle (*ibid*.), go bhfuil paróistí darb ainm *Cill Chomáin* i mbarúntachtaí Iorrais agus Chill Mheáin; paróistí darb ainm *Cill Cholmáin* i mbarúntachtaí Choistealach agus Ghaileang; paróiste darb ainm *Cill Chuimín* i mbarúntacht Thír Amhlaidh; agus paróiste darb ainm *Cill Dachomóg* atá rannta idir barúntachtaí Cheara agus Ghaileang.

Mac Duach, **Mac Laisre,** Maighiu (g. Maigheag), Mailicín, **Mainín**, Mainnín, *Máire*, Moiriú < Mairidh (g. Moiriú < Mairiú < Maireadha), Máirtín (2), Mánas (4), Maoileachlann, **Maoilíona**, **Maoldomhnaigh**, Maoileoin, Maoilín (2), Méanúr, Mearán (2), Miagán, **Mián**, **Mícheál**, **Míona**, **Mobhí**, **Molára**, Mórán, *Muanad*, ***Muire*** **(3)**, Muireagán (2), Muiris, Murcha, Murchadh.

Niall (3), Niocól, *Nulla*.

Odhar, Odhar.

Pádraig (2), Pádraig (1), Pilib (2).

?Radaí,[48] Raghnaill, Raodán, Réamann (3), Reolais (< Feareolais), Rián, Ríne < Níne, Riocard (2), Risteard, Rodán, Roibeard (3), Roibín, Ronán, Ruaín, Ruairí (2), **Ruán (1)**, Ruán (2), Ruanachán (2).

Scanlán, Séamas (2), Seán (6), Seoinín, Síonachán, Sionnagán, Sléibhín.

Tácharán, Tadhg (4), Taithleach, Tál, Tanaí, Tiarnán (2), Tiobraide, Tóma, Tomás (3), Torc, Tornán, Tréan, Treon, Tuairle, Tuama, Tuathach.

Ualtar (2), Uidhrín.

Sloinnte

Cailíonn sloinnte 48 buneilimint éagsúla in ainmneacha bailte fearainn agus oileán an chontae.[49] I logainmneacha ar nós *Dumha Cinn Aille (Calvy)*, *An Cartún (French)*, *An Ros (Fallon)*, ní ghaelaítear an sloinne idir lúibíní sna leaganacha Gaeilge de na logainmneacha de réir coinbhinsiúin sa tsraith *Liosta Logainmneacha* (*L. Log*.). Is forbairtí déanacha iad úsáid na sloinnte mar idirdhealaitheoirí seilbhe sna cásanna seo

[48] Mhol Ó Donnabháin gaelú ar *Roddy* sa chás seo ach tá féidearthachtaí eile ann: féach tuilleadh faoin logainm déanach *Poll Radaí* i mbarúntacht Chill Mheáin.

[49] *Achadh* (2), *áit tí* (2), *baile* (55), *ball* (1), *béal átha* (3), *both* (1), *caisleán* (4), *carn* (2), *carraig* (1), *cartún* (7), *cathair* (4), *ceathrú* (17), *cill* (4), *cloch* (2), *cluain* (14), *coill* (6), *cnoc* (14), *coire* (1), *cora* (2), *creagán* (3), *crois* (3), *cúil* (2), *currach* (1), *dumha* (1), *doire* (5), *droim* (8), *eiscir* (1), *fearann* (1), *garraí* (1), *gort* (1), *imleach* (1), *inis* (1), *leacht* (2), *léana* (1), *leitir* (1), *lios* (14), *más* (2), *moing* (2), *muine* (1), *oileán* (1), *plota* (2), *poll* (2), *ráth* (3), *ros* (1), *sliabh* (1), *srath* (1), *trian* (1), *tuar* (2).

agus ní léir gur úsáideadh i leaganacha Gaeilge de na logainmneacha riamh iad; féach liosta de na logainmneacha sin uilig ag bun liosta na sloinnte, thíos.

Tá luaineacht idir leaganacha malartacha le *Ó* agus *Mac* de chuid sloinnte le sonrú ar chuid logainmneacha sa chontae: féach an plé ar logainmneacha ar nós *Ceathrú Uí Choinín, Ceathrú Uí Dhubháin* agus *Lios Uí Choitil* i mbarúntacht Ghaileang agus *Lios Mhig Ainsean* i mbarúntacht Choistealach.

Gné eile nár mhiste a lua is ea luaineacht idir leaganacha leis na foircinn *-áin* agus *-ín*: féach an plé ar logainmneacha ar nós *Droim Ó Sluaín* (*Ó Sluáin* / *Ó Sluaín*) agus *Baile Ó gComáin* (*Ó Comáin* / *Ó Cuimín*) i mbarúntacht Cheara, agus *Ard Ó gComáin* (*Ó Comáin* / *Ó Cuimín*) i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill. Féach fosta *Ó Ruaín* / *Ó Ruáin* faoi Callow i mbarúntacht Ghaileang.[50]

Ní hann d'fhasach stairiúil diomaite de na logainmneacha féin i gcás cuid sloinnte, ar nós *Mac Glinscín* sa logainm *Leitir Mhic Glinscín*; *Ó Caoirí*, atá molta mar cháilitheoir san ainm *Cnoc Uí Chaoirí* agus atá bunaithe ar an ainm pearsanta baineann *Caoireach*; agus *Mag Ainsean* sa logainm *Lios Mhig Ainsean*. Feictear ginideach iolra de shloinnte i gcuid cásanna, ní áirítear anseo mar shamplaí ach *Ard Ó gComáin, Baile Ó gColmáin, Baile Ó gComháin, Baile Ó nUiginn, Cill Ó gCéire, Cill Ó gCúnra, Coill Ó bhFíne, Lios Ó nDróin Thoir*. I measc samplaí de shloinnte as an tír isteach nach bhfuil teastaithe i gConnachta diomaite de na logainmneacha féin, féach *Ros Miondail*, ina bhfuil gaelú ar an sloinne Angla-Normannach *de Mandeville* molta; *Áit Tí Apaltan*, ina bhfuil leagan gaelaithe den sloinne Sasanach *Appleton*, is cosúil; agus *Baile Haincín*, ina bhfuil leagan gaelaithe den sloinne Angla-Sasanach *Hankin*, síltear. I gcás *Baile an Deile Thoir*, thiocfadh dó gur leagan ainmfhoclach de leagan gaelaithe den sloinne Sasanach *Dill* atá mar eilimint cháilithe ann.

[50] Féach fosta an fhéidearthacht *Ó Lidín* < *Ó Loidín* < *Ó Loideáin* i dtaobh Cloonaleedin i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá an luaineacht seo le sonrú in eilimintí eile fosta, ní áirítear anseo ach an t-ainm pearsanta *Goirmín* < *Gormán* san ainm *Lios Goirmín* i mbarúntacht Ghaileang agus na leaganacha *tóiteán* / *tóitín* i bhfoirmeacha stairiúla an ainm *Cnoc an Tóiteáin* i mbarúntacht Cheara.

Apaltan.

Bairéad / an Bairéadach (3), Barra / an Barrach,[51] *Bell*,[52] Bhaildrín, Bóis / An Bóiseach, Breatnach, Bruithneog, Brún / an Brúnach (3), Búrc / An Búrcach (3).

Carrún / an Carrún.

Deil / an Deile (2).

Eiriún (4).

Faoite / an Faoiteach.

Gilbeirt (2).

Haincín.

Mac Aodha (2), Mac Aogáin, Mag Ainsean.

Mac Bhairéid, Mac an Bhreithiún / na Breithiúnaigh.

Mac Ceoch, Mac Cionaoith, Mac Citheola, Mac Coiligh, Mac Coilín, Mac Coisteala / an Coistealach (2), Mac Conchúir, Mac Con Leitreach, Mac Craith.

Mac Duarcáin, Mac Duibh.

Mac Éadaigh (3), Mac Eoghain.

Mac an Fhailí, Mac Fheorais.

Mac Gearóid (2), Mac Geirble, Mac Giobac (2), Mac Giobúin (2), Mac Giolla Bhuí, Mac Giolla Chainnigh, Mac Giolla Rua, Mac Glinscín, Mac Gormáin.

Mac Lachnáin, Mac Lochlainn (2).

Mac Mánais, Mac Matha, Mac Murchú.

Mac Néill, Mac Niocláis, Mac Niocóil (2).

---

[51] San ainm *Leacht an Bharraigh* i mbarúntacht Ghaileang; féach fosta ar ndóiche *Caisleán an Bharraigh* faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste na hEagslaise, barúntacht Cheara.

[52] Sa logainm *Creagán Bell* i mbarúntacht Cheara (*Criggin Bell*, 1661).

Mac Philbín.

Mac Réamag, Mac Réamainn (2).

Mac an tSaoir, Mac Seáin, Mac Seathrúin, Mac Siúrdáin.

Mac Uillic.

Mílis, Mionda(i)l.

Ó hAirt, Ó hAogáin, Ó hArgadáin.

Ó Bánáin, Ó Béara, Ó Biasta, Ó Breacáin, Ó Brógáin.

Ó Cadhain (2), Ó Caisealáin, Ó Callaráin, Ó Caoirí, Ó Catáin, Ó Cathaláin, Ó Cearráin, Ó Céire, Ó Ciaragáin, Ó Cillín, Ó Clúmháin, Ó Coinéil, Ó Coinín, Ó Coinneagáin, Ó Coitil, Ó Colla, Ó Colmáin, Ó Comáin (2), Ó Comháin, Ó Corra, Ó Cuinn, Ó Cúnra.

Ó Deá / (an) Deách, Ó Deargáin, Ó Deirg, Ó Dónalláin, Ó Donnáin, Ó Dorchaí, Ó Dróin, Ó Dubháin, Ó Dubhthaigh, Ó Dúgáin.

Ó hEidhin.

Ó Fiacháin, Ó Fiannaí (2).

Ó Gabhann, Ó Garbháin, Ó Gríofa.

Ó Lachnáin (2), Ó Loingsigh, Ó Loinscigh / An Loinsceach.

Ó Máille, Ó Maolghaoithe, Ó Maola, Ó Maolábhail, Ó Maolmhuaidh, Ó Maolra, Ó Maolrua, Ó Maolruanaidh, Ó Mongáin, Ó Muineacháin, Ó Muraíle.

Ó Neachtain, Ó Niallagáin.

Ó hÓráin.

Ó Ruairc (2).

Ó Scanláin, Ó Séín, Ó Slataraigh / An Slatarach, Ó Sluaín.

Ó Tó, Ó Tuathaláin.

Ó hUallacháin, Ó hUiginn.

Piocóid / an Piocóideach.

Riabha(i)l (2), Ruiséal / Ruiséil

Stancard / an Stancard, Standún, Stóc / an Stócach.

Táf / An Táfach < Táth

Áit Tí Seáin (*Joynt*); An Carn (*Fowler*); An Carn (*Nash*); An Cartún (*French*); An Cartún (*Kirwan*); An Cartún (*Lindsay*); Cluain Gamhnach (*Burke*); Cluain Gamhnach (*Cosgrave*); Cnoc na mBuachalán (*Blake*); An Chora Bhuí (*Kilmaine*); An Chora Bhuí (*Knox*); An Chreig Mhór (*Browne*); An Chreig Mhór (*Lynch*); An Chrois (*Wallace*) Thoir, An Chrois (*Wallace*) Thiar; Na Curraigh (*Kirwan*); Na Curraigh (*Macmanus*); Droim Aighnín (*Prendergast*); Dromadaigh (*Duke*); Dromadaigh (*Gore*); Dromadaigh (*Joyce*); Dumha Cinn Aille (*Calvy*); Dumha Cinn Aille (*Thulis*); Poll Raithní (*Lynchaghan*); Poll Raithní (*Sweeny*); Ráth Ghreanachair (*Miller*); Ráth Ghreanachair (*Lyndsay*).[53]

Athruithe i mBéim an Ghutha

Tá athruithe chun tosaigh i mbéim an ghutha le sonrú i gcuid logainmneacha i Maigh Eo. Tá *An Corrán*, [ˌən ˈkrɑːn] / [ən ˈko̝rɑːn], ag brath ar an chainteoir, ar an cheann is cáiliúla díobh, is dóiche. I measc samplaí eile nach bhfuil againn ach fuaimniú Béarla díobh tá *Fáilíní*, [fɑːlˈiːnz]; *Cagála*, [kugˈɑːlə]; *Ruachán*, [ruˈhɑːn]; *Gleann Iomaire*, [glɛnəˈm̈irə]; agus *Ard Niocóil*, [ˌɑrdnəˈkali]. Sa sampla deireanach, bhain athmhíniú iomlán don ainm i ndiaidh do bhéim an ghutha athrú; tharla an t-athrú sa Ghaeilge, mar sin, is léir.

Thug Stockman faoi deara claonadh i nGaeilge Acla béim an ghutha a chur ar an dara siolla sna focail seo a leanas: *arán*, *anáil*, *scoláire*, *galánta*, *dorú*, *bithiúnach*,

[53] Féach fosta Emlybeg (*Kyle*), Cross (*Boyd*), Macecrump agus Macecrump Commons i mbarúntacht Iorrais, a bhfuil *Imleach Beag*, *An Chrois*, *An Más* agus *Coimín an Mháis*, faoi seach, socraithe mar fhoirmeacha Gaeilge díobh. Sa chás leathdheireanach, tá *Más an Chrumpaigh* in úsáid ag cuid Gaeilgeoirí dúchais áitiúla. Féach fosta na hainmneacha Béarla Binghamstown, Lynchsacres agus Mylesestate. Tá *An Geata Mór* socraithe mar leagan Gaeilge Binghamstown; moltar *Acraí Uí Loingsigh* agus *Eastát Mhílis* mar leaganacha gaelaithe den dá ainm eile, faoi seach.

spiléad, *eireog*, *bodóg*, *bogóg* (1974, 350 §1598iii). Tugtar faoi deara go bhfuil guta fada i gceist i ngach cás. Is léir, leis, gur shainghné de Ghaeilge oirthear Mhaigh Eo a bhí sa chlaonadh seo (Dillon 1973 17.ii, *LASID* iii 351-363, Ó Catháin 2002, 54-61). Sa chanúint áirithe sin, dálta Ghaeilge na Mumhan, "in words of more than one syllable, if the second is long, the stress is attached to the second syllable" (Dillon *ibid*.). Níor thug Dillon ach dornán samplaí agus an claonadh ginearálta faoi deara, ach tá suirbhé Wagner breac ballach le samplaí ábhartha ó oirthear Mhaigh Eo, ar nós *mórán*, *deirfiúir*, *corróg*, *scamhóg*, *fuinneogaí* (*LASID* i sv., §62 agus *ibid*. iii 351-363) agus fiú amháin leithéidí *scan(n)raigh*, *méanfaí* agus *éanlaith* (*ibid*. iii 352 §153, 353 §268 agus 361 sv.). Mhíneodh an claonadh seo,[54] a bhfuil fianaise againn de in iarthar agus in oirthear an chontae, an t-athrú béime i mbunús na samplaí atá tugtha faoi deara i logainmneacha an chontae.[55] Rud atá le míniú go fóill, áfach, ná a neamhrialta agus atá an fhianaise den athrú béime seo i logainmneacha: cén fáth ar bhain sé do shamplaí áirithe, agus ní de shamplaí inchurtha eile, in aice láimhe?

Tá athruithe siar i mbéim an ghutha le sonrú i ndornán ainmneacha; bhain an t-athrú seo dóibh sa Bhéarla, sna samplaí seo a leanas, is léir: *An tSraith Chaoin*,

---

[54] Thug Dillon claonadh eile béime faoi deara i nGaeilge Chill Mobhí: "In words of two short syllables, if the word ends in a strong sonant, the accent is attracted to the second syllable" (Dillon 1973 17.iii). Tugann sé *capa(i)ll*, *olann* agus *gorm* mar shamplaí. "The phenomenon is not general, and my friend Dr. Heinrich Wagner suggests that it may be in some way conditioned by rhythm, a matter rather difficult to observe" (*ibid*.). Tagann samplaí ar nós *punnann* [pn̪ˈNən] (*LASID* i, sv. 185) *salann* [sɑˈln̪N] (*ibid*. iii 353 §315) agus go leor eile i saothar Wagner le teoiric Dillon. Úsáidtear an fhoirm [ˌglɛnˈn̪mərə] do *Gleann Iomaire* thuasluaite i measc cuid seandaoine go fóill, agus is féidir gur bhain an t-athrú béime don ainm sa Bhéarla, agus ar ndóiche, is féidir analach le logainmneacha áitiúla eile a mhaíomh mar bhunús don athrú sa Bhéarla. I gcás gur sa Gaeilge a tharla sé, áfach, thiocfadh linn tarraingt ar an dara teoiric seo le Dillon leis an athrú béime i dtreo an dara consan glórach san fhocal *iomaire* a mhíniú (le ró-chúiteamh don chonsan carballaithe?). Is ceart a lua nár thug Wagner samplaí den athrú béime atá idir chamáin faoi deara in iardheisceart Mhaigh Eo, áit a bhfuil *Gleann Iomaire* féin (*ibid*. iii 233-242).

[55] Cf., i measc samplaí eile taobh amuigh den chontae, an t-ainm baile poist *Caherlistrane* < *Cathair Loistreáin* i gCo. na Gaillimhe (*GÉ* 48) san fhuaimniú coitianta Béarla [ˌkɑhərlɨsˈtran]. Féach fosta ar ndóiche an fuaimniú coitianta Béarla [ˌbaləhədəˈriːn] de *Ballaghaderreen* < *Bealach an Doirín* i gCo. Ros Comáin (*ibid*. 30); tá [ˌbaləhəˈdɛriːn] coitianta go leor i measc seandaoine áitiúla go fóill, áfach.

[ˈʃrahin]; *An tSraith Riabhach* [ˈʃriːvə]; *Taobh Aonghais Thoir* [ˈtiːvnəʃ]; *Corr Bheithe Íochtarach* [ˈkn̪ˠrvi]; *Cill Bhrí* [ˈkʲilvri]; *Maigh Obhair* [ˈmjawər]; *An tSí Rua,* [ˈʃruː].

Luaineacht Inscne

Tugtar faoi deara luaineacht mhór in inscne na bhfocal *doire*, *oireamh*, *ráth* agus *srath* tríd an chontae. Shílfeá ar an fhianaise gur bhainscneach a bhí *doire,* den chuid is mó, i gcanúintí déanacha Gaeilge an chontae; maireann an fhéidearthacht, áfach, gur léiriú é an séimhiú ar thúschonsain na gcáilitheoirí ar lorg na buneiliminte seo (Doire Fhada, Doire Mhór, Doire Shíoch) d'úsáid na logainmneacha ábhartha i gclaontuisil, seachas malartú inscne. Tá leagan firinscneach den eilimint *áth* san ainm Bellanasally < *Béal an Átha Salaigh* i bparóiste Acla; soir an bealach i bparóiste Bhuiríos Umhaill is féidir go bhfuil leagan baininscneach san ainm Wilford < *Áth Shaileach*.[56]

Próiseas an Bhéarlaithe

Mar atá luaite cheana, tá ceangal láidir cóipeála idir cuid foinsí Béarla a bhuanaigh leaganacha litrithe ainmneacha na mbailte fearainn trí thréimhsí éagsúla. Ní próiseas rialta atá i gceist, agus tá an ceangal sách casta agus doiléir. Mar sin féin, is féidir litrithe logainmneacha áitiúla a rangú go minic: iad siúd ón chéad leath den 17ú haois; cinn ón dara leath den aois chéanna; litrithe de chuid na n-eastát talún ón 18ú haois go dtí an 19ú haois; agus litrithe léarscáileanna Bald agus na Suirbhéireachta Ordanáis ón chéad leath den 19ú haois. Ní hionann é seo agus a rá nach bhfuil gaol éigin idir litrithe ó na tréimhsí éagsúla, ach léiríonn na rannóga seo cosúlachtaí inmheánacha so-aitheanta dá gcuid féin.

Sa chéad thréimhse, mar shampla, is gaire litriú na n-ainmneacha go minic do bhunleaganacha Gaeilge ná ag am ar bith eile. Mar atá ráite, bhí lámh liteartha dhúchais áit éigin taobh thiar de na foirmeacha is luaithe d'ainmneacha bhailte fearainn an chontae, go minic. Ar ball, d'fhorbair na hainmneacha seo traidisiún scríbhneoireachta dá gcuid féin, agus tá sé seo le sonrú go háirithe i litrithe ó dhoiciméid eastáit, a léiríonn coimeádacht agus neamhspleáchas ar dhoiciméid

[56] Maireann an fhéidearthacht gur léiriú ar thionchar an tabharthaigh é an séimhiú ábhartha anseo, chomh maith. Tá samplaí firinscneacha agus baininscneacha tugtha faoi deara i mionlogainmneacha Acla: féach Imleabhar 3, passim.

chomhaimseartha eile, go minic: leanann siad dá bhfoirmeacha féin, agus is minic a léiríonn siad tréithe áitiúla teanga, ar nós *cara* ag freagairt do *ceathrú* i suíomh neamhaiceanta. Faoi aimsir Bald agus go háirithe le teacht John O'Donovan feictear rialtacht agus seasmhacht i dtaca le litriú eilimintí agus litriú ginearálta Béarla ag freagairt d'fhuaimeanna Gaeilge.

Braitheann an litriú, agus claonadh an litrithe athrú de réir ama, ar chuinsí éagsúla. Ina measc sin, tá soiléireacht na bhfuaimeanna nó na n-eilimintí don scríobhaí, coinbhinsiúin litrithe agus athruithe nádúrtha teanga. Is beag mar a athraíonn na hainmneacha Letter agus Lecarrow le himeacht aimsire, mar shampla, ach is amhlaidh is mó meancóga cóipeála a bhíonn le sonrú i litrithe de réir mar a mhéadaíonn líon siollaí an ainm.

Sa tábla seo thíos, feictear samplaí d'iarrachtaí stairiúla an foirceann *-án* a bhéarlú go háitiúil, tríd na blianta. Piocadh foirmeacha ó thréimhsí éagsúla agus ó fhoinsí neamhghaolmhara, oiread agus ab fhéidir.

Béarlú an Fhoircinn -án

Foirm Ghaeilge	**Foirm Bhéarla**	**Foirmeacha Éagsúla Stairiúla**		
Cala(dh)cán	**Caulicaun**	Callycane 1699	Calucane 1708	Kaulikane 1830
An Carragán	**Corragaun**	Carrowgane 1635	Carrogane 1661	Carrigawn 1832
An Cheathrú Bhán	**Carrowbaun**	Carrabane 1611	Carowbane 1661	Carrabane 1824
Cluaineán	**Cloonan**	Clonane 1635	Clunan 1680	Cloonane 1833
An Corrán	**Corraun**	Coraan 1792	Currane 1818	Currawn 1830
Leacán	**Lackaun**	Lackane 1585	Lackane 1661	Leckane 1833
Sián	**Sheean**	Sithane 1617	Sheehane 1699	Sheeane 1825

Is é an litriú *-ane* is mó a úsáideadh chun *-án* a léiriú sa Bhéarla go dtí aimsir na Suirbhéireachta Ordanáis, am a ndearnadh é a chaighdeánú le *-aun*, le cuid bheag eisceachtaí. Is cás spéisiúil é Derrartan < *Doire Artáin*, a léiríonn giorrú agus lárnú an ghuta sa siolla deireanach, sa Ghaeilge: féach tuilleadh air seo faoin ainm féin.

Sa chéad thábla eile, feictear iarrachtaí stairiúla an foirceann *-inn* a bhéarlú.

Béarlú an Fhoircinn -inn

Foirm Ghaeilge	**Foirm Bhéarla**	**Foirmeacha Éagsúla Stairiúla**		
Cnoc an Mhaoilinn	**Bleachyard**	Knockevulline 1611	Killwollin 1672	_____
?Cúil Bhairrinn	**Coolbarreen**	Coolebarrie 1617	Coolborreen 1797	Coolboureen 1820
Lios Muilinn	**Lismolin**	Lismolin 1615	Lismullen 1677	Lissmalynn 1830
Ros an Chaorthainn	**Rassakeerin**	_____	Rossakerine 1800	Rossakeerin 1829
Ceathrú an Chloiginn	**Carrow-claggan**	Carrowanclaiggin 1617	Carrueclaggin 1699	Carraclaggin 1820
Ceathrú Mhic Lochlainn	**Carrow-macloghlin**	Carrowmcloghelin 1635	Carrumagloghlin 1708	Carrowmclaughlan 1830
Duibhlinn Thuaidh	**Devlin North**	_____	Devlin 1812	Devlan 1834

Níl an tseasmhacht chéanna ag baint le béarlú an fhoircinn seo agus atá le béarlú an fhoircinn *-án*. Mar sin féin, is é an litriú *-in(e)* is coitianta. Sa chéad tábla eile, feictear iarrachtaí stairiúla an foirceann *-ann* a bhéarlú.

Béarlú an Fhoircinn -(e)ann

Foirm Ghaeilge	**Foirm Bhéarla**	**Foirmeacha Éagsúla Stairiúla**		
Bun Abhann	**Bunowen**	Bunowen 1607	Bunowan 1621	Bunowen 1818
An Cloigeann	**Claggan**	Claggen 1635	Clogan 1672c	Claggan 1830
Collann Mhór	**Collan More**	Collin 1617	Cullen 1715c	Cullinmore 1830

Níl seasmhacht mhór ag baint le béarlú an fhoircinn seo ach an oiread, ach is iad *-en* agus *-an* is coitianta mar litrithe Béarla sa dornán beag samplaí atá againn. Chuidigh an t-eolas ar na patrúin bhéarlaithe éagsúla seo breithiúnas a thabhairt ar shanas i gcuid cásanna tríd an chontae.

Déantar an guta a fhreagraíonn de *-ao-* na Gaeilge áitiúla a léiriú mar *-ee-* sa Bhearla, i ndiaidh [g], [k]. Is mar *-wee-* a léirítear sa Bhéarla é i ndiaidh [m], de ghnáth. Tá idirdhealú le sonrú i dtréimhsí éagsúla, go háirithe go luath sa 17ú haois

agus arís sa 19ú haois, ar bhéarlú na n-eilimintí *coill* agus *cill*: féach foirmeacha stairiúla samplaí Cuilmore < *An Choill Mhór* (*Keyllmore... Keilmore... Culmore*) taobh leo sin ina bhfuil *cill* mar bhuneilimint, a bhéarlaítear go seasta mar *Kill-*.

Léirítear thíos, trí bheagán samplaí, cuid eile athruithe a bhain do na logainmneacha sa Bhéarla. Ní áirítear anseo mionardú ná mionísliú guta ná dícharballú consan; níor tugadh mórán samplaí de dhí-urú faoi deara.

(i) Díshéimhiú. I measc go leor ainmneacha nach léirítear séimhiú cuí ina gcuid leaganacha stairiúla, féach Cuilmore < *An Choill Mhór* agus Srahacorick < *Srath an Chomhraic*.

(ii) Aistriú. Crowhill < *Cnoc an Phréacháin*. Fairhill < *Cnoc na Finne*. Rockfield < *Gort na Cloiche*. Rockfleet < *Carraig an Chabhlaigh*. Sandhill < *Cnoc na Gainimhe*. Wilford < *Áth Shaileach*. Is féidir gur próiseas é seo atá fós ar obair; tugtar [bɑrliˈhil] anois ar *Creagán na hEorna* agus tá [ˈfirnveːl] in úsáid ag cuid daoine do *Poll Raithní (Lynchaghan)*.

(iii) Mí-aistriú nó leathaistriú: Buckfield < *Cill Dabheoige*. Dooncastle < *Caisleán an Dúin*.

(iv) Ainm úr Béarla in ionad foirme Gaeilge: Deerpark / *Cionn Lughaidh*, Newport / *Baile Uí Fhiacháin* agus Rushbrook / *Faiche an Teampaill*.

(v) Foirceann iolra an Bhéarla ag freagairt do leagan iolra Gaeilge: Keeloges < *Na Caológa*, Rusheens < *Na Roisíní*.

(vi) Giorrú (agus lárnú) guta neamhaiceanta: [ˌkluːnˈkanəvən] < *Cluain Ceannabháin*.

(vii) [h] < [-x-] agus cailliúint [-x]; féach samplaí ábhartha faoi ainmneacha ar nós Aghagower, Mahanagh, Derryloughan East, Skerdagh Lower, Cloondahon, Knockballagh, Carrowtootagh agus Derrycleetagh. Féach áfach Cooloughra < *Cúil Luachra*, [ˌkulˈoxrə].

(viii) Haipléis: Drumminahaha < *Dromainn na hÁithe*, [ˌdro̝mənəˈhɑː].

(ix) Meititéis: Drumilra < *Droim Iolra*, [dro̝mo̝rlə].[57]

[57] Cf. Glenulra < *Gleann Iolra* i mbarúntacht Thír Amhlaidh, Derryilra i mbarúntacht Mhuraisce, agus *Inishilra* < *Inis Iolra* in Inse Mó i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill; tá Bunnanilra i Sligeach agus cúpla sampla de Drumanilra i Ros Comáin (*Census 1851*). Féach, mar sin féin, go n-úsáidtear an leagan

(x) Fadú guta mar chúiteamh ar chailliúint chonsain, sa (?)Bhéarla: *Gort an Mharla* [go̯rtəˈwɑːlə], Gortawarla.

[o̯rLə] san uatha sa ghnáthchaint i nGaeilge Acla agus Iorrais (Stockman 1974 342 §1555 agus 348 §1586; féach leagan iolra, *iolraí*, ag *ibid*. 97 §956; Iorras: Mac an Fhailigh 1968, 41 §178).

Barúntacht Chlann Mhuiris

An Ceantar Staidéir

Luaitear dúichí éagsúla leis an cheantar staidéir sa tréimhse mheánaoiseach: *Tír nÉanna*, *Tír Neachtain* agus *Críoch Fhear Tíre*. Féach ar dtús tagairtí stairiúla do na dúichí seo:

Tír nÉanna agus Tír Neachtain

1. [tir nechtain]	VMH (Theiner)143 [Hogan]	1289
2. Tír nEnna, ocus Tir Nechtain, ocus Muinnter Creac*h*áin	ALC i 578	1315
3. Tir nEna ┐ Tir Nechtain	AC 240 §17	1315
4. ar Tir Nechtain, agus ar Tir Nenda	Top. Poems (O'D) 46	1350c
5. Tír Nechtain is Tír nEnda	Top. Poems (O'D) 54	1350c
6. Neachtain, ó tta Tír Neachtain cona fineadhoibh... Eunda Eamhalach, o ttá Cinéul nÉunda	LMG i 430 §195.1	1650c
7. Tír Neachtain is Tír nÉanda... do Mhac Diarmada as dúthaigh	LMG iii 266 §941.10	1650c
8. Neachtan, ó tta Tír Neac*h*tain cona ffineadhaibh... agus Enna Eamhalach, a quo Cinel nEanda	LMG iii 378 §1052.3	1650c
9. Tyrnachtin	CEPR i 498	1289
10. Tyrnehathyn[1]	Eccles. Tax. (CDI) 213	1307c
11. [one theodum in] Tyrnaghtyn... Terneyn [and] Ternaghtyn	Inq. Ed III (Knox) 343	1333
12. ...de Tyrneyn & Tyrnaghten, Cryserdire	GO MS 192, 27	1347
13. [rectories of] Tyrnechtayn [and] Techayn[2]	CEPR vi 278	1412

[1] "Kilcolman is probably the church meant" (*Knox Hist. Tuam* 202). Féach, áfach, foirm 15 thíos, a bhfuil débhrí ag baint léi.

14. [...the place of] Tirnectin [and also of the chapel of] Cullicolman	CEPR xx 166 §246	1515
15. ... barony or territory of Claynemorish and in the territory of Tirenene and Tirrenaghlin	Fiants Eliz. §4669	1585
16. Tyrenaghtin	Incumbents [1591] 225	1591

Críoch Fhear Tíre

1. [cantred of] Crigfertur... [theodum of] Crigf[ ]... [John Prendergast]	Inq. Ed III (Knox) 343	1333
2. ...de Tyrneyn & Tyrnaghten, Cryserdire	GO MS 192, 27	1347
3. Cryfortyer	First Fruits	1585c

Ba leisc le Seán Ó Donnabháin cheartshuímh a áiteamh do na dúichí seo: “The position of these territories is unknown” (*Top. Poems* xxxvi, foilsithe 1862). Féach an tuiscint a bhí ag Knox orthu, timpeall caoga bliain ina dhiaidh: “The territory comes late into notice as Tir Nechtain and Tir Enna.. The northern part, consisting of the parishes of Kilcolman and Mayo, was called Tir Nechtain, and the southern part Tir Enna, but the boundaries between them are not known... An alternative name for the whole was Crich Fir Thire, which was also in a smaller sense applied to the parish of Kilvine, as Tir Nechtain was applied to that of Kilcolman [*sic*]...” (*Knox Hist*. 321).

Tá cuid solais as an nua caite orthu le déanaí ag MacCotter (2008, 137-8): “Tyrnaghtyn was the earliest name for Kilcolman parish (1306c) while Kilvine bears the *alias* Cryfortyer in 1584,[3] and this territory was still known as ‘Clanmorris, Tirenene and Tirnaghton’ in 1585. Ahena [townland] in Tagheen parish perhaps preserves the name of the eponym [*Éanna*] of the *theodum* of Tirenene. Crigfertur thus contained the parishes of Kilcolman, Kilvine, Crossboyne, Tagheen and Mayo... The

[2] Tá *Kyllcholmayn [and] Roslaeg*, is é sin, Cill Cholmáin, agus (paróiste) Ros Lao i mbarúntacht Cheara, luaite san iontráil chéanna.

[3] Leanann MacCotter anseo de thuairimí Knox. Féach áfach go luaitear *Kilwyen* < Cill Mhiáin mar bhiocáireacht (“vicarage”) san fhoinse seo agus *Cryfortyer* píosa maith ar ball san fhoinse chéanna mar reachtaireacht (“rectory”) agus nach féidir talamh slán a dhéanamh den cheangal.

[Anglo-Norman] cantred of Crigfertur, Tyrneyn & Tyrnaghtyn must derive from an earlier *trícha* which contained Crích Fer Tíre, Tír nÉnna and Tír Nechtain. These seem to have been three distinct *túatha* united into a single *trícha* but of their history virtually nothing is known. That Neachtan is made a son of Brión of the Connachta in the spurious pedigree of the latter suggests that the line claimed some antiquity here". (Is é sin, go n-áirítear Neachtan - nó *Neachtain*, san ainmneach, scaití - agus Éanna mar bheirt de cheathrar mac agus fiche Bhriain, mac le hEochaidh Muighmheadhóin, sna ginealaigh (mar shampla sa Ghinealach Mór: *LMG* i §195.1; foirm 6 thuas), áit a luaitear mac eile - Conall Oirisin – mar shinsear Fhir Umhaill). Is ábhar spéise é go luaitear Fir Thíre chomh maith le tuaisceart bharúntacht Cheara – ceantar pharóiste Thurlaigh, go príomha: féach tuilleadh sna hintreoracha do pharóistí na hEaglaise agus Thurlaigh sa bharúntacht sin (Imleabhar 5).

An bharúntacht á cruthú

Seo tuairisc a tugadh ar an bharúntacht i 1574; luaitear inti na caisleáin agus a sealbhóirí:

> "The Barony of Croslwyhin [*sic*], which containeth Mac Moris' country, 9 miles long and 8 miles broad. MacMoris chief in the same. [Gentlemen and Castles therein:] MacMoris of [Castle Macgarrett]; Walter Oge MacMoris of Nebry; Moyler MacMoris of Kenekely [and] Barrillagh; Richard MacMorris of Castle Barnan; Edmund MacRorie of [Doonmacreena]; Walter Oge MacRory of Castle Reagh; MacMoris of [Ahena and] Castlekeel; James Reogh MacMoris of [Ballykinava]"[4]
>
> *Cal. Carew MSS* iv 473 §5 / *Division Connaught 2 (Knox)* 346-7

Seo an leagan amach a tugadh ar an bharúntacht i 1585; tugtar ainmneacha béarlaithe an lae inniu do na tailte atá luaite, idir lúibíní cearnógacha:

[4] I dtaca le *Nebry*, féach Brees i bparóiste Mhaigh Eo. Maidir le *Kenekely*, féach Caltragh i bparóiste Chrois Bhaoithín. Féach plé ar *Barrillagh* faoi Barreel i bparóiste Theach Chaoin. Ní léir suíomh *Castle Barnan*: féach, áfach, faoi ainm paróiste Chill Cholmáin. Féach tuilleadh ar *Castlekeel* faoi Castlemagarretpark New i bparóiste Chrois Bhaoithín. Thug Knox leaganacha oifigiúla Béarla i gcás na n-ainmneacha eile, faraor.

> "In the Barrony of Crosbohin alias Clanmorrish... Brey [Brees]... seven qr; Derowle [Derryowle Lower]... 14 qrs; Morneene [Murneen]... 12 qrs; Castlekeele [féach faoi Castlemagarretpark New]... 3 qrs; Castlemcgarrett [féach faoi Castlemacgarret North]... 4 qrs; Downemckreny and Castlereogh [Doonmacreena, Castlereagh]... 22 qrs; Carrowbeg [Carrowbeg East]... 4 qrs; kenkilly [féach Caltragh]... 14 qrs; Ahena [Ahena]... 6 qrs; Clogher [Clogher Beg, Clogher More]... 2 qrs; Berreil [Barreel]... 4 qrs; Cnockanecoile [ní léir a shuíomh]... one qr; Ballenstanford [Ballinastangford Lower, Ballinastangford Upper]... 3 qrs; Ballinmacadam [féach faoi Clogher Beg, Clogher More]... 3 qrs; also the sept of Rickard fyn hath a quantitie of land consisting of eight qrs [féach faoi Lagaturrin]; the sept of Montercullenane hath a quantitie of land consisting of 4 qrs [ní léir a shuíomh]; Clonbannoff [Cloonbonniff]... four qrs; Ballimcrickard... 2 qrs [féach faoi Lagaturrin]; kilvenhen [Kilvine]... 2 qrs; Rouske [Roosky, Rooskybeg]... two qrs; Cowlero [Coolroe]... 2 qrs; Clonedynett [ní léir a shuíomh]... one qr; Ballychranna and Termon [Balla]... 24 qrs; abby of Ballinsmala [Ballinsmaula]... one qr; kiluodane [féach faoi Garryanabba]... 2 qrs; Crosboyhin [Crossboyne]... one qr; kilcollo [Brownhall Demesne]... 4 qrs; ... abby of Mayo [féach ainm paróiste Mhaigh Eo]...; Cappagh and Derhadda [Cappagh North, Cappagh South / Derryfadda Lower, Derryfadda Upper]... 2 qrs; knockdoroghy and Ballennaster [Knockadorroghy / Ballinaster]... one qr; Clougheline [féach faoi Freeheen agus Ainmneacha Eile, paróiste Mhaigh Eo] and freeken [Freeheen]... one qr; lyannagh and purte [Lehanagh / Portagh]... one qr; Ballehumlare and Swiganagh [Ballymulvahill / Shinganagh]... one qr; Balliclanrestens [ní léir a shuíomh]... one qr... in the whole within the said Barrony of Clanmorrish cometh to 300 qrs, whereof belongeth to her Matie. eight qrs and to the Bishoprick of Tuam 24 qrs"
>
> *CBC* 94-5

Paróistí Sibhialta

Tá 298 baile fearainn sa bharúntacht seo, agus iad rannta idir na paróistí sibhialta mar seo a leanas: Balla (22), Cill Cholmáin (83), Cill Mhiáin (14), An Cnoc (10), Crois Bhaoithín (78), Maigh Eo (45) agus Teach Chaoin (46). Tugtar faoi deara go bhfuil cuid bheag de pharóiste Mhaigh Eo suite i mbarúntacht Chill Mheáin; tá formhór pharóiste an Chnoic suite i mbarúntacht Choistealach.

Féach tagairtí do luathlonnaíochtaí eaglasta na bparóistí sna tráchtaireachtaí ar ainmneacha na bparóistí féin.

Foinsí

Féach plé ar fhoinsí ginearálta an tsaothair seo san Intreoir Sraithe.

Níl ach corrthagairt fhánach Ghaeilge d'ainmneacha na mbailte fearainn sa bharúntacht seo le sonrú sna foinsí móra dúchasacha, i gcomparáid le barúntachtaí ar nós Cheara, Ghaileang agus Thír Amhlaidh. Baineann na tagairtí Gaeilge seo go háirithe le paróiste Bhalla, a áiríodh - gach seans - mar chuid de dhúiche Cheara, go stairiúil.

Foinse dhéanach thábhachtach Bhéarla, go háirithe i dtaobh rannta atá tite i léig, is ea na léarscáileanna eastáit ar a dtugtar *Garret Moore Maps* (1721c).

Tugtar faoi deara fosta go ndéantar tagairt in Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis (*ALSO*) d'fhoirmeacha a tógadh ó *Bald's Original County Map*, *Bald's Barony Map*, agus *Bald's Engraved Co. Map*. Liostaítear na foirmeacha seo thíos más difriúil iad ó fhoirmeacha léarscáileanna eile Bald ón tréimhse chéanna (1811-1830) a bhfuil teacht orthu go fóill (*Bald*, *Bald's Bogs*). Liostaítear thíos, fosta, foirmeacha de chuid na bhfoinsí déanacha Mórleabhair Chíosa Scoir (*Quit Rent Ledger* nó *QRL*) agus Leabhair Shocraithe Deachún (*Tithe App. Books*) a thugtar sna hAinmleabhair, más difriúil iad ó fhoirmeacha ó bhunchóipeanna de na foinsí seo a bhfuil teacht againn orthu inniu.

Faisnéiseoirí:

Paróiste Bhalla:

BAL1: Anne Forde, Garhawnagh. 06.08.09

BAL2: PJ O'Brien, Balla. 06.08.09

Paróiste Chill Cholmáin:

CChL1: Mary Hunt, Barnycarroll. 06.08.09

CChL2: Robert Cosgrove, Clare. 27.03.13

Paróiste Chill Mhiáin:

CMhN1: Bridie Clarke, Garrafrauns, paróiste Chill Mhic an Bhaird, Gaillimh. 14.07.09

Paróiste an Chnoic:
CNC1: Nollaig Ó Muraíle, Drum (*Wingfield*). 12.08.09

Paróíste Chrois Bhaoithín:
CRB1: Tom Charles (Senior), Drumady. 07.08.09
CRB2: Tom Charles (Junior), Drumady. 07.08.09
CRB3: PJ Hayes, Curraghadooey. 07.08.09
CRB4: Ann Moran, Lawaus. 07.08.09

Paróiste Mhaigh Eo:
ME1: Magaret Byrne, Mayo Parks. 06.08.09
ME2: Brendan McDonagh, Facefield. 06.08.09
ME3: Dominic Jordan, Coolaghbaun. 06.08.09
ME5: Gerard Maguire, Ardcorky. 28.03.13

Paróiste Theach Chaoin:
TC1: Dermot O'Reilly, Ahena. 08.08.09
TC2: Pat Nestor, Barreel. 08.08.09
TC3: Jarlath Nestor, Barreel. 08.08.09
TC4: John Gilligan, Carrowkeel. 08.08.09

Síothlú na Gaeilge sa Cheantar Staidéir ag tús an 20ú hAois

Is ar éigean atá gá a lua go raibh Ó Donnabháin ábalta foirmeacha Gaeilge a bhunú ar leaganacha áitiúla Gaeilge i ngach aird den bharúntacht in 1838.

Ba i gClann Mhuiris a bhí an céatadán ba lú de chainteoirí dúchais Gaeilge, taobh le barúntachtaí eile an chontae, i 1911. Tugtar na figiúir seo a leanas de réir toghroinne don bhliain 1911: Bealach Abhla 43.6%; Muirnín 27.3%; Cill Cholmáin 26.3%; Maigh Eo 32.8%; An Clochar Mór 39.5%; Teach Chaoin 48.3%; Crois Bhaoithín 42.9%; An Garraí Dubh 52.4%; Baile an Daighin 32.3%; Cill Mhiáin 66.7%; An Cárán 26.3%; Clár Chlainne Mhuiris 27.4% (*CG* 1911).

Léiríonn na figiúir inchurtha don bhliain 1925 titim mhór i líon na gcainteoirí dúchais Gaeilge i dtuaisceart, iarthar agus lár na barúntachta; léirítear ardú i líon na

gcainteoirí dúchais Gaeilge i dtoghrannta an Cháráin agus Bhaile an Daighin, áfach, más fíor: Bealach Abhla 10.8%; Muirnín 22.2%; Cill Cholmáin 2.2%; Maigh Eo 9.5%; An Clochar Mór 35.2%; Teach Chaoin 12.5%; Crois Bhaoithín 13.2%; An Garraí Dubh 48.3%; Baile an Daighin 46.7%; Cill Mhiáin 62.4%; An Cárán 32.8%; Clár Chlainne Mhuiris 4.1% (*CG* 1925).

Ainm Barúntachta: Clann Mhuiris

M271838; 90, 91 *"short (mountain) field"*

1. Garhawneghbegge, Garhawneghmore	Inq. ME II.249	1617
2. Garhownaghmore, Garhownighbebb [*sic*]	Inq. ME III.403	1635
3. qr of Garrhawnabegg; and the qr of Garrhawnaghmore	Strafford Inq. §127V	1635
4. Garhawnaghmore and Garhawnaghbegg 2 qrs.	ASE 275b	1683
5. Garhawnamore & Garhawnabeg 2 qrs	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
6. Garrhaunaghmore 1 qr; Garrhanaghbegg 1 qr.	L. Blosse Papers 209 §103	1750c
7. Garhawnamore & Garhawnabegg		

2 qrs	QRL 2A.6.70, 521	1787
8. Garhavnagh	Tithe App. Book §59	1830
9. Garhownagh	ST (ALSO)	1838
10. Garhownagh	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
11. Garhawnagh	T O'C (ALSO)	1838
12. Gear Thamhnach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Ge[...]r thamhnach "short field"	J O'D (ALSO)	1838
14. An G[h]earrthamhnach	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
15. ˌgɑrˈhaunə	BAL1	2009

"182a. 0r. 15p. of arable ground and pasture land, including 17a. 2r. 16p. of ground subject to floods in winter. [Situated] in the southern part of the parish. Bounded on the east by Garrowgorrive and Carrownahaan, west by Ardbolee North and [Ardbolee] South and north by Poulavaddy and south by Ardbolee South. Gerrard O'Moore Esq. is proprietor. [There is] an ancient fort on its western boundary" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe i ndeisceart na roinne agus cuid bheag tithe san oirthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios suite ó thuaidh de thurlach ar an teorainn thiar thuaidh le Pollavaddy (M272842). Léirítear talamh carraigeach sa tuaisceart. Tá an baile fearainn seo suite ar thalamh atá idir 50-60 méadar ar airde.

Tá an bhuneilimint bhaininscneach *tamhnach* "a green place, clearing < taman?" (*DIL* sv. *tamnach*), "grassy upland; arable place in mountain" (*Ó Dónaill*), "field" (*DUP* 156 sv.) réamhcháilithe anseo ag *gearr* "short (of space or time)" (*DIL* sv. *gerr*).

Cf. Garracloon / *Gearrchluain* agus Gurlaun Island / Gearroilean i nGaillimh, agus samplaí de Gargrim / *Gearrdhroim* i nDún na nGall agus Liatroim (www.logainm.ie), nach gcuirtear alt leo.

Lagaturrin	Log an tSoirn	
M253830; 90	*"the hollow of the kiln"*	
1. Legatwore in Lafallam Rickard,[13]		
cartron of	Strafford Inq. §112V	1635
2. Lagetorne, Myles Fitzmorrish of	Reg. Deeds Lib. 56, 199 §37594	1728
3. Lagaturn	Tithe App. Book §59	1830
4. Lagaturn	Bald	1830
5. Lagaturn	ST (ALSO)	1838
6. Lagaturn	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
7. Laggaturn	T O'C (ALSO)	1838
8. correcte Laggatorran if not		
Laggaturn	T O'C (nóta, scriosta; ALSO)	1838
9. Luggaturrin	J O'D (scriosta; ALSO)	1838
10. Lag a Turrainn	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
11. Lag a Torrainn	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
12. Lag a torrainn "hollow of the noise"	J O'D (ALSO)	1838
13. Lag an tSoirn	Ó Muraíle: Notaí	1990c
14. ˌlagəˈt̪ɔrn	BAL1	2009
15. ˌlagəˈt̪ɔrən	ME2	2009

"138a. 1r. 1p. or arable and pasture land, including 1a. of marsh and 11a. 2r. 20p. of plantation. [Situated] in the south western part of the parish... Bounded on the east by Ardbolee North and [Ardboley] South, west by Roslee Parish [in Carra barony], north by Ballykerrigan and south by Ballymackeogh. Captain Fitzmorris is proprietor.

[13] 1. sept of Rickard fyn hath a quantitie of land consisting of 4 qrs... Ballimcrickard... 2 qrs — CBC 94 — 1585
2. the sept of Rickard fynn consisting of 8 qrs... Ballimacrickard... 2 qrs — CBC 100 — 1585
3. Levallie Mc Ricarde... Levally Mc Ricard — Inq. ME II.229 — 1617
4. Levalli Mc Rickard — Inq. ME II.231 — 1617
5. Lafallam Rickard, cartron of Legatwore in — Strafford Inq. §112V — 1635
6. BallymcRiccard, 3 cartrons in — Strafford Inq. §154 — 1635
7. LeffallymcRickard, ½ qr in — Strafford Inq. §155V — 1635

Logaturn House is situated on its western boundary, the residence of the proprietor. The Castlebar - Ballinrobe road passes through it" (*ALSO*). Diomaite den teach mór, léirítear cuid áitreabh san oirthear agus le hais an bhóthair thuasluaite a reáchtálann anoir aduaidh trí lár na roinne. Tá an roinn seo suite ar thalamh atá idir 40-60 méadar ar airde; íslíonn an talamh le fána go 30 méadar ar airde san iardheisceart, áit a bhfuil lochán (M252825), agus san oirthuaisceart; reáchtálann sruthán anoir ar an teorainn thuaidh.

Is í *log* "place; (dwelling) place, habitation; hollow, pit, ditch; burial place, grave" (*DIL* sv. 1*loc*I,II), "hollow" (*DUP* 154 sv. *log*) an bhuneilimint anseo.

Ar fhianaise bhunús na bhfoirmeacha stairiúla, moltar *sorn* "(Lat. *furnus*)... a furnace, oven, kiln" (*DIL* sv.) mar cháilitheoir, seachas an eilimint neamhchoitianta *torann* "thunder; loud noise; noise of battle" (*ibid*. sv.).[14] Ní gá leaganacha malartacha de *teorainn* (cf. *ibid*. sv. *tórann* "o,n.... share, division; boundary, limit; confines, territory"; firinscneach ag *Dinneen* sv.) a chur san áireamh, is léir. Tá *sorn* maíte mar eilimint i gcuid logainmneacha; "the word is often applied to a lime-kiln... [as in] Drumnasorn [in] Donegal... Aghnasurn [in] Roscommon... Soran [in] Longford and Sorne [in] Donegal" (*Joyce* ii 228). Tá leagan malartach (*torn*: féach *Dinneen*) den fhocal *sorn* teastaithe sa logainm Turin < *Torn* i mbarúntacht Chill Mheáin (*Lethbhaile Tuirn* i *Seanchas Búrcach* §11); féach fosta Cloonturnaun i mbarúntacht Choistealach.

Lagnamuck	Log na Muc	
M244848; 90	"*the hollow of the pigs*"	
1. Lagnamuck	Tithe App. Book §59	1830
2. Lagnamuck	Bald	1830
3. Lognamuck	ST (ALSO)	1838
4. Lognamuck	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
5. Lagnamuck	T O'C (ALSO)	1838
6. Lugnamuck	J O'D (ALSO)	1838
7. Lag na muc	J O'D (p.l.; ALSO)	1838

[14] Tá amhras ag baint leis an dá thagairt ina luaitear an leagan *torn* den fhocal *torann* in *DIL*. Sa dá shampla, is féidir *torn* < *sorn* a léamh go furasta ón chomhthéacs. Féach mar shampla, "pláigh na péine ifreannda 'na torn teintidhe gan traothadh" (ón fhoinse *Three Shafts of Death* le S. Céitinn, eag. Bergin, 1931). Féach samplaí de logainmnecha le heilimintí a bhaineann le trup nó torann faoi Listrisnan i mbarúntacht Ghaileang.

8. Lag na muc “hollow of the pigs”	J O’D (ALSO)	1838
9. ˌlagnəˈmo̤k	BAL1	2009

“173a. 0r. 38p. of arable and pasture land, including 48a. 3r. 0p. of bog and 28a. 1r. 0p. of plantation, the greater part of which is included in Athavallie Demesne. [Situated] in the western part of the parish... Bounded on the east by Moat, west by Tullybeg, north by Manulla Parish [in Carra barony] and south by Tullymore. Sir F. B. Lynch is the proprietor. The Castlebar and Swineford road forms its northern boundary” (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa bhaile fearainn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ba chuid de dhiméin *Attavally* í an roinn seo, diomaite de chuid bheag den tuaisceart. I dtaca le *Attavally Demesne*, féach Moat thíos. Léirítear foraois (phlandála: cf. Moat thíos) in iarthar agus oirthear na roinne. Tá droim talaimh 71 méadar ar airde ar an teorainn thoir; titeann an talamh le fána go 40 méadar ar airde siar ón droim seo; reáchtálann sruthán go lúbach anoir aneas ar an teorainn thiar; tá cnoic idir 50-60 méadar ar airde sa tuaisceart.

Tá *log* “place; (dwelling) place, habitation; hollow, pit, ditch; burial place, grave” (*DIL* sv. 1*loc*I,II), “hollow” (*DUP* 154 sv. *log*) cáilithe anseo ag iolra de *muc* “a pig, a sow” (*DIL* sv. *muc(c)*(a)).

Legaun An Liagán

M253856; 79, 90 *“the standing stone”*

1. Leigane	Inq. ME II.247	1617
2. Leygane, the qr of	Strafford Inq. §127	1635
3. Mote 4 qrs. (vizt.) Legann 1 qr....	BSD 72	1661
4. Ballynrelesey 4 qrs.[15] viz. Legane,		

[15] 1. duthaid hi chuc*á*i*n* [.i.] bali lis aichi as ris adearar baile in recleis — L. Lec. 73a v.b 15-6 — 1410c

2. M*e*c gilla f*h*aelan can f*h*ell... sa regl*eu*s mor m*hura*rac*h* — L. Lec. 73a v.b 14-6 — 1410c

3. Duthaidh Í Chuachain, Baile Lis Aiche; as ris adearar Baile an Regles — LMG i 612 §271.16 — 1650c

4. Mec Giolla Fhaoláin gan fheall / brughadha úaisle, áirmheam / degléus ar a slogh sleaghach / sa Regleus mhór muirearach — LMG i 632 §279.2 — 1650c

Gilliffe, Calrine and Ballimore	ASE 275a	1683
5. Ballyneclessy 4 qrs, Legane 1 qr., Gillise 1 qr., Colrine 1 qr. & Ballinsussy 1 qr.	CRL 2A.3.16, 139a	1710c
6. Ballyneclessy 4 qrs. vizt. Legane 1 qr., Gillisse 1 qr., Cobrine 1 qr. & Ballinrussy 1 qr.	QRL 2A.6.70, 516	1787
6. Leegane	Tithe App. Book §59	1830
7. Legaun	ST (ALSO)	1838
8. Legane	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
9. Leegaun	T O'C (ALSO)	1838
10. Liagaun	T O'C (ALSO)	1838
11. Legaun	T O'C (ceartú; ALSO)	1838
12. Liagán	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Liagán "a standing stone"	J O'D (ALSO)	1838
14. ˈli:gɑ:n	BAL1	2009

"176a. 1r. 0p., including 14a. 2r. 10p. of bog. [Situated] in the north western part of the parish... Bounded on the east by Ballyrourke, Soorish and Glebe, west by Drimadoon, north by Manilla Parish [*sic*; in Carra barony], and south by Moat. Sir F. B. Lynch is proprietor. There is a tuck and corn mill on the eastern boundary. [The] lodge, the seat of Henry Waldron Esq., is situated close to its southern boundary" (*ALSO*). Léirítear

---

5. Ballynrilesye 4 qrs	CPR Jas I 581b	1611
6. Ballean Rilesee	Inq. ME II.247	1617
7. Ballynrelesey 4 qrs. viz. Legane, Gilliffe, Calrine and Ballimore	ASE 275a	1683
8. Ballyneclessy 4 qrs, Legane 1 qr., Gillise 1 qr., Colrine 1 qr. & Ballinsussy 1 qr.	CRL 2A.3.16, 139a	1710c
9. Ballenreeleas... Ballenreeleas als Moate	Garret O'Moore Maps 1, 2	1721c
9. Ballinrelease otherwise Mote	L. Blosse Papers 197 §85	1783c
10. Ballyneclessy 4 qrs. vizt. Legane 1 qr., Gillisse 1 qr., Cobrine 1 qr. & Ballinrussy 1 qr.	QRL 2A.6.70, 516	1787

Cf. *recclés* aistrithe mar "church" i gcomhthéacs Mhaigh Eo in *AFM* (ii 1170, 1169AD).

áitribh le hais bóthair a reáchtálann aneas ar an teorainn thiar, agus cuid tithe i bhfíordheisceart, fíorthuaisceart agus i gcomharsanacht an mhuilinn san oirthear, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá droim talaimh 56 méadar ar airde i lar an bhaile fhearainn. Léirítear fuarán darb ainm *Pollnabaghalla* < *Poll na Bachaille* in oirdheisceart na roinne: “a remarkable hole, from which issues a strong current of water” (*ALSO*).

Is forbairt ó *liag* “stone... standing stone, pillar stone, usu. of a memorial stone, one marking place of death or burial... gs. *liacc*... gp. *líac*” (*DIL* sv. 1*lía*(a,b)) é *liagán* “stone pillar, obelisk” (*DIL* sv. *líacán*), “stone; standing stone, monolith” (*Ó Dónaill*).

Is den bhunús céanna é Legan i mbarúntacht Mhuraisce (*Carrowenlegon*: *Inq. ME I*.19, 1607); cf. fosta Leegane i Loch Garman (*Census 1851*). Féach fosta samplaí de Knockalegan i mbarúntachtaí Thír Amhlaidh, Bhuiríos Umhaill agus Chill Mheáin.

Moat	An Móta	
M250843; 90	*“the mound”*	
1. Moate, 2 qrs of	Strafford Inq. §127	1635
2. Mote 2 qrs.... Mote 4 qrs. (vizt.) Legann 1 qr., Gillisse 1 qr., Gull Rym 1 qr., Bally Roe 1 qr.	BSD 72	1661
3. Mote	Hib. Del. Mayo	1672c
4. Mote 2 qrs.	ASE 275b	1683
5. Mote 2 qrs	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
6. Moat	Price, Senex & Maxwell	1721c
7. Ballenreeleas[16] als Moate	Garret O’Moore Maps 2	1721c
8. Mote, Thady Coghlan of	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
9. Several lands of Moat or Cloghans in Mayo & Kings County	Reg. Deeds Lib. 53, 449 §36355	1727
10. Moate, Thady Coghlan of	Reg. Deeds Lib. 57, 121 §37595	1728
11. Moate, Thady Coghlan of	Reg. Deeds Lib. 90, 236 §64038	1738
12. Moate	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
13. Moate	L. Blosse Papers 208 §103	1750c
14. Moat, Sir Robert Lynch Blosse of	L. Blosse Papers 195 §79	1763

[16] Féach foirmeacha stairiúla an iarbhaile seo faoi Legaun thuas.

15. Moate, Sir Robert Lynch Blosse of	L. Blosse Papers 196 §82	1774
16. Ballinrelease otherwise Mote	L. Blosse Papers 197 §85	1783c
17. Moat, Sir Robert Lynch Blosse of	L. Blosse Papers 197 §84	1784c
18. Moate 2 qrs	QRL 2A.6.70, 521	1787
19. Moat, Peter Lynch of	L. Blosse Papers 214 §110	1792
20. Mote, Peter Lynch at	L. Blosse Papers 130 §21	1801
21. Moat	Arrowsmith	1811
22. Moat Demesne	Lynch-Blosse Maps	1811
23. Moat	Tithe App. Book §59	1830
24. Moat	Bald	1830
25. Moat	ST (ALSO)	1838
26. Moat	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
27. Moat	T O'C (ALSO)	1838
28. Mota	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
29. Móta "a moat"	J O'D (ALSO)	1838
30. ˈmoːt	BAL1, BAL2	2009

"201a. 1r. 12p. of arable and pasture land, including 38a. of bog and 27a. 3r. 30p. of plantation. [Situated] in the western part of the parish... Bounded on the east by Ballykerigan and Balla, west by Lognamuck, north by Legaun and Drimadoon, and south by Lagaturn, Tullymore and Rosslee Parish [in Carra barony]. Sir F. B. Lynch is proprietor. Athavallie House, the late residence of the proprietor is situated near its northern boundary which is the Castlebar and Swineford road" (*ALSO*). Léirítear teach mór ar a dtugtar *Attavally*[17] i lár thuaidh na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; chlúdaigh an diméin iomlán na roinne seo, bunús Lagnamuck agus cuid de Balla.

Samhlaítear lonnaíocht Angla-Normannach leis an eilimint *móta* "(... cf. Eng. *moat* orig. = 'mound') a mound... a mount" (*DIL* sv.), go minic. Is ábhar spéise nach luann Knox suíomh móta leis an bhaile fearainn seo ina shuirbhé cuimsitheach (Knox 1911-12). Liostaítear láthair gar don teach mór mar fhéidearthacht i dtaobh suímh mhóta in *Monuments* (§90: M254847).

Tá *An Móta* socraithe mar leagan Gaeilge de shamplaí den ainm Moat i gCill Chainnigh (*L. Log*. 38), Port Láirge (*L. Log*. 39) agus san Iarmhí (*GÉ* 138). Tá samplaí

[17] *Áit an Bhaile*. Cf. samplaí de Attavally i mbarúntachtaí Iorrais, Ghaileang agus Cheara.

eile den ainm seo i mbarúntachtaí Cheara agus Choistealach sa chontae seo, sa Chabhán, i nGaillimh, sa Mhí, agus i Laois (*Census 1851*). Tá *Móta* molta mar leagan Gaeilge Woodlawn i nGaillimh (*GÉ* 138).

Pollavaddy	Poll an Mhadaidh	
M269846; 90, 91	*"the pool of the dog"*	
1. Pollavady	Garret O'Moore Maps 2	1721c
2. Poulawaddy & Garrinitia	Lynch-Blosse Maps	1811
3. Polavady	Tithe App. Book §59	1830
4. Pulavady	Bald	1830
5. Poulavaddy	ST (ALSO)	1838
6. Pullavaddy	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
7. Poulawaddy	Áitiúil (ALSO)	1838
8. Pollavaddy	T O'C (ALSO)	1838
9. Poll a mhadaidh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Poll a mhadaidh "the dog's hole"	J O'D (ALSO)	1838
11. ˌpo̤lə'vadi	BAL1	2009

"388a. 0r. 8p., including 13a. 3r. 28p. of bog and 62a. 0r. 10p. of ground subject to be flooded in the winter season. [Situated] near the centre of the parish... Bounded on the east by Carrownahaan and Ballyclogher, west by Ardbolee North and Balla, north by Ballymacloughlin and Ballyclogher, and south by Ardbolee South. Sir B. Lynch is proprietor. North of the Castlebar - Swinford road is situated Poulawaddy or the Dog Hole, into which Lough Aveely empties itself. It also gives name to this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh le hais an bhóthair thuasluaite, a thrasnaíonn lár thuaidh an bhaile fhearainn aniar, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lochán beag ar a dtugtar *Pollavaddy* ó thuaidh den bhóthar, ceart go leor (M268850); is cosúil, in ainneoin na tuairisce thuas, go n-éiríonn sruthán as a reáchtálann anoir aneas ar an teorainn thiar thuaidh agus ar ball go *Lough Aveely* atá ar theorainn thuaidh na roinne. Léirítear turlach darb ainm *Pollaghard* in iardheisceart an bhaile fhearainn. Tá lios ar an teorainn theas le Garhawnagh (M272842).

Tá an chosúlacht air go dtagraíonn an eilimint *poll* "hole; pool, puddle; burrow, lair" (*Ó Dónaill*) do locháin bheaga ar thalamh riascach san ainm Murrisknaboll i mbarúntacht Mhuraisce (féach fosta faoi Ballynaboll North i mbarúntacht Cheara). "In place-names, [*poll*] generally denotes a cave or pool" (*DIL* sv. *poll*). Is cosúil, áfach, gur

úsáideadh *poll* mar bhuneilimint i gciall a bheadh a mhórán nó a bheagán inchurtha le “log” i gcuid ainmneacha bailte fearainn eile sa chontae seo; féach, mar shampla, faoi Pollaweela i mbarúntacht Chill Mheáin.

Tá *madadh* “dog” (*DIL* sv. *matadh*) teastaithe i gcuid ainmneacha áitiúla eile, ar nós na n-ainmneacha inchurtha Pollawaddy i bparóiste Mhaigh Eo sa bharúntacht seo féin, agus Pollawaddy i mbarúntacht Cheara. Féach fosta Grallagh < *Greallach na Madadh* i mbarúntacht Choistealach, Glennamaddoo < *Gleann na Madadh* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (agus Glennamaddy, atá den bhunús céanna, i nGaillimh; *GÉ* 112). Moltar *madra* “the plant madder” (*DIL* sv.) mar eilimint cháilithe san ainm Houndswood Middle < *Coill Mhadra Láir* i mbarúntacht Chill Mheáin.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile ar feadh i bhfad, sna foinsí, is léir: féach cuid féidearthachtaí faoi *Ainmneacha Eile*, thíos.

Rathduff	An Ráth Dubh	
M273825; 90, 91	*“the black fort”*	
1. Rathduffe	Inq. ME I.104	1622
2. Rathduff	Inq. ME II.247	1617
3. Rathduffe, the qr of	Strafford Inq. §127V	1635
4. Raghduffe 1 qr.	BSD 71	1661
5. Raghduffe	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Turmanballagh 6 qrs....		
Rathduffe 1 qr.	CRL 2A.3.16, 140b	1710c
7. Raduffe	Garret O’Moore Maps 2	1721c
8. Rathduffe & Ballybyoggy	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
9. Rathduff 1 qr.	L. Blosse Papers 209 §103	1750c
10. lands of Raduff and Lavalintlevey	L. Blosse Papers 197 §84	1784c
11. Turmanballagh 6 qrs....		
Rathduffe 1 qr.	QRL 2A.6.70, 524	1787
12. Rathduff	Lynch-Blosse Maps	1811
13. Raduff, Raduff West	Tithe App. Book §59	1830
14. Rathduff	Bald	1830
15. Rathduff	ST (ALSO)	1838
16. Rathduff	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
17. Rathduff	T O’C (ALSO)	1838

18. Rath Dhubh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
19. Rath dubh "black rath or earthen fort"	J O'D (ALSO)	1838
20. An Ráth Dhubh	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
21. An Ráth Dubh	www.logainm.ie	2004c
22. raˈdo̤f	BAL1	2009

"431a. 0r. 39p. of arable ground and pasture land, including 1a. 1r. 10p. of marshy ground. [Situated] in the southern part of the parish... Bounded on the east by Poulavaddy and Garhownagh, west by Ardbolee North and [Ardboley] South and on the north by Poulavaddy and south by Mayo Parish. Sir F. B. Lynch is proprietor. A bye-road passes through the [north] east part of the townland, and south west of this toad stands Rathduff Fort" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais an bhóthair seo i dtuaisceart na roinne, agus an lios suite sa chomharsancht chéanna (M274832), ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; léirítear cuid bheag áitreabh eile scaipthe trí lár an bhaile fhearainn. Tá an baile fearainn seo rannta idir paróistí Bhalla agus Mhaigh Eo; tá breis agus 193 acra eile i sciar (thuaisceart) pharóiste Mhaigh Eo.

Is baininscneach (tabharthach *ráith*, ginideach *rátha* de ghnáth) atá an eilimint *ráth* "m. and f. Original gender doubtful... an earthern rampart... a fort, rath" (*DIL* sv. 2*ráth*) i mbunús mór na n-ainmneacha sin a bhfuil sí iontu i mbarúntachtaí eile an chontae; féach an plé, agus samplaí, faoi Cornaroya i mbarúntacht Chill Mheáin. Tá eisceachtaí ann, áfach, ar nós Rabaun < *An Ráth Bán* i mbarúntacht Ghaileang agus Rathbal < *Ráth Balla*[18] i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Ní fheictear rian de shéimhiú ar thúschonsan na heiliminte cáilithe i gcás Rathbaun i bparóiste Chill Bhéalad i mbarúntacht Thír Amhlaidh anuas go dtí aimsir na Suibhéireachta Ordanáis, agus leanann na foirmeacha stairiúla thuas an patrún céanna (féach go háirithe foirm 18 thuas); féach, áfach, gur moladh leagan firinscneach i 2004c (foirm 21). Tá *ráth* cáilithe anseo ag *dubh* "black, swarthy, dark" (*DIL* sv. *dub*I).

Tá Rathduff eile i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá *An Ráth Dubh* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Rathduff i Lú (*L. Log*. 19) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 112). Tá *An Ráth Dhubh* socraithe mar bhunfhoirm de shamplaí i gCill Chainnigh (*L.*

[18] Tá *balla* "wall, rampart" teastaithe sa Ghaeilge Chlasaiceach (*DIL* sv. 1*balla*) agus moltar mar cháilitheoir san ainm áirithe seo é.

Log. 41), Corcaigh agus Loch Garman (www.logainm.ie). Tá bailte fearainn eile darb ainm Rathduff i Laois, an Iarmhí, Ceatharlach agus Ciarraí (*Census 1851*).

Tully Beg	An Tulaigh Bheag	
M239845; 90	"*the hillock, small*"	
1. Tullebeg	Inq. ME II.283	1617
2. Tullagh Beege [*sic*] 1 qr.	BSD 72	1661
3. Turloghbeg [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
4. Tullaghbegg qr.	ASE 245a	1677
5. Tullybeg	Garret O'Moore Maps 1	1721c
6. Tullybeg	Tithe App. Book §59	1830
7. Tullabeg	Bald	1830
8. Tullybeg	ST (ALSO)	1838
9. Tullybeg	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
10. Tullaghbeg	T O'C (ALSO)	1838
11. Tulla' beag "little hole" [*sic*]	J O'D (foghrú; ALSO)	1838
12. Tulla Beag	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Tullybeg	J O'D (ALSO)	1838
14. An Tulach Bheag	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
15. ˌto̯liˈbɛg	BAL1	2009

"114a. 1r. 28p. [including] 28a. 1r. 0p. of bog and 25a. 1r. 24p. of brushwood. [Situated] in the western part of the parish... Bounded on the east by Lognamuck, west by Manulla Parish and south by Tullymore and by Culmore Lough [recté *Cuilmore Lough*]. It is the property of Co[l]. Brown" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá droim carraigeach talaimh atá 42 méadar ar airde i lár an bhaile fhearainn.

Léirítear cuid luaineachta idir an claonleagan *tulaigh* agus an bhunfhoirm *tulach* "hill(ock), mound" (*DIL* sv. 1*tulach*(a)), "low hill; hillock, mound" (*Ó Dónaill*), "hillock" (*DUP* 156 sv.) sna foirmeacha déanacha thuas. Is féidir gurb é an droim talaimh i dtuaisceart Tully More, ar a bhfuil trí lios suite, an *tulach* a spreag na hainmneacha seo. Mar sin féin, ní léir, go conclúideach, an dtagraíonn na cáilitheoirí *Beag*, *Mór* d'achar na rannta nó d'airde na gcnocán.

Tá Tully Beg eile i mbarúntacht Cheara; féach fosta Tullybeg Glebe i bparóiste Mhaigh Eo sa bharúntacht seo. Tá samplaí eile i nDún na nGall, Gaillimh (*Census 1851*) agus Uíbh Fhailí (*L. Log*. 35 sv. *An Tulaigh Bheag*).

Tully More	An Tulaigh Mhór	
M243833; 90	*"the hillock, big"*	
1. [possessions in...] Tulachmor	CEPR vi 278	1412
2. TullemoreMaio	Inq. ME II.283	1617
3. Tullymore 1 qr	Strafford Inq. §131	1635
4. Tullymore, 1 qr called	Strafford Inq. §154V	1635
5. Tullaghmoore 1 qr.	BSD 72	1661
6. Tullemore 1 cart.	ASE 93b	1666
7. Turloghmore [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
8. Tullaghmore qr.	ASE 245a	1677
9. Turmanballagh 6 qrs.... Tullemore 1 car.	CRL 2A.3.16, 140b	1710c
10. Tullymore	Garret O'Moore Maps 1	1721c
11. Turmanballagh 6 qrs.... Tullymore	QRL 2A.6.70, 524	1787
12. Tully More	Tithe App. Book §59	1830
13. Tullamore	Bald	1830
14. Tullymore	ST (ALSO)	1838
15. Tullymore	Rolla Cíosa (ALSO)	1838
16. Tullaghmore	T O'C (ALSO)	1838
17. Tullymore	J O'D (ALSO)	1838
18. Tulla mór	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
19. Tulla' mór "great hill"	J O'D (ALSO)	1838
20. An Tulach Mhór	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
21. ˌt̪ʊliˈmoːr	BAL1	2009

"282a. 0r. 26p., including 10a. 2r. 1p. of water, 49a. 2r. 26p. of bog and rough pasture, and 15a. 2r. 13p. of plantation; there is also 9a. 1r. 16p. of ground subject to be flooded in winter. [Situated] in the south western part of the parish... Bounded on the east by Lognamuck, Moat and Rosslee Parish [in Carra barony], west by Brownhall Demesne, north by Tullybeg and south by Browhall Demesne and Rosslee Parish. It is the

property of Coll. Brown. There are two ancient forts near the northern boundary" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an dá lios suite sa tuaisceart, ceart go leor (M241841 agus M243839); léirítear lios eile san iarthuaisceart, agus crannóg in oirdheisceart *Cuilmore Lough* in iarthuaisceart na roinne, ar léarscáileanna reatha, chomh maith (M241838 agus M239839, faoi seach). Tá na liosanna seo suite ar dhroim talaimh atá 54 méadar ar airde ag an mhullach.

Féach nóta ar shanas an ainm seo faoi Tully Beg thuas. Tá bailte fearainn eile darb ainm Tully More nó Tullymore in Aontroim, an Dún, Ard Mhacha, Dún na nGall, Fear Manach, Gaillimh agus Sligeach; tá Tullagh More i dTír Eoghain agus tá Tullaghmore i nGaillimh; tá samplaí de Tullamore sa Chlár agus Ciarraí; tá Tulla More i gCiarraí (*Census 1851*); agus ar ndóiche, tá *Tulach Mhór* [*sic*] socraithe mar bhunfhoirm Tullamore in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 35).

Ainmneacha Eile

Tugtar thíos foirmeacha stairiúla a bhaineann le cuid de na hainmneacha rannta eile a luaitear leis an pharóiste seo:

1. Ballywoyege	Inq. ME I.104	1622
2. Ballybuyoge, the qr of	Strafford Inq. §127V	1635
3. Ballyboega 1 qr.	BSD 70	1661
4. Ballibeg	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Ballybeoga 1 qr	CRL 2A.3.16, 153b	1710c
6. Ballybyogy, Rathduffe &	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
7. Ballybig	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
8. Ballybeoga	QRL 2A.6.70, 584	1787

Léirítear foirm 4 in iardheisceart an pharóiste, ó dheas de Ballykerrigan.

1. Turnahatt 1 qr.	BSD 71	1661
2. Turnahalt	Hib. Del. Mayo	1672c
3. Thornehatt	ASE 93b	1666
4. Ballaghcranane 4 qrs. viz.... Turnehatt 1 qr.	ASE 275b	1683
5. town & lands of Balrath cranane 4 qrs vizt.... Turnehatt...	CRL 2A.3.16, 140a-b	1710c
6. Tornyhatt	Garret O'Moore Maps 4	1721c

7. town & lands of Balrath, Cranane, 4 qrs.		
vizt.... Turineliatt 1 qr.	QRL 2A.6.70, 523-4	1787

Léirítear foirm 2 suite i lár an pharóiste: féach Pollavaddy thuas. Léirítear foirm 6 suite soir ó Ballyclogher agus siar ó Carrownahaun. Féach tuilleadh ar *Ballaghcranane* i bhfonóta faoin ainm paróiste thuas.

1. Dreinagh, the qr of	Strafford Inq. §127V	1635
2. Drynagh 1 qr.	BSD 71	1661
3. Ballaghcranane 4 qrs. viz....		
Drynagh 1 qr....	ASE 275b	1683
4. town & lands of Balrath cranane		
4 qrs vizt. Drynagh 1 qr....	CRL 2A.3.16, 140a-b	1710c
5. Drynagh 1 qr.	L. Blosse Papers 209 §103	1750c
6. town & lands of Balrath, Cranane,		
4 qrs. vizt. Drynagh 1 qr....	QRL 2A.6.70, 523-4	1787

1. Caronete 3 cartrons	BSD 71	1661
2. Carrownely	Hib. Del. Mayo	1672c
3. Carronetta	CRL 2A.3.16, 153b	1710c
4. Carrownetta	QRL 2A.6.70, 584	1787

Léirítear foirm 2 suite díreach ó dheas de Balla ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*.

1. Ballynamondruoz	Inq. ME II.247	1617
2. Ballynemordonagh	Inq. ME I.104	1622
3. Ballinemurdunagh, qr of	Strafford Inq. §127V	1635
4. Ballynordrinagh & Ballycullyman	BSD 72	1661
5. Ballinordinagh, Ballycullyman		
and Moycashell	BSD 72	1661
6. Ballinordenagh	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Turmanballagh 6 qrs. vizt....		
Ballymor Dunagh 1 qr....	CRL 2A.3.16, 140b	1710c
8. Turmanballagh 6 qrs. vizt....		
Ballymoreclonough...	QRL 2A.6.70, 524	1787

Léirítear foirm 6 suite i lár thoir an pharóiste ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*.

1. Moy[]ashell	Inq. ME I.104	1622
2. Moycassell, the qr of	Strafford Inq. §127V	1635
3. Ballinordinagh, Ballycullyman and		
Moycashell	BSD 72	1661
4. Moyrassill 1 qr.	BSD 72	1661
5. Moycashell	Hib. Del. Mayo	1672c

6. Turmanballagh 6 qrs. vizt. Moycashell

1 qr....	CRL 2A.3.16, 140b	1710c

7. Turmanballagh 6 qrs. vizt.

Moycashell...	QRL 2A.6.70, 524	1787

Léirítear foirm 5 suite in oirthear an pharóiste ó thuaidh de *Ballinordinagh* ar learscáil *Hib. Del. Mayo*.

Cill Cholmáin

Kilcolman	**Cill Cholmáin**	
	"St. Colmán*'s church"*	
1. Tyrnachtin	CEPR i 498	1289
2. Tyrnehathyn	Eccles. Tax. (CDI) 213	1307c
3. [rectories of] Tyrnechtayn [and] Techayn	CEPR vi 278	1412
4. Kyllcholmayn, [viacarages of] Roslaeg [and]	CEPR vi 278	1412
5. [fees of Robyn and] Kyllchelmayn ... Kyllcholmayn and Kyllgabuxl	CEPR vi 278	1412
6. [...the place of] Tirnectin [and also of the chapel of] Cullicolman	CEPR xx 166 §246	1515
7. the rectory of Kilcolman, extending to Kilcolman, Burnen,[1] Dirrehowle and Gortnerathne	Fiants Eliz. §1404	1569
8. the rectory of Kylcolman... Kilcolman	Fiants Eliz. §3419	1578
9. Tyrenaghtin	Incumbents [1591] 225	1591
10. Kilcolman	Connaught Map (NLI)	1600c
11. [Kilcolman]	Regal Visitation (Knox)	1615
12. Killcolman Parish	BSD 61	1661
13. Killcollman	Hib. Del. Mayo	1672c
14. Kilcolman	Description of Mayo §42	1684c
15. Killcollman	Connaught Map (NLI) 2	1700c
16. Killcolman, Rectory of	CRL 2A.3.16, 154b	1710c
17. Killcolman 1 qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
18. Killcolman, Rectory of	QRL 2A.6.70, 587	1787
19. Killcoleman R.	Beaufort	1792

[1] 1. Burnen — Fiants Eliz. §1404 — 1569
2. Richard MacMorris of Castle Barnan — Division Connaught 2 (Knox) 346-7 — 1574
3. Burnen — Fiants Eliz. §3419 — 1578

20. Kilcolman	Arrowsmith	1811
21. Kilcolman	Bald	1830
22. Kilcolman	Tithe App. Book §61	1834
23. Parish of Kilcoleman	ST (ALSO)	1838
24. In English it is usually pronounced Killcoleman	?T O'C (ALSO)	1838
25. Cill Cholmáin "St. Colman's Church"	J O'D (ALSO)	1838
26. ˌkilˈkoːlmən	ME2	2009

"Situated in the north [east] side of the barony. Bounded on the north by the parish of Killeaden in the barony of Gallen, on the east by the parish of Knock in the baronies of Costello and Clonmorris, on the [south east] by the parishes of Bekan and Kelvine, on the south by the parish of Crossboyne and west by the parish of Mayo" (*ALSO*). Tá 83 baile fearainn sa pharóiste seo. Luaitear lonnaíocht eaglasta le Ballinsmaula, Ballynabrehon South, Ballynastangford Lower, Cloonconor, Garryanabba agus Kilcolman agus Rockfield; féach fosta Lugatemple, agus an iar-roinn *Ceathrú na hEaglaise* faoi Cuilmore.

"Colmán... a diminutive of Columb, from Latin *columba* 'a dove'. Colmán is the fourteenth most popular name in early Ireland and there are, according to an early text, some 234 saints of the name. Among the most famous of these... [is] Colmán mac Duach of the royal race of Connacht, patron of Kilmacduagh, whose feast day is 2 January..." (Ó Corráin & Maguire 1981, 55). I dtaca le Colmán an pharóiste atá idir chamáin, féach Ó Riain (2011, 190):

> "Colmán of Inishbofin... was [according to Bede], sent from Ireland to succeed Fionán, first head of the church of Lindisfarne in Northumbria after Aiden (Aodhán). He straightaway became involved in the celebrated synod of Whitby in 664... [after which] Colmán left Northumbria for Iona and thence returned to Ireland, accompanied by both Irish and Saxon monks.
>
> In Ireland, Colmán founded a church on Inishbofin, where his bell was later preserved, and following a dispute that arose between Irish and Saxon monks, established another at Mayo (Magh nEó) – later known as Mayo 'of the Saxons'... Famous as a centre of learning, Mayo continued to attract Saxons until at least the end of the eighth century... [Colmán] died, supposedly in his eightieth year, in

> 676 and was remembered in Ireland on 8 August and, according to the Martyrology of Gorman, also on 13 November. Among the notable centes of his cult is the Mayo town of Claremorris in the parish of Kilcolman..."

Tá paróiste eile darb ainm *Cill Cholmáin* in oirthuaisceart bharúntacht Choistealach.[2] Is leaganacha peata iad *Cuimín*, *Comán* agus *Dachomóg* den ainm naoimh *Colmán* nó *Colm* (Ó Muraíle 1985, 54-55). Tá paróistí darb ainm *Cill Chomáin* i mbarúntachtaí Chill Mheáin agus Iorrais, paróiste darb ainm *Cill Dachomóg* atá rannta idir barúntachtaí Cheara agus Ghaileang, agus paróiste den ainm Cill Chuimín i mbarúntacht Thír Amhlaidh; tá naoimh éagsúla den ainm *Comán* agus *Cuimín* teastaithe astu féin chomh maith, afách, agus ní gá go mbeadh gaol ag Naomh Colmán Mhainstir Mhaigh Eo leis na hainmneacha paróistí eile.

Tá paróistí eile darb ainm *Cill Cholmáin* / *Kilcolman* in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 2), Luimneach (*L. Log*. 2) agus Ciarraí, agus tá *Cill Cholmáin Bhán* / *Kilcolmanbane* agus *Cill Cholmáin Dubh* / *Kilcolmanduff* i Laois (www.logainm.ie). Tá bailte fearainn darb ainm Kilcolman < *Cill Cholmáin* i gCiarraí, Corcaigh (*ibid*.), Port Láirge (*L. Log*. 19), Luimneach (*L. Log*. 25), Tiobraid Árann (*L. Log*. 44) agus Uíbh Fhailí (*L. Log*. 13), agus féach fosta Kilcolman sa pharóiste seo féin, thíos (féach tuilleadh ag *Onom*. *Goed*. 182b-183a). Féach fosta Kilclammon < *Cill Cholmáin* i Loch Garman (www.logainm.ie).

Síltear gur úsáideadh an leagan *Tír Neachtain* don eaglais pharóiste sna meánaoiseanna (féach, mar shampla, *Knox Hist. Tuam* 202): féach tuilleadh ar Thír Neachtain san Intreoir don bharúntacht, thuas.

[2] Bhí sciaranna den paróiste seo i gcontaetha Mhaigh Eo, Ros Comáin agus Shligigh in aimsir na Suirbhéireachta Ordanáis; aistríodh sciar Mhaigh Eo go Ros Comáin nuair a athshocraíodh na teorainneacha contae in 1898.

Ainmneacha Bailte Fearainn

Aghareville Lower	(?)Achadh Riabhail Íochtarach	
M336794; 91, 101	*"field of* Riabhal*, lower"*	
1. Aghurevell	Inq. ME I.79	1612
2. Ahurevin [*sic*]	Inq. ME I.81	1612
3. Agharianell, Williams of	CPR Jas I 393b	1618
4. Aghervoyle 2 qrs	Strafford Inq. §131	1635
5. Agherivill 1 qr.	ASE 275b	1683
6. Agherevill	CRL 2A.3.16, 151a	1710c
7. Aghereviliy, Maghereloskin[3] &	Reg. Deeds Lib. 26, 467 §16351	1720
8. Aughereville	QRL 2A.6.70, 576	1787
9. Aughareevale	Lynch-Blosse Maps	1811
10. Aughareeveel	Bald	1830
11. Lower Aughareville... Aughareevale	Tithe App. Book §61	1834
12. Aughareville Upper	ST (ALSO)	1838
13. Aughareville Upper	Litir Eolais (ALSO)	1838
14. Aghareeval	?T O'C (ALSO)	1838
15. Aughareeveel	?T O'C (dúch; ALSO)	1838
16. Aghareville	J O'D (ALSO)	1838
17. Acha ríabhail	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Achadh ríabhail "field of the grey surface"	J O'D (ALSO)	1838
19. ˌɑhəˈv̈ilə [*sic*]	ME2, TC4	2009
20. ˌɑhərˈv̈ilə	TC4	2009

"164a. 3r. 16p.... including about 53 acres of rough ground. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Gortnera, on the east by Kilcoleman and Drimineen, on the south and west by Aughareville Upper and Taunagh. The property of Sir Fras. Blos Lynch. There is an ancient fort in the north end of this townland" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe san iarthuaisceart, agus cuid tithe eile le hais bhóthar Chlár Chlainne Mhuiris a reáchtálann aduaidh trí lár na roinne, ar an chéad eagrán den

[3] Féach tuilleadh faoi *Ainmneacha Eile*, thíos.

léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios san iarthuaisceart (M333797). Tá an dá roinn suite ar thalamh atá idir 70-80 méadar ar airde.

Tá an bhuneilimint *achadh* "expanse of ground; pasture, field" (*DIL* sv. *achad*)[4] soiléir go leor,[5] ach tá éiginnteacht mhór ag baint leis an eilimint cháilithe. Mhol Ó Donnabháin forbairt neamhtheastaithe ó *riabh* "ā, f. (variant form of sríab) a stripe, streak" (*DIL* sv.).[6] Féach an leasainm *Lugaid [S]ríabṅderg* (*DIL* sv. *sríab*): bheadh sé tarraingteach go leor aidiacht neamhtheastaithe ar nós *riabhaol* < *riabhmhaol* a léamh ar na foirmeacha stairiúla thuas.[7] Diomaite den leasainm, ní léir dlúth-chomhfhocal ar bith eile le *riabh*-.[8] Tá *riabhal* "*euphemistic* for diabhal" ag *Dinneen*: forbairt dhéanach shílfeá,[9] agus ar scor ar bith, ní bheimis ag dréim le [-v-], mar a léirítear sna foirmeacha stairiúla thuas go seasmhach, ó *-bh-* leathan i bhfocal dúchasach, go háitiúil. Ní dóiche gur leagan gaelaithe den sloinne Angla-Normannach *de Granville*

[4] Tearc in ainmneacha bailte fearainn sa chontae seo; cf. áfach Aghafadda i mbarúntacht Chill Mheáin, Aghalusky < *Achadh Loiscthe* i mbarúntacht Ghaileang, Aghany < *Achannaí* i mbarúntacht Mhuraisce, agus Aghadooey Glebe < *Achadh Dumhaí* agus Ardagh < *Ardach* < *Ardachadh* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill, mar shamplaí. Féach cúpla sampla eile faoi Shanaghy < *Seanachadh* i mbarúntacht Ghaileang.

[5] Ní dóiche gur gá *eochair* a chur san áireamh. Tá bríonna éagsúla leis an eilimint seo, "a keystone, a corner-stone, an angle or nook; an edge, border, rim" (*DIL* sv. 6,7*eochair*) ina measc; féach gur measc adh an focal seo le *ochair* "f. orig. r-st.... *cf.* W. ochr; in late MSS often eochair through confusion with eochair 'key'... an edge, border, side " (*DIL* sv.), áfach. Is féidir gur den fhréamh Cheiltise *ocelo-* "promontory" é *ochair*: féach Sims-Williams (2006, 96). Tá *Eochair* socraithe mar an bhunfhoirm den ainm Augher i dTír Eoghain (*GÉ* 177); féach fosta Aughernagalliagh < *Eochair na gCailleach* i mbarúntacht Iorrais.

[6] Tá forbairti éagsúla ó *riabh* ann: *riabh* "a lark", *riabhán* "a swarthy person, an oyster-catcher", *riabhóg* "a drill in tillage; anything streaked, the name of various small birds" (*Dinneen*), agus, ar ndóiche, *riabhach* "of an indefinite husky hue, swarthy (of animals), brindled; the orig. sense is prob. streaked, striped" (*DIL* sv. *ríabach*), "streaked, striped, brindled; (speckled) grey; dun, drab; dull, gloomy; dismal, wretched" (*Ó Dónaill* sv. 2*riabach*), atá coitianta i logainmneacha. Tá forbairtí substainteacha ó *maol* ann chomh maith, ar nós "hornless cow" (*Ó Dónaill* sv. 1*maol*7), "rounded summit; hillock, knoll" (*ibid*, sv. 1*maoil*1; cf. *DIL* sv. 2*mael*(a-b)). Níl *riabh* teastaithe go conclúideach mar réimír, áfach.

[7] *Maol* "of places, etc., bare... dismantled... exposed, defenceless" (*DIL* sv. 1*mael*(e)), "bare, bald; roofless, dismantled; flattened" (*Dinneen*).

[8] Is lag an fasach í an tagairt sin féin; tugtar *Lughaidh Sriabh nDerg* air i gcás eile (*DIL loc. cit.*).

[9] Féach cuid samplaí de *diabhal* "a devil, an evil or wicked person; mischief, misfortune" (*Dinneen*) i logainmneacha ag *Joyce* (i 199-200), agus cf. béarlú na heiliminte seo i bhfoirmeacha stiariúla an ainm cháiliúil *Devilsmother* atá ar theorainn thiar theas an chontae (féach faoi Srahatloe i mbarúntacht Mhuraisce in Imleabhar 2).

atá ann.[10] Féach, mar sin, an sloinne *Reville*: "The name Reville reached England in the great wave of migration following the Norman Conquest... The Revill family lived in Warwickshire. Their name, however, is a reference to *Reville*, near Bernai, Normanady, the family's place of residence prior to [the invasion]... Spelling variations [include] Revel, Revell, Reville..." (www.houseofnames sv.). Tá sloinne eile as an tír isteach, nach bhfuil teastaithe i bhfoinsí eile in Éirinn, go stairiúil, dá bhfuil a fhios agam, le sonrú san ainm Ballyhankeen < *Baile Haincín* i bparóiste Bhalla. Thiocfadh linn leagan ainmfhoclach de shloinne a léamh ar fhoirm 7a thuas, ach is eisceachtúil an fhoirm í taobh leis na foirmeacha stairiúla eile.

Tá an fuaimniú reatha bunaithe ar leagan déanach athmhínithe, ní foláir (*Achadh / Eochair an Bhile*?). Ní úsáidtear na cáilitheoirí *Lower*, *Upper* go háitiúil.

Aghareville Upper (?)Achadh Riabhail Uachtarach

M332789; 91, 101 "*field of* Riabhal*, upper*"

1. Upper Aughareville...		
Upper Aughareevale	Tithe App. Book §61	1834
2. Aughareville Lower	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Aughareville Lower	ST (ALSO)	1838

"233a. 2r. 4p.... including about 55 acres of bog and rough ground. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Taunagh, on the east by Aughareville Lower, on the south by Drimineen and on the west by Garrywadreen. The proprietor is Bone Elevard [sic]. There is an ancient fort on the south east boundary of this townland" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe sa tuaisceart, agus cúpla teach eile san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios ar an teorainn thoir theas le Drumneen, ceart go leor (M336785).

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Aghareville Lower thuas.

[10] "Granfield, sometimes spelt Grandfield, is a modern form of the Norman de Granville... fairly numerous in Kerry, where it has been since the late seventeenth century. It is rare elsewhere in Ireland" (MacLysaght 1985, 134 sv. *Granfield, Granville*).

Ardroe	An tArd Rua	
M328758; 101	*"the red hight"*	
1. Ardroe	Tithe App. Book §61	1834
2. Ardroe	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Ardroe	ST (ALSO)	1838
4. Ardroe	T O'C (ALSO)	1838
5. Ard ruadh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Ard rúadh "red height or hill"	J O'D (ALSO)	1838
7. ɛərd'ro:	ME2, ME3	2009

"93a. 3r. 18p.... in cluding about 45 acres of bog [in the west and south]. [Situated] in the south west side of the parish. Bounded on the north by Streamstown and Belfield, on the east by Lisnabooly and Clare, and on the south and west by the parish of Crossboyne. [Proprietor, unknown]. There is ancient fort [here]" (*ALSO*). Léirítear tithe le hais bóthair atá ar theorainn thoir thuaidh na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios gar do lár an bhaile fhearainn (M331758). Tá bunús na roinne suite ar thalamh atá 60-70 méadar ar airde; tá oirthuaisceart an bhaile fhearainn suite ar thalamh atá os cionn 70 méadar ar airde.

Tá *ard* "high place, height" (*DIL* sv. II*ard*(a)) cáilithe anseo ag *rua* "lit. *red*, of a brownish or dark red... Freq. as sobriquet = red-haired, and in place-names" (*DIL* sv. *ruad*(a)). Tá *Ard Rua* socraithe mar bhunfhoirm Ardroe i Luimneach (*L. Log*. 7); tá cúpla baile fearainn eile darb ainm Ardroe i gCiarraí (*Census 1851*). Moltar an t-alt anseo, áfach, dálta ainmneacha ar nós *An tArd Buí* / Ardboy i gCill Chainnigh (*L. Log*. 6) agus *An tArd Bán* / Ardbane i dTiobraid Árann (*L. Log*. 14).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: Streamstown < *Baile an tSrutháin*, b'fhéidir.

Ballinphuill	Baile an Phoill	
M510793; 101	*"the townland of the (?)hollow"*	
1. Ballinfoil	Bald	1830
2. Ballyfoil	Tithe App. Book §61	1834
3. Ballinfull	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Ballinfull	ST (ALSO)	1838
5. Ballinfull	T O'C (ALSO)	1838
6. Ballinphuill	J O'D (ceartú; ALSO)	1838

7. Baile an phoill	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Baile an phoill "town of the hole"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˌbalənˈfʷil	CChL1	2009

"123a. 2r. 1p..... including about 25 acres of bog and 9a.2r. 13p. of water. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Ballybreheny South, on the east by Barny Carrol, on the south by Ballinsmalla and on the west by Drimneen. The property of Mr. Patk. Kerwin, Dalgan House." (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe in oirthuaisceart na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá *Lough Nanannagh* ar theorainn thiar theas an bhaile fhearainn ar thalamh atá os cionn 80 méadar ar airde ar airde ([ˌlɔxnəˈnanə] ag CChL2: *Loch na nEanach*?); tá bunús na roinne suite ar thalamh atá os cionn 90 méadar ar airde.

Féach nóta ar an eilimint *poll* "hole; pool, puddle; burrow, lair" (*Ó Dónaill*), "In place-names, [*poll*] generally denotes a cave or pool" (*DIL* sv. *poll*), "logán" (féach faoi Pollaweela i mbarúntacht Chill Mheáin) faoi Pollavaddy i bparóiste Bhalla, thuas. Tá Ballinphuill eile i mbarúntacht Choistealach; tá bailte fearainn eile den ainm seo i Ros Comáin agus Gaillimh (*Census 1851*).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: Barnycarroll, b'fhéidir.

Ballinsmaula	Baile an Smálaigh	
M363773; 101, 102	*"the townland of the (?)embers"*	
1. Cuirream go Bailligh an Smalaigh é	RIA Cat. 138 [FSÁG ii 18b]	1750c
2. The frierie of Ballesmallye. In the tenure of Teig Moer mcMorghe and other friers	Rentall of M/C 34	1577
3. abby of Ballinsmala... one qr	CBC 94	1585
4. abby of Ballensmaly... 2 qrs	CBC 100	1585
5. Ballinsmale, O Doghwyne of	Fiants Eliz. §5448	1590
6. Ballynsmale, Mon. de	Inq. ME I.91	1616
7. Ballinsmale	CPR Jas I 316a	1617
8. Ballensinally, Thomas Newton of	CPR Jas I 394a	1618
9. Marge, Gortnecussy, Cappaghcoovy, Gortristarduffe,		

Garman alias Garwycam, Lisneday... Gorteniske, Gortnegower,[11] Tincellane... Ballinsmale	CPR Jas I 518a	1621
10. Ballinsmaly, dissolut abbathia de Maria [de]	Inq. ME I.109	1623
11. Ballysmely, dissolut abbia de Maria de	Inq. ME I.117	1623
12. Ballysmaly	Inq. ME I.119	1624
13. the late dissolved abbey or monastery of the Blessed Virgin Mary of Ballinsmally	Strafford Inq. §152V	1635
14. Ballinsmall, the qr of	Strafford Inq. §152V	1635
15. Eugenius Macbrehon Carmelita Balensmalensis	DPH ii 232	1672
16. Carrowmore Monestry	Hib. Del. Mayo	1672c
17. Ballinsmalla... Carmelites... built by the familie of the Prendergast	Description of Mayo §5	1684c
18. Lismekin alias Droneene als Levallynemonystragh 2 qrs	ASE 261a	1679
19. Levallymanestragh als Ballyusmally	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
20. Lavallynemanasteragh als Ballinsmalla	Reg. Deeds Lib. 22, 6 §11103	1718
21. LevallyMonastery	Price, Senex & Maxwell	1721c
22. Ballensmally	Garret O'Moore Maps 22	1721c
23. Lavallynemonasteragh als Ballinsmala 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 34, 196 §21176	1722
24. Ballismale, Abbey of	L. Blosse Papers 130 §21	1801
25. Levallynemanesteragh orw. Ballinsmala	Reg. Deeds Lib. 115, 488 §81339	1745
26. Ballensmaley	Reg. Deeds Lib. 275, 96 §175167	1769

[11]1. Gortnegower — CPR Jas I 518a — 1621

2. Gortnegorr and Gortnemollogh, 1 gnive of — Strafford Inq. §118 — 1635

27. Levallymonasteragh als Ballysmally	QRL 2A.6.70, 581	1787
28. Ballinsmala	Bald	1830
29. Ballinsmalla	Tithe App. Book §61	1834
30. Ballinsmalla	Litir Eolais (ALSO)	1838
31. Ballinsmalla	ST (ALSO)	1838
32. Ballinsmaula	T O'C (ALSO)	1838
33. Baile an smála	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
34. Baile an smála < "town of the filth or dirt"	J O'D (ALSO)	1838
35. Baile an Smálaigh "townland of le Small", or Baile an Smala "townland of the small hill, stump of wood, or torch"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
36. ˌbalənˈsmɑːl	ME2	2009

"191a. 1r. 15p., including about 27 acres of bog. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Ballinfull and Barnycarroll, on the east by Boolinree, south by Cartoonacressa and Castlegar, and on the west by Drimneen. The property of Mr. James Brown, Claremount. There is a triangulation station in the north east end of this townland called Ballinsmalla. The ruins of Ballinsmalla Abbey lie in south west end of townland; also two ancient forts" (*ALSO*). "A friary for Carmelites or White Friars was founded here in the 13th century, under the invocation of the Virgin Mary, by [ ] Prendergast. Donogh buy O'Gormealy was the last prior..." (*Mon. Hib*. 494). "The ruined Carmelite friary... was established here around 1288..." (*Ó Muraíle: Nótaí*). Léirítear cuid áitreabh in iarthuaisceart, iardheisceart, oirthear agus oirdheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an tseanmhainistir sa deisceart, agus séipéal comhaimseartha taobh léi (M362768). Léirítear liosanna san iardheisceart (M359771), oirthear (M365774) agus oirdheisceart (M366769).

I ndiaidh gur cosúil gurbh é [ə] seachas [i(:)] an guta deiridh sa logainm seo, go deireanach, léiríonn foirm 1 gurb é *smálach*, "embers, sparks" (*DIL* sv. *smálach, smólach*), nó leagan ainmfhoclach den sloinne (*le) Small* (foirm 34a), a cháiligh an

bhuneilimint ó cheart.[12] Pléitear leis an leagan firinscneach den fhocal *smál* “smál f.... smál, smól, smúal m.... ember, glowing coal, fire; ashes, dross (of a dying or extinguished fire); in moral sense, blemish, taint (of sin)” (*DIL* sv. *smál, smól, smúal*) mar ainmfhocal i-thamhain (cf. *IGT Decl.* §96, *Dinneen*) agus ní bheimis ag dréim le *smála* mar leagan ginideach uaidh, go stairiúil. Mar sin féin, is gá cuimhneamh air seo mar fhéidearthacht i stair dhéanach an ainm seo; cf., i dtaca le ciall, úsáid na n-eilimintí *loiscthe* agus *tóiteán* i logainmneacha.[13] Is cosúil gur ghuta fada a bhí sa chéad shiolla den cháilitheoir ach ní féidir *smala* “a block of wood” (*Dinneen*) a chur as an áireamh go hiomlán ach oiread: tugann Ó Dónaill *smál* mar leagan malartach de; cf. úsáid na heiliminte *maide* i logainmneacha.[14]

Ballintaffy	Baile an Táfaigh	
M324832; 91	“*the townland of* An Táfach”	
1. Ballentaffy 1 qr	CPR Jas I 581b	1611
2. Ballentaffe	Inq. ME II.247	1617
3. Ballentaffy	Inq. ME II.279	1617
4. Ballintaffie, 3 cartrons of	Strafford Inq. §130V	1635
5. Ballytawghey [*sic*], 1 cartron in	Strafford Inq. §134	1635
6. Ballentaffer, 3 cartrons in	Strafford Inq. §141V	1635
7. Ballentaffy [4] carts.... A difference of Mountain betwixt ye qr. of Carronsillan and ye former cartron [of Ballentaffy]...		
Carronsillan [two] ½ qr[s].	BSD 66	1661

[12] “Derives from the Old English... *smael* meaning “small...”... originally given as a nickname... The surname was first recorded in the early part of the 13th century. Robert le Small of Huntingdonshire and a Henry le Smale of Cambridgeshire were recorded in the Hundred Rolls of those counties in 1273...” (www.surnamedb.com).

[13] Féach samplaí de Aghalusky i mbarúntachtaí Cheara agus Ghaileang agus de Knockatotaun i mbarúntachtaí Cheara agus Chill Mheáin.

[14] Cf. ainmneacha ar nós Maddydoo agus Maddykeel in Aontroim (*Census 1851*) agus *Maide Buí* / Maddyboy i Luimneach: “D’fhéadfadh marc teorann a bheith mar bhun leis an ainm” (Ó Maolfabhail 1990 213-214). Tagraíonn na mionainmneacha *Maide Dubh* agus *Maidí Briste* d’áiteanna ar chósta an Doirín (Derreen) i bparóiste Acla (Imleabhar 3 svv.). Féach fosta Lecarrownwaddy < *Leithcheathrú an Mhaide* i mbarúntacht Thír Amhlaidh (Imleabhar 8).

8. Ballirtaffy [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Ballintusta [*sic*]	ASE 275a	1683
10. Ballintiffe 1 qr.	CRL 2A.3.16, 139b	1710c
11. Ballintaffy 1 cart.	CRL 2A.3.16, 151a	1710c
12. Ballintaffy	Garret O'Moore Maps 11	1721c
13. Ballyntaffy	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
14. Ballentaffie and Clonlaghfadda[15] 5 cart.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
15. Ballentaffy	L. Blosse Papers 197 §85	1783c
16. Ballintiffe 1 qr.	QRL 2A.6.70, 519	1787
17. Ballintaffy 1 car.	QRL 2A.6.69, 574	1787
18. Ballytaffe Cas.	Arrowsmith	1811
19. Ballintaffy	Bald	1830
20. Ballintaffy	Tithe App. Book §61	1834
21. Ballintaffy	Litir Eolais (ALSO)	1838
22. Ballintaffy	ST (ALSO)	1838
23. Ballintaffy	T O'C (ALSO)	1838
24. Baile an teafaigh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838

[15] 1. Clowneloghafadda 1 qr — CPR Jas I 581b — 1611
2. Clooneloghafaddae — Inq. ME II.245 — 1617
3. Clooneloghfaddae coolaght [*sic*] — Inq. ME II.247 — 1617
4. Clownloghafadda — Inq. ME II.279 — 1617
5. Clooneloghfadda and Ballycarrig, 1 qr of — Strafford Inq. §130-§130V — 1635
6. ½ qr in Cloonloghafadda... ½ qr of Cloonloghfadda — Strafford Inq. §141V — 1635
7. Clonefadda ½ qr. — BSD 68 — 1661
8. Clonefeda — Hib. Del. Mayo — 1672c
9. Clonloghfadda 1 qr. viz. Clonloghfadda ½ qr. and Townalogha, the other ½ qr. — ASE 275a — 1683
Ceathrú Mhór Chill Lasrach an tSléibhe: is féidir gurb í an "cillín" i ndeisceart Rockfield suíomh na cille. Luaitear foirmeacha 8-9 leis an iarbhaile *Tullogh*. Cf. ainm paróiste *Cill Lasrach* i mbarúntacht Ghaileang.

Carrowkilleen	Ceathrú Choillín	
M361731; 101, 102	*"quarter of the little wood"*	
1. (?)Carowkilline	Inq. ME II.229	1617
2. Carowkillin	Inq. ME II.279	1617
3. Carrocullin ½ qr.... Carrocullen ye other ½ qr.	BSD 62	1661
4. a wast bog getwixht ye qrs. of Clanmerge, Melloc & Carrowquillin	BSD 64	1661
5. Carrocullin	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Carrowkilline 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
7. Carrowkilleen	Garret O'Moore Maps 27	1721c
8. (?)Carrowkellone 1 qr.	Reg. Deeds Lib. 76, 315 §54592	1732
9. Carrowkilleen	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
10. Carrowkilline	QRL 2A.6.70, 532	1787
11. Carrowkilleen	Bald	1830
12. Carrowkilleen	Litir Eolais (ALSO)	1838
13. Carrowkilleen	T O'C (ALSO)	1838
14. C-adh cillín	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
15. Ceathramhadh cillín: "quarter of the little church"	J O'D (ALSO)	1838
16. ˌkarəˈkiliːn	CRB4, TC4	2009

"129a. 3r. 11p.... including about 46 acres of bog. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the south by the parish of Crossboyne, on the west by Lissduff, on the north by Carrownaskehee, Kilbegmalone and Ballykenave and on the south by Meelickmore. The property of Mr. French, parish of Annagh" (*ALSO*). Léirítear grúpaí beaga tithe i lár agus deisceart na roinne, agus cúpla teach gar don teorainn thiar thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ní luaitear aon seanlonnaíocht leis an bhaile fearainn seo sna gnáthfhoinsí: tá "enclosure" sa lár thuaidh, áfach, agus tá cillín do pháistí suite píosa gearr trasna na teorann thuaidh i ndeisceart Cloonconor (*Monuments* §101).

Tharla sé, thall agus abhus, is léir, gur bhunaigh Ó Donnabháin leagan Gaeilge ar leaganacha scríofa, amháin, agus is cosúil gur sampla é an cás seo. Is gá, ar fhoirmeacha 3-5, an leagan díspeagtha *coillín* < *coill* "wood, forest" (*DIL* sv. *caill*),

seachas *cillín* < *cill* “church... monastic settlement or foundation... churchyard, graveyard” (*DIL* sv. *cell*), a mholadh mar cháilitheoir. Cf. Killeens < *Na Coillíní* i mbarúntacht Ghaileang. Is comhtharlúint é go bhfuil seanreilig ó thuaidh de Carrowkilleen, i ndeisceart Cloonconor: is dóiche gur bhain athmhíniú déanach don ainm seo dá réir.

Tá *Ceathrú an Chillín* molta mar an bhunfhoirm de shamplaí eile de Carrowkilleen i mbarúntachtaí Thír Amhlaidh agus Chill Mheáin. Tá *Ceathrú an Choillín* socraithe mar bhunfhoirm Carrowkilleen i nGaillimh (www.logainm.ie). Luaitear roinn darb ainm *Ceathrú an Chillín* / *Ceathrú an Choillín* le Castlereagh in oirdheisceart pharóiste Chrois Bhaoithín; breacadh foirmeacha stairiúla an ainm sin isteach go contráilte san Ainmleabhar don ainm atá idir chamáin.

Ní léir an roinn ar áiríodh an baile fearainn seo mar cheathrú di, tráth: Clare nó Ballykinava, b’fhéidir?

Carrownaskeha	Ceathrú na Sceithí	
M358740; 101	*“the quarter of the place of hawthorns”*	
1. Carrowneskehie, ½ qr... in	Strafford Inq. §117	1635
2. Skehee 3 cartrons & 3 parts of a gneeve	BSD 62	1661
3. a parcell of wast Bog comon betwixt ye aforesaid ½ qrs. of Killbegmalone Lisduffe and Skehee	BSD 62	1661
4. Skehee 1 cartron	BSD 62	1661
5. Carrownaskehy	Garret O’Moore Maps 27	1721c
6. Carrownaskehee	Litir Eolais (ALSO)	1838
7. Carrownaskehee	ST (ALSO)	1838
8. Carrownaskeha	T O’C (ALSO)	1838
9. C-adh na sgeithe	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
10. Ceathramhadh na sgeithe “quarter of the bush or lone thorn”	J O’D (ALSO)	1838
11. ˌkarənəˈʃkɛhə	CChL1	2009

“118a. 1r. 2p.... including about 20 acres of bog [in the east]. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north by Clare and Kilbegmalone, on the east by Cloonconnor Prendergast, on the south by Carrowkilleen and west by Lisduff.

The property of Mr. James Brown" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aniar aneas tríd iarthar agus tuaisceart na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Sheas an eilimint cháilithe san ainm seo mar logainm as féin (foirmeacha 2-4): claonfhoirm (*Sceathaigh*, nó *Sceithigh*?) de *sceith* < *sceach* móide an iarmhír chnuasaigh nó áitreabhach *-ach*. Is leagan malartach de *sceach* "a thorn bush, whitethorn" (*DIL* sv. *scé*), "whitethorn, hawthorn; thornbush" (*Ó Dónaill*) é *sceath*: féach nóta ar an dá leagan faoi Skehavaud < *Sceith an Bháid* i bparóiste Chrois Bhaoithín thíos.

Dálta Carrowkilleen ó dheas de, ní léir an roinn ar áiríodh an baile fearainn seo mar cheathrú di, tráth: Clare nó Ballykinava, b'fhéidir?

Carrowreagh	An Cheathrú Riabhach	
M381771; 102	*"the grey townland"*	
1. Carowreogh	Inq. ME II.247	1617
2. Carrowreogh	Inq. ME II.249	1617
3. Carrowreagh, the qr called	Strafford Inq. §129	1635
4. Carroeugh ½ qr.	BSD 61	1661
5. Carrorugh	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Carrowreagh, qr of Kinkares als	CRL 2A.3.16, 142b	1710c
7. Carrowragh 1 qr.	CRL 2A.3.16, 144a	1710c
8. Carrowreagh	Garret O'Moore Maps 23	1721c
9. (?)Carrowleagh[35]	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723
10. Carrowreagh	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742
11. Carrowrevagh	L. Blosse Papers 211 §103	1750c
12. Carrowreagh, qr. of Kinkarse als	QRL 2A.6.70, 533	1787
13. Carroragh 1 qr.	QRL 2A.6.70, 540	1787
14. Carrowreagh	Lynch-Blosse Maps	1811
15. Carrowreevagh	Lynch-Blosse Maps (sv. Carrabeg)	1811
16. Carrowreagh	Bald	1830
17. Carrowreagh	Tithe App. Book §61	1834
18. Carrowreagh	Litir Eolais (ALSO)	1838
19. Carrowreagh	ST (ALSO)	1838

[35] Luaite le tailte máguaird.

20. Carrowrugh	Cess Book (ALSO)	1838
21. Carrowreagh	T O'C (ALSO)	1838
22. C. adh reach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Ceathramhadh riach "grey quarter"	J O'D (ALSO)	1838
24. ˌkarəˈreː	CChL1	2009

"253a. 1r. 4p.... including about 72 acres of bog. [Situated] in a south east interior part of the parish. Bounded on the north by Loughanamon, on the east by Carrowbeg, south by Cauraun, on the west by Knockatubber and Boolinree. The property of Sir Fras. Bloss [Lynch], Dublin. There is a triangulation station this townland, called Carrowreagh. There are also two ancient forts in the west end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe scaipthe i lár thiar na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an dá lios sa chomhsanacht chéanna (M377774 agus M378772).

Tá bríonna éagsúla maíte ar *riabhach*: "of an indefinite husky hue, swarthy (of animals), brindled; the orig. sense is prob. streaked, striped" (*DIL* sv. *ríabach*), "streaked, striped, brindled; (speckled) grey; dun, drab; dull, gloomy; dismal, wretched" (*Ó Dónaill* sv. 2*riabach*).

Tá breis agus 40 baile fearainn den ainm seo sa tír (amanna le cáilitheoirí), agus tá seacht gcinn acu sa chontae seo féin (*Census 1851*); féach fosta Carrowrevagh i mbarúntacht Mhuraisce, atá den bhunús céanna.

Dálta Carrowbeg, is cosúil gur áiríodh an baile fearainn seo mar cheathrú den iarbhaile *Tullogh*, tráth: féach faoi Lisbaun thíos.

Cartron	An Cartún	
M317777; 101	*"the cartron"*	
1. Cartown	Bald	1830
2. Cartown	Tithe App. Book §61	1834
3. Cartown	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Cartown	ST (ALSO)	1838
5. Cartown	T O'C (ALSO)	1838
6. Cartron	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
7. Cartun na croise "cartown" [*sic*]	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Cartún na croise "cartron of the cross"	J O'D (ALSO)	1838

9. ˈkartaun	ME2, ME3	2009
10. ˈkɑrtrun	CChL2	2013

“126a. 2r. 35p.... including about 65 acres of bog [in the west]. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by Cloonboy and Ballinastandford Upper, on the east by Parkatleva, south by Ballynew, Garanabba and Cloondroon, and on the west by the parish of Mayo. The property of Patrick Stanford” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe, agus teach le cuid plandála thart air, i lár thoir na roinne, agus teach eile san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

“The Anglo-Norman settlers introduced terms derived from their own language... *cartron* signifies a quarter, and is derived from the French *quarteron*... it was applied to a parcel of land varying in amount from 60 acres to 160 acres” (*Joyce* i 245). Rinneadh *cartrún*, (cf. *An Cartrún* nó Cartron faoi *L. Log. Uíbh Fhailí* 12), *cartún* agus *cartúr* den fhocal seo sa Ghaeilge; is mar *cartúr* “chartered land, holding; measure of land (equated to 64 acres)” atá sé ag *Ó Dónaill*. Is iomaí baile fearainn den ainm Cartron; tá a mbunús mór i gConnachta (*Census 1851*). Tá an leagan *cartúr* le sonrú sa chontae seo sna hainmneacha Cartron < *An Cartúr* agus Cartrongilbert < *Cartúr Ghilbeirt* i mbarúntacht Iorrais, agus Cartoor agus Tangincartoor < *Teanga an Chartúir* i mbarúntacht Mhuraisce. Is é *cartún* an leagan is coitianta sna logainmneacha a bhfuil an focal seo iontu, i Maigh Eo, áfach.

Ní léir an roinn lenar áiríodh an baile fearainn seo sna foinsí, go dtí an 19ú haois: Ballynastagnford Upper / Ballynastangford Lower, b’fhéidir. Tagraíonn foirmeacha 7-8 do Cartronnacross, is léir; tá Cartronnacross suite soir ó thuaidh de Chlár Chlainne Mhuiris, i lár theas an pharóiste.

Cartronnacross	Cartún na Croise	
M368765; 101, 102	“*the cartron of the cross*”	
1. Carownecroish [*sic*]...		
Carrowcroishie	Inq. ME II.233	1617
2. Crosse	Inq. ME II.281	1617
3. Manus offily - the cartron of		
Crossy in the qr of Crossie	Strafford Inq. §121V	1635
4. Carrownecrossie [*sic*], 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
5. 2 cartrons in Carrownecushie		

[*sic*] called Gortfadda and Turnock	Strafford Inq. §135	1635
6. the cartron of Crosse	Strafford Inq. §164V	1635
7. Carrownecrossey 1 qr.	ASE 275b	1683
8. Carrownecross 1 qr.	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
9. Carrownecross	CRL 2A.3.16, 151a	1710c
10. Cartronnecrossy	Garret O'Moore Maps 25	1721c
11. Cartronnecrossy	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723
12. Cartronnecrossy	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742
13. Carrownecrossy 1 qr.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
14. Carrownecruss 1 qr.	QRL 2A.6.70, 522	1787
15. Carrownecruss	QRL 2A.6.70, 575	1787
16. Cartoon, Cartoonnacrusha	Bald	1830
17. Cartoonnacressa	Tithe App. Book §61	1834
18. Cartoonacressa	Litir Eolais (ALSO)	1838
19. Cartoonacressa	ST (ALSO)	1838
20. Cartoonnacrosha	T O'C (ALSO)	1838
21. Cartonnacross	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
22. Cartún na croise	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Cartún na croise "cartron of the cross"	J O'D (ALSO)	1838
24. ˈkartaunˈkrɔs	ME2, CChL1	2009

"202a. 0r. 22p.... including about 12 acres of bog. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Ballinsmalla and Boolinree, on the east by Knockatubber, on the south by Ballyglass, Crantaher and Drimkeen, and on the west by Castlegar. The property of Mr. Patk. Kerwin, Dalagan House, Co. Galway" (*ALSO*). Léirítear grúpaí tithe in oirthear, lár agus tuaisceart na roinne seo, agus iad suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas trí lár na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach nóta ar an eilimint *cartún* faoi Cartron thuas. Tá sí cáilithe anseo ag *cro(i)s* "cross as relig. symbol; of monastic cross as object of devotion... hence shrine at cross, church, etc." (*DIL* sv.).[36] Tá ballóga sheanmhainistir Bhaile an Smálaigh suite

[36] I dtaca leis an dara ciall a luaitear le *cro(i)s* amanna, "crossroads", cf. *béalad* "place where several roads meet, crossway" i logainmneacha faoi ainm paróiste Chill Bhéalad i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

díreach ó thuaidh de theorainn thiar thuaidh an bhaile fhearainn, i ndeisceart Ballinsmaula féin. Féach go bhfuil sé tugtha faoi deara ag Price (1967, 233, 268) i gCill Mhantáin go bhfuil an chiall "talamh eaglasta" leis an eilimint *crois* i logainmneacha ann. Féach sampla de *crois* mar bhuneilimint sa phlé ar an ainm paróiste *Crois Bhaoithín*, sa bharúntacht seo.

Castlegar	An Caisleán Ghearr	
M355764; 101	*"the short castle"*	
1. Ballecowly and Castlegare... 9 qrs	CBC 100	1585
2. Castlegar	Inq. ME I.2	1587
3. Castlegeare, cast. de	Inq. ME I.39	1608
4. Castlegare	Inq. ME I.71	1611
5. ⅔ of the castle of Castlegar in Kinkillare	CPR Jas I 427a	1619
6. Castlegarr	Inq. ME I.106	1623
7. Castlegare, 1 cartron called Gortaggate in the qr of	Strafford Inq. §137V	1635
8. Castlegarre, the castle called	Strafford Inq. §151V	1635
9. Patrick Darcy... castle and 1 cartron of land in Castlegare	Strafford Inq. §152	1635
10. the castle of Gare	Strafford Inq. §155	1635
11. Castlegarr 1 qr.	BSD 64	1661
12. Castlegare 2 qrs, Tryenmore[37] and	ASE 275b	1683
13. Castlegarr 1 qr.	CRL 2A.3.16, 144a	1710c
14. Castlegare & Trinemore 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737

[37]

1. Treenemore alias Gortconnell, qr of	Strafford Inq. §155	1635
2. 1/6 qr in Trinemore and Leanegea with a share of the castle of Gare	Strafford Inq. §155	1635
3. gnive of Trinemore in the qr of Trinemore	Strafford Inq. §155	1635
4. Tryenmore and Castlegare 2 qrs	ASE 275b	1683
5. Terinmore 1 qr.	CRL 2A.3.16, 144a	1710c
6. Castlegare & Trinemore 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
7. Castlegar & Trinemore 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 90, 236 §64038	1738
8. Terinmore 1 qr.	QRL 2A.6.70, 539	1787

15. Castlegare & Trinemore 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 90, 236 §64038	1738
16. Castlegarr 1 qr.	QRL 2A.6.70, 539	1787
17. Castlegarr	Bald	1830
18. Castlegar Prendergast, Castlegar Ignats. Kelly	Tithe App. Book §61	1834
19. Castlegar	Litir Eolais (ALSO)	1838
20. Castlegar	ST (ALSO)	1838
21. Castlegar	Cess Book (ALSO)	1838
22. Castlegar	T O'C (ALSO)	1838
23. Caislean gear	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
24. Caislean gheárr "short castle"	J O'D (ALSO)	1838
25. ˌkasəlˈgɛr	ME2	2009

"270a. 2r. 11p., including about 56 acres of bog and about 6 acres of planting. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north by Eskerlavally and Drimneen, on the east by Ballinsmalla and Cartoonacressa, on the south by Drimkeen and Clare and on the west by Boherduff. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is a triangulation station in this townland called Castlegar. There are two ancient forts in this townland" (*ALSO*). Léirítear *Castlegar House* agus cuid plandála thart air in iarthar na roinne, agus cuid bheag tithe eile san oirdheisceart agus i bhfíorthuaisceart an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear dhá lios i lár na roinne (M355674 agus M356763) agus lios eile san iarthar gar do *Castlegar House* (timpeall M352765). Liostaítear láthair chaisleáin leis an roinn seo in *Monuments* (§101), ach ní thugtar na tagairtí eangaí.

Is féidir gurbh í *Caisleán Ghearr* an fhoirm dhéanach, sa chaint, le séimhiú ar thúschonsan an cháilitheora mar thoradh ar úsáid an logainm i gclaontuisil (foirm 24). Moltar *An Caisleán Gearr* mar bhunfhoirm, áfach. Tá an bhuneilimint *caisleán* "castle" (*DIL* sv. *caislén*) cáilithe anseo ag *gearr* "short" (*DIL* sv. *gerr*(a)). Tá *An Caisleán Gearr* socraithe mar an bhunfhoirm de thrí shampla de Castlegar i nGaillimh (www.logainm.ie); cf. fosta Cuilgar < *An Choill Ghearr* i mbarúntacht Ghaileang (Imleabhar 9).

Clare	Clár Chlainne Mhuiris	
M346749; 101	*"level place of* Clann Mhuiris"	
1. license to hold a Thursday market at Togherclare between Tullagh and Ruskie and 3 fairs...	CPR Jas I 558b	1622
2. Clare	TCD 1641 Dep. MS 831 fol. 249V	1652
3. Clare	Hib. Del. Mayo	1672c
4. 4 qrs of Clare (vizt.) Gurtindrissagh,[38] Auneragh,[39] Carrownelery,[40] Parran, Lissonagh and Coylebegg ½ qr[41]	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
5. Clare, 4½ qrs of land of	Reg. Deeds Lib. 11, 390 §4798	1713
6. Clarec[]anmorish	Garret O'Moore Maps 27	1721c
7. Clare, town and lands of	Reg. Deeds Lib. 72, 393 §51239	1733
8. 4 qrs of Clare vizt. qr. of Carrownegerald als McGarretboy[42]		

[38] Féach tuilleadh faoi *Gurtindrissagh* faoi Kilbeg (*Malone*).

[39] Féach tuilleadh ar *Auneragh*, recté *Muneragh*, faoi Caraun.

[40] Féach foirmeacha stairiúla Caraun.

[41]

1. Parrane, Lissena, Coylebeg	Forfeit. Estates 394	1703
2. 4 qrs of Clare (vizt.)... Parran, Lissonagh and Coylebegg ½ qr	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
3. [Clare vizt.]... Parran, Lissenagh, Coyle, being ½ qr	QRL 2A.6.70, 578	1787
4. Parrane & Lisena and Coylebegg ½ qr.	Reg. Deeds Lib. 66, 510 §48064	1735
5. 4½ qrs of Clare vizt.... Parrane, Lissena and the ½ qr of Coylebegg	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735

I dtaca le *Parrane*, cf. Purrauns i mbarúntacht Chill Mheáin.

[42]

1. Carowmegerodbone... Girodboy	Inq. ME II.237	1617
2. half qr of Killinfarna in the qr of mcGerrottboy	Strafford Inq. §121	1635
3. Mc Garrett boy, the qr of	Strafford Inq. §147V	1635
4. Carrow mc Garrett boy	Strafford Inq. §150	1635
5. Carrowmacgaradboy 1 qr.	BSD 61	1661
6. Mocrettboy qr. or Carrowmacrettboy	ASE 241b	1677
7. CarrowmcGerrald-Bey 1 qr.	ASE 275b	1683
8. Carrownegerald als. McGarrettboy	Forfeit. Estates 394	1703

... Gortindrisagh, Muncreagh, Carrownellory, Parrane & Lisena and Coylebegg ½ qr.	Reg. Deeds Lib. 66, 510 §48064	1735
9. Clare	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
10. 4½ qrs of Clare vizt. Carrownegerald als McGarret Boy and the fairs thereof, Gurtindrisagh, Munereagh, Carrownellery, Parrane, Lissena and the ½ qr of Coylebegg	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
11. Clare 4 qrs	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
12. Clare[43]	Taylor and Skinner [mapa]	1777
13. [Clare vizt.] Gortindussagh, Alluneragh, Carranelevy, Parran, Lissenagh, Coyle, being ½ qr	QRL 2A.6.70, 578	1787
14. Clare	Arrowsmith	1811
15. Clare	Bald	1830
16. Clare Townlands	Tithe App. Book §61	1834
17. Clare	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Clare	ST (ALSO)	1838

---

9. Carrowgaraldboy 1 qr.	CRL 2A.3.16, 144a	1710c
10. 2 qrs of Carrowne Gerrald als McGarrethboy with the fairs thereof	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
11. Maggarrettboy, qr of	Reg. Deeds Lib. 11, 390 §4798	1713
12. 4 qrs of Clare vizt. qr. of Carrownegerald als McGarretboy...	Reg. Deeds Lib. 66, 510 §48064	1735
13. 4½ qrs of Clare vizt. Carrownegerald als McGarret Boy and the fairs thereof...	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
14. Carrowgarloboy	QRL 2A.6.70, 540	1787
15. the qr of Carrowgerald als McGaretboy with the fairs thereof	QRL 2A.6.70, 578	1787

Léirítear *Killeenfarnagh* (cf. foirm 2a) suite soir ó thuaidh de bhaile Chlár Chlainne Mhuiris ar léarscáil *Bald*:

1. half qr of Killinfarna in the qr of mcGerrottboy	Strafford Inq. §121	1635
2. Killinfarna, half qr of	Strafford Inq. §121V	1635
3. Killeenfarnagh	Bald	1830

[43] Tagraíonn an fhoirm seo, agus foirm 13, do bhaile mór Chlár Chlainne Mhuiris.

19. Clare	T O'C (ALSO)	1838
20. Clar chlann Muiris na mbrigh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
21. Clár chlann Muiris "the plain or level of Clanmorris"	J O'D (ALSO)	1838
22. Clár Chlainne Mhuiris	GÉ 63	1989
23. ˌkleːrˈmɔrəs	ME2, CChL1	2009

"1070a. 1r. 21p[44].... including about 295 acres of bog, 5 acres of plantation and 35a. 1r. 10p. of water. [Situated] in the south west side of the parish. Bounded on the north by Lisnabooly, Clare[mount] and Boherduff, on the east by Castlegar, Drimkeen and Kilbegmalone, on the south by Carrowskehee and Lisduff, and on the west by the parish of Crossboyne and Ardroe. The property of Mr. Fras. Brown, Claremount. Clare Town is situated in the south west end of this townland. There are two ancient forts in this townland" (*ALSO*). Diomaite de bhaile mór *Clare*, ar a dtugtar anois *Claremorris*, a léirítear suite sa lár thiar, léirítear cuid mhaith áitribh le hais bóithre i ndeisceart, oirthear agus iarthuaisceart na roinne, agus áitribh scaipthe i dtuaisceart, oirthear agus iardheisceart an bhaile fhearainn. Léirítear lios san oirthear (timpeall M355752) agus lios eile ó dheas den bhaile mór (timpeall M343746). Tá *Mayfield Lough* agus *Clare Lough* ar an teorainn thiar.

Tá an bhuneilimint *clár* "level expanse, plain, surface" (*DIL* sv. *clár*(f)), "a level surface, a plain... a flat country, a large district" (*Dinneen*), "flat place" (Ó Maolfabhail 1990, 110 sv. *Clár Aidhne* / Clarina), "[normally] applied locally to a flat piece of land (*Joyce* i 427),[45] tearc go leor sa chontae seo. Féach samplaí eile sna ainmneacha Killaclare < *Coill an Chláir* i mbarúntacht Choistealach, Belcalre < *Béal an Chláir* i mbarúntacht Mhuraisce agus Clareen < *An Cláirín* i mbarúntacht Chill Mheáin. Mholfaí *An Clár* mar bhunfhoirm Ghaeilge ar bhunús na bhfoirmeacha thuas; is cosúil gur úsáideadh *Clár Chlann Mhuiris* (foirmeacha 6, 20) nó *Clár Chlainne Mhuiris* (*Onom. Goed.* 247a) sa Ghaeilge dhéanach, chomh maith. I dtaca le *Clann Mhuiris*, féach nóta Uí Mhuraíle ar ainm na barúntachta, thuas.

[44] "1086a. 1r. 7p." ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

[45] Tagraíonn an eilimint seo do dhroichead i gcuid logainmneacha (*IPN* 54; cf. *PNI* 7, 240 sv. Clare, agus Belclare i mbarúntacht Mhuraisce): forbairt ó na bunbhríonna "board, plank; of a variety of flat objects normally made of wood" (*DIL* sv. *clár*(a,b)), is léir.

Tá *Baile Chláir* socraithe mar bhunfhoirm Clare (agus mar an bhunfhoirm den ainm barúntacht den ainm céanna) i nGaillimh (www.logainm.ie); tá *An Clár* socraithe mar bhunfhoirm Clare sa Dún (*GÉ* 63). Tá bailte fearainn eile darb ainm Clare i dTír Eoghain, Ard Mhacha, Aontroim, an Cabhán, Dún na nGall, an Iarmhí agus Ros Comáin (*Census 1851*).

Claremount *Cnocán an Chláir*

M340764; 101

1. Claremount	Arrowsmith	1811
2. Claremount	Bald	1830
3. Claremount Demesne	Tithe App. Book §61	1834
4. Claremount	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Claremount	ST (ALSO)	1838
6. Cnocán an Chláir	www.logainm.ie	2005
7. 'kle:rmaunt	ME2, TC4	2009

“313a. 0r. 30p.... including about 47 acres of woody land. [Situated] in the south west interior part of the parish. Bounded on the north by Drimineen, Drimineen Prendergast and Lisbaun, on the east by Eskerlavally and Boherduff, on the south by Clare, on the west by Lisnabooly and Logatampul. The property of Mr. Jas. Brown, Claremount. Claremount House is in this south central part of this townland” (*ALSO*). Léirítear an teach mór agus cuid mhaith plandála thart air gar do lár na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; léirítear cuid bheag tithe le hais bóithre in oirthear na roinne chomh maith. Léirítear lios díreach siar ó dheas de *Claremount House* (M339761); tá lios eile san oirthear (M345762). Bhí an teach mór suite ar chnoc 70 méadar ar airde.

Is cosúil gur áiríodh talamh an bhaile fhearainn seo mar chuid de thailte Clare, sna foinsí, go dtí an 19ú haois: féach cuid forannta Clare liostaithe faoi Clare féin.

Tá *Cnocán Chlára* socraithe mar an fhoirm Ghaeilge de Claremount in Uíbh Fhailí (*L. Log.*); tá *An Clár Mór* socraithe mar fhoirm Ghaeilge Claremount i nGaillimh, agus tá *Cnoc an Cláraigh* socraithe mar bhunfhoirm Claremount sa Chlár (www.logainm.ie). Tá Claremount eile i gCill Dara; féach fosta Claremount or Cummingstown san Iarmhí (*Census 1851*).

Cloonaghduff	Cluanach Dubh	
M365788; 91, 92, 101, 102	*"black place of meadows"*	
1. Cloonaghduff	Tithe App. Book §61	1834
2. Cloonagh duff	ST (ALSO)	1838
3. Cloonaghduff	T O'C (ALSO)	1838
4. Clunach dubh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
5. Cluaineach dubh "black lawn or meadow"	J O'D (ALSO)	1838
6. ˌkluːnəˈd̪ˠəf	CChL1	2009

"26a. 2r. 8p.... all arable land. [Situated] in a south central part of the parish. Bounded on the north and east by Corbally, on the south by Barnycarrol and on the west by Ballybreheny South. The property of Mr. Gunbell" (*ALSO*). Léirítear cúpla teach in iardheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an t-ainm seo bunaithe ar fhorbairt (*cluanach*) ó *cluain* "meadow, pasture-land, glade" (*DIL* sv. 1*clúain*), "a fertile piece of land, a green arable spot [near bog or water]" (*Joyce* i 233; féach fosta *PNI* 7, 21), "damp pasture, untilled field" (Kelly 1997, 614; féach Ó Cearbhaill 2010, 17-9) cáilithe ag an réimír *breac* "speckled, spotted; variegated; patterned, ornamented" (*DIL* sv. 1*brecc*). Ní léir cé acu ciall chnuasaigh, áitreabhach nó eile atá le *-ach* anseo. Is ábhar spéise é gur mhol Ó Donnabháin *cluaineach* sa chás seo.

Tá tuairim is dhá scór baile fearainn ann, agus a mbunús i gConnachta, a bhfuil an chosúlacht orthu go bhfuil *cluanach* mar chéad eilimint nó mar eilimint aonair san ainm acu (*Census 1851*; Cloonagh nó *Cloonagh-*).[46] Moltar leagan firinscneach mar bhunús do shamplaí de Cloonagh i mbarúntachtaí Mhuraisce agus Cheara, do Cloonaghduff agus samplaí de Cloonaghmore i mbarúntacht Cheara, do Cloonaghmanagh i mbarúntacht Mhuraisce, do Cloonaghbeg and Knockegan agus Cloonaghmore i bparóiste Choistealach, agus do Cloonaghboy i mbarúntacht Ghaileang. Féach fosta samplaí de *Breac-chluanach* faoi Brackloonagh North i mbarúntacht Choistealach.

Is den bhunús céanna é Cloonaghduff i mbarúntacht Cheara; féach fosta Clonaghdoo i Laois (*Census 1851*). Féach fosta tagairtí do *Clonduffe*, iar-roinn de chuid Garryredmond, faoi Garryredmond féin thíos.

[46] Fainic: tá *Cluain Each* socraithe mar bhunfhoirm Cloonagh i dTiobraid Árann (*L. Log*. 51).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: ní léir cé acu, áfach.

Cloonboy	Cluain Buí	
M307789; 91, 101	*"yellow meadow"*	
1. Cloonboy	Inq. ME II.247	1617
2. Clooneboy, the qr of	Strafford Inq. §129	1635
3. Clanboy 1 qr.	BSD 61	1661
4. Cloneboy	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Ballinestamford 2 qrs viz. Carrowmore[47] 1 qr. and Clonboy 1 qr.	ASE 275a	1683
6. Clanboy qr.	CRL 2A.3.16, 139a	1710c
7. Cloonboy	Garret O'Moore Maps 9	1721c
8. Clonboy	Reg. Deeds Lib. 38 §423, 24856	1723
9. Conboy [*sic*]	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742
10. Cluneboy1 qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
11. Clonboy qr.	QRL 2A.6.70, 516	1787
12. Cloonboy	Lynch-Blosse Maps	1811
13. Clonboy	Tithe App. Book §61	1834

[47]

1. Skregboie	Inq. ME II.245	1617
2. 2 qrs of Skregboy and Carrowmore	CPR Jas I 394a	1618
3. Carrowmore, ¼ gnive in	Strafford Inq. §108	1635
4. Carrowmore, ⅓ gnive in	Strafford Inq. §108V	1635
5. 1 qr called Carrowmore and Creighboy	Strafford Inq. §115V	1635
6. Caramore als Scrigboy 1 qr.	BSD 61	1661
7. Carrowmore	Hib. Del. Mayo	1672c
8. Ballinestamford 2 qrs viz. Carrowmore 1 qr. and Clonboy 1 qr.	ASE 275a	1683
9. Carrowmore als Skrighboy 1 qr.	ASE 277a	1683
10. Carrowmore 1 qr. & Clanboy qr.	CRL 2A.3.16, 139a	1710c
11. Carrowmore als Skighboy	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
12. Carrowmorestanford [*sic*] als Skreggboy	Reg. Deeds Lib. 69, 61 §47248	1731
13. Carrowmorestanford ½ qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
14. Carrow[ ]re 1 qr., Clonboy qr.	QRL 2A.6.70, 516	1787
15. Carrowmore als Skeoughbwee 1 qr.	QRL 2A.6.70, 561	1787

14. Cloonboy	ST (ALSO)	1838
15. Cloonboy	Litir Eolais (ALSO)	1838
16. Clanboy	D. Gibbons (ALSO)	1838
17. Cloonboy	T O'C (ALSO)	1838
18. Clun buidhe	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
19. Cluáin buidhe "yellow meadow or lawn"	J O'D (ALSO)	1838
20. klu:n'boi	ME2, CRB1	2009

"446a. 2r. 2p.... including about 200 acres of bog and rough pasture. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by the parish of [Tagheen], on the east by Ballina Stanford Lower, Drummogh and Ballinastanford Upper, on the south by Cartown and west by the parish of Mayo. The property of Mr. Kerwin. There is a triangulation station in this townland called Cloonboy. There is an ancient fort in it. Also Cloonboy House is in the north end of this townland" (*ALSO*). Diomaite den teach mór a léirítear le cuid plandála sa tuaisceart, léirítear dhá ghrúpa tithe sa lár theas, tithe eile le hais bóthair aneas sa lár thiar, agus cúpla teach scaipthe sa lár thuaidh. Léirítear lios sa lár theas (M312784).

Tá an bhuneilimint *cluain* "i, m., later f.... meadow, pasture-land, glade" (*DIL* sv. 1*clúain*), "meadow; after-grass" (*Ó Dónaill*), "... a fertile piece of land, a green arable spot [near bog or water]" (*Joyce* i 233; féach fosta *PNI* 7, 21), "damp pasture, untilled field" (Kelly 1997, 614; féach Ó Cearbhaill 2010, 17-9) cáilithe anseo, is dóiche, ag *buí* "yellow" (*DIL* sv. 1*buide*).[48] Ní féidir an t-ainm pearsanta coitianta *Baoth*, ginideach *Baoith*, a chur go hiomlán as an áireamh, áfach (cf. samplaí den ainm seo sa Ghinealach Mór ag *LMG* v 61-2).

Tá baile fearainn eile den ainm seo i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá bailte fearainn darb ainm Clonboy i Muineachán (*L. Log*. 10 sv. *Cluain Buí*), Aontroim (*PNI* 4, 38: *Cluain Baoith* molta), agus an Clár; féach fosta Clonboy or Ballinacor san Iarmhí (*Census 1851*).

[48] Féach fosta "yellow, tawny... as a disparaging epithet, like ugly, dirty, bad... *Domhnall buí*, bad bold Domhnall; *Seán Buí*, the English" (*Dinneen*).

Cloonconor	Cluain Conchúir	
M361737; 101	"Conchúr's *meadow*"	
1. Clonconnor, McAdam of	Fiants Eliz. §5451	1590
2. Clowneconnor, a moiety of	CPR Jas I 581b	1611
3. Clooneconnor	Inq. ME II.229	1617
4. Clooneconnor, town and 4 qrs of	Strafford Inq. §129	1635
5. Clonconner, townland of	Strafford Inq. §118	1635
6. Cloonconnor, ¼ cartron in	Strafford Inq. §118	1635
7. Clooneconnor 4 qrs	Strafford Inq. §131	1635
8. Cloneconnor, ½ the qr of Synone in the town of	Strafford Inq. §153	1635
9. Clonconnor ½ qr.	ASE 275b	1683
10. Clonconner ½ qr.	CRL 2A.3.16, 139b	1710c
11. Clanconner ½ qr.	QRL 2A.6.70, 520	1787
12. Cloonconnor	Bald	1830
13. Cloonconnor, Cloonconnor DG Browne, Cloonconnor Prendergast	Tithe App. Book §61	1834
14. Cloonconnor Prendergast	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Cloonconnor-Prendergast	T O'C (ALSO)	1838
16. Cloonconor	J O'D (ALSO)	1838
17. Clun Crochúir	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Cluain Conchobhair "Conor's lawn or meadow"	J O'D (ALSO)	1838
19. ˌklunˈkɔnər	CChL1	2009

"37a. 0r. 30p.... including about 7 acres of bog and 2½ of plantation. [Situated] in the south west part of the parish. Bounded on the north and east by Kilbegmalaone, Ballykenave and Meelickmore, on the south by Carrowkilleen and on the west by Carrownaskehee. The property of Mr. Mathew Prendergast. There is a graveyard in this townland" (*ALSO*). Léirítear teach amháin, agus cuid plandála thart air, suite in oirdheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an reilig (marcáilte mar "cillín" ar léarscáileanna reatha) suite siar ón teach, sa lár theas (M361736).

Tá an bhuneilimint *cluain* (féach faoi Cloonboy thuas) cáilithe anseo ag an ainm pearsanta coitianta *Conchúr*. Féach nóta ar an ainm pearsanta seo faoi Carrowconor i bparóiste Chrois Bhaoithín thíos. Tá Cloonconor Glebe sa Chabhán (*Census 1851*). Is den bhunús *Caisleán Mhic Conchúir* é Castleconor i bparóiste Chaisleán Mhic Conchúir féin, i mbarúntacht Thír Fhiachrach (féach Imleabhar 9).

Cloondroon	Cluain Drún	
M311769; 101	*"meadow of the (?)humps"*	
1. Cloondrue [*sic*]	Garret O'Moore Maps 30	1721c
2. Cloondroon	Bald	1830
3. Cloondroon	Tithe App. Book §61	1834
4. Cloondroon	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Cloondroon	ST (ALSO)	1838
6. Cloondroon	T O'C (ALSO)	1838
7. Cluáin drún	J O'D (foghrú; ALSO)	1838
8. Clún drún	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
9. Cluain idir abhainn "lawn between streams?"	J O'D (ALSO)	1838
10. Cluain "a lawn or meadow"; Drun "uncertain"	J O'D (ALSO)	1838
11. klunˈdruːn	ME2, ME3, CRB1, TC4	2009

"243a. 0r. 2p.... including about 135 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by Cloonshanboe and Cartoon, on the south and east by Garanabba and Streamstown and on the west by the parish of Crossboyne. The property of Mr. Gunbell, Farmhill" (*ALSO*). Léirítear dhá ghrúpa bheaga tithe agus cuid páirceanna, agus iad timpeallaithe ag talamh riascúil, i lár thoir na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá cnoc 72 méadar ar airde i lár na roinne.

Tá cuid éiginnteachta ag baint leis an eilimint cháilithe sa chás seo. I measc na bhféidearthachtaí, tá an t-ainm pearsanta *Drón*; liostaítear bean agus beirt fhear den ainm seo sa Ghinealach Mór (*LMG* v 257 sv.). Thiocfadh linn an t-ardú ó [oː] go guta ar nós [uː] san eilimint seo a mhíniú, sa chanúint dhéanach ar scor ar bith, mar

thoradh ar a shuíomh taobh le consan srónach.[49] An dtiocfadh dó gur leagan den fhocal *dronn* "ā, f.... hump, convexity" (*DIL* sv. *dronn*(b)) atá i gceist?[50] I dtaca le fuaimniú, féach *Dinneen*: "Dronn... f., a ridge, protuberance; a hump on the back... pron. *drún*...". Cf. na fuaimnithe [puːNt], [puntə] den fhocal *punt* in oirthear an chontae (Ó Catháin 2002, 14 §107).

Féach go léifí consan coguasaithe ar an *-n* deiridh ar fhoirmeacha 7-8 agus 10. Tá Cloondroon eile i nGaillimh: tá *Cluain Drún* molta mar an bhunfhoirm de. Féach fosta Cordroon i mbarúntacht Chill Mheáin (Imleabhar 6): mhol Ó Donnabháin *Cor[r] Drún* "meaning uncertain" sa chás sin. Sa chás deireanach, léiríonn foirmeacha ón 17ú haois go bhfuil an guta [uː] sa cháilitheoir fadbhunaithe (*Coordrowne*, 1618; *Cardrowne*, 1624; *Cordrune*, 1661).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile go dtí an 19ú haois, is léir: Garranabba nó Streamstown, b'fhéidir.

Cloongawnagh	Cluain Gamhnach	
M306579; 102	*"meadow of the milch cows"*	
1. Carowbegelawnegownogh	Inq. ME II.247	1617
2. Cloonegawnegh	Inq. ME II.249	1617
3. Cloongoonagh, the qr of	Strafford Inq. §128V	1635
4. Clounegowna 1 qr.	BSD 64	1661
5. Cloungowne	Hib. Del. Mayo	1672c
6. A wast bog lying betwixt Clountough, Cloungouna & Carracarrane	BSD 68	1661
7. Clongowna and Carrowbegg 2 qrs	ASE 275b	1683
8. Cloonegawne 1 qr.	ASE 277a	1683
9. Clongawna & Carrobeg 2 qrs	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
10. Cloongawnagh	Garret O'Moore Maps 23	1721c
11. Cloongunagh	L. Blosse Papers 207 §102	1740c

[49] Cf. Stockman (1974, 321 §1404).

[50] Tá *dronn* teastaithe i gcuid ainmneacha; féach Gorteendrunagh i mbarúntacht Cheara (Imleabhar 5) agus an mionainm *Na Dronna*, béarlaithe mar *The Drinns*, sa Dún, aistrithe mar "the humps / ridges" ag Ó Mainnín (*PNI* 3, 138).

12. Clunegaunagh 1 qr.	L. Blosse Papers 211 §103	1750c
13. Cloongawna and Carrobegg 2 qrs	QRL 2A.6.70, 520	1787
14. Cloongoonagh	Lynch-Blosse Maps	1811
15. Cloongoonagh	Bald	1830
16. Cloongonagh, Cloongoonah	Tithe App. Book §61	1834
17. Cloongoonagh	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Cloongoonagh	ST (ALSO)	1838
19. Cloongowne	Cess Book (ALSO)	1838
20. Cloongoonagh	T O'C (ALSO)	1838
21. Cloongawnagh	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
22. Cluáin gúmhnach "lawn or meadow of the strippers or milch cows"	J O'D (foghrú; ALSO)	1838
23. ˌklunˈguːnə	CChL1	2009

"328a. 3r. 29p.... including about 170a. of bog and rough ground. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north and west by Carrowbeg, on the east by the parish of Knock in the barony of Costello, and on the south by the townlands of Cloonthooa and Cauraun. The property of Mr. Gunbell, Farmhill" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóthair a reáchtálann aniar trí lár thuaidh na roinne, agus tithe aonaracha sa lár agus sa lár theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba aniar aduaidh ar an teorainn thiar agus aniar ar an teorainn theas; reáchtálann craobhshruthán eile den Róba aniar aduaidh ar an teorainn thoir.

Tá *cluain* (féach faoi Cloonboy thuas) cáilithe anseo ag iolra an fhocail *gamhnach* "ā, f. a 'stripper', a cow with a year-old calf", "a cow not in calf that yields milk" (*Dinneen*). Cf. samplaí inchurtha de Cloongawnagh i mbarúntachtaí Chill Mheáin agus Choistealach sa chontae seo, agus Cloonagawnagh agus Maumgawnagh i nGaillimh (*Census 1851*). Féach fosta ainm paróiste Mhaigh Ghamhnach i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

Cloonmore Lower	Cluain Mór Íochtair	
M350857; 80, 91	*"big meadow, upper"*	
1. Cloonemore	Inq. ME II.237	1617
2. Cloonmore, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
3. Ballinree, 1 cartron called Cloonemore in the qr of	Strafford Inq. §135	1635
4. Clonemore, mcMorris... the qr of	Strafford Inq. §139	1635
5. Clanmore 1 qr.	BSD 68	1661
6. Wast bog in Common betweixt Killeboe, Clanmore and Clondare	BSD 68	1661
7. Clunemore	Hib. Del. Mayo	1672c
8. Cloonmore eighter	Garret O'Moore Maps 15	1721c
9. Cloonmore	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
10. Cloonmore Kirwan, Cloonmore Browne	Tithe App. Book §61	1834
11. Cloonmore	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Cloon more Lower	ST (ALSO)	1838
13. Cloonmore	T O'C (ALSO)	1838
14. Clún mór	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
15. Cluáin mór "great lawn or meadow"	J O'D (ALSO)	1838
16. ˌklun'mo:r'lo:wər	ME3	2009

"397a. 1r. 26p.... including about 177 acres of bog. [Situated] in the north east extremity of the parish. Bounded on the south by Cloonmore Upper, on the west by Cultiaboe and the parish of Killeaden, Barony of Galen, on the north by the same parish and barony, and on the east by the parish of Knock in the baronies of Costello and Clonmorris. The property of Mr. Kerwin, Dalagan House, Co. Galway. There is a triangulation station in this townland, called Cloonmore North" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe sa lár thoir agus iad suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas trí lár thoir na roinne, agus cuid tithe eile i lár agus deisceart an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann craobhshruthán de chuid de *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste an Tempaill Mhóir i mbarúntacht Ghaileang) anoir aneas ar theorainneacha thoir Cloonmore Upper agus Cloonmore Lower; reáchtálann an *Gweestion River* féin anoir aduaidh go lúbach ar theorainn thuaidh Cloonmore Lower.

Féach nóta ar an bhuneilimint *cluain* faoi Cloonboy thuas. Féach samplaí eile den ainm seo faoi Cloonmore i bparóiste Chrois Bhaoithín, thíos.

Cloonmore Upper	Cluain Mór Uachtair	
M355841; 91	*"big meadow, lower"*	
1. Cloonmore Oughter	Garret O'Moore Maps 14-5	1721c
2. Cloonmore Upper	ST (ALSO)	1838
3. Cloonmore	T O'C (ALSO)	1838
4. Clún mor	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
5. Cluáin mór "great lawn or meadow"	J O'D (ALSO)	1838
6. ˌklunˈmoːrˈo̤pər	ME3	2009

"355a. 2r. 33p.... including about 120 acres of bog, and 3a. 2r. 9p. of water. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Cloonmore Lower, on the east by the parish of Knock, on the south by Dalteen and Mace Middle and on the west by Mace Lower and Cultiaboe. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear grúpaí tithe i dtuaisceart, deisceart agus iardheisceart na roinne seo, agus tithe aonaracha sa lár agus san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach tuilleadh foirmeacha stairiúla faoi Cloonmore Lower thuas.

Cloontooa	(?)Cluain Tuath	
M407761; 102	*"meadow of the (?)petty kingdoms"*	
1. Clontuogh, O Kearne of	Fiants Eliz. §5740	1592
2. Clontowe	Inq. ME I.41	1608
3. Cloontwogh, ⅓ qr of	Strafford Inq. §114V	1635
4. Cloontuona [*sic*], Garryredmond and	Strafford Inq. §125	1635
5. Clonetragh [*sic*], 1 gnive in Garrow Redmond and	Strafford Inq. §125V	1635
6. Clunetuoigh, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
7. Clonetwo	Strafford Inq. §138V	1635
8. Clountough 1 qr.	BSD 64	1661
9. Clonlough [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
10. A wast bog lying betwixt		

Clountough, Cloungouna & Carracarrane	BSD 68	1661
11. Cloontogh with the commons 1 qr.	ASE 277a	1683
12. Cloontagh with ye Commons 1 qr	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
13. Clowntuogh 1 qr	CRL 2A.3.16, 156b	1710c
14. Cloontuogh	Garret O'Moore Maps 24	1721c
15. (?)Clonty	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
16. Cloontagh with commons 1 qr.	QRL 2A.6.70, 561	1787
17. Cloonthoua	Bald	1830
18. Cloontogh	Tithe App. Book §61	1834
19. Cloonthooa	Litir Eolais (ALSO)	1838
20. Cloonthooa	ST (ALSO)	1838
21. Cloontough	Cess Book (ALSO)	1838
22. Cloontooah	T O'C (scriosta; ALSO)	1838
23. Cloontooa	J O'D (scriosta; ALSO)	1838
24. Clun tuath	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
25. Cluáin tuath "north lawn or meadow"	J O'D (ALSO)	1838
26. klunˈtuː	CChL1	2009

"511a. 3r. 6p.... including about 275 acres of bog [in the east and north]. [Situated] in the south east side of the parish. Bounded on the north by Cloongoonagh, on the east by the parishes of Knock and Bekan in the parish of Costello, in the south by Garreyedmond, and on the west by Cauraun. The property of Mr. P. Kerwin, Dalagan House, Co. Mayo. There is a triangulation station in this townland called Cloonthooa" (*ALSO*). Léirítear bunús na lonnaíochta sa roinn seo sna ceathrúna theas agus thiar, le teach aonair léirithe sa tuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba aduaidh ar an teorainn thoir.

Tá an dobhriathar / aidiacht *t(h)uaidh* "north, in the north" (*DIL* sv. *túaid*, *thúaid*) le sonrú sna hainmneacha Ballytoohybeg < *An Baile T(h)uaidh Beag* agus Ballytoohymore < *An Baile T(h)uaidh Mór* i gCliara i mbarúntacht Mhuraisce,[51] ach ní féidir é a mholadh mar cháilitheoir san ainm atá idir chamáin.

[51] Féach fosta an mionainm *Píosa Tuaidh*, [ˌpisəˈtui], a thagraíonn do pháirc i Garranty in Inis Toirc sa bharúntacht chéanna (Imleabhar 2 sv.).

Tá féidearthachtaí éagsúla ag baint leis an cháilitheoir. Tá dornán beag samplaí den eilimint *tuath* "people, tribe, nation; country, territory; petty kingdom" (*DIL* sv. 1*túath*I,II) le sonrú sa chontae. Féach an t-ainm paróiste *Tuath Aitheachta* i mbarúntacht Cheara, Toocananagh < *Tuath Chanánach* i mbarúntacht Ghaileang, agus Cottage / *Cill Tuaithe* i mbarúntacht Choistealach (féach fosta Toomanagh i bparóiste an Chaisleáin Mhóir i mbarúntacht Choistealach san Aguisín in Imleabhar 10).

Thiocfadh linn cuimhneamh ar *tua* "silent" (*DIL* svv. 2*túae* agus *tóe*),[52] agus ar iolraí de *tua* "ā, f. also stúag... arch, curve; túag nime, a rainbow; sheet of parchment..." (*DIL* sv. 1*túag*)[53] agus *tua* "ā, f.... axe, hatchet" (*DIL* sv. 2*túag*), mar fhéidearthachtaí. Thiocfadh linn, leis, b'fhéidir, uatha de *tua* "[io, m.?] rampart, fortification, synonym of 3dóe..." (*DIL* sv. 1*túae*) a chur san áireamh chomh maith, ach is mar *daoi* atá an focal seo ag *Dinneen*.[54]

Tá Cloontooa eile i nGaillimh: tá *Cluain Tuaidh* molta go sealadach mar bhunfhoirm sa chás sin. Tá *Tuath* socraithe mar bhunfhoirm Tooa i Muineachán (*L. Log*. 51). Ar an ábhar go bhfuil trí pharóiste buailte le chéile ag ceann thoir thuaidh Cloontooa, moltar iolra de *tuath* anseo.

Cloonycollaran	Cluain Uí Challaráin	
M375748; 102	"Ó Callaráin*'s meadow"*	
1. Coolcalleran ½ qr	Reg. Deeds Lib. 56, 199 §37594	1728
2. Cloonicollerane	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
3. Cloonycollerane	Tithe App. Book §61	1834
4. Clooncollerans	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Clooncollerans	ST (ALSO)	1838
6. Clooncollaran	T O'C (ALSO)	1838
7. Cloonycollaran	T O' C (ceartú;ALSO)	1838
8. Clooneecollaran	J O'D (dúch; ALSO)	1838
9. Cluin Ui Chollarain	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Cluáin Ui Chollaráin		

[52] Cf. úsáid na heiliminte *bodhar* i logainmneacha: féach Cartronbower i mbarúntacht Cheara (Imleabhar 5).

[53] Féach *Cnoc an Stuaín* i Streamstown i mbarúntacht Mhuraisce (Imleabhar 2).

[54] "an embankment, a circumvallation; moat, house; al. a sandhill"; cf. *DIL* sv. 3*dóe*.

“O’Collaran’s lawn or meadow”	J O’D (ALSO)	1838
11. ˌklu:niˈkɔlərən	CChL12	2013

“101a. 3r. 36p.... including about 40 acres of rough ground [in the south]. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north and east by Ballyglass, and on the south and west by Ballykenave and Ballygowan. The property of Mr. Jas. Brown, Claremount” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe in oirthuaisceart agus iarthuaisceart na roinne seo, agus iad suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas trí lár thuaidh an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil se horlaí.

Tá an bhuneilimint *cluain* “i, m., later f.... meadow, pasture-land, glade” (*DIL* sv. 1*clúain*; féach fosta Cloonboy thuas) – a ghlac ionad na buneiliminte *cúil* sa chéad leath den 18ú haois, is cosúil (foirmeacha 1-2) – cáilithe anseo ag an sloinne *Ó Callaráin*: “Almost exclusively a Mayo and north Galway name” (MacLysaght 1985, 50 sv. *O Colleran*). Ní luaitear an sloinne, ná an t-ainm pearsanta ar a bhfuil sé bunaithe, sa Ghinealach Mór (*LMG*). Fobairt ón fhréamh (*call, coll*)[55] mar atá in ainmneacha pearsanta ar nós *Callán* nó *Callach* (*LMG* v 99), nó ón ainm pearsanta coitianta *Colla* (*ibid*. sv. 138-9 sv.)? Féach fosta an sloinne *Ó Talcharáin*; tá Uí Thalcharáin luaite mar thaoisigh ar Chonmhaicne Chúile Tolaidh (ceantar bharúntachtaí Chill Mheáin agus an Rois) i ndán a scríobh Ó Dubhagáin (c. 1350): “There are a few families of the sept of O’Talcharain still remaining in this barony, but they have dwindled into peasantry. They anglicise the name as Tolleran” (*Top. Poems (O’D)* 46 agus xlii). Aisteach go leor, ní luaitear an sloinne seo sa Ghinealach Mór ach oiread: “this may well be the surname now anglicised Colleran” (Ó Muraíle 1985, 26). Leantar anseo den litriú coitianta Nua-Ghaeilge (cf. foirm 1 thuas).

Áiríodh an baile fearainn seo mar chuid de roinn eile ar feadh i bhfad, sna foinsí, is léir: ní léir cé acu, áfach. Is féidir go n-áirítear mar chuid de roinn eile anois é, leis; níor aithin cuid faisnéiseoirí an t-ainm agus measann go nglactar leis an roinn seo mar chuid de Ballykinava.

[55] *Coll* “also call. o, m.... hazel-tree” (*DIL* sv. 1*coll*(a))?

Coolaght	Cuallacht	
M325850; 80, 91	*"(land of a) family"*	
1. coolaght	Inq. ME II.247	1617
2. Carrowcoolagh 1 qr.	ASE 261a	1679
3. Culagh	Garret O'Moore Maps 12-3	1721c
4. Coulogh t	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
5. Coolaght West, Coolaght Middle, Coolaght South	Tithe App. Book §61	1834
6. Coolaght	Litir Eolais (ALSO)	1838
7. Coolaght	ST (ALSO)	1838
8. Coolaght	T O'C (ALSO)	1838
9. Cúlacht	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Cúlacht "colony, settlement"	J O'D (ALSO)	1838
11. ˈku:lə	ME3	2009
12. ˈku:ləxt	CChL2	2013

"448a. 0r. 2p.... including 27a. 0r. 5p. of water and about 232 acres of bog. [Situated] in the north extremity of the parish. Bounded on the south by Murneen North, on the west by Ballintaffy, on the north by the parish of Killeaden in the barony of Galen, and on the east by Cultiaboe and Curneen townlands. The property of Mr. Kirkwood" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe san oirthear ar bhruach locha, sa lár theas, agus tithe scaipthe i dtuaisceart agus iardheisceart na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá loch eile gan ainm ar an teorainn thiar le Ballintaffy. Reáchtálann an *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste an Teampaill Mhóir, barúntacht Ghaileang) anoir aduaidh ar an teorainn thuaidh.

Is cosúil gurb í *cuallacht* "[u, m.]... litter (of wolf cubs); family, brood; company, retinue" (*DIL* svv. *cúallacht*, *cúanlocht*), "f. a sept, a tribe, a clan; a band or company" (*Dinneen*) an bhuneilimint anseo; is spéisiúil an bhrí fhorbartha a mhol Ó Donnabháin (foirm 10). Tá an aidiacht *cualach* "abounding in faggots or firewood" (*DIL* sv. *cúalach*) ann: thiocfadh linn cuimhneamh ar leagan substainteach, áitreabhach di, ach bheadh orainn an *-t* a mhíniú mar chonsan sáiteach neamhstairiúil, ansin.

Tá *Cill Chuallachta Thoir* agus *Cill Chuallachta Thiar* molta mar bhunfhoirmeacha Kilcoolaght East agus Kilcoolaght West, faoi seach, i mbarúntacht Dhún Ciaráin Thuaidh i gCiarraí; tá Kilcoolaght i mbarúntacht Mhaigh gCoinchinn sa

chontae céanna (www.logainm.ie). Féach fosta Coolaght eile i gCill Dara, Coolaghtane i Ros Comáin, agus Coolaghty i bhFear Manach (*Census 1851*).

Corbally	An Corrbhaile	
M368792; 91, 92, 102	*"the prominent townland"*	
1. Corballie, McCahir of the	Fiants Eliz. §5448	1590
2. Corballioughter	Inq. ME II.233	1617
3. Corballie	Inq. ME II.241	1617
4. Corbally	CPR Jas I 394a	1618
5. marg de Corbaylye... Corrbaylye, Corrbaylye	Inq. ME III.357	1629
6. Corballyoighter, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
7. Corballyoughter, 3 cartrons of	Strafford Inq. §140V	1635
8. Corballyoughter, ½ qr in	Strafford Inq. §140V	1635
9. Corbally, the half qr of	Strafford Inq. §143V	1635
10. Corballyoughter, the qr of	Strafford Inq. §147V	1635
11. Corbally, ¼ gnive in	Strafford Inq. §147V	1635
12. Corbally, the qr of	Strafford Inq. §157V	1635
13. Corbollyouter 3 carts.... Corbolly 1 cartron in this qr. [of Cloanvilly][56]	BSD 65	1661
14. Corballie	Hib. Del. Mayo	1672c
15. Corbally, lands of	ASE 254a	1678
16. Corballyoughter 1 qr.	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
17. Carrowrickard[57]... lands of Corbally	CRL 2A.3.16, 145a	1710c

[56] 1. Clonovilly — Inq. ME III.403 — 1635
2. Cloanvilly 1 qr. — BSD 65 — 1661
3. Clonville — Hib. Del. Mayo — 1672c
4. Clonvilly alias Clonevilly 1 qr. — ASE 255b — 1678
5. Clonevilley als Clonevill 9 qrs — CRL 2A.3.16, 147a — 1710c
6. Clonvilly als Clonevilly — CRL 2A.3.16, 149a — 1710c
7. Clunavilly 1 qr. — L. Blosse Papers 210 §103 — 1750c
8. Clonevalley als Clonevill 9 qrs — QRL 2A.6.69, 554 — 1787
9. Clonvilley als Clonevilly — QRL 2A.6.70, 565 — 1787

Léirítear foirm 3 suite ó dheas de *Ballibrehon*; féach fosta go luaitear foirm 7 le *Ballynebrehowne*.

18. Corbally, qr of	CRL 2A.3.16, 149b	1710c
19. Corbally	Garret O'Moore Maps 17	1721c
20. Corballyaughter	QRL 2A.6.70, 522	1787
21. Corbally	QRL 2A.6.69, 546, 567	1787
22. Corballyoughter 1 qr.	ASE 275b	1683
23. Wheatleys Curbally, Bradys Curbally	Tithe App. Book §61	1834
24. Corbally	ST (ALSO)	1838
25. Corbally	Litir Eolais (ALSO)	1838
26. Corbally oughter	D. Gibbons (ALSO)	1838
27. Corbally	T O'C (ALSO)	1838
28. Cor bhaile	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
29. Cor bhaile "odd town"	J O'D (ALSO)	1838
30. 'kor'bali	CChL1	2009

"198a. 1r. 14p.... including 0a. 2r. 16p. of water and the remainder arable land. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Mace Upper, on the east by Rockfield, on the south by Cloonaghduff, Barnycarrol and Loughanamon, and on the west by Ballybeheny South. The property of Col. Brown, Brownhall. There are 4 ancient forts in the south end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóithre i dtuaisceart na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear na

---

[57] 1. Carowricard	Inq. ME II.233	1617
2. Carrowrickard, qr of	Strafford Inq. §108	1635
3. Carrowrickard, 1 cartron of	Strafford Inq. §130	1635
4. Carrowrickard, in the qr of	Strafford Inq. §135	1635
5. Carrowrickard, the qr of	Strafford Inq. §147V	1635
6. Carrowrickard, ½ qr of Rinkeale in the qr of	Strafford Inq. §156	1635
7. Carorickard ½ qr... Carorickard the other ½ qr.	BSD 65	1661
8. Carrowrickard	ASE 254a	1678
9. Carrowrickard ½ qr.	ASE 275b	1683
10. Carrowrickard... Corbally	CRL 2A.3.16, 145a	1710c
11. Carrowrickard	Garret O'Moore Maps 23	1721c
12. Carrorickard 1 qr.	L. Blosse Papers 193 §75	1754
13. Carrowrickard... Corbally	QRL 2A.6.69, 546	1787

ceithre lios sa deisceart, ceart go leor (M366792, M367789, M372788 agus timpeall M371791), agus lios eile ar an teorainn theas le Barnycarroll (M369789).

Tá an bhuneilimint *baile* réamhcháilithe anseo ag an aidiacht *corr* "'tapering, cuspidated, peaked, pointed, jutting out or up, swelling'... Used of a variety of objects, incl. geographical features, places, buildings... Often somewhat vaguely applied..." (*DIL* sv. 1*corr*I), "odd; tapering, pointed; angular, projecting; rounded, curved" (*PNI* 7, 244-245 sv. Corvally / *An Corrbhaile* "the prominent townland"). Cf. Corhawnagh < *An Chorrthamhnach* i mbarúntacht Choistealach.

Tá 68 baile fearainn den ainm seo (amanna le cáilitheoirí) sa tír, agus dáileadh cothrom go leor orthu (*Census 1851*). Tá *An Corrbhaile* socraithe mar bhunús do shamplaí i dTiobraid Árann (*L. Log*. 64-5), Luimneach (*L. Log*. 33), Cill Chainnigh (*L. Log*. 26), Port Láirge (*L. Log*. 27), Lú (*L Log*. 13), Aontroim, Baile Átha Cliath, Ciarraí, Corcaigh, Gaillimh, Laois, Lú, Ros Comáin agus Sligeach (www.logainm.ie), agus d'ainm paróiste in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 2). Tá *An Corrbhaile* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Corballis i mBaile Átha Cliath, fosta (*ibid*.).

Crantahar	Crann Tachair	
M368758; 101, 102	*"tree of the (?)conflict"*	
1. Crantagh [*sic*] als Ballygowne	Garret O'Moore Maps 25	1721c
2. Cranhahar	Bald	1830
3. Crantaher	Tithe App. Book §61	1834
4. Crantaher	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Crantaher	ST (ALSO)	1838
6. Crantahar	T O'C (ALSO)	1838
7. Crann tahar	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Crann tachair "tree of the battle"	J O'D (foghrú; ALSO)	1838
9. ˌkranˈtahər	CChL2	2013

"[119a. 1r. 19p.]... It contains 11 acres of bog. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north by Cartoonacressa, on the east by Ballyglass, south by Ballygowan and west by Drimkeen. The property of Co. Jackson, Tyraily [sic]." (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe gar do lár na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach samplaí eile den bhuneilimint *crann* "tree; wood (material), timber; staff, pole, bar, stock, plank, beam, axis; article or tool of wood" (*DIL* sv. *crann*(a,b,c)), "(originally) wooden structure, wooden frame; wooden vessel" (*Ó Dónaill* sv. *crann*6) i

logainmneacha faoi Ballinagran i bparóiste Bhalla, thuas. Is cosúil, ar fhoirmeacha 2-8, go bhfuil sí cáilithe anseo, mar a mhol an Donnabhánach, ag an eilimint neamhchoitianta *tachar* "o, m. *vn*. of 1 do-cuirthar. Later also tachar, tochar... act of putting; what is thrown on shore, jetsam; act of happening; act of journeying (to), meeting; act of opposing, fighting" (*DIL* sv. *tochor*I-III), "a journey, meeting or conflict, a crowd" (*Dinneen* svv. *tachar*, *tochar*). Féach fosta, áfach, *tathchur* "o, m. *vn*. of do-aithchuiredar... returning; sending back, away, returning; cycle of years, great Paschal cycle of 532 years" (*DIL* sv. *thathchor*; cf. an bhrí "act of journeying (to)" le *tachar* thuas), "restoring, esp. as a foster-child" (*Dinneen*).

Is féidir go bhfuil an t-ainm seo ag titim i léig, go háitiúil, agus go n-áirítear an baile fearainn mar chuid de Drumkeen (*CChL1*).

Cuilmore	An Choill Mhór	
M397740; 102	*"the big wood"*	
1. Kilmore	Inq. ME II.281	1617
2. Keilmore, ¼ qr in	Strafford Inq. §114	1635
3. Keilmore, the qr of	Strafford Inq. §136V	1635
4. 1 cartron in Adromente[58] parcel of		

[58]

1. Carowarde... Carowarddromene	Inq. ME II.229	1617
2. Carowardronine	Inq. ME II.237	1617
3. Carowhadramony... Carownahadramony	Inq. ME II.281	1617
4. Garrownehadramogh, 3 cartrons in	Strafford Inq. §136V	1635
5. 1 cartron in Adromente parcel of Cromlyn and Killmore	Strafford Inq. §164	1635
6. Adermint [two] ½ qr[s].	BSD 63	1661
7. Adderin	Hib. Del. Mayo	1672c
8. (?)Carrowhelledon qr.	ASE 241b	1677
9. Ardromart, Carrowaglish als Carrowdronagh	Earl of Arran Deeds 9 §35	1703
10. Arderonint & Carrowdromagh	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
11. Ardromint als Carrowdromnagh, qr of land of	Reg. Deeds Lib. 71, 293 §50765	1733
12. 1 qr of Ardrommit orw. Carrowodromagh 1 qr. of land of Carrowglass als Carninighanglish	Earl of Arran Deeds 13 §43	1736c

Cromlyn[59] and Killmore	Strafford Inq. §164	1635
5. Killmore 1 qr.	BSD 63	1661
6. Killmore	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Killmore 1 qr.	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
8. Richd. French of Kellmore...		
qr of Kellmore als Sruagh Keigh[60]	Reg. Deeds Lib. 71, 293 §50765	1733
9. Killmore	L. Blosse Papers 207 §102	1740c

---

13. Ardromint orw. Carrowdromagh	Earl of Arran Deeds 13 §45	1737
14. Killmore orw. Sruankeigh &		
Ardromint orw. Corrodromagh	Reg. Deeds Lib. 138, 201 §92782	1749
15. Ardromint orw. Carrowdromagh	Earl of Arran Deeds 15 §55	1750
16. Ardedromint als Carrowdromagh 1 qr	QRL 2A.6.70, 535	1787

Féach tagairtí anois do *Ceathrú na hEaglaise* a luaitear le cuid de na foirmeacha thuas. Ag brath ar fhoirm 6 thíos, thagair an t-ainm d'oirthear Garryredmond, go stairiúil. An dtiocfadh dó gur úsáideadh *eaglais* sa chiall "institiúid / talamh na heaglaise" sa chás seo, seachas d'fhoigneamh?

1. Carowneheglessa	Inq. ME II.281	1617
2. Carrowneheglesse with a mill, 1 qr of	Strafford Inq. §136V	1635
3. Caranhaglasse 1 qr.	BSD 63	1661
4. Carrowaglish als Carrowdronagh	Earl of Arran Deeds 9 §35	1703
5. Carrowglass	CRL 2A.3.16, 142b	1710c
6. Carrowneheighlis	Garret O'Moore Maps 26	1721c
7. Carrownahaglassy, Carrowglass als	Reg. Deeds Lib. 71, 293 §50765	1733
8. 1 qr. of land of Carrowglass als		
Carninighanglish	Earl of Arran Deeds 13 §43	1736c
9. Carrowglass orw. Carrownahaglass	Earl of Arran Deeds 13 §45	1737
10. Carrowglass orw. Carronahaglassy	Reg. Deeds Lib. 138, 201 §92782	1749
11. Carrowglass orw. Carrownaglassy	Earl of Arran Deeds 15 §55	1750
12. Carrowglass 1 qr	QRL 2A.6.70, 534	1787

[59] Tá Crumlin i bparóiste Chill Mhiáin.

[60]1. Shroankeogh, McMorish of	Fiants Eliz. §5617	1591
2. Shroghankeogh, 3 qrs of	Strafford Inq. §130	1635
3. Sravankeigh 1 qr. with Killcolman		
aforesaid	ASE 275a	1683
4. Killmore orw. Sruankeigh & Ardromint		
orw. Corrodromagh	Reg. Deeds Lib. 138, 201 §92782	1749
5. lands of Kilmore orw. Sruanreigh	Earl of Arran Deeds 15 §55	1750
6. Trowankeogh 1 qr	CPR Jas I 581b	1611
7. Shroghankeogh, 3 qrs of	Strafford Inq. §130	1635
8. Shruankeigh	Earl of Arran Deeds 13 §45	1737

10. Killmore orw. Sruankeigh & Ardromint orw. Corrodromagh	Reg. Deeds Lib. 138, 201 §92782	1749
11. lands of Kilmore orw. Sruanreigh	Earl of Arran Deeds 15 §55	1750
12. Killmore 1 qr.	QRL 2A.6.70, 536	1787
13. Kelmore	Bald	1830
14. Kelmore	Tithe App. Book §61	1834
15. Culmore	Litir Eolais (ALSO)	1838
16. Culmore	ST (ALSO)	1838
17. Killmore	T O'C (ALSO)	1838
18. Kilmore	J O'D (ALSO)	1838
19. Coill mor	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
20. Cuil more	J O'D (foghrú; ALSO)	1838
21. Coill mór "great wood"	J O'D (ALSO)	1838
22. kˌolˈmoːr	CChL1	2009

"997a. 3r. 5p.... including about 390 acres of bog. [Situated] in the south east extremity of the parish. Bounded on the north by Garryedmond, on the east and south by the parish of Bekan in the barony of Costello and the parish of Kilvine in the [this] barony, on the west by the townlands of Ballykenave and Ballyglass. The property of Mr. J. Knox, Kilday, Holymount [sic]. There are two triangulation stations in this townland, one in the east and another in the west. The one in the west is called Culmore, and the other Rinehard" (*ALSO*). Léirítear grúpaí éagsúla tithe, agus cuid áitreabh scaipthe, in oirthear, lár, lár theas agus iarthar na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios i lár na roinne (M399739). Reáchtálann an Róba anoir aduaidh ar an teorainn thoir theas. Reáchtálann dhá craobhshruthán aniar aduaidh chuige trí lár na roinne agus ar an teorainn thiar.

Tá bailte fearainn eile den ainm seo i mbarúntachtaí Ghaileang, Bhuiríos Umhaill agus Mhuraisce agus i gcontaetha na Gaillimhe, Liatroma, Ros Comáin agus Shligigh (*Census 1851*). D'úsáid Ó Donnabháin an fhoirm bhéarlaithe *cui(l)l-*, go minic, ag freagairt do *coill*, in ainmneacha bailte fearainn i gConnachta; cf. Cuillaun i bparóiste Chill Mhiáin agus Cuiltybo thíos.

Cuiltybo	Coillte Bó	
M338852; 80, 91	*"woods of the cow(s)"*	
1. Killaboe	BSD 68	1661
2. Wast bog in Common betweixt Killeboe, Clanmore and Clondare	BSD 68	1661
3. Killiboe	Hib. Del. Mayo	1672c
4. Eniltiboe and Cornee[61]	ASE 275a	1683
5. Coiltabee & Cornee	CRL 2A.3.16, 150a	1710c
6. Killaboe	CRL 2A.3.16, 153b	1710c
7. Kelltobo	Garret O'Moore Maps 13	1721c
8. Kiltiboe, town & lands of	Reg. Deeds Lib. 38, 423 §24856	1723
9. Kiltibo	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
10. Corniegh and Kelltiboe and Tamnaghlahard ½ qr.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
11. Coiltiboe and Cornee	QRL 2A.6.70, 570	1787
12. Killabo	QRL 2A.6.70, 583	1787
13. West Keltaboe, East Keltaboe	Tithe App. Book §61	1834
14. Cultiaboe	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Cultiaboe	ST (ALSO)	1838
16. Cuiltybo	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
17. This name occurred in Killedan and other parishes. Compare	J O'D (ALSO)	1838
18. Coillte bó	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
19. Coillte bó "woods of the cows"	J O'D (ALSO)	1838
20. ˌkilt ʃəˈboː	ME2, ME3	2009

"670a. 3r. 29p.... including about 207 acres of arable land and 30a. 1r. 4p. of water. [Situated] in the north west extremity of the parish. Bounded on the south and west by the townlands of Mace Lower, Curneen and Coolaght, on the north by the parish of Killeaden in the barony of Galen, on the east by the same parish and barony and by the townlands of Cloonmore Lower and Cloonmore Upper. The property of Mr. Kerwin. There is a triangulation station in this townland called Cruckmore" (*ALSO*). Léirítear

[61] Féach Curneen, ata buailte leis an teorainn thiar theas, thíos.

dhá ghrúpa tithe suite gar do lár na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá *Cuiltybo Lough* ar an teorainn thuaidh; tá loch gan ainm ar an teorainn thiar le Coolaght agus Curneen. Reáchtálann an *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste an Teampaill Mhóir i mbarúntacht Ghaileang) anoir aduaidh ar an teorainn thuaidh.

Tá Cuiltybo eile i mbarúntacht Ghaileang, agus is ainmneacha inchurtha iad Kiltybo i mbarúntacht Choistealach agus Cuiltyboe i Ros Comáin chomh maith. Tá an t-iolra *coillte* coitianta go leor mar bhuneilimint i logainmneacha; féach sampla áitiúil eile san ainm Kiltamagh < *Coillte Mach* i bparóiste Chill Liadáin.[62]

Ní léir go conclúideach cé acu uatha nó iolra atá san eilimint cháilithe, ach féach go moltar uatha i gcás Cuiltybo i mbarúntacht Ghaileang ar an ábhar go bhfuil loch den ainm *Cuiltybobigga Lough* / *Loch Choillte Bó Bige* suite rud beag ó dheas de. Féach *Joyce* (iii 11): "In place-names... a single animal is put forward to stand for many or all"; cf. Drumminabo < *Dromainn na Bó* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill.

Curneen	Coirnín	
M339841; 91	*"(?)little round hill"*	
1. Cornee high woody pasture	BSD 67	1661
2. (?)Correu[63]	Hib. Del. Mayo	1672c
3. Cornee, Eniltiboe and	ASE 275a	1683
4. Cornee, Coiltabee &	CRL 2A.3.16, 150a	1710c
5. Corniegh and Kelltiboe and Tamnaghlahard ½ qr.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
6. Cornee, Coiltiboe and	QRL 2A.6.70, 570	1787
7. Curneen	Tithe App. Book §61	1834
8. Curneen	Litir Eolais (ALSO)	1838
9. Curneen	ST (ALSO)	1838
10. Curneen	T O'C (ALSO)	1838

[62] Tá Cuiltia agus Cuilties i Liatroim; Cuiltyconeen, Cuiltyconway, Cuiltygower agus Cuiltyshinnore i Ros Comáin; Cuiltydangan agus Cuiltylough i Sligeach (*Census 1851*); agus Cuiltycreaghan i mbarúntacht Choistealach i Maigh Eo (Imleabhar 10). Féach fosta breis agus daichead baile fearainn dar tús *Kilty-*, ar nós Kiltybegs / *Coillte Beaga* i Muineachán (*L. Log*. 15) agus Kiltyrome / *Coillte Ruaime* i dTiobraid Árann (*L. Log*. 62).

[63] Léirítear an fhoirm seo in iarthar an pharóiste ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*.

11. Curnín	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
12. Cu < rnín "a small round hill"	J O'D (ALSO)	1838
13. ˈkörni:n	ME2, CChL1	2009

"290a. 2r. 38p.... including about 125 acres of bog and 6a. 3r. 5p. of water. [Situated] in the north side of the parish. Bounded on the south by Mace Lower, on the west by Murneen North and Coolaght, and on the north and east by the townland of Cultiaboe. The property of Capt. O'Moore" (*ALSO*). Léirítear grúpaí beaga tithe suite gar dá chéile i ndeisceart na roinne, agus cuid tithe eile san iarthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá deisceart an bhaile fhearainn suite ar dhroim talaimh atá os cionn 70 méadar ar airde.

Forbairt dhéanach is ea an *-n* ag deireadh an ainm seo. Is féidir gur athmhíníodh an logainm mar leagan díspeagtha, faoi anáil Murneen North, atá buailte leis an teorainn thiar theas, mar shampla.[64] I bhfianaise fhoirmeacha 7-12, is gá an leagan déanach den ainm a mholadh, mar sin féin. Spéisiúil go leor, tá *Coirnín* molta mar fhoirm Ghaeilge Corneen sa Chabhán, rud a thagann le leagan Gaeilge an Donnabhánaigh sa chás seo, chomh maith (www.logainm.ie; is sloinne atá mar cháilitheoir san ainm Tonycurneen i Ros Comáin: féach *ibid*. sv.). Is iarmhír bhaininscneach í *-ne* atá tugtha faoi deara i gcuid logainmneacha eile (*Joyce* ii 26-28) agus is féidir gurb í an iarmhír seo móide an iarmhír dhíspeagtha *–ín* is bun le *–nín* i logainmneacha den chineál seo: féach fosta Leckneen < *Leicnín* i mbarúntacht Cheara (Imleabhar 5). Chaighdeánófaí *coirrnín* mar *coirnín* sa Nua-Ghaeilge.

D'fhéadfaí ceachtar den dá struchtúr *ainmfhocal móide ainmfhocal cáilithe*[65] nó *ainmfhocal móide alt móide ainmfhocal cáilithe* a léamh ar fhoirmeacha 1-6. Tá méid mór bríonna le *corr*, "peak; angle, nook; hut, enclosure; pit, pool; conical or rounded hill" (cf. *PNI* 3, 32-3 sv. Corcreaghan) ina measc, ach is léir gurb í an bhrí dheireanach an ceann is coitianta i logainmneacha. Tá samplaí de Cornaveagh < *Corr na bhFiach* i mbarúntachtaí Ghaileang agus Cheara, agus is den bhunús céanna iad samplaí eile sa

[64] Cf. *coirnín* "a round ball, a small ball; a drop, a bead..." (*Dinneen*; cf. *DIL* sv. *cuirnín*). Gach seans go bhfuaimneofaí *coirnín* ar nós [korˈn´i:n´], sa Ghaeilge dhéanach, rud a d'éascódh próiséas an athmhínithe. Is léir gur shainghné de Ghaeilge oirthear Mhaigh Eo a bhí sa chlaonadh béim an ghutha a chur ar shiolla a raibh guta aiceanta ann (Dillon 1973 17.ii, *LASID* iii 351-363; Ó Catháin 2002, 55-6). Féach plé faoi Derragh i mbarúntacht Choistealach.

[65] Mar shampla, *corr* cáilithe ag *nia* "d, m.... a warrior, champion" (*DIL* sv. 1*nia* (*niae*)). Ní gá *corr* móide iarmhíreanna ar nós *-án*, *-ach* nó *-anach* a chur san áireamh.

Chabhán, i nDún na nGall, i nGaillimh agus i Ros Comáin; is den bhunús *Cora na bhFiach* iad dhá shampla de Cornaveigh i gCorcaigh (www.logainm.ie). Tá *Cnocán an Fhiaigh* / Hunthill i bPort Láirge (*L. Log*.); féach fosta *Cúil an Fhiaigh* / Coolaneague i gCorcaigh (www.logainm.ie). D'fhéadfaí uatha de *fia* nó de *fiach* "o, m. a raven" (*DIL* sv.) a mholadh ar fhoirmeacha 1-6 anseo. Tá bíonna éagsúla le *fia*: "u, m.... (a derivative of fid 'wood'... orig. an adj. = 'wild'... but early applied to wild animals in particular...) Wild animals, game, esp. deer, early coll. but later also distrib...." (*DIL* sv. 2*fíad*), "m. uncultiavted land" (*ibid*. sv. 3*fíad*) agus "u, m... a lord" (*ibid*. sv. 6*fíad*) ina measc. Cf. ainmneacha ar nós *Doire an Fhia* / Derrinea i Ros Comáin, samplaí de *Tír an Fhia* / Teeranea i nGaillimh (www.logainm.ie), an baile poist *Céim an Fhia* / Keimaneigh i gCorcaigh (*GÉ* 53) agus *Clais an Fhia* / Clashanea i Luimneach (*L. Log*. 27).

Dalteen	Dailtín	
M361829; 91, 92	*ní léir bunús an ainm*	
1. Dalton	Inq. ME II.233	1617
2. Daltyne, 1 gnive in	Strafford Inq. §§140V, 141	1635
3. Daltin, ½ gnive more in	Strafford Inq. §140V	1635
4. Daltin 2 gneeves	BSD 67	1661
5. Dalltin	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Dalteen 2 gneeves	ASE 254a	1678
7. Dalline 2 gneeves	ASE 275b	1683
8. Dalteen 2 gnee	CRL 2A.3.16, 145a	1710c
9. Daltin 2 gneeves	L. Blosse Papers 193 §75	1754
10. Dalteen	QRL 2A.6.69, 545	1787
11. Dalteen	Tithe App. Book §61	1834
12. Dalteen	ST (ALSO)	1838
13. Dalteen	T O'C (ALSO)	1838
14. Dailtin according to pronunciation	T O'C (ALSO)	1838
15. Dailti < n	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
16. Dailti < n "a brat, a horseboy; 'Bally' omitted	J O'D (ALSO)	1838
17. ˈdaltʃiːn	CChL1	2009

18. ˈdalti:n CChL1 2009

“399a. 2r. 14p.... including about 77 acres of bog and 0a. 1r. 21p. of water. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Cloonmore Upper, on the east by the parish of Knock, on the south by Ballaghfarny and on the west by Mace Middle. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is a triangulation station in this townland called Dalteen” (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe trí bhunús na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá lár agus deisceart an bhaile fhearainn suite ar dhroim talaimh atá os cionn 80 méadar ar airde. Reáchtálann craobhshrutháin de chuid an an *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste an Teampaill Mhóir i mbarúntacht Ghaileang) anoir aneas ar theorainneacha thoir agus thiar na roinne.

Níl ach cuid bheag samplaí ann inar thit buneilimint logainm ar lár go luath (cf. foirm 16 thuas): féach an plé faoin ainm paróiste *Béacán* i mbarúntacht Choistealach. Mhol Ó Donnabháin an focal *dailtín* “a foster child; a mean fellow, a fop, a brat; a term of contempt for a migratory workman (*Meath*)” (*Dinneen*)[66] mar cháilitheoir i samplaí den ainm Knockadalteen i Ros Comáin agus Sligeach, chomh maith (www.logainm.ie). Cf. fosta an t-ainm leasa agus iar-roinne, *Lisdaltin* (et var.), faoi Coollisduff i mbarúntacht Chill Mheáin. Sa chás atá idir chamáin, níor mhiste brí fhorbartha éigin a lorg le *dailtín*: “an talamh a fágadh ag dalta; oidhreacht an dalta”?[67] Fobairt ó *talla* “(from halla...) hall, building” (*DIL* sv.) nó *talamh* “land, ground, soil or earth...” (*Dinneen*; cf. *DIL* sv. *talam*) féin?

Drumagh	(?)Dromach	
M315787; 91, 101	*“place of ridges”*	
1. Drumaugh	Tithe App. Book §61	1834
2. Drummogh	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Drummogh	ST (ALSO)	1838
4. Not known by the people	T O’C (ALSO)	1838
5. Drumagh	J O’D (ALSO)	1838
6. Drumnach	J O’D (p.l.; ALSO)	1838

[66] Cf. *dalta* “a foster-son, fosterling, nursling, ward; pupil, disciple” agus *daltán* “a little foster-child, a pupil; a term of endearment” (*DIL* svv. *daltae* agus *daltán*).

[67] Cf. logainmneacha ar nós Ballynamuddagh / *Baile na mBodach* “the town of the low-bred persons” (Ó Maolfabhail 1990, 43).

7. Dromach “ridged, abounding in ridges”	J O’D (ALSO)	1838
8. ˈdro̝məx, ˈdro̝mə	CChL2	2013

“It contains 36a. 3r. 30p.... including about 10 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by Ballina-Stanford Lower, on the east by Birchfield, on the south by Ballinastanford Upper, on the [west] by Cloonboy and east by [Garrywadreen]. The property of Patk. Stanford” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bhóthar Chaisleán an Bharraigh a reáchtálann aniar aduaidh ar an teorainn thoir thuaidh, agus teach eile sa tuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear iarthar an bhaile fhearann mar thalamh riascúil; tá sruthán ar an teorainn thiar. Tá leath thoir na roinne suite ar thalamh atá 70 méadar ar airde.

Tá *Dromach* molta mar an bhunfhoirm den ainm Drumagh i mbarúntacht Ghaileang: forbairt ó *droim* “ridge, usually of elevated ground, hill” (*DIL* sv. *druim(m)*III) ina bhfuil an iarmhír chnuasaigh *-ach* curtha leis;[68] cf. samplaí de *cluanach* < *cluain* faoi *Cloonaghduff* thuas. Tá *Dromach* socraithe mar bhunfhoirm Dromagh i gCorcaigh agus Drummagh i Liatroim, chomh maith (www.logainm.ie). Féach tagairtí d’iar-roinn d’ainm inchurtha a bhí i ndeisceart an pharóiste, agus a luaitear le hiar-roinn eile ar a dtugtaí *Ceathrú na hEaglaise*, i bhfonóta faoi Cuilmore thuas. Níor mhiste, áfach, sanais ar nós *Droim Átha* a choinneáil san áireamh anseo, go fóill: cf. Cloonagh i bparóiste Theach Chaoin thíos.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de Ballynastangford Lower / Ballynastangford Upper sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir. Níor aithin cuid faisnéiseoirí an t-ainm: is cosúil go n-áirítear é mar dhlúthchuid de Ballynastangford Lower / Ballynastangford Upper go háitiúil, sa lá atá inniu ann, chomh maith.

[68] Níl *dromach* teastaithe mar aidiacht agus is cosúil, mar sin, nach substainteach d’aidiacht bunaithe ar *droim*, den chiall chéanna, atá i gceist. Tá *dromach* mar shubstainteach sa Ghaeilge dhéanach ag *Dinneen* sa tsainchiall “a band or strap, with hooks at each end, passing over the horse’s back in ploughing...”.

Drumkeen	Droim Caoin	
M362757; 101, 102	*"(?)smooth ridge"*	
1. Dumkyn [*sic*], McRoddery of	Fiants Eliz. §5617	1591
2. Dromkine	Inq. ME II.247	1617
3. Dromkeene, the qr called	Strafford Inq. §128V	1635
4. Drumwheen 1 qr.[69]	BSD 64	1661
5. a wast bog betwixt Drumnell [*sic*] & ye ½ qr of Killbegmalone	BSD 64	1661
6. D.wheen	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Dronkeene [*sic*] 1 qr.	ASE 275b	1683
8. Dromkeene 1 qr.	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
9. Drumkeen	Garret O'Moore Maps 25	1721c
10. Drimkeen	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742
11. Drimkeen	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
12. Dromkene 1 qr.	QRL 2A.6.70, 520	1787
13. Drimkeen	Bald	1830
14. Drumkeen	Tithe App. Book §61	1834
15. Drimkeen	Litir Eolais (ALSO)	1838
16. Drimkeen	ST (ALSO)	1838
17. Drumkeen	T O'C (ALSO)	1838
18. Drum chaoin	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
19. Drum caoin: "beautiful ridge"	J O'D (ALSO)	1838
20. dro̝m'ki:n	CChL1	2009

"178a. 0r. 37p.... including about 36 acres of bog. [Situated] in a south interior part of the parish. Bounded on the north by Castlegar and Cartoonacressa, on the east by Crantaher, south by Kilbegmalone and Ballygowan, and on the west by Clare. The property of Mr. Patk. Kerwin, Dalgan House. There is an ancient fort in this townland" (*ALSO*). Léirítear áitribh suite le hais bóthair a reáchtálann aneas trí lár thiar na

[69] 1. Trianmore — Inq. ME II.231 — 1617
2. Trianmore — Inq. ME II.247 — 1617
3. Tynemore 1 qr — Strafford Inq. §130V — 1635
4. Teynmore 1 cartron of this qr. [of Drumwheen]... Teynemore ye other three Carts. — BSD 64 — 1661

roinne, agus tuilleadh áitribh sa deisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios sa deisceart (M364754).

Tá an bhuneilimint *droim* "ridge, usually of elevated ground, hill" (*DIL* sv. *druim(m)*III) cáilithe anseo ag *caoin* "fine, good, fair, beautiful, etc. Of persons *etc*." (*DIL* sv. 1caín), "gentle, mild, tender, kind; pleasing; unruffled, smooth, polished; delicate" (*Dinneen*), "pleasant" (cf. Ó Maolfabhail 1990, 116 sv. *Cluain Caoin* / Cloonkeen, "pleasant meadow"). Moltar an míniú "smooth" anseo; cf. samplaí de *leathchaoin* "semi-smooth" faoi Cloonlagheen i bparóiste Bhaile Óbha i mbarúntacht Cheara.

Tá *Droim Caoin* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Drumkeen i nDún na nGall agus Liatroim (www.logainm.ie); tá bailte fearainn eile den ainm seo sa Chabhán agus i bhFear Manach (*Census 1851*).

Drumneen	(?)Droim Aighnín	
M340783; 91, 101	"Aighnín*'s ridge*"	
1. Dromeynine	Inq. ME II.233	1617
2. Dromeynine	Inq. ME II.245	1617
3. Dromeyin, the qr of	CPR Jas I 394a	1618
4. Dromyirine, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
5. Ballybrehane 3 qrs (vizt.)...		
Drumineene [1 qr.]...	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
6. Drumenin	Garret O'Moore Maps 18	1721c
7. Drumeineen	Garret O'Moore Maps 21	1721c
8. Drumeyneon 3 cart.	L. Blosse Papers 211 §103	1750c
9. Ballybrehane 3 qrs vizt....		
Drumineene [1 qr.]	QRL 2A.6.70, 571	1787
10. Drimineen	Lynch-Blosse Maps	1811
11. Drimneen	Bald	1830
12. East Dremineen, West Dremineen,		
Drimineen Gorteens,		
Drimineen Connor...	Tithe App. Book §61	1834
13. Drumuneen	Tithe App. Book §61	1834
14. Drimineen	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Drimineen	ST (ALSO)	1838

16. Drumneen	T O'C (ceartú; ALSO)	1838
27. Drimineen	J O'D (dúch; ALSO)	1838
28. Druimnín	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
29. Druímnín "small ridge"	J O'D (ALSO)	1838
30. ˌdrn̪mˈainiːn	ME2, ME3, TC4	2009

"505a. 0r. 6p.... including about 212 acres of water. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Aughareville Upper and Aughareville Lower, on the east by Kilcoleman and Ballybreheny North, on the south by Eskerlavally, Drimneen Prendergast and Claremount and on the west by Logatampul, Ballynew and Garrywadreen. The property of Mr. James Brown. There is an ancient fort in this town called Lissnalour Fort. There is a triangulation station in the south west end called Drimneen" (*ALSO*). Léirítear cuid mhaith tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aneas trí leath thiar na roinne, grúpa tithe suite le hais cnoic ar a dtugtar *Crockavara Hill* sa taobh céanna den bhaile fearainn, agus cuid áitreabh scaipthe sa leath thoir, ar an chéad eagrán den léarscáil sé holrlaí. Léirítear *Lisnalour* san iardheisceart (M333777). Tá *Lough Nanannagh* ar theorainn thoir an bhaile fhearainn (*L. na-nanagh* ag *Bald*). Cnoc 90 méadar ar airde is ea *Crockavara Hill*; tá oirthear na roinne suite ar thalamh atá os cionn 90 méadar ar airde, chomh maith.

Moltar ainm pearsanta neamhtheastaithe mar cháilitheoir ag an bhuneilimint *droim* "ridge, usually of elevated gound; hill" (*DIL* sv. *druim(m)*III) anseo: *Aighnín*, leagan dípseagtha den ainm *Aighní* < *Aighnidhe*. Luaitear beirt fhear darb ainm *Aighnidhe* sa Ghinealach Mór (*LMG* v 3 sv.). Luaitear beirt Réamh-Ghael darb ainm *Aidhne*, chomh maith (*ibid*.; cf. *Ráth Aidhne* / Rahina agus an t-ainm sráidbhaile *Clár Aidhne* / *Clarina* i Luimneach: *L. Log*. 51, 57).[70] Féidearthacht eile is ea *eidhnín*, leagan malartach neamhtheastaithe de *eidhneán* "an ivy-plant" (*DIL* svv. *eidneán*, *eidnén*), i gciall chnuasaigh, áitreabhach. Cf. samplaí de Inane < *Eidhneán* i dTiobraid Árann (*L. Log*. 77) agus Corcaigh (www.logainm.ie).

Níl idir Drumneen agus Drumneen South ach Eskerlevally, ach déantar idirdhealú orthu sna foinsí. Tá Drumneen South buailte le Ballinsmaula agus áirítear é mar thalamh eaglaise i gcuid cásanna; luaitear Drumneen / Drumneen (*Prendergast*) le Ballynabrehon North / Ballynabrehon South. Níos tábhachtaí arís, is de shanais

[70] "Ní léir cé acu ainm pearsanta nó ainm treabhchais nó dúiche atá in *Aidhne*" (Ó Maolfabhail 1990, 236).

dhifriúla iad. Mar sin féin, bhain meascadh déanach do na hainmneacha seo sna foinsí (foirmeacha 28-9 thuas).

Drumneen (*Prendergast*)	(?)Droim Aighnín (*Prendergast*)	
M342777; 101	"Aighnín's *ridge (Prendergast)*"	
1. Dremineen Prendergaast	Tithe App. Book §61	1834
2. Drimineen Prendergast	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Drimineen Prendergast	ST (ALSO)	1838
4. Drumneen Prendergast	T O'C (ceartú; ALSO)	1838
5. Druiminín: "a small ridge"	J O'D (ALSO)	1838
6. Tite i léig?		

"144a. 3r. 0p.... including about 27 acres of bog and about 18 acres of rough ground. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the west, north and east by Drimneen and on the south by Claremount, Lisbaun and Eskerlavally townlands. The property of Mr. Patrick Prendergast. There is an ancient fort in the north end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe i ndeisceart agus i dtuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; tá an lios sa tuaisceart (timpeall M341782).

Roinn dhéanach atá sa bhaile fearainn seo, is léir. Féach nóta ar bhunús an ainm faoi Drumneen thuas. Tá an bunlogainm cáilithe anseo ag an sloinne *Prendergast*: "*de Priondragás*... one of the powerful families which came to Ireland at the time of the Anglo-Norman invasion. They are still found mainly in the places of their original settlement... some of those in Mayo assumed the name Fitzmaurice..." (MacLysaght 1985, 247 sv.). Ní hionann agus Kilbeg (*Malone*) sa pharóiste seo, níl fianaise ar bith againn gur úsáideadh an cáilitheoir idir lúibíní i mbunfhoirm Ghaeilge den ainm.[71] Is cosúil go gclúdaíonn an fuaimniú reatha [ˌdṛָmˈaini:n] an roinn seo agus Drumneen, mar aon.

[71] Cf. ainmneacha ar nós *Poll Raithní (Sweeny)* / Pollranny (*Sweeny*), *Poll Raithní (Lynchaghan)* / Pollranny (*Lynchaghan*), *Dumha Cinn Aille (Calvy)* / Dookinelly (*Calvy*) agus *Dumha Cinn Aille (Thulis)* / Dookinelly (*Thulis*) i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill.

Drumneen South	Droimnín	
M355773; 101	*"little ridge"*	
1. Dromyne	Inq. ME I.109	1623
2. Dromyne	Inq. ME I.117	1624
3. Dromina, ½ gnive in the qr of	Strafford Inq. §122	1635
4. ⅓ gnive in the qr of Dromine... ½ cartron of Drumine	Strafford Inq. §122V	1635
5. half a cartron in Dromine... the qr of Dromine	Strafford Inq. §123V	1635
6. Drumine, the qr of	Strafford Inq. §138V	1635
7. Carrowdronmyne, 1 qr...	Strafford Inq. §152V	1635
8. Lisinrekin[72] and Drumneene 2 qrs ... Abby Land	BSD 64	1661
9. Lismekin alias Droneene als Levallynemonystragh 2 qrs	ASE 261a	1679
10. Drumneen	Tithe App. Book §61	1834
11. Drimneen	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Drimneen	ST (ALSO)	1838
13. Drumneen South	T O'C (ALSO)	1838
14. ˈdrn̩mniːn... ˌdrn̩mˈainiːn is a different place	CChL1	2009

"104a. 2r. 3p.... including about 50 acres of bog and 3a. 0r. 22p. of water. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north and east by Ballynabeheny, Ballinfull, Ballinsmall and a portion of lake, on the south by Castlegar and on the west by Eskerlavally. The property of Sir Fras. Blos Lynch, Balla" (*ALSO*). Léirítear tithe in

[72]

1. Lyssinrisken	Inq. ME I.91	1616
2. Lissinrickin	Inq. ME II.283	1617
3. Lissinerickine, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
4. Lishnemrickan, 1 qr of	Strafford Inq. §152	1635
5. Lisinrekin and Drumneene 2 qrs ... Abby Land	BSD 64	1661

Féach an lios gan ainm i Drumneen (*Prendergast*); tá lios gar do theorainn thoir Drumneen South féin, in iarthar Ballinsmaula.

iardheisceart agus lár theas na roinne le hais bóthair a reáchtálann aniar trí lár theas an bhaile fhearainn. Tá *Lough Nanannagh* ar an teorainn thuaidh.

Ina plé ar an ainm Drumlin nó *Droimlín* “little ridge” sa Dún (*PNI* 6, 232-3), léiríonn Muhr gur bunleagan díspeagtha de *druimne* “elevation, ridge, hill” (*DIL* sv.) atá san fhocal *droimnín*, as ar fhás an leagan *droimlín* trí dhíshamhlú. Tá samplaí eile de Drumneen i mbarúntachtaí Cheara agus Bhuiríos Umhaill; tá cúpla sampla eile i nGaillimh (*Census 1851*).

Féach nóta ar idirdhealú le Drumneen faoi Drumneen féin, thuas.

Eskerlevally	Eiscir Leathbhaile	
M349744; 101	*“ridge of the half-townland”*	
1. Ister levally	Inq. ME II.233	1617
2. Eskerevally, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
3. Iskerlaffaly	Strafford Inq. §140V	1635
4. Eskerlevally, the qr of	Strafford Inq. §147V	1635
5. Iskerlevally, 1 cartron called Gortnecloghie in the qr of	Strafford Inq. §152	1635
6. Iskerlethnelly alias Skerwill 1 qr	ASE 275b	1683
7. Liskeravill als Eskerlavally 1 qr.	CRL 2A.3.16, 144a	1710c
8. Eskerlavally	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
9. Iskerlavally 1 qr	Reg. Deeds Lib. 90, 236 §64038	1738
10. Lisskeravill als Eskerlavally	QRL 2A.6.70, 540	1787
11. Eskilawalla	Bald	1830
12. Balinvoher Eskerlavala... Eskerlavalla	Tithe App. Book §61	1834
13. Eskerlavally	Litir Eolais (ALSO)	1838
14. Eskerlavally	ST (ALSO)	1838
15. Eskerlevally	J O’D (ALSO)	1838
16. Eiscir leath bhaile	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
17. Eiscir leath bhaile “ridge of the half town”	J O’D (ALSO)	1838
18. ˈɛskər	CChL1	2009

“236a. 1r. 28p.... including about 99 acres of bog and rough ground and 10a. 2r. 15p. of water. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Drimineen

Prendergast and Drimineen, on the east by Ballybreheny South, Drimneen [South] and a portion of Lake, on the south by Boherduff and Castlegar, and on the west by Lisbaun and Drimineen Prendergast. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There are two ancient forts in this townland" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe, agus damba muilinn, i ndeisceart na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an dá lios sa deisceart chomh maith (M347770, ar a dtugtar *Lismagh*; agus timpeall M348767). Tá iarthar an bhaile fhearainn suite ar dhroim talaimh atá os cionn 80 méadar ar airde.

Is í *eiscir* "k(?), f., a ridge, an elevation (separating two plains or depressed surfaces)" (*DIL* sv. *escir*), "(glacial) ridge" (*Ó Dónaill*) an bhuneilimint anseo. Tá bailte fearainn darb ainm Esker i mbarúntacht Ghaileang (Imleabhar 9), i nGaillimh, Liatroim, Ros Comáin, Laois, Tír Eoghain (*Census 1851*), Cill Chainnigh (*L. Log*. 30 sv. *An Esicir*), Uíbh Fhailí (*L. Log*. sv. 25 sv. *An Eiscir*) agus Muineachán (*L. Log*. 33 sv. *An Eiscir*). Féach fosta Eskerymorilly atá suite sa chuid sin de pharóiste an Chnoic atá sa bharúntacht seo, agus Belesker agus Barnahesker i mbarúntacht Choistealach (Imleabhar 10).

Tá *eiscir* cáilithe anseo ag *leathbhaile*. Tá samplaí de Levally i mbarúntachtaí Thír Amhlaidh agus Chill Mheáin sa chontae seo; tá samplaí eile i nGaillimh agus i Laois (*Census 1851*). Tá Levallinree < *Leathbhaile an Fhraoigh* i mbarúntacht Cheara; tá Levallyroe < *An Leathbhaile Rua* i mbarúntacht Choistealach. Tá bailte fearainn darb ainm Lavally sa Chlár, Gaillimh, Ros Comáin, Sligeach, agus, le cáilitheoirí, i gCorcaigh (*Census 1851*) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. svv. *An Leathbhaile Íochtarach* agus *An Leathbhaile Uachtarach*). Ní léir an baile ar leath de, nó cuid de leath de, í an roinn seo.

Garrynabba	Garraí an Aba	
M319771; 101	*"the field of the abbot"*	
1. Kyllbudayn... Kyllbudan	CEPR vi 278	1412
2. kiluodane... 2 qrs	CBC 94	1585
3. kiluodane... 2 qrs	CBC 100	1585
4. Garien Abbe, O Moroghowe... of	Fiants Eliz. §5458	1590
5. Garyaneb	Inq. ME II.283	1617
6. Garrynabba, 1 qr in	Strafford Inq. §126V	1635
7. Garrynabba, 1 qr of	Strafford Inq. §155V	1635

8. Caronab Killmodan 2 qrs....		
Abby Land	BSD 61	1661
9. Carronabb	Hib. Del. Mayo	1672c
10. Carrownab and Killvodan qrs	ASE 103a	1666
11. Carrownab and Killmodan 2 qrs.	ASE 255b	1678
12. Carrownab & Killvodan, 2 qrs of	CRL 2A.3.16, 141a	1710c
13. Carrownabbe & Killmodan 2 qrs	CRL 2A.3.16, 147a	1710c
14. Killodane	Garret O'Moore Maps 21	1721c
15. Garrynabb and Killwodan	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
16. Streamstown als Garrynabb & Kilwoden 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
17. Carronab and Kilvodan, 2 qrs of	QRL 2A.6.70, 526	1787
18. Carrownabbe and Lissmodan [*sic*]	QRL 2A.6.70, 554	1787
19. Gurronabba	Tithe App. Book §61	1834
20. Garanabba	Litir Eolais (ALSO)	1838
21. Garanabba	ST (ALSO)	1838
22. Garranabba	T O'C (ALSO)	1838
23. Garrynabba	J O'D (ALSO)	1838
24. Garraidh an abba	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
25. Garraidh an abba "the abbots garden"	J O'D (ALSO)	1838
26. ˌgarənˈabə	ME2	2009
27. ˌgariˈnɔb	CRB1	2009

"78a. 1r. 25p.... including about 11 acres of bog or rough pasture. [Situated] in the west interior part of the parish. Bounded on the north by Cartoon, on the east by Ballynew and Gortfadda, south by Streamstown and on the west by Cloondroon... The property of Mr. Gunbell, Farmhill. There is an ancient fort in the east end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóthair in oirdheisceart na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; tá lios sa lár thoir (M321773).

Tá an bhuneilimint *garraí* "(ON garðr) an enclosure, court, garden, yard" (*DIL* sv. *garrda*), "small (enclosed) field, plot" (*Ó Dónaill* sv. 2*garraí*2) cáilithe anseo ag *ab* "head of monastery, abbot" (*DIL* sv. 1*ap*). Cf. *Leacht an Aba* / Laghanabba i nGaillimh (www.logainm.ie).

Is féidir gur thagair *Kilvodan* (*et var*.) a luaitear i measc na bhfoirmeacha thuas do láthair chillín atá i ndeisceart Ballynastangford North, ó cheart: *Cill Bhaodáin* nó *Cill Bhuadáin*?

Garryredmond	Garraí Réamainn	
M395754; 102	"Réamann's *field"*	
1. Curry Redmond	Inq. ME I.41	1608
2. Garryredmond	Inq. ME II.281	1617
3. Garry Redmond	Inq. ME I.106	1623
4. Garryredmond, 1 gnive in	Strafford Inq. §114V	1635
5. Garryredmond and Cloontuona, 2 gnives in	Strafford Inq. §125	1635
6. Garrow Redmond and Clonetragh, 1 gnive in	Strafford Inq. §125V	1635
7. GarryRedmond, 5 gnives in	Strafford Inq. §126	1635
8. Garryredmond, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
9. GarryRedmond, 1 gnive of	Strafford Inq. §138V	1635
10. Garryredmond and Kilbegge, qr of	Strafford Inq. §149	1635
11. Garryredmond, ⅓ qr of	Strafford Inq. §152	1635
12. Garraredmond 1 qr.	BSD 63	1661
13. Garraredmond [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
14. Garryredmond 5 gneeves	ASE 275b	1683
15. Garryredmd., a bogg belonging to	CRL 2A.3.16, 146b	1710c
16. Garrredmond, qr. of[73]	CRL 2A.3.16, 149a, 151a	1710c
17. Garryremond... Garryredmond	Reg. Deeds Lib. 15, 362 §7771	1716
18. Garry-redmond	Garret O'Moore Maps 26	1721c
19. Garryredmond	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723
20. Garryredmond	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
21. Garryredmond, bog...	QRL 2A.6.69, 551	1787
22. Garryredmond, qr of	QRL 2A.6.70, 566, 575	1787

[73]1. half qr of Cloneduffe — Strafford Inq. §164V — 1635
2. Clonduff, 1 cart. in ye qr of Garryredmond — CRL 2A.3.16, 149b — 1710c
3. Clonduffe 1 car... Garryredmond — QRL 2A.6.70, 566 — 1787

23. Garraredmond	Bald	1830
24. Garredmond	Tithe App. Book §61	1834
25. Garryedmond	Litir Eolais (ALSO)	1838
26. Garryredmond	T O'C (ALSO)	1838
27. Garraidh Redhmuind	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
28. Garraidh Reúmoind		
"Redmond's garden"	J O'D (ALSO)	1838
29. ˌgariˈrɛdmənd	CChL1, CRB4	2009

"624a. 2r. 31p.... including about 300 acres of bog [mainly in the east]. [Situated] in the south east side of the parish. Bounded on the north by Knockatubber and Cauraun, on the west by Cloonthooa and the parish of Bekan in the barony of Costello, on the south by Culmore and on the west by Ballyglass. The property of Lord Or[a]mmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear grúpaí éagsúla tithe agus cuid tithe scaipthe sa leath thiar den roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint *garraí* (féach faoi Garryanabba thuas) cáilithe anseo ag an ainm pearsanta coitianta *Réamann*, "a borrowed name from Old German... brought to Ireland by the Anglo-Norman settlers. It became quite popular in later medieval Ireland" (Ó Corráin & Maguire 1981, 155 sv. *Rémann*; cf. samplaí sa Ghinealach Mór ag *LMG* v 567-8 sv. *Réamonn*). Cf. samplaí de Rathredmond < *Ráth Réamainn* i mbarúntachtaí Cheara agus Chill Mheáin.

Cf. ainmneacha ar nós Garryphelim, Garryrichard agus Garrywilliam i Loch Garman, Garrylaurence i gCorcaigh (*Census 1851*) agus *Garraí Aindrín Theas* / Garryandrew South i dTiobraid Árann (*L. Log*. 81).

Féach an iar-roinn *Ceathrú na hEaglaise*, a chlúdaigh oirthear Garryredmond, faoi Cuilmore thuas.

Garrywadreen	(?)Garraí Bhaildrín	
M325788; 91, 101	"Bhaildrín's *field*"	
1. Garriwaltrin	Inq. ME II.245	1617
2. Garriwaltrine	CPR Jas I 394a	1618
3. ½ cartron in the qr of Carrowaltree		
called Coulleleny	Strafford Inq. §120V	1635
4. Garrywaldryne, the qr of	Strafford Inq. §153	1635
5. 2 gnives of land in Ballynestankard		

in the qr of Carrowaldrin	Strafford Inq. §164V	1635
6. Carawaltreene 1 qr.	BSD 61	1661
7. Carrowaltreen	Hib. Del. Mayo	1672c
8. Carrowmaltreen	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Carrownetlene qr.	ASE 241b	1677
10. Garryvaltreene 1 qr.	ASE 275b	1683
11. Garryvalreene 1 qr.	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
12. Carrawallreene 1 qr	CRL 2A.3.16, 154a	1710c
13. Garrynalerin	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
14. Garryweldron	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
15. Garrywaldren ½ qr	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
16. Garryvaldron ½ qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
17. if Kellnigour / Derynenegour be part of Garryvaldrine	L. Blosse Papers 213 §103	1750c
18. Garryvabreene 1 qr.	QRL 2A.6.70, 521	1787
19. Carrowwallreene 1 qr	QRL 2A.6.70, 586	1787
20. Garreewadreen	Tithe App. Book §61	1834
21. Garrywadreen	ST (ALSO)	1838
22. Garrywadreen	Litir Eolais (ALSO)	1838
23. Garrywadreen	T O'C (ALSO)	1838
24. Garraidh mhaidrín	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
25. Garreewadreen	J O'D (dúch; ALSO)	1838
26. Garraidh mhaidrín: "garden of the little dog"	J O'D (ALSO)	1838
27. Garraí Bhaildrín	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
28. ˌgariˈwɑdʒriːn	ME2	2009
29. ˌgariˈwɑdʒəriːn	TC4	2009

"It contains 287a. 0r. 15p. [287a. 0r. 32p.].... including about 24 acres of bog. [Situated] in the west interior part of the parish. Bounded on the north by Kilnagour, on the east by Aughareville Upper and Taunagh, on the south by Drimineen and Ballynew, on the south west by Parkatleva, Ballina-Stanford Upper and Drummogh. The property of Mr. Gunbell, Farmhill" (*ALSO*). Léirítear grúpa mór tithe i lár thiar na roinne, agus grúpa eile sa lár thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Léiríonn na luathfhoirmeacha nach leagan díspeagtha de *madra* “a dog” (*DIL* sv. *madrad*) a cháilíonn an bhuneilimint *garraí* anseo.[74] Leantar den Mhuraíleach (foirm 27) agus moltar *Bhaildrín*, leagan gaelaithe den sloinne *Waldron*: “(from the Old-English forename *Waleron*). As *Mac Bhaildrín*, Waldron is a branch of the Costello family in Connacht...” (MacLysaght 1985, 295 sv.; ach cf. *mac uailldrín*, *AFM* iii 556). Is leagan giorraithe den sloinne atá anseo, más ea (faraor, ní luaitear an sloinne seo sa Ghinealach Mór). Féach fosta áfach go liostaítear *Bailldrín* mar leagan den ainm pearsanta *Bal(l)draithe* sa Ghinealach Mór (*LMG* iii §828.6), agus nach féidir leagan díspeagtha (*Uaildrín* < *Uailtrín*) den ainm pearsanta *Ualtair* a chur as an áireamh ach an oiread.[75]

Tá Cloonkeen (*Waldron*) i nGaillimh (*Census 1851*).

Gorteenmore	An Goirtín Mór	
M316806; 91	“*the big field*”	
1. Gorteenmore	Inq. ME II.247	1617
2. Gurtinemore, the qr of	Strafford Inq. §128V	1635
3. Gurtinmore 1 qr.	BSD 66	1661
4. Gortinmore	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Gurteenmore 1 qr	CRL 2A.3.16, 153b	1710c
6. Gorteenmore	Garret O’Moore Maps 9	1721c
7. Gortinemore and Keilltecrehine	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723
8. Gorteenmore... Killerehine	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742
9. Gorteenmore 3 qrs, Gortneraha and	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
10. Gurteene[ ] 1 qr.	QRL 2A.6.70, 583	1787
11. Gurtheenmore	Lynch-Blosse Maps	1811
12. Gurteen more	Bald	1830
13. Gurteenmore, Gortheenmore	Tithe App. Book §61	1834
14. Gorteenmore	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Gorteenmore	ST (ALSO)	1838

[74] Féach cuid samplaí de *madadh* faoi Pollavaddy i bparóiste Bhalla thuas.

[75] Is iad *Baltar*, *Báitéar* agus *Uáitéar* gnáthleaganacha gaelaithe an ainm *Walter* sa Ghinealach Mór (*ibid*. 55-9); maíonn Hennessy leagan díspeagtha de *Walter* ar *Baldrin*, *Bailtirín* san iontráil in *ALC* (i 622) a thagann le tagairt *AFM* thuasluaite. Liostaítear Lochlannach amháin darb ainm *Ualtair* sa Ghinealach Mór (*LMG* iii §768.4).

16. Gorteenmore	T O'C (ALSO)	1838
17. Goirtín mór	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Goirtín mór "great little garden"	J O'D (ALSO)	1838
19. ˌgo̝ːrtʃiːnˈmoːr	ME2	2009

"It contains 291a. 0r. 38p.... including about 27 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by the parish of Mayo, on the east by Gortnera and Taunagh, on the south by Kilnagour, on the west by Birchfield, Ballinastanford Lower and the parish of Mayo. The property of Sir Fras. Blos Lynch, Balla" (*ALSO*). Léirítear grúpa mór tithe suite le hais bóthair aniar aduaidh i lár na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Is foirm dhíspeagtha de *gort* "a field (of arable or pasture land)" (*DIL* sv.), "a field or plantation, a corn-field and especially a field of oats" (*Dinneen*) í *goirtín*, ach tá sí cáilithe anseo ag an aidiacht *mór*. Tá baile fearainn eile darb ainm Gorteenmore i barúntacht Cheara, agus tá sampla eile, a bhfuil *An Goirtín Mór* socraithe mar an bhunfhoirm de (*IROL* 36 §148), i mbarúntacht an Rois i ndeisceart an chontae. Tá Gorteen More suite taobh le Gorteen Beg i mbarúntacht Choistealach; sa chás sin, úsáideadh *mór* ar bhonn idirdhealaithe. Cf. an mionainm *An Carnán Mór* "the big cairn" in Aontroim (*PNI* 7, 84 sv. *Carnanmore*): "neither a diminutive or collective sense seems applicable".

Gortfadda — An Gort Fada

M325679; 101 — *"the long field"*

1. 2 cartrons in Carrownecushie [*sic*] called Gortfadda and Turnock	Strafford Inq. §135	1635
2. Gortfadda	Tithe App. Book §61	1834
3. Gortfadda	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Gortfadda	ST (ALSO)	1838
5. Gortfadda	T O'C (ALSO)	1838
6. Gort fada	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
7. Gort fada "long garden, or cultivated field"	J O'D (ALSO)	1838
8. ˌgo̝ːrt̪fadə	ME2	2009

“52a. 3r. 32p.... all arable land. [Situated] in a west interior part of the parish. Bounded on the north by Ballynew, on the east by Logatampul and Belfield, on the south by Streamstown and on the west by Garanabba. The property of Mr. Gunbell, Farmhill” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe i gceann theas na roinne seo ar chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint *gort* (féach faoi Gorteenmore thuas) cáilithe anseo ag *fada* “long: of space or distance... ” (*DIL* sv. *fota*, *fata*). Tá *An Gort Fada* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Gortfadda i Luimneach (*L. Log*. 43), Gaillimh agus Liatroim (www.logainm.ie). Tá Gortfadda eile i gCiarraí, agus tá samplaí de Gortfad in Aontroim (*An Gort Fada* molta: *PNI* 4, 247), Doire, Dún na nGall agus Tír Eoghain (*Census 1851*).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: ní léir cé acu, áfach.

Gortnaraha	Gort na Rátha	
M324810; 91	*“the field of the fort”*	
1. Gortnaratha	CEPR v 333	1400
2. the rectory of Kilcolman, extending to... Gortnerathne	Fiants Eliz. §1404	1569
3. Gortenerathe	Fiants Eliz. §3419	1578
4. Gortneraha 2 qrs	CPR Jas I 581b	1611
5. Gort ne-Rahie	Inq. ME II.247	1617
6. Gortnarah	Inq. ME III.403	1635
7. Gortnerahie, the qr called	Strafford Inq. §128	1635
8. Gortneragh & Killtecehan 2 qrs.	BSD 66	1661
9. Gortnera	Hib. Del. Mayo	1672c
10. Gortneraha 2 qrs. viz. Gortneraha 1 qr. and Coiltirrahine	ASE 275a	1683
11. Gortneragh 2 qrs, Gortneragha 1 qr. & Coylerahine	CRL 2A.3.16, 139a	1710c
12. Gortnaraha, Kelltrcrutine[76]	Garret O’Moore Maps 19	1721c
12. Gortnerah	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723

[76] Cuid thuaidh Gortnaraha, de réir na foinse seo; cf. foirm 8b thuas.

13. Gortenerah	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742
14. Gortneraha and Gorteenmore 3 qrs	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
15. Gortneragha and Coylerahine 1 qr	QRL 2A.6.70, 516	1787
16. Gurthnaragh	Lynch-Blosse Maps	1811
17. Gurtnarath	Bald	1830
18. North Gortnara, East Gortnara, West Gortnara... Gurthnaragh	Tithe App. Book §61	1834
19. Gortnera	Litir Eolais (ALSO)	1838
20. Gortnera	ST (ALSO)	1838
21. Gortnaraah	T O'C (ALSO)	1838
22. Gortnarath	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
23. Gortnaraha	J O'D (ALSO)	1838
24. Gort na ratha	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
25. Gort na ratha "field of the fort"	J O'D (ALSO)	1838
26. ˌgo̟rtnəˈraː	ME2	2009

"455a. 2r. 23p.... including about 52 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by the parish of Mayo, on the east by Ballycarrick and Kilcoleman, on the south by Aughareville Lower, on the west by Taunagh, Gorteenmore and the parish of Mayo. The property of Sir Fras. B. Lynch, Balla" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe i lár theas na roinne agus teach aonair i bhfíorthuaisceart an bhaile fhearainn ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear teach scoile san iarthar agus muileann san oirdheisceart. Léirítear lios sa tuaisceart (M315819).

Tá an bhuneilimint *gort* (féach faoi Gorteenmore thuas) cáilithe anseo ag *ráth* "m. and f. Original gender doubtful... an earthern rampart... a fort, rath" (*DIL* sv. 2*ráth*). Féach nóta ar luaineacht insnce na heiliminte *ráth* i logainmneacha Mhaigh Eo faoi Rathduff i bparóste Bhalla thuas.

Tá *Gort na Rátha* socraithe mar an bhunfhoirm den ainm inchurtha Gortnarah i Liatroim (www.logainm.ie).

Kilbeg (*Malone*)	Coill Bheag Mhaoileoin	
M362748; 101, 102	"Maoileoin*'s little wood"*	
1. Kilbeg	Inq. ME I.41	1608
2. Kilbegclare	Inq. ME II.231	1617
3. Kilbegmyloone	Inq. ME II.279	1617

4. Kilbeg	Inq. ME II.281	1617
5. Kylbegge	Inq. ME I.106	1623
6. Killbegg	Strafford Inq. §114V	1635
7. Killbegg ½ qr	Strafford Inq. §131	1635
8. ½ gnive in Downard, parcel of the other half of Kilbegg	Strafford Inq. §135	1635
9. Killbegg, half a gnive in	Strafford Inq. §138V	1635
10. Garryredmond and Kilbegge, the qr of	Strafford Inq. §149	1635
11. Killbegge, 1⅓ gneebes in	Strafford Inq. §152	1635
12. half qr of Kilbegclare in the town of Gortindrissagh[77]	Strafford Inq. §161V	1635
13. Kilbegclare, half qr of	Strafford Inq. §163	1635
14. Keilebigillare ½ qr.	ASE 241b	1677
15. Killbegmalone ½ qr.... a parcell of wast Bog comon betwixt ye aforesaid ½ qrs. of Killbegmalone Lisduffe and Skehee	BSD 62	1661
16. a wast bog betwixt Drumnell & ye ½ qr of Killbegmalone	BSD 64	1661
17. Killbeg	Hib. Del. Mayo	1672c

[77]

1. Gortindrissagh, Gortnidrissagh	Inq. ME II.231	1617
2. half qr of Kilbegclare in the town of Gortindrissagh	Strafford Inq. §161V	1635
3. cartron of Cartronaloobe in the qr of Gortinedrissagh... cartron of Leigh Cartronlisscronack in the qr of Gortindrissagh	Strafford Inq. §162V-§163	1635
4. 1 cartron of Gortindrishagh	Strafford Inq. §164	1635
5. Gortindrestagh [4] cartrons	BSD 61	1661
6. Gortindrissagh qr.	ASE 241b	1677
7. Gortindrishagh	Forfeit. Estates 394	1703
8. 4 qrs of Clare (vizt.) Gurtindrissagh...	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
9. 4 qrs of Clare vizt....Gortindrisagh...	Reg. Deeds Lib. 66, 510 §48064	1735
10. 4½ qrs of Clare vizt.... Gurtindrisagh...	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
11. [Clare vizt.] Gortindussagh...	QRL 2A.6.70, 578	1787

18. Kelbeggineloone ½ qr.	ASE 243b	1677
19. Kibeggmcloone [*sic*], ½ qr of	CRL 2A.3.16, 151b	1710c
20. Killbegg	Garret O'Moore Maps 25	1721c
21. Killbeggmillen ½ qr	Reg. Deeds Lib. 38, 191 §23927	1723
22. Killbeggmaloone, ½ qr of	QRL 2A.6.70, 577	1787
23. Kelbeg	Bald	1830
24. Kelbeg Lodge	Tithe App. Book §61	1834
25. Kilbegmalone	Litir Eolais (ALSO)	1838
26. Kilbegmalone	ST (ALSO)	1838
27. Killbegmalone	D. Gibbons (ALSO)	1838
28. Killbegmalone	T O'C (ALSO)	1838
29. Kilbeg-Malone	J O'D (ALSO)	1838
30. Coill bheag	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
31. Coill bheag "little wood"	J O'D (ALSO)	1838
32. kil ˈbɛg	ME2, CChL1	2009

"203a. 1r. 36p.... including about 75 acres of bog [primarily in the south]. [Situated] in a south interior part of the parish. Bounded on the north by Drimkeen, on the east by Ballygowan and Ballykenave, on the south by Cloonconnor Prendergast and Carrownaskehee and on the west by Clare. The property of James Brown, Claremount. There is a triangulation station in this townland called Kilbeg" (*ALSO*). Léirítear lonnaíocht scaipthe sna trianta láir agus thuaidh den roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Úsáideadh an t-ainm pearsanta *Maoileoin* < *Maol Eoin*, "[meaning] devotee of St John" (Ó Corráin & Maguire 1981, 129), anseo le hirdirdhealú a dhéanamh ar chuid eile den bhunroinn: *Coill Bheag an Chláir* (foirmeacha 2, 12-14). Liostaítear triúr fear den ainm seo sa Ghinealach Mór (*LMG* v 479 sv.). Eascraíonn an sloinne *Ó Maoileoin* ón ainm pearsanta seo, ach ní gá, ar fhianaise na bhfoirmeacha stairiúla thuas, an sloinne a chur san áireamh anseo.[78] Níl aon fhianaise againn gur úsáideadh an cáilitheoir *Prendergast* i mbunleagan Gaeilge den ainm Drumneen (*Prendergast*) agus ní hionann deilbhíocht na bhfoirmeacha molta Gaeilge sa dá chás, mar sin.

[78] "This sept has been closely associated with Clonmacnois until recent times. The name, now scattered, is numerous in Clare where it is pronounced Maloon and is probably really Muldoon" (MacLysaght 1985, 206 sv. *O Malone*). Luaitear clann den sloinne seo le hOirialla sa Ghinealach Mór (*LMG* ii §317.1).

Tá *An Choill Bheag* molta mar bhunfhoirm Cuilbeg i mbarúntacht Choistealach agus socraithe i gcás Cuilbeg i mbarúntacht Dhún Mór i nGaillimh (www.logainm.ie). Tá *An Choill Bheag* socraithe nó molta i gcás samplaí de Kylebeg i gCill Chainnigh (*L. Log*. 25), Uíbh Fhailí (*L. Log*. 18), Tiobraid Árainn (*L. Log*. 60), Ciarraí, Corcaigh agus Gaillimh; do Littlewood i mBaile Átha Cliath agus Little Wood sa Mhí; agus i gcás samplaí de Kilbeg i gCorcaigh, Gaillimh (www.logainm.ie), Uíbh Fhailí (*L. Log*.) agus Tiobraid Árainn (*L. Log*. 60). Tá Cuilmore < *An Choill Mhór* suite breis agus míle soir ó Kilbeg (*Malone*).

Kilcolman	Cill Cholmáin	
M340800; 91	*"St.* Colmán*'s church"*	
1. Kilcolman 1 qr	CPR Jas I 581b	1611
2. Kilcolman	Inq. ME I.79	1612
3. Killcolman	Inq. ME I.81	1612
4. Kilcolman	Inq. ME II.243	1617
5. Chamberlaine... of Killcolmane...		
2 qrs of Killcolman	CPR Jas I 394a	1618
6. Killcolman	Inq. ME III.383	1633
7. Killcolman	Inq. ME III.397	1633
8. Killcolman, 2 qrs of	Strafford Inq. §110	1635
9. Killcolman, 2 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
10. Killcolman 2 qrs.	BSD 66	1661
11. Kilcolman 1 qr.	ASE 275a	1683
12. Kilcolman 1 qr.	CRL 2A.3.16, 139b	1710c
13. Kilcolman	Garret O'Moore Maps 12	1721c
14. Kilcolman 1 qr.	QRL 2A.6.70, 518	1787
15. Killcolman 1 qr.	QRL 2A.6.70, 576	1787
16. Killcolman, 2 qrs of	QRL 2A.6.70, 593	1787
17. Kilcolman	Lynch-Blosse Maps	1811
18. Kilcolman	Bald	1830
19. Kilcolman	Tithe App. Book §61	1834
20. Kilcoleman	Litir Eolais (ALSO)	1838
21. Kilcoleman	ST (ALSO)	1838
22. Killcolman	D. Gibbons (ALSO)	1838

23. Killcolman	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
24. Cill Cholamain: "St. Colman's church". See parish name	J O'D (ALSO)	1838
25. ˌkɨlˈkoːlmən	ME2, CChL1	2009

"354a. 0r. 38p.... including only about two or three acres of bog. [Situated] in the centre of the parish. Bounded on the north by Ballycarrick and Ballintaffy, on the east by Murneen North, Murneen South and Ballybreheny North, on the south by Drimineen and on the west by Aughareville Middle and Gortnera. The property of Sir. Fras. Blos Lynch, Balla. There is a church ruins in the south part of this townland" (*ALSO*). Léirítear grúpa mór tithe suite i lár na roinne, agus teach aonair agus cúpla áith san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear ballóga na heaglaise sa deisceart (M343796). Liostaítear tuilleadh séadchomharthaí - tobar beannaithe suite gar don eaglais ina measc - in *Monuments* (§91)

Féach nóta ar an ainm seo faoin ainm paróiste thuas.

Kilnagower	Coill na nGabhar	
M320796; 91	*"the wood of the goats"*	
1. Killnegoure	Garret O'Moore Maps 18	1721c
2. Kellnagowre	Garret O'Moore Maps 19	1721c
3. Kilnegour	Lynch-Blosse Maps	1811
4. Kilnagour	Tithe App. Book §61	1834
5. Kilnagour	Litir Eolais (ALSO)	1838
6. Kilnagour	ST (ALSO)	1838
7. Killnagowar	T O'C (ALSO)	1838
8. Kilnagower	J O'D (ALSO)	1838
9. Coill na n-gabhar	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Coill na ngabhar "wood of the goats"	J O'D (ALSO)	1838
11. ˌkɨlnəˈgauwər	ME2, TC4	2009
12. ˌko̯ʟ́nəˈgauwər	CChL2	2013

"179a. 3r. 38p.... including about 37 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by Gorteenmore, on the east by Taunagh, on the south by Garrywadreen and on the west by Birchfield. The property of Mr. Gunbell, Farmhill. There is a triangulation station in this townland called Kilnagour" (*ALSO*). Léirítear

grúpaí beaga tithe i lár thuaidh agus i lár theas na roinne, agus teach aonair san oirthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá *coill* “wood, forest” (*DIL* sv. *caill*) cáilithe anseo ag iolra de *gabhar* “goat” (*DIL* sv. 1*gabor*).[79] Cf. Derrynagower < *Doire na nGabhar* i bparóiste Mhaigh Eo thíos agus Capnagower < *Ceap na nGabhar* i gCliara i mbarúntacht Mhuraisce; féach cuid bheag samplaí eile den fhocal *gabhar* i logainmneacha ag *Joyce* (i 475).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir; ní léir cé acu, áfach.

Knockatober	Cnoc an Tobair	
M377764; 102	*“the hill of the well”*	
1. Knockatobber	Inq. ME II.233	1617
2. Knocktober, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
3. Knocktobber [with] 2 cornmills, the qr of	Strafford Inq. §155	1635
4. Knocktubber	BSD 63	1661
5. Killtubba	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Knocktobber 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142b	1710c
7. Knocktober... Knockotober	Garret O’Moore Maps 23, 25	1721c
8. Knocktobber 1 qr.	QRL 2A.6.70, 532	1787
9. Knockatubber	Bald	1830
10. Knockatubber	Tithe App. Book §61	1834
11. Knockatubber	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Knockatubber	ST (ALSO)	1838
13. Knockatobbar	T O’C (ALSO)	1838
14. Knockatober	J O’D (ALSO)	1838
15. Cnoc a tobair	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
16. Cnoc a tobair “hill of the ridge”	J O’D (ALSO)	1838
17. ˌnɔkəˈt̪ o̤bər	CChL1	2009

“199a. 1r. 10p.... including about 41 acres of bog and rough pasture. [Situated] in a south central part of the parish. Bounded on the north by Boolinree and Carrowreagh,

[79] Seachas iolra de *gabhar* “f.... declined as an o-stem, but takes fem. Pron.... more often an i-stem... a horse (esp. a white one), a mare... mainly confined to poetic language..” (*DIL* sv. 2*gabor*).

on the east by Cauraun and Garryredmond, on the south by Ballyglass and on the west by Cartoonacressa. The property of Mr. Lynch of Galway Town" (*ALSO*). Léirítear grúpa mór tithe sa lár thoir, agus grúpa beag tithe suite gar don teorainn thiar le Cartronnacross, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá droim talaimh 80 méadar ar airde i dtuaisceart na roinne; tá cnoc cruinn 80 méadar ar airde san oirdheisceart. Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba aniar ar an teorainn theas; reáchtálann srutháin bheaga aduaidh chuig an chraobhshruthán seo ar theorainneacha thoir agus thiar an bhaile fhearainn.

Tá an bhuneilimint *cnoc* "hill, mound" (*DIL* sv. *cnocc*(b)), "a hill, a height, a mountain" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *tobar* "well, spring" (*DIL* sv. *topar*). Tá *Cnoc an Tobair* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Knockatober i Lú (*L. Log*. 12) agus Loch Garman (www.logainm.ie); féach fosta *An Poll Buí nó Cnoc an Tobair* / Pollboy or Knockatober i nGaillimh (*ibid*.). Tá Knokatober eile i Sligeach (*Census 1851*). Féach fosta go bhfuil *Cnoc an Tobair* socraithe mar an fhoirm Ghaeilge de shamplaí de Springmount i dTiobraid Árann (*L. Log*. 56) agus Port Láirge (*L. Log*. 24) agus de Springhill i mBaile Átha Cliath (www.logainm.ie).

Lisbaun	An Lios Bán	
M343769; 101	*"the (?)white fort"*	
1. Lisbane	Inq. ME II.231	1617
2. Lisbanne, the half qr of	Strafford Inq. §147V	1635
3. Lecarrowlisbane in the town of Tullogh,[80] half qr of	Strafford Inq. §162	1635

[80]
1. Tullaghe, in	Inq. ME I.59	1610
2. Tullagh... estate of James boy McMorish ... slain in rebellion	CPR Jas I 263a	1614
3. (?)Cloodnetullaghae	Inq. ME II.235	1617
4. Lecarrorrotullagh, O'Murgho of	CPR Jas I 394a	1618
5. license to hold a Thursday market at Togherclare between Tullagh and Ruskie and 3 fairs...	CPR Jas I 558b	1622
6. Tulach, vill. de	Inq. ME III.357	1629
7. Tullegh, 7 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
8. half a qr of Lecarrowlissevnyreavy in the town of Tullogh	Strafford Inq. §161V	1635

4. Lisbane ½ qr.	BSD 61	1661
5. Lisbane	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Lisbane ½ qr.	CRL 2A.3.16, 144a	1710c
7. Lisbane	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
8. Lissbahane [*sic*] ½ qr	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
9. Lisbane ½ qr.	QRL 2A.6.70, 540	1787
10. Lisbane	Tithe App. Book §61	1834
11. Lisbaun	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Lisbaun	ST (ALSO)	1838
13. Lissbaun	T O'C (ALSO)	1838
14. Lisbaun	J O'D (ALSO)	1838
15. Lios bán	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
16. Lios bán "white fort"	J O'D (ALSO)	1838
17. lʲisˈbɑːn	ME2	2009

---

9. Carrowentlevy... ½ qr of Lisscarrogh... half qr of Lecarrownecorrane... half cartron of Lissmoyle, all in the town of Tullogh	Strafford Inq. §161V-§162	1635
10. half qr of Lecarrowlisbane in the town of Tullogh	Strafford Inq. §162	1635
11. 2½ cartrons in Tullogh viz. 1 cartron... of Carrowtleve;... the cartron called Lisseleane; 1 gnive of Cloghiernagh, parcel of the half qr of LecarrowLisscarrigh;... the cartron of Lismoile;... half qr of Lecarrownegorra	Strafford Inq. §162V	1635
12. 2½ cartrons in Tullogh viz.... half qr of Lecarrownegorra...	Strafford Inq. §162V	1635
13. Tullagh, half qr called Lecarrownacarraghilly in the town of	Strafford Inq. §163V	1635
14. Tullagh, the cartron of	Strafford Inq. §164V	1635
15. Carrentullagh als Carrowkeele	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
16. Carrowenlallagh [*sic*] als Carrowkeele	QRL 2A.6.70, 581	1787

Féach tuilleadh faoi Caraun thuas.

“64a. 1r. 10p.... all arable land. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Drimineen Prendergast, on the east by Eskerlavally, on the south and east by Claremount. The property of Lord Or[a]nmore, Castlemagarret. There are two ancient forts in this townland, the most northerly called Lescull and the other Lisbaun Forts” (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe suite gar do lár na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios amháin (*Lisbaun*, ní foláir) suite díreach soir ó thuaidh den ghrúpa tithe (M345769); léirítear *Liscoll* san iarthuaisceart (M342771).

Tá *lios* “the space about a dwelling house or houses enclosed by abank or rampart; somet. the bank or rampart itself” (*DIL* sv. 2*les*), “ring-fort” (*Ó Dónaill* sv. *lios*1(b)) cáilithe anseo ag an aidiacht *bán* “white, fair, bright; pure, holy, blessed; of a page, blank; pale; of land, untilled, waste, unoccupied” (*DIL* sv. bánI(a-c)), “white; pale; empty; idle; *talamh bán* fallow land; lea, grass-land” (*Ó Dónaill*). D’aistrigh Ó Muraíle an mionainm *An Talamh Bán*, a thaifead sé i gCliara, mar “the white [i.e. grassy] land” (Ó Muraíle 1999, 128 §268).

Tá bailte fearainn eile den ainm seo i mbarúntachtaí Ghaileang agus Choistealach, agus i Ros Comáin; tá samplaí de Lisbane in Ard Mhacha, an Dún, Tír Eoghain, Ciarraí (*Census 1851*), Luimneach (*L. Log*. sv. 46 *An Lios Bán*) agus Muineachán (*L. Log*. 39 sv. *An Lios Bán*). Cf. Lisduff thíos.

Lisduff	An Lios Dubh	
M353733; 101	“*the black fort*”	
1. Lishduffe	Inq. ME II.229	1617
2. Lisduff	Inq. ME II.279	1617
3. Carrowenelisduff	Inq. ME I.106	1623
4. Lisduffe, qr of	Strafford Inq. §117	1635
5. Lissduffe, qr of	Strafford Inq. §§117V, 118	1635
6. Lissduffe... Lisduffe, the qr of	Strafford Inq. §153	1635
7. Lisduffe 1 qr.	BSD 62	1661
8. Lisduffe	Hib. Del. Mayo	1672c
9. (?)Lissduffe qr.	ASE 238b	1677
10. Lissduffe 2 qrs[81]	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
11. Lisduffe 1 qr	CRL 2A.3.16, 154a	1710c

[81] Léiríonn an fhoirm seo, agus foirm 14 atá gaolta leis, meascadh le Lisduff i bparóiste Chrois Bhaoithín, a raibh dhá cheathrú ann. Liostaítear foirmeacha 10 agus 14 le tailte sa pharóiste seo, áfach.

12. Lisduff	Garret O'Moore Maps 27	1721c
13. Lisduffe	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
14. Lissduffe 2 qrs	QRL 2A.6.70, 533	1787
15. Lisdufe 1 qr	QRL 2A.6.70, 586	1787
16. Lissduff	Bald	1830
17. Lisduff	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Lisduff	ST (ALSO)	1838
19. Lissduff	D. Gibbons (ALSO)	1838
20. Liss-duff	T O'C (ALSO)	1838
21. Lisduff	J O'D (ALSO)	1838
22. Lios dubh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Lios dubh "black fort"	J O'D (ALSO)	1838
24. lʲɪsˈd̪ˠəf	CChL1	2009

"228a. 0r. 3p.... [including] 85 acres of bog [in the south east] and about 8 acres of planting. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the north by Clare, on the east by Carrownaskehey and Carrowkilleen, on the south and west by the parish of Crossboyne. The property of Mr. Jas. Brown, Claremount. There is an ancient fort in this townland" (*ALSO*). Léirítear áitribh suite le hais bóithre i dtuaisceart, lár, iarthar agus iardheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios buailte leis an teorainn thiuar thuaidh le Clare (M348736). Léirítear cuid plandála sa deisceart, buailte leis an teorainn le Ballindell East i bparóiste Chrois Bhaoithín; ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* (féach Castlemagarretpark New sa pharóiste sin) é Ballindell East, in 1838.

Tá an bhuneilimint *lios* (féach faoi Lisbaun thuas) cáilithe anseo ag *dubh* "black, swarthy, dark... as subst. n., later o, m black pigment, esp. ink... gall" (*DIL* sv. *dub*I,II(a,b)). Féach samplaí den ainm coitianta seo faoi Lisduff i bparóiste Chrois Bhaoithín, thíos.

Lismurrew	Lios Moiriú [< Lios Mairiú]	
M384727; 102, 112	"Moiridh's [< Mairidh's] *fort*"	
1. Lismarew 1 cartron of that qr. [of Carakoota][82]	BSD 63	1661
2. Lissmarew alias Lissmarenny 2 qrs	ASE 255b	1678
3. Lisnarew alias Lismareny 2 qrs	ASE 261a	1679
4. Lissmurvagh als Lissmarren 1 qr	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
5. Lissmarrew als Lissmarreny 2 qrs	CRL 2A.3.16, 147a	1710c
6. Lismarren als Lissinereny	CRL 2A.3.16, 148b	1710c
7. Lissmurragh als Lissmarren	QRL 2A.6.70, 536	1787
8. Lissmarrow als Lissaveeney 2 qrs	QRL 2A.6.70, 554	1787
9. Lissmarren als Lissinereny	QRL 2A.6.70, 563	1787
10. Lismarow	Litir Eolais (ALSO)	1838
11. Lismarow	ST (ALSO)	1838
12. Lissmarrow	D. Gibbons (ALSO)	1838
13. Lissmurrew	T O'C (ALSO)	1838
14. Lismurrew	J O'D (ALSO)	1838
15. Lissmurry	J O'D (ALSO)	1838
16. Lios Muireadh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
17. Lios Muireadhaigh "Murray's or Morrow's fort"	J O'D (ALSO)	1838
18. ˌlïsmərˈu	CChL2	2013

"209a. 2r. 5p.... including about 55 acres of bog. [Situated] in the south end of the parish. Bounded on the north and east by Ballykenave, on the south by Tootagh and the parish of Crossboyne, and on the west by Meelickbeg and Meelickmore. The property of Mr. T. Clendening, Westport" (*ALSO*). Léirítear cuid aitrimh scaipthe tríd an roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ní luaitear seanlonnaíocht ar bith leis an bhaile fearainn seo san Ainmleabhar ná in *Monuments* (§§102, 112).

Léiríonn foirmeacha 1-12 gurbh é [a] nó [ɑ] a bhí sa chéad ghuta san ainm seo roimh ardú sa Ghaeilge dhéanach (foirmeacha 13-5). Cf. Lismiraun < *Lios Mearáin* i mbarúntacht Ghaileang, inar ardaíodh / lárnaíodh an chéad ghuta sa cháilitheoir go

[82] Féach Tootagh thíos.

[ˈi] sa Ghaeilge mhall (agus inar fhobair -*r*- carballaithe, chomh maith).[83] Cuireann sé seo an t-ainm pearsanta *Muiríoch* as an áireamh (foirm 17). Féach, mar sin, go bhfuil *Maireadha* (a chaighdeánófaí mar *Mairiú*) teastaithe mar leagan ginideach den ainm pearsanta neamhchoitianta fireann *Mairidh* sa Ghinealach Mór (*LMG* ii §744.7).[84] Leantar de mholadh ón Bhrainse Logainmneacha, áfach, ina litrítear an leagan ginideach mar *Moiriú* (cf. *oileach* < *aileach*).

Lisnaboley	Lios na Buaile	
M334761; 101	*"the fort of the booley"*	
1. Lisnaboula	Bald	1830
2. Lisnabooley	Tithe App. Book §61	1834
3. Lisnabooly	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Lisnabooly	ST (ALSO)	1838
5. Lissnabooly	T O'C (ALSO)	1838
6. Lisnaboley	J O'D (ALSO)	1838
7. Lios na buaile	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Lios na buáile "fort of the booley or dairy"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˌlɪsnəˈbuːljə	CRB1	2009
10. ˌlɪsnəˈbuːlə	CRB2	2009

"49a. 1r. 25p.... including about 5 acres of bog [in the west]. [Situated] in the south west side of the parish. Bounded on the north by Logatampul, on the east by Claremount, on the south by Clare and Ardroe and west by Belfield. The property of Mr. Jas. Brown, Claremount" (*ALSO*). Léirítear cúpla teach in iardheisceart na roinne, agus iad suite le hais bóthair a reáchtálann aniar ar an teorainn theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios suite gar do lár na roinne ar léarscáileanna reatha (M334761); liostaítear lios eile suite san oirthuaisceart in *Monuments* (§101).

[83] Mhol Ó Donnabháin *Lios Mireáin* mar bhunús dó.

[84] Liostaítear beirt fhear darb ainm *Mearaí* < *Mearaighe* sa Ghinealach Mór (*LMG* v 499 sv.), ach is ar éigean atá gá leagan ginideach neamhtheastaithe (ar nós *Mearadh*), tríd analach (ar nós *coillidh*, ginideach *coilleadh*), a lorg uaidh sin, nó ón ainmfhocal firinscneach *mearaí* < *mearaidhe* "a fool, an idiot" (*Dinneen*), nó ón ainmfhocal baininscneach *mearaí* < *mearaidhe* "a going astray... madness, frenzy..." (*Dinneen*), ach an oiread.

Tá *lios* “the space about a dwelling house or houses enclosed by abank or rampart; somet. the bank or rampart itself” (*DIL* sv. 2*les*), “ring-fort” (*Ó Dónaill* sv. *lios*1(b)) cáilithe anseo ag *buaile* “cow-house, byre; cattle-pen; (temporary) cattle fold, booley at times of summer pasturage; yard, enclosure” (*DIL* sv. 1*búaile*(a,b)), “milking place in summer pasturage; fold, enclosure; small grazing field” (*Ó Dónaill*).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Clare, b’fhéidir.

Loughaunnaman	Lochán na mBan	
M378781; 102	*“the little lake of the women”*	
1. Loughnamon	Lynch-Blosse Maps	1811
2. Loughanemonn	Bald	1830
3. North Lohanaman... South Lohanemon	Tithe App. Book §61	1834
4. Loughanamon	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Loughannaman	T O’C (ALSO)	1838
6. Loughaunnaman	J O’D (ALSO)	1838
7. Lochan na m-ban	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
8. Lochán na m-ban “small lake of the women”	J O’D (ALSO)	1838
9. ˌlɔhənəˈmɑn	CChL1	2009

“223a. 0r. 38p.... including about 44 acres of bog. [Situated] in an east interior part of the parish. Bounded on the north by Corbally and Rockfield, on the east by Carrowbeg, on the south by Carrowreagh and west by Boolinree and Barnycarrol. The property of Sir B. Lynch, near Balla. There are six ancient forts in this townland, the most northerly of which is called Lissna[h]ough Fort; Lissnacruagh [or Lissnacrivagh], Lissbaun, Lissturheen and Lissrough are the names of the others. There is a triangulation station in the townland, called Loughanamon” (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe tríd an roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear trí lios sa tuaisceart: *Lisnahoowa* (M379787), *Lismoreeva* (M377786)[85] agus *Lisbaun*

[85] 1. Lismonereogh — Inq. ME II.231 — 1617
2. Lismonereogh, ½ cartron of — Strafford Inq. §158V — 1635
3. Lissvonyreogh, ½ qr of — Strafford Inq. §161 — 1635

(M379786); ceann darb ainm *Lisroe* sa lár (M378783); ceann darb ainm *Listurkan* san oirthear (M382783); agus lios eile gan ainm sa deisceart (*Lissnacruagh* nó *Lissnacrivagh* thuasluaite, is dóiche; M376777). Léirítear talamh riascúil san iardheisceart: suíomh an locháin, tráth, b'fhéidir.

Tá *lochán* "small lake, pool" (*DIL* sv.) cáilithe anseo ag *bean* "a woman" (*DIL* sv. *ben*1(a)), atá le sonrú san iolra chomh maith san ainm Maumnaman < *Mám na mBan* i bparóiste Acla i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill. Féach fosta ainmneacha ar nós *Faill na mBan* / Foilnaman i dTiobraid Árann (*L. Log*. 77), agus *Móin na mBan Íochtarach* / Monaman Lower i bPort Láirge (*L. Log*. 39).[86] Tá samplaí di san uatha le sonrú i gcuid mionainmneacha ar nós *Uaigh na Mná Móire* / *The Long Woman's Grave* i Lú (*L. Log*. 23; féach fosta Cloonnamna i mbarúntacht Choistealach).

---

4. Lissinrevogh, the qr of	Strafford Inq. §154V	1635
5. half a qr of Lecarrowlissevnyreavy in the town of Tullogh	Strafford Inq. §161V	1635
6. William Crone mc Hubert Prendergast of Lissmnnerogh, ¼ cartron called Lissmirll, parcel of the town of Ilanroe	Strafford Inq. §161V	1635
7. Monnirew and Lisleme 3 cartrons	BSD 61	1661
8. Monerew	BSD 62	1661
9. Monerew	Hib. Del. Mayo	1672c
10. Lysmonyreagh and Lissine qr.	ASE 241b	1677
11. Munereagh	Forfeit. Estates 394	1703
12. 4 qrs of Clare (vizt.)... Auneragh [sic]...	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
13. Clare, town and lands of	Reg. Deeds Lib. 72, 393 §51239	1733
14. 4 qrs of Clare vizt... Muncreagh	Reg. Deeds Lib. 66, 510 §48064	1735
15. 4½ qrs of Clare vizt.... Munereagh...	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
16. [Clare vizt.]... Alluneragh	QRL 2A.6.70, 578	1787

Liostaítear cuid de na luathfhoirmeacha thuas le Caraun, atá suite píosa gearr soir ó dheas de Loughaunnaman. Léirítear foirm 9 siar ó dheas de Lisbane ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*, níos giorra de Clare, a luaitear le foirmeacha 11-16, chomh.maith. An dtiocfadh dó gurbh ann d'fhoroinn eile darb ainm *Monerew* i gcomharsanacht Clare nárbh ioann agus *Lios Mhóna Riabhaí* (*et var*.) a liostaítear sna luathfhoirmeacha thuas? I dtaca leis an iarbhaile *Tullogh* (*et var*.) a luaitear i measc na bhfoirmeacha thuas, féach Lisbaun.

[86] Tá foirmeacha Gaeilge le cinntiú go fóill i gcás samplaí de Ballynaman i nDún na nGall, samplaí de Cornaman i Liatroim agus sa Chabhán, samplaí de Cahernaman i nGaillimh agus Ciarraí, Cloonaman i gCiarraí, Culnaman i nDoire, agus Tievenaman sa Chabhán (www.logainm.ie; *Joyce* ii 121). Is de bhunús eile ar fad (ach éiginnte) é Dunnaman sa Dún (*PNI* 3, 38). Tá *Dún na mBeann* socraithe mar bhunfhoirm Dunnaman i Luimneach (*L. Log*. 39).

Lugatemple	Log an Teampaill	
M332770; 101	*"the hollow of the church"*	
1. Lagatemple	Bald	1830
2. Logatampel	Tithe App. Book §61	1834
3. Logatampul	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Logatampul	ST (ALSO)	1838
5. Laggatampall	T O'C (ALSO)	1838
6. Lugatemple	J O'D (ALSO)	1838
7. Lag a teampaill	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Lag a teampaill "hollow of the church"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˌlagəˈtʃampəl	CRB1, ME2	2009

"207a. 3r. 23p.... including about 50 acres of bog. [Situated] in the south west side of the parish. Bounded on the north by Ballynew and Drimineen, on the east by Claremount, on the south by Lisnabooly and east by Belfield and Gortfadda. The property of Mr. Gunbell, Farmhill. There is an ancient fort in the south east end of this townland" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe i lár thoir na roinne seo, agus cúpla teach sa lár thiar suite le hais mionbhothair a reáchtálann anoir trí lár an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios san oirdheisceart, ceart go leor (M334767). Ní luaitear lonnaíocht eaglasta leis an roinn seo sna gnáthfhoinsí (*ALSO*, *Monuments*); b'fhéidir gur thagair an t-ainm ó cheart do theampall Anglacánach (féach go bhfuil Claremount buailte leis an teorainn thoir theas, agus Bellfield buailte leis an teorainn theas). Tá bunús na roinne suite ar thalamh atá idir 80-90 méadar ar airde; tá log 70 méadar ar airde san iardheisceart, atá buailte leis an teorainn le Bellfield agus a léirítear mar thalamh riascúil ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint *log* "place; (dwelling) place, habitation; hollow, pit, ditch; burial place, grave" (*DIL* sv. 1*loc*I,II), "hollow" (*DUP* 154 sv. *log*) cáilithe anseo ag *teampall* "(Lat. *templum*)... church" (*DIL* sv. *tempul*(c)), "more *gnly*. a Protestant Church" (*Dinneen*): "For the most part [*teampall*] represents a church, frequently a parish church, of the post-reform period. In annalistic records of post-twelfth-century date it is the term most commonly used of 'church', although *eaglais* is occasionally used. *Teampall* frequently appears with a dedication to one of the great sanits of the Roman calendar... Simple descriptive qualifications occur as well, as in Templemoyle,

Co. Mayo, [from] *Teampall Maol*, 'bald church', possibly indicating that the building was in ruinous condition" (*IPN* 148).[87] Níl ach cuid bheag samplaí den eilimint *teampall* in ainmneacha bailte fearainn i Maigh Eo: Lecarrowntemple i mbarúntacht Thír Amhlaidh, Rushbrook / *Faiche an Teampaill* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill, Ballintemple agus Knockatemple i mbarúntacht Ghaileang, Temple i mbarúntacht Choistealach, agus Drum or Knockatemple i mbarúntacht Cheara.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Mace Lower	An Más Íochtarach	
M348827; 91	"*the long low hill, lower*"	
1. Mace	Inq. ME II.237	1617
2. Maase	Inq. ME II.249	1617
3. Mase, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
4. Masse [two] ½ qrs.	BSD 67	1661
5. Masse	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Mase ½ qr.	ASE 275a, 275b	1683
7. Mass 1 qr.	CRL 2A.3.16, 139a	1710c
8. Mase the other ½ qr.	CRL 2A.3.16, 150a	1710c
9. Maes	Garret O'Moore Maps 16	1721c
10. Mase and Clunedartho 2 qrs	L. Blosse Papers 211 §103	1750c
11. Mass ½ qr.	QRL 2A.6.70, 516	1787
12. Mase the other ½ qr.	QRL 2A.6.70, 570	1787
13. Lower Mace	Tithe App. Book §61	1834
14. Mace Lower	ST (ALSO)	1838
15. Mace	Litir Eolais (ALSO)	1838
16. Mase	D. Gibbons (ALSO)	1838
17. Mace	T O'C (ALSO)	1838
18. Más	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
19. Más "a fat hill"	J O'D (ALSO)	1838
20. ˌme:sˈlo:wər	CChL1	2009

[87] I dtaca le *Templemoyle*, féach faoi Coollagagh i bparóiste Chill Lasrach i mbarúntacht Ghaileang.

“511a. 1r. 16p.... including about 205 acres of bog and 0a. 0r. 12p. of water. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Curneen and Cultiaboe, on the east by Cloonmore Upper and Mace Middle, on the south by Murneen South and on the west by Murneen North. The property of Mr. Kerwin” (*ALSO*). Léirítear teach aonair san iarthuaisceart, agus cuid mhaith tithe suite i ndeisceart an bhaile fhearainn, le hais bóthair a reáchtálann aduaidh trí lár theas na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá Mace Lower, Mace Middle agus tuaisceart Mace Upper suite idir dhá chraobhshruthán den Gweestion River a reáchtálann anoir aneas ar na teorainneacha thoir agus thiar. Tá siad suite, chomh maith, ar dhroim talaimh atá idir 70-100 méadar ar airde a ghobann aneas ó chnoc atá breis agus 120 méadar ar airde, a bhfuil a mhullach suite rud beag ó dheas de Mace Upper i dtuaisceart Ballynabrehon South.

Féach samplaí áitiúla den eilimint *más* “bottom, fundament; buttock, posterior; of places: Mas na Ríghna, name of a hill” (*DIL* sv. 1más), “a long low hill” (*Joyce* i 526-7) faoi Lawaus < *An Leathmhás* i bparóiste Chrois Bhaoithín thíos.

Mace Middle	An Más Láir	
M356820; 91	*“the long low hill, middle”*	
1. Shraughcoory Mace	Tithe App. Book §61	1834
2. Mace Middle	ST (ALSO)	1838
3. Mase	D. Gibbons (ALSO)	1838
4. Mace	J O’D (dúch dearg; ALSO)	1838
5. ˌmeːsˈmɪdəl	CChL1	2009

“377a. 1r. 12p.... including about 72 acres of bog. [Situated] in the interior part of the parish. Bounded on the north and east by Cloonmore Upper, Dalteen and Ballaghfarny, on the south by Mace Upper and on the west by Murneen South and Mace Lower. The property of Mr. Kerwin” (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe in iardheisceart na roinne, agus tuilleadh áitribh le hais bóthair a reáchtálann aniar aduaidh ó Mace Lower, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Mace Lower thuas.

Mace Upper	An Más Uachtarach	
M360806; 91, 92	*“the long low hill, upper”*	
1. Upper Mace	Tithe App. Book §61	1834

2. Mace Upper	ST (ALSO)	1838
3. Mase	D. Gibbons (ALSO)	1838
4. Mace	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
5. ˌmeːsˈo̤pər	CChL1	2009

"356a. 1r. 1p.... including about 47 acres of bog. [Situated] in the east interior part of the parish. Bounded on the north by Mace Middle, on the east by Ballaghfarny and Rockfield, on the south by Corbally and Ballybreheny South, and on the west by Ballybreheny North and Murneen South. The property of Mr. Kerwin" (*ALSO*). Léirítear lonnaíocht scaipthe trí lár thuaidh, oirthear agus deisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Mace Lower thuas.

Magheraboy An Machaire Buí

M375811; 92 *"the yellow plain"*

1. Magheraboy	Tithe App. Book §61	1834
2. Magherabwee	ST (ALSO)	1838
3. Magherabwee	T O'C (ALSO)	1838
4. Magheraboy	J O'D (ALSO)	1838
5. Machaire buidhe	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Machaire buidhe "yellow plain"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˌmahərəˈboi	CChL1	2009

"110a. 0r. 16p.... including about 40 acres of bog [in the south]. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Ballaghfarny, on the east by the parish of Knock and on the south and west by Rockfield. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe suite i dtuasceart na roinne, le hais bóthair a reáchtálann aniar ar an teorainn thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá bríonna éagsúla teastaithe le *machaire*: "a large field or plain... common in n.l. followed by gen." (*DIL* sv.), "a plain, a flat or low-lying country, a field, a riding or playing field, a race-course, a battlefield" (*Dinneen*; féach bríonna eile faoi Magheraboy ag *PNI* 7, 76). Tá *machaire* cáilithe anseo ag *buí* "yellow" (*DIL* sv. 1*buide*).[88] Tá

[88] Féach fosta "yellow, tawny... as a disparaging epithet, like ugly, dirty, bad... *Domhnall buí*, bad bold Domhnall; *Seán Buí*, the English" (*Dinneen*).

machaire tearc go leor mar bhuneilimint sa chontae seo, ach féach samplaí eile de Magheraboy féin i mbarúntachtaí Choistealach agus Ghaileang, Magheranagay agus Magherafadda i mbarúntacht Cheara, agus Shanvaghera i bparóiste Chnoic thíos.

Áiríodh an baile fearainn seo mar chuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Ballyfarnagh nó Rockfield < *Ceathrú na gCloch*, is dóiche.

Meelick Beg	Míleac Beag	
M373722; 102, 112	*"(?)marshy margin, small"*	
1. Mileck, the qr of	Strafford Inq. §117	1635
2. Mellick	BSD 62	1661
3. a wast bog betwixht ye qrs. of Clanmerge, Melloc & Carrowquillin	BSD 64	1661
4. Mellick	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Milick ½ qr.	ASE 275b	1683
6. Mellick als. Carcolick	Forfeit. Estates 375	1703
7. Meelick als Carrowcollick	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
8. Mylick	Garret O'Moore Maps 27	1721c
9. Meelick 1 qr.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
10. Meelick als Carrowcollick	QRL 2A.6.70, 581	1787
11. Meelick Beg	Lynch-Blosse Maps	1811
12. Meelick	Bald	1830
13. Meelick	Tithe App. Book §61	1834
14. Meelick beg	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Meelick beg	ST (ALSO)	1838
16. Meelickbeg	T O'C (ALSO)	1838
17. Milioc beag	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Míl:ioc beag "small meelick (or insulated spot of land)"	J O'D (ALSO)	1838
19. ˌmiːləkˈbjo̝g	CRB4	2009

"80a. 3r. 7p.... including about 27 acres of bog. [Situated] in the south [east] side of the parish. Bounded on the north and east by Meelickmore and Tootagh and on the west by the parish of Crossboyne. The property of Mr. Jas. Brown, Claremount" (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe, agus cuid páirceanna, suite i lár na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach samplaí áitiúla den eilimint *míleac* “marshy margin” (McKay i *DUP* 154 sv.), “low-lying marshy ground, or land bordering a lake or river” (*Joyce* i 465), “an isolated piece of land” (Ó Donnabháin sv. paróiste Mhílic, barúntacht Ghaileang),[89] faoi Meelick i bparóiste Chrois Bhaoithín, thíos.

Meelick More	Míleac Mór	
M369731; 101, 102, 112	*“(?)marshy margin, big”*	
1. Meelick More	Lynch-Blosse Maps (sv. Meelick Beg)	1811
2. Meelick more	Tithe App. Book §61	1834
3. Meelick more	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Meelick more	ST (ALSO)	1838
5. Meelickmore	T O’C (ALSO)	1838
6. Great Meelick	J O’D (dúch; ALSO)	1838
7. ˌmi:ləkˈmo:r	CRB4	2009

“305a. 3r. 25p.... including about 166a. of bog [in the north and in the south of the townland]. [Situated] in the south [east] extremity of the parish. Bounded on the north and east by Cloonconnor Prendergast and Ballykenave, on the south by Lismarrow, Tootagh and Meelickbeg, and on the west by the parish of Crossboyne and townland of Carrowkilleen. The property of Mr. Jas. Brown, Claremount” (*ALSO*). Léirítear grúpa líneach tithe i lár thuaidh na roinne, agus iad suite le hais bóthair a reáchtálann aniar aduaidh trí lár thuaidh an bhaile fhearainn, agus cuid bheag tithe eile san oirthar agus san iarthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach tuilleadh foirmeacha stairiúla, agus nóta ar shanas an ainm seo, faoi Meelick More thíos.

[89] Forbairt ó leagan meititéise de *imleach* “u, n., later o, m... land bordering on a lake or marsh” (*DIL* sv. 1*imlech*)?

Murneen North	Muirnín Thuaidh [? < Boirnín]	
M339821; 91	*"(?)small rocky place, north"*	
1. castle and lands of Murnyne	Fiants Eliz. §4669	1585
2. Morninge, McMorris of the	Fiants Eliz. §4696	1585
3. Morneen... 12 qrs	CBC 94	1585
4. Mournin... 12 qrs	CBC 100	1585
5. Mournin, Castle or Mannor of	CBC 112	1585
6. Mornyn, McMorish of the	Fiants Eliz. §5486	1590
7. Morning	Connaught Map (NLI)	1600c
8. Mornine... Mornyne	CPR Jas I 110a	1607
9. Mornyn 5 qrs, the manor of	CPR Jas I 581b	1611
10. Murnom	Inq. ME I.81	1612
11. Morinne	Inq. ME II.249	1617
12. Morinine, v. de	Inq. ME III.403	1635
13. the castle, town and manor of Mornyn... the qr of Murnyn	Strafford Inq. §127	1635
14. Mourneene 1 qr.	BSD 66	1661
15. Mourmena	Hib. Del. Mayo	1672c
16. castle[90] and maor of Mornyne and 5 qrs in Mornyne	ASE 275a	1683
17. Castle & Mannor of Morrinue & 5 qrs (vizt.) Mornine 1 qr., Carrowhane 3 car., Farrangrogue 1 qr., Criaghagh 1 qr	CRL 2A.3.16, 138b	1710c
18. Mornine 1 qr.	CRL 2A.3.16, 151a	1710c
19. Murneenclanmorris	Garret O'Moore Maps 12-14	1721c
20. Murneen, Manor of	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
21. Morneen 1 qr.	L. Blosse Papers 211 §103	1750c
22. Morneen, Mannor of	Reg. Deeds Lib. 69, 61 §47248	1731

[90]1. Nehemias mc Brehowne ¼ part of the castle of Lecarrow... town and lands of Lecarrow — Strafford Inq. §162 — 1635
2. castle, commons, gardens... of Lecarrow — Strafford Inq. §163V — 1635

Bhí an caisleán suite i lár thoir Murneen South: féach thíos.

23. Castle & Manr. of Morrinue and 5 qrs. viz. Mornine 1 qr., Carrocohane 3 car., Farrangrogie 1 qr., Curagh 1 qr.	QRL 2A.6.70, 514	1787
24. Mornine	QRL 2A.6.69, 574	1787
25. Murneen	Lynch-Blosse Maps	1811
26. Mondothy Murneen, Ballycanavan Murneen,[91] Cappagh Murneen, Murneen Beg, Murneen More, Murneen Healey, Coarsepark Murneen, Spilliane Murneen	Tithe App. Book §61	1834
27. Murneen North	Litir Eolais (ALSO)	1838
28. Murneen North	ST (ALSO)	1838
29. Mourneen	D. Gibbons (ALSO)	1838
30. Murnín	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
31. Murneen	T O'C (ALSO)	1838
32. Murnín: "a lovely spot"	J O'D (ALSO)	1838
33. Muirnín	GÉ 140	1989
34. mo̱r'Ni:ń an ghnáthfhuaim i mBéarla	Cartaí BL (www.logainm.ie)	1991c
35. 'mörni:n'nort	ME2	2009

[91]

1. Ballicanavane	Inq. ME II.247	1617
2. Ballykennevane	Inq. ME III.383	1633
3. Ballykenevan	Inq. ME III.397	1633
4. Ballycanavan, 1 cartron in the upper half qr of	Strafford Inq. §109V	1635
5. Ballykanvane, qr of	Strafford Inq. §127	1635
6. Ballykanavane, 3 half qrs of	Strafford Inq. §130	1635
7. Ballykeenvane, qr of	Strafford Inq. §131V	1635
8. Ballecannohan [two] ½ qr[s].	BSD 67	1661
9. Ballycanahan 3 cart.	ASE 275a	1683
10. Ballycannavane 1 qr.	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
11. Balliconavan 1 qr.	L. Blosse Papers 211 §103	1750c
12. Ballycannovane 1 qr.	QRL 2A.6.70, 571	1787

"737a. 2r. 38p.... including about 37 acres of bog. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Taunalahard, on the east by Curneen and Mace Lower, on the south by Murneen South and on the west by Kilcoleman and Ballintaffy. The property of Captn. O'Moore" (*ALSO*). Léirítear cuid mhaith grupaí beaga éagsúla tithe scaipthe tríd an roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann craobhshrutháin de chuid an *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste an Teampaill Mhóir, barúntacht Ghaileang) anoir aneas ar theorainneacha thoir agus thiar na roinne. Tá cuid mhaith de Murneen South suite ar thalamh atá idir 100-120 méadar ar airde agus tá deisceart Murneen North suite ar dhroim talaimh a ghobann aneas uaidh sin agus atá 80-90 méadar ar airde.

Is cosúil gur ghuta gearr a bhí an chéad shiolla san ainm seo, go stairiúil: cuireann sé seo forbairt dhíspeagtha ón eilimint *múr* "a wall or rampart, generally one constructed of earth or stone surrounding a building, fort or town; transf. of place enclosed by a wall, dwelling, fort, keep, etc." (*DIL* sv. 1*múr*(a,c)) as an áireamh.[92] Is ar éigean a bheimis ag dréim le *muirnín* "m.... a favourite, darling" (*DIL* sv.) i gciall thopagrafach, ach thiocfadh linn cuimhneamh ar fhorbairt áitreabhach ó fhréamh an fhocail sin, *muirn*: "a loud, confused or tumultuous sound, esp. that produced by a multitude, armed host...;[93] met. a troop, band (of warriors); high spirit, ardour, exuberant energy; often [used] of festive mirth, gaiety, jollity; favour, affection, esteem (late use)" (*DIL* sv. 1*muirn*).[94]

Tá an focal *mórnán* "a pail, a milk-vessel, a small wooden dish; a skillet-shaped vessel holding from one to two quarts" (*Dinneen* sv. *mórnán*; cf. *DIL* sv.) ag *Ó Dónaill* mar *mornán*; thiocfadh linn cuimhneamh ar leagan malartach de (*moirnín*), i gciall

[92] Féach samplaí de *múr* i logainmneacha faoin ainm paróiste *An Múr Gágach* i mbarúntacht Chill Mheáin.

[93] Cf., b'fhéidir, Goward < *Guthard* "resounding height" sa Dún agus Guhard Lower i gCiarraí (*PNI* 3, 87-9). Tá an fhéidearthacht ann, i ndiaidh nach bhfuil ann ach féidearthacht, gur forbairt ó *trost* "noise, report, cry" (*DIL* sv. 2*trost*), "a trip or fall, onrush; a thrust; a thud, noise..." (*Dinneen* sv. *trost*(2)) atá in ainmneacha ar nós Tristia < *Troiste* i mbarúntachtaí Iorrais agus Thír Amhlaidh. Cf. go háirithe, áfach, *Drongánach Thoir* "place of crowds, east" / Drunganagh East i mbarúntacht Cheara (Imleabhar 5).

[94] Ní dóiche gur gá forbairt dhíspeagtha ó *muirn* "sea" (*DIL* sv. ?2*muirn*), a bhfuil cuid amhrais ag baint leis mar fhocal, a chur san áireamh anseo.

thopagrafach, mar fhéidearthacht;[95] is cosúil gurb é seo an bunús atá le Mornin / *An Moirnín* sa Longfort (www.logainm.ie).

Féidearthacht láidir go leor is ea forbairt (*moirnín* < *boirnín*) ó *boireann* "large stone; rocky district" (*DIL* sv. *bairenn*); cf. Mornane / *Moirneán* < *Boirneán* "rocky place" i Luimneach (Ó Maolfabhail 1990, 222). Léirítear paiste carraigeach i dtuaisceart Ballynabrehon North gar do theorainn theas Murneen South, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; níor mhiste a lua gur tugadh *Lios na Muirnín* ar lios atá suite gar dó, tráth, ina bhfuil úsáid an ailt bunaithe, is léir, ar athmhíniú na heiliminte *muirnín* sa mhionainm déanach (féach www.logainm.ie sv. taifid eolais ar *Murneen*, "ionad daonna"; agus Ballynabrehon North thuas). Ar an ábhar go maireann ruainnín den amhras faoin sanas, áfach, leantar anseo san fhoirm mholta den litriú atá socraithe cheana (foirm 33), a bhí bunaithe é féin ar theistiméireacht Uí Dhonnabháin, ní foláir.

Féach fosta go bhfuil *Muirnín* molta mar bhunfhoirm i gcás Moorneen i mbarúntacht Bhaile na hInse, i nGaillimh: forbairt ó *boirnín* "small rocky place", a mheasann Robinson (1990, 52).

Murneen South	Muirnín Theas	
M349804; 91	*"(?)small rocky place, south"*	
1. Upper Murneen	Tithe App. Book §61	1834
2. Murneen South	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Murneen South	ST (ALSO)	1838
4. Mourneen	D. Gibbons (ALSO)	1838
4. Murneen	J O'D (dúch; ALSO)	1838
5. 'mörni:n'saut	ME2	2009

"393a. 3r. 9p. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Murneen North, on the east by Mace Lower, Mace Middle and Mace Upper, on the south by Ballybreheny North, and on the west by Kilcoleman. The property of Captn. O'Moore. There is an ancient fort in this townland called Murneen in which there is a triangulation station" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe scaipthe sa trian theas den roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá láthair chaisleáin sa lár thoir

[95] Is é sin, ag tagairt don chnoc i Murneen South. Féach bhfuil *cuach* "cup, goblet, bowl" (*DIL* sv. *cuāch*) teastaithe sa chiall "log" i logainmneacha (féach, mar shampla, *DUP* 44 sv. Coagh). Féach fosta *Teileann* / *Teelin* i nDún na nGall: "the word [teileann] 'dish' is used metaphorically to refer to the little rounded bay..." (*DUP* sv. 140).

(M353805). Léirítear lios suite sa lár theas ar léarscáileanna reatha, ar chnoc 120 méadar ar airde.

Féach tuilleadh foirmeacha stairiúla, agus nóta ar bhunús an ainm, faoi Murneen North thuas.

Parkatleva	Páirc an tSléibhe	
M323778; 101	*"the field of the (?)moor"*	
1. Parkatleva	Tithe App. Book §61	1834
2. Parkatleva	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Parkatleva	ST (ALSO)	1838
4. Parkatléva <	T O'C (ALSO)	1838
5. Pairc a t-sleibhe	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Pairc a t-sléibhe "park of the mountain"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˌpɑrknəˈkleːvə	CChL2	2013

"72a. 1r. 23p.... including two acres of rough ground. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north and east by Garrywadreen, on the south by Ballynew and on the west by Cartown and Ballinastanford Upper. The property of Mr. Gunbell, Farmhill" (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe i lár thuaidh na roinne, agus cuid bheag tithe eile suite le hais bóithre a reáchtálann ar na teorainneacha thoir agus thoir theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá tuaisceart na roinne suite ar thalamh atá 70 méadar ar airde; tá deisceart na roinne suite ar dhroim talaimh atá 80 méadar ar airde.

Tá an bhuneilimint *páirc* "f. (Romance) a field" (*DIL* sv.) cáilithe anseo ag *sliabh* "a mountain, a mountain-range; a moor" (*DIL* sv. *slíab*). Tá Parkatleva eile i nGaillimh (*Census 1851*); cf. fosta Carrowntleva i mbarúntacht Ghaileang agus samplaí de Ballintleva i mbarúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus i bparóiste an Chnoic sa bharúntacht seo féin.[96]

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: Garrywadreen nó Ballinastangford Upper / Ballinastangford Lower, is dóiche. Níor aithin cuid faisnéiseoirí an t-ainm seo agus gach seans go n-áirítear an

[96] Tá samplaí eile de Ballintleva i nGaillimh; tá Barratleva agus samplaí de Gortatleva agus Cloonatleva i nGaillimh chomh maith, agus tá Carrowntlieve i Ros Comáin (www.logainm.ie).

roinn féin mar chuid de ceann de na bailte fearainn eile seo sa lá atá inniu ann. Is féidir go léiríonn foirm 7 athmhíniú déanach (*Páirc na Cléibhe*?) sa Ghaeilge dhéanach seachas meath sa Bhéarla.

Rockfield	Ceathrú na gCloch	
M376798; 91, 92, 102	*"the quarter of the stones"*	
1. Carrowneclough	Inq. ME II.233	1617
2. Carrowneglogh, qr of	Strafford Inq. §108	1635
3. Carrowneclogh	Strafford Inq. §108V	1635
4. Carronagough [*sic*], half qr of	Strafford Inq. §113	1635
5. Carrowneglogh, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
6. Carrowneglogh, the qr of	Strafford Inq. §135	1635
7. Carrowneglogh, the qr of	Strafford Inq. §147V	1635
8. Caroglogh 1 gneeve... Caroglogh ye other five gneeves	BSD 65	1661
9. Carowclogh	Hib. Del. Mayo	1672c
10. Carrowclough 1 qr.	ASE 254a	1678
11. Carrowneclough ½ qr.	ASE 275b	1683
12. Carrowclogh 4 qrs	CRL 2A.3.16, 145a	1710c
13. Carrunaglogh	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
14. Carroclogh 1 qr	L. Blosse Papers 193 §75	1754
15. Carrowclogh 4 qrs	QRL 2A.6.69, 546	1787
16. Carrownaglogh, Rockfield	Bald	1830
17. Rockfield... Part of Rockfield held by Cavanagh	Tithe App. Book §61	1834
18. Rockfield	Litir Eolais (ALSO)	1838
19. Rockfield	ST (ALSO)	1838
20. Rockfield	T O'C (ALSO)	1838
21. Rockfield	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
22. C-adh na g-cloch	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Ceathramhadh na g-cloch "quarter of the stones"	J O'D (ALSO)	1838
24. ˈrɔkfiːld	CChL1	2009

“874a. 3r. 19p.... including about 275 acres of bog [in the east], 32a. 2r. 30p. of water, and rough pasture. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Ballaghfarny and Magherabwee, on the east by the parish of Knock, on the south by Loughanamon and Carrowbeg, and on the east by Corbally and Mace Upper. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There are three ancient forts in this townland. There is a children's graveyard in the south west end of the townland. Also Rockfield House, in the east central part” (*ALSO*). Léirítear lonnaíocht scaipthe tríd an roinn, diomaite den oirthear, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear *Rockfield House* suite gar go leor do lár na roinne, siar ó dheas de *Derry Lough* atá ar an teorainn thoir thuaidh. Léirítear dhá lios san iarthar (M366802: léirithe mar “cillín” ar léarscáileanna reatha; agus M368804) agus dhá lios eile sa deisceart (M372795 agus M378793). Léirítear an reilig do pháistí a luaitear sa tuairisc thuas sa deisceart chomh maith (M374793): is cosúil gur tugadh *Cill Lasrach an tSléibhe* ar cheann de na cillíní seo, tráth.[97] Féach cuid mhaith séadchomharthaí eile liostaithe in *Monuments* (§§91-2, 101).

[97]

1. Carowmorekillasserantlery	Inq. ME II.231	1617
2. Carowemorekillassarentlevy, Carowmorekillasserantlenie...	Inq. ME II.233	1617
3. Carrowmoreantlevy als Killasrach	Inq. ME III.357	1629
4. Killasser, half qr of	Strafford Inq. §§108V, 113	1635
5. Killasser, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
6. Tample-Killasser, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
7. Killasser, half qr of	Strafford Inq. §135	1635
8. Killasser, half qr of	Strafford Inq. §147	1635
9. Killasser ½ qr.	BSD 65	1661
10. Killasser	Hib. Del. Mayo	1672c
11. Killasser ½ qr.	ASE 254a	1678
12. Killasser ½ qr.	CRL 2A.3.16, 145a	1710c
13. Killassar	Garret O'Moore Maps 22	1721c
14. Killasser ½ qr.	L. Blosse Papers 193 §75	1754
15. Killasser ½ qr.	QRL 2A.6.69, 546	1787

Léirítear foirm 10 ó dheas de *Carowclogh*, agus ó thuaidh de Corbally, ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*. Féach tuilleadh faoi *Ceathrú Mhór Chill Lasrach* an tSléibhe faoi Carrowbeg thuas.

Léiríonn foirmeacha stairiúla gurb é *Gort na gCloch*[98]an bunús atá le samplaí de Rockfield i mbarúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Cheara. Tá *Páirc na Carraige* socraithe mar fhoirm Ghaeilge Rockfield i Luimneach (*L. Log*. 50); tá *Tigh na Carraige* socraithe mar bhunfhoirm Rockfield i bPort Láirge (*L. Log*. 45). Mhol Walsh (1957, 307) *Croimghleann* mar bhunfhoirm Rockfield or Crumlin san Iarmhí. Tá 18 sampla eile ar fad de Rockfield tríd an tír, amanna le cáilitheoirí (*Census 1851*).

Is cosúil gur áiríodh an baile fearainn seo mar cheathrú den iarbhaile ar a dtugtaí *An Tulach*; féach faoi Lisbaun thuas.

Streamstown	Baile an tSrutháin	
M319763; 101	*"the townland of the stream"*	
1. Ballyntruhane	CPR Jas I 394a	1618
2. Streamstowne, Mathew Bell of	Reg. Deeds Lib. 11, 390 §4798	1713
3. Streams Town	Price, Senex & Maxwell	1721c
4. Streamstowne, M. Bell of	Reg. Deeds Lib. 56, 199 §37594	1728
5. Streamstowne, Lyndon Bell of	Reg. Deeds Lib. 57, 121 §37595	1728
6. Streamstowne, Mathew B[ ]ll of	Reg. Deeds Lib. 76, 315 §54592	1732
7. Streamstown, town & lands of	Reg. Deeds Lib. 72, 393 §51239	1733
8. Streamstown, Lyndon Bell of	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
9. Lyndon Bell of Streamstown... Streamstown als Garrynabb & Kilwoden 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
10. Streamstowne, Lydon Bell of	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739
11. Streamstown	Bald	1830
12. Streamstown	Tithe App. Book §61	1834
13. Streamstown	Litir Eolais (ALSO)	1838
14. Streamstown	ST (ALSO)	1838
15. Streamstown	T O'C (ALSO)	1838
16. Baile an t-srufán	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
17. Baile an t-srufáin: "town of the streamlet"	J O'D (ALSO)	1838

[98] *Cloch* "stone, rock; a construction of stone, esp. fortress, castle, stronghold" (*DIL* sv. *cloch*(a,f)), "stone; rocky shore; (stone) castle" (*Ó Dónaill*).

18. ˈstri:mztaun	ME2, CRB1, TC4	2009

“295a. 3r. 8p.... including about 153 acres of bog [in the west]. [Situated] in the south west side of the parish. Bounded on the north by Cloondroon, Garanabba and Gortfadda, on the west, south and east by Belfield, Ardroe and the parish of Crossboyne. The property of Mr. Gunbell, Farmhill. There is a triangulation station in this townland called Streamstown” (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe sa lár thuaidh ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear grúpa beag eile agus teach mór le cuid plandála thart air suite le hais srutháin bhig anoir i lár thoir an bhaile fhearainn. Léirítear lios san oirdheisceart (M324761). Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba aduaidh trí lár na roinne.

Tá 17 baile fearainn eile darb ainm Streamstown sa tír (*Census 1851*). Tá *Cnoc an Stuaín* molta i gcás sampla i mbarúntacht Mhuraisce (*K. A Stoueen*, 1830; *Knockastawen*, 1831). Tá *Baile an tSrutháin* socraithe mar leagan Gaeilge de shamplaí de Streamstown i Lú (*L. Log*. 6), Uíbh Fhailí (*L. Log*. 6), an Iarmhí (*GÉ* 15), Gaillimh, Baile Átha Cliath agus Sligeach (www.logainm.ie), de shamplaí de Brookville i gCorcaigh agus Baile Átha Cliath, de Ballintrane i gCeatharlach (*ibid*.) agus de Brookfield in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 6).

Tawnagh	An Tamhnach	
M327799; 91	*“the (mountain) field”*	
1. Tavnagh	Bald	1830
2. Tavnagh	Tithe App. Book §61	1834
3. Taunagh	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Taunagh	ST (ALSO)	1838
5. Tavnagh	?J O’D (dúch dearg; ALSO)	1838
6. Tamhnach	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
7. Tamhnach “a field”	J O’D (ALSO)	1838
8. ˈtaunə	ME2	2009

“80a. 2r. 31p.... including about 27 acres of bog. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north and east by Gortnera and Aughareville Lower, on the south by Aughareville Upper and on the west by Garrywadreen, Kilnagour and Gorteenmore. The property of Mr. Bone Elward [*sic*]” (*ALSO*). Léirítear grúpa beag

tithe gar do lár na roinne, agus teach aonair san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá ocht mbaile fearainn darb ainm Tawnagh sa chontae, agus iad uilig bunaithe ar an eilimint *tamhnach* "a green place, clearing < taman?" (*DIL* sv. *tamnach*), "grassy upland; arable place in mountain" (*Ó Dónaill*), "field" (*DUP* 156 sv.). Féach sampla eile i bparóiste Theach Chaoin thíos. Tá bailte fearainn eile darb ainm Tawnagh sa Chabhán, Dún na nGall, an Longfort, Ros Comáin agus Sligeach (*Census 1851*). Féach fosta samplaí ar nós Tawnagh East i nGaillimh (*ibid*.) agus Tawnaghs i mbarúntacht Thír Amhlaidh sa chontae seo. Tá an struchtúr *tamhnach móide cáilitheoir* thar a bheith coitianta in ainmneacha bailte fearainn, ar ndóiche: i gConnachta agus in Ulaidh atá bunús mór na samplaí (*ibid*.).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Gortnaraha, b'fhéidir.

Tawnaghlahard	Tamhnach Leathard	
M331836; 91	*"(?)uneven (mountain) field"*	
1. Tawneghlehard of Gortmore,[99]		
3 cartrons of	Strafford Inq. §130	1635
2. Tawnylaghard, ½ qr in	Strafford Inq. §134	1635
3. Tawneyclahard ½ qr.	BSD 67	1661
4. Townaghlehard ½ qr.	ASE 275a	1683
5. Tawnylahard ½ a qr	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
6. Taunylahard	Garret O'Moore Maps 12	1721c
7. Corniegh and Kelltiboe and		
Tamnaghlahard ½ qr.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
8. Tawnylahard ½ qr.	QRL 2A.6.70, 571	1787

[99] 1. Gortmore — Inq. ME II.247 — 1617
2. Gortmore — Inq. ME II.249 — 1617
3. Gortmore, 3 cartrons of Tawneghlehard of — Strafford Inq. §130 — 1635
4. Gortmore, ½ qr in — Strafford Inq. §139 — 1635
5. Gortmore ½ qr. — BSD 67 — 1661
6. Gortmore — Hib. Del. Mayo — 1672c
7. Gortmore ½ qr — ASE 275a — 1683
8. Gortmore ½ qr — CRL 2A.3.16, 150b — 1710c
9. Gortmore ½ qr — QRL 2A.6.70, 571 — 1787

9. Tavnalahard	Tithe App. Book §61	1834
10. Taunalahard	Litir Eolais (ALSO)	1838
11. Taunalahard	ST (ALSO)	1838
12. Tawnaghlahard	T O'C (ALSO)	1838
13. Tamhnach lahard	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
14. Tamhnach la h-árd "field of the hill"	J O'D (ALSO)	1838
15. Tamhnach leath ard	J O'D (ALSO)	1838
16. ˌtaunˌləˈhɑːrd	CChL2	2013

"259a. 0r. 21p.... including about 34 acres of bog. [Situated] in the north extremity of the parish. Bounded on the north by the parish of Killeaden in the barony of Galen, on the east by Cultiaboe and Curneen, on the south by Murneen North and on the west by Ballintaffy. The property of Mr. Kerwin. There is a triangulation station in this townland called Tawnalahard" (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh scaipthe tríd an leath thuaidh den roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá bunús na roinne suite ar dhroim talaimh atá os cionn 70 méadar ar airde. Reachtálann craobhshrutháin de chuid an *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste an Teampaill Mhóir, barúntacht Ghaileang) anoir aneas ar theorainneacha thoir agus thiar an bhaile fhearainn seo.

Tá an aidiacht *leathard* "lethard... (high) at one side, hence uneven, unequal" (*DIL* sv. II*leth*(b)), "high, raised on one side; uneven" (*Ó Dónaill*) molta i gcuid ainmneacha ar nós Derrylahard < *Doire Leathard* agus Gortlahard < *Gort Leathard* i gCorcaigh (www.logainm.ie). Tá substainteach den aidiacht teastaithe in ainmneacha eile: tá *An Leathard* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Lahard i gCiarraí, Corcaigh agus Liatroim (www.logainm.ie);[100] tá Lahard eile sa Chabhán (*Census 1851*).[101] Moltar an aidiacht i gcás Aghalahard < *Achadh Leathard* i mbarúntacht Chill Mheáin, ach an t-ainmfhocal i gcás Knocklahard < *Cnoc Leathaird* sa bharúntacht chéanna: tá na moltaí seo bunaithe ar fhoirmeacha Gaeilge an Donnabhánaigh. Tá na leaganacha Gaeilge agus an míniú a thug an Donnabhánach sa chás atá idir chamáin anseo ag teacht salach ar a chéile (foirmeacha 13-4); moltar an aidiacht. Leantar de

[100] Is ciall inchurtha atá leis an fhoirm shubstainteach *leathardán*, atá bunaithe ar *ardán* "small height" (*Ó Dónaill*), leagan díspeagtha de *ard* "high place, height" (*DIL* sv. II*ard*(a)): féach Lahardaun i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

[101] Féach fosta ainmneacha ar nós Cloonlahard East agus Cloonlahard West < *Cluain Leathaird Thoir* agus *Cluain Leathaird Thiar*, "meadow of (the) inequity", i Luimneach (Ó Maolfabhail 1990, 119).

shamplaí ar nós Gortlahard / *Gort Leathard* i gCiarraí agus Tooreenlahard < *Tuairín Leathard* i gCorcaigh, agus ní mholtar alt leis an fhoirm Ghaeilge.[102]

Tootagh	Tuatach	
M382720; 102, 112	*"(?)lay division"*	
1. Carakoota [*sic*] 1 qr.	BSD 62	1661
2. Carrowtutagh	Garret O'Moore Maps 27	1721c
3. Tootagh	Bald	1830
4. Tootagh	Tithe App. Book §61	1834
5. Tootagh	Litir Eolais (ALSO)	1838
6. Tootagh	ST (ALSO)	1838
7. Tooattagh	T O'C (ALSO)	1838
8. Tootagh	J O'D (ALSO)	1838
9. Túatach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Tuátach "northern, or rural"	J O'D (ALSO)	1838
11. ˈtuːtə	TC4, CRB4	2009

"278a. 3r. 5p. including about 115 acres of bog. [Situated] in the south extremity of the parish. Bounded on the north and east by Meelickmore and Lismarow, on the south by the parish of Crossboyne and on the west by Meelickbeg. The property of Mr. Jas. Brown, Claremount" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe sa lár theas ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Is forbairt í an aidiacht / substainteach *tuata* "As adj., of the people, lay (as opp. to ecclesiastical, religious)...; As subst. io,m., a layman... rustic, ignorant person" (*DIL* sv. *túatae*), "rustic, rural, lay, rude... a rustic, a layman, an unskilled rowdy" (*Dinneen*) ón fhocal *tuath* "people, tribe, nation; country, territory; petty kingdom" (*DIL* sv. 1*túath*I,II). B'fhéidir gur glacadh leis an leagan *tuatach* as féin anseo: (i) i gciall fhorbartha áitreabhach den bhrí "rustic person" (cf. Dalteen < *Dailtín* thuas); (ii) i gciall áitreabhach, chnuasaigh bunaithe ar an bhrí "layman"; nó (iii) i gciall shubstainteach áitreabhach / thopagrafach bunaithe ar an bhrí "rural".

Tá *Ceathrú Thuatach* socraithe mar mar bhunfhoirm Carrowntootagh i nGaillimh (www.logainm.ie; cf. foirmeacha 1-2 thuas). Is annamh a thiteann

[102] Maireann caolfhéidearthacht gur ginideach iolra den ainmfhocal atá sa cháilitheoir.

buneilimint ar lár i logainm: féach an plé ar an ainm paróiste *Béacán* i mbarúntacht Choistealach.

Ainmneacha Eile

Claremorris	Clár Chlainne Mhuiris	
M342751; 101	*"(?)level place of* Clann Mhuiris"	
1. Clare	Taylor and Skinner [mapa]	1777
2. Clare	Arrowsmith	1811
3. Clare	Bald	1830
4. Town of Clare	ST (ALSO)	1838
5. Clár chlann Mhuiris "plain or level or Clanmorris"	J O'D (ALSO)	1838
6. Clár Chlainne Mhuiris	GÉ 63	1989
7. ˌkle:rˈmɔrəs	ME2, CRB4, TC4	2009

"[Situated] in the south west extremity of Kilcoleman parish and about the central part of the barony of Claremorris, 10 chains north east of where the boundary between the parishes of Kilcoleman and Crossboyne leave Clare Lough and about 15 chains east of Mayfield Lough..." (*ALSO*). Féach tuilleadh foirmeacha stairiúla, agus plé ar an ainm, faoi Clare thuas.

Tugtar thíos anois foirmeacha stairiúla cuid iar-rannta a luaitear le tailte an pharóiste seo sna foinsí. Ní léir a gceartshuíomh, go conclúideach:

1. Carowarde, Carowarddromene	Inq. ME II.229	1617
2. Carrowardronine	Inq. ME II.237	1617
3. Carroward, 1 qr called	Strafford Inq. §110V	1635
4. the ½ qr Carroward viz. the cartron of Lahanelchy and the cartron of Knockanegore	Strafford Inq. §159	1635
5. Caraward 1 qr.	BSD 63	1661
6. Carrorihard	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Carroward 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142b	1710c
8. Carroward 1 qr.	QRL 2A.6.70, 535	1787

Léirítear foirm 6 ó thuaidh de Rockfield < *Ceathrú na gCloch*, agus ó dheas de ó dheas de Ballyfarnagh. Ba chuid Ballykinava é *Knocknagore* (foirm 4c).

1. Gniva Gninine	Inq. ME II.233	1617
2. Gneeve Grecoman	BSD 65	1661
3. Greewncan or Grewman 1 gneeve	ASE 254a	1678
4. Gneevegneevan 1 gneeve	L. Blosse Papers 192 §75	1754
5. Greevegneevan 1 gneeve	L. Blosse Papers 193 §75	1754

1. Magherifaddae	Inq. ME II.229, 231	1617
2. Magheryfadda	Inq. ME II.283	1617
3. Magheryladdy [*sic*]	Inq. ME III.383	1633
4. Magheryfadda	Inq. ME III.397	1633
5. Magherefadda, the qr of	Strafford Inq. §110	1635
6. Magharefad 1 qr.	BSD 66	1661
7. Makarafad	Hib. Del. Mayo	1672c
8. Magherifadda 1 qr	CRL 2A.3.16, 151a	1710c
9. Magherfada	Garret O'Moore Maps 17-8	1721c
10. Magherefada	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
11. Magherefadda	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742
12. Magherifadda 1 qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
13. Magherafadda 1 qr.	QRL 2A.6.70, 575	1787

Léirítear foirm 7 suite ó dheas de Cloonboy. Léirítear foirm 9 suite siar ó dheas de Kilcolman: cuid thuaidh Drumneen, is cosúil.

1. Magheryneglasen, 1 qr called	Strafford Inq. §137	1635
2. Maharaglaskin 1 qr.	BSD 66	1661
3. Magheralaskin	Hib. Del. Mayo	1672c
4. Magharalaskine	CRL 2A.3.16, 154a	1710c
5. Magherelosk... Magherelosk in, Edwd. Brown of	Reg. Deeds Lib. 26, 467 §16351	1720
6. Magherlosky	Garret O'Moore Maps 17	1721c
7. Magheraghlaskine	QRL 2A.6.70, 586	1787

Léirítear foirm 3 suite ó thuaidh de Garrywadreen, ó dheas de *Makarafad* (féach thuas) agus siar Murneen North / Murneen South. Léirítear foirm 6 suite díreach siar ó *Magherfada*: ceantar Aghareville Lower, is cosúil.

1. Ballyherge ½ qr.	BSD 66	1661
2. Balliharg	Hib. Del. Mayo	1672c
2. Ballyharge als Ballybarroge ½ qr.	ASE 267a	1680
4. Ballyharge als. Ballyhargoe	Forfeit. Estates 375	1703
3. Ballyharge als Ballyhargoe and Ballygowen	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
4. Ballyharge als Ballyhargoe and		

Ballygowen	Reg. Deeds Lib. 11, 307 §4601	1713
3. Ballyhargee als Ballyhargoe & Ballygowen	QRL 2A.6.70, 582	1787

Léirítear foirm 2 i dtuaisceart an pharóiste, ó thuaidh de Ballintaffy.

1. Ballidonogh	Inq. ME II.231, 233	1617
2. de Ballymcdonough, Baly Mc Donough	Inq. ME III.357	1629
3. Ballydonohogh, qr of	Strafford Inq. §108	1635
4. Ballydonogho, qr of	Strafford Inq. §108V	1635
5. Ballydonogho	Strafford Inq. §135V	1635
6. Ballydonnogho, the qr of	Strafford Inq. §147	1635
7. Ballydonnogho	Strafford Inq. §147V	1635
8. Ballydownehohan 1 qr.	BSD 66	1661
9. Ballydonoghue 1 qr.	ASE 275b	1683
10. Ballydonnaghane 1 qr.	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
11. Ballydonagh 1 qr.	CRL 2A.3.16, 149b	1710c
12. Ballydenaghane als Ballydaraghane 1 qr	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
13. Balidonaghue [*sic*] 1 qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
14. Ballydunnaghane	QRL 2A.6.70, 522	1787
15. Ballydonough 1 qr.	QRL 2A.6.70, 567	1787
16. Ballydeneghane als Ballydurraghane 1 qr.	QRL 2A.6.70, 572	1787

Liostaítear cuid de na foirmeacha thuas le Ballynabrehon North / Ballynabrehon South, sna foinsí.

1. Carowantihan	Inq. ME II.237	1617
2. Carowantehine... Carowantighan	Inq. ME II.281	1617
3. Carrowentoghane	Inq. ME III.383	1633
4. Carrowentecoughan [*sic*]	Inq. ME III.397	1633
5. Carrowtighane	Inq. ME III.403	1635
6. Carrowenteighane, 1 cartron of	Strafford Inq. §110	1635
7. Carrowtihane, ½ cartron in	Strafford Inq. §§139, 139V	1635
8. Carrowentihane, mcHenry... 1 cartron of	Strafford Inq. §139V	1635
9. Carontohahan [1] qr.	BSD 66	1661
10. (?)Sehane	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
11. Carrowtighan 1 qr.	L. Blosse Papers 211 §103	1750c

1. Cloonedartt	Inq. ME II.237	1617
2. Clonedarte, the qr of	Strafford Inq. §125	1635
3. Clounadarte, 1 qr of	Strafford Inq. §130	1635
4. Cloundart 1 qr.	BSD 67	1661
5. Clondart 1 qr.	ASE 275a	1683
6. Clondart 1 qr.	CRL 2A.3.16, 138b, 150a	1710c

7. Clunedartho 2 qrs, Mase and	L. Blosse Papers 211 §103	1750c
8. Clondart 1 qr.	QRL 2A.6.70, 516, 570	1787

Spéisiúil go leor, tá baile fearainn i Ros Comáin darb ainm Cloondart i Ros Comáin; tá sé buailte le barúntacht Choistealach. Tá *Cluain Dairte* socraithe mar an bhunfhoirm de (www.logainm.ie).

1. Sullerhane, ½ qr in	Strafford Inq. §131V	1635
2. Shillihane ½ qr.	ASE 275a	1683
3. Carrowsellane als Carrowshiane als Carrowellane als Shillaghane	CRL 2A.3.16, 151a	1710c
4. Carrowsillihane 1 qr.	L. Blosse Papers 211 §103	1750c
5. Carrowsellane als Carrowshane als Carrowellane als Shillaghane	QRL 2A.6.69, 574	1787

Luaitear foirm 1 le Ballykenava.

1. Cahergeal	Inq. ME III.357	1629
2. Cahirgaile	Inq. ME II.231	1617
3. Cahergall, half qr of	Strafford Inq. §151V	1635
4. Cahergall, mc Ulick... half qr of	Strafford Inq. §153V	1635

Cill Mhiáin

Kilvine	**(?)Cill Mhiáin** "*St* Mián*'s church*"	
1. (?)Cill Midáin do losgadh in bliadain sin	ALC ii 458	1584
2. [prebend of] Chilemian	CEPR xvii (1), 265 §401	1500
3. (?)Kylfynaym	CEPR xvii 503 §828	1502
4. Kylnyna, [parish church of]	CEPR xviii 79 §58	1511
5. Kylerina [*vel* Kilvina], ... vicarie ... de	Oblig. Tuam. 115 §339	1511
6. Kilmeyn, [Parsonadge of]	Bodkin's Visit. 150	1565c
7. Kyllmyn	Bodkin's Visit. 151	1565c
8. (?)Kyllmeyn	Bodkin's Visit. 152	1565c
9. [castle of] Kilvean which was governed by a portriffe	Cal. Carew MSS iv 476 §5	1574
10. (?)kilvenhen... 2 qrs	CBC 94	1585
11. (?)kilvenhen... 2 qrs	CBC 100	1585
12. Kilwyen	First Fruits	1585c
13. Kilmyn... Richard Pwer	Incumbents [1591] 225	1591
14. Kilvine	Regal Visitation (Knox)	1615
15. (?)Kilvoyne... Kilveyne	Inq. ME III.307	1625
16. Killvine Parish	BSD 51	1661
17. Kilhune [sic]	Hib. Del. Mayo	1672c
18. Kilvine	Description of Mayo §42	1684c
19. Kilvine R.	Beaufort	1792
20. Kilvine	Tithe App. Book §64[1]	1824
21. Killfine	Bald	1830
22. Kilvine	T O'C (ALSO)	1838
23. commonly pronounced Kill / vy / an, which appears to be		

[1] Tá cuid comhfhreagais faoi Leabhar Socraithe na nDeachún don pharóiste seo ar marthain, ach ní tháinig an leabhar féin slán, is cosúil.

the English name, as there is no corresponding sound in Irish	T O'C (ALSO)	1838
24. It is frequently called also Killmine Parish	T O'C (ALSO)	1838
25. Cill Fían	J O'D (ALSO)	1838
26. Cill Miachain?	J O'D (ALSO)	1838
27. Cill Mhiáin "Mián's church"	MP 68	1985
28. kil'vain	CMhN1	2009

"Situated in the [south] eastern extremity of the barony... Bounded on the north by the parishes of Bekan and Annagh in the barony of Costello, on the east and south by the parish of Kiltullough in the barony of Castlerea and Co. Roscommon, and the parishes of Adragool and Dunmore in the barony of Dunmore, Co. Galway, and on the west and north west by the parsishes of Crossboyne and Kilcoleman in the barony of Clonmorris" (*ALSO*). Tá 14 baile fearainn sa pharóiste seo. Luaitear lonnaíocht eaglasta le Kilvine féin, agus cillíní le Boleyboy agus Burris.

Ní léir ar chuala an Donnabhánach leagan Gaeilge go háitiúil, ach is léir go raibh amhras air faoin bhunfhoirm (foirmeacha 25-6). I socrú na foirme Gaeilge sa chas seo, is gá aird a bheith againn ar Bhearlú an fhoircinn *-án*, go háitiúil. Is é an litriú *-ane* is mó a úsáideadh chun *-án* a léiriú sa Bhéarla go dtí aimsir na Suirbhéireachta Ordanáis, am a ndearnadh é a chaighdeánú le *-aun*, le cuid bheag eisceachtaí.[2] Níl an t-ainm pearsanta *Mián* < *Miadhán* teastaithe sna gnáthfhoinsí. Ar a bharr sin, dá bhfágfaí foirm 1 as an áireamh, ní léifí an foirceann *-á(i)n* ar bhunús na bhfoirmeacha thuas diomaite, b'fhéidir, d'fhoirm 2. Níor léir orthu, ach an oiread, an carballaithe nó coguasaithe a bhí an consan deiridh san logainm.

Féach, mar sin, an t-ainm pearsanta *Miadhan* / *Miodhan*. Tá sampla firinscneach agus sampla baininscneach den ainm seo teastaithe (*Midan*, easpag: *CSGH* §704.41.248; *Midan*, iníon Chiaráin: *ibid*. §670.32.47). Féach fosta an t-ainm pearsanta fireann *Miodhu*; luaitear Naomh Miodhu mac F(h)achtna le Sligeach (*ibid*. §722.9; *Mart. Tal.* 17 Feb). Ní léir, go conclúideach, ginideach an ainm seo: *Miodhan(n)*, b'fhéidir. Níor mhiste a lua nach dtagann an cáilitheoir san ainm paróiste

[2] Féach plé níos iomláine, agus samplaí ábhartha, san Intreoir Sraithe thuas. Níl an tseasmhacht chéanna ag baint le béarlú an fhoircinn *-inn* agus atá le béarlú an fhoircinn *-án*, ach mar sin féin, is é an litriú *-in(e)* is coitianta. Níl seasmhacht mhór ag baint le béarlú an fhoircinn *-(e)ann* ach an oiread, ach is iad *-en* agus *-an* is coitianta mar litrithe Béarla sa dornán beag samplaí atá againn.

agus baile fearainn *Cill Mhian* / Kilmeen atá gar do Bhaile Locha Riach (*Onom. Goed.* 200b sv. *Cell Mian*) le bunús mór na bhfoirmeacha stairiúla liostaithe thuas.

Ainmneacha Bailte Fearainn

Ballinvilla	Baile an Bhile	
M415683; 112	*"the townland of the (sacred) tree"*	
1. Bellenvillie	Inq. ME II.239	1617
2. Ballenvilly 1 qr	Strafford Inq. §131	1635
3. ½ qr in the qr of Ballinvilly called Laghrevagh	Strafford Inq. §157	1635
4. Ballineveille [2] ½ qr[s].	BSD 53	1661
5. Ballenville 1 qr.	ASE 241a	1677
6. Ballinville 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
7. Ballindangan 6 qrs, by the names of... Balaviha...	L. Blosse Papers 193 §75	1754
8. Ballinville 1 qr.	QRL 2A.6.70, 531	1787
9. Ballinvilla	ST (ALSO)	1838
10. Ballinvilla	Litir Eolais (ALSO)	1838
11. Ballinvilla	T O'C (ALSO)	1838
12. Baile an Bhile	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Baile an bhil:e "town of the old tree"	J O'D (ALSO)	1838
14. ˌbalənˈv̈ilə	CMhN1, CRB4	2009

"436a. 1r. 12p.... including about 94 acres of bog and about 8 acres of woody land. [Situated] in the southern end of the parish. Bounded on the north and east by Burresk [sic], Knockadoon and Doonmacreena and west and south by the parish of Crossboyne. The property of Mr. Blake, Co. Galway. There are two roads passing through this townland, intersecting each other in the centre" (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh suite le hais na mbóithe, grúpaí beaga tithe sa cheathrú thiar thuaidh agus ar an teorainn thiar (*Irishtown*: féach faoi *Ainmneacha Eile*), agus cuid tithe eile sa deisceart agus san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear trí lios: ceann sa cheathrú thiar thuaidh (M409685), ceann thart ar lár na roinne (M416683) agus ceann

eile san oirdheisceart (M423681). Léirítear séipéal Caitlicieach comhaimseartha suite gar don teorainn thiar.

Féach plé ar an eilimint *bile* “io... (large) tree; tree-trunk(?)... b. feada ‘ancient tree’ (as landmark)... Esp. ancient and venerated tree” (*DIL* sv. 1*bile*(a)), “(large, sacred) tree” (*Ó Dónaill*), “a sacred or historic tree; a tree, especially in a fort or beside a holy well” (*Dinneen*) ag Lucas: “individual trees [of this type] can be grouped into a number of categories, including those associated with inaugaration places, with ecclesiastical sites, with individual saints, with funerals and with holy wells” (1963, 16-7; cf. Toberbilly < *Tobar Bile* in Aontroim ag *PNI* 7, 259 sv.).

Tá bailte fearainn den ainm seo i mbarúntachtaí Choistealach (Ballinvilla Demesne) agus Cheara sa chontae seo agus i Ros Comáin agus i dTiobraid Árainn (*Census 1851*); sa chás deireanach, tá *Baile an Bhile* socraithe mar fhoirm Ghaeilge de (*L. Log*. 16). Tá *Cnoc an Bhile* socraithe mar bhunfhoirm Knockavilla i mbarúntacht Ghaileang; féach fosta Billoos / *Na Biliú* < *Na Bileadha* i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

Boleyboy	An Bhuaile Bhuí	
M421708; 112	*“the yellow booley”*	
1. Balleboy, O Dally... of	Fiants Eliz. §5617	1591
2. Buolliboie	Inq. ME II.229	1617
3. Ballyboy, 2 qrs of	Strafford Inq. §130	1635
4. 2 qrs of Ballyboy, viz. the ½ qr of Rathveyne; half a qr of Rathveyn aforesaid; and 1 qr of Lyshmoyle	Strafford Inq. §158	1635
5. Boleboy 2 quarters	BSD 51	1661
6. Boleboy	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Buollyboy, towne and lands of	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
8. Buollyboy 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 38, 191 §23927	1723
9. Bwellabwee, town & lands of	QRL 2A.6.70, 580	1787
10. Boulybue	Bald	1830
11. Boolabwee	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Boolabwee	ST (ALSO)	1838
13. Ballyboy	Cess Book (ALSO)	1838
14. Boolyboy?	T O’C (ALSO)	1838
15. Bolyboy	J O’D (ALSO)	1838

16. recte Boleyboy	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
17. Buaile buidhe	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Buaile buidhe "yellow booley or dairy"	J O'D (ALSO)	1838
20. ˌbo:liˈboi	CMhN1	2009

"549a. 1r. 19p., including about 60 acres of bog. [Situated] in the north side of the parish. Bounded on the north by the parish of Bekan, west and south by Crumlin, Cullaan and Knockadoon, and east by Lavallyroe and Fallakirin. The property of Mr. Lambert, Co. Clare. There are four ancient forts in this townland, one of which is an unusual size as it is 5 chains in diameter, called Connors Fort, in which there is a triangulation station. There is another in the south end called Lissnapool Fort" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe i ngach aird den roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí, grúpa líneach tithe san oirthuaisceart san áireamh.[3] Léirítear *Lisnapool* sa deisceart (M423702) agus lios darb ainm *Lisbrack* ó thuaidh de ar an teorainn le Levallyroe (M422704); léirítear *Conors Fort* san oirthear (M424711) agus ceithre lios gan ainm san iarthar (M417711, timpeall M416713, timpeall M414712 agus M413711). Léirítear "*cillín*" sa cheann deireanach díobh seo ar léarscáileanna reatha. Tá droim talaimh 90 méadar ar airde i lár thuaidh na roinne.

Tá *buaile* "cow-house, byre; cattle-pen; (temporary) cattle fold, booley at times of summer pasturage; yard, enclosure" (*DIL* sv. 1*búaile*(a,b)), "milking place in summer pasturage; fold, enclosure; small grazing field" (*Ó Dónaill*) cáilithe anseo ag *buí* "yellow" (*DIL* sv. 1*buide*).[4] Cf. samplaí eile de Boleyboy i mbarúntachtaí Choistealach agus Ghaileang, Boleyglass i mbarúntacht Thír Amhlaidh, agus Ballyroe < *An Bhuaile Rua* sa chuid de pharóiste an Chnoic atá i mbarúntacht Choistealach.

[3] Tugtar *Parke* ar lonnaíocht sa suíomh seo ar léarscáileanna reatha; tugtar *Ballymurhpy* agus *Ballymoneen* ar ghrúpaí tithe sa lár thuaidh agus san iarthuaisceart, faoi seach.

[4] Féach fosta "yellow, tawny... as a disparaging epithet, like ugly, dirty, bad... *Domhnall buí*, bad bold Domhnall; *Seán Buí*, the English" (*Dinneen*).

Burris	An Bhuiríos	
M409695; 112	“*the burgage*”	
1. Burris	Inq. ME II.239	1617
2. Burey [*sic*] 1 qr	Strafford Inq. §131	1635
3. Borese, ½ qr in	Strafford Inq. §145V	1635
4. ½ qr in the qr of Burrissa called Lyssnegrisse	Strafford Inq. §156V	1635
5. Burreisse [2] ½ qr[s].	BSD 52	1661
6. Burrish 1 qr.	ASE 241a	1677
7. Burish 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
8. Burnish [*sic*] 1 qr.	QRL 2A.6.70, 531	1787
9. Burreesh	Bald	1830
10. Burreesh	ST (ALSO)	1838
11. Burreesh	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Burries	Cess Book (ALSO)	1838
13. Burreesh	T O’C (ALSO)	1838
14. Burris	J O’D (ALSO)	1838
15. Burrís	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
16. Bu < rri // s “a forest”	J O’D (ALSO)	1838
17. ˈbo̝rəʃ	CMhN1	2009

“It contains 345a. 1r. 24p. [315a. 1r. 24p.], all arable ground. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the west and north by the parosh of Crossboyne and the townland of Cullaan, south by Ballinvilla and east by Knockadoon... The property of Mr. Blake, Co. Galway. There are two ancient forts in this townland” (*ALSO*). Léirítear grúpa líneach tithe i lár thoir na roinne seo, agus grúpa eile sa lár thiar, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an dá lios suite gar don lár (M407695 agus M409694); léirítear “*cillín*” sa dara lios díobh seo ar léarscáileanna reatha.

Féach nóta ar bhunús na heiliminte *buiríos* agus ar úsáid an ailt léi sa chontae seo, faoi Burris i bparóiste Chrois Bhaoithín thíos. Is féidir claonleagan (*buirís*) a léamh ar chuid mhaith de na foirmeacha thuas: rian d’úsáid an ainm i gclaontuisil, is léir. Moltar an bunleagan *buiríos*, áfach.

Creevard	An Chraobhach Ard	
M487630; 112	*"the bushy place, high"*	
1. Crivaghard	Inq. ME II.279	1617
2. manor... lands of Downemcnyny and 6 qrs adjoining, viz... Criavaghard...	CPR Jas I 322b	1617
3. Walter Blake fitz Andrew - manor and castle of Downemcnynny with 6 qrs of land viz... 1 qr called Crivaghard	Strafford Inq. §156V	1635
4. Crevehard 1 qr.	BSD 52	1661
5. Greuehard	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Crivaghard 1 qr.	ASE 241a	1677
7. Crivaghard 1 qr.	CRL 2A.3.16, 141b	1710c
8. Crivaghard 1 qr.	QRL 2A.6.70, 530	1787
9. Creevard	ST (ALSO)	1838
10. Creevard	Litir Eolais (ALSO)	1838
11. Creevehard	Cess Book (ALSO)	1838
12. Creevard	T O'C (ALSO)	1838
13. Craoibh ard	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
14. Craoibh ard "high brand or tree"	J O'D (ALSO)	1838
15. kri:v'ard	CMhN1	2009

"222a. 3r. 25p.... including about 35 acres of bog. [Situated] in the south end of the parish. Bounded on the north by Shanwallaboght, east by Creeveshul and Kilvine, west by Doonmacreena and Knockadoon, and south by the parish of Addragool. The property of Mr. Blake, Co. Galway. Drumdun Pigeon House is in the south west end of this townland. There are also four ancient forts in it, three of which lie to the east end of the townland. The names of two of them are Listigue and Lisnagrough Forts" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóthair a reachtálann aniar ar an teorainn thuaidh, agus cuid tithe scaipthe sa deisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear *Listeige*, agus lios eile rud beag gearr ó thuaidh de, suite san oirthuaisceart (M440686 agus M439687); léirítear *Lisnagroagh* san oirthear (M439683) agus lios eile gan ainm san iarthar (M434684). Léirítear colmlann (*Pigeon House* ag *Bald*; M436678) agus conchró san iardheisceart. Léirítear lios eile sa deisceart ar

léarscáileanna reatha (M437677). Tá iarthuaisceart na roinne suite ar thalamh atá os cionn 100 méadar ar airde. Reáchtálann an *Dalgan River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste Bhéacáin, barúntacht Choistealach) anoir ar an teorainn theas.

Is í *craobh* "branch, bough... post;... tree, bush" (*DIL* sv. *cráeb*) móide an iarmhír chnuasaigh *-ach* a chuimsíonn an bhuneilimint san ainm seo, ó cheart (foirmeacha 1-3). Míníonn Joyce (i 501) *craobhach* mar "branchy or bushy land". Úsáideadh claonfhoirm de *craobh*, gan an iarmhír, sa Ghaeilge dhéanach (foirmeacha 13-4). Tá an bhuneilimint cáilithe anseo ag *ard* "high above ground, elevated, lofty" (*DIL* sv. 1*ard*I(b)).[5]

Tá 20 sampla eile de Creevagh sa tír (amanna le cáilitheoirí simplí ar nós *-more* nó *Lower*), samplaí i mbarúntachtaí Cheara, Chill Mheáin agus Thír Amhlaidh sa chontae seo féin san áireamh (*Census 1851*). Tá *An Chraobhach* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Creevagh i Muineachán (*L. Log.* 21), Uíbh Fhailí (*L. Log.* 20), an Clár agus Gaillimh (www.logainm.ie), agus de Creagh i gCorcaigh agus Cruagh i mBaile Átha Cliath (*ibid.*). Tá samplaí eile den ainm inchurtha Creevy i mbarúntacht Thír Amhlaidh, agus i Dún na nGall, Tír Eoghain, an Dún, an Longfort agus Ros Comáin (*Census 1851*).

Creeveeshel	An Chraobhach Íseal	
M443680; 112	*"the bushy place, low"*	
1. Crivagh Ishill	Inq. ME II.279	1617
2. manor... lands of Downemcnyny and 6 qrs adjoining, viz.... Criavag-Ishill	CPR Jas I 322b	1617
3. Walter Blake fitz Andrew - manor and castle of Downemcnynny with 6 qrs of land viz.... 1 qr called Crivagh Isall...	Strafford Inq. §156V	1635
4. Crevehewsill 1 qr.	BSD 51	1661
5. Greenehewsell [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Cryvaghshill 1 qr.	ASE 241a	1677
7. Creeveeshul	ST (ALSO)	1838

[5] Féach fosta na bríonna "great, extensive(?); difficult, laborious, arduous" (*ibid.* sv. 1*ard*I(g,j)).

8. Creeveeshul	Litir Eolais (ALSO)	1838
9. Crevehe[w]sel	Cess Book (ALSO)	1838
10. Creeveeshul, -ul?	T O'C (ALSO)	1838
11. Creeveeshel	J O'D (ALSO)	1838
12. Craoibh Ísiol "low branch or tree"	J O'D (ALSO)	1838
13. ˌkriːvˈiːsəl	CMhN1	2009

"188a. 0r. 39p.... including about 80 acres of bog and 13 acres of woody land. [Situated] in the south end of the parish. Bounded on the north and west by Creevard and east by Kilvine and south by the parish of Dunmore [in Co. Galway]. The property of Mr. Blake, Co. Galway. There is an ancient fort in the north end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe scaipthe agus cuid talaimh choille in iardheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios sa lár thuaidh (M443683); léirítear lios eile san iardheisceart (M438679) ar léarscáileanna reatha. Reáchtálann an *Dalgan River* anoir aduaidh ar an teorainn thoir.

Tá an bhuneilimint *craobhach* cáilithe anseo ag *íseal* "of size or position, low, of low-stature, low-lying; as subst. (freq. in pl.), a low-lying place, a hollow, the depths" (*DIL* sv.). Féach nóta ar an fhoirm mholta Ghaeilge faoi Creevaghard thuas.

Crumlin	Cromghlinn	
M409722; 102, 112	*"stooped valley"*	
1. Cromline	Inq. ME II.229	1617
2. Cromline	Inq. ME II.237	1617
3. Crumline	Inq. ME II.281	1617
4. Crumlon, the qr of	Strafford Inq. §114	1635
5. Cromlin, 2 qrs of	Strafford Inq. §130	1635
6. ½ qr of Lishcryvagh in the qr of Cromlynoughter	Strafford Inq. §158	1635
7. 1 cartron in Adromente parcel of Cromlyn and Killmore[6]	Strafford Inq. §164	1635
8. Crumlin Yeowghter ½ qr... Crumlinyeowghter ½ qr.	BSD 51	1661
9. Crumlinoter	Hib. Del. Mayo	1672c

[6] Féach tuilleadh faoi Cuilmore i bparóiste Chill Chomáin.

10. Crumlinoughter 1 qr.... Crumlineighter 1 qr.	ASE 244b	1677
11. Crumlinoughter, Cullanroagh [*sic*], Crumlineighter	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
12. Crumlinoughter 1 qr, Crumlineighter 1 qr	Reg. Deeds Lib. 38, 191 §23927	1723
13. Crumlin	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
14. Crumlinoughter, Cullanreagh, Crumlineighter	QRL 2A.6.70, 580	1787
15. Crimlin	Bald	1830
16. Crimlin	ST (ALSO)	1838
17. Crumlin	Cess Book (ALSO)	1838
18. Crimlin	T O'C (ALSO)	1838
19. Crumlin. Compare	J O'D (ALSO)	1838
20. Cruimglin "crooked glen"	J O'D (ALSO)	1838
21. ˈkro̤mlən	CMhN1	2009

"439a. 2r. 23p.... including about 79 acres of bog. [Situated] in the north side of the parish. Bounded on the north by the parishes of Bekan and Kelcoleman, on the west by Cullaan, east by the parish of Bekan and townland of Boolabwee, and south by Knockadoon. The property of Mr. Lambert, Co. Clare. There is a triangulation station in the central part of the townland, called Crumlin. There are also flax and corn mills in the north west end of the townland" (*ALSO*). Ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí, léirítear áitribh scaipthe tríd an roinn seo uilig, diomaite den oirdheisceart agus an fíorthuaisceart, áit a léirítear paistí riascúla talaimh. Reáchtálann an Róba anoir aduaidh ar theorainn thiar thuaidh na roinne seo; reáchtálann craobhshrutháin anoir aneas chuige ar theorainneacha thoir thuaidh agus thiar theas na roinne. Tá bunús na roinne suite a thalamh atá idir 50-70 méadar ar airde.

Tá leagan den fhocal *gleann* "in O.I. s, n. *gs*. glinne, ds. glinn. In Mid. I. masc. heteroclite: *gs*. glinne and glenna; *ds*. glinn, gleann, glionn.... a valley, a hollow" (*DIL* sv. *glenn*), "f.. a glen, a valley" (*Dinneen* sv. *glinn*) réamhcháilithe anseo ag *crom* "Earlier cromb. bent, stooped, crooked" (*DIL* sv. *cromm*), "bent, bowed, curved, crouching, drooping" (*Dinneen*).

Tá bailte fearainn den ainm seo i mbarúntacht Cheara, sa Chabhán, sa Chlár, Dún na nGall, Gaillimh, An Iarmhí (*Census 1851*), Baile Átha Cliath (*GÉ* 80), Lú (*L.*

Log. 13 sv. *Cromghlinn*), Muineachán (*L. Log*. 21 sv. *Cromghlinn*) agus, le cáilitheoir, i dTiobraid Árann (*L. Log*. 66 svv. *Cromghlinn Bheag* / Crumlin Little agus *Cromghlinn Mhór* / Crumlin Big). Féach fosta Hillsborough / *Cromghlinn* sa Dún (*GÉ* 81) agus an baile mór *Crumlin* / *Cromghlinn* i ndeisceart Aontroma (*ibid*. 80).

Cuillaun	An Coilleán	
M406711; 102, 112	*"the little wood"*	
1. Ballicullane, 2 qrs...	CBC 115	1585
2. Quillanreagh 1 qr	CPR Jas I 581b	1611
3. Quillanreogh	Inq. ME II.231	1617
4. Knockanecullen in the qr of Crumlon, ½ qr of	Strafford Inq. §114	1635
5. (?)3 qrs of SoolepEhane [*sic*] viz. the qr called Callanbegg; the qr of Callencleary; and the qr of BallimcIver	Strafford Inq. §129V	1635
6. Cullanekelly, 2 qrs of	Strafford Inq. §155V	1635
7. Cullanereogh, 2 qrs of	Strafford Inq. §155V	1635
8. Cullanreogh 2 qrs. undivided	BSD 52	1661
9. Cullanekelly als Ballekilleane 2 qrs... Turlogh over flowne all winter & sometimes in Summer	BSD 52	1661
10. Ballikillin	Hib. Del. Mayo	1672c
11. Cullanreagh 1 qr.	ASE 244b	1677
12. Cullaneturlogh and Cullanekelly 2 qrs... Cullanereagh 2 qrs	ASE 254a	1678
13. Cullenrevagh alias Carrowreagh 1 qr.	ASE 275b	1683
14. Cullaneturlogh & Cullenakelly 2 qrs; Cullanreagh 2 qrs	CRL 2A.3.16, 148b	1710c
15. Cullanroagh	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
15. Cullinreagh 2 qrs, Cullinkeele 2 qrs	CRL 2A.3.16, 156b	1710c
16. Cullanreagh	Reg. Deeds Lib. 38, 191 §23927	1723

17. Culleneturlough & Cullenakelly 2 qrs; Cullenreagh 2 qrs	QRL 2A.6.70, 562-3	1787
18. Cullanreagh	QRL 2A.6.70, 580	1787
19. Kullaan	Bald	1830
20. Cullaan	ST (ALSO)	1838
21. Killaun	T O'C (ALSO)	1838
22. recte Cuillaun	J O'D (ALSO)	1838
23. Coilleán	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
24. Coillea // n "underwood"	J O'D (ALSO)	1838
25. ˌko̯lɑːn	CMhN1, CRB4	2009

"813a. 1r. 5p.... including about 245 acres of bog and 4 acres of woody land. [Situated] in the west end of the parish. Bounded on the north by Crumlin and the parish of Kilcoleman, on the east by Crimlin and Boolabwee, south and west by Burresk [*sic*] and the parishes of Kilcoleman and Crossboyne. The property of Mr. French, Co. Galway. There are four ancient forts in this townland. There are three of these in the south end and one in the north central end called Cullaan Fort" (*ALSO*). Léirítear cúpla grúpa tithe agus áitribh scaipthe sa trian thuaidh den roinn seo, agus teach aonair san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear teach mór agus cuid plandála thart air suite gar don lár. Léirítear *Cuillaun Fort* suite soir ó thuaidh den teach mór (M405715); léirítear trí lios san oirdheisceart (M416703, M416701 agus M417704).

Is den sanas céanna, is é sin an fhorbairt *coilleán* < *coill* "wood, forest" (*DIL* sv. *caill*), iad samplaí de Cuillaun i mbarúntachtaí Ghaileang agus Chill Mheáin sa chontae seo (*Census 1851*). Cf. fosta Killaun < *An Coilleán* i dTiobraid Árann (*L. Log.* 61) agus Uíbh Fhailí (*L. Log*. 18).

Doonmacreena — Dún Mac Ríne (< *Dún Mac Níne*)
M430679; 112 — "*fort of the sons of* Níne"

1. Edmund MacRorie of [Doonmacreena]	Division Connaught 2 (Knox) 346-7	1574
2. Downemcnyne, McRodery of	Fiants Eliz. §4589	1584c
3. Downemckreny and Castlereogh 22 qrs	CBC 94	1585
4. Downmackniny, Iohn Caru of	CBC 100	1585

5. Downemackriny and Castlereogh ... 22 qrs	CBC 100	1585
6. Downmackniny, Nicholas fiz Symons of	CBC 115	1585
7. 8 qrs.. castle of Downmackriny and Castlereogh	CBC 115	1585
8. Downmckyrne, McRiddrie of	Fiants Eliz. §5451	1590
9. Donmacknein, McErydericy of	Fiants Eliz. §5458	1590
10. David Roe McEdriddery of Downemckuyny, dead in rebellion	CPR Jas I 81b	1605
11. Downmckuyne	CPR Jas I 100b	1605
12. Down Mc Niny, cas. & c. [of]... Carowcaslane	Inq. ME II.279	1617
13. manor... lands of Downemcnyny and 6 qrs adjoining, viz. Carowcaslane, Criavaghard, Criavag-Ishill, Trianneskelry, and the two qrs of Levally-Roe	CPR Jas I 322b	1617
14. Downemckynny [*sic*]	Inq. ME I.104	1622
15. Walter Blake fitz Andrew - manor and castle of Downemcnynny with 6 qrs of land viz. 1 qr called Carrowne Castlane; 1 qr called Crivaghard; 1 qr called Crivagh Isall; 1 qr called Tryneskehy; and 2 qrs called Laghballiroe	Strafford Inq. §156V	1635
16. Doonemanacaneene als Carrocaslane 1 qr.	BSD 52	1661
17. Andw. Blake of Dunmccrine... Drumackrine or Dunmctrine alias Carrowcaslane 1 qr	ASE 241a	1677
18. Dunmckrine als Carrowcaslan 1 qr.	CRL 2A.3.16, 141b	1710c

19. Dunmacreeny	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
20. Dunmacreena, James Sheridan of	Reg. Deeds Lib. 363, 412 [ ]	1783
21. Dun Mckrine als Carrowcashlane 1 qr.	QRL 2A.6.70, 530	1787
22. Dunmacrena	Arrowsmith	1811
23. Doonmacreena	Bald	1830
24. Doonmacreena	Litir Eolais (ALSO)	1838
25. Doonmacreena	ST (ALSO)	1838
26. Doonmacreena	Cess Book (ALSO)	1838
27. Doonmacreena	T O'C (ALSO)	1838
28. Dun mac rine	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
29. Dún: mac Ri // n:e "Mac Reena's fort"	J O'D (ALSO)	1838
30. Dún Mac Níne "the fort of the sons of Níne" (perhaps originally 'sons of Ninnidh')	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
31. ˌduːnməˈkriːnə	CMhN1	2009

"138a. 1r. 29p.... including about 8 acres of woody land. Situated in the south [west] of the parish. Bounded on the north by Knockadoon, east by Creevard, west by Ballinvilla and Knockadoon [and south by the parish of Dunmore, Co. Galway]. The property of Mr. Blake, Co. Galway. There is a corn mill in the south end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóithre in oirthear agus deisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá lios suite gar do lár na roinne (M430680). Luaitear móta ("*earthwork*") le suíomh in oirdheisceart na roinne in *Monuments* (§112: M432676); luaitear láthair chaisleán leis an bhaile fearainn seo san fhoinse chéanna, ach ní thugtar tagairt eangaí.

Is cosúil go bhfuil an bhuneilimint *dún* "fort... in O. Ir. usually applied to the residence of a chief or dignitary, consisting of an earthen (more rarely stone) rampart, inside which the house ('tech') or houses were erected..." (*DIL* sv.) cáilithe anseo ag ainm sinsearachta, seachas ag sloinne. Cf. ainmneacha ar nós Carnmacmoin < *Carn Mic Mhuáin* "cairn of the son of *Muán*" agus Ballymatoskerty < *Baile Mhac an Tuaisceartaigh* "townland of the son of the northerner" in Aontroim (*PNI* 4, 173, 92); féach fosta an plé ar Dunmakelter < *Dún Mhac Cealtchair* atá sa chontae céanna (*PNI*

7, 148); agus féach chomh maith Castlemagarret North i bparóiste Chrois Bhaoithín thíos.

Ní léir go conclúideach cé acu iolra nó uatha den ainm sinsearachta seo atá mar cháilitheoir anseo.

I gcás uatha d'ainm sinsearachta, bheimis ag súil leis an struchtúr *dún mic* móide *ainm pearsanta* níos luaithe sa teanga, agus, b'fhéidir, le *dún mhac* móide *ainm pearsanta* sa Ghaeilge dhéanach (cf. an chéad dá shampla ó Aontroim thuas). I gcás iolra, bheimis ag súil le leis an struchtúr *dún mac* móide *ainm pearsanta* níos luaithe sa teanga; bheadh struchtúir éagsúla ar nós *dún mhac* / *dún mhic* móide *ainm pearsanta* inghlactha sa Ghaeilge dhéanach, ach ar ndóiche, d'fhéadfaí go dtiocfadh an seanstruchtúr *dún mac* móide *ainm sinearachta*, féin, slán. Is cosúil gurb í an fhéidearthacht dheireanach díobh seo uilig is congaraí a thagann leis na foirmeacha thuas.

Tá cuid éiginnteachta ag baint leis an ainm sinsearachta sa chás seo. Bheimis ag dréim le fuaimniú ar nós [raińə] i gcás an ainm phearsanta *Raighne* (*LMG* v 565 sv.) agus ní gá, mar sin, é sin a chur san áireamh. Leantar den Mhuraíleach anseo agus moltar leagan mall, malartach, neamhtheastaithe (*Níne*) den ainm pearsanta fireann *Ninnidh* (cf. samplaí ag *LMG* v 544-5 sv.). Léirítear luaineacht idir [n] agus [r] ó na chéad fhoirmeacha ar aghaidh, thuas; cf. Kilmacrenan / *Cill Mhic Réanáin* < *Cill Mhic Néanáin* i nDún na nGall (www.logainm.ie) agus an sloinne Oiriallach *Mac Raois* < *Mac Aonghais* (MacLysaght 1985, 64 sv. *Mac Creesh*).

Fallakeeran	Fál an Chaorthainn	
M432711; 112	*"the enclosure of the rowan-tree"*	
1. Fallagherin	Bald	1830
2. Fallagherin	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Fallagherin	ST (ALSO)	1838
4. Faulakeerin. If not, accept the name laid down	T O'C (ALSO)	1838
5. Loughfalough Village	Mrs Jordan (ALSO)	1838
6. no lake. This name is not known... There is a village of the same name in the T.L.	J O'D (ALSO)	1838

7. Fall-a-Cheeran	J O'D (ALSO)	1838
8. Fallakeeran	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
9. Fallakeeran	J O'D (ALSO)	1838
10. Falachaorthain	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
11. Fal a chaorthainn?	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
12. Fal a chaorthainn "enclosure of the rowan trees"	J O'D (ALSO)	1838
13. ˌfaləˈhiːrən	CMhN1, CRB4	2009

"213a. 1r. 19p.... including about 115 acres of bog. [Situated] in the north east end of the parish. Bounded on the north and east by the parish of Annagh in the barony of Costello, south by Treenaskehee and Lavallyrow and west by Boolabwee. The property of Mr. Watson. Loughfalough Village [*recté* Fallakeeran] is in the south central end of this townland" (*ALSO*). Léirítear an grúpa tithe suite i lár theas na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint *fál* "hedge, fence, enclosure" (*DIL* sv. 1*fál*), "hedge, fence; wall, barrier; enclosure, field" (*Ó Dónaill*) cáilithe anseo ag *íochtar* "o, n, later m. The lowest part, the bottom, the furthermost part" (*DIL* sv. *íchtar*). Ní luaitear comh-roinn uachtarach sna foinsí.

Tá an eilimint *fál* réasúnta coitianta sa chontae seo. Féach Faulagh < *Fálach*, Fauleens < *Na Fáilíní* agus Fallmore i mbarúntacht Iorrais; Fallataggart < *Fál an tSagairt* agus Fallgarve < *An Fál Garbh* i mbarúntacht Thír Amhlaidh; samplaí eile de Fauleens i mbarúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Choistealach; Falleighter < *An Fál Íochtair* i mbarúntacht Choistealach; Falduff < *An Fál Dubh* i mbarúntacht Mhuraisce; agus Kilfaul < *Coill Fáil* i mbarúntacht Cheara.

Tá *fál* cáilithe anseo ag *caorthann* "rowan-tree" (*DIL* sv. *cáerthann*), nach bhfuil chomh coitianta céanna mar eilimint in ainmneacha bailte fearainn sa chontae seo; cf., áfach, Rassakeerin < *Ros an Chaorthainn* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill, Carrowkeerin < *Ceathrú an Chaothainn* i mbarúntacht Mhuraisce agus Castlehill / *Caorthannán* i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

Áiríodh an baile fearainn seo mar chuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Kilvine	(?)Cill Mhiáin	
M449693; 112	*"St* Mián*'s church"*	
1. Kilvenie	Inq. ME II.237	1617
2. Killvoyre [*sic*], 2 qrs of	Strafford Inq. §130	1635
3. Killveyne, 2 qrs of	Strafford Inq. §147	1635
4. (?)1 cartron of Killemaine alias Raighnerugh	Strafford Inq. §155V	1635
5. 2 qrs of Killvyne... Killveyne	Strafford Inq. §157	1635
6. Kilvine 2 qrs.... parcell of Curraugh ¼ profit.	BSD 51	1661
7. Killueiue [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
8. Killvine 2 qrs	ASE 241a	1677
9. Killvine 2 qrs	ASE 272a	1681
10. Killvine	CRL 2A.3.16, 141b, 148a	1710c
11. Killmine	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
12. Killvine 2 qrs	QRL 2A.6.70, 529, 562	1787
13. Killfine	Bald	1830
14. Kilvine	ST (ALSO)	1838
15. Kilvine	Litir Eolais (ALSO)	1838
16. Kilvine	Cess Book (ALSO)[7]	1838
17. kil'vain	CMhN1	2009

"991a. 1r. 12p.... including about 49 acres of bog. [Situated] in the south east side of the parish. Bounded on the north by Treenaskehee and Lavallyroe, on the east by the parishes of Kiltullough in the Barony of Castlerea, Co. Roscommon and Dunmore in the barony of Dunmore, Co. Galway, and on the west by the townlands of Creeveshul, Creevard, Shanwallaboght and Levallyroe. The property of Mr. Watson. There is a triangulation station in this townland called Knockaderrin, 211 feet above the sea at low water. There is an ancient fort in this townland. Also a burial ground in south west end of it" (*ALSO*). Léirítear grúpa mór tithe darb ainm *Kilvine* in iardheisceart na roinne seo, agus cuid tithe scaipthe san iarthar. Léirítear reilig ("*Burial Ground*") ar imeall thoir theas an ghrúpa tithe (M446687); luaitear láthair eaglaise leis an suíomh

[7] "David Gibsons of Brookhills Co. Cess Book [*sic*]" (*ALSO*). Tá Brookhill i bparóiste Chrois Bhaoithín.

seo (*Monuments* §112): suíomh na heaglaise meánaoisí a thug ainm don pharóiste, ní foláir.[8] Léirítear lios san iarthuaisceart (M441699) agus léirítear lios eile sa chomharsanacht chéanna ar léarscáileanna reatha (M440702).

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoin ainm paróiste thuas. Tá cuid iar-rannta iniata in achar an bhaile fhearainn seo, is léir: féach cuid féidearthachtaí faoi *Ainmneacha Eile* thíos.

Knockadoon	Cnoc an Dúin	
M426690; 112	*"the hill of the fort"*	
1. Knockadoon	Bald	1830
2. Knockadoon	ST (ALSO)	1838
3. Hill of Doon	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Knockadoon	T O'C (ALSO)	1838
5. Cnoc a dúin	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Cnoc a dúin: "hill of the fort"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˌnɔkəˈduːn	CMhN1	2009

"522a. 0r. 2p.... including about 6 acres of woody ground and also 15 acres of bog. [Situated] in the south west central part of the parish. Bounded on the north by Lavallyroe, west by Boolabwee, Burreesk [sic] and Ballinvilla, south by Doonmacreena and east by Creevard and Shanawellaboght. The property of Mr. Blake, Co. Galway. There is a triangulataion station [in the east of the townland]. There are three ancient forts in townland, two of which lie to the west and are called Lisgrone and Listuber Forts" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe sa cheathrú thiar theas den roinn seo, agus cúpla teach sa lár thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios amháin suite gar do lár an bhaile fhearainn (M424691); léirítear *Lisgrona* agus *Lisatober* san iarthar (M422694 agus M419693). Léirítear liosanna breise eile suite gar don teorainn thoir thuaidh agus san oirthear ar léarscáileanna reatha (M427692 agus M433688, faoi seach; tuilleadh séadchomharthaí ag *Monuments* §112). Tá lár agus oirthear na roinne suite ar dhroim talaimh atá os cionn 100 méadar ar airde; bhí an

[8] "[The] west gable of Killvine church remains, as does also a part of the north side wall attached to this gable. There was a well near the church called Tobbarvine which is now dried up" (nóta ar chúl an Ainmleabhair). Féach go luaitear "A parcel of Gleabe arable and pasture" leis an pharóiste seo i 1661 (*BSD* 51).

stáisiún triantánachta suite ar mhullach os cionn 110 méadar ar airde atá in oirthear an bhaile fhearainn.

Tá *cnoc* “hill, mound” (*DIL* sv. *cnocc*(b)), “a hill, a height, a mountain” (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *dún* “fort... in O. Ir. usually applied to the residence of a chief or dignitary, consisting of an earthen (more rarely stone) rampart, inside which the house (‘tech’) or houses were erected...” (*DIL* sv.).

Tá *Cnoc an Dúna* molta mar bhunfhoirm Knockadoon i Chill Mheáin. Tá bailte fearainn eile darb ainm Knockadoon sa Chlár agus i gCorcaigh (*Census 1851*). Féach fosta Knockadoonlea < *Cnoc an Dún Léith* i bPort Láirge (*L. Log*. 23).

Áiríodh an baile fearainn seo mar chuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: féach go háirithe tagairtí do na hiar-rannta *An Baile Ard* agus *Ceathrú an Chip* faoi *Ainmneacha Eile*, thíos.

Levallyroe	An Leathbhaile Rua	
M430702; 112	*“the red half-townland”*	
1. Levalliroe	Inq. ME II.279	1617
2. manor... lands of Downemcnyny... the two qrs of Levally-Roe	CPR Jas I 322b	1617
3. Walter Blake fitz Andrew - manor and castle of Downemcnynny with 6 qrs of land viz....2 qrs called Laghballiroe	Strafford Inq. §156V	1635
4. Levallteroe 2 qrs.	BSD 51	1661
5. Levalliroe	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Laffeliroe 2 qrs	ASE 241a	1677
7. Laffellyroe 2 qrs	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
8. Laffallyroe 2 qrs	QRL 2A.6.70, 530	1787
9. Lavallyroe	ST (ALSO)	1838
10. Lavallyroe	Litir Eolais (ALSO)	1838
11. Lavallyroe	Cess Book (ALSO)	1838
12. Lavallyroe	T O’C (ALSO)	1838
13. Levallyroe	J O’D (ALSO)	1838
14. Leath bhaile ruadh	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
15. Leath bhaile rúadh “half red town”	J O’D (ALSO)	1838

16. ˌlavəliˈro: CMhN1 2009

“266a. 2r. 30p.... including about 7 acres of rough pasture. [Situated] in the east interior of the parish. Bounded on the north by Treenaskehee and Tullagherin, east and south by Kilvine, Shanwallaghboght and Knockadoon, and on the west by Boolabwee. The property of Mr. Watson. There are three ancient forts in this townland, the central one of which is called Esker Fort. The one in the east side is called Rock Fort. Rockfort House is in the south east end of this townland” (*ALSO*). Léirítear tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aniar aneas trí lár na roinne, agus teach mór ar a dtugtar *Rockfort House* (*Rockfort* ag *Bald*) agus cuid plandála thart air sa lár thoir, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear *Esker Fort* thart ar lár na roinne, ceart go leor (timpeall M430703); léirítear lios eile san oirthuaisceart (M437793), agus lios darb ainm *Lisbrack* suite ar an teorainn thiar le Boleyboy (M422704).

Tá Levallyroe eile suite i bparóiste an Eanaigh i mbarúntacht Choistealach; féach cuid samplaí eile de *leathbhaile* i logainmneacha faoi Eskerlevally i bparóiste Chill Chomáin, thuas. Is féidir gur leathbhaile den iar-roinn *An Baile Ard* (féach faoi *Ainmneacha Eile* thíos) a bhí sa bhaile fearainn seo; féidearthacht eile is ea Doonmacreena. Tá *leathbhaile* cáilithe anseo atá idir chamáin ag *rua* “lit. *red*, of a brownish or dark red... Freq. as sobriquet = red-haired, and in place-names” (*DIL* sv. *ruad*(a)).

Shanvallyboght	An Seanbhaile Bocht	
M435692; 112	*“the poor old townland”*	
1. Shaneballyboght ½ qr	CPR Jas I 100b	1606
2. Shaneballiboght	CPR Jas I 81b	1605
3. Shanballiboght	CPR Jas I 581b	1611
4. Shanneballyboght	Inq. ME III.403	1635
5. Shanvallybought, the qr called	Strafford Inq. §129V	1635
6. Sanvallyboght 1 qr	Strafford Inq. §131	1635
7. Shanballebought 1 qr.	BSD 52	1661
8. Shanballyboght	ASE 241a	1677
9. Shanballybought 1 qr.	ASE 275a	1683
10. Shanballybought	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
11. Shanballybought	QRL 2A.6.70, 531	1787
12. Shanvallaboght	Bald	1830

13. Shan-Walla-boght	ST (ALSO)	1838
14. Shan-Walla-boght	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Shanballybocht	Cess Book (ALSO)	1838
16. Shanvallyboght	T O'C (ALSO)	1838
17. Sean bhaile bocht	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Sean bhaile bocht "old poor town"	J O'D (ALSO)	1838
19. ˌʃanbaliˈbo̤xt	CMhN1	2009

"117a. 1r. 10p., including about 46 acres of rough ground. [Situated] in the east central part of the parish. Bounded on the north and east by Levallyroe and Kilvine, south and west by Creevard and Knockadoon. The property of Mr. Watson" (*ALSO*). Léirítear ceithre ghrúpa bheaga tithe in iardheisceart na roinne seo, agus cúpla teach suite le hais bóthair a reáchtálann anoir ar an teorainn theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

"It is probable that *sean* in such names refers to use... at the time these [places were named], they were old compared with others in the neighbourhood... or that they were simply old, without implying any comparison" (*Joyce* ii 481-2). Tá samplaí de Shanvally i mbarúntachtaí Cheara ahis Ghaileang.[9] Féach fosta Corratanvally agus Shanvallyard i mbarúntacht Cheara agus Tonatanvally i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill, agus Knockatanvally i mbarúntacht Ghaileang. Tá *seanbhaile* cáilithe anseo ag an aidiacht *bocht* "poor" (*DIL* sv.), "poor, needy; thin, slight; pitiful" (*Dinneen*), seachas ag substainteach den fhocal céanna. Cf. Ballyameenboght / *Baile Áimín Bocht* i gCiarraí (*IROL* 54 §32), Ballybought / *An Baile Bocht* in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 7), Ballyboght / *An Baile Bocht* i gCorcaigh, samplaí de Ballybough / *An Baile Bocht* i dTiobraid Árann (*L. Log*. 21) agus Baile Átha Cliath (www.logainm.ie), agus Kilboght / *Cill Bhocht* i nGaillimh (*ibid*.; féach fosta an mionainm *Ballybot* sa Dún: *PNI* 1, 39).

[9] Tá samplaí eile i bhFear Manach, Gaillimh, Laois (*Census 1851*), Uíbh Fhailí (*L. Log*. 33 sv. *An Seanbhaile*) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 117 sv. *An Seanbhaile*; cf. Shanavally / *An Seanbhaile* sa chontae céanna ag *ibid*.).

Treannaskehy	Trian na Sceithí	
M440706; 112	*"the third of the place of hawthorns"*	
1. Trianneskehy	Inq. ME II.279	1617
2. manor... lands of Downemcnyny and 6 qrs adjoining, viz.... Trianneskelry [*sic*]	CPR Jas I 322b	1617
3. Walter Blake fitz Andrew - manor and castle of Downemcnynny with 6 qrs of land viz.... 1 qr called Tryneskehy	Strafford Inq. §156V	1635
4. Triniskahy 1 qr.... Wast bogg between Clanmorris and Costelloe	BSD 51	1661
5. Trineskehie 1 qr.	ASE 241a	1677
6. Trineskehie 1 qr.	CRL 2A.3.16, 141b	1710c
7. Trineskehie 1 qr.	QRL 2A.6.70, 530	1787
8. Treenskehy	Bald	1830
9. Treenaskehee	ST (ALSO)	1838
10. Treenaskehee	Litir Eolais (ALSO)	1838
11. Trynaskehy	Cess Book (ALSO)	1838
12. Treennaskehy. -ha?	T O'C (ALSO)	1838
13. Treannaskehy	J O'D (ALSO)	1838
14. Trían na sgeithe "third of the bush or lone thorn"	J O'D (ALSO)	1838
15. ˌtrinəˈʃkɛhi	CMhN1	2009

"181a. 3r. 13p.... including about 8 acres of bog. [Situated] in the east end of the parish. Bounded on the north by Fallagherin and the parish of Annagh in the barony of Costello, west by Lavallyroe and Fallagherin, on the east by the parish of Annagh, and south by Kilvine. The property of Mr. Blake, Co. Galway. There is an ancient fort in the west central end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite i dtuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios sa lár thiar, ceart go leor (M436707).

Ní léir go conclúideach cé acu roinn ar áiríodh an an baile fearainn seo mar *trian* "o,n., later also m.... third part; applied to towns etc., district, quarter" (*DIL* sv. *trían*(a,d)) di, tráth. Tá *trian* cáilithe anseo ag *sceitheach,* forbairt (le ciall chnuasaigh

nó áitreabhach) ó *sceith*, leagan de *sceach* “a thorn bush, whitethorn” (*DIL* sv. *scé*), “whitethorn, hawthorn; thornbush” (*Ó Dónaill*). Féach an plé faoi Skehavaud < *Sceith an Bháid* i bparóiste Chrois Bhaoithín.

Ainmneacha Eile

Irishtown	An Baile Gaelach	
M412684; 112	*“the Irish town”*	
1. Drymills	Bald	1830
2. An Baile Gaelach	GÉ 19	1989
3. ˈairəʃtaun	CMhN1	2009

“This tiny village - which appears on most maps as Dry Mills - has earned a significant place in Irish history as the scene of an epoch-making mass meeting of tenants on Sunday, 20 April 1879. The meeting, called by James Daly, Michael Davitt and others to protest against the threat of evictions by an absentee landlord named Joseph Bourke, was attended by some 7,000 tenants according to local accounts (although some estimates put the number as high as 13,000). This event, which took place in the townland of Burris, signalled the start of the great social struggle known as ‘The Land War’. On 16 August 1879 Michael Davitt - who had himself stayed away from Irishtown – convened a meeting in the Imperial Hotel, Castlebar, at which was established the National Land League of Mayo. Two months later the Irish National Land League was established in Dublin, with Charles Stewart Parnell as its president... The name Irishtown is said to have been chosen by a Land Leaguer, Andy Mullarkey, who built the village on a site known as Peg’s Acre. The older name, Dry Mills, derives from flax mills which were located there in the last century” (*Ó Muraíle: Nótaí*).

Tá an sráidbhaile beag seo suite in iarthar Ballinvilla, iarthuaisceart Carrownlough agus oirthear Lisduff; tá an dá bhaile fearainn dheireanacha seo suite i bparóiste Chrois Bhaoithín. Tá *An Baile Gaelach* socraithe mar an fhoirm Ghaeilge de shamplaí de Irishtown i Luimneach (*L. Log*. 12), Uíbh Fhailí (*L. Log*. 7), Cill Dara, Cill Mhantáin agus Baile Átha Cliath (www.logainm.ie), agus de bhailte poist den ainm seo i dTiobraid Árann (*L. Log*. 126) agus Cill Chainnigh (www.logainm.ie). Tá *An Baile Gallda* socraithe mar an fhoirm Ghaeilge de Crookstown i gCorcaigh (*GÉ* 18-9) agus de chuid samplaí de Englishtown (féach www.logainm.ie sv.).

Tugtar thíos anois foirmeacha stairiúla cuid iar-rannta a luaitear le tailte an pharóiste seo sna foinsí. Ní léir a gceartshuíomh:

1. Balleard	Inq. ME II.239	1617
2. Belearde	Inq. ME II.241	1617
3. Balleard	CPR Jas I 393b	1618
4. Balthean [sic]	Inq. ME III.383	1633
5. Baltheard	Inq. ME III.397	1633
6. Ballard	Inq. ME III.329	1625
7. Ballard, the qr of	Strafford Inq. §112V	1635
8. Ballyard, 1 gnive in	Strafford Inq. §110	1635
9. Ballyard 1 qr	Strafford Inq. §131	1635
10. Ballaard, qr of	Strafford Inq. §145	1635
11. Ballyard, 2 gnives in the qr of	Strafford Inq. §146V	1635
12. Ballaird 1 quarter [including] Carrownevocady... Greely 1 gneeve of Balliard [sic]... Wortasane 1 gneeve of Ballyard... Gortnenarregh 1 gneeve	BSD 52	1661
13. Balleard 1 qr.	ASE 241a	1677
14. Balleard 1 qr. in Carrowkipp	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
15. Bullard	Reg. Deeds Lib. 13, 45 §4534	1713
16. Balleard 1 qr.... in Carrowkipp	QRL 2A.6.70, 531	1787

Iar-ainm Knockadoon, b'fhéidir?

1. Carowankippe	Inq. ME II.247	1617
2. Carrowankip	CPR Jas I 393b	1618
3. Carrowkip	Inq. ME III.329	1625
4. Carrowkipp	Inq. ME III.383	1633
5. Carrowkipp	Inq. ME III.397	1633
6. Carrowkipp, 2 gneevs	Inq. ME III.403	1635
7. Owen oKelly of Carrowenkippe... ½ qr in Carrowenkipp	Strafford Inq. §110	1635
8. Carrowkippe, the qr of	Strafford Inq. §129V	1635
9. Carrownekippe 1 qr	Strafford Inq. §131	1635
10. Carrowkippe, the gnive of Killin in the qr of	Strafford Inq. §147	1635
11. Carronkipp 1 qr. [including] Gorteclane 3 Gneeves or ½ qr.... Gortskeagh 1 gneeve... Gortotane 1 gneeve... Gortekilleene 1 gneeve in Carronkipp Quartr.	BSD 52	1661

12. Carrowkip, Croskeagh, Gortuclane and Gortekilline 1 qr.	ASE 241a	1677
13. Balleard 1 qr. in Carrowkipp, Croskeagh, Gortinclare & Gortkilbin 1 qr in Carrowbegg 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
14. Carrowkip, lands of Carrowky als	Reg. Deeds Lib. 13, 45 §4534	1713
15. Balleard 1 qr.... in Carrowkipp, Crosskeagh, Gortinclare & Gortkilbin 1 qr. and Carrowbegg 1 qr.	QRL 2A.6.70, 531	1787

1. Gorteclare	Inq. ME II.235	1617
2. Carronkipp 1 qr. [including] Gorteclane 3 Gneeves or ½ qr....	BSD 52	1661
3. Balleard 1 qr. in Carrowkipp, Croskeagh, Gortinclare & Gortkilbin 1 qr in Carrowbegg 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
4. Balleard 1 qr.... in Carrowkipp, Crosskeagh, Gortinclare & Gortkilbin 1 qr. and Carrowbegg 1 qr.	QRL 2A.6.70, 531	1787

1. Carrowbegg	CPR Jas I 393b	1618
2. Carrowbegg	Inq. ME III.329	1625
3. Carrowbegg	Inq. ME III.383	1633
4. Carrowbegg	Inq. ME III.397	1633
5. 2 gnives in Carrowbegg... 1 gnive in the qr of Carrowbegg	Strafford Inq. §110	1635
6. Carrowbeg 1 qr	Strafford Inq. §131	1635
7. Carrowbegge, 1 gnive in	Strafford Inq. §145	1635
8. Carrowbegg, the qr of	Strafford Inq. §146V	1635
9. Carrobegg 1 qr.	BSD 53	1661
10. Carrowbeg	Hib. Del. Mayo	1672c
11. Carrowbeg 1 qr.	ASE 241a	1677
12. Balleard 1 qr. in Carrowkipp, Croskeagh, Gortinclare & Gortkilbin 1 qr in Carrowbegg 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
13. Carrowbegg	Reg. Deeds Lib. 13, 45 §4534	1713
14. Balleard 1 qr.... and Carrowbegg 1 qr.	QRL 2A.6.70, 531	1787

Léirítear foirm 10 suite in iardheisceart an pharóiste, ó thuaidh de *Dromnineen* (tite i léig).

An Cnoc[1]

Ainmneacha Bailte Fearainn

Ballyhowly	(?)Bealach Abhla	
M383819; 92	*"road of the apple-tree"*	
1. Ballyhouly, Brian O'Terne of	Fiants Eliz. §4582	1584c
2. Ballaghowly, ... McHenry... McGriffen of	Fiants Eliz. §5448	1590
3. Ballecowly and Castlegare... 9 qrs	CBC 100	1585
4. Ballyhoh [*sic*]	Connaught Map (NLI)	1600c
5. Ballocowlie, Seisit de Geods de Castro de	Inq. ME I.39	1608
6. Bealachowly, de	Inq. ME III.357	1629
7. castle and town of Bellaghowly with 3 qrs and 3 cartrons of land and a cornmill thereunto adjoining, viz. the qr of Costragher;[2] the qr of Killine; the qr of Iskerivorill	Strafford Inq. §156-§156V	1635
8. Balloghowly 4 Qrs. These are in		

[1] Tá an paróiste seo rannta idir barúntachtaí Choistealach agus Chlann Mhuiris. Féach foirmeacha stairiúla ainm an pharóiste, agus plé, faoi bharúntacht Choistealach.

[2]

1. Coscaraher	Inq. ME I.39	1608
2. Cosdarahare	Inq. ME II.279	1617
3. Costeraher	Inq. ME III.357	1629
4. Costracker	Inq. ME III.359	1629
5. castle and town of Bellaghowly... the qr of Costragher...	Strafford Inq. §156V	1635
6. Balloghowly 4 Qrs.... Cortraher 1 qr.	BSD 88	1661
7. Costrahir	Hib. Del. Mayo	1672c
8. Costrahir 1 qr	ASE 254a	1678
9. Castrahir 1 qr	CRL 2A.3.16, 159a	1710c
10. Costrahir 1 qr	L. Blosse Papers 192 §75	1754
11. Castletraher 1 qr	CRL 2A.6.70, 603	1787

Léirítear foirm 7 suite ó dheas de Killeen ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*.

Clanmorris Baro[ny:] Cortraher 1 qr., Killine 1 qr., Eisterorreely als Iskerlorne 1 qr., Boolenrey als Cloonelavir 1 qr.... [with] Island in wast Bog	BSD 88	1661
9. Cosatrahir... Killine... Ballingree als Cloonelevasse... Iskereevorrely... all commonly called Ballygnolla [*sic*]	ASE 254a	1678
10. Ballygaula	CRL 2A.3.16, 159b	1710c
11. Ballygoula	CRL 2A.6.70, 604	1787
13. Ballyhanly [*sic*]	Arrowsmith	1811
14. Ballyhowly	Bald	1830
15. Ballyhowley	Tithe App. Book §71	1833
16. Ballyhowley	Litir Eolais (ALSO)	1838
17. Ballyhowley	ST (ALSO)	1838
18. Ballyhowly	T O'C (ALSO)	1838
19. Bealach a chobhla "road of the fleet"	Áitiúil (ALSO)	1838
20. Bealach a chobhla "road of the fleet (is the local Irish name)"	J O'D (dúch; ALSO)	1838
21. Bealach abhla "apple road"	J O'D (ALSO)	1838
22. Bealach Abhla "pass of [the] apple-tree"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
23. ˌbaliˈhauli	CNC1	2009

"242a. 2r. 12p.... including about 18 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish... Bounded on the west by the parish of Kilcoleman, north by the townland of Killeen, east by the parish of Knock in the barony of Costello and south by the townlands of Knockbaun and Eskermorally. The property of Dominic Brown. There is an ancient fort in the north east end of this townland called Breens Fort. There is a corn mill and kiln in the south end of the townland" (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh scaipthe tríd an roinn ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear teach mór darb ainm *Ballyhowly House* sa deisceart, agus ballóga caisleáin suite siar ó dheas de (M389815). Léirítear *Breen's Fort* san oirthuaisceart (M386821; *Mullanabreena* ag *Bald*); tá sé suite ar thalamh atá os cionn 100 méadar ar airde. Reáchtálann bóthar ó

Ballyfarna aniar aneas ar an teorainn thoir; reáchtálann mionbhóthar aniar aduaidh trí lár na roinne.

Is í *bealach* “gap, pass (between hills), defile, (narrow) passage; road, path, way” (*DIL* sv. *belach*) an bhuneilimint anseo; tá Ballyfarna < *Bealach Fearna* i bparóiste Chill Cholmáin buailte leis an teorainn thiar. Tá sí cáilithe, is cosúil, ag uatha den fhocal *abhaill* “apple-tree” (*DIL* sv. *aball*). Ar sheasmhacht an *-y* sna luathfhoirmeacha, léifí eilimint eile: an t-ainm pearsanta neamhchoitianta *Uallach*, b’fhéidir (cf. an sloinne *Ó hUallaigh*, a luaitear le Connachta agus leis an Chlár, ag MacLysaght 1985, 163 sv. *O Howley*). Ní féidir *Bealach an Chabhlaigh*, ina bhfuil *cabhlach* “fleet” (*DIL* sv. 1*coblach*; féach bríonna eile ag *Dinneen*), a léamh go furasta ar na foirmeacha stairiúla thuas. Thiocfadh linn cuimhneamh ar *Bealach Chabhlaigh* mar fhéidearthacht (cf. foirmeacha stairiúla Rockfleet < *Bealach an Chabhlaigh* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill), ach bheadh cuid deacrachtaí le sárú ansin, brí na heiliminte *cabhlach* san áireamh.

Tá ginideach iolra den fhocal *abhaill* le sonrú san ainm Derryool < *Doire Abhall* atá sa chuid sin den pharóiste seo atá i mbarúntacht Choistealach, Derryool eile atá i bparóiste Achadh Mór sa bharúntacht sin, agus Cornanool < *Corr na nAbhall* i mbarúntacht Cheara. Leagan uatha atá sa mhionainm *Derryoula* < *Doire Abhla* i Salia i bparóiste Acla i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill ([ˌdɛrˈaulə]; Imleabhar 3 sv.).

Cloonlavis Lower	Cluain Leamhais Íochtarach	
M363847; 80, 91,92	*“meadow of the elm-tree, lower”*	
1. Clonlawes	Inq. ME I.39	1608
2. Clonleanes	Inq. ME III.359	1629
3. Balloghowly 4 Qrs.... Boolenrey als Cloonelavir 1 qr.... [with] Island in wast Bog	BSD 88	1661
4. Ballingree als Cloonelavasse 1 qr	ASE 254a	1678
5. Ballingree als Cloonelavass 1 qr	CRL 2A.3.16, 159b	1710c
6. Cloonlavish	Garret O’Moore Maps 15	1721c
7. Clonlaviss 1 qr	L. Blosse Papers 192 §75	1754
8. Cloonlavise	L. Blosse Papers 193 §75	1754
9. Ballingree als Clonelavass	CRL 2A.6.70, 603	1787
10. Cloonlavish	Bald	1830

11. Cloonlavis Lower	Tithe App. Book §71	1833
12. Cloonlavis Lower	ST (ALSO)	1838
13. Cloonlavis Lower	Litir Eolais (ALSO)	1838
14. Cloonlavis	T O'C (ALSO)	1838
15. Cluain leamhais "lawn of the elm trees"	J O'D (ALSO)	1838
16. Cluain Leamhais "meadow of the elmtree"?	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
17. ˌklu:nˈlavəʃ	CNC1	2009

"290a. 0r. 15p.... including about 90 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish and east side of the barony... Bounded on the north and north east by the parish of Knock in the barony of Costello, on the south by Cloonlavis Upper and on the west by the parish of Kilcoleman. The property of Dominick Brown" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe i lár thuaidh na roinne, agus grúpa eile san iarthar, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann craobhshrutháin de chuid an *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile,* paróiste an Teampaill Mhóir, barúntacht Ghaileang) anoir aneas ar theorainneacha thiar agus thoir thuaidh na roinne.

Is í *cluain* "meadow, pasture-land, glade" (*DIL* sv. 1*clúain*), "meadow; after-grass" (*Ó Dónaill*), "... a fertile piece of land, a green arable spot [near bog or water]" (*Joyce* i 233; cf. *PNI* 7, 21 agus Ó Cearbhaill 2010, 17-9) an bhuneilimint anseo. Moltar *leamh* "o, m. elm-tree" (*DIL* sv. 1*lem*)[3] móide an iarmhír *-as* mar cháilitheoir. I dtaca leis an iarmhír seo, féach Ó Máille (1989-90, 126 §2.0): "Historically, -as is well known as imposing an abstract quality on the meaning expressed in the root word, although exceptions occur. In the wide area of place-names, I find that [*-as* and related suffixes] lose the abstact effect... and become meaningless, adding little or nothing to the sense of the word". Féach Ó Máille fosta i dtaca le díochlaonadh: "As to gender and declension, records from Irish literature show both *-as* and *-us* originally making *u*-stem nouns... [such as *Camas* / *-asa, Innus* / *-usa*]; later, both literary and place-name items were treated as *o*-stem nouns [such as Camas / -ais]" (*op. cit.* 126 §1.2).

Ní úsáidtear na cáilitheoirí *Lower, Upper* go háitiúil.

[3] Tá *leamhach* "marsh-mallow" (*DIL* sv. 1*lemach*) teastaithe, ach ní *leamh* "marsh-mallow" mar a mhaígh Joyce (ii 345-6); féach Leo i mbarúntacht Choistealach agus Drumlamph i nDoire (*PNI* 5, 183 sv.).

Cloonlavis Upper	Cluain Leamhais Uachtarach	
M368835; 91, 92	*"meadow of the elm-tree, upper"*	
1. Cloonlavis Upper	Tithe App. Book §71	1833
2. Cloonlavis Upper	ST (ALSO)	1838
3. Cloonlavis Upper	Litir Eolais (ALSO)	1838

"166a. 3r. 18p.... including about 48 acres of bog. [Situated] in the north west side of the parish and east side of the barony... Bounded on the north by Cloonlavis Lower, on the east by the parish of Knock in the barony of Costello, on the south by Knockroe and west by the parish of Kilcoleman. The property of Dominick Brown" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe sa leath theas den roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann craobhshrutháin de chuid an *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste an Teampaill Mhóir, barúntacht Ghaileang) anoir aneas ar theorainn thiar na roinne.

Féach plé ar bhunús an logainm seo faoi Cloonlavis Lower, thuas.

Derry	Doire	
M385803; 92	*"thicket"*	
1. Derrue	Bald	1830
2. Derry	Tithe App. Book §71	1833
3. Derry	ST (ALSO)	1838
4. Derry	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Derry	T O'C (ALSO)	1838
6. Doire "an oak wood"	J O'D (ALSO)	1838
7. Doire "oak-grove / small wood"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
8. ˈdɛri	CNC1	2009

"273a. 1r. 22p.... including about 145 acres of bog. [Situated] in the south west side of the parish... Bounded on the north by Knockbaun, east by the parish of Knock in the barony of Costello, and on the west by the parish of Kilcoleman... The property of Dominick Brown, Esqr. There is a triangulation station in this townland, called Derry" (*ALSO*). Léirítear dhá ghrúpa bheaga tithe in iarthuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá *Derry Lough* ar theorainn theas an bhaile fhearainn le Rockfield i bparóiste Chill Cholmáin; tá crannóg in iarthuaisceart an locha seo (M380804).

Féach nóta ar bhríonna agus ar luaineacht inscne na heiliminte seo faoi Derry i bparóiste Chrios Bhaoithín thíos. Tá beagnach 40 baile fearainn den ainm seo sa tír (*Census 1851*); tá samplaí de i mbarúntachtaí Mhuraisce agus Chill Mheáin sa chontae seo féin.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Ballyhowly nó Eskermorilly, b'fhéidir.

Esker	An Eiscir	
M375826; 92	*"the ridge"*	
1. Esker	Bald	1830
2. Esker	Tithe App. Book §71	1833
3. Esker	ST (ALSO)	1838
4. Esker	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Esker	T O'C (ALSO)	1838
6. Escir "a ridge of sand hills"	J O'D (ALSO)	1838
7. An Eiscir "the glacial ridge"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
8. ˈɛʃkər	CNC1	2009

"71a. 3r. 13p.... all arable land. [Situated] in the west side of the parish... Bounded on the north by Knockroe, on the east by the parish of Knock in the barony of Costello, on the south by Killeen and west by the parish of Kilcoleman. The property of Dominick Brown Esqr." (*ALSO*). Léirítear grúpa líneach tithe i dtuaisceart na roinne, agus é suite le hais bóthair a reáchtálann aniar aduaidh trí lár thuaidh an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá bunús na roinne suite ar thalamh atá 80 méadar ar airde; íslíonn an talamh le fána i dteo an iardheiscirt; reáchtálann craobhshruthán de chuid an *Gweestion River* (féach faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste an Teampaill Mhóir, barúntacht Ghaileang) anoir aneas ar an teorainn thiar theas.

Tá forbairt ó *eiscir* "a ridge, an elevation (separating two plains or depressed surfaces)" (*DIL* sv. *escir*) ina bhfuil coimriú déanta ar an struchtúr *eiscir* móide an iarmhír chnuasaigh nó áitreabhach *–ach*, le sonrú sna ainm Eskeragh < *Eiscreach* i mbarúntacht Thír Amhlaidh (Imleabhar 8). Tá bailte fearainn eile darb ainm Esker i mbarúntacht Ghaileang (Imleabhar 9), i nGaillimh, Liatroim, Ros Comáin, Laois, Tír Eoghain (*Census 1851*), Cill Chainnigh (*L. Log*. 30 sv. *An Esicir*), Uíbh Fhailí (*L. Log*. sv. 25 sv. *An Eiscir*) agus Muineachán (*L. Log*. 33 sv. *An Eiscir*). Féach fosta Eskerymorilly thíos.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Ballyhowly, b'fhéidir.

Eskerymorilly	Eiscir Uí Mhuraíle	
M392815; 92	"*ridge of* Ó Muraíle"	
1. Eskeryvovill	Inq. ME III.359	1629
2. castle and town of Bellaghowly... the qr of Iskerivorill	Strafford Inq. §156	1635
3. Balloghowly 4 Qrs.... Eisterorreely als Iskerlorne 1 qr.	BSD 88	1661
4. Iskereevorrely	ASE 254a	1678
5. Iskerryvorrelly 1 qr	CRL 2A.3.16, 159b	1710c
6. Eskermorrilly	L. Blosse Papers 192 §75	1754
7. Iskerryvorrelly 1 qr	CRL 2A.6.70, 604	1787
8. Eskermorrally	Tithe App. Book §71	1833
9. Eskermorally	ST (ALSO)	1838
10. Eskermorally	Litir Eolais (ALSO)	1838
11. Eskermorilly	T O'C (ALSO)	1838
12. Eskerymorilly	J O'D (ALSO)	1838
13. Eiscir Ui Murghaile	J O'D (dúch; ALSO)	1838
14. Escir ui Mh'ríl:e "O'Morilly's ridge"	J O'D (ALSO)	1838
15. Eiscir Uí Mhuiríle "the glacial ridge of Ó Muiríle"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
16. ˌɛʃkərˈmorli	CNC1	2009

"204a. 3r. 29p.... including about 75 acres of bog. [Situated] in the south side of the parish... Bounded on the north by Ballyhowley, on the east and south by the parish of Knock in the barony of Costello and the townland of Sleunabrehan, on the west by Knockbaun. The property of Dominick Brown, Esqr." (*ALSO*). Léirítear cuid bheag áitreabh scaipthe i lár agus oirthear na roinne, agus cuid bheag tithe le hais an bhóthair a reáchtálann aniar aneas ar an teorainn thiar thuaidh le Ballyhowly, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá droim talaimh 90 méadar ar airde i dtuaisceart agus oirthuaisceart an bhaile fhearainn: sleasa theas an chnoic a luaitear sa phlé ar Carrowmore atá sa chuid sin den pharóiste atá i mbarúntacht Choistealach, atá i gceist.

Tá an bhuneilimint *eiscir* “a ridge, an elevation (separating two plains or depressed surfaces)” (*DIL* sv. *escir*) cáilithe anseo an sloinne *Ó Muraíle* / *Ó Muiríle*, “a Mayo name for which the English surname Morley is now almost always used” (MacLysaght 1985, 222 sv. *O Morrally*, *Morley*). “The single most numerous surname in the parish (now as in the 1850s, at the time of Griffith’s Valuation) is *Morley*, which represents the Gaelic *Ó Muraíle* or *Ó Muiríle* (from earlier *Ó Murghaile, Ó Muirghile*). The family appears to be an offshoot of some branch or other of the Uí Bhriúin, being found near Boyle in north Roscommon in the medieval period (at *Clochar Ó Muirghile* / Clogher) and also, around the same time - although it may be a different family bearing the same name - near Headford (at *Muine Ionradháin* or Bunanraun townland) in north Galway. The name is attested in east Mayo (as *O Moryly*) since the 1590s and the townland-name *Eiscir Uí Mhuiríle* (Eskerymorilly) in this parish is on record since the 1620s. In the 18th century, members of the family were closely associated with the famous Dominican friary of Urlaur [in Kilmovee parish] - one of them, Fr. Brian Morilly, perished in the great Lisbon earthquake of 1755” (*Ó Muraíle: Nótaí*). Úsáidtear an dá leagan, *Ó Muiríle* agus *Ó Muraíle*, in aon tagairt sa Ghinealach Mór (*LMG* i §214.3).

Killeen	An Cillín	
M377822; 92	*“the little church / graveyard”*	
1. castle and town of Bellaghowly...		
the qr of Killine	Strafford Inq. §156V	1635
2. Balloghowly 4 Qrs.... Killine 1 qr.	BSD 88	1661
3. Killine, Killinree	Hib. Del. Mayo	1672c
4. Killine 1 qr	ASE 254a	1678
5. Killine 1 qr	CRL 2A.3.16, 159b	1710c
6. Killeen 1 qr	L. Blosse Papers 192 §75	1754
7. Killine 1 qr	CRL 2A.6.70, 603	1787
8. Killeen	Bald	1830
9. Killeen	Tithe App. Book §71	1833
10. Killeen	ST (ALSO)	1838
11. Killeen	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Killeen	T O’C (ALSO)	1838
13. Cillín “a small church”	J O’D (ALSO)	1838

14. An Cillín “the small church / children’s burial ground”	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
15. ˈkʲili:n	CNC1	2009

“55a. 3r. 9p.... including about 14 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish of Knock in the barony of Clonmorris. Bounded on the north by the townland of Esker, on the east by the parish of Knock in the barony of Costello, south by Ballyhowley and on the west by the parish of Kilcoleman. The property of Dominick Brown Esq.” (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh sa lár thoir, suite le hais bóthair anoir aneas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ní luaitear aon lonnaíocht eaglasta leis an roinn seo sna gnáthfhoinsí (*ALSO*, *Monuments*).

Is é an leagan díspeagtha *cillín* < *cill* “church... monastic settlement or foundation... churchyard, graveyard” (*DIL* sv. *cell*) atá san ainm seo ach ní léir cé acu eaglais (cf. foirm 16) nó reilig a spreag an t-ainm. Tá deich mbaile fearainn den ainm seo sa chontae seo féin; tá sampla eile i bparóiste Chrois Bhaoithín thíos (*Census 1851*). Ní léir suíomh na lonnaíochta eaglasta i gcuid de na cásanna.

Léirítear *Killinree* ó thuaidh de *Killine* ar léarscáil *Hib. Del. Mayo* (foirmeacha 3a-b).

<u>Knockbaun</u> An Cnoc Bán

M385811; 92 *“the (?)grassy hill”*

1. Knockbaan	Bald	1830
2. Knockbane	Tithe App. Book §71	1833
3. Knockbaun	ST (ALSO)	1838
4. Knockbaun	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Knockbaun	T O”C (ALSO)	1838
6. Cnoc bán “white hill”	J O’D (ALSO)	1838
7. An Cnoc Bán “the white hill”	Ó Muraíle: Notaí	1990c
8. nɔkˈbɑ:n	CNC1	2009

“161a. 2r. 21p.... including about 50 acres of bog. [Situated] in the south side of the parish of Knock... Bounded on the north by Ballyhowley, on the east by Eskermorally, south by the parish of Knock in the barony of Costello, on the west by the townland of Derry and parish of Kilcoleman. The property of Dominck Brown Esqr.” (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe suite gar do lár na roinne, agus cuid tithe suite le hais bóthair a

reáchtálann anoir aduaidh ar an teorainn thiar thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá cnoc 80 méadar ar airde i lár na roinne.

Tá *cnoc* "hill, mound" (*DIL* sv. *cnocc*(b)), "a hill, a height, a mountain" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag an aidiacht *bán,* a bhfuil bríonna éagsúla maíte uirthi: "white, fair, bright; pure, holy, blessed; of a page, blank; pale; of land, untilled, waste, unoccupied" (*DIL* sv. bánI(a-c)), "white; pale; empty; idle; *talamh bán* fallow land; lea, grass-land" (*Ó Dónaill*). D'aistrigh Ó Muraíle an mionainm *An Talamh Bán,* a thaifead sé i gCliara, mar "the white [i.e. grassy] land" (Ó Muraíle 1999, 128 §268); cf. an substainteach *bán* "untilled land, lea" (*DIL* sv. *bán*II(b)).

Tá bailte fearainn eile den ainm seo i mbarúntachtaí Cheara agus Thír Amhlaidh; tá ceithre shampla eile i nGaillimh agus tuilleadh arís i bPort Láirge (*L. Log*. 24 sv. *An Cnoc Bán*) agus Loch Garman; féach fosta Knockbaun & Knocknabranagh i gCeatharlach (*Census 1851*). Tá cúpla sampla de Knockbawn i gCill Mhantáin (*ibid.*). Tá sé shampla de Knockbane ann, agus iad suite in Ard Mhacha, Dún na nGall, Gaillimh, Cill Dara, Cill Mhantáin (*ibid.*) agus Uíbh Fhailí (*L. Log*. 17 sv. *An Cnoc Bán*).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Ballyhowly nó Eskerymorilly, is dóiche.

Knockroe	An Cnoc Rua	
M372830; 92	"*the red hill*"	
1. Knockanruagh	Bald	1830
2. Knockroe	Tithe App. Book §71	1833
3. Knockroe	ST (ALSO)	1838
4. Knockroe	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Knockroe	T O'C (ALSO)	1838
6. Cnoc ruadh "red hill"	J O'D (ALSO)	1838
7. An Cnoc Rua "the red hill"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
8. nɔkˈroː	CNC1	2009

"116a. 3r. 29p., including about 11 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish of Knock... Bounded on the north by Cloonlavis Upper, on the east by the parish of Knock in the barony of Costello, on the south by Esker and on the west by the parish of Kilcoleman. The property of Domink. Brown, Esqr." (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais mionbhóthair a reáchtálann aniar trasna lár na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá cnoc 93 méadar ar airde i lár na roinne.

Tá *cnoc* “hill, mound” (*DIL* sv. *cnocc*(b)), “a hill, a height, a mountain” (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *rua* “lit. *red*, of a brownish or dark red... Freq. as sobriquet = red-haired, and in place-names” (*DIL* sv. *ruad*(a)).

Tá breis agus 70 baile fearainn den ainm seo sa tír; tá samplaí eile i bparóiste Mhaigh Eo sa bharúntacht seo, agus i mbarúntachtaí Choistealach, Chill Mheáin agus Thír Amhlaidh sa chontae seo féin. Tá *An Cnoc Rua* socraithe mar an fhoirm Ghaeilge de shamplaí i dTiobraid Árann (*L. Log*. 58-59), Luimneach (*L. Log*. 31), Cill Chainnigh (*L. Log*. 25), agus Port Láirge (*L. Log*. 26). Féach fosta samplaí de Redhill < *An Cnoc Rua* i mbarúntachtaí Ghaileang agus Choistealach.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Cloonlavis Upper / Cloonlavis Lower, b’fhéidir.

Slievenabrehan	Sliabh na bPréachán	
M398810; 92	*“the moor of the crows”*	
1. Rockfield [*recté* Rookfield]	Bald	1830
2. Slievenabrehane	Tithe App. Book §71	1833
3. Sle[a]nabrehan	ST (ALSO)	1838
4. Sle[a]nabrehan	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Slievenabreghaun?	T O’C (ALSO)	1838
6. Slievenapreaghaun	J O’D (ALSO)	1838
7. Slievenabrehan	J O’D (dúch; ALSO)	1838
8. Sliabh na b-preúchan “mountain of the crows”	J O’D (ALSO)	1838
9. Sliabh na bPréachán “the moor-land of the crows”	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
10. ˈruːkfiːld	CNC1	2009

“153a. 3r. 36p.... including about 64 acres of bog. The property of Dominick Brown, Esqr. [Situated] in the south side of the parish... Bounded on the north by the townland of Esker Morally, on the east, north and west by the parish of Knock in the barony of Costello” (*ALSO*). Léirítear grúpa líneach tithe i lár thiar na roinne, agus cuid bheag tithe san iarthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá cnoc 90 méadar ar airde in iarthuaisceart an bhaile fhearainn.

Tá an dá phríomhchiall le *sliabh* “a mountain, a mountain-range; a moor” (*DIL* sv. *slíab*); féach fosta *Dinneen*: “a mountain or mount... a heathy upland or plain, a

moor, a piece of moorland, oft. low-lying". Tá *sliabh* cáilithe anseo ag *préachán* "a bird of prey (generic term)..." (*DIL* sv. *préchán*), "a crow, a raven... equated to glede" (*Dinnneen*). Cf. *Ard na bPréachán* / Ardnapreaghaun i Luimneach (*L. Log*. 7); tá *Caisleán na bPréachán* socraithe mar bhunfhoirm Crowscastle i mBaile Átha Cliath (www.logainm.ie).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Eskerymorilly, b'fhéidir.

Crois Bhaoithín

Crossboyne	**Crois Bhaoithín**	
	"St. Baoithín*'s cross"*	
1. Crosbithin	Eccles. Tax. (CDI) 213	1307c
2. [prebends of] Kyllmygany, Cluaynmor [and] Kyllcurrnan...[1] [vicarages of] Croysbuythyn, Cluaynmor [and] Kyllcurrnan... [church of] Crosbuythyn	CEPR vii 95	1418
3. Kyllmygany [and] Crosbuythyn	CEPR vii 96	1418
4. Croisbuatin, [rectory of]	CEPR ix 428	1444
5. Grosbygin	CEPR x 330	1447c
6. [vicarages of] Croysbayn and Cillenalla[2]	CEPR xv 201 §406	1489
7. Crosboyny	Bodkin's Visit. 152	1565c
8. Crosbohin [Barony]	Division Connaught 1 (Knox)	1570
9. Crosbohin alias Clanmorish, Barrony of	CBC 93, 94	1585
10. Crossbohin... one qr	CBC 101	1585
11. the Barrony of Crosboyhin consisteth of 300 qrs	CBC 112	1585
12. [Crossboyne]	First Fruits	1585c
13. Crossbuhin.... David son of Maurice	Incumbents [1591] 225	1591
14. Teaghboyen, McEnylle of	Fiants Eliz. §5740	1592
15. Crosbohin, barony of	Fiants Eliz. §5865	1594
19. Crosbohin or Clanmorice Bar.	CPR Jas I 110a	1607
20. Crosbohin Bar.	CPR Jas I 287b	1614
21. [Crossboyne... Prebendary of		

[1] Ceanglaítear *Kyllmygany* le Cill Mheáin Mhór i mbarúntacht Chill Mheáin in innéacs *CEPR* agus tá sé seo inchosanta go leor, ach féach fosta faoi Gortnagusetaul i bparóiste Mhaigh Eo. I dtaca le *Kyllcurrnan*, féach tagairtí do *Cill Churnáin* faoi Garryduff West thíos.

[2] *Cillenalla*: "unidentified", de réir innéacs *CEPR*.

Ballingarry][3]	Regal Visitation (Knox)	1615
22. Crosbolyn [sic], p. de	Inq. ME I.106	1623
23. Crosboyghan, Crosboyghne	BSD 50	1661
24. Crosboyghan Parish	BSD 53	1661
25. Crossboyne	Hib. Del. Mayo	1672c
26. Crosbohine	Description of Mayo §42	1684c
27. Cros Boyne	Connaught Map (NLI) 2	1700c
28. Crossboughne Parish	CRL 2A.3.16, 154a	1710c
29. Corbohine Parish	CRL 2A.3.16, 154b	1710c

[3]1. Balymgarrga, [rectories of Raythcurrnan and] CEPR vii 95-6 1418
2. Dermit Oscara... [rectory of rural lands of] Balemgarga / Balengarga CEPR x 81 §81 1460
3. [St Michael's, Mayo... rural lands of Balimgarliat... of the parish church of St. Geraldus, Mayo] CEPR xiii 533 1475c
4. Belemgarga [*sic*] CEPR xv 1 §2 1485
5. [parish church of] Balemgarga [*sic*] CEPR xv 201 §405 1489
6. Balengarba, ... rectorie parrochialis ecclesie de Oblig. Tuam. 102 §272 1491
7. [rural lands of] Balle Ingarga... [united to the canonry and the prebend of] Kylcornan CEPR xviii 520 §762 1492
8. [rural lands of] Balle Ingarga CEPR xviii 523 §765 1507
9. praebendam de Baleingarray et praebendam de Cluynmor Bodkin's Visit. 152 1565c
10. Ballynegarry First Fruits 1584c
12. Ballingarry... Thomas O'Hogirty Incumbents [1591] 224 1591
13. Ballingarie, parcel of the possessions of the beey of Mayo, the rectory of Fiants Eliz. §5865 1594
14. rectory, tithes, glebe, &c. of Balligarrie CPR Jas I 79a 1605
15. (?)Ballingarry CSP Ire. 65 §100 1606c
16. [Crossboyne... Prebendary of Ballingarry] Regal Visitation (Knox) 1615
17. Ballingarry, Parsonage of Reg. Deeds Lib. 51, 362 §33996 1723
18. Ballygorry, Rectory of QRL 2A.6.69, 83 1787

Baile an Gharraí, is léir. Ceanglaítear *Raythcurrnan* i bhfoirm 1 le *Cill Churnáin* (féach Garryduff West thíos; cf. foirm 7 thíos).

30. Crosbohine Parish	CRL 2A.3.16, 155b	1710c
31. Crosboyn	Price, Senex & Maxwell	1721c
32. Crosbohin Parish	L. Blosse Papers 213 §103	1750c
33. Crossbughine Parish	QRL 2A.6.70, 585	1787
34. Corbohine Parish	QRL 2A.6.70, 589	1787
35. Crosbohine Parish	QRL 2A.6.70, 592	1787
36. Crossboyne R.	Beaufort	1792
37. Crossboyne	Tithe App. Book §63	1823c
38. Crossboyne	Bald	1830
39. Parish of Crossboyne	Litir Eolais	1838
40. Parish of Crossboyne	ST (ALSO)	1838
41. Crossboyne	T O'C (ALSO)	1838
42. Crois Baoithín "St. Baeithin's Cross"	J O'D (ALSO)	1838
43. kroʊsˈboin	TC4	2009

"[Situated] in the [southern] extremity of the barony of Clonmorris... Bounded on the east by the parish of Kilvine, south by the parish of Lisgeevy and Addergoole in the barony of Dunmore, Co. Galway, west by the parish of Killcommon in the barony of Kilmain, [and by the parish of Tagheen and north by the parish of Kilcolman]" (*ALSO*). Tá 78 baile fearainn sa pharóiste seo.[4] Luaitear lonnaíocht eaglasta le Ballyglass, Caltragh, Carrownskehaun, Cloonmore, Crossboyne agus Garryduff West.

Tá claonleagan (*crois*) den bhuneilimint *cros* "cross as relig. symbol; of monastic cross as object of devotion... hence shrine at cross, church, etc." (*DIL* sv.)[5] cáilithe anseo ag ainm naoimh. "The *Baoithín* commemorated here may be the *Baoithín mac Cuanach* who is credited with founding *Tech Baithín* in Airtech - *Tibohine*[6] near Ballaghaderreen - possibly in the late 6th century" (*Ó Muraíle: Nótaí*);

[4] Tugtar achar na mbailte fearainn mar a léirítear é ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí idir lúibíní cearnógacha sna cuntais ó na hAinmleabhair, thíos.

[5] I dtaca leis an dara ciall a luaitear le *cro(i)s* amanna, "crossroads", cf. *béalad* "place where several roads meet, crossway" i logainmneacha faoi ainm paróiste Chill Bhéalad i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

[6] Spéisiúil go leor, liostaítear an dá fhoirm seo thíos le mainistreacha Mhaigh Eo (idir Buiríos Ceara agus An tSráid, san fhoinse): meascadh?

1. Teaghboyhyn [Abby]	Division Connaught 2 (Carew) 473	1574
2. The abbay of Teaghboyhyn	Division Connaught 2A (Knox) 217	1574

liostaítear seisear naomh agus 15 tuatach den ainm *Baoithín* sa Ghinealach Mór féin (*LMG* v 61). Tá *Tigh Baoithín* socraithe mar fhoirm Ghaeilge den ainm paróiste agus baile fearainn *Tibohine* i mbarúntacht Dhún Gar i Ros Comáin; tá *Teach Baoithín* socraithe mar an bhunfhoirm den ainm paróiste *Taughboyne* i nDún na nGall; agus tá *Baile Ráth Baoithín* socraithe mar an bhunfhoirm den ainm paróiste Balrathboyne sa Mhí (www.logainm.ie). Tá *Cnoc Baoithín* / Knockbweeheen i Luimneach (*L. Log*. 30). Tá sloinne bunaithe ar an ainm pearsanta *Baoithín* le sonrú san ainm *Baile Uí Bhaoithín* / Ballywiheen atá i gCorca Dhuibhne (*IROL* 55 §79).

Ainmneacha Bailte Fearainn

Ballindell East	(?)Baile an Deile Thoir	
M349725; 101, 111	*de bhunús éiginnte*	
1. Ballandell and Loughanleagh[7] 1 qr. of Donaveille[8] 2 qrs	BSD 54	1661
2. Ballidell	Hib. Del. Mayo	1672c

[7]1. ¾ cartron of Loghanleogh...

Loghanelia in the qr of Knockanegore	Strafford Inq. §160V	1635
2. Loghaneleagh 1 qr., Ballyandle and	ASE 254a	1678
3. Loghanlea qr., Ballyandle and	QRL 2A.6.69, 546	1787
4. Loghanlea, Ballandell &	CRL 2A.3.16, 149a	1710c
5. Loughaneele in Ballindel	L. Blosse Papers 193 §75	1754
6. Loghanlea, Ballandall &	QRL 2A.6.70, 564	1787

[8] 1. Doonedanile — Inq. ME II.229 — 1617
2. Doonedanile — Inq. ME II.239 — 1617
3. Donavoyle, 2 qrs of — Strafford Inq. §111 — 1635
4. Donovoile, 2 qrs of — Strafford Inq. §111V — 1635
5. Donavoyle, 2 qrs of — Strafford Inq. §121V — 1635
6. Doonevayle, 2 qrs of — Strafford Inq. §131 — 1635
7. Donaveile 1 quartr. — BSD 54 — 1661
8. Donaveille 2 qrs — BSD 54 — 1661
9. Downaveile — Hib. Del. Mayo — 1672c
10. Dandavell 1 qr. and 1 cart. — ASE 275b — 1683
11. Dundervoyle 1 qr. — CRL 2A.3.16, 148b — 1710c
12. Dundervoyle 1 qr. — QRL 2A.6.70, 564 — 1787

Léirítear foirm 9 suite siar ó thuaidh de *Ballidell* ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*.

3. Ballandell & Loghanlea	CRL 2A.3.16, 149a	1710c
4. Ballindel, Loughaneele in	L. Blosse Papers 193 §75	1754
5. Ballandall & Loghanlea	QRL 2A.6.70, 564	1787
6. Ballindell East	Tithe App. Book §63	1823c
7. Ballindell East	Litir Eolais (ALSO)	1838
8. Ballindell East	ST (ALSO)	1838
9. Bullandell	Cess Book (ALSO)[9]	1838
10. Ballindell East	T O'C (ALSO)	1838
11. Baile an Deil:e	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
12. Baile an dei < l:e "town of the separation"	J O'D (ALSO)	1838
13. ˌbalənˈdɛl	TC1	2009

"It contains about 82¼ acres [81a. 1r. 5p.]... including about 15 acres of bog. Situated in the east side of the parish. Bounded on the [south by Ballindell West and Castlemagarret], north and west by Rushbrook East... The property of Lord Oranmore, Castlemagaret" (*ALSO*). Léirítear teach amháin i gceann thiar theas na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Is féidir gur chuid de dhiméin *Castlemagarret House* (féach Castlemagarretpark New) a bhí sa bhaile fearainn seo ag an am.

Tá focail éagsúla ann a litrítear mar *deil*, iad seo a leanas ina measc: "separation"; "prob. f.... charioteer's wand, goad; spear or missile of some kind; piece of wood used in yoking catlle; upright supporting a roof beam; turner's lathe"; "female pig two years old" (*DIL* sv. 1*deil*, 2*deil*I agus 3*deil*, faoi seach). Is cosúil, áfach, gur ainmfhocail bhaininscneacha iad uilig. Ní léir go conclúideach ceartbhunleagan an fhocail *deala* "In Corm.... apparently pl., sg. deil... teat, dug... deil .i. sine bó; affection, kinship..." (*DIL* sv. 1*dela*): *deil*, arís, is cosúil, áfach. Féach, mar sin, *deall* / *diall* "o, n. later m.?... swerving, turning aside; going astray, moral aberration" (*DIL* sv. *díall*, *dell*); bheadh an leagan ginideach *dealla* inghlactha, go stairiúil (*IGT Decl.* 126-7 §95) ach thiocfadh linn an leagan neamhtheastaithe *deill* a chur san áireamh anseo, b'fhéidir; féach fosta *dealla* "brooch" (*ibid*. sv. 1*della*). Eilimintí thar a bheith neamhchoitianta a bheadh iontu siúd, beirt, is léir, áfach; ní thiocfadh siad go seoigh leis an leagan déanach Gaeilge a léiríonn [lʹə], ach an oiread. Ní léirítear an siolla

[9] Ar iasacht ó fhear darbh ainm dó "Gibson", is cosúil (*ALSO*). Is ar éigean is ionann an duine seo agus an "D. Gibbons, Brookhills" a luaitear mar fhoinse i gcás cuid bheag foirmeacha eile.

deireanach seo sna foirmeacha stairiúla agus i ndiaidh nach bhfuil béim an ghutha air, b'iontacht linn gan rian de a fheiceáil áit éigin sa tréimhse 1661-1800. Is féidir, mar sin, go léiríonn an fhoirm dhéanach Ghaeilge athmhíniú deireanach.

An dtiocfadh dó gur gaelú ar an sloinne Béarla *Dill*, "[an] English name [which] was in Donegal in the first half of the seventeenth century and [which] is still found there" (MacLysaght 1985, sv.) atá i gceist? Féach fosta an sloinne Sasanach *Dell* "originally derived from the Anglo-Saxon word *dell* which referred to someone who inhabited an area close to a body of water or glade... first found in Sussex... variations include Delle, Dells..." (www.houseofnames.ie), nach bhfuil teastaithe sa tír seo, go stairiúil, dá bhfuil a fhios agam. I bhfianaise an amhrais a bhaineann le sanas agus bunfhoirm Ghaeilge an logainm seo, moltar leagan atá bunaithe ar an fhoirm dhéanach Ghaeilge.

Is cosúil gur focal déanach iasachta é *déil* "m., deal (timber)" (*Dinneen*); ní gá, ach oiread, *dall* "a blind person" (*DIL* sv. *dall*III), atá molta mar cháilitheoir san ainm Ballindall i Ros Comáin (nótaí Uí Dhonnabháin san Ainmleabhar: www.logainm.ie), a chur san áireamh.[10] Ní úsáidtear na cálitheoirí *East*, *West* go háitiúil.

Ballindell West	Baile an Deile Thiar	
M346720; 111	*de bhunús éiginnte*	
1. Ballindell West	Tithe App. Book §63	1823c
1. Ballindell West	Litir Eolais (ALSO)	1838
2. Ballindell West	ST (ALSO)	1838
3. Bullandell	Cess Book (ALSO)	1838
4. Ballindell West	T O'C (ALSO)	1838
5. Ballindine East	Litir Eolais (ALSO)	1838
6. Ballindine East	ST (ALSO)	1838

"It contains about 500a.... all arable land. Situated in the [north] side of the parish. Bounded on the north by Ballindell East and Rushbrook West, south by Castle Magarret Park Old, and west by Guard House Park. The property of Lord Oranmore, Castlemagaret" (*ALSO*). Ní léirítear aon teach sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí: cuid de dhiméin *Castlemagarret House* a bhí ann ag an am.

Féach nóta ar an ainm seo faoi Ballindell East, thuas.

[10] Nó *diall* "-aille, f., the breech; a seat" nó *diall* "-aille, f., a knapsack" (*Dinneen*) ach an oiread.

Ballindine East	Baile an Daighin Thoir	
M372690; 112	*"the townland of the fort, east"*	
1. Balyndangyn	NAI RC 7/13/3, 28	1308c
2. Ballindingen	Fiants Eliz. §4898	1586
3. Ballindingen	Fiants Eliz. §4902	1586
4. Ballidagen, McCostellow of	Fiants Eliz. §5451	1590
5. Ballindagin, Davy duf of	Fiants Eliz. §5617	1591
6. Balyndingan	CPR Jas I 125a	1608
7. Ballendangin	Inq. ME II.281	1617
8. Clonecreagh, Farrowcarrow and Magherenehiveligh, 1 gneeve each, and part of Lissnebregagh, 2 gneeves, late the estate of Moyler-bane McDavis Oge McCostula of Ballindine, killed in rebellion	CPR Jas I 558b	1622
9. Ballyndeguen	Inq. ME III.325	1625
10. Ballendangen 6 qrs. viz. Moyhesker, Fergarrow, Skehyneskelly, Changarry et Magherneskehy, in Lichinbracke & Killyncakcally[11]	Inq. ME III.317	1625

[11] 1. Coiltecackly — Inq. ME II.281 — 1617
2. Killyncakcally — Inq. ME III.317 — 1625
3. Killtycackally — Inq. ME III.325 — 1625
4. Huberte mc Callough mc Costello ... half town of Killicackelly — Strafford Inq. §2 — 1635
5. Kellycackelly, half town of — Strafford Inq. §3V — 1635
6. Killecackelly, 3 gnives in the half townland of — Strafford Inq. §5V — 1635
7. Killcassett [*sic*] 1 qr — CRL 2A.3.16, 170a — 1710c
8. Killicorkly 2 qrs. of Ballendangen 6 qrs ... Killcackley 4 gneeves — BSD 58 — 1661
9. Killicakle — Hib. Del. Mayo — 1672c

Léirítear foirm 9 suite in iardheisceart an pharóiste ó thuaidh de Killeen, ar bhruach thiar abhann. Cf. foirmeacha stairiúla Brownhall Demesne i bparóiste Mhaigh Eo.

11. Ballindangin, cas. & vill. de	Inq. ME III.369	1629
12. Dominik Lynch Fitz John of Gallway, merchant, - ½ qr in Ballin-Dangin,	Strafford Inq. §6	1635
13. Ballindangan, town and lands of	Strafford Inq. §9	1635
14. Shanballeowen 2 qrs. of Ballindangin [and] 6 Qrs in ye Barony of Costello	BSD 57	1661
15. Killicorkly 2 qrs. of Ballendangen 6 qrs... Killcackley 4 gneeves	BSD 58	1661
16. Ballindangin	Hib. Del. Mayo	1672c
17. Kiltacle or Killucle 4 gneeves, part of Ballindangin or dasen	ASE 253b	1678
18. Skyard als Skyward ½ qr. part of Ballindangen	ASE 254a	1678
19. Ballydangen als Shanballyowen ... Shanballyowen 2 qrs	ASE 254a	1678
20. Killteila 4 gnee, 1 pt. of Ballindengan; Killeene 4 gnee, pt. of Ballindengen; Bracklin als Castlekeile ⅔ qr; Skyard als Skyward ½ qr, pt. of Ballydangen	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
21. Ballydangan als Shanballyowen	CRL 2A.3.16, 145a	1710c
22. Ballindagin 6 qrs	CRL 2A.3.16, 168a	1710c
23. Shanballyowen 2 qrs	CRL 2A.3.16, 145a-b	1710c
24. Ballindangan 6 qrs, by the names of Eskerfeorish, Kelticalla, Killeen, Skevade, Balaviha, Carnenlena, Cloonelogha, Shanballyown, Ballindangan and Raha, with four fairs yearly and a weekly market on Saturdays at Ballindangan	L. Blosse Papers 193 §75	1754

25. Ballindine	Taylor and Skinner [mapa]	1777
26. Killteela 4 gnee, 1 pt. of Ballindangan; Killeene 4 gnee, pt. of Ballindangan; Bracklin al. Castlekeele ⅔ qr; Skyard als Skyward ½ qr pt. of Ballydangen	QRL 2A.6.69, 542-3	1787
27. Ballendangen als Shanballyowen	QRL 2A.6.69, 545	1787
28. Shanballyowen 2 qrs	QRL 2A.6.69, 547	1787
29. Ballindine	Beaufort	1792
30. Ballindine	Arrowsmith	1811
31. Ballindangan	Bald	1830
32. Ballindine East	Tithe App. Book §63	1823c
33. Ballindine East... correcte Ballindangan	T O'C (ALSO)	1838
34. Baile an Daingean	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
35. Baile an Daíngeain "Town of the fastness"	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
36. Baile an daingenn: "town of the fastness"	J O'D (ALSO)	1838
37. Baile an Daighin	GÉ 12	1989
38. ˌbalənˈdain	CRB4	2009

"It contains about 127 acres [127a. 2r. 14p.]... including about 17 acres of bog. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the north by Legalisheen North, on the east by Logalisheen South, on the south by Cloonmore and Bronrad [*sic*] and on the west by Ballindine West, Newtown South, Ballindine North and the village of Ballindine. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. The village of Ballindine lies to the north west end of this townland" (*ALSO*). Diomaite den sráidbhaile a léirítear ar theorainn thiar thuaidh na roinne, léirítear áitribh le hais bóthar Dhún Mór a reáchtálann aniar aduaidh ar an teorainn thiar, agus ar mhionbhóthar anoir sa deisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint *baile* cáilithe anseo ag *daingean* "a stronghold, fastness, fortress, defence; a strong thing" (*DIL* sv. *daingen*II(a)). Ní luaitear seanlonnaíocht leis na rannta seo sna gnáthfhoinsí (*ALSO, Monuments*); féach, áfach, go bhfuil liosanna in iarthar Newtown North agus Newtown South, a áiríodh mar dhlúthchuid den

bhunroinn talaimh ar ar tugadh *Baile an Daighin*, anuas go dtí an 19ú haois (féach thíos).[12] I dtaca le guthaíocht an chonsain [ŋ́] san eilimint seo, cf. foirmeacha stairiúla Danganmore i mbarúntacht Ghaileang agus Knockadangan i mbarúntacht Thír Amhlaidh (Imleabhair 9 agus 8, faoi seach; féach tuilleadh ag de hÓir 1964). Cf. fosta Glennamong < *Gleann na Monga* i mbarúnacht Bhuiríos Umhaill, a fhuaimnítear mar [ˌglanəˈmuː].

Ní úsáidtear na cáilitheoirí *East, North, West* go háitiúil.

Ballindine North	Baile an Daighin Thuaidh	
M363597; 111, 112	*"the townland of the fort, north"*	
1. Ballindine North	Tithe App. Book §63	1823
2. Ballindine	Laurie Map Ire. (ALSO)	1832
3. Ballindine North	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Ballindine North	ST (ALSO)	1838
5. Ballindine North	T O'C (ALSO)	1838

"It contains about 77 acres [77a. 0r. 26p]... [Situated] in a south central part of the parish. Bounded on the north by Carrowlena, on the west by Esker East, and Newtown North on the south by Newtown South, Ballindine East and the village of Ballindine and on the east by Logalisheen North and Skehevade. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is a Roman Catholic chapel in the south east of this townland; also a part of the village of Ballindine" (*ALSO*). Reáchtálann bóthar Bhaile an Daighin - Chlár Chlainne Mhuiris anoir aneas ar an teorainn thoir.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Ballindine East, thuas.

Ballindine West	Baile an Daighin Thiar	
M372685; 112	*"the townland of the fort, west"*	
1. Ballindine West	Tithe App. Book §63	1823c
2. Ballindine West	ST (ALSO)	1838
3. Ballindine West	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Ballindine West	T O'C (ALSO)	1838
5. Ballindangan	J O'D (ALSO)	1838

[12] Féach fosta an méid a leanas, áfach: "Site of the daingen (fortress) is to the [ ] of the [ ] - Martin Glin and James Garry" (nóta caite, ag deireadh *ALSO* B441).

6. I think that Ballindangan should be adopted	J O'D (nóta; ALSO)	1838

"It contains about 90½ acres [90a. 3r. 10p.]... including about 17 acres of bog. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the north and east by Ballindine East and Bronrad, on the south by the parish of Addergoole in the barony of Dunmore, Co. Galway, and by Killeen... The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear áitribh le hais mionbhóthair in iarthar na roinne, agus cuid tithe sa lár thoir, ar an chéad eagrán den léarscáil se horlaí. Tá ceann thiar thuaidh na roinne seo buailte le ceann theas shráidbhaile Bhaile an Daighin.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Ballindine East, thuas.

Ballyglass An Baile Glas

M350657; 111, 119 "*the green townland*"

1. Balliglasse	Inq. ME II.247	1617
2. Fitzpatrick... Balliglas and the four quarters otherwise Balliaspaine	CPR Jas I 394a	1618
3. Ballyglasse	Inq. ME III.373	1631
4. Ballyglasse, 4 qrs of	Strafford Inq. §131	1635
5. Ballyglasse, 4 qrs of	Strafford Inq. §§144V, 154V	1635
6. Balliglasse 3 qrs.... Carroskeaghan 1 qr. of Ballyglasse	BSD 60	1661
7. Ballyglasse	ASE 93b	1666
8. Balloghglasse	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Ballyglasse and Carrowskehan, 4 qrs of	ASE 239b	1677
10. Ballyglass, 3 qrs of	CRL 2A.3.16, 138b	1710c
11. 4 qrs of Ballyglass and Carrowskehane	CRL 2A.3.16, 141b	1710c
12. Ballyglasse	CRL 2A.3.16, 154a	1710c
13. Ballyglass 3 qrs of	QRL 2A.6.70, 514	1787
14. Ballyglasse	QRL 2A.6.70, 585	1787
15. Ballyglass	Bald	1830
16. Ballyglass	Tithe App. Book §63	1823c

17. Ballyglass	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Ballyglass	ST (ALSO)	1838
19. Ballyglass	Cess Book (ALSO)	1838
20. Ballyglass	T O'C (ALSO)	1838
21. Ballyglass	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
22. Baile Glas	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Baile glas "green town"	J O'D (ALSO)	1838
24. ˌbaliˈglas	TC4	2009

"It contains about 894 acres [894a. 0r. 5p.]... including about 222 acres of bog. [Situated] in the south west extremity of the parish. Bounded on the north by the townland of the Heath, on the east and south by Killeen and the parish of Lisgeevy in the barony of Dunmore, Co. Galway, and on the west by the townland of Carrownaskeehaun. The property of E. Blake, Oranmore Castle. There is a Roman Catholic chapel and monument[13] in the south west end of this townland. There is a triangulation station in the central part of this townland called Ballyglass, 243 feet above low water. Also an ancient fort" (*ALSO*). Léirítear grúpa mór tithe i lár thoir na roinne, grúpaí eile tithe sa lár thuaidh, iarthar agus deisceart, agus áitribh eile scaipthe tríd an roinn (teach mór darb ainm *Ballyglass Ho.* suite gar don teorainn thiar san áireamh), ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear dhá lios sa tuaisceart (M353671 agus M354671) agus lios eile sa lár (M351654). Léirítear lios eile i lár na roinne ar léarscáileanna reatha (M350658).

Tá 11 baile fearainn den ainm Ballyglass sa chontae seo; féach sampla eile i bparóiste Chill Cholmáin sa bharúntacht seo féin. Tá samplaí eile sa Chlár, i gCorcaigh, Laois, Ros Comáin, Sligeach agus san Iarmhí (*Census 1851*). Féach *DIL* (sv. 2*glas*I(a)) i dtaca leis an aidiacht cháilithe *glas*: "descriptive of various shades of light green and blue, passing from grass-green to grey...; of green or greenish hue (esp. of growing things, grass, trees, *etc.*)".

Is cosúil go gclúdaíonn an roinn seo cuid iar-rannta atá tite i léig: féach cuid féidearthachtaí ar nós *Carrowreagh* faoi *Ainmneacha Eile* thíos.

[13] "Mont." ag *Bald*.

Ballyhankeen	Baile Haincín	
M319676; 111	"Haincín's *townland*"	
1. Ballyhanken	Inq. ME I.39	1608
2. Ballihanken 1 qr	CPR Jas I 179a	1610
3. Ballipankin	Inq. ME II.237	1617
4. Ballyhankin, Prendergast of	CPR Jas I 394a	1618
5. Ballyhankin, ⅓ qr of	Strafford Inq. §119V	1635
6. Ballyhankine, 1 qr of	Strafford Inq. §131	1635
7. Ballyhankine, the qr of	Strafford Inq. §133	1635
8. Ballyhankin	Strafford Inq. §§150V, 151	1635
9. Ballyankin, the qr of	Strafford Inq. §151	1635
10. Ballyhinkin, the qr of	Strafford Inq. §154	1635
11. Ballyhankin 1 qr.	BSD 60	1661
12. Ballyhanken 1 qr.	ASE 125b	1667
13. Ballihankin	Hib. Del. Mayo	1672c
14. Ballyhengan 1 qr.	ASE 248b	1678
15. Ballyhankin	Forfeit. Estates 394	1703
16. Ballyhengan 1 qr.	CRL 2A.3.16, 149a	1710c
17. Ballynehenkin, towne & lands of	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
18. Ballyhankin	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
19. Ballyhengan 1 qr.	QRL 2A.6.70, 566	1787
20. Ballyneheinkin, town & lands of	QRL 2A.6.70, 578	1787
21. Ballyhankeen	Bald	1830
22. Ballyhankeen	Tithe App. Book §63	1823c
23. Ballyhankeen	Litir Eolais (ALSO)	1838
24. Ballyhankeen	ST (ALSO)	1838
25. Ballyhankine	Cess Book (ALSO)	1838
26. Ballyhankeen	T O'C (ALSO)	1838
27. Ballyhankeen	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
28. Baile h-ain:cín	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
29. Baile h-ain:cín: "Hankin's town"	J O'D (ALSO)	1838
30. Baile Uí Ainc[h]ín	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
31. Baile Haincín	www.logainm.ie	2005
32. ˌbaliˈhanki:n	TC4	2009

"It contains about 374 acres... including about 32 acres of bog. Situated in the north side of the parish about four miles south of the town of Claremorris. Bounded on the north by the parish of of Taugheen, south by Killeewreenagh [sic], east by Curragh-a-dhu, Scardaun East and Commons and on the west by Seefin. The property of G. Vessy, England" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe tríd an roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tharla gur chuala Ó Donnabháin leagan Gaeilge go háitiúil (foirmeacha 28-9), is féidir leagan malartach neamhtheastaithe den sloinne *Ó hAinchín*[14] a chur as an áireamh mar cháilitheoir. Is cosúil, mar sin, gur gaelú ar an ainm pearsanta Angla-Sasanach *Hankin*, nó, mar a mholtar anseo, gaelú ar an sloinne *Hankin* atá bunaithe air, atá i gceist: "The Anglo-Saxon [sur]name Hankin comes from the baptisimal [anme] *John*... from [the diminutive] *Johan-kin*... First found in Somerset, where they were seated from very early times... Spelling variations include Hanking, Hankinson, Hanken and others" (www.houseofnames.com).

Branraduff	Branra Dubh	
M383683; 112	*"black fallow field"*	
1. (?)Barma,[15] 1 gnive in the qr of	Strafford Inq. §133	1635
2. Branraduff	Tithe App. Book §63	1823c
3. Bronraduff	Bald	1830
4. Bronradhu	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Bronradhu	ST (ALSO)	1838
6. Braunradoo or Braunraduff	T O'C (ALSO)	1838
7. Branraduff	J O'D (ALSO)	1838

[14] "A branch of the Síol Anmchadha in Clare and Galway: frequently changed to Hannon. A notable clerical family" (MacLysaght 1985, 144 sv. *O Haneen*, *Hanheen*). Spéisiúil go leor, áfach, is féidir go mbeadh fasach éigin le sonrú sa luaineacht idir an dá leagan bhéarlaithe *Heneghan* agus *Hennigan* den sloinne áitiúil *Ó hÉineacháin* (MacLysaght 1985, 154 svv.).

[15] Is féidir gur foirm d'iar-roinn eile ar fad, de shuíomh éiginnte sa pharóiste, atá i gceist; féach foirmeacha eile na hiar-roinne sin thíos:

1. Barryne	Inq. ME I.39	1608
2. Barrine ½ qr	CPR Jas I 179a	1610
3. Bareny	Strafford Inq. §131	1635

Is féidir, mar sin, gur áiríodh Branraduff mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí: Cloonmore, atá ó thuaidh de, b'fhéidir? Féach féidearthachtaí eile faoi *Ainmneacha Eile* thíos.

8. Branraduff	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
9. Branra Dubh "black fallow"	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Branna dubh	J O'D (dúch; ALSO)	1838
11. Branna dubh = Branara Dubh = "black fallow"	J O'D (dúch; ALSO)	1838
12. ˌbranrəˈd̟f	CRB4	2009

"It contains about 229 acres... including about 47 acres of bog and rough ground. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the north and east by the townland of Ballindine West, Ballindine East and Cloonmore, on the south by Castlerea and Millick, and west by the parish of Addergoole in the Barony of Dunmore, Co. Galway. The property of E. Blake, Oranmore Castle" (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh i lár agus oirthear na roinne, agus le hais bhóthar Dhún Mór a reáchtálann anoir ar an teorainn thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Is cosúil gur leagan malartach den fhocal *branar* "fallow land; act of tilling, preparing (land for new crop)" (*DIL* sv. 2*branar*), "a fallow field; the loose surface of a grubbed field... *fearann branair*, fallow land" (*Dinneen*) atá mar bhuneilimint anseo, seachas forbairt i gciall ó *brannra* "a support, prop, stand... a tripod or iron rest for a pot; a pot" (*ibid*.; cf. *DIL* sv. *brannrad*).[16] Tá *Branra* molta mar bhunfhoirm Brandra i Laois agus Branra i Liatroim (www.logainm.ie). Cf. leaganacha áitiúla meititéise den fhocal *iolar*, [ɵlrə] nó [ɵ̟rlə], in ainmneacha ar nós Derryilra agus Doovilra i mbarúntacht Mhuraisce agus *Inishilra* in Inse Mó (féach Imleabhar 2); cf. fosta Slievanilra sa Chláir (*Census 1851*). Tá *branra* cáilithe anseo ag *dubh* "black, swarthy, dark" (*DIL* sv. *dub*I).

[16] Nó seachas *bran* "raven" nó *bran* "bran, chaff" (*DIL* sv. 1,2*bran*) móide an iarmhír neamhchoitianta -*ra* (féach an mionainm *Sheeffry* < *Síofra* faoi *Ainmneacha Eile*, paróiste na Nuachabhála i mbarúntacht Mhuraisce) i gciall chnuasaigh, áitreabhach.

Brookhill	*Cnoc an tSrutháin*	
M330729; 101, 111		
1. (?)Kiellcolla, mcAlexander roe of	Fiants Eliz. §5458	1590
2. Keelcoill	Inq. ME II.229	1617
3. Keelcoile... Keilcoile	Inq. ME II.247	1617
4. Keelcoell, qr of	CPR Jas I 319a	1617
5. Killcoill... Keillcoill	CPR Jas I 394a	1618
6. 2½ gnives in the qr of Lyllkell, viz. the gnive of Drumm and the gnive of Burris, and the ½ gnive of Creekmenevie	Strafford Inq. §112	1635
7. 1 cartron of Coolkeill... ½ cartron of Coolkill	Strafford Inq. §132	1635
8. Coolekeill, the qr of	Strafford Inq. §132V	1635
9. Keilekill 1 qr.	BSD 57	1661
10. Killbett [*sic*] 1 qr.	ASE 125b	1667
11. Killkill	Hib. Del. Mayo	1672c
12. Killekell	ASE 253b	1678
13. castle and 4 qrs. viz. CastlemcGerrald 1 qr., Derry 1 qr., Killihell als Carrowledane 1 qr. and Bracklone 1 qr.	ASE 275b	1683
14. Killkell 1 qr.	CRL 2A.3.16, 141a	1710c
15. Killekell ⅔ of a qr	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
16. Brookhill, George Gonne of	Reg. Deeds Lib. 18, 33 §8256	1716
17. K[ ]kall	L. Blosse Papers 193 §75	1754
18. Killkeel 1 qr.	QRL 2A.6.70, 527	1787
19. Killekell ⅔ of a qr.	QRL 2A.6.69, 542	1787
20. Brookhill	Arrowsmith	1811
21. Brookhill	Tithe App. Book §63	1823c
22. Brook-hill	Bald	1830
23. Brookhill	ST (ALSO)	1838
24. Brookhill	Litir Eolais (ALSO)	1838
25. correct	T O'C (nóta; ALSO)	1838

26. Brookhill	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
27. Cnoc an tSrutháin	www.logainm.ie	2005
28. ˈbruːkʰɪl	TC2, TC4	2009

"[101a. 0r. 21p.]. [Situated] in the north side of the parish. Bounded on the north by Carrowmore, south by Leydaun, east by Paul-an-ish-ka, and west by Farmhill and Coolroe. The property of Mr. Bell, Dublin... Boundary of townland not complete on plan" (*ALSO*). Léirítear teach mór darb ainm *Brookhill*, agus cuid plandála, i dtuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; ní léirítear áitreabh comhaimseartha ar bith eile sa bhaile fearainn. Tá liosanna i ndeisceart agus oirthuaisceart an bhaile fhearainn (M331725 agus M334730; féach *Monuments* §101). Tá deisceart na roinne suite ar shleasa thoir cnoic 100 méadar ar airde a bhfuil a mhullach suite gar don teorainn thiar theas i ndeisceart Carrowmore (agus darbh ainm dó *Cnoc Uí Chonchúir*, tráth). Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba aniar aduaidh ar an teorainn thuaidh.

Tá foirmeacha 2-15 agus 17-19 bunaithe ar *coill* "wood, forest" (*DIL* sv. *caill*) réamhcháilithe ag *caol* "thin, slender, narrow" (*DIL* sv. *cáel*I). Léirítear foirm 11 suite i suíomh a bheadh ag teacht le suíomh Brookhill; níos tábhachtaí, cinntíonn 13c gur áiríodh *Caolchoill* le Leedaun atá buailte le teorainn thoir Brookhill. Tá an chosúlacht ann, áfach, go raibh an t-ainm tite i léig faoin 19ú haois.

Tá *Caolchoill* socraithe mar bhunfhoirm Keelkill agus Keelkyle i nGaillimh (www.logainm.ie). Tá *Cnoc an tSrutháin* socraithe mar leagan Gaeilge Brookhill i gCorcaigh; tá *Caol na bhFuarán* socraithe mar bhunfhoirm Brookhill i gCiarraí (www.logainm.ie). Tá Brookhill eile i bhFear Manach (*Census 1851*).

Burris	An Bhuiríos	
M340709; 111	"*the burgage*"	
1. Baries	Inq. ME II.247	1617
2. 2½ gnives in the qr of Lyllkell, viz. the gnive of Drumm and the gnive of Burris, and the ½ gnive of Creekmenevie	Strafford Inq. §112	1635
3. Burris	Tithe App. Book §63	1823c
4. Burris	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Burris	ST (ALSO)	1838

6. Burresh [in] common usage	T O'C (ALSO)	1838
7. Burris	T O'C (ALSO)	1838
8. made Borris in the south of Ireland	T O'C (nóta; ALSO)	1838
9. Burrís	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Burri // s "burgage land"	J O'D (ALSO)	1838
11. ˌbo̝rəs krɔsˈboin	TC4	2009

"It contains about 29¼ acres [29a. 1r. 29p.]... including about 2 acres of planting. Situated in a central part of the parish, about 2 miles south west of the town of Claremorris. Bounded on the north by Glebe, south by Castlemagarret Park Old and west by Drummin West. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is a Roman Catholic Chapel in the north end of this townland. Crossboyne Bridge is in the north west end of the townland" (*ALSO*). Léirítear cúpla teach i ndeisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; léirítear an séipéal suite san iarthuaisceart, gar don Róba a reáchtálann anoir aduaidh ar an teorainn thuaidh, agus gar don droichead thuasluaite. Ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* é an baile fearainn seo, in 1838.

Is leagan den fhocal *buirgéis* "(Fr. *buirgeis*... Cf. English *burgess*?) borough-(town)" (*DIL* sv. *buirgés*) é *buiríos*. Scríobh an Donnabhánach an nóta seo faoin fhocal i dtaobh ainm paróiste *Buiríos Umhaill* in iarthar an chontae: "The word buirghéis, though certainly cognate with the primitive Irish words Brog, Brugh, Brúghaidhe, etc., is not of Irish origin, but borrowed from the Anglo-Normans since the year 1172, for I find no buirghéis on record prior to that period. We have several places in Ireland the names of which begin with buirghéis, anglic[ized] Borris, as Borrisokane, Borris-in-Ossory, Borriscarra, etc., all derived from small Burga or Borough towns established at those places by the Anglo-Normans families shortly after their arrival" (*LSO* ii §3). Féach fosta Flanagan & Flanagan: "[It] seems to be a direct borrowing of the English medieval legal term *burgage*, meaning 'a tenure whereby lands or tenements in cities or towns were held of the king, or other lord, for a certain yearly rent... it is not particularly common in place-names... found only in the provinces of Munster, Leinster and Connaught... In most instances it carries a qualification indicating either its location or the family who were involved..." (*IPN* 36-7 sv. *buiríos*).

Moltar an fhoirm *buirgéis* i gcuid ainmneacha, ar nós Burges / *An Bhuirgéis* i dTiobraid Árann (*L. Log*. 37). Moltar *buiríos* i gcuid ainmneacha eile, ar nós Borris /

An Bhuiríos (ginideach *na Buiríse*) sa chontae céanna (*ibid*. 38). Is beag an fhianaise atá againn gur úsáideadh an t-alt leis an eilimint seo i Maigh Eo. Go díreach, a mhalairt d'fhianaise atá ann: cf. "Moirigis, pronounced Murree-ash, i.e. i m-Buirgéis" a thaifead Ó Donnabháin i dtaca le Borris i bparóiste Mhaigh Nulla i mbarúntacht Cheara. Ar mholadh ón Bhrainse Logainmneacha, áfach, cloítear leis an leagan *An Bhuiríos* i bhfoirmeacha molta Gaeilge sa saothar seo. Aisteach go leor, níl fianaise ar bith againn sna foirmeacha stairiúla de shéimhiú ar thúschonsan an cháilitheora san ainm paróiste *Buiríos Ceara* i mbarúntacht Cheara.

Tá Burris eile i bparóiste Chill Mhiáin sa bharúntacht seo, agus dálta an tsampla sin, is féidir claonfhoirm (*buirís*) den bhuneilimint a léamh ar na foirmeacha déanacha thuas. Béarlaíodh an eilimint *buiríos* mar *borris* i Leath Mó: tá bailte fearainn darb ainm Borris i Laois, Ceatharlach, Loch Garman agus Tiobraid Árann (*Census 1851*).

Ní úsáidtear an t-ainm seo níos mó, go háitiúil (*CRB3*): glactar leis an roinn seo mar dhlúthchuid de Crossboyne.

Caltragh	An Chealtrach	
M320734; 111	*"the old burial ground"*	
1. Caldraghe	Inq. ME I.71	1611
2. Caldragh ½ qr	CPR Jas I 427a	1619
3. Caltragh	CPR Jas I 443b	1619
4. Caltrogh ½ qr.	BSD 56	1661
5. in Kinkelly,[17] known by the names		

[17] 1. Moyler MacMoris of Kenekely [and]

Barrillagh	Division Connaught 2 (Knox) 346-7	1574
2. Kenkilly... 14 qrs	CBC 94	1585
3. kinkilly... 14 qrs	CBC 100	1585
4. Kinkellie... Kinkelly, McSherowen of	Fiants Eliz. §5458	1590
5. Kinkelly	Connaught Map (NLI)	1600c
6. Kinkillon [sic], c. & b. de	Inq. ME I.71	1611
7. Kinkillow, in v. de	Inq. ME I.73	1611
8. Kinkelline [*sic*]	Inq. ME II.243	1617
9. Kinkellewe	Inq. ME II.245	1617
10. Kinkillew, McUlick Prendergast of	CPR Jas I 394a	1618
11. McMorish of Kinkillew...		
2½ qrs of Kinkillew	CPR Jas I 394a	1618

of Caltra and Coolemackena, with the castle and bawne of Kinkelly	ASE 248b	1678
6. Cultragh and Coolemckena 1 qr.	ASE 275b	1683
7. Kinkelly known by the names of Caltra and Coolemckenna with the castle and bawne of Kinkelly	CRL 2A.3.16, 146a	1710c
8. Caltragh & CoolemcKena 1½ qr	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
9. Callragh	Garret O'Moore Maps 28	1721c
10. Calltragh	Reg. Deeds Lib. 82, 93 §57130	1735
11. Caltragh	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737

---

12. Kinkillowe, castle and bawn of	CPR Jas I 427a	1619
13. ⅔ of the castle of Castlegar in Kinkillare	CPR Jas I 427a	1619
14. Kinkellew	CPR Jas I 443b	1619
15. Kinkelly, Maria Bourcke ny Moyler of	CPR Jas I 46a	1605
16. Kinkellon... Kinkellowe, O'Conner of	CPR Jas I 46a	1605
17. Kinkelly, ½ qr of CoolemcKina in the 3 qrs dim*idium* of	Strafford Inq. §124	1635
18. Kinkelly, a long castle in	Strafford Inq. §124	1635
19. Kinkelly, 3½ qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
20. Kinkelly, castle and 3 cartrons in	Strafford Inq. §158V	1635
21. Kinkelly, the qr of	Strafford Inq. §164	1635
22. Kinkelly 3 qrs., Gortestellane 1 qr. being part of	BSD 56	1661
23. Kinkelly, Marlough ½ gneeve of	BSD 56	1661
24. in Kinkelly, known by the names of Caltra and Coolemackena, with the castle and bawne of Kinkelly	ASE 248b	1678
25. Kinkelly known by the names of Caltra and Coolemckenna with the castle and bawne of Kinkelly	CRL 2A.3.16, 146a	1710c
26. turfe bogg... Kinkelly	CRL 2A.3.16, 154a	1710c
27. Kinkelly known by the name of Caltra and Coole McKenna with the castle and bawn of Kinkelly	QRL 2A.6.69, 549	1787
28. turf bog... Kinkelly	QRL 2A.6.70, 585	1787

Cionn Coille, is léir. Ní léir láthair an chaisleáin. Féach foirmeacha *Gortestellane*, an "tríú ceathrú", faoi Carrowsteelaun thíos.

12. Caltragh & Kellbegg	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
13. Kinkelly known by the name of Caltra and Coole McKenna with the castle and bawn of Kinkelly	QRL 2A.6.69, 549	1787
14. Caltragh & Coole McKenna ½ qr	QRL 2A.6.70, 571	1787
15. Caltragh or Curraghmore	Tithe App. Book §63	1823c
16. Caltragh	Litir Eolais (ALSO)	1838
17. Caltragh	ST (ALSO)	1838
18. Caltragh	Cess Book (ALSO)	1838
19. generally written Caltragh	T O'C (ALSO)	1838
20. Yes, burial grounds are always written Caltragh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
21. Cealdrach. -t-	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
22. Cillín isiol[18] (and) Cillin Fedhlim (a burial ground) all in Caldragh	J O'D (p.l.; ALSO sv. Killeen)	1838
23. Cealdrach "an old burial ground"	J O'D (ALSO)	1838
24. An Chealtrach	www.logainm.ie	2005
25. ˈkaltrə	TC2, TC4	2009

"109a. 28r. 0p. Situated about two miles south of the town of Claremorris. Bounded on the north by Coolmakean, south by Kilmacanelly, east by Carrowmore and Carrowmarly and west by Taugheen Parish. The property of Lord Cranmore, Castlemacgarret. There is a burial ground in the north end of this townland called Crucknacaltragh Burial Ground. There is an ancient fortn in the south east end" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag áitreabh i dtuaisceart agus in oirthear na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios san oirdheisceart (M323732). Léirítear an reilig, ar an dtugtar *Knocknacaltragh Burial Ground*, san oirthuaisceart (M321737).

---

[18] 1. Killinesill — Inq. ME II.245 — 1617
2. Killenesill qr. — CPR Jas I 319a — 1617
3. Killinesill — Inq. ME II.247 — 1617
4. Killmesile, quarter land of — CPR Jas I 394a — 1618
5. Killinishell, the qr of — Strafford Inq. §133 — 1635
6. Killeeneishell — Garret O'Moore Maps 29 — 1721c
7. Killenistell ½ qr. — L. Blosse Papers 212 §103 — 1750c

Is forbairt ó *cill* “church... monastic settlement or foundation... churchyard, graveyard” (*DIL* sv. *cell*) í *cealdrach* “old burial ground; burial place for unbaptised infants; dreary old place; ruinius old church or house” (*Ó Dónaill*), “f. a churchyard; a burying place for unbaptised infants (*Con*.)” (*Dinneen* sv. *cealltrach*), “used chiefly in the western half of Ireland to denote an old burying ground...commonly anglicised Caltragh” (*Joyce* i 316-7). Tá *An Chealdrach* molta mar fhoirm Ghaeilge i gcás Caldragh i mbarúntacht Choistealach, Caldragh i Liatroim agus Caldragh sa Longfort; tá an fhoirm *An Chealtrach* molta i gcás samplaí de Caltragh i nGaillimh, Sligeach agus Ros Comáin (www.logainm.ie). Féach fosta Hazelhill / *An Chealtrach* i mbarúntacht Choistealach.

Carrowbeg	An Cheathrú Bheag	
M388698; 112	*“the small quarter”*	
1. Carowbegge	Inq. ME II.241	1617
2. Carrowbegg, ½ qr of	Strafford Inq. §137V	1635
3. Carrowbegg 1 qr.	BSD 55	1661
4. Carobeg	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Killestoky 4 qrs viz. Killestoky qr., Levasreagh qr., Carrowbegg qr., Costorlogh qr.	ASE 241b	1677
6. 4 qrs of Killestoky vizt. the qr of Killestoky, qr. of Levasreagh, the qr of Carrowbegg, qr of Costerlogh	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
7. 4 qrs of Killestoky vizt. the qr of Killestoky, qr. of Levasreagh, qr. of Carrowbeg, qr of Costerlogh	QRL 2A.6.70, 536-7	1787
8. Carrowbeg	Tithe App. Book §63	1823c
9. Carrowbeg	Litir Eolais (ALSO)	1838
10. Carrowbeg	ST (ALSO)	1838
11. Carrowbeg	Cess Book (ALSO)	1838
12. Carrowbeg	T O’C (ALSO)	1838
13. Ceathramhadh beag	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
14. Ceathramhadh beag [*sic*] “small		

quarter”	J O’D (ALSO)	1838
15. ˌkarəˈbɛg	CRB4	2009

“Contains about 107¾ acres [107a. 1r. 18p.]... including about 3 acres of planting. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the east by Woodstock, on the east by Lavause, on the south by Lisdhu, and on the west by Cloonmore. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. Carrowbeg Lodge is in the north east end of this townland. Also an ancient fort in the west central part of this townland” (*ALSO*). Léirítear an lóiste agus cuid plandála thart air i gceann thoir thuaidh na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí, ceart go leor; léirítear teach nó dhó eile sa lár thoir. Léirítear an lios sa lár theas (M388697).

I dtaca le Killestoky (*et var.*), ar cheathrú de an baile fearainn seo, tráth, féach Woodstock thíos. Ba cheathrúna de roinn eile ar fad iad Carrowbeg East agus Carrowbeg West: tá siad sin suite in iarthuaisceart an pharóiste.

Tá 24 baile fearainn den ainm seo sa tír: tá 14 acu i Maigh Eo féin (*Census 1851*).

Carrowbeg East	An Cheathrú Bheag Thoir	
M340736; 101	*“the small quarter, east”*	
1. Carrowbeg... 4 qrs	CBC 94	1585
2. Carrowbegg... 4 qrs	CBC 100	1585
3. Carowleigknock [sic]	Inq. ME II.235	1617
4. Carrowbegg, 1 qr of	Strafford Inq. §131	1635
5. Carrowbegg, castle and bawn of	Strafford Inq. §152V	1635
6. 1 gnive of Carrowbegg called Knockanebrick	Strafford Inq. §153	1635
8. ¾ part of another sixth part of [Carrowbegg] called Gneevelogmore	Strafford Inq. §153	1635
9. ʊ part of [Carrowbegg] wherein the said castle and bawn stand, called Loughneeveattenally	Strafford Inq. §153	1635
10. Kerrowbegg, the cartron of Gortboy[19] in the qr of	Strafford Inq. §158V	1635

[19] 1. Gortboie Inq. ME II.243 1617

11. Corrobeg 1 qr.	BSD 55	1661
12. Carrowbegg 1 qr.	ASE 275b	1683
13. Carrowbeg	Forfeit. Estates 394	1703
14. Carrowbeg & Carrowtatdan	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
15. Carrowbeg	Garret O'Moore Maps 28	1721c
16. Carrowbeg	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
17. Carrowbeg & Carrowtaldean	QRL 2A.6.70, 579	1787
18. Carrowbeg East	Tithe App. Book §63	1823c
19. Carrowbeg East	ST (ALSO)	1838
20. Carrowbeg East	Litir Eolais (ALSO)	1838
21. Carrowbeg	Cess Book (ALSO)	1838
22. Carrowbeg East	T O'C (ALSO)	1838
23. Ceathramhadh Bheag	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
24. Ceathramhadh bheag "small quarter"	J O'D (ALSO)	1838
25. ˌkarəˈbɛg	TC4	2009

"It contains 138 acres [137a. 2r. 27p.], including about 40 acres of bog... [Situated] in the north [west] side of the parish and ¼ mile south of the townland of Claremorris. Bounded on the north by Rooskbeg [sic], south by Rushbrook East, on the east by the parish of Kilcolman and west by Paul-an-ish-ka, Millbrook and Carrowbeg West. The property of Lord Oranmore, Castlemacgarret. There are three ancient forts in this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le taobh bóthair a reáchtálann aniar aduaidh ar theorainn thiar an bhaile fhearainn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear na trí lios in iarthuaisceart (M336739 agus timpeall M338738) agus iarthar (M337736) na roinne. Tá *Clare Lough* ar theorainn thuaidh an bhaile fhearainn.

Ní léir, go conclúideach, cé acu roinn ar cheathrúna di iad Carrowbeg East agus Carrowbeg West, tráth: *Cionn Coille* (féach faoi Caltragh), b'fhéidir. Chlúdaigh an baile fearainn dá dtagraíonn foirmeacha 1-16 thuas Millbrook, tráth, chomh maith, is léir.

Is cosúil nach n-úsáidtear na cáilitheoirí *East, West* go háitiúil.

---

2. the cartron of Gortboy in the qr of Kerrowbegg, Strafford Inq. §158V 1635

Carrowbeg West	An Cheathrú Bheag Thiar	
M339727; 101	*"the small quarter west"*	
1. Carrowbeg West	Tithe App. Book §63	1823c
2. Carrowbeg West	ST (ALSO)	1838
3. Carrowbeg West	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Carrowbeg	Cess Book (ALSO)	1838
5. Carrowbeg West	T O'C (ALSO)	1838

"It contains about 41 acres [41a. 2r. 35p.]... including about 10 acres of rough pasture. [Situated] in the north [west] side of the parish. Bounded on the north by Millbrook, south by Rushbrook West, east by Carrowbeg East and Rushbrook East, and west by Leydaun. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aniar aduaidh ar theorainn thoir na roinne seo.

Féach nóta ar an anim seo faoi Carrowbeg East thuas.

Carrowconor	Ceathrú Chonchúir	
M390715; 112	"Conchúr*'s quarter"*	
1. Carrowconnor	Tithe App. Book §63	1823c
2. Carrowconnor	Bald	1830
3. Carrowconnor	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Carrowconnor	ST (ALSO)	1838
5. yes	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Carrowconnor	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
7. Carrowconor	J O'D (ALSO)	1838
8. Ceathramhadh Chrochúir "Conor's quarter"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˌkarəˈkɔnər	CRB4	2009

"It contains about 109½ acres [213a. 3. 25p.]... including about 40 acres of bog and 17 acres of rough pasture. [Situated] in the east of the parish. Bounded on the north by the parish of Kilcoleman, on the east by the parish of Kilvine, on the south by Levause and on the west by Woodstock. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear lonnaíocht líneach le hais bóthair a reáchtálann aniar aneas go lár na roinne, agus cuid tithe eile san oirthuaisceart agus san oirthear, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint *ceathrú* cáilithe anseo ag an ainm pearsanta coitianta *Conchúr*: “perhaps, meaning ‘wolf-lover, lover of hounds’... one of the most favoured Irish names and is especially popular in the later middle ages and early modern period...” (Ó Corráin & Maguire 1981, 57; cf. samplaí sa Ghinealach Mór ag *LMG* v 152-60 sv. *Conchabhar*).

Tá Carrowconor eile i Sligeach (*Census 1851*). Tá Caherconnor / *Cathair Chonchúir* agus Kilconnor / *Cill Chonchúir* i gCorcaigh; tá Conorspark / *Páirc Chonchúir* i nGaillimh; tá *Droim Chonchúir* molta mar bhunfhoirm Drumconor i nDún na nGall (www.logainm.ie). Tá Glenconnor / *Gleann Chonchúir* i dTiobraid Árann (*L. Log*. 85). Féach fosta Cloonconor < *Cluain Conchúir* i bparóiste Chill Cholmáin thuas.

Is cosúil gur áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de Woodstock / *Coill an Stócaigh* sna foinsí, anuas go dtí an 19ú haois.

Carrowlena	Ceathrú Léana	
M357703; 111	*“quarter of the meadow”*	
1. (?)Carrownelean[20]	Inq. ME I.81	1612
2. Carronelena 3 gneeves	BSD 57	1661
3. Carronene [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
4. Carrowmaclema and Raigh 1 qr	ASE 254a	1678
5. Carrowmclena & Raegh 1 qr... Pollvillbree[21]	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
6. Ballindangan 6 qrs, by the names of... Carnenlena... Raha	L. Blosse Papers 193 §75	1754
7. Carro McElena & [ ] Reagh 1 qr.	QRL 2A.6.69, 543	1787
8. Carrowlena	Tithe App. Book §63	1823c
9. Carrowlena	Litir Eolais (ALSO)	1838
10. Carrowlena	ST (ALSO)	1838

[20] Liostaithe le tailte pharóiste Chill Cholmáin, san fhoinse.

[21]

1. Poleveilre 2 gneeves	BSD 57	1661
2. Pollvillbree	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
3. Pollvillbree 2 gnee pt of [Ballindangin]	QRL 2A.6.69, 542	1787

Liostaítear na tagairtí seo le Carrowlena, sna foinsí.

11. Carrowlena	T O'C (ALSO)	1838
12. Carrowlayna	T O'C (ALSO)	1838
13. Leúïna	J O'D (foghrú; ALSO)	1838
14. Ceathramhadh Leúna	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
15. Ceathramhadh leúna "quarter of the wet meadow"	J O'D (ALSO)	1838
16. ˌkaroˈliːnə	TC4	2009

"It contains about 84¾ acres [84a. 1r. 11p.]... all arable land. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Castlemacgarret Park New, on the east by Poulnasillagh and Skehevade, on the south by Ballindine North and on the west by Esker North and Esker East. The property of Lord Oranmore, Casltemagarret" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe i dtuaisceart na roinne, agus tithe eile san oirthear agus san iarthar, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Liostaítear foirmeacha 4, 5 agus 7, atá gaolta, roimh Skehvaud, sna foinsí; tá Skehavaud buailte le teorainn thoir Carrowlena. Is cosúil, mar sin, go dtagraíonn siad do Carrowlena féin. Is gá an *-m(a)c* iontu a léamh mar mheancóg leanúnacha chóipeála do *-ne*. Ar an luathfhianaise, thiocfadh linn claonfhoirm (*ceathrúin*) den bhuneilimint *ceathrú* a mholadh. Is féidir, leis, áfach, gur bhain haipléis d'alt lárnach. Cf. foirmeacha stairiúla an ainm Leamadartaun (*sic*) < *Léana na dTortán* i mbarúntacht Thír Amhlaidh agus Carrowmarley thíos.

Is gá, mar sin, dul i dtuilleamaí na bhfoirmeacha malla. *Ceathrú* a bhí in úsáid sa Ghaeilge dhéanach, is léir, cáilithe, gan alt, ag *léana* "meadowland" (*DIL* sv. *lénae*), "a meadow, swampy ground, a lawn, a field" (*Dinneen*). Tá an eilimint *léana* coitianta tríd an tír, go háirithe in Ulaidh (*Joyce* ii 401). De réir Joyce is í an bhrí atá léi, de ghnáth, ná "a wet or swampy meadow - grassy land with a soft spongy bottom". Bhí an focal *léana* baininscneach, go stairiúil (cf. *DIL loc. cit*.), ach léiríonn sí luaineacht san inscne sa Nua-Ghaeilge (cf. *Dinneen*).

Tá *Ceathrú an Léana* socraithe mar bhunfhoirm Carrowleana i nGaillimh (www.logainm.ie).

Carrowmarley	Ceathrú an Mharla	
M322741; 101	*"the quarter of the marl"*	
1. Carrownemarly	Inq. ME I.41	1608
2. Carrowenvarla	Inq. ME I.71	1611
3. Carrowenvarla... McUlick	Inq. ME I.73	1611
4. Carrowenvarla 3 cart.	CPR Jas I 427a	1619
5. Carrowenvarla	CPR Jas I 443b	1619
6. Carrowenemarley	Inq. ME I.106	1623
7. a gnive of Gortnfinny; 5¼ gnives in Carrowenmarlick; and a castle and bawn	Strafford Inq. §114	1635
8. Carrowenmarlick, qr of	Strafford Inq. §114V	1635
9. Carrownemarly, 1 qr called	Strafford Inq. §152	1635
10. Marlough 1 qr.... Marlough ½ gneeve of Kinkelly[22] qr.	BSD 56	1661
11. Marlogh	Hib. Del. Mayo	1672c
12. Murlaw or Marlow ½ qr.	ASE 255b	1678
13. Marlan [*sic*] ½ qr	CRL 2A.3.16, 146b	1710c
14. Murlagh, ye qr of	CRL 2A.3.16, 149b	1710c
15. Carrowmarley	Garret O'Moore Maps 28	1721c
16. Carrowmarla	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739
17. Marlan ½ qr.	QRL 2A.6.69, 552	1787
18. Marlagh, qr of	QRL 2A.6.70, 566	1787
19. Carrowmarley	Tithe App. Book §63	1823c
20. Carrowmarla	Bald	1830
21. Carrowmarly	Litir Eolais (ALSO)	1838
22. Carrowmarly	ST (ALSO)	1838
23. Carrowmarly. -a?	T O'C (ALSO)	1838
24. Carrowmarley	T O'C (ceartú; ALSO)	1838
25. Carrowmarla	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
26. Ceathramhadh Mharla	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
27. Ceathramhadh mhárla "quarter of		

[22] Féach faoi Caltragh thuas.

the marle”	J O’D (ALSO)	1838
29. ˌkarəˈmarli	TC4	2009
30. ˌkarəˈmɛrli	CRB1	2009

“It contains about 171½ acres [171a. 1r. 16p.]... including about 22 acres of bog. [Situated] about 1 mile [south] west of the town of Claremorris. Bounded on the north by Carrowstillaun and Gortgorrive, east by Roosky and west by Caltragh and Coolmakean. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret” (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe i dtuaisceart na roinne, agus cuid tithe le hais bóthair a reáchtálann aniar aduaidh ar an teorainn thiar theas.

Tá *ceathrú* cáilithe anseo ag *marla* “m. (Romance loan-word) marl (clay)” (*DIL* sv.). Moltar alt lárnach ar fhoirmeacha 2-5, go háirithe. Spéisiúil go leor, is cosúil gur sheas an eilimint cháilithe mar ainm as féin, tráth (foirmeacha 10-4, 17-8), b’fhéidir sa leagan *Marlach* “place of marl”.

Féach Gortawarla < *Gort an Mharla* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill agus Pollawarla < *Poll an Mharla* i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá *Glaise an Mharla* / Marlbrook i Luimneach (*L. Log*. 42); tá *Cnoc an Mharla* / Marlhill agus *Cnocán an Mharla* / Marlhill i dTiobraid Árann *(L. Log*. 53).

Carrowmore	An Cheathrú Mhór	
M327734; 101	“*the big quarter*	
1. Carowmoreknock Iconnor	Inq. ME II.235	1617
2. Carrowmore, 1 qr of	Strafford Inq. §131	1635
3. Carrowmore Knock Icougher, ⅛ part of half a gnive of Shighane in the qr of	Strafford Inq. §145V	1635
4. Carrowmore, Shighane...	Strafford Inq. §146	1635
5. Carrowmore Knock Iconnor... Carrowmoreknock Iconnor... Carrowmore	Strafford Inq. §148V	1635
6. CarrowmoreknovkneCnogher	Strafford Inq. §153	1635
7. Carromore 1 qr.	BSD 56	1661
8. Carromore	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Carrowmore 1 qr.	ASE 275b	1683

10. Carrowmore	Garret O'Moore Maps 28	1721c
11. Carrowmore	L. Blosse Papers 213 §103	1750c
12. Carrowmore	Bald	1830
13. Carrowmore	ST (ALSO)	1838
14. Carrowmore	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Carrowmore	Cess Book (ALSO)	1838
16. Carrowmore	T O'C (ALSO)	1838
17. Ceathramhadh mór	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Ceathramhadh mor "great quarter"	J O'D (ALSO)	1838
19. ˌkarəˈmoːr	TC4	2009

"[163a. 2r. 9p.]. [Situated] about ¾ mile [south] west of the town of Claremorris. Bounded on the north by Carrowmarly, south by Brook hill, east by Roosky, Rooskybeg and Poulanishka, and west by Caltragh, Kilmacanelly and Farmhill. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. The boundary of this townland not complete on plan" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóthair a reáchtálann aniar aduaidh ar an teorainn thiar, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear dhá lios: ceann sa lár thuaidh, ar a dtugtar *Lis more* (M327736), agus ceann sa lár thiar, ar a dtugtar *Lis beg* (M326734).

Tugadh *Ceathrú Mhór Chnoc Uí Chonchúir* ar an roinn seo, tráth, is léir. Is féidir gur cheathrú de *Cionn Coille* a bhí ann: féach foirmeacha an iarbhaile sin faoi Caltragh thuas.

Tá breis agus 60 baile fearainn darb ainm Carrowmore, nó *Carrowmore*- móide cáilitheoir, sa tír (*Census 1851*). Tá a mbunús mór i gConnachta. Tá 21 sampla sa chontae seo féin: féach sampla eile i bparóiste Theach Chaoin thíos.

Carrownlough	Ceathrú an Locha	
M409677; 112	"*the quarter of the lake*"	
1. Carrowloghmore	CBC 94	1585
2. Carowanlogha, a moiety of	CPR Jas I 393b	1618
3. Carrowlogha, the qr of	Strafford Inq. §112V	1635
4. Carrowenlogh, ½ qr of	Strafford Inq. §146V	1635
5. Carronlough 1 qr.	BSD 57	1661
6. Carrowlogh 1 qr.	ASE 241a	1677
7. Carrownelogha ½ qr.	ASE 275b	1683

8. Carrowlogh 1 qr.	CRL 2A.3.16, 142a	1710c
9. Carrowlough 1 qr.	QRL 2A.6.70, 532	1787
10. Carrownlough	Tithe App. Book §63	1823c
11. Carrowlough	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Carrowlough	ST (ALSO)	1838
13. Carrowlough	Cess Book (ALSO)	1838
14. Carrowanlough, if not Carrowlough	T O'C (nóta; ALSO)	1838
15. Carrinlogh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
16. C.adh an loch	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
17. Ceathramhadh an loch "quarter of the lake"	J O'D (ALSO)	1838
18. ˌkarənˈlɔ	CMhN1	2009

"It contains about 363¼ acres [363a. 1r. 18p.]... including about 80 acres of bog and of water. [Situated] in the south east extremity of the parish. Bounded on the north by Castlerea and Lisdhu, on the east by the parish of Kilvine, on the south and west by the parish of Addergoole in the barony of Dunmore, Co. Galway and by the townland of Meelick. The property of E. Blake, Oranmore Castle. There are four ancient forts in this townland, at one of which there is a burial ground" (*ALSO*). Tugtar *Castlerea Lough* ar loch ar theorainn theas na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí (triomaithe siar anois, píosa, agus fágtha ina dhá chuid). Léirítear grúpa tithe ó thuaidh de agus tithe eile san iarthuaisceart agus le hais bóthair a reáchtálann aduaidh trí lár theas an bhaile fhearainn. Léirítear lios amháin san iarthuaisceart (M403685), agus trí lios sa trian thiar theas den roinn (M402677, M402678 agus M405677: "*cillín*" sa cheann deireanach díobh seo). Léirítear lios breise sa tuaisceart (M405682), agus láthair chaisleáin san iardheisceart (M405675), ar léarscáileanna reatha. Ba cheathrú de Castlereagh é an baile fearainn seo, tráth.

Is díol spéise é go raibh an guta deiridh sa cháilitheoir tite ar lár, sa chaint, faoi 1838 (cf. foirmeacha 16-7).

Carrownskehaun	Ceathrú an Sceitheáin	
M342647; 119	*"the quarter of (?)place of hawthorns"*	
1. (?)quartam Desgyehan noncupatam[23]	CEPR xii 110	1460
2. Skehan	Inq. ME I.39	1608
3. Skehane 1 qr	CPR Jas I 179a	1610
4. Carroskeaghan 1 qr. of Ballyglasse	BSD 59	1661
5. Carraskehan	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Carrowskehane, Ballyglass &	CRL 2A.3.16, 141b	1710c
7. Carrowkehane [*sic*], Ballyglass &	QRL 2A.6.70, 528	1787
8. Carrowkeane [*sic*]	Tithe App. Book §63	1823c
9. Carrownaskeehaun	Litir Eolais (ALSO)	1838
10. Carrownaskeehaun	ST (ALSO)	1838
11. Carrowskaghan	Cess Book (ALSO)	1838
12. Carrowanskehaun	T O'C (ALSO)	1838
13. Carrownskehaun	J O'D (ALSO)	1838
14. C.adh an sgeithean	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
15. Ceathramhadh an sgeitheán "quarter of the wing"	J O'D (ALSO)	1838
16. ˌkaroˈʃkɛhɑːn	TC4	2009

"It contains about 240½ acres, including about 55 acres of bog. [Situated] in the south west extremity of the parish. Bounded on the north by the Heath, on the east by Ballyglass, south by the parish of Lisgeevy in the barony of Dunmore, Co. Galway and on the west by the parish of Kilcommon in the barony of Kilmaine. The property of C. Blake, Merlan Park" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aduaidh ar theorainn thoir na roinne seo, agus cuid tithe eile scaipthe trí lár an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear seanreilig gar do lár na roinne ar léarscáileanna reatha (M342647; féach go bhfuil séipéal reatha suite gar di, in iardheisceart Ballyglass).

Is forbairt ó *sceith*, leagan de *sceach* "a thorn bush, whitethorn" (*DIL* sv. *scé*), "whitethorn, hawthorn; thornbush" (*Ó Dónaill*) a cháilíonn an bhuneilimint *ceathrú* sa logainm seo; ní léir go conclúideach cé acu ciall dhíspeagtha, nó ciall chnuasaigh,

[23] Luaite san fhoinse seo le Mainistir Mhaigh Eo. Féach fosta Drishaghaun atá sa chuid sin de pharóiste Mhaigh Eo atá i mbarúntacht Chill Mheáin, áfach.

áitreabhach a bhí i gceist leis an iarmhir *-án* anseo. Cf. *Sceach na Gaoithe* (giorraithe ó *Sceachán na Gaoithe*), iar-ainm Annefield i mbarúntacht Chill Mheáin; féach fosta Skehanagh < *Sceachánach* i mbarúntacht Cheara. Cf. fosta Carrowskeheen i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

Carrowsteelaun	(?)Ceathrú Stialláin	
M316753; 101	*"quarter of the (?)small stripe of land"*	
1. (?)Carowstealegh[24]	Inq. ME I.41	1608
2. Gortstealane, [two] ½ qr[s] of	Strafford Inq. §§124, 124V	1635
3. Gortestellane 1 qr. being part of Kinkelly[25] 3 qrs.	BSD 56	1661
4. Gurtstelane 1 qr	ASE 93b	1666
5. Gortestellan[26]	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Gortistillane	ASE 257a	1678
7. Gortistillane	CRL 2A.3.16, 151b	1710c
8. Carrowstielane	Garret O'Moore Maps 28	1721c
9. Gortstilane 1 qr	Reg. Deeds Lib. 80, 176 §55407	1734
10. Gortstilane	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
11. Gortstelane als Gortstalane 1 qr	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
12. Gortistillane	QRL 2A.6.70, 577	1787
13. Carrowsteelaun	Bald	1830
14. Carrowstillaun	ST (ALSO)	1838
15. Carrowstillaun	Litir Eolais (ALSO)	1838
16. Carrowsteelaun	T O'C (ALSO)	1838
17. Carrowstetelaan	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
18. Ceathramhadh Stiallán	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
19. Ceathramhadh stiallan "quarter		

[24] Tagann *Castlenegeyhy* (Castlenageeha) i bparóiste Chill Chuimín i mbarúntacht Thír Amhlaidh i ndiaidh na tagartha seo agus gach seans go dtagraíonn sí do Carrowsteelagh sa pharóiste sin; mar sin fhéin, tá *Carrownemarly* (Carrowmarly) agus *Lisduffe* (Lisduff) i bparóiste Chrois Bhaoithín luaite díreach roimhe sa liodán ainmneacha a thugtar san fhoinse. Léirítear meascadh suas, nó luaineacht, idir *stiallán* agus *stiallach* i bhfoirmeacha stairiúla Carrowsteelagh.

[25] Féach faoi Caltragh thuas.

[26] Léirithe i gceann thuaidh an pharóiste.

of the stripe”	J O’D (ALSO)	1838
20. Ceathrú an Stialláin	Ó Muraíle: Notaí	1990c
21. ˌkarəˈʃkiːlɑːn	ME2	2009
22. ˌkarəˈstiːlɑːn	TC2	2009

“It contains about 236½ acres [237a. 0r. 7p.]... including about 92 acres of bog [in the north and east]. [Situated] about 1 mile north [west] of Claremorris. Bounded on the north by the parish of Kilcoleman, east by [Mayfield and Roosky], south by [Carrowmarley and] Gortgorrive, and west by Coolmakean [and Greenan]. The property of James Brown Esqr., Claremorris” (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe ag acomhal bóithre i lár theas na roinne, agus corrtheach eile suite le hais bóithre sa deisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Is forbairt ón fhocal *stiall* “strip, panel, slat, zone, border (consisting of cloth, wood, metal, etc.)” (*DIL* sv. *stíall*), “strip of land” (*Joyce* iii 563, *DUP* 156 sv.) atá mar cháilitheoir anseo. Dálta *sceathán* i gcás Carrownskehaun thuas, ní léir an ciall dhíspeagtha atá leis an iarmhír *-án*, nó ciall chnuasaigh / áitreabhach. Níl aon fhianaise chrua againn d’alt lárnach. Féach fosta go dtiocfadh linn foirm uatha nó foirm iolra den cháilitheoir a léamh ar fhoirmeacha 18-9. Go dtí an 19ú haois, b’í *gort* “a field (of arable or pasture land)” (*DIL* sv.), “a field or plantation, a corn-field and especially a field of oats” (*Dinneen*) an bhuneilimint choitianta (ach cf. foirm 8).

Cf. Steelaun agus Carrowsteelagh i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá *Glas-stiall* socraithe mar bhunús do Gresteel Beg agus Gresteel More i nDoire (*GÉ* 110, *DUP* 80). Tá *Stiall* agus *Na Stialla* socraithe mar bhunfhoirmeacha Harding Grove agus Steales, faoi seach, i Luimneach (Ó Maolfabhail 1990, 250 svv.; “the stripe(s) of land”). Tá *Baicstiall* socraithe mar bhunfhoirm Backsteel in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 5); tá *Stiall an Fhaoitigh* socraithe mar bhunfhoirm Stillimity (*sic*) i dTiobraid Árann (*L. Log*. 120). Féach tuilleadh samplaí ag *Joyce* (iii 563).

Áiríodh an baile fearainn seo mar chuid de Chionn Coille (foirm 3), tráth: féach faoi Caltragh, thuas.

Castlemagarret North Caisleán Mhic Gearóid Thuaidh

M356723; 101, 111 "Mac Gearóid's *castle, north*"

1. ar siobal sluaiged a gclainn Mhuiris... caislén Mic Gerailt .i. an caislén caol do g*h*ab*h*áil, ocus ced no d*h*o duine do b*h*ássugad etir an dá b*h*aile sin	ALC ii 352	1548
2. MacMoris of [Castle Macgarrett]	Division Connaught 2 (Knox) 346-7	1574
3. 80 kine from Castle Magerret in Clanmorris	CSP Ire. [ed. O'Dowd] 254 §446	1573
4. pardon to John McMorishe of Castle Gerralde	Fiants Eliz. §4582	1584c
5. Castlemcgarrett... 4 qrs	CBC 94	1585
6. Castlemcgarrett, Davy mc Morrish	CBC 99	1585
7. Castlemacgarrett... 4 qrs	CBC 100	1585
8. Castell mcGerlair [*sic*], O Connigaine of	Fiants Eliz. §5617	1591
9. C. mcGarrett	Ire. Map [1595c]	1595
10. Castle-mcgarell, McMorishe of	CPR Jas I 46a	1605
11. Ca. mcGarret	Speed's Ireland	1610
12. C Macgarets	Norden	1610c
13. Castlemagarit	CPR Jas I 581b	1611
14. Castle mc giralte	Inq. ME II.235	1617
15. CastlemcGerrald, ½ gnive in Loughtullis[27] in the town of	Strafford Inq. §115	1635
16. CastlemcGerrald, 4 qrs of	Strafford Inq. §131	1635
17. castle, town and lands of Castle mc Gerrald	Strafford Inq. §157	1635

[27] 1. Laghtelise — Inq. ME II.235 — 1617
2. Laghellis — Inq. ME II.241 — 1617
3. Laghellis — CPR Jas I 394a — 1618
4. Laghtillish, the gnive of — Strafford Inq. §112V — 1635
5. ½ gnive in Loughtullis in the town of CastlemcGerrald — Strafford Inq. §115 — 1635

18. Castle mcGarrold 1 qr.	BSD 55	1661
19. Castle McGerald qr.	ASE 125b	1667
20. Castlemgerald	Hib. Del. Mayo	1672c
21. Castlemacgarrett ⅔ qr.	ASE 254a	1678
22. castle and 4 qrs. viz. CastlemcGerrald 1 qr., Derry 1 qr., Killihell als Carrowledane 1 qr. and Bracklone 1 qr.	ASE 275b	1683
23. CastlemcGerald qr.	CRL 2A.3.16, 141a	1710c
24. CastlemcGarret ⅔ qr.	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
25. Castlemagarret	Price, Senex & Maxwell	1721c
26. Castlemagarret, the Demesne of	L. Blosse Papers 193 §75	1754
27. Castle McGerald	QRL 2A.6.70, 527	1787
28. CastleMcGarrett ⅔ qr.	QRL 2A.6.70, 544	1787
29. Cas. Margaret [*sic*]	Arrowsmith	1811
30. Castle Magarrett North	Tithe App. Book §63	1823c
31. Castle McGarrett	Bald	1830
32. Castle macgarret North	Litir Eolais (ALSO)	1838
33. Castle macgarret North	ST (ALSO)	1838
34. Castlemagarret	Cess Book (ALSO)	1838
35. Castlemagarret	T O'C (ALSO)	1838
36. Castle McGarrett	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
37. Caislean mhac gearraid, Prendergast	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
38. Caislean mhac gearraid, Prendergast; "Castle of the son of Garrett"	J O'D (ALSO)	1838
39. Caisleán Mhic Gearóid	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
40. ˌkasəlməˈgarətˈnort	TC4	2009
41. ˌkasəlməˈgarət	CRB3	2009

"It contains about 269½ acres [262a. 2r. 28p.]... including about 60 acres of plantation and about 450 acres of bog. [Situated] in the north side of the parish. Bounded on the north by Ballindell East, south by Garryduff North, east by the parish of Kilcoleman

and on the west by Castlemagarret Park Old. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret." (*ALSO*). Gach seans gur airíodh bunús na roinne seo mar chuid de dhiméin *Castlemagarret House* a bhí suite i Castlemagarretpark Old, in aimsir na Suirbhéireachta Ordanáis. Mar sin féin, léirítear cuid bheag tithe i dtuaisceart agus oirthear an bhaile fhearainn ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann an Róba aduaidh tríd oirthear na roinne. Tá lios i lár thoir na roinne (M358722). Tá ballóga an chaisleáin féin suite i Castlemagarretpark Old.

Tá dhá fhéidearthacht ag baint le sanas an cháilitheora anseo: (i) an t-ainm sinsearachta *mac Gearailt* "son of *Gearalt*" agus (ii) an sloinne *Mac Gearailt* > *Mac Gearóid*, "one of the two greatest familes which came to Ireland as a result of the Anglo-Norman invasion. It had two main divisions, Desmond... and Kildare" (MacLysaght 1985, 1090110). I gcás (i), bheimis ag súil le *Caisleán Mic Gearailt* níos luaithe sa teanga, agus *Caisleán Mhac Gearailt* sa Ghaeilge dhéanach, rud a thagann le foirmeacha 1 agus 37 faoi seach: cf. an plé faoi Dunmakelter < *Dún Mhac Cealtchair* in Aontroim (*PNI* 7, 148). Féach fosta ainmneacha ar nós Ballymatoskerty < *Baile Mhac an Tuaisceartaigh* agus Carnmacmoin < *Carn Mic Muáin* in Aontroim (*PNI* 4, 92, 173). I gcás (ii), bheimis ag súil le *Caisleán Mic Gearailt* níos luaithe sa teanga agus *Caisleán Mhic Gearailt* sa Ghaeilge dhéanach. Thiocfadh linn a mhaíomh gur leagan ar nós *Caisleán 'ic Gearailt*, bunaithe ar an sloinne, a bhí sa Ghaeilge dhéanach (cf. foirmeacha Uí Dhonnabháin den ainm Coolmakean thíos), áfach, agus ar an ábhar seo, agus ar an ábhar go bhfuil an sloinne *Mac Gearóid* teastaithe go háitiúil,[28] moltar sloinne seachas ainm sinsearachta.

I dtaca le *Gearalt* / *Gearóid*, féach Ó Corráin & Maguire (1981, 110): "from the Old German *Gairovald*, a compound of *ger* 'a spear' and *vald* 'rule') brough to Ireland by the Anglo-Normans. [*Gearóid*] is one of the Irish forms of the name... The other, and perhaps earlier, form is *Gerald*, *Geralt*. The two forms were considered to be different names in the fifteenth and sixteenth century...".

Go stairiúil, tagraíonn bunús na bhfoirmeacha stairiúla thuas do roinn talaimh a bhí thart ar an chaisleán féin i Castlemagarretpark Old. Gach seans gur chlúdaigh ceann de na hiar-rannta *An Caisleán Caol* agus / nó *Breac-chluain* Castlemagarret North ó cheart, tráth: féach Castlemagarretpark New thíos.

[28] Féach an nóta faoin ainm barúntachta thuas agus an iar-roinn *Ceathrú Mhic Gearóid Bhuí* faoi Clare i bparóiste Chill Cholmáin. Féach fosta faoi Brees i bparóiste Mhaigh Eo.

Castlemagarretpark New Páirc Chaisleán Mhic Gearóid Nua

M354712; 111 *"the field of* Mac Gearóid*'s castle, new"*

1. ar siobal sluaiged a gclainn Mhuiris... caislén Mic Gerailt .i. an caislén caol do g*h*ab*h*áil, ocus ced no d*h*o duine do b*h*ássugad etir an dá b*h*aile sin	ALC ii 352	1548
2. MacMoris of [Ahena and] Castlekeel	Division Connaught 2 (Knox) 346-7	1574
3. Castlekeele... 3 qrs	CBC 94	1585
4. Castlekeele... 3 qrs	CBC 100	1585
5. Castlekeele, the short castle of	Strafford Inq. §157V	1635
6. corn-mill of Castlekeele... castle, bawn... and commons of Castlekeill	Strafford Inq. §163	1635
7. Castlekele	Hib. Del. Mayo	1672c
8. Castlekeele ⅔s of a qr., Brackline[29] als	ASE 253b	1678

[29]

1. Breacklone, McRichard of	Fiants Eliz. §5448	1590
2. Cracluon [*sic*]	Inq. ME II.229	1617
3. Brackluon	CPR Jas I 394a	1618
4. Brackluone	Inq. ME II.239	1617
5. Bracklane, the qr of	Strafford Inq. §110V	1635
6. Breacklowne 1 qr	Strafford Inq. §131	1635
7. Bracklane, the qr of	Strafford Inq. §134V	1635
8. the qr of Breacklane... Brackloone	Strafford Inq. §143	1635
9. Brackloone and Derry, qr of	Strafford Inq. §143V	1635
10. Breacklane, the qr of	Strafford Inq. §143V	1635
11. Brackloane, the qr of	Strafford Inq. §144	1635
12. Brackloane and Derry, the qr of	Strafford Inq. §144V	1635
13. Bracklone, the qr of	Strafford Inq. §149V	1635
14. Breacklan, the qr of	Strafford Inq. §157V	1635
15. Bracklane 1 qr.	BSD 54	1661
16. Braghlune qr.	ASE 125b	1667
17. Bracklen	Hib. Del. Mayo	1672c
18. Brackline alias Castlekeele, ⅔s of a qr.	ASE 253b	1678
19. castle and 4 qrs. viz. CastlemcGerrald		

9. Bracklin als Castlekeile ⅔ qr	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
10. Castlekiele	Garret O'Moore Maps 27	1721c
11. Bracklin al. Castlekeele ⅔ qr	QRL 2A.6.69, 543	1787
12. Castle Magarrett Park new	Tithe App. Book §63	1823c
13. Castlemacgarrett Park New	Litir Eolais (ALSO)	1838
14. Castlemacgarrett Park New	ST (ALSO)	1838
15. Castlemagarret	Cess Book (ALSO)	1838
16. Castle McGarrett	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
17. ˌkasəlməˈgarətˈpɛərk	TC4	2009

"It contains about 507 acres [507a. 1r. 39p.]... including about 105 acres of plantation and about 550 acres of bog. Situated in the east side of the parish. Bounded on the north by Castlemacgarret Park Old, on the north east by Castlemacgarret North, on the south by Garryduff, west by Poulnasillagh and Garrowlena [sic] and on the east by Drummin East and Drummin North. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. Castlemacgarret House is in the north part of this townland. Castlekeel ruins are in north east end of townland. The Robe River passes through the south central part of the townland" (*ALSO*). Léirítear an teach mór suite in iarthuaisceart na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; léirítear cúpla foirgneamh i leath theas na roinne (tithe?). Léirítear ballóga *Castlekeel* suite i dtuaisceart na roinne (M357716), ó thuaidh den Róba, a reáchtálann anoir aduaidh trí lár thuaidh an bhaile fhearainn. Tugtar faoi deara go bhfuil ballóga *Castlemagarret Castle* suite i Castlemagarretpark Old.

---

1 qr., Derry 1 qr., Killihell als		
Carrowledane 1 qr. and Bracklone 1 qr. ASE 275b		1683
20. Braghline qr.	CRL 2A.3.16, 141a	1710c
21. Killteila 4 gnee, 1 pt. of Ballindengan;		
Killeene 4 gnee, pt. of Ballindengen;		
Bracklin als Castlekeile ⅔ qr; Skyard als		
Skyward ½ qr, pt. of Ballydangen	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
22. Brackloon 1 qr	L. Blosse Papers 193 §75	1754
23. Braghline	QRL 2A.6.70, 528	1787
24. Killteela 4 gnee, 1 pt. of Ballindangan;		
Killeene 4 gnee, pt. of Ballindangan;		
Bracklin al. Castlekeele ⅔ qr; Skyard als		
Skyward ½ qr pt. of Ballydangen	QRL 2A.6.69, 542-3	1787

Tá *Bracklen* iontrálaithe faoi dhó ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*: ceann ar dhá thaobh an Róba.

Tá *An Caisleán Caol* socraithe mar bhunfhoirm Castlekeale i dTiobraid Árann (*L. Log*. 38). D'fhéadfaí *An Caisleán Caol*, in a bhfuil an bhuneilimint *caisleán* "castle" (*DIL* sv. *caislén*) cáilithe ag *caol* "thin, slender, narrow" (*DIL* sv. *cáel*I), a mholadh mar bhunfhoirm ar chuid den fhianaise thuas. Is féidir, áfach, gur chlúdaigh *Breac-chluain* (féach foirm 8b) cuid den roinn seo, móide Castlemagarret North, ó cheart, tráth. Leantar d'fhoirmeacha ón 19ú haois i dtaobh shocrú an ainm Ghaeilge, mar sin.

I dtaca le húsáid na gcáilitheoirí *Old* agus *New*, cf. ainmneacha ar nós Ballygub Old / *Baile Gob* agus Ballygub New / *Baile Gob Nua* i gCill Chainnigh (*L. Log*. 11), Cloran Old / *An Cloichreán* agus Cloran New / *An Cloichreán Nua* i dTiobraid Árann (*L. Log*. 50). Féach fosta Grange Old agus Grange Irish i Lú, a bhfuil *An tSeanghráinseach* agus *An Ghráinseach Ghaelach* socraithe mar bhunainmneacha díobh (*L. Log*. 19, 16) agus Derrew Old i mbarúntacht Cheara, a bhfuil *An Seandíthreamh* molta mar an bhunfhoirm de. Tá *Ráth Donnáin* molta mar bhunfhoirm Keeloges Old sa bharúntacht chéanna.

Is cosúil nach n-úsáidtear na cáilitheoirí *New*, *Old* go háitiúil.

Castlemagarretpark Old Páirc Chaisleán Mhic Gearóid

M345713; 111 "*the field of* Mac Gearóid's *castle*"

1. Castle Magarrett Park old	Tithe App. Book §63	1823c
2. Castlemacgarretpark old	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Castlemacgarretpark old	ST (ALSO)	1838
4. Castle McGarrett	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838

"It contanis about 169½ acres [170a. 0r. 3p.]... including about 24 acres of plantation. Situated in the north east side of the parish about 2½ miles south west of Claremorris. Bounded on the north by Derry and Guardhouse Park and Ballindell West, south by Castlemagarret Park New, East by Castlemagarret North and west by Glebe, Burris, Drummin North, Drummin South and Drummin West. The property of Lord Oranmore, Casltemagarret. There is a wooden bridge in the south west end of this townland. Also Castlemacgarret ruins in the south end" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh comhaimseartha sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; áiríodh í mar chuid de dhiméin *Casltemagarret House* (féach faoi Castlemagarretpark New). Léirítear ballóga *Castlemagarret* i ndeisceart an bhaile fhearainn (M347709), gar do bhruach thuaidh an Róba, a reáchtálann anoir ar theorainn theas na roinne.

Féach foirmeacha stairiúla, agus plé ar shanas an ainm seo, faoi Castlemagarret North thuas.

Castlereagh	An Caisleán Riabhach	
M385681; 112	*"the grey castle"*	
1. Walter Oge MacRory of Castle Reagh	Division Connaught 2 (Knox) 346-7	1574
2. Downemckreny and Castlereogh 22 qrs	CBC 94	1585
3. Castlereogh, Walter mcEriderry	CBC 99	1585
4. Downemackriny and Castlereogh ... 22 qrs	CBC 100	1585
5. 8 qrs.. castle of Downmackriny and Castlereogh	CBC 115	1585
6. Castlero[ ]he, Felim Diddry... [of]	Fiants Eliz. §5451	1590
7. Castlereagh	Inq. ME II.239	1617
8. Castlereagh, McRuddery of	CPR Jas I 393b	1618
9. Castlereagh 4 qrs	Strafford Inq. §131	1635
10. Castlereogh, castle and bawn of	Strafford Inq. §145	1635
11. Castlereogh, Richard mc Ruddery of	Strafford Inq. §146V	1635
12. Carrokilleene[30] 1 qr. of the 6		

[30]

1. (?)Carowkilline	Inq. ME II.229	1617
2. Carowan kelline	Inq. ME II.239	1617
3. Carowankilline	Inq. ME II.241	1617
4 .Carrowankillin	CPR Jas I 393b	1618
5. Carrowen Killin, 1 cartron in	Strafford Inq. §142V	1635
6. qr of Carrowenkilline... 1 cartron in Carrowenkillin	Strafford Inq. §145	1635
7. Carrowkillin, the qr of	Strafford Inq. §146V	1635
8. Carrokilleene 1 qr. of the 6 quarters of Castlereagh	BSD 57	1661
9. Carrowkillin	Hib. Del. Mayo	1672c
10. Carrowkilline 1 qr.	ASE 241a	1677
11. Carrowquilline 1 qr	CRL 2A.3.16, 140a	1710c

quarters of Castlereagh	BSD 57	1661
13. C. reagh	Hib. Del. Mayo	1672c
14. Castlereagh	Tithe App. Book §63	1823c
15. Cushlanerewagh	Bald	1830
16. Castlerea	Litir Eolais (ALSO)	1838
17. Castlerea	ST (ALSO)	1838
18. Castlerea. Recte Castlerevagh or Castlereagh if not, adopt Castlrea	T O'C (ALSO)	1838
19. Castlereagh	J O'D (ALSO)	1838
20. Castlereagh	J O'D (ALSO)	1838
21. Castlerea	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
22. Caislean riabhach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Caisleán riabhach "grey castle"	J O'D (ALSO)	1838
24. ˌkasəlˈriː	CMhN1	2009

"It contains about 307½ acres [309a. 1r. 38p.]... including about 72 acres of bog. [Situated] in the south east side of the parish. Bounded on the [west by Branraduff], [north west] by Cloonmore, [on the north] by Lisdhu, on the [east] by Carrowlough and on the [south] by Meelick. The property of Exevius Blake, Oranmore Castle. There are seven ancient forts in this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe in oirdheisceart na roinne seo, agus san oirthuaisceart le hais bhóthar Dhún Mór a reáchtálann anoir ar an teorainn thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear ocht lios: cúig cinn sa tuaisceart (M392687; M393686: láthair mhóta, is cosúil; M395685, M396684 agus M398686), lios sa lár theas (M396681) agus dhá lios suite san oirdheisceart (M401681 agus M401678). Léirítear láthair chaisleáin in iardheisceart Carrownlough (M405675), gar do theorainn thoir theas Castlereagh, ar léarscáileanna reatha.

Tá bríonna éagsúla le *riabhach*: "of an indefinite husky hue, swarthy (of animals), brindled; the orig. sense is prob. streaked, striped" (*DIL* sv. *ríabach*), "streaked, striped, brindled; (speckled) grey; dun, drab; dull, gloomy; dismal, wretched" (*Ó Dónaill* sv. 2*riabach*). Tá Castlereagh eile i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá *An Caisleán Riabhach* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí eile de

---

12. (?)Carrowkellone 1 qr.	Reg. Deeds Lib. 76, 315 §54592	1732
13. Carrowquilline 1 qr.	QRL 2A.6.70, 521	1787

Léirítear foirm 9 suite ó thuaidh de *Castlereagh* ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*.

Castlereagh i Ros Comáin (*GÉ* 43), Uíbh Fhailí (*L. Log*. 12) agus Port Láirge (*L. Log*. 16), agus molta i gcás Castlereagh sa Dún (*DUP* 38; “the grey castle”).

Chlúdaigh iarbhaile an Chaisleáin Riabhaigh achar ní ba mhó, tráth, ar ndóiche; féach go dtugtar *Castlereagh Lough* ar loch atá ar theorainn theas Carrownlough.

Cloonbonniff	Cluain Banbh	
M318711; 111	*“meadow of the young pigs”*	
1. Clonbannoff... four qrs	CBC 94	1585
2. Clonbane... 4 qrs	CBC 100	1585
3. Cloynbanowe, McHeile of	Fiants Eliz. §5458	1590
4. Glanvanny, v., c. & c. de	Inq. ME I.57	1610
5. Clonbannowe... Connor O Counawe	Inq. ME I.59	1610
6. Clonbanowe	CPR Jas I 263a	1614
7. Cloonbanne [*sic*]	Inq. ME II.243	1617
8. Cloonbanagh... Cloonebanagh... Cloonbann	CPR Jas I 394a	1618
9. Cloonebanow, 4 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
10. the town of Glannbanewe... 1/9 cartron in Cornedoge[31] and		

[31] 1. Cornnadogge — Inq. ME II.243 — 1617
2. Carowmaddoge — Inq. ME II.271 — 1617
3. Cornadog — CPR Jas I 394a — 1618
4. the town of Glannbanewe... 1/9 cartron in Cornedoge and Clonebanew — Strafford Inq. §132 — 1635
5. the qr of Cornedogie... a cartron in Corindoge and Clonebannewe — Strafford Inq. §132V — 1635
6. Dromodogie [*sic*] in Clonebanewe, qr of — Strafford Inq. §133 — 1635
7. Carronedoage 1 qr. — BSD 56 — 1661
8. Carrownedog — Hib. Del. Mayo — 1672c
9. Carrownidogue als Carnavadoge — CRL 2A.3.16, 152b — 1710c
10. Cornefadoge, Cloonbanife als — Garret O’Moore Maps 29 — 1721c
10. Carrownidoge als Carnavadoge — Reg. Deeds Lib. 66, 510 §48064 — 1735
11. Carnevadoge — Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987 — 1735

Clonebanew	Strafford Inq. §132	1635
11. Lecarrownekelly[32] in Clownebanowe... Clonebannewe	Strafford Inq. §132V	1635
12. qr of Clonebanewe... the town of Clonbannow	Strafford Inq. §133	1635
13. Glanbanuffe, 4 gnives in Knockantackorre in the town of	Strafford Inq. §136V	1635
14. Cloonbanagh 1 qr.	BSD 59	1661
15. Clonbaune [*sic*], Loskrin and Lisnagricogh	ASE 93b	1666
16. Clonebanagh	Hib. Del. Mayo	1672c
17. Cloonbannuffe	Forfeit. Estates 394	1703
18. Clonbanuffe 1 qr... Knockantaggery	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
19. Cloonbaniffe als Cornefadoge	Garret O'Moore Maps 29	1721c
20. Clonbanuffe	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
21. Clonebanuffe 1 qr... Knockantagerry	QRL 2A.6.70, 579	1787
22. Cloonbonniff	Tithe App. Book §63	1823c
23. Cluain Banabh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
24. Cloonbanagh	Litir Eolais (ALSO)	1838
25. Cloonbanagh	ST (ALSO)	1838
26. Cloonbanagh	D. Gibbons (ALSO)	1838
27. Cloonbaunaff	T O'C (ALSO)	1838
28. Cloonbonniff	J O'D (ALSO)	1838
29. compare: made sometimes Bannow"	J O'D (nóta; ALSO)	1838
30. Cluain banabh "lawn of the suck[]ing pigs"	J O'D (ALSO)	1838
31. ˌklu:nˈbɔnəf	TC2	2009

---

12. Carrowniddogue als Carnavadogue QRL 2A.6.70, 579 1787

Corr na bhFeadóg, shílfeá. Léirithe ó thuaidh de Crossboyne agus Cloonbonniff ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*; léirithe ó dheas de Cloonbonniff ar *Garret O'Moore Maps*. Is cosúil nach tagairtí do Curraghadooey, atá ó dheas de Cloonbonniff, iad.

[32] 1. Lecarrownekelly in Clownebanowe Strafford Inq. §132V 1635

2. Lecarrowkelly and the moiety of a mill, ½ qr of Strafford Inq. §136V 1635

32. ˌkluːnˈbɔnəv TC4 2009

“It contains about 507 acres [507a. 0r. 38p.] including about 187 acres of bog and rough pasture. Situated in the north side of the parish about ½ mile west of Crossboyne. Bounded on the north by Knock-aun-an-ell, south by Curragh-a-dhu-hia, east by Farmhill and Coolroe, and west by the parish of Killcommon. The property of Sir R. Abbernot, England” (*ALSO*). Léirítear grúpaí éagsúla tithe in oirthuaisceart, iarthuaisceart agus lár na roinne, agus lonnaíocht scaipthe i dtuaisceart agus oirdheisceart an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann an Róba anoir aduaidh ar an teorainn thoir theas agus anoir aneas ansin ar an teorainn thiar.

Tá an bhuneilimint *cluain* “meadow, pasture-land, glade” (*DIL* sv. 1*clúain*), “a fertile piece of land, a green arable spot [near bog or water]” (*Joyce* i 233), “damp pasture, untilled field” (Kelly 1997, 614; féach Ó Cearbhaill 2010, 17-9) cáilithe anseo ag iolra den fhocal *banbh* “o, m. young pig” (*DIL* sv. *banb*), “a young pig; a suckling pig” (*Dinneen*).

Tá *Cluain Banbh* socraithe nó molta mar bhunfhoirm Cloonbanniv i nGaillimh, Cloonbannive i Liatroim, Cloonbonniff i Ros Comáin (www.logainm.ie) agus Clonbonniff in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 15).

Cloonmore	Cluain Mór	
M383692; 112	*“big meadow”*	
1. [prebends of] Kyllmygany, Cluaynmor [and] Kyllcurrnan[33]... [vicarages of] Croysbuythyn, Cluaynmor [and] Kyllcurrnan	CEPR vii 95	1418
2. Cluynmor, praebendam de	Bodkin’s Visit. 151	1565c
3. Cluoinmor	Incumbents [1591] 225	1591
4. [Clonmore]	Regal Visitation (Knox)	1615
5. Clonemore, the qr of	Strafford Inq. §134V	1635
6. Clonemore 2 qrs.	BSD 57	1661
7. Clunmore or Clonmore 1 qr... Clunmore 1 qr	ASE 93b	1666

[33] Féach Garryduff West thíos.

8. Cloonemore	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Cloanmore 2 qrs	ASE 254a	1678
10. Clunmore 2 qrs.	ASE 255b	1678
11. Clanmore 2 qrs	CRL 2A.3.16, 145b	1710c
12. Cloonmore	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
13. Clonemore; there being two denominations of this name, this [is]... called Cloonemoryeighter [*sic*]	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
14. Clanmore 2 qrs	QRL 2A.6.69, 547	1787
15. Cloonmore	Tithe App. Book §63	1823c
16. Cloonmore	Bald	1830
17. Cloonmore	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Cloonmore	ST (ALSO)	1838
19. Cloonmore	Cess Book (ALSO)	1838
20. Cloonmore	T O'C (ALSO)	1838
21. Cloonmore	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
22. Cluáin mor	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Cluáin: mór "great lawn or meadow"	J O'D (ALSO)	1838
24. klu:n'mo:r	TC4	2009

"It contains about 273 acres [ ]... including about 13 acres of bog. [Situated] in the south east central part of the parish. Bounded on the north by Woodstock, on the east by Carrowbeg and Lishu, on the south by Castleree and Bronradhu, and on the west by Ballindine East and Logalisheen South. The property of Exavcus Blake Esqr. [sic], Oranmore Castle. There is a triangulation station in the south end of this townland, called Cloonmore, 274 feet above the level of the sea. There is an old church in ruins called Cloonmore in south end of the townland" (*ALSO*). Léirítear lonnaíocht scaipthe i dtuaisceart agus iardheisceart na roinne, agus cuid tithe le hais bhóthar Dhún Mór a reáchtálann anoir ar theorainn theas an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear ballóga séipéil ar a dtugtar *Cloonmore Church*, suite gar do theorainn theas an bhaile fhearainn (M385688).[34]

[34] "Geata na Scread at Cloonmore Old Church where there was a memorable battle fought between the Irish and the Danes" (nóta ar chúl Ainmleabhar B450).

Spéisiúil go leor, luaitear lonnaíocht eaglasta le Cloonmore i bparóiste Chill Bheitheach i mbarúntacht Choistealach, chomh maith. Féach fosta Cloonmore Lower agus Cloonmore Upper i bparóiste Chill Cholmáin thuas. Tá bailte fearainn eile den ainm seo i nGaillimh, an Clár, Corcaigh, Ciarraí, an Longfort, Ros Comáin (*Census 1851*) agus Luimneach (*L. Log*. 28-9 sv. *An Chluain Mhór* (*sic*)). Tá *Cluain Mór* socraithe mar an bhunfhoirm de shampla de Cloonmore agus samplaí de Clonmore i dTiobraid Árann; tá *Cluain Mhór* socraithe i gcás samplaí eile de Clonmore sa chontae céanna (*L. Log*. 52).

Commons *An Coimín*

M330678; 111

1. The Commons	Tithe App. Book §63	1823c
2. The Commons[35]	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. The Commons	ST (ALSO)	1838
4. exists	T O'C (nóta; ALSO)	1838
5. Na Coimíní	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
6. Tite i léig?		

"It contains about 11¾ acres [11a. 3r. 24p.]... all arable land. [Situated] in the west central part of the parish, about two miles south west of Crossboyne. Bounded on the north by Scardaun West, [west by] Ballyhankeen and on the south by Killeevreeragh [*sic*]. The property of G. Veasy, England" (*ALSO*). Léirítear teach amháin in oirthuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil se horlaí. Ní léir cé acu roinn lenar áiríodh an baile fearainn seo sna foinsí: thiocfadh dó gur talamh conspóide idir dhá roinn a bhí ann, go stairiúil.

Tá beagnach 120 baile fearainn darb ainm Commons sa tír (cuid acu le cáilitheoirí); is ainmneacha inchurtha iad thart ar 30 baile fearainn eile darb ainm Commanes, Commaun, Commauns, Commeen, Common agus Commonage (*Census 1851*). Tá *An Coimíneas* socraithe mar an fhoirm Ghaeilge de shamplaí de Commons i gCill Chainnigh (*L. Log*. 26); tá *An Coimín* socraithe i gcás samplaí de Commons i Luimneach (*L. Log*. 32), Lú (*L. Log*. 12), Port Láirge (*L. Log*. 27) agus Tiobraid Árainn (*L. Log*. 63). Tá Commons eile i dTír Amhlaidh (Imleabhar 8); tá *An tImreas* molta i gcás Commons i mbarúntacht Chill Mheáin (Imleabhar 6).

[35] Ciorcal tarraingthe ar "The".

Coolmakean	Cúil Mhic Cionaoith	
M312743; 101	"Mac Cionaoith*'s corner*"	
1. ½ qr of CoolemcKina in the 3 qrs dim*idium* of Kinkelly	Strafford Inq. §124	1635
2. Coolemackena 1 qr.	BSD 56	1661
3. Coolemkenagh	Hib. Del. Mayo	1672c
4. in Kinkelly, known by the names of Caltra and Coolemackena, with the castle and bawne of Kinkelly[36]	ASE 248b	1678
5. CoolmcKena qr.	ASE 255b	1678
6. Coolemackena 1 qr., Cultragh and	ASE 275b	1683
7. Kinkelly known by the names of Caltra and Coolemckenna with the castle and bawne of Kinkelly	CRL 2A.3.16, 146a	1710c
8. Coulemckena qr.	CRL 2A.3.16, 146b	1710c
9. Caltragh & CoolemcKena 1½ qr	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
10. Culemakena	Garret O'Moore Maps 28	1721c
11. Culemackena & Drumeda	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
12. Colemakena 1 qr.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
13. Kinkelly known by the name of Caltra and Coole McKenna with the castle and bawn of Kinkelly	QRL 2A.6.69, 549	1787
14. Coole Mckenna	QRL 2A.6.69, 552	1787
15. Caltragh & Coole McKenna ½ qr	QRL 2A.6.70, 571	1787
16. Coolmakean	Lynch-Blosse Maps	1811
17. Coolmakane or Boheen	Tithe App. Book §63	1823c
18. Coolmakeena	Litir Eolais (ALSO)	1838
19. Coolmakean	ST (ALSO)	1838
20. Coolmackean	T O'C (ALSO)	1838
21. Cúl Mhac Cane	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
22. Coolmackean	J O'D (p.l.; ALSO)	1838

[36] Féach tuilleadh ar *Cionn Coille* faoi Caltragh thuas.

23. Coolmakean	J O'D (ALSO)	1838
24. Cul mic Céin "Mac Keanes back (of a hill)"	J O'D (ALSO)	1838
25. ˌkuːlməˈkeːn	TC2, CRB1	2009

"It contains about 230¼ acres [231a. 0r. 22p.]... including about 67 acres of bog. [Situated] in the north extremity of the parish. Bounded on the north by Drumody, south by Caltragh, east by Carrowmarly, Gortgorriv, Carrowstillaun and Greenaun townlands, and west by the parish of Taugheen... The property of Sir F. B. Linch [sic], Blackrock, Dublin. There is an ancient fort in the south east end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh scaipthe san oirdheisceart, agus cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aniar aduaidh ar an teorainn thoir, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá lios suite gar do cheann thoir theas na roinne (M319739).

Is coitianta amach *cúil* "corner, recess" (*DIL* sv.) ná *cúl* "back, rear; back of head, neck" (*DIL* sv.), "back of a hill" (*Joyce* ii 200), in ainmneacha bailte fearainn, (cf. *L. Log.*, *GÉ, PNI passim*), agus moltar anseo í mar bhuneilimint. Tá sí cáilithe anseo ag sloinne. Tá luaineacht idir *Ó* / *Mac* i sloinnte teastaithe go háitiúil; féach samplaí faoi Ballymacloughlin i bparóiste Bhalla thuas. Gach seans, mar sin, gur leagan malartach den sloinne *Ó Cionaoith* a luaitear le hUí Mhaine,[37] seachas an sloinne Oiriallach *Mac Cionaoith*,[38] atá i gceist. Caithfidh sé, mar sin féin, gur athmhíníodh an cáilitheoir leis an sloinne (neamhtheastaithe) *Mac Céin*, go deireanach.[39]

[37] "The name of several distinct septs. The majority of the name today are of the Uí Maine sept" (MacLysaght 1985, 176 sv. *O Kenny*). Cf. *LMG* iv 78 sv. *Uí Chionaoith*.

[38] "A branch of the southern Uí Néill, mainly located in Co. Monaghan" (MacLysaght 1985, 175 sv. *Mac Kenna*). Nó seachas *Mac Coinnigh*, "whose homeland was on the border of Tyrone and Fermanagh" (MacLysaght 1985, 184).

[39] Luaitear clanna dar sloinne *Ó Céin* le hUí Néill an Tuaiscirt, le Muimhnigh agus le Sliocht Taidhg mhac Céin sa Ghinealach Mór (*LMG* iv 76 sv.).

Coolroe	An Chúil Rua	
M329717; 111	*"the red corner"*	
1. Cowlero... 2 qrs	CBC 94	1585
2. Cowleroe... 2 qrs	CBC 100	1585
3. Cooleroe	Inq. ME II.229, 235	1617
4. Cooleroe	CPR Jas I 393b	1618
5. Cullroe, Clogher[40] 3½ cartrons in the qr of	Strafford Inq. §115	1635
6. Cullroe, 1 qr of	Strafford Inq. §131	1635
7. Cooleroe 1 qr.	BSD 56	1661
8. Cooleroe qr.	ASE 241b	1677
9. Cooleroe	Forfeit. Estates 394	1703
10. Cooleroe	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
11. Cooleroe	Reg. Deeds Lib. 66, 510 §48064	1735
12. Cooleroe	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
13. Cooleroe	QRL 2A.6.70, 579	1787
14. Coolroe	Tithe App. Book §63	1823c
15. Coolroe	Bald	1830
16. Coolroe	Litir Eolais (ALSO)	1838
17. Coolroe	ST (ALSO)	1838

[40] 1. Clogher... 2 qrs — CBC 94 — 1585
2. Clogher... 2 qrs — CBC 100 — 1585
3. (?)Clogher, Wm. McAdam of — Fiants Eliz. §5458 — 1590
4. Clogherkindrumodie — Inq. ME II.229 — 1617
5. Clogherkindrumody — Inq. ME II.281 — 1617
6. the qr of Clogherkindromoda with ¼ part of a castle — Strafford Inq. §112V — 1635
7. Clogher 3½ cartrons in the qr of Cullroe — Strafford Inq. §115 — 1635
8. castle and 3 qrs of land of the qr of Clogherkendromodo; the qr of Doghlogher — Strafford Inq. §134 — 1635
9. Clougher 1 qr. — BSD 77 — 1661
10. Cloghir 1 qr. — ASE 277a — 1683
11. Clogher 1 qr. — CRL 2A.3.16, 147b — 1710c
12. Clogher 1 qr. — QRL 2A.6.70, 557 — 1787

Féach fosta faoi Drumady.

18. Coolroe	Cess Book (ALSO)	1838
19. Coolroe	T O'C (ALSO)	1838
20. Coolroe	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
21. Cúl rúaidh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
22. Cúl rúaidh "red back"	J O'D (ALSO)	1838
23. ku:l'ro:	TC4	2009

"It contains 189 acres [198a. 1r. 16p.]... including about 7 acres of plantation. Situated in the north side of the parish. Bounded on the north by Farmhill, south by Glebe, Derry and Crossboyne, and on the west by Cloonbanagh and Curragha-dhu-hia. The property of Mr. Bell, Dublin. There is a sheep fold in the north west end of this townland" (*ALSO*). Léirítear teach amháin i lár thuaidh an bhaile fhearainn, agus teach eile ar thalamh gléibe san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Áiríodh bunús na roinne, diomaite den ghléib (féach faoi Crossboyne), mar chuid de dhiméin *Castlemagarret House* (féach faoi Castlemagarretpark New).

Tá *cúil* "corner, recess" (*DIL* sv.; féach tuilleadh faoi Coolmakean thuas) cáilithe anseo ag *rua* "lit. *red*, of a brownish or dark red... Freq. as sobriquet = red-haired, and in place-names" (*DIL* sv. *ruad*(a)). Tá *An Chúil Rua* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Coolroe i gCorcaigh, Loch Garman, Cill Mhaintáin (www.logainm.ie), Port Láirge (*L. Log*. 29), Cill Chainnigh (*L. Log*. 28), Luimneach (*L. Log*. 35) agus Uíbh Fhailí (*L. Log*. 21); tá bailte fearainn eile darb ainm Coolroe i gCill Dara, Laois, Ceatharlach agus Ciarraí (*Census 1851*).

Crossboyne	Crois Bhaoithín	
M335710; 111	"St. *Baoithín*'s cross"	
1. Crsoboyhin [*sic*]... one qr	CBC 94	1585
2. Barrony of Crosboyhin alias Clanmorrish... Barrony of Crossbohin alias Clanmorrish	CBC 100	1585
3. Crosboheine, O Henigane of	Fiants Eliz. §5451	1590
4. Crossbuihin... John O'Henichain	Incumbents [1591] 225	1591
5. Crosbohin	Inq. ME II.271	1617
6. Crosseboyhinne, the qr of	Strafford Inq. §153V	1635
8. Carromacadoe als Crosboyghne 1 qr.	BSD 57	1661
9. Crossboyne	Hib. Del. Mayo	1672c

10. CarrowmcCadda als Crosboyn	CRL 2A.3.16, 154b	1710c
11. Carrow McCadda als Carrowboyne 1 qr	QRL 2A.6.70, 589	1787
12. Crossboyne, Crossboyne Glebe	Tithe App. Book §63	1823c
13. Crossboyne	Bald	1830
14. Crossboyne	ST (ALSO)	1838
15. Crossboyne	Litir Eolais (ALSO)	1838
16. Crossboyne or Carrowmacadar	Cess Book (ALSO)	1838
17. Crossboyne. See parish name	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
18. krɔsˈboin	CRB3, TC4	2009

"It contains about 81 acres [112a. 0r. 9p.][41]... all arable land. [Situated] in the north central part of the parish. Bounded on the north by Derry and Coolroe, south by Drummin West, east by Glebe and west by Curragha-dhu-hia. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe, eaglais Anglacánach agus scoil suite ar bhruach thuaidh an Róba (a reáchtálann anoir aduaidh ar an teorainn theas) agus le hais bóthair aduaidh, ar an chéad eágrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear gléib agus teach gléibe sa trian thoir den roinn; léirítear tuilleadh de thalamh gléibe rud beag ó thuaidh de Crossboyne i ndeisceart Coolroe.[42] Ní luaitear láthair chroise ná seaneaglaise leis an roinn seo sna gnáthfhoinsí (*ALSO, Monuments*; luaitear grúpa séadchomharthaí éagsúla, "*miscellaneous*", le ceantar an teampaill in *Monuments* §111: M337710).

Féach nóta ar shanas an ainm seo faoin ainm paróiste thuas.

Curraghadooey — Currach an Dúigh

M326694; 111 — *"the marsh of the black colouring-substance"*

1. Costurlogh[43] 1 qr.... a parcell of Curragh	BSD 55	1661
2. Curraghdue als. Ruovagh[44]	Forfeit. Estates 394	1703

[41] Tá achar talaimh na gléibe curtha san áireamh sa dara figiúr, is cosúil.

[42] 1. (?)Gleabe Land — BSD 56 — 1661

[43] Féach faoi Woodstock thíos.

[44] 1. Ruckbehagh — Inq. ME II.245 — 1617
2. Ruobehagh, qr of — CPR Jas I 319a — 1617
3. Knobehagh, cartron of — CPR Jas I 394a — 1618

3. Curraghoue als Ruovagh	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
4. Curraghuffe als Knovagh [*sic*]	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
5. Curraghdue als Ruvagh	QRL 2A.6.70, 578	1787
6. Curraghadooey	Tithe App. Book §63	1823c
7. Curraghaduia	Bald	1830
8. Curraghadhuhia	Litir Eolais (ALSO)	1838
9. Curraghadhuhia	ST (ALSO)	1838
10. Curraghadoo	Áitiúil (ALSO)	1838
11. Curaghadoowee according to local Irish pronunciation	T O'C (nóta; ALSO)	1838
12. Curraghadoo	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Curraghaduia	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
14. Curraghadooey	J O'D (ALSO)	1838
15. Currach a dubhaigh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
16. Currach a dubhaigh "moor of the blacking stuff"	J O'D (ALSO)	1838
17. Currach an Dúigh	www.logainm.ie	2005
18. ˌko̝rəˈdu:i	TC4, CRB3	2009

"It contains about 717¼ acres [721a. 0r. 37p.]... including about 177 acres of bog. Situated in the [south] side of the parish and adjoining Crossboyne. Bounded on the north by Cloonbonagh townland and parish of Kilcommon [in Kilmaine barony], on the south by Scardaun West and Gortanerin, on the east by Drummin West and Crossboyne, and on the west by Ballyhankeen. The property of G. Veassey, Eangland. There is a triangulation station in the south end of this townland called Saunagh; there

---

4. Rove, ʊ qr of	Strafford Inq. §119V	1635
5. Rovegh, the qr of	Strafford Inq. §132	1635
6. Rovegh, the qr of	Strafford Inq. §§151, 151V	1635
7. Rovegh, ⅛ gnive in	Strafford Inq. §154	1635
8. Rouagh 1 qr.	BSD 58	1661
9. Ronagh	Hib. Del. Mayo	1672c
10. Curraghdue als. Ruovagh	Forfeit. Estates 394	1703
11. Curraghoue als Ruovagh	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
12. Curraghdue als Ruvagh	QRL 2A.6.70, 578	1787

Léirítear foirm 9 suite san iardheisceart ó thuaidh de *Caolchoill* (féach faoi Brookhill) agus Scardaun East / Scardaun West.

is also a tuck mill in the north west end of this townland (*ALSO*). Léirítear grúpaí éagsúla tithe le hais bóithre, agus cuid áitreabh scaipthe, sa sciar thuaidh den bhaile fearainn seo, agus grúpa beag tithe agus cuid bheag tithe scaipthe sa sciar theas den roinn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann an Róba anoir aduaidh ar an teorainn thuaidh; reáchtálann craobhshruthán aneas chuige ar an teorainn thiar.

Is í *currach* "Later also currach... marsh, fen" (*DIL* sv. *cuirrech*), "wet bog, marsh" (*Ó Dónaill* sv. *corrach*) an bhuneilimint anseo. Is gá glacadh le teistiméireacht Uí Dhonnabháin i dtaca leis an eilimint cháilithe: *dubh* móide an iarmhír shubstainteach / áitreabhach / chnuasaigh *-ach*. Tá *An Dubhaigh*, ina bhfuil claonfhoirm de leagan baininscneach de *dubhach* "black / dark place", molta mar bhunús don mhionainm *Doey Plantation* in oirthuaisceart Aontroma (*PNI* 7, 185), bunaithe ar leagan Gaeilge a bhailigh an teangeolaí, Nils Holmer. Tá an chiall a mhol Ó Donnabháin do *dubhach* (foirm 16) teastaithe ag *Ó Dónaill* (sv. *dúch*3): "black colouring substance found in bog". Cf. Polladoohy < *Poll an Dúigh* i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá *Gort an Dúigh* / Gortadooey i nGaillimh (www.logainm.ie).

Derry	Doire	
M337716; 111	*"thicket"*	
1. Derry	Inq. ME II.233	1617
2. Derry	Inq. ME II.241	1617
3. Derrie	Inq. ME II.247	1617
4. Derrie qr	CPR Jas I 319a	1617
5. Derriy... O'Cuningan of Derry	CPR Jas I 394a	1618
6. ⅓ qr in the qr of Derry and Liscoyle; and ½ gnive called Gortmerbuill in the qr of Derry	Strafford Inq. §115	1635
7. ½ gnive in Raghnageiragh in the qr of Derry	Strafford Inq. §115	1635
8. Derry, the qr of	Strafford Inq. §132	1635
9. Derry, the qr of	Strafford Inq. §133	1635
10. Derry, qr of Brackloone and	Strafford Inq. §143V	1635
11. Derry, the qr of	Strafford Inq. §144	1635
12. Derry, qr of Brackloane and	Strafford Inq. §144V	1635
13. Derry, the qr of	Strafford Inq. §157V	1635

14. Derry [5½ gneeves & ½ catrn.]	BSD 55	1661
15. Derry qr.	ASE 125b	1667
16. Derry ⅔ qr.	ASE 254a	1678
17. castle and 4 qrs. viz. CastlemcGerrald 1 qr., Derry 1 qr., Killihell als Carrowledane 1 qr. and Bracklone 1 qr.	ASE 275b	1683
18. Derry, qr of	CRL 2A.3.16, 141a	1710c
19. Derry ⅔ of qr.	CRL 2A.3.16, 145a	1710c
20. Derry ½ qr	CRL 2A.3.16, 154a	1710c
21. Derry	L. Blosse Papers 193 §75	1754
22. Derry, qr of	QRL 2A.6.70, 527	1787
23. Derry ⅔ of a qr.	QRL 2A.6.70, 544	1787
24. Derry ½ qr	QRL 2A.6.70, 585	1787
25. Derry	Tithe App. Book §63	1823c
26. Derry	Litir Eolais (ALSO)	1838
27. Derry	ST (ALSO)	1838
28. Derry	Cess Book (ALSO)	1838
29. Derry	T O'C (ALSO)	1838
30. Doire	J O'D (dúch; ALSO)	1838
31. Doire "an oakwood"	J O'D (ALSO)	1838
32. ˈdɛri	TC4	2009

"It contains about 155 acres [162a. 1r. 6p.]... including about 19 acres of plantation. Situated in the north central part of the parish. Bounded on the north by Coolroe and Glebe, on the south by Crossboyne, Glebe and Castlemagarret Park Old and on the south by Guard House Park. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; áiríodh bunús an bhaile fhearainn (diomaite den cheathrú thiar) mar chuid de dhiméin *Castlemagarret House* (féach Castlemagarretpark New). Léirítear lios i dtuaisceart na roinne ar léarscáileanna reatha (M337721).

Tá bríonna éagsúla maíte ar *doire*: "io, probably neuter... an oak-wood; a grove, thicket" (*DIL* sv. *daire, doire*I,II); "an oak grove, a wood, a thicket" (*Dinneen*). Déanann Ó Maolfabhail (1990, 156-7) í a aistriú mar "thicket" i gcás ainmneacha bailte fearainn nach bhfuil teastaithe ach go déanach sna foinsí; déanann sé í a aistriú mar

“oakwood” i gcás ainmneacha bailte fearainn atá teastaithe leis na céadta de bhlianta sna foinsí. Cloítear leis an mhíniú “thicket” sa saothar seo.

Is minic a séimhíodh túschonsan eiliminte cáilithe ar lorg na buneiliminte *doire* i logainmneacha ábhartha sna baruntachtaí máguaird (tá eisceachtaí ann, áfach: cf. Derrybrack < *Doire Breac* i mbarúntacht Choistealach). Is dóiche gur léiriú é sin ar úsáid rialta i gclaontuisil,[45] seachas léiriú ar inscne.

Tá samplaí eile den ainm coitianta seo i bparóiste an Chnoic sa bharúntacht seo, agus i mbarúntachtaí Mhuraisce, Chill Mheáin agus an Rois.

Drumady	Dromadaigh	
M303769; 101	*“(place of) ridged land”*	
1. Clogherkindrumodie[46]	Inq. ME II.229	1617
2. Clogherkindrumody	Inq. ME II.281	1617
3. the qr of Clogherkindromoda with ¼ part of a castle[47]	Strafford Inq. §112V	1635
4. castle and 3 qrs of land of the qr of Clogherkendromodo; the qr of Doghlogher[48]	Strafford Inq. §134	1635

[45] Mar shamplaí, Derryhillagh < *Doire Shaileach* i marúntacht Thír Amhlaidh, Derryharriff North < *Doire Thairbh* i mbarúntacht Cheara, Derradda < *Doire Fhada* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill agus Derryhawna < *Doire Ghamhna* agus Derryheeagh < *Doire Shíoch* i mbarúntacht Mhuraisce. Níl ach dhá shampla de *doire* i gCill Mheáin (Derry agus Thomastown, a n-áirítear an tseanroinn *Doire Comhla* leis). Spéisiúil go leor, mhol Ó Donnabháin *Doire Mór* mar fhoirm Ghaeilge i gcás Derrymore i mbarúntacht Cheara, ach [ˌdirˊə ˈwoːr] a thugann Gaeilgeoirí Thuar Mhic Éadaigh uirthi agus [ˌdɛrəˈwoːr] atá ag Béarlóirí áitiúla, fiú.

[46] Liostaítear foirmeacha 1-6 le tailte pharóiste Mhaigh Eo, sna foinsí. Féach go bhfuil paróiste Mhaigh Eo buailte leis an teorainn thuaidh. Féach faoi Coolroe thuas.

[47] Suite rud beag ó thuaidh de Drumady, i ndeisceart Knockaunnakill.

[48]1. Dooclogher	Inq. ME II.281	1617
2. Doghlogher, the qr of	Strafford Inq. §134	1635
3. Duclogher, [o Murcho... mc Cristick...] 2 qrs of	Strafford Inq. §§150, 150V	1635
4. Doughelougher 2 gneeves	BSD 77	1661
5. Aghufada, Knockiska, Lismalun and Duclogher	ASE 275b	1683
6. Douglogher 2 gneeves	ASE 277a	1683

5. Kindrumada ½ qr.	ASE 275b	1683
6. Drumady	Garret O'Moore Maps 30	1721c
7. Culemackena & Drumeda	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
8. Drumody	Reg. Deeds Lib. 57, 121 §37595	1728
9. Dromady	Tithe App. Book §63	1823c
10. Drumada	Bald	1830
11. Drumody	ST (ALSO)	1838
12. Drumody	Litir Eolais (ALSO)	1838
13. Drumada	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
14. Drommaddy	T O'C (ALSO)	1838
15. Dromedy	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
16. Drumady.[49] Compare	J O'D (ALSO)	1838
17. Drumadaigh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Drumadaigh "ridged land"	J O'D (ALSO)	1838
19. ˈdrọ̈mədi	CRB1	2009

"It contains about 519½ acres [517a. 1r. 15p.]... including about 190 acres of bog. [Situated] in the north side of the parish. Bounded on the north and east by the parish of Mayo, and Kilcoleman, south by Greenaun and west by the parish of Taugheen... The property of P. Kirwan Esqr., Dergam Park [sic]. There are two triangulation stations in this townland, one called Drumody, 211 feet above low water, and the other called Drumody North, 236 feet above low water" (*ALSO*). Léirítear grúpaí beaga tithe i lár thiar, tuaisceart agus deisceart na roinne, agus cuid áitreabh scaipthe chomh maith, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá *Drumady Lough* ar an teorainn thiar le paróiste Theach Chaoin, agus crannóg ann (M297774).

Tá *Dromadaigh (Duke)* molta mar bhunfhoirm i gcás Drumada (*Duke*) i mbarúntacht Ghaileang. Tá *Droim Fhada* socraithe mar bhunfhoirm Dromad i Lú (*L. Log*. 13). Tá samplaí de Drumad sa Chabhán, Fear Manach, agus Tír Eoghain, agus tá Drumadagarve i bhFear Manach, ach tá a mbunfhoirmeacha le socrú go fóill (*Census 1851*). Tá bunús san fhocal *dromad* molta i gcás Drumadd in Ard Mhacha (Ó Mainnín 2002, 121: *Dromad Uí Chianáin*). Is léir gur forbairt ó *dro(i)m* é *dromad* (*DIL* sv.

7. Doghlogher 2 gnee	CRL 2A.3.16, 147b	1710c
8. Doghlogher 2 gn.	QRL 2A.6.70, 558	1787

[49] An siombal "<" os cionn "-u-" agus "-a-".

Drummut); mhol Ó Mainnín an chiall "ridge" dó. Tá sampla de teastaithe san ainm *Drummat Gesilli* i Maigh Life (féach *Onom. Goed.* 370a);[50] féach fosta an sráidbhaile poist agus baile fearainn Drumod < *Dromad* i Liatroim (*GÉ* 95) agus Drumaddarainy / *Dromad Raithnigh* i Muineachán (*L. Log.* 31). Mhol Ó Donnabháin forbairt ó *dromad*, leis an iarmhir chnuasaigh nó áitreabhach *-ach*, sa chlaonfhoirm *Dromadaigh* "ridged land", mar bhunús sa chás atá idir chamáin (cf. foirm 17 thuas). Tá fianaise na bhfoirmeacha cineál neamhchonchlúideach; d'fhéadfaí *Clochar Cinn Droma Fhada* nó *Clochar Cinn Dromadaí* a léamh ar fhoirmeacha 1-4. Tacaíonn an fuaimniú reatha le bunús san fhocal *dromadach*, áfach.

Tá Drumady eile i bhFear Manach (*Census 1851*).

Drummin East	An Dromainn Thoir	
M346700; 111	*"the ridge, east"*	
1. Dromyne	Inq. ME II.229	1617
2. 2½ gnives in the qr of Lyllkell,[51] viz. the gnive of Drumm and the gnive of Burris, and the ½ gnive of Creekmenevie	Strafford Inq. §112	1635
3. Drummen	Bald	1830
4. Drummin East	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Drummin East	ST (ALSO)	1838
6. Drummin East	T O'C (ALSO)	1838
7. Drummen	JO'D (dúch dearg; ALSO)	1838
8. Druim	J O'D (p.l., scriosta; ALSO)	1838
9. Druminn	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Druminn "a small ridge"	J O'D (ALSO)	1838
11. ˈdrn̩mən	TC2, TC4	2009

[50] Tá *An Dromaid* socraithe mar bhunfhoirm Dromod i gCiarraí (*IROL* 58 §184). Ní léir cé acu leagan malartach baininscneach de *dromad* luaite sa phlé thuas atá i gceist anseo, nó *dro(i)m* móide an iarmhír *-(a)id*, atá le sonrú in ainmneacha ar nós *Dianaid* san ainm srutháin *Burn Dennet* i dTír Eoghain (*DUP* 30-1), *An Bhuanaid* nó *Bonet River* i gContae Liatroma (*GÉ* 39) agus *Fánaid* i gContae Dhún na nGall (*ibid.* 104). Féach tuilleadh ar an iarmhír seo faoi Roonah i mbarúntacht Mhuraisce (Imleabhar 2 sa tsraith seo; agus ag *Joyce* ii 13-4).

[51] I dtaca le *Caolchoill*, féach Brookhill thuas.

“It contains about 84 acres [84a. 2r. 9p.]... including about 22 acres of bog. [Situated] in the central part of the parish. Bounded on the north by Drummin North, on the south by Esker North, on the east by Castlemagarret Park New and on the west by Kilscough and Drummin South. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret” (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* é in 1838 (féach Castlemagarretpark New). Ní léir cé acu droim talaimh a thug ainm do na rannta seo; tá droim talaimh timpeall 50 méadar ar airde i lár Drummin East.

Tá an bhuneilimint *dromainn* “humped (back); hillock... common in n.loc.” (*DIL* sv. *drumman*), “ridge, mound” (*Ó Dónaill*), coitianta go leor in ainmneacha bailte fearainn sa chontae seo. Tá Drummin East, Drummin West, Drummindoo agus Drumminaweelaun i mbarúntacht Mhuraisce; féach fosta Drummindoo agus Drummin i mbarúntacht Thír Amhlaidh, Drumminaguncan, Drumminroe East agus Drumminroe West i mbarúntacht Cheara, agus Drumminabo, Drummannaglieve agus Drumminahaha i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill. I dtaca le húsáid an ailt san fhoirm mholta, féach, mar shampla, go bhfuil *An Dromainn* socraithe mar an fhoirm Ghaeilge de Drummond, Drummin, Blakefield agus Dromin i dTiobraid Árann (*L. Log*. 74).

Is cosúil gur áiríodh na ceithre bhaile fearainn seo mar chodanna de roinn eile, sna foinsí, sa tréimhse 1635-1830, ach ní léir cé acu roinn. Ní úsáidtear na cáililtheoirí Béarla, go háitiúil.

Drummin North	An Dromainn Thuaidh	
M343705; 111	“*the ridge, north*”	
1. Drummin North	Tithe App. Book §63	1823c
2. Drummin North	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Drummin North	ST (ALSO)	1838
4. Drummin North	T O’C (ALSO)	1838

“It contains about 55 acres [55a. 0r. 38p.]... Situated in the north side of the parish. Bounded on the north by Castlemagarret Park Old, south by Drummin East, east by Castlemagarret Park New, and west by Drummin South. The property of Lord Oranmore, Casltemagarret” (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; ba chuid de dhiméin *Casltemagarret House* é in 1838 (féach Castlemagarretpark New).

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Drummin East thuas.

Drummin South An Dromainn Theas

M341701; 111 *"the ridge, south"*

1. Drummin South	Tithe App. Book §63	1823c
2. Drummin South	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Drummin South	ST (ALSO)	1838
4. Drummin South	T O'C (ALSO)	1838

"It contains about 48¼ acres [48a. 3r. 0p.]... including about 7 acres of bog. Situated in the central part of the parish and south of Crossboyne. Bounded on the north by Drummin West, south by Kilscough, on the east by Drummin North and Drummin East, and on the west by Gortanerin. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; ba chuid de dhiméin *Casltemagarret House* é in 1838 (féach Castlemagarretpark New).

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Drummin East thuas.

Drummin West An Dromainn Thiar

M336705; 111 *"the ridge, west"*

1. Drummin West	Tithe App. Book §63	1823c
2. Drummin West	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Drummin West	ST (ALSO)	1838
4. Drummin West	T O'C (ALSO)	1838

"It contains about 86 acres [86a. 0r. 14p.], all arable. [Situated] in the central part of the parish. Bounded on the north by Crossboyne, south by Drummin South and Gortanierin, east by Burris and Castlemagarret Park Old, and on the north by Curragh-dhu-hia. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe in oirthuaisceart na roinne seo, agus cuid bheag tithe eile suite le hais bóithre i dtuaisceart agus in oirthear na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Drummin East thuas.

Esker East	An Eiscir Thoir	
M357696; 111	*"the ridge, east"*	
1. Eskerpherris 4 Gneeves	BSD 58	1661
2. Eskerfery	Hib. Del. Mayo	1672c
3. Eskerferris 4 gneeves	ASE 253b	1678
4. Ballindangan 6 qrs, by the names of Eskerfeorish...	L. Blosse Papers 193 §75	1754
5. Esker East	Tithe App. Book §63	1823c
6. Esker	Bald	1830
7. Esker East	Litir Eolais (ALSO)	1838
8. Esker East	ST (ALSO)	1838
9. Esker East	T O'C (ALSO)	1838
10. Esker	J O'D (ALSO)	1838
11. Escir	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
12. Escir "a ridge of sand hills"	J O'D (ALSO)	1838
13. ˈɛskər	TC4	2009

"It contains about 140 acres [140a. 1r. 11p.]... including about 18 acres of bog, and about 10 acres of rough pasture. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Esker North and Carrowlena, on the east by Ballindine North, on the south by Newtown South and on the west by [Esker North]. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear áitribh le hais bóithre i ndeisceart agus iardheisceart na roinne, agus teach aonair san oirthear, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá deisceart Esker East, deisceart Esker North agus oirthear Esker South suite ar dhroim talaimh atá breis agus 60 méadar ar airde.

Bhí an bhuneilimint *eiscir* "a ridge, an elevation (separating two plains or depressed surfaces)" (*DIL* sv. *escir*) cáilithe anseo ag an ainm pearsanta *Piaras*, "a borrowing of *Piers*, the Anglo-Norman form of *Peter*, introduced into Ireland by the Anglo-Norman settlers..." (Ó Corráin & Maguire 1981, 153; cf. samplaí sa Ghinealach Mór ag *LMG* v 560-1 sv. *Piarus*), tráth. Tá samplaí áitiúla eile den bhuneilimint le sonrú sna hainmneacha Esker agus Eskerymorilly i bparóiste an Chnoic, agus Eskerlevally i bparóiste Chill Cholmáin. Tá bailte fearainn eile darb ainm Esker i mbarúntacht Ghaileang, i nGaillimh, Liatroim, Ros Comáin, Laois, Tír Eoghain (*Census 1851*), Cill Chainnigh (*L. Log*. 30 sv. *An Esicir*), Uíbh Fhailí (*L. Log*. sv. 25 sv. *An Eiscir*) agus Muineachán (*L. Log*. 33 sv. *An Eiscir*).

Ní úsáidtear na cáilitheoirí *East*, *North*, *South* go háitiúil.

Esker North	An Eiscir Thuaidh	
M352698; 111	"*the ridge, north*"	
1. Esker North	Tithe App. Book §63	1823c
2. Esker North	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Esker North	ST (ALSO)	1838
4. Esker	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838

"It contains about 103½ acres [103a. 3r. 11p.]... including about 12 acres of planting .[Situated] in the central part of the parish. Bounded on the north by Drummin East, on the east by Carrowlena, on the south by Esker East and on the west by Esker South and Kilscough. The property of Lord Oranmore, Casltemagarret. There are two ancient forts in this townland, one in the west end of the townland at which there is a burial ground called Maguires Fort and Burial Ground, the other in the south end called Lisnabrehan" (*ALSO*). Léirítear tithe in iarthuaisceart, lár, oirthear agus oirdheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios ar a dtugtar *Maguires Fort*, agus an reilig ("*Burial Gd*."), suite san iarthar (timpeall M351699), agus *Lisnapreaghane* suite san oirdheisceart (M353695). Léirítear paistí coille, nó plandála, in iarthar agus i ndeisceart an bhaile fhearainn.

Féach nóta ar an ainm seo faoi Esker East thuas.

Esker South	An Eiscir Theas	
M353689; 111	"*the ridge, south*"	
1. Esker South	Tithe App. Book §63	1823c
2. Esker South	ST (ALSO)	1838
3. Esker South	Litir Eolais (ALSO)	1838

"It contains about 182½ acres [182a. 2r. 14p.]... including about 10 acres of bog. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north and east by Esker North, Esker East and Newtown North, on the south by Killeen, on the west by Treengorrive, Scardaun East and Kilscough. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is a triangulation station in this townland, called Esker, 220 feet above the level of the sea" (*ALSO*). Léirítear áitribh suite le hais bóithre a reáchtálann ar theorainneacha thoir agus theas na roinne seo, agus cuid tithe le hais bóthair eile i

lár an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an stáisiún triantánachta suite gar don teorainn thoir thuaidh

Féach nóta ar an ainm seo faoi Esker East thuas.

Farmhill *Cnoc na Feirme*

M322722; 101, 111

1. Farmhill, John Gardener late of Tonroe but now of	Reg. Deeds Lib. 525, 359 §344937	1800
2. Farmhill	Tithe App. Book §63	1823c
3. Farm hill	Bald	1830
4. Farmhill	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Farmhill	ST (ALSO)	1838
6. Correct	T O'C (ALSO)	1838
7. Farmhill	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
8. Cnoc na Feirme	www.logainm.ie	2005
9. farm'hil	TC2, TC4	2009

"It contains about 170 acres [167a. 2r. 38p.]... including about 17 acres of plantation. [Situated] about [two] miles [south] west of the town of Claremorris. Bounded on the [west] by Knock-aun-an-eel, [east] by Coolroe East, [north east by] Carrowmore and Brookhill and [north] by Cloonbanagh. The property of Col. Abbernot, England. Farmhill House is in the north east end of this townland" (*ALSO*). Ní léirítear teach ar bith eile sa roinn seo diomaite de *Farmhill House*, sa tuaisceart, ar a chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Chónaigh fear darb ainm *Gunbell* ann in 1838: féach Cloondroon i bparóiste Chill Cholmáin.

Tá *Cnoc na Feirme* molta mar fhoirm Ghaeilge Farmhill i mbarúntacht Thír Amhlaidh, chomh maith, agus socraithe mar fhoirm Ghaeilge i gcás Farmhill i nGaillimh. Tá Farmhill or Barratober i Loch Garman (*Census 1851*).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Garryduff Middle	An Garraí Dubh Láir	
M371719; 112	*"the black field, middle"*	
1. Garryaduff	Bald	1830
2. Garryduff Middle	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Garryduff Middle	ST (ALSO)	1838
4. Garryduff	T O'C (ALSO)	1838
5. Garraidh Dubh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Garraidh Dubh	J O'D (dúch; ALSO)	1838
7. Gardha dubh "i.e. black garden"	J O'D (ALSO)	1838
8. gariˈdo̱f	CRB4, TC4	2009

"It contains about 175 acres [75a. 1r. 34p.]... including about 50 acres of bog. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Castlemagarret Park New, on the east by Garryduff North, Garryduff Middle and Garryduff South, on the south by Woodstock, on the west by Logalisheen North, Skehevade and Poulnasellagh. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* í, in 1838.

Tá Garryduff eile i mbarúntacht Cheara. Tá breis agus 30 sampla eile den ainm seo tríd an tír, agus dáileadh cothrom go leor orthu (*Census 1851*). Tá *An Garraí Dubh* socraithe mar an leagan Gaeilge de shamplaí i gCill Chainnigh (*L. Log*. 32), Tiobraid Árann (*L. Log*. 81-2), Luimneach (*L. Log*. 40-1), Port Láirge (*L. Log*. 32), Uíbh Fhailí (*L. Log*. 26), Muineachán (*L. Log*. 35), Gaillimh, Loch Garman, Corcaigh agus Aontroim (www.logainm.ie), agus tá samplaí eile i Laois, an Iarmhí, Cill Mhantáin agus Sligeach (*Census 1851*). Is dóiche gur cur síos ar dhath chréafóg na páirce, nó an *garraí* "(ON garðr) an enclosure, court, garden, yard" (*DIL* sv. *garrda*), "small (enclosed) field, plot" (*Ó Dónaill* sv. 2*garraí*2), atá san aidiacht cháilithe *dubh* "black, swarthy, dark" (*DIL* sv. *dub*I).

Is léir gur áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: *Cill Churnáin*, is dóiche (féach Garryduff West). Féach fosta áfach an ceantar áitiúil eaglasta ar ar tugadh *Baile an Gharraí*, faoin ainm paróiste thuas.

Ní chloistear na cáilitheoirí Béarla, sa ghnáthúsáid áitiúil.

Garryduff North An Garraí Dubh Thuaidh

M366723; 101, 102, 111, 112 *"the black field, north"*

1. Garryduff North	Tithe App. Book §63	1823c
2. Garryduff North	ST (ALSO)	1838
3. Garryduff North	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Garryduff North	T O'C (ALSO)	1838
5. Garryaduff	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
6. Garda dubh "black garden"	J O'D (ALSO)	1838

"It contains about 87½ acres [87a. 2r. 36p.]... including about 18 acres of rough pasture. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north and east by the parish of Kilcoleman, on the south by Garryduff Middle, and on the west by Garryduff West and Castlemagarret North. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* í, in 1838.

Is léir gur áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: *Cill Churnáin*, is dóiche (féach Garryduff West).

Garryduff South An Garraí Dubh Theas

M377713; 112 *"the black field, south"*

1. Carrowmurroghoe, ½ qr in	Strafford Inq. §149V	1635
2. Carromac-murrow	BSD 54	1661
3. Carrow McMurchue	ASE 125b	1667
4. Currowmura	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Carrowmurrhow	ASE 241b	1677
6. Carrowmacmurrogh	ASE 255b	1678
7. Carrowmcmarghan 1 qr.	CRL 2A.3.16, 141a	1710c
8. Carhowmurrow, qr of	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
9. CarrowmcMurrough	CRL 2A.3.16, 147a	1710c
10. CarrowmcMorhue	Reg. Deeds Lib. 81, 98 §56309	1735
11. CarrowMcMarshan	QRL 2A.6.70, 528	1787
12. Carhowmurow, qr of	QRL 2A.6.70, 536-7	1787
13. Carrow McMurrogh	QRL 2A.6.70, 555	1787
14. Garryduff South	Tithe App. Book §63	1823c
15. Garryduff South	ST (ALSO)	1838

16. Garryduff South	Litir Eolais (ALSO)	1838
17. Garryaduff	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
18. Garryduff South	T O'C (ALSO)	1838

"It contains about 124¼ acres [124a. 1r. 35p.]... including about 55 acres of bog. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Garryduff Middle, on the east by the parish of Kilcoleman, on the south by Woodstock and on the north by Garryduff West. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is an ancient fort on the west boundary of this townland. Also a triangulation station in the west end of this townland, called Garryduff" (*ALSO*). Léirítear an lios suite ar an teorainn thiar le Garryduff West (M373714; reáchtálann bóthar tríd) ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; léirítear trí theach suite díreach ó thuaidh den lios in iarthuaisceart an bhaile fhearainn. Ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* í an roinn seo, in 1838.

Léirítear foirm 4 suite ó thuaidh de *Callistoca* (Woodstock) ar léarscáil *Hib. Del. Mayo* agus buailte le teorainn thoir an pharóiste agus le *Killcarnon* (féach Garryduff West) agus is beag amhras atá ann gur thagair foirmeacha 1-13 do cheantar Garryduff South. Tá an bhuneilimint *ceathrú* cáilithe ag an sloinne *Mac Murchú* sna foirmeacha sin. Is féidir, i bhfianaise luaineachta idir *Ó* agus *Mac* i gcuid sloinnte go háitiúil (féach cuid samplaí faoi Coolmakean thuas agus faoi Ballymacloughlin i bparóiste Bhalla), gur leagan malartach den sloinne *Ó Murchú* a luaitear le Ros Comáin,[52] agus le hUí Fhiachrach iarthar Shligigh (*LMG* i §275.2), a bhí i gceist, ó cheart.

Garryduff West	An Garraí Dubh Thiar	
M369713; 111, 112	"*the black field, west*"	
1. [prebends of] Kyllmygany, Cluaynmor [and] Kyllcurrnan... [vicarages of] Croysbuythyn, Cluaynmor [and] Kyllcurrnan...		
[church of] Crosbuythyn	CEPR vii 95	1418

[52] Seachas an sloinne *Mac Murchú* < *Mac Murchadha* a luaitear le Tír Eoghain / Ard Mhacha agus le Loch Garman (MacLysaght 1985, 230 svv. *Mac Murphy* agus *Mac Murrough* faoi seach). I dtaca le *Ó Murchú* < *Ó Murchadha*, féach MacLysaght (*op. cit*. 230 sv. *O Murphy*): "... is the most numerous name in Ireland and is thar of three different septs... Cork, Roscommon and Wexford" (féach fosta *LMG* iv 162 sv. *Ó Murchadha*).

2. [rural lands of] Balle Ingarga[53]... [united to the canonry and the prebend of] Kylcornan	CEPR xviii 520 §762	1492
3. Kylcornan, [prebend of]	CEPR xviii 523 §765	1507
4. (?)Kyllcaryn	Bodkin's Visit. 151	1565c
5. Kilcornain	Incumbents [1591] 225, 226	1591
6. Kilcornane	Inq. ME II.239	1617
7. Killcornan	Inq. ME III.373	1631
8. Killcornan, 2 qrs of	Strafford Inq. §§109V, 110V	1635
9. Killcornane 2 qrs	Strafford Inq. §131	1635
10. Killnenane [sic], 2 qrs of	Strafford Inq. §134V	1635
11. Killcornane, 2 qrs of	Strafford Inq. §143	1635
12. Killcornan, 2 qrs of	Strafford Inq. §143V	1635
13. 1 cartron in the half town of Killcornan called Carrownetenae alias Bealafearna	Strafford Inq. §149V	1635
14. Killcornan, 2 qrs of	Strafford Inq. §149V	1635
15. Killcornan... Kilcornan, 2 qrs of	Strafford Inq. §157V	1635
16. Killcornan, half townlands of	Strafford Inq. §163	1635
17. Killcornan 2 qrs	BSD 54	1661
18. Killcarnon	Hib. Del. Mayo	1672c
19. Killcornane 2 qrs	ASE 254a	1678
20. Killcornane 2 qrs	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
21. Killcornane	Garret O'Moore Maps 27	1721c
22. Kilcornan	L. Blosse Papers 193 §75	1754
23. Killcornane 2 qrs	QRL 2A.6.69, 544	1787
24. Garryduff West	Tithe App. Book §63	1823c
25. Garryduff West	ST (ALSO)	1838
26. Garryduff West	Litir Eolais (ALSO)	1838
27. Garryduff West	T O'C (ALSO)	1838

"It contains about 175 acres [175a. 0r. 32p.]... including about 50 acres of bog. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Castlemagarret Park

[53] Ní léir ar fhás an logainm *An Garraí Dubh* ón roinn eaglasta seo ar ar tugadh *Baile an Gharraí*: féach foirmeacha stairiúla *Baile an Garraí* faoin ainm paróiste thuas.

New, on the east by Garryduff North, Garryduff Middle and Garryduff South, on the south by Woodstock, on the west by Logalisheen North, Skehevade and Poulnasellagh. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh comhaimseartha sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* í, in 1838. Léirítear ballóga *Kilcurnan Church* i lár thuaidh an bhaile fhearainn (M367715). "Killcurnan old church [is] 13 yards long, 7 yards broad; a small portion of the north east corner remaining..." (nótaí ag deireadh *ALSO* B441). Is beag amhras atá ann, mar sin, go dtagraíonn foirmeacha 6-23 do roinn i gceantar Garryduff West.

Tá *cill* "church... monastic settlement or foundation... churchyard, graveyard" (*DIL* sv. *cell*) cáilithe in ainm na hiar-roinne ag ainm naoimh: *Curnán*. Luaitear Naomh Curnán le *Cill Churnáin* (paróiste *Kilcornan*) i Luimneach i bhFéilire Dhún na nGall (*Mart. Don*. 8, Jan. 6, agus 392; cf. *LMG* iii §733.2). Tá paróiste eile, agus baile fearainn, den ainm céanna i dTiobraid Árann (*L. Log*. 6, 45), agus tá bailte fearainn darb ainm Kilcornan / *Cill Churnáin* sa Chlár agus i nGaillimh (www.logainm.ie). Féach fosta an iar-roinn eaglasta *Ráth Churnáin* faoin ainm paróiste Bhéacáin i mbarúntacht Choistealach (Imleabhar 10). Liostaítear triúr tuatach darb ainm *Curnán* sa Ghinealach Mór (*LMG* v 201 sv.).

Is féidir gur chlúdaigh an roinn a dtagraítear di i bhfoirmeacha 6-23 Garryduff North agus Garryduff Middle, tráth, chomh maith.

Gortanierin	Gort an Iarainn	
M337698; 111	*"the field of the iron"*	
1. Prospect	Bald	1830
2. Gortaneeran or Prospect	Tithe App. Book §63	1823c
3. Gortanerin	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Gortanerin	ST (ALSO)	1838
5. Gortaneeran	T O'C (ALSO)	1838
6. Gortanierin	J O'D (ALSO)	1838
7. Gort an iarrainn	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Gort an íarrainn "field of the iron"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˌgo̝rtnəˈni:rən [*sic*]	CRB3	2009

"It contains about 108¼ acres [108a. 1r. 14p.]... including about 3 acres of plantation. [Situated] in the central part of the parish. Bounded on the [west] by Curragh-a-dhu-

hia, [north by] Drumin West, on the [east] by Kilscough [and] Drummin South, and on the [south] by Scardaun East. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. Prospect House is in the central part of this townland, 166 feet above low water" (*ALSO*). Diomaite de *Prospect House*, a léirítear sa lár theas, léirítear cuid bheag tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aduaidh trí lár na roinne, i ndeisceart an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint *gort* "a field (of arable or pasture land)" (*DIL* sv.), "a field or plantation, a corn-field and especially a field of oats" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *iarann* "iron" (*DIL* sv. *íarn*I). Cf. Moneynierin agus Muinganierin i mbarúntacht Thír Amhlaidh; tá *Cluain Uidhrín* molta mar bhunfhoirm i gcás Cloonierin i mbarúntacht Choistealach, áfach.

Is léir gur áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Kilscohagh, b'fhéidir.

Gortgarve	An Gort Garbh	
M317744; 101	*"the rough field"*	
1. Gortgarrow 1 gneeve	BSD 56	1661
2. Gortgarve	Garret O'Moore Maps 28	1721c
3. Gortgarriff, Grinane &	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
4. Gortgarriff	Tithe App. Book §63	1823c
5. Gortgorrive	Litir Eolais (ALSO)	1838
6. Gortgorrive	ST (ALSO)	1838
7. Gortgarriff	T O'C (ALSO)	1838
8. Gortgarve	J O'D (ALSO)	1838
9. Gort Garbh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Gort garbh "rough field"	J O'D (ALSO)	1838
11. gɔ̣rt'garv	TC4	2009

"It contains 24¼ acres [24a. 1r. 35p.]... all arable land. Situated about 1 mile [west] of the town of Claremorris. Bounded on the north by Carrownstillaun and south by Carrowmauly [*sic*] and west by Coolmakean. The property of Mr. J. Brown, Claremount" (*ALSO*). Léirítear cúpla teach i lár na roinne agus teach eile san iarthar le hais an bhóthair a reáchtálann aniar aduaidh ar theorainn thiar theas an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint choitianta *gort* “a field (of arable or pasture land)” (*DIL* sv.; féach tuilleadh faoi Gortanierin thuas) cáilithe anseo ag *garbh* “rough, rugged, coarse” (*DIL* sv. 1*garb*).

Tá Gortgarve eile i mbarúntacht Ghaileang sa chontae seo. Cf. Gortgarrow i nGaillimh agus Gortgarriff i gCorcaigh; ní léir an ainm inchurtha é Gortgarra i nDún na nGall (*Census 1851*). Féach fosta Coarsefield i bparóiste Theach Chaoin, thíos.

Is cosúil gur ghníomh de chuid an iarbhaile *Cionn Coille* (féach faoi Caltragh thuas) a bhí sa bhaile fearainn seo, tráth.

Greenaun	An Grianán	
M311755; 101	“*the eminent place*”	
1. Grianan	Inq. ME I.71	1611
2. Grianan ½ cart.	CPR Jas I 427a	1619
3. Grinan	CPR Jas I 443b	1619
4. Grenan 1 cartron	BSD 56	1661
5. Grenan 1 cart.	CRL 2A.3.16, 146a	1710c
6. Greenane	Garret O’Moore Maps 28	1721c
7. Grinane & Gortgariff	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
8. Grenan 1 car.	QRL 2A.6.69, 551	1787
9. Greenane	Tithe App. Book §63	1823c
10. Greenane	Bald	1830
11. Greenaun	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Greenaun	ST (ALSO)	1838
13. Greenan	Cess Book (ALSO)	1838
14. Greenaun	T O’C (ALSO)	1838
15. Greenan	T O’C (ceartú; ALSO)	1838
16. Gríana // n	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
17. Gríanan “sunny land, an arbour; a conspicuous hill &c”	J O’D (ALSO)	1838
18. ˈgri:nɑ:n	TC2, TC4	2009

“It contains about 56 acres [58a. 0r. 12p.]... including about 11 acres of bog. [Situated] in the north extremity of the parish. Bounded on the north by Drumody, south by Carrowstillaun and west by Coolmakean. The property of Mr. O’Hara, Westport. There is an ancient fort in this townland in which there is a triangulation station called

Greenaun" (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe in iarthar na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an stáisiún triantánachta sa lios i ndeisceart an bhaile fhearainn (M312754); tá an lios suite ar chnocán 76.5 méadar ar airde.

Moltar forbairt ó bhunbhríonna "a sunny chamber, a bower, a soller, an open balcony exposed to the sun; an upper room" (*DIL* sv. *gríanán*) an fhocail *grianán* i gcomhthéacs logainmneacha. "Toner has argued that the primary meaning of *grianán* in place-names may be 'hill, mound'. He has noted that... many places in Ireland which bear this name command a good view of the surrounding district... Ó Maolfabhail suggests that the idea of *grianán* as an upper room or balcony with a view, associated with houses of importance, led to its initial use as a name for special places in an upland location which people regularly frequented. A second and much later series of place-names based on *grianán* seems to mean more specifically 'sunny place, a place good for drying (e.g. of turf)', although it may be impracticable now to differentiate between the two place-name strata now because of the paucity of historical forms" (*PNI* 7, 155 sv. Greenan / *An Grianán* "the eminent place"; cf. *PNI* 1, 29 agus Ó Maolfabhail 1974, 68-69).

Tá breis agus 20 sampla de Greenan sa tír (*Census 1851*). Féach fosta go bhfuil *An Grianán* socraithe mar leagan Gaeilge Greenaun i mbarúntacht Iorrais (*IROL* 36 §154) agus molta i gcás Greenaun eile i mbarúntacht Thír Amhlaidh agus Greenans i mbarúntacht Cheara. Chomh maith le Greenan Aontroma thuasluaite (*PNI* 7, 155), tá *An Grianán* socraithe mar an leagan Gaeilge den ainm Greenane i Luimneach (*L. Log*. 45), agus de shamplaí de Greenane agus Greenan i dTiobraid Árainn (*L. Log*. 93) agus Port Láirge (*L. Log*. 35).

Guardhousepark *Páirc Theach an Gharda*

M339721; 111

1. Guardhouse Park	Tithe App. Book §63	1823c
2. Guardhouse park	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Guardhouse park	ST (ALSO)	1838
4. exists	T O'C (nóta; ALSO)	1838
5. 'gardhaus	CRB3, TC4	2009
6. 'gardhaus'pɛərk	TC4	2009

“It contains about 66¼ acres [66a. 3r. 17p.]... all arable land. [Situated] in the east central part of the parish. Bounded on the north by Leydaun, south by Bellindell West, on the east by Rushbrook West and on the west by Derry and Castlemagarret [Park] Old. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret” (*ALSO*). Ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* (féach Castlemagarretpark New) í an roinn seo, in 1838. Léirítear teach amháin sa bhaile fearainn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí, agus é suite i gceann thiar na roinne, le taobh an bhóthair a reáchtálann aniar ar an teorainn theas go *Castlemagarret House* féin.

Guardhouse: “a building used by soldiers on guard duty or as a prison (*New Penguin English Dictionary* sv.); “a building used to house personnel and security equipment. Guardhouses have historically been dormitories for sentries or guards, and places where sentries not posted to sentry posts wait ‘on call’...” (www.wikipedia.com). I dtaca leis an fhoirm mholta, cf. *guard-house* / *teach garda* ag de Bhaldraithe. Tá bunús eile ar fad le Guardhill i Muineachán: *Gardaill* (*L. Log*. 35).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Heath	An Chrannaigh	
M342668; 111, 119	*“the wooded place”*	
1. (?)Kranaghe, McKnavin of	Fiants Eliz. §4798	1585
2. Cranaghe	Inq. ME I.39	1608
3. Cranagh 2 qrs	CPR Jas I 179a	1610
4. Crannegh	Inq. ME II.229	1617
5. Cranagh, 2 qrs in	Strafford Inq. §111V	1635
6. Cranagh, 2 qrs of	Strafford Inq. §131	1635
7. Crannagh 2 qrs.	BSD 59	1661
8. Crannagh 2 qrs.	ASE 254a	1678
9. Cranagh 2 qrs.	ASE 275b	1683
10. Cranagh 2 qrs	CRL 2A.3.16, 145b	1710c
11. Crannagh 2 qrs	QRL 2A.6.69, 547	1787
12. Cranna	Beaufort	1792
13. Heath	Tithe App. Book §63	1823c
14. The Heath	Bald	1830
15. The Heath	ST (ALSO)	1838

16. The Heath	Litir Eolais (ALSO)	1838
17. exists	T O'C (nóta; ALSO)	1838
18. The Heath[54]	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
19. Crannaigh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
20. Crannaigh "arborous land" [is the] Irish name	J O'D (dúch; ALSO)	1838
21. ðəˈhiːt	TC4	2009

"It contains about 554¾ acres [554a. 3r. 22p.]... including about 8 acres of bog and 11 acres of plantation. [Situated] in the south west side of the parish. Bounded on the north by Killeenreevagh and Treengorrive, on the west by Eskert South, on the south by Ballyglass and Carrownaskeehaun and on the west by the parish of Kilcommon in the barony of Kilmain. The property of E. Blake Esqr., Galway. There are four ancient forts in this townland. There is also a triangulation station in the north end of this townland, called Heath or Curnagh [sic] 211 above low water" (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe in oirthuaisceart na roinne, agus cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aniar aduaidh trí lár theas an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios in aice leis an ghrúpa tithe (M344671), lios eile sa lár thiar (M338667), agus dhá lios sa deisceart (M339657 agus timpeall M342659).

Féach *DIL* (sv. *crannach*) i dtaca leis an bhuneilimint: "ā, f.... also cran(n)cha... trees, grove, wooded place.. [used] of various objects made of wood... of some wooden obstacle or danger ot cattle". Tá *An Chrannach* molta mar bhunfhoirm Crannagh i mbarúntacht Thír Amhlaidh (Imleabhar 8). Tá *Crannach* (ginideach *Chrannaí*) socraithe mar bhunfhoirm Crannagh, Cranna agus Cranagh i dTiobraid Árann (*L. Log*. 65); tá Cranagh eile i gCill Mhantáin (*Census 1851*). Tá bailte fearainn eile darb ainm Crannagh i gCeatharlach, Gaillimh, Laois agus Ros Comáin; féach áfach go bhfuil *An Chrannach* socraithe nó molta mar an bhunfhoirm de na samplaí sin atá i nGaillimh agus Ros Comáin (www.logainm.ie). Féach fosta Cranaghan sa Chabhán agus Cranagher sa Chlár (*Census 1851*). Is claonfhoirm den bhuneilimint atá san ainm Cranny i nDoire (*PNI* 5, 91; "wooded place"), agus is í an chlaonfhoirm seo a mholtar sa chás atá idir chamáin (cf. foirm 19); tá bailte fearainn eile den ainm seo i dTír Eoghain (*Census 1851*). Tagraíonn an eilimint *crannach* san ainm *Bun Crancha* /

[54] Ciorcail thart ar "*The*".

Buncrana (*GÉ* 41) i nDún na nGall d'abhainn, *An Chrannach*, a éiríonn deich gciliméadar soir ó thuaidh den bhaile mór ar Shliabh Sneachta (*DUP* 30).

Tá *An Fraoch* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Heath in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 26; féach Freagh < *An Fraoch* ag *loc. cit*.); féach fosta *An Fraoch Mór* / Heath or Castlefleming i Laois (www.logainm.ie). Tá bailte fearainn eile darb ainm Heath i gCill Dara agus Ceatharlach (*Census 1851*).

Killeen	An Cillín	
M360680; 111, 112	*"the little church / graveyard"*	
1. Killin	Inq. ME II.239, 241	1617
2. (?)Kyllyn	Inq. ME III.357	1629
3. Knockroe[55] 1 qr. [including / with] Killeene 4 Gneeves	BSD 58	1661
4. Killeen	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Killeen 4 gneeves	ASE 253b	1678
6. Killeene 4 gnee, pt. of Ballindengen	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
7. Ballindangan 6 qrs, by the names of... Killeen...	L. Blosse Papers 193 §75	1754
8. Killeene 4 gnee, pt. of Ballindangan	QRL 2A.6.69, 542	1787
9. Killeeneighter	Tithe App. Book §63	1823c
10. Killeen	Tithe App. Book §63	1823c
11. Killeen	Bald	1830
12. Killeen	Litir Eolais (ALSO)	1838
13. Killeen	ST (ALSO)	1838
14. Killine	Cess Book (ALSO)	1838
15. Killeen	T O'C (ALSO)	1838
16. Cillín isiol (and) Cillin Fedhlim (a burial ground) all in Caldragh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
17. Cillín "a small church"	J O'D (ALSO)	1838

[55] 1. Knockroe, qr of — Strafford Inq. §145 — 1635
2. Knockroe, 1 qr in — Strafford Inq. §154V — 1635
3. Knockroe 1 qr. — BSD 58 — 1661
4. Knockroe — Hib. Del. Mayo — 1672c
5. Knockroe 1 qr. — ASE 241a — 1677

18. ˈkili:n TC4 2009

“It contains about 357 acres [356a. 3r. 39p.]... including about 160 acres of bog. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the north by Esker South, on the east by Newtown South and Ballindine West, on the south by the parish of Lisgeevy in the barony of Dunmore, Co. Galway, and on the west by Ballyglass, The Heath and Treengorrive. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret” (*ALSO*). Léirítear cuid mhaith tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aduaidh trí lár na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Ní luaitear aon séadchomartha eaglasta leis an roinn seo in *Monuments,* ach is léir ar sheasmhacht na bhfoirmeacha stairiúla gurb í an leagan díspeagtha *cillín* < *cill* “church... monastic settlement or foundation... churchyard, graveyard” (*DIL* sv. *cell*) atá san ainm. Tá deich mbaile fearainn den ainm seo sa chontae seo féin; féach sampla eile i bparóiste an Chnoic thuas. Ní léir suíomh na lonnaíochta eaglasta i gcuid de na cásanna.

Killeenrevagh	An Cillín Riabhach	
M329668; 111, 119	*“the grey church / graveyard”*	
1. Killyneroghe	Inq. ME I.39	1608
2. Killincreagh [*sic*] 1 qr	CPR Jas I 179a	1610
3. Killmereogh [*sic*], 1 qr of	Strafford Inq. §131	1635
4. Killeruagh, the qr of	Strafford Inq. §144V	1635
5. Killinreogh 1 qr.	BSD 60	1661
6. Killingreogh	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Killinreagh 1 qr	CRL 2A.3.16, 154a	1710c
8. Killnereagh 1 qr.	QRL 2A.6.70, 586	1787
9. Killeenreagh	Tithe App. Book §63	1823c
10. Killeenrievagh	Bald	1830
11. Killeenreevagh	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Killeenreevagh	ST (ALSO)	1838
13. Killinreevogh	Cess Book (ALSO)	1838
14. Killeenreevagh	T O’C (ALSO)	1838
15. Killeenrievagh	J O’D (dúch dearg; ALSO)	1838
16. Killeenrevagh	J O’D (ALSO)	1838
17. Cillín riabhach	J O’D (p.l.; ALSO)	1838

18. Cillín ríabhach “grey little church”	J O’D (ALSO)	1838
19. ˌkili:nˈri:və	TC4	2009

“It contains about 505½ acres [505a. 3r. 20p.]... including about 7 acres of bog. [Situated] in the west of the parish. Bounded on the north by Seefin, Ballyhankeen, The Commons and Scardaun West, on the east by Treengorrive, on the south and west by the parish of Kilcommon in the barony of Kilmain. The property of C. Blake, Merlin Park. There are three ancient forts in this townland” (*ALSO*). Déanann teorainn na mbarúntachtaí dhá chuid den bhaile fhearainn. Áirítear iad mar dhá bhaile fearainn éagsúla san Innéacs Topagrafach (*Census 1851*); tá achar breis agus 278 acra i sciar pharóiste Chill Chomáin. Léirítear lios amháin i dtuaisceart sciar pharóiste Chill Chomáin de (M332659) agus láithreacha trí lios i sciar pharóiste Chrois Bhaoithín (beirt sa lár, timpeall M327669 agus M329667, agus ceann san oirthuaisceart ag M336676), ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear reilig “*cillín*” sa lios is tuaisceartaí díobh seo, i sciar pharóiste Chrois Bhaoithín den bhaile fearainn, ar léarscáileanna reatha, ach ní léir go díreach an í an reilig seo a spreag an logainm féin. Léirítear áitribh scaipthe sa deisceart, agus cuid tithe le hais bóthair aduaidh san oirthuaisceart, i sciar pharóiste Chrois Bhaoithín den bhaile fearainn ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá *cillín* (féach Killeen thuas) cáilithe anseo ag *riabhach* “of an indefinite husky hue, swarthy (of animals), brindled; the orig. sense is prob. streaked, striped” (*DIL* sv. *ríabach*), “streaked, triped, brindled; (speckled) grey; dun, drab; dull, gloomy; dismal, wretched” (*Ó Dónaill* sv. 2*riabach*).

Tá Killeenreevagh eile i Ros Comáin (*Census 1851*).

Kilmacanelly	Coill Mhic an Fhailí	
M321727; 101, 111	“Mac an Fhailí*s wood”*	
1. Killmackanelly 1 qr.	BSD 56	1661
2. Killnahige	Hib. Del. Mayo	1672c
3. Killmcnelly 1 qr.	ASE 275b	1683
4. Kilmacanelly	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Kilmacanelly	ST (ALSO)	1838
6. Killmacanelly	Cess Book (ALSO)	1838
7. Killmackannelly	T O’C (ALSO)	1838
8. Kilmacane < lly	J O’D (ALSO)	1838

9. Cill mhac an eil:e	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
10. Cill Mhic an Fhailge	J O'D (dúch; ALSO)	1838
11. Cill mhac an e < íl:e		
"Mac Anally's church"	J O'D (ALSO)	1838
12. ˌkilmakənˈɛli	TC4	2009

"It contains about 88 acres [88a. 0r. 24p.]... all arable land... Bounded on the north by the parish of Taugheen and Caltragh townland, south by Farmhill East and Carrowmore, and west by Knockaun-an-eel. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; léirítear punt sa cheann thoir. Is cosúil, mar sin féin, nach cuid de dhiméin *Castlemagarret House* i bhí ann (féach faoi Castlemagarretpark New), in 1838 ar scor bith, i ndiaidh go raibh sí buailte léi.

Tá an bhuneilimint *coill* "wood, forest" (*DIL* sv. *caill*) cáilithe anseo ag an sloinne *Mac an Fhailí*: "*Mac an Fhailghigh* (*failgheach*, poor man). Without the prefix Mac this name now is found mainly in Mayo and Roscommon; with the prefix Mac it belongs to Oriel. Woulfe says that the Mayo Nallys are of Norman or Welsh origin and acquired a Gaelic name..." (MacLysaght 1985, sv. *Mac Nally*). Liostaítear iad leis na Sean-Ghaill sa Ghinealach Mór, ceart go leor (féach, mar shampla, *LMG* iii §§831.3, 841.1).

Kilscohagh	Coill Scothach	
M344691; 111	*"(?)flowery wood"*	
1. Killskowaghe, McCoiste of	Fiants Eliz. §5451	1590
2. Kilscoughe	Inq. ME I.39	1608
3. Killscough 1 qr... the curate of		
Killscough	CPR Jas I 179a	1610
4. Kilstrihagh [*sic*]	Inq. ME II.237	1617
5. Kelstnohaghe... Kilstnohagh	Inq. ME II.247	1617
6. (?)Keilskehagh	Inq. ME II.271	1617
7. Kilsknohah qr	CPR Jas I 319a	1617
8. Killsknohagh	CPR Jas I 393b	1618
9. McShane Morish of Kilsknohagh...		
Kilsknohagh	CPR Jas I 394a	1618
10. Killscough, the qr of	Strafford Inq. §132	1635

11. Killscough, the qr of	Strafford Inq. §133V	1635
12. Skillscooghagh [*sic*], qr of	Strafford Inq. §§151, 151V	1635
13. Killscoohagh, another gnive in	Strafford Inq. §154	1635
14. Killscogh 1 qr.	BSD 58	1661
15. Killsrogh	Hib. Del. Mayo	1672c
16. Kilskuagh 1 qr.	ASE 272b	1681
17. Kilskough 1 qr	L. Blosse Papers 192 §75	1754
18. Kilscough	Tithe App. Book §63	1823c
19. Kellscough	Bald	1830
20 Kilscough	Litir Eolais (ALSO)	1838
21. Kilscough	ST (ALSO)	1838
22. Kilscough	Cess Book (ALSO)	1838
23. Killscohagh	T O'C (ALSO)	1838
24. Kilscohagh	J O'D (ALSO)	1838
25. Coill Scothach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
26. Kellscough	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
27. Coill scothach "flowery wood"	J O'D (ALSO)	1838
28. kʲilˈsko̤	CRB3	2009
29. ko̤Lˊˈskɑ	CRB3	2009

"It contains about 338 acres... including about 115 acres of bog and about 2 acres of planting. [Situated] in the central part of the parish. Bounded on the north by Gortanierin, on the east by Drummin South, Drummin East, Esker North and Esker South, and on the south and east by Scardaun East. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóthair, agus corrtheach eile, i lár theas na roinne, agus cuid bheag tithe eile san oirthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear coill bheag ar thalamh riascúil i lár thuaidh an bhaile fhearainn.

Tá *coill* cáilithe anseo, is dóiche, ag an aidiacht *scothach* "flowery" (*DIL* sv. 1*scothach*(a)) < *scoth* "flower, blossom" (*ibid*. sv. *scoth*(a)). I measc bríonna eile le *scoth*, tá "lock, tress, tuft" (ibid. sv. 1*scoth*(b)), agus níor mhiste, mar sin, cuimhneamh ar chiall thopagrafach ar nós "tufted" do *scothach* anseo, chomh maith: cf. *scothach* "of hair, bushy, tufted, copious" (*DIL* sv. 1*scothach*(b)), "tufted, full of locks or tufts (as hair, flax, hemp, etc.)" (*Dinneen*).

Tá *Coill Scothanachta* (*sic*) socraithe mar bhunfhoirm Kilscohanagh i gCorcaigh (www.logainm.ie). Tá Tomascotha / *Tom an Scothaidh* i gCill Chainnigh (*L. Log*. 45).

Knockaunaneel	Cnocán an Aoil	
M314721; 101, 111	*"the hillock of the lime"*	
1. Knockaneal	Tithe App. Book §63	1823c
2. Knockaneaneel	Bald	1830
3. Knockaunaneel	ST (ALSO)	1838
4. Knockaunaneel	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Knockananeel	T O'C (ALSO)	1838
6. Knockaneaneel	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
7. Cnocán an áol	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Cnocán an aoil "hillock of the lime"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˌnɔkənˈiːl	TC4	2009

"[201a. 0r. 14p.]. It contains 85 acres of bog. [Situated] in the north end of the parish... Bounded on the north by the parish of Taugheen South, south by Farmhill, south and east by Cloonbanagh and Kilmacanelly [and west by the parish of Kilcommon in Kilmaine barony]. The property of Sir R. Abbernot, England. There is an ancient fort in the north end of this townland" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe trí lár agus oirthear na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá an roinn seo suite ar thalamh atá idir 40-50 méadar ar airde.

Tá an bhuneilimint, an fhoirm dhíspeagtha *cnocán* "little lump; mound, hill" (*DIL* sv. *cnoccán*), "a hillock, a height; a heap" (*Dinneen*), cáilithe anseo ag *aol* "lime, chalk" (*DIL* sv. *áel*). Ní heilimint cháilithe choitianta í; cf. áfach Rinaneel < *Rinn an Aoil* i mbarúntacht Cheara agus *Legoneil* < *Lag an Aoil* in Aontroim (*GÉ* 120; *DUP* 94).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de bhaile eile, sna foinsí, tráth: Cloonbonniff, b'fhéidir.

Lawaus	An Leathmhás	
M396703; 112	*"the (?)lop-sided long low hill"*	
1. Leamasseragh 1 qr.	BSD 55	1661
2. Leomasareoge	Hib. Del. Mayo	1672c
3. Killestoky 4 qrs viz...		
Levasreagh qr....	ASE 241b	1677
4. 4 qrs of Killestoky vizt... qr. of		
Levasreagh...	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
5. 4 qrs of Killestoky vizt... qr of		
Levasreagh...	QRL 2A.6.70, 536-7	1787
6. Lahwaas	Bald	1830
7. Lavause	Litir Eolais (ALSO)	1838
8. Lavause	ST (ALSO)	1838
9. Lahvaa // s	T O'C (ALSO)	1838
10. Lahwaas	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
11. Lawau // s. "half-an-arse". Compare	J O'D (ALSO)	1838
12. Leath mhás	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Leathmhas "half-hill (half thigh)"	J O'D (ALSO)	1838
14. li'fas	CRB4	2009
15. 'lɑ:nz, or 'lawəs, people		
used to say	CRB4	2009

"It contains about 426½ acres [236a. 2r. 12p.]... including about 65 acres of bog. Situated in the east side of the parish. Bounded on the west and north by Woodstock and Carrowconnor, on the east by the parish of Kilvine, on the south Lisdhu and Carrowbeg. The property of Mr. O'Hara, Galway. There is a triangulation station in the central part of this townland... There are two ancient forts in this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aduaidh trí lár na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá cnoc 80 méadar ar airde i lár na roinne.

Is cosúil gurb é *leath-* "in a variety of compds. in meaning *half*" (*DIL* sv. *leth*B(a)), "lying, turned, on one side; lopsided, tilted;... half-...; one of two, of a pair" (*Ó Dónaill*) móide *más* "bottom, fundament; buttock, posterior; of places: Mas na Ríghna, name of a hill" (*DIL* sv. 1más), "a long low hill" (*Joyce* i 526-7) is bun leis an ainm seo. I dtaca le ciall an fhocail *leath-* sa chomhthéacs seo, cf. samplaí den logainm

Leathardán / Lahardaun, mar shampla an baile poist i mbarúntacht Thír Amhlaidh (*GÉ* 122; Imleabhar 8).[56]

Tugadh *(An) Leathmhás Riabhach* ar an roinn seo, tráth (foirmeacha 1-5). Tá Lawaus eile i mbarúntacht Chill Mheáin sa chontae seo. I dtaca le samplaí áitiúla eile den eilimint *más*, féach Mace North agus Mace South i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (Imleabhar 1), Derrycoosh < *Doire Mháis* [*sic*] i mbarúntacht Cheara (Imleabhar 5), agus Macecrump, Macecrump Common agus Tonamace i mbarúntacht Iorrais (Imleabhar 4).

Cuirtear an t-alt leis an fhoirm mholta thuas bunaithe ar shamplaí ar nós *An Leathchoill* / Laghile, *An Leathmhuine* / Laffina, *An Leathsheisreach* / Lahesseragh agus *An Leithinse* / Lehinch i dTiobraid Árann (*L. Log*. 96); féach áfach *Leathardán* / Lahardan Lower sa chontae céanna (*L. Log*. 95).

Leedaun	An Liadán	
M334725; 101, 111	*"the (?)grey place"*	
1. Carowanleiddan...		
Carowanleiddane	Inq. ME II.241	1617
2. Carrowanleidan	CPR Jas I 393b	1618
3. Carrowanleddan...		
Carrowanleiddan	CPR Jas I 394a	1618
4. Lydane, the qr of	Strafford Inq. §112	1635
5. a cartron of Leidanes qr called		
Tuorin[57]	Strafford Inq. §115	1635
6. Carrowinhidane [*sic*], 1 qr of	Strafford Inq. §131	1635
7. 1 cartron in the qr of Ledane		
called the cartron of Touremony	Strafford Inq. §131V	1635
8. Carroledane 1 qr.	BSD 55	1661

[56] Agus aidiachtaí ar nós *leathard* "high, raised on one side; uneven" (*Ó Dónaill*) agus *leathchaoin* "semi-smooth" (féach Tawnylaheen i mbarúntacht Cheara).

[57]1. Tuorine	Inq. ME II.245	1617
2. Tworine, two gneeves of	CPR Jas I 394a	1618
3. Torin, the gnive in	Strafford Inq. §113V	1635
4. a cartron of Leidanes qr called		
Tuorin	Strafford Inq. §115	1635
5. Towrine	ASE 275a	1683

9. Carrowlihane [*sic*]	ASE 275a	1683
10. castle and 4 qrs. viz. CastlemcGerrald 1 qr., Derry 1 qr., Killihell als Carrowledane 1 qr. and Bracklone 1 qr.	ASE 275b	1683
11. Carrowledane	Forfeit. Estates 394	1703
12. Carrowtatdan [*sic*], Carrowbeg &	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
13. Carrowleedane and Cooleroe	Reg. Deeds Lib. 84, 63 §57987	1735
14. Carrowtaldean, Carrowbeg &	QRL 2A.6.70, 579	1787
15. Leydane	Tithe App. Book §63	1823c
16. Leedan	Bald	1830
17. Leydaun	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Leydaun	ST (ALSO)	1838
19. Leedaun	T O'C (ALSO)	1838
20. Leedaun	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
21. Liadán "greyish land"	J O'D (ALSO)	1838
22. Liadán	www.logainm.ie	2005
23. ˈliːdɑːn	TC4	2009

"It contains about 97¼ acres [97a. 1r. 13p.]... including about 7 acres of plantation and about 50 acres of rough pasture. [Situated] in the east central part of the parish, about one mile south west of Claremorris. Bounded on the north by Brookhill, south by Rushbrook West and Guardhouse park, on the east by Millbrook and Carrowbeg and west by Coolroe. The property of Mr. Bell, Dublin" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe, agus "*Brookhill Flour Mill*", i dtuaisceart na roinne seo, agus cúpla teach le hais bóthair ar an teorainn theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Is cosúil, ceart go leor, go bhfuil an logainm seo cuimsithe den aidiacht *liath* "grey" (*DIL* sv. *líath*), nó, b'fhéidir, an t-ainmfhocal *liath* "a grey person, animal or thing" (*Dinneen*; cf. *DIL* sv. *líath*II: "in pl., old men;... [horse:] Léim an Leith..."),[58] móide an iarmhír neamhchoitianta *-(a)dán* (cf. foirmeacha 21-2). Ní léir sampla ar bith

[58] Teastaithe mar bhuneilimint i gcuid bheag logainmneacha; cf. *Liath Mancháin* / Lemanaghan, *An Liath Mór* / Lea More agus *An Liath Beag* / Lea Beg in Uíbh Fhailí, mar shamplaí (*L. Log*. 29; tuilleadh ag *Onom. Goed*. 488-9); féach fosta Laralae i bparóiste Achadh Mór i mbarúntacht Choistealach (Imleabhar 10).

eile d'úsáid thopagrafach den fhocal seo seachas an logainm seo féin. Moltar an t-alt leis an fhoirm Ghaeilge i bhfianaise fhoirmeacha 2-6.

Lisduff	An Lios Dubh	
M397691; 112	*"the black fort"*	
1. Lisduffe	Inq. ME I.41	1608
2. Lisduffe	Inq. ME II.235	1617
3. Lisseduffe 2 qrs	Strafford Inq. §131	1635
4. Lishduffe alias Carrowlishduffe, 1 qr called	Strafford Inq. §152	1635
5. Lisduffe 2 quarters	BSD 57	1661
6. Lisduffe	Hib. Del. Mayo	1672c
7. (?)Lissduffe qr.	ASE 238b	1677
8. Lisduffe 2 qrs	ASE 241a	1677
9. Lissduffe, qrs of	CRL 2A.3.16, 146a	1710c
10. Lisduff	Garret O'Moore Maps 26	1721c
11. Lisduffe, qr of	QRL 2A.6.69, 549	1787
12. Lisduff	Tithe App. Book §63	1823c
13. Lissduff	Bald	1830
14. Lisdhu	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Lisdhu	ST (ALSO)	1838
16. Lisduff	Cess Book (ALSO)	1838
17. Lisduff	T O'C (ALSO)	1838
18. Lisduff	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
19. Lios dubh "black fort"	J O'D (ALSO)	1838
20. Lios dubh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
21. lʲɪsˈd̪ˠɔf	CRB4	2009

"It contains about 364 acres [360a. 2r. 28p.]... including about 33 acres of bog and 57 acres of rough pasture. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Carrowbeg and Lavause, on the north by the parish of Kilvine, on the south and west by the townlands of Carrowlough and Castlereagh and Cloonmore. The property of E. Blake, Oranmore Castle. There are three ancient forts in this townland, two of them in the south end of this townland, one of which is called Lissacrochedy fort, the other in the north central end of townland, called Lissnacoolfork Fort. There is also a

triangulation station in the south end of the townland called Lisdu, 285 feet above low water" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe in iarthuaisceart na roinne, agus cuid tithe le hais bhóthar Dhún Mór a reáchtálann anoir ar an teorainn theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios amháin sa lár thuaidh (M396693), lios eile san iardheisceart (M395689) agus lios eile arís san oirdheisceart (M402687). Léirítear dhá lios eile, agus tuaim mheigiliteach, sa deisceart, ar léarscáileanna reatha (M397688, M401687 agus M402687, faoi seach).

Tá *lios* "the space about a dwelling house or houses enclosed by a bank or rampart; somet. the bank or rampart itself" (*DIL* sv. 2*les*), "ring-fort" (*Ó Dónaill* sv. *lios*1(b)) cáilithe anseo ag *dubh* "black, swarthy, dark... as subst. n., later o, m black pigment, esp. ink... gall" (*DIL* sv. *dub*I,II(a,b)). Tá timpeall 50 baile fearainn den ainm seo sa tír, agus seacht gcinn acu sa chontae seo féin; tá ceithre bhaile fearainn darb ainm Lisdoo sa tír (*Census 1851*). Tá *An Lios Dubh* socraithe mar bhunfhoirm Lisdoo i Lú (*L. Log*. 16), agus mar bhunfhoirm de shamplaí de Lisduff i Muineachán (*L. Log*. 39), Uíbh Fhailí (*L. Log*. 29), Luimneach (*L. Log*. 47), Cill Chainnigh (*L. Log*. 36) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 97), agus molta i gcás sampla eile i bhFear Manach (*PNI* 8, 140). Féach fosta Devleash < *Duibhlis* i mbarúntacht Ghaileang.

Lugalisheen North	Log an Lisín Thuaidh	
M371700; 112	*"the hollow of the little fort, north"*	
1. Logalisheen	Tithe App. Book §63	1823c
2. Lugalisheen	Bald	1830
3. Logalisheen North	ST (ALSO)	1838
4. Logalisheen North	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Laggalisheen	T O'C (ALSO)	1838
6. Logalisheen	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
7. Lugalisheen	J O'D (ALSO)	1838
8. Lag a Lisín	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
9. Lag a lisín "hollow of the small fort"	J O'D (ALSO)	1838
10. ˌlo̯gəˈlʲiʃiːn	CRB4	2009

"[190a. 2r. 13p.]. It contains about 55 acres of bog... Situated in the [south] interior part of the parish. Bounded on the north by Skehevade, [on the east by Woodstock], on the south by Logalisheen South and Ballindine East, and on the west by Ballindine North. The property of Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe

suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas ar theorainn thoir theas na roinne, agus le hais an phríomhbhóthair aniar aneas ó Bhaile an Daighin, a reáchtálann ar theorainn thiar theas na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá cuid den sráidbhaile sin suite i ndeisceart na roinne sa lá atá inniu ann. Luaitear suíomh i ndeisceart na roinne mar fhéidearthacht i dtaobh láithreach leasa (*Monuments* §112: M368697); tá uaimh thalún ar an suíomh céanna (*ibid*.). Tá an suíomh seo suite ó dheas de cheann thuaidh droma talaimh atá 70 méadar ar airde.

Tá *log* "place; (dwelling) place, habitation; hollow, pit, ditch; burial place, grave" (*DIL* sv. 1*loc*I,II), "hollow" (*DUP* 154 sv. *log*) cáilithe anseo ag an leagan dípseagtha *lisín* < *lios* (féach Lisduff thuas). Níl *lisín* coitianta in ainmneacha bailte fearainn sa chontae seo; samplaí fánacha eile is ea Lisheenmanus < *Lisín Mánais* i mbarúntacht Chill Mheáin, Lisheenabrone < *Lisín na Brón* i mbarúntacht Ghaileang, agus Lisheenaveelish < *Lisín Mhílis* i mbarúntacht Cheara.

Áiríodh an dá bhaile fearainn seo mar dhlúthchuid de bhaile eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: Woodstock / *Coill an Stócaigh* (soir) nó *Baile an Daighin* (siar), is dóiche.

Is cosúil nach n-úsáidtear na cáilitheoirí *North*, *South* go háitiúil.

Lugalisheen South	Log an Lisín Theas	
M376695; 112	*"the hollow of the little fort, south"*	
1. Logalisheen South	Tithe App. Book §63	1823c
2. Logalisheen South	ST (ALSO)	1838
3. Logalisheen South	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Laggalisheen South	T O'C (ALSO)	1838
5. Lugalisheen &c	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
6. Have we not doubted the [.] g in Lugg when followed by a vowel?	J O'D (nóta; ALSO)	1838
7. Luggalisheen &c	J O'D (ALSO)	1838
8. Lag a lisin "hollow of the small fort"	J O'D (ALSO)	1838

"It contains about 131 acres [131a. 0r. 10p.]... including about 11 acres of bog. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north by Logalisheen North, on the east by Woodstock, south by Cloonmore and west by Ballindine East. The property of Lord Oranmore" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe i lár

theas na roinne, agus cúpla teach le hais an bhóthair a reáchtálann aniar aneas ar an teorainn thiar thuaidh le Lugalisheen North, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Lugalisheen North thuas.

Mayfield	Lios Mhic Fheorais	
M329750; 101	"Mac Fheorais's *fort*"	
1. Lismacoris 1 qr.	BSD 53	1661
2. Lismacoris	Hib. Del. Mayo	1672c
3. LissmcCorris 1 qr.	ASE 255b	1678
4. LismcCorris 1 qr.	CRL 2A.3.16, 146b	1710c
5. Lissmakerish	Garret O'Moore Maps 28	1721c
6. LissmcCorris 1 qr.	QRL 2A.6.69, 551, 553	1787
7. Mayfield alias Rooskey	Lynch-Blosse Maps	1811
8. Mayfield	Tithe App. Book §63	1823c
9. Mayfield	Bald	1830
10. Mayfield	ST (ALSO)	1838
11. Mayfield	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Mayfield	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
13. Lios mhic Feo // rais "Mac Feoris's fort, or Bermingham's fort" [is the] old Irish name	J O'D (ALSO)	1838
14. ˈme:fi:ld	TC2, TC4	2009

"It contains about 302½ acres [302a. 1r. 6p.]... including about 97 acres of bog and of water. [Situated] in the north end [of the parish] and adjoining the town of Clare [to the east]. Bounded on the north [west] by Carrowstillaun, [north by Kilcolman parish] east by Clare [in the parish of Kilcolman], south by Rooskybeg and west by Roosky. The property of C. D. Brown, Esqr., Brown Hall. There are two ancient forts in this townland. Mayfield House is in the west central part of this townland" (*ALSO*). Diomaite den teach mór, léirítear áitribh scaipthe i lár thuaidh, lár agus deisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios amháin sa lár agus lios eile sa deisceart (M329752 agus timpeall M334746, faoi seach). Tá *Mayfield Lough* ar an teorainn thoir le Clare i bparóiste Chill Cholmáin.

Tá *lios* "the space about a dwelling house or houses enclosed by a bank or rampart; somet. the bank or rampart itself" (*DIL* sv. 2*les*), "ring-fort" (*Ó Dónaill* sv.

*lios*1(b)) cáilithe anseo ag an sloinne *Mac Fheorais*: “[meaning] son of Piers. A Gaelic Patronymic adopted by the Berminghams of Connacht. The Leinster branch were located in Co. Wexford where the name Corish is now mainly found” (MacLysaght 1985, 58 sv. *Corish*). Luaitear an sloinne seo leis na Sean-Ghaill sa Ghinealach Mór, ceart go leor (féach *LMG* iv 119 sv. *Feórais*). Cf. *Baile Tarsna Mhic Fheorais* / Castlelake i dTiobraid Árann (*L. Log*. 28) agus *Baile Mhic Fheorais* / Ballycorus i mBaile Átha Cliath (www.logainm.ie).

Tá *Baile na mBocht* socraithe mar fhoirm Ghaeilge i gcás an cheantair phoist *Mayfield* i gCathair Chorcaí (*GÉ* 24). Tá Mayfield or Ballynagalliagh / *Baile na gCailleach* i gCill Dara (www.logainm.ie); tá Rocketscastle or Mayfield / *Gort Ardach* i bPort Láirge (*L. Log*. 35).

Meelick	Míleac	
M398670; 112	*“(?)marshy margin”*	
1. Meelick	Tithe App. Book §63	1823c
2. Meelick	Bald	1830
3. Meelick	ST (ALSO)	1838
4. Meelick	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Meelick	T O’C (ALSO)	1838
6. Mílioc	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
7. Mílioc “an insulated piece of land”	J O’D (ALSO)	1838
8. ˈmiːlək	TC2, TC4	2009

“It contains about 448½ acres [448a. 2r. 24p.]... including only about 100 acres of arable land and the remainder bog and water. [Situated] in the south east extemity of the parish. Bounded on the north and [north] east by Bronradhu, Castlerea and Carrowlough, and on the south, [east] and west by the parish of Addragoole in the barony of Dunmore, Co. Galway. The property of D. O’Connor, Tuam” (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe i lár na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear bunús an bhaile fhearainn mar thalamh riascúil. Tá *Castlereagh Lough* ar an teorainn thoir thuaidh.

Ní liostaítear *míleac* sna foclóirí. Tá sé mínithe mar “marshy margin” (McKay i *DUP* 154 sv.), “low-lying marshy ground, or land bordering a lake or river” (*Joyce* i

465)[59] agus “an isolated piece of land” (Ó Donnabháin sv. paróiste Mhílic, barúntacht Ghaileang: cf. foirm 7 thuas) ag scoláirí éagsúla.

Tá bailte fearainn eile den ainm seo Meelick i mbarúntachtaí Cheara, Ghaileang (ina bhfuil paróiste Mhílic thuasluaite) agus Thír Amhlaidh sa chontae seo agus i dTiobraid Árann (*L. Log*. 103 sv. *Míleac*, ginideach *Mhílic*), agus sa Chlár, Ciarraí, Gaillimh, Liatroim, Ros Comáin, Laois agus an Longfort (*Census 1851*). Tá *Machaire Mhílic* molta mar bhunfhoirm den ainm sráidbhaile *Magheraveely* i bhFear Manach (*DUP* 104 sv.). Féach fosta Leveelick < *Leithmhíleac* i mbarúntacht Choistealach.

Dálta na rannta eile máguaird, ba chuid de Castlereagh é an baile fearainn seo, go stairiúil.

Millbrook *Sruthán an Mhuilinn*

M337731; 101

1. Millbrook	Tithe App. Book §63	1823c
2. Millbrook	Bald	1830
3. Millbrook	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Millbrook	ST (ALSO)	1838
5. Millbrook. Correct	J O’D (dúch dearg; ALSO)	1838
6. ˈmɪlbruk	TC2	2009

“It contains about 44 acres [43a. 3r. 24p.]... including about 2 acres of planting. [Situated] in the east central part of the parish about 1½ miles west of the town of Claremorris. Bounded on the north by Carrowmore, south by Leydaun, east by Poul-an-isk-ka and on the west by Coolroe and Farmhill. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret” (*ALSO*). Léirítear cúpla foirgneamh mór (teach mór agus foirgneamh gaolta?), agus cuid plandála, i dtuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba aniar aduaidh ar theorainn theas na roinne. Léirítear *Brookhill Flour Mill* suite díreach ó dheas de cheann thiar theas an bhaile fhearainn, i dtuaisceart Leedaun, agus buailte le Brookhill, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá *Baile Coimín* socraithe mar fhoirm Ghaeilge Millbrook i dTiobraid Árann (*L. Log*.) agus tá *Móin Uí Dhoinn* socraithe mar bhunfhoirm Millbrook in Uíbh Fhailí (*L.*

[59] Forbairt ó leagan meititéise de *imleach* “u, n., later o, m... land bordering on a lake or marsh” (*DIL* sv. 1*imlech*)?

Log.). Tá bailte fearainn eile den ainm seo i nDún na nGall agus an Mhí (*Census 1851*). Tá *Sruthán an Mhuilinn* socraithe mar leagan aistrithe Gaeilge d'ainm shráidbhaile poist *Millbrook* in Aontroim (*GÉ* 161 agus www.logainm.ie sv.; féach fosta *DUP* 107), agus moltar anseo é chomh maith.

Áiríodh an roinn seo mar dhlúthchuid de Carrowbeg East / Carrowbeg West sna foinsí, roimh ar an 19ú haois, is léir; féach ainmneacha iar-fhorannta na mbailte fearainn sin faoi Carrowbeg East.

Newtown North	An Baile Nua Thuaidh	
M361691; 111, 112	*"the new townland, north"*	
1. Ballynew	Bald	1830
2. Newtown North	Tithe App. Book §63	1823c
3. Newtown North	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Newtown North	ST (ALSO)	1838
5. Newtown North	T O'C (ALSO)	1838
6. Newtown	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
7. Baile nuadh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Baile núadh "newtown"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˈnjutaun	CRB4, TC4	2009

"It contains about 84½ acres [84a. 0r. 38p.]... including about 20 acres of plantation. [Situated] in the south central part of the parish. Bounded on the north by Esker East, on the east by Ballindine North, on the south by Newtown South and on the west by Esker South. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is an ancient fort in the [south] west end of this townland" (*ALSO*). Léirítear teach, le coill agus cuid plandála thart air, i lár theas na roinne, agus cúpla teach suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aduaidh ar an teorainn thoir le Newtown South, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios suite gar don teorainn thiar theas le Esker South (timpeall M358690).

Cf. na hainmneacha inchurtha Ballynew (*Ballenowe*, 1614) agus Newtown (*Ballenoe*, 1617) i mbarúntacht Cheara, Deelcastle (*Newtowne alias Ballinow*, 1585) agus Newtown (a moltar *Cnoc an Mhuilinn* mar fhoirm Ghaeilge de) i mbarúntacht Thír Amhlaidh, agus Newtown / *An Baile Nua* i mbarúntacht Iorrais. Ta breis agus 160 baile fearainn darb ainm Newtown sa tír, agus breis agus 100 eile a bhfuil *Newtown-* mar chéad mhír san ainm acu (*Census 1851*). Féach fosta samplaí de Balloor i

mbarúntachtaí Choistealach agus Mhuraisce, agus Balloor East agus Balloor West i mbarúntacht Cheara.[60]

Is cosúil gur áirodh an dá bhaile fearainn seo mar dhlúthchuid d'iarbhaile Bhaile an Daighin anuas go dtí an 19ú haois.

Ní chloistear na cáilitheoirí *North*, *South* sa ghnáthúsáid áitiúil.

Newtown South	An Baile Nua Theas	
M366686; 111, 112	*"the new townland, south"*	
1. Newtown South	Tithe App. Book §63	1823c
2. Newtown South	ST (ALSO)	1838
3. Newtown South	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Newtown South	T O'C (ALSO)	1838

"It contains about 191½ acres [191a. 2r. 17p.]... including about 70 acres of bog [in the south]. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the north by Newtown East and Ballindine North, on the east by Ballindine East and Ballindine West and on the south and west by Killeen. The property of Lord Oranmore, Casltemagarret. The village of Ballindine is at the north end of this townland" (*ALSO*). Diomaite de shráidbhaile Bhaile an Daighin, léirítear grúpa tithe in iarthuaisceart na roinne seo agus é suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aduaidh ar an teorainn thiar thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios darb ainm *Knocknaglogh Fort* suite díreach ó dheas den ghrúpa thithe seo (M362687).

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Newtown North thuas.

Pollaniska	Poll an Uisce	
M334735;101	*"the hole of the water"*	
1. Polaniskey	Tithe App. Book §63	1823c
2. Poulanishka	ST (ALSO)	1838
3. Poulanishka	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Pollaniska	T O'C (ALSO)	1838
5. Poll an uisce	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Poll an uisce "hole of the water"	J O'D (ALSO)	1838

[60] Is cosúil gurb é *úr*, agus ní *nua*, a úsáidtear nó a úsáideadh sa Ghaeilge dhéanach tríd an chontae sa (*LASID* i 78; de Búrca 1970, 169 sv.): forbairt dhéanach, is léir. Féach gur mhol Ó Donnabháin *Baile Nua Partraí* mar fhoirm Ghaeilge Newtown i bparóiste Bhaile Óbha i mbarúntacht Cheara.

7. ˌpo̯lənˈiʃkə	TC2	2009

“It contains about 83 acres [78a. 0r. 27p.]... including about 25 acres of bog [in the west] and 25 acres of planting. [Situated] in the north west side of the townland and about ½ mile west of the town of Claremorris. Bounded on the north by Rooskybeg, east and west by Carremore and Brookhill and south by Millbrook. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret” (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aduaidh ar an teorainn thoir, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios suite sa deisceart (M334731). Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba aniar aduaidh ar an teorainn thiar.

Féach nóta ar an bhuneilimint *poll* “hole; pool, puddle; burrow, lair” (*Ó Dónaill*), “In place-names, [*poll*] generally denotes a cave or pool” (*DIL* sv. *poll*), “logán” (féach faoi Pollaweela i mbarúntacht Chill Mheáin) faoi Pollavaddy i bparóiste Bhalla, thuas. Is féidir gur thagair sí sa chás atá idir chamáin do cheantar riascúil le taobh an tsrutháin thuasluaite, a léirítear in iarthar Pollaniska, oirthear Carrowmore agus tuaisceart Brookhill, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá sí cáilithe anseo ag *uisce* “water... fresh water (as opposed to salt water) is generally fíruisce but sometimes uisce alone seems to have this sense” (*DIL* sv.).

Tá *Poll an Uisce* socraithe mar mar bhunfhoirm Poulaniska i gCorcaigh (www.logainm.ie).

Ní léir cé acu roinn lenar áiríodh an baile fearainn seo sna foinsí anuas go dtí an 19ú haois.

Pollnasillagh	Poll na Saileach	
M362711; 111, 112	“*the hole of the willows*”	
1. Polnasillagh	Tithe App. Book §63	1823c
2. Poulnasellagh	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Poulnasellagh	ST (ALSO)	1838
4. Pollnasellagh	T O’C (ALSO)	1838
5. Pollnasillagh	J O’D (ALSO)	1838
6. Poll na Saileach	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
7. Poll na sail:each “hole of the sallows”	J O’D (ALSO)	1838
8. ˌpo̯lnəˈsʲilə	TC4	2009

“It contains about 115 acres [115a. 0r. 31p.], including about 25 acres of bog and about 6 acres of plantation. [Situated] in the east central part of the parish. Bounded on the north by Castlemagarret Park New, on the east by Garryduff West, on the south by Skehevade and on the west by Carrowlena. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret” (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aduaidh ar an teorainn thiar, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; áiríodh an roinn seo mar chuid de dhiméin *Castlemagarret House* (féach Castlemagarretpark New) in 1838. Tá deisceart na roinne suite ar thalamh atá 60 méadar ar airde. Titeann an talamh le fána aneas i dtreo an Róba, a reáchtálann anoir aduaidh rud beag ó thuaidh den bhaile fearainn seo.

Tá an bhuneilimint *poll* (féach faoi Pollaniska thuas) cáilithe anseo ag (iolra, is dóiche de) *sail* “a willow, sallow, somet. an osier” (*DIL* sv. *sail*I(a)). Féach samplaí eile den eilimint cháilithe sa chontae seo sna hainmneacha Gortnasillagh < *Gort na Saileach* i mbarúntacht Ghaileang, Glasmansally < *Clais Mhuine Saileach* i mbarúntacht Cheara, Wilford < *Áth Shaileach* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill agus Derryhillagh < *Doire Shaileach* i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

Ní léir cé acu roinn lenar áiríodh an baile fearainn seo sna foinsí anuas go dtí an 19ú haois: *Caisleán Mhic Gearóid* féin, b’fhéidir.

Roosky	Rúscaigh	
M326746; 101	“*marshy place*”	
1. Rouske... two qrs	CBC 94	1585
2. Rouske... 2 qrs	CBC 100	1585
3. Rostebegge, Rostonmoe [*sic*]	Inq. ME II.235	1617
4. Rustamore	Inq. ME II.243	1617
5. Ruskamore	CPR Jas I 394a	1618
6. license to hold a Thursday market at Togherclare between Tullagh and Ruskie and 3 fairs...	CPR Jas I 558b	1622
7. Rouskaghmore, 6 cartrons and ½ gnive of	Strafford Inq. §113V	1635
8. Ruskaghmore, half town of	Strafford Inq. §117	1635
9. Rooskymore, 2 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
10. Ruskey	Garret O’Moore Maps 28	1721c

11. Rooskey, Mayfield alias	Lynch-Blosse Maps	1811
12. Ruskey	Tithe App. Book §63	1823c
13. Roosky	ST (ALSO)	1838
14. Roosky	Litir Eolais (ALSO)	1838
15. Roosky	T O'C (ALSO)	1838
16. Rúscaigh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
17. Ruscaigh "a moor or marsh"	J O'D (ALSO)	1838
18. ˈru:ski	TC2, TC4	2009

"It contains about 221½ acres [222a. 0r. 10p.]... including about 60 acres of bog [in the north]. Situated in the [north] of the parish... Bounded on the north by Carrowstillaun, south by Roosky [beg], east by Mayfield and west by Carrowmore and Carrowmarly. The property of Sir F. B. Lynch, Black Rock, Dublin..." (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe i lár thuaidh na roinne, agus cuid bheag tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir trí lár thuaidh na roinne agus ansin aniar aduaidh ar an teorainn thoir, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

De réir Joyce, d'fhorbair an focal baininsneach *rúscach* ó leagan de *riasc* "a fen or piece of marshy ground" (*DIL* sv. *ríasc*), "marsh; bogland, moor" (*Ó Dónaill*)[61] móide an iarmhír *-ach*. Is féidir go bhfuil sé mar bhunús ag lear mór ainmneacha bailte fearainn a bhéarlaítear mar Roosky, Rooskagh, Roosca, Rousky agus Rusky: "*Rusg* is another form of [*riasg*], which is much used in local nomenclature, though it is not given in the dictionaries... [used] originally of fenny or marshy places" (*Joyce* i 464). Tugann McKay *rúsc* mar leagan malartach de *riasc* (*DUP* 155-156 svv.). Is cosúil nach gá forbairt ó *rúsc* "o, m. (British loan-word...)... bark (of a tree or shrub); by extension a receptacle (basket, hamper) made of bark" (*DIL* sv. *rúsc*), ar nós substainteach de *rúscach* "possessing bark, barky" (*DIL* sv.) a chur san áireamh, mar sin.

Tá bailte fearainn eile darb ainm Roosky i mbarúntachtaí Thír Amhlaidh, Ghaileang, Choistealach agus Iorrais; tá Knockroosky < *Cnoc Rúscaí* i mbarúntacht Mhuraisce. Tá *Rúscaigh* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí eile i Muineachán (*L. Log*. 46) agus Ros Comáin (*GÉ* 154).

[61] Féach teoiric ar bhunús an fhocail *riasc* ag Ó Concheanainn (1966-7, 17-8).

Rooskybeg	Rúscaigh Bheag	
M334741; 101	*"marshy place, small"*	
1. Rostebegge	Inq. ME II.235	1617
2. Roskbogg... Roskbegg	Inq. ME III.373	1631
3. Rooskybegg, 2 qrs of	Strafford Inq. §131	1635
4. Rooscobegg, half a gnive called Lisslahard in the half town of	Strafford Inq. §145V	1635
5. Rosskaghbegg, ½ gnive in	Strafford Inq. §145V	1635
6. Roskabegg, ... half a gnive called Lishlahard in the half town of	Strafford Inq. §146	1635
7. half town of Ruskaghbegg... 2 qrs of Rouskabegg	Strafford Inq. §148V	1635
8. Rousckebegg, half town of	Strafford Inq. §153	1635
9. Ruskebegge [2] qr[s].	BSD 53	1661
10. Rashebeg [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
11. Ruskebegg	ASE 261a	1679
12. Ruskebegg 2 qrs.	ASE 275b	1683
13. Ruskebegg... Rusbegg 2 qrs	CRL 2A.3.16, 148b	1710c
14. Ruskybegg	Reg. Deeds Lib. 18, 33 §8256	1716
15. Rouskey Begg	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
16. Ruskebegg... Rusbegg 2 qrs	QRL 2A.6.70, 563-4	1787
17. Ruskeybeg	Tithe App. Book §63	1823c
18. Rooskybeg	Litir Eolais (ALSO)	1838
19. Rooskybeg	ST (ALSO)	1838
20. Rueskeybeg	Cess Book (ALSO)	1838
21. Rooskybeg	T O'C (ALSO)	1838
22. yes	J O'D (ALSO)	1838
23. ˌru:skiˈbɛg	CChL2	2013

"It contains about 69 acres [69a. 2r. 10p.]... including [some] water and 4 acres of bog. [Situated] in the north side of the parish and adjoining the town of Claremorris. Bounded on the north by Roosky and Mayfield, south by Carrowbeg East and Paul-an-ishka, and west by Carrowmore. The property of J. Brown Esq., Claremount" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aduaidh go lúbach tríd oirthear

an bhaile fearainn ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá *Clare Lough* ar an teorainn thoir.

Féach nóta ar an ainm seo faoi Roosky thuas. Is féidir go bhfuil an t-ainm seo ag titim i léig, agus go n-áirítear an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de Roosky, go háitiúil.

Rushbrook East	Poll Luachra Thoir	
M345729; 101, 111	*"the (?)hole of the rushes, east"*	
1. Rushbrook East	Tithe App. Book §63	1823c
2. Rushbrook	Bald	1830
3. Rushbrook East	ST (ALSO)	1838
4. Rushbrook East	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Rushbrook East	T O'C (ALSO)	1838
6. Rushbrook	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
7. Poll lúachra	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Poll luachra "hole of the rushes", in Irish	J O'D (ALSO)	1838
9. ˈrọ̹ʃbruːk	TC4	2009

"It contains about 152 acres [151a. 0r. 6p.]... including about 50 acres of bog [in the north and east]. [Situated] in the east side of the parish about one mile [south] of the town of Claremorris. Bounded on the north by [Carrowbeg East], south by Ballindell [East], on the east by [Kilcolman parish, Clanmorris barony] and on the west by [Carrowbeg West and Rushbrook West]. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe i ndeisceart an bhaile fhearainn ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* (féach Castlemagarretpark New) í an roinn seo seo in 1838.

Féach mínithe éagsúla ar an bhuneilimint *poll* faoi Pollaniska thuas agus nóta gearr uirthi faoi Pollavaddy i bparóiste Bhalla. Sa chás atá idir chamáin, is féidir gur thagair sí ó cheart do cheantar riascúil le hais an tsutháin a reáchtálann aniar aneas trí dheisceart Rushbrook South. Tá sí cáilithe anseo ag *luachair* "[i,] f.... Collect. rushes; rushy place, marsh" (*DIL* sv. *lúachair*(a,c)). Cf. samplaí de Coolloughra i mbarúntachtaí Choistealach agus Bhuiríos Umhaill, Knockloughra i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill, agus cúpla sampla de Drumloughra i mbarúntacht Cheara.

Is féidir gur áiríodh na rannta seo mar dhlúthchuid de Carrowbeg East / Carrowbeg West sna foinsí, roimh ar an 19ú haois.

Ní úsáidtear na cáilitheoirí *East, West* go háitiúil.

Rushbrook West	Poll Luachra Thiar	
M341723; 101, 111	*"the (?)hole of the rushes, west"*	
1. Rushbrook West	Tithe App. Book §63	1823c
2. Rushbrook West	ST (ALSO)	1838
3. Rushbrook West	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Rushbrook West	T O'C (ALSO)	1838
5. Rushbrook	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838

"It contains about 42 acres [42a. 0r. 6p.]... including about 4 acres of arable land; the remainder rough pasture. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the [west] by Leydaun, [north by] Carrowbeg West, east by Ballundell [East and Rushbrook East], on the [south] by Guard House Park. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Ba chuid de dhiméin *Castlemagarret House* (féach Castlemagarretpark New) í an roinn seo seo in 1838. Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba aniar aneas trí lár theas an bhaile fhearainn.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Rushbrook East thuas.

Scardaun East	Scardán Thoir	
M339686; 111	*"(?)cascade, east"*	
1. (?)Athskardane, McMyllis of	CPR Jas I 46a	1605
2. Scardane... Skardane	Inq. ME II.247	1617
3. Scardan, qr of	CPR Jas I 319a	1617
4. Scardan	CPR Jas I 393b	1618
5. 2 gnives in the qr of Skardane, viz. the gnive of Clunnakeleine and the gnive of Coolebane	Strafford Inq. §112	1635
6. Scardan called Leeghgneevetullehenry,[62] 1/12 qr of	Strafford Inq. §119V	1635

[62] 1. Tullehenry CPR Jas I 394a 1618

7. Seardane, the qr of	Strafford Inq. §132	1635
8. Scardane 4 gneeves	BSD 59	1661
9. Skarden	Hib. Del. Mayo	1672c
10. Scardone 4 gneeves	ASE 272b	1681
11. Skerdane 2 gneeves	ASE 275b	1683
12. Scardan	Inq. ME III.413	1698
13. Scardane	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
14. Scarda[ ]	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
15. Serdane [*sic*]	QRL 2A.6.70, 582	1787
16. Scaurdane East	Tithe App. Book §63	1823c
17. Scorthawn	Bald	1830
18. Scardaun East	ST (ALSO)	1838
19. Scardaun East	Litir Eolais (ALSO)	1838
20. Scardaun East	T O'C (ALSO)	1838
21. Scardán "a small waterfall"	J O'D (ALSO)	1838
22. Scardán "a small waterfall"	MP 114	1986
23. Scardán	GÉ 154	1989
24. ˈskardɑːnˈiːst	TC4	2009

"It contains about 229½ acres [243a. 2r. 20p.]... including about 65 acres of bog. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the west and north by Scardaun West, Curraghdhuhia and Gortnerin, on the east by Kilscough and Esker South and on the south by Treengorrive. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe i dtuaisceart agus iardheisceart na roinne, agus lonnaíocht le hais bóithre ar theorainneacha thiar agus theas an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba anoir aneas ar theorainneacha theas agus thiar Scardaun West; reáchtálann craobhshruthán eile anoir aneas ar theorainn thoir Scardaun East.

Tá an fhoirm mholta bunaithe ar fhorbairt ó *scaird* "squirt, jet, gush" (*Ó Dónaill*)[63] móide an iarmhír *-án*; ní léir áfach cé acu ciall dhíspeagthá nó chnuasaigh /

---

2. Leeghgneevetullehenry, ʋ qr of Scardan called	Strafford Inq. §119V	1635
3. Tolohanree 2 gneeves	BSD 58	1661
4. Tullaghenray 2 gneeves	ASE 272b	1681

[63] Cf. *sceirtid* "squirts, spurts, vomits" (*DIL* sv. 2*sceirtid*).

áitreabhach a bhí leis an iarmhír. Cf. *scairdeán* “jet, spout, cascade” (*ibid*.); tá *scardán* “a spout, a jet, a squirt, a diminutive waterfall” féin ag *Dinneen*. Cf. *Scairdeán*, mionainm i mBéal Feirste in Acaill, a thagraíonn do shruthán ([ˈskɑrdˊɑːn]; Imleabhar 3 sv.), agus an mionainm *Ooghweenscardaun* < *Uaich Bhuí an Scardáin*, a fhuaimnítear anois mar [ˌoːxˊiːnˊ ˈʃkardɑːnˊ], i Doogort West in Acaill (*ibid*. sv.).[64]

Tá *An Scardán* molta mar an bhunfhoirm de shampla eile de Scardaun atá i mbarúntacht Choistealach (*Carrownscarden*, 1625; *Carrowanskardane*, 1629). Tá Scardaun eile i mbarúntacht Iorrais, agus samplaí eile arís i Liatroim agus Ros Comáin; tá Scardan Beg, Scardan More agus Toberscardan i Sligeach; tá Scardans Lower agus Scardans Upper i bhFear Manach (*Census 1851*). Féach fosta Skerdagh Lower agus Skerdagh Upper i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill atá bunaithe ar fhorbairt ó leagan malartach eile (*sciordach*) den fhréamh.

Scardaun West	Scardán Thiar	
M331686; 111	*“(?)cascade, west”*	
1. Scaurdane West or Lisduff	Tithe App. Book §63	1823c
2. Scardaun West	ST (ALSO)	1838
3. Scardaun West	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Scardaun West	T O’C (ALSO)	1838
5. Scorthawn	J O’D (dúch dearg; ALSO)	1838
6. Scardán	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
7. Scardán “a small cataract”	J O’D (ALSO)	1838
8. ˈskardɑːnˈwɛst	TC4	2009

“It contains about 180 acres [180a. 2r. 21p.]... including about 23 acres of bog. [Situated] in the west side of the parish about 2 miles west of Crossboyne. Bounded on the north by Curragh-a-dhu-hia, on the south by Scardaun East and Treengorrive and on the west by Ballyhankeen. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is an ancient fort in north end of this townland called Lissnacoolabaun” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe i dtuaisceart agus lár thoir na roinne seo, agus tuilleadh áitribh le hais bóthair a reáchtálann aduaidh ar an teorainn thoir, ar an chéad eagrán den léarscáil sé

[64] Forbairt eile den fhréamh *scaird* atá san ainm *Tóin Scairdeog* (*sic*) in Achill Beg in Acaill (Imleabhar 3 sv.).

horlaí. Léirítear an lios ar dtugtar *Lisnacoolabaun* (*Coolabaan* ag *Bald*; cf. foirm 5c faoi Scardaun East thuas) san iarthuaisceart (M32689).

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Scardaun East thuas.

Seefin	Suí Finn	
M314666; 111, 119	"Fionn's *seat*"	
1. Siffin	Inq. ME I.39	1608
2. Siffine 1 qr	CPR Jas I 179a	1610
3. Siffine	Inq. ME II.237	1617
4. Syffine, 1 qr of	Strafford Inq. §131	1635
5. Syfin, Challenor... the qr of	Strafford Inq. §150V	1635
6. Syfin, Bourck... the qr of	Strafford Inq. §151	1635
7. Syfine, the qr of	Strafford Inq. §155	1635
8. Sephin 1 qr.	BSD 60	1661
9. Sephin	Hib. Del. Mayo	1672c
10. Shepheen 1 qr.	ASE 125b	1667
11. Sephin	Forfeit. Estates 394	1703
12. Sleaphin [*sic*]	CRL 2A.3.16, 152b	1710c
13. Sleaphin	QRL 2A.6.70, 578	1787
14. Seefin	Tithe App. Book §63	1823c
15. Seefin	Bald	1830
16. Seefin	ST (ALSO)	1838
17. Seefin	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Seefin	Cess Book (ALSO)	1838
19. Seefin	T O'C (ALSO)	1838
20. Suidhe Finn "Sessio Finni", "Finn's seat"	J O'D (ALSO)	1838
21. si ˈ fin	TC4	2009

"[508a. 1r. 8p.] Situated in the western side of the parish, about three miles west of Crossboyne. Bounded on the north by Kilcommon parish [in Kilmaine barony], south by Killeenreevagh and Gortskehee, east by Ballyhankeen and on the west by Polthbaun [*sic*]. There is a triangulation station in the south end of this townland called Seefin. Also an ancient fort" (*ALSO*). Léirítear cuid mhaith tithe scaipthe tríd an roinn seo diomaite den oirthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios sa

deisceart (timpeall M311661); léirítear lios eile sa deisceart (M314661), agus lios eile gar don teorainn thiar theas (M305663) ar léarscáileanna reatha. Tá deisceart na roinne suite ar thalamh cnapánach atá idir 50-60 méadar ar airde.

Tá *suí* "seat, posterior, buttocks" (*DIL* sv. 2*suide*(b)) agus *suíochán* "seat, position" (*ibid*. sv. *suidechán*)[65] teastaithe i logainmneacha, "... generally understood to mean that the place so designated was frequented by the person [named], either as a residence, or as a favorite resort (*Joyce* i 311). Tá *suí* cáilithe anseo ag an anim pearsanta *Fionn* (cf. samplaí sa Ghinealach Mór ag *LMG* v 361-2). Shamhlófaí go raibh béaloideas faoi Fhionn Mac Cumhaill ag baint leis an ainm seo: cf. an plé faoi Doonfin < *Dún Finn* in Aontroim (*PNI* 7, 246).

Tá *Suí Finn* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Seefin i Uíbh Fhailí (*L. Log*. 34), Corcaigh, Gailimh, an Cabhán agus Cill Mhantáin (www.logainm.ie). Tá Seefin eile i Sligeach (*Census 1851*). Féach fosta ainmneacha ar nós *Suí Bheac* / Seeveagh, *Suí Eol* / Seeola agus *Suí Lú* / Selloo i Muineachán (*L. Log*. 48), *Suí Fionnagáin* / Seefinegan i gCill Mhantáin (Price 1980, 278 agus www.logainm.ie sv.), agus *Suí Mochuda* / Seemochuda (agus an mionainm *Mullach Suí Finn* / *Seefin*) i bPort Láirge (*L. Láirge* 44, 48; tuilleadh ag *Joyce* i 311)

Skehavaud	Sceith an Bháid	
M366705; 111, 112	*"the thornbush of the boat"*	
1. Skewade ½ qr.	BSD 55	1661
2. Skyard als Skyward ½ qr. part of Ballindangen	ASE 254a	1678
3. Skyard als Skyward ½ qr, pt. of Ballydangen	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
4. Ballindangan 6 qrs, by the names of... Skevade...	L. Blosse Papers 193 §75	1754
5. Skyward ½ qr pt. of Ballydangen	QRL 2A.6.69, 542-3	1787
6. Skeavarde	Tithe App. Book §63	1823c
7. Skehavaud	Bald	1830
8. Skehevade	Litir Eolais (ALSO)	1838

[65] Féach Seeaghanbaun agus Seeaghanduff i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

9. Skehevade	ST (ALSO)	1838
10. Skehavaud	T O'C (ALSO)	1838
11. Skevade	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
12. Sgeith a Bháid	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Sgeith a bháid "bush of a boat"	J O'D (ALSO)	1838
14. ʃkɛvˈɛərd	TC4	2009

"It contains about 211¾ acres [211a. 0r. 22p.]... including about 73 acres of bog. [Situated] in an east central part of the parish. Bounded on the north by Poulanasellagh, on the east by Garryduff West, on the south by Logalisheen North and on the west by Carrowlena and Ballindin [sic]. [Proprietor unkown]. There is an ancient fort in the south east end of this townland" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear cuid plandála; bhí sé buailte le diméin *Castlemagarret House* (féach Castlemagarretpark New) ar an teorainn thiar thuaidh, in 1838. Reáchtálann craobhshruthán de chuid an Róba anoir aneas ar theorainn thoir thuaidh an bhaile fhearainn.

Tugann Dinneen *sceath* mar leagan malartach de *sceach* "a thorn bush, whitethorn" (*DIL* sv. *scé*), "whitethorn, hawthorn; thornbush" (*Ó Dónaill*). Glactar leis gur claonfhoirm (*sceith*) den leagan malartach seo,[66] nó forbairtí uaithi (ar nós *sceitheach, sceitheog*), atá in ainmneacha Ultacha ar nós *Sceith na gCeann* / Skinnagin, *Sceith na hAirgne* / Skinnahergna agus *Sceitheach* / Skeagh i Muineachán (*L. Log*. 47), agus *Seitheog an Iarla* / Skegoneill agus *Sceitheog an Mhíle* / Mile Bush in Aontroim (*GÉ* 155, *DUP* 132 agus 106). Thiocfadh *sceath*, agus an chlaonfhoirm *sceith* ach go háirithe, leis na foirmeacha stairiúla thuas.

Tá *sceith* cáilithe anseo ag an eilimint neamhchoitianta *bád* "boat" (*DIL* sv. *bát*). Cf. *Móin an Bháid* / Monavaud i bPort Láirge (*L. Log*. 38) agus *Rinn an Bháid Íochtarach* / Rinawade Lower agus *Rinn an Bháid Uachtarach* / Rinawade Upper i gCill Dara (www.logainm.ie).

[66] Seachas an chlaonfhoirm *scoith* < *scoth* "projection, ridge (of rock); reef; chip, splinter (of rock); (pl.) scree)" (*Ó Dónaill* 2*scoth*2-3; cf. *DIL* sv. 2*scoth* "point, edge (of weapon, etc.)"), nó brí fhorbartha thopagrafach den fhocal *sceith* "act of vomiting...; of the sea, dashing, spurting; of plants, bursting out, sprouting..." (*ibid*. sv. *sceith*(a-c)); cf. Scardaun East thuas.

Treangarve	An Trian Garbh	
M340678; 111	*"the rough third"*	
1. Treengarriff	Tithe App. Book §63	1823c
2. Treengorrive	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Treengorrive	ST (ALSO)	1838
4. Treengarriff	T O'C (ALSO)	1838
5. Treangarve	J O'D (ALSO)	1838
6. Make all the treans agree	J O'D (nóta; ALSO)	1838
7. Trian garbh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Trian garbh "rough third"	J O'D (ALSO)	1838
9. tri:n'garv	TC4	2009

"It contains about 199½ acres [199a. 2r. 15p.]... including about 10 acres of bog. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north and east by Scardaun East, Esker South and Killeen, on the south by The Heath and on the west by Killeenreevagh and Scardaun West. The property of Lord Oranmore, Castlemagarret. There is an ancient fort in the north east end of this townland" (*ALSO*). Léirítear áitribh sa deisceart agus le hais bóithre sa lár agus ar theorainn thuaidh na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios sa cheann thoir thuaidh, ceart go leor (timpeall M348682).

Tá *trian* "o,n., later also m.... third part; applied to towns etc., district, quarter" (*DIL* sv. *trían*(a,d)) cáilithe anseo ag *garbh* "rough, rugged, coarse" (*DIL* sv. 1*garb*). Ní léir an baile ar thrian di an roinn seo, tráth.

Cf. Treangarrow i mbarúntacht Thír Amhlaidh agus Treangarriv i gCiarraí (*Census 1851*).

Woodstock	Coill an Stócaigh	
M382706; 112	"*the wood of (?) the* Stócach"	
1. Killestokie	Inq. ME II.231	1617
2. Killestokie	Inq. ME II.239	1617
3. Killestocky	Inq. ME II.279	1617
4. Killestokie 4 qrs	Strafford Inq. §131	1635
5. Killstockie, 1½ cartrons of	Strafford Inq. §137V	1635
6. Killestokie, 4 qrs of	Strafford Inq. §141V	1635
7. [two] ½ qr[s] of Killestokie...		

1/6 qr of	Strafford Inq. §155V	1635
8. Killstokie	Strafford Inq. §156	1635
9. Killestoca 2½ cartrons	BSD 54	1661
10. Callestoca 1½ cartrons	BSD 55	1661
11. Callistoca	Hib. Del. Mayo	1672c
12. Killestoky 4 qrs viz. Killestoky qr., Levasreagh qr., Carrowbegg qr., Costorlogh[67] qr.	ASE 241b	1677
13. 4 qrs of Killestoky vizt. the qr of Killestoky, qr. of Levasreagh, the qr of Carrowbegg, qr of Costerlogh	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
14. Callestoca	CRL 2A.3.16, 154a	1710c
15. Coylestocky 4 qrs	CRL 2A.3.16, 156b	1710c
16. 4 qrs of Killestoky vizt. the qr of Killestoky, qr. of Levasreagh, qr. of Carrowbeg, qr of Costerlogh	QRL 2A.6.70, 536-7	1787
17. Callestoca	QRL 2A.6.70, 585	1787
18. Woodstock	Tithe App. Book §63	1823c
19. Kellastokoe, Woodstock	Bald	1830
20. Woodstock	Litir Eolais (ALSO)	1838
21. Woodstock	ST (ALSO)	1838
22. Woodstock	T O'C (ALSO)	1838
23. Woodstock	J O'D (dúch dearg; ALSO)	1838
24. Coill a Stócaigh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
25. Coill a Stócaigh "Stoke's wood"	J O'D (ALSO)	1838
26. ˈwo̤dstɔk	TC4, CRB4	2009

"It contains about 410 acres [409a. 3r. 29p.]... including about 38 acres of bog. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Garryduff South and

[67] 1. Costurlogh 1 qr.... a parcell of Curragh — BSD 55 — 1661
2. Killestoky 4 qrs viz.... Costorlogh qr. — ASE 241b — 1677
3. 4 qrs of Killestoky vizt.... qr of Costerlogh — CRL 2A.3.16, 143a — 1710c
4. 4 qrs of Killestoky vizt.... qr of Costerlogh — QRL 2A.6.70, 536-7 — 1787

the parish of Kilcoleman, east and south by Carrowconnor and Carrowbeg, and on the west by Cloonmore and Logalisheen North. The property of Mr. M. Brown, Galway... There is an ancient fort in the south central part of this townland" (*ALSO*). Léirítear grúpaí tithe i lár agus lár thuaidh na roinne seo, agus áitribh eile scaipthe tríd an leath thoir den bhaile fearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá an lios gar do lár na roinne (M383705).

Is féidir go bhfuil *coill* "wood, forest" (*DIL* sv. *caill*) cáilithe anseo ag an eilimint neamhchoitianta *stócach* "a stake, a pole or mast, a tall person, a young man, an idler or sponger, a go-between or negotiator who accompanies a man looking for a wife at Shrovetide" (*Dinneen*). Cf. ainmneacha ar nós Knockanabohilly, Knockannamohilly < *Cnocán na mBuachaillí* i dTiobraid Árann (*L. Log*. 55), Glenaboghil < *Gleann na mBuachaill* i nGaeltacht Dhún na nGall (*IROL* 102 §284) agus Edenamoghil < *Éadan na mBuachaill* sa chontae céanna, Knockanenabohilly < *Cnocán na mBuachaillí* i gCorcaigh agus Boyhill < *Cnocán na mBuachaillí* i nGaillimh (www.logainm.ie). Ina dhiaidh sin, tá an sloinne *Stokes* in Éirinn ó bhí an 14ú haois ann (MacLysaght 1985, 279 sv.) agus le sonrú sna hainmneacha Stokestown san Iarmhí, an Mhí agus Loch Garman agus, is cosúil, san ainm Ballystokes sa Dún (*Census 1851*). Tá *Baile an Stócaigh* molta mar fhoirm Ghaeilge i gcás shampla Loch Garman (www.logainm.ie) agus is féidir gur leagan ainmfhoclach den sloinne atá san ainm atá idir chamáin anseo, chomh maith. Cf. Ballynastockagh < *Baile na Stócach* i mbarúntacht Choistealach (Imleabhar 10).

Ba sa bhaile fearainn seo a rugadh an file Cormac Ó Comáin i mí na Bealtaine, 1703 (*FFC* 463).

Ainmneacha Eile

Tugtar thíos foirmeacha stairiúla de chuid de na hiar-rannta a luaitear le tailte an pharóiste sna foinsí; ní léir a gceartshuíomh.

1. Lissimore and Shisha, 2 gnives of	Strafford Inq. §113V	1635
2. Lismore 1 quarter	BSD 53	1661
3. Lismore	Hib. Del. Mayo	1672c
4. Lismore 1 qr.	ASE 275b	1683
5. Lissmore	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
6. Lismore 1 qr.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c

7. Lissmore 1 qr	QRL 2A.6.69, 572	1787

Léirítear foirm 3 suite sa tuaisceart, ó dheas de *Lismacoris* (Mayfield) agus ó thuaidh de *Carromore* (Carrowmore) ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*. Tagraíonn *Shisha* do Sessiagh i bparóiste Theach Chaoin.

1. Carrowreogh	CPR Jas I 394a	1618
2. Carrowreagh	Inq. ME III.373	1631
3. Carrowreagh 1 qr.	ASE 239b	1677
4. Carrowreagh	CRL 2A.3.16, 141b	1710c
5. Carrowreagh 1 qr.	QRL 2A.6.70, 528	1787

Liostaítear na foirmeacha seo le Ballyglass, sna foinsí.

1. (?)Pulneclagh	Inq. ME II.235	1617
2. Clonecleigh 2 gneeves	BSD 55	1661
3. Cloneclogh 2 gnee of [Ballindangin]	CRL 2A.3.16, 144b	1710c
4. Cloneclogh 2 gnee	QRL 2A.6.69, 544	1787

1. Carow Evelin	Inq. ME II.239	1617
2. Carow Evillin	Inq. ME II.241	1617
3. Carrow-Evillin	CPR Jas I 393b	1618
4. Carroevellin 1 qr.	BSD 58	1661
5. Carrow Evelyn	Strafford Inq. §142V	1635
6. Carrow-Evelin, ½ qr in	Strafford Inq. §145	1635
7. Carrow Evelyn, the qr of	Strafford Inq. §146V	1635

Liostaítear cuid de na tagairtí thuas le Castlereagh, sna foinsí.

1. Annagh	Inq. ME III.413	1698
2. Annigh, the qr of	Strafford Inq. §§151, 151V	1635
3. Annigh	Strafford Inq. §154	1635
4. Annagh one qr.	BSD 59	1661
5. Anna	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Annagh 1 qr.	ASE 272b	1681
7. Annagh	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
8. Annagh	QRL 2A.6.70, 582	1787

Léirítear foirm 5 in iardheisceart an pharóiste: Newtown North agus Newtown South, b'fhéidir?

1. Leaghballymagherymore	Inq. ME I.39	1608
2. Leoghballymagherymore 2 qrs	CPR Jas I 179a	1610
3. Magherymore, 2 qrs of	Strafford Inq. §131	1635

Maigh Eo

Mayo	Maigh Eo *"plain of yew trees"*	
1. Muir*ea*d*h*ach, mac Indreachtaig*h*, do m*h*arb*h*ad*h*, epscop Maig*h*e eú esid*h*e	AFM i 324	726
2. Pontifex maig*h*e hEu Saxonium Garaalt obiit	AU i 184	731
3. Mageo... Muigeo	Bede iv.4	731c
4. Princeps no pontifex Maig*h*e eo na Saxon garolt obit	FIA 58	732
5. Aedan episcopus maig*h*e hEu	AU i 240	772
6. Hadwinus, Migensis ecclesiae antistes, sublatus est, et Leuthfriht pro eo est subrohatus episcopus	SD 24	773
7. Magh eo do losccad*h*	AFM i 384	778
8. Alcvinus Leutfredum episcopus coenibii Mugensis in Hibernia	MGH 19 §2	780c
9. Combustio aies Mac*h*ae ┐ maig*h*i hEu saxonum	AU i 256	782
10. episcopus Aldulpbus Myiensis	Cartularium Saxonicum i §250	786
11. ... [ ] coenibii Mugensis in Hibernia	MGH 445 §287	793c
12. Garalt Maigi Eó cum suis	Mart. Tal. 22, Mar. 12	830c
13. Mochonne Maige Eo	Mart. Tal. 27, Mar. 27	830c
14. Ingell Maigi Eo	Mart. Tal. 81, Oct. 20	830c
15. Dert*h*ec*h* Maig*h*e eo do losccad*h*	AFM ii 574	905
16. Maige Eo, Sacsain	IRC 16	1115c
17. Mag*h* eó na Saxan co na recclés... do loscad*h*	AFM ii 1170	1169
18. Colman Maigi Eo[1]	CGSH 143 §707.207	1130c
19. Cuangus Maighe Eo na Saxan,		

[1] Luaite le Moynoe i mbarúntacht na Tulaí Uachtaraí sa Chlár in innéacs na foinse seo.

abb ⁊ ep*scop*	Mart. Gorm. 54 Mar. 13	1170c
20. mo-C[h]onna Maighe eó	Mart. Gorm. 62 Mar. 27	1170c
21. Broccaid Imligh Broccadha i Maigh óe [*sic*]	Mart. Gorm. 132 Jul. 132	1170c
22. la hAedan Ingeldi, Maighe Éo	Mart. Gorm. 200 Oct. 20	1170c
23. Colman i Maigh Éo	Mart. Gorm. 218 Nov. 13	1170c
24. Dom*h*nall mac toirdealb*h*aig*h* uí Concob*h*air ticch*ea*rna t*h*uaiscceirt Connac*h*t... a ad*h*nacal i maig*h*eo na Saxan	AFM iii 26	1176
25. Gilla-Isa hUa Mailin, espuc Maig*h*i-Eó, moritur	AU ii 202	1183
26. Muig*h*i Eo, espuc	AU ii 204	1184
27. Gilla Isa .H. Maoilín, espuc Maig*h*e hEó, quieuit	ALC i 170	1185
28. Cele ua dub*h*t*h*aigh epscop Maig*h*e eo na Saxan	AFM iii 160	1209
29. Ceile hUa Dub*h*t*h*aig*h*, epscop Mhaig*h*i-Eo na Sax[an]	AU ii 250	1210
30. Céle .H. Dubthaig*h*, espuc Moig*h*e hEó, quieuit	ALC i 240	1210
31. i moig*h* neó	AFM iii 226	1225
32. Mag nEo, [go]	ALC i 280, 288	1225
33. co Mag nEo	AC 12 §§15, 26	1225
34. go Mag nEo na Saxanac*h*	ALC i 300	1230
35. co Magh nEo na Sachsan	AC 34 §4	1230
36. go maig*h* eó na saxan	AFM iii 288	1236
37. co Mag*h* nEó na Saxsanach	ALC i 338	1236
38. co Mag nEo na Sachsan... i rrelic moir Moigi nEo	AC 62 §11	1236
39. Niall [hua Conchobhar]... do loscad... a Muig*h* nEó na Saxanach	ALC i 358	1242
40. i mMuig nEo na Saxan	AC 76 §12	1242

41. i Maig Eo na Sax*an*	MIA 120 §8	1242
42. go Mag*h* nEó na Sasanach, ocus assid*h*e go Balla	ALC i 408	1256
43. tanc*at*ar co Mag nEo na Saxan ┐ as-side co Balla	AC 114 §5	1256
44. airgiostair ó Moig*h* eó na Saxan ┐ o Bhalla iniar	AFM iii 386	1262
45. ó Mhuig*h* Eó na Saxanach ocus ó Bhalla aníar	ALC i 442	1262
46. o Moig Eo na Sachsan ┐ o Balla aniar	AC 138 §5	1262
[47. Clemeint ocus Colman	Fél. Óeng. 216, Nov. 14	1410c]
48. coMag nÉo	Four Saints 2 §4	1410c
49. An tepscop ua huiccinn .i. epscop maig*h*e eo na Saxan décc	AFM iv 1104	1478
50. Int Eps*cop* O hUigind, eps*cop* Moige hEo na Saxan quie*uit*	AC 580 §8	1478
[51. Siarriam conndaoe Muig*h*e d*h*eó do m*h*arb*h*ad*h* le Emann a Burc, mac Tomais in mac*h*ire .i. Muilirre mac Uater	ALC ii 422	1578
52. Siarrium conndae Muige nEo .i. magistir Brun	ALC ii 488	1589]
53. Garalt Maig*h*e-eo, abb acus epscop	Mart. Don. 74 Mar. 13	1630c
54. Broccaidh, Imlig*h* Brocad*h*a i Muigh eo	Mart. Don. 191, Sept. 9	1630c
55. Aedhan Ingeldi, Maigh eo, Ao. Di. 650[2]	Mart. Don. 278 Oct. 20	1630c
56. Colman, Muige eo	Mart. Don. 308 Nov. 13	1630c
[57. <i g>C(h)ondae Mhuighe Eó	LMG ii 94 §344.1	1650c

[2] "Annals of Ulster have, at this year [650], the entry, *Quies Aedain episcopi Saxonum*. But the monastery of Mayo was not founded till after 667... The date and place [of this notice] are, therefore, inconsitent, and the text is erroneous" (*Mart. Don*. 278n).

58. i gCondae Muighe Eó	LMG iii 104 §798C.1	1650c
59. Maoilir, Tighearna Muighe Eó	LMG iii 124 §806.7	1650c
60. Goisdealbhacha i gCondae Muighe Eó	LMG iii 610 §1271.5	1650c
61. Teaboid, Tighearna Muighe Eo	LMG iii 734 §1386.5	1650c
62. a cCondaeibh Muighe Eó agus Rosa Comain	LMG iii 758 §1409.2	1650c]
63. Mac an Bhretheamhan, easbog Maighe Eo; dibris M*a*c Uilliam Burc .i. an tAb Caoch, é	CCEÉ §205d	1665c
64. Pádraicc O hElide, easbog Maighe Eo; do basuighead é i cCill Moc[h]ellog, 1579, ar son a chredimh Catoilcdhe	CCEÉ §205e	1665c
65. [state of the church of Mayo]	CEPR i 50	1217
66. [Master Christin, proctor of the church of Mayo]	CEPR i 190	1240
67. [archdeacons of Tuam and Mayo]	CEPR i 498	1289
68. [seized the bishopric of Mayo]	CEPR i 610	1303
69. [Deanery] Mayonensis... [The Church of St Gerald]	Eccles. Tax. (CDI) 213	1307c
70. [abbot of St. Michael's] de Maio	CEPR vi 260, 274	1411
71. [chucrh of the Augustinian monastery of St. Michael's, Mayo]	CEPR vi 290	1411
72. [Augustinian abbot and convent of St. Michael's, Mayo]	CEPR vi 278	1412
73. (?)[monastery of St. Michael]	CEPR vi 398	1413
74. [monastery of St. Michael's,] Maio	CEPR vi 422	1413
75. [monastery of St. Michael's] de Migheo	CEPR vi 426	1413
76. [abbey of St. Michael, Mayo]	CEPR vi 434	1413
77. [monastery of St. Michael, Mayo]	CEPR vii 60	1417
78. [abbot of Mayo]	CEPR vii 95	1418

79. [deanery of Mayo]	CEPR vii 149	1419
80. [perpetual vicarage of Mayo]	CEPR vii 143	1420
81. [abbot of St. Michael's, Mayo]	CEPR vii 160	1420
82. [St. Michael's, Mayo]	CEPR vii 162	1421
83. [the deanery of Mayo... St. Michael's Mayo]	CEPR vii 226	1421
84. [the dean of Mayo...]	CEPR viii 59	1427
85. [abbot of St Michael's, Mayo]	CEPR viii 52	1428
86. [monastery of St. Michael, Mayo]	CEPR viii 142	1429
87. [Thomas, Augustinian abbot of St. Michael's, Mayo]	CEPR viii 110	1430
88. [abbot of St. Michael's, Mayo... Thomas Ohayga]	CEPR viii 191	1430
89. [church of] Moynen[sis]	CEPR viii 164	1430
90. [To the abbot, Mayo...] Ruymund Bremechean	CEPR viii 193	1430
91. Malachia Imulabayll, principalis ... monasterii Sancti Michaelis de Mayo, ordinis Sancti Augustini	Oblig. Tuam. 67 §86	1431
92. [the late Thomas, abbot of the Augustinian monastery of St. Michael, Mayo]	CEPR viii 356	1431
93. [the dean of Mayo]	CEPR viii 357	1431
94. [abbot of... St Michael's, Mayo]	CEPR viii 425	1432
95. [Martin Compania, elect of] Magionen[sis]	CEPR viii 427	1432
96. [diocece of Mayo...Thieus Omurcu, canon of Mayo]	CEPR viii 453	1432
97. [Nicholas, bishop of] Magionen[sis ... at the church of Mayo]	CEPR viii 582	1436
98. [St Michael's, Mayo]	CEPR viii 651	1437
99. [bishop of] Mageonen[sis]... Cilleuim[i]n	CEPR ix 45	1438
100. Eugenius Ochenduayn, [clerk of		

the dioces of Mayo alias Tuam...]	CEPR ix 151	1441
101. Malachy Offlanaghan... [diocese of Mayo... the prebend of Balla]	CEPR ix 175-6	1441
102. Oddo Okennuan [canon of] Magionen[sis]... Rory Yconridh [priest, of the deanery of Mayo]	CEPR ix 183	1441
103. [diocese of Mayo... Odo, now bishop of Mayo]	CEPR ix 190	1441
104. [abbot of St. Michael's, Mayo... dean of Mayo]	CEPR ix 215	1441
105. [to St Michael's, Mayo... diocese of Tuam alias Mayo]	CEPR ix 223	1441
106. [abbot of St. Michael's in the diocese of Mayo alias Tuam and] Odo Ogeanuan, [canon of Mayo alias Tuam]	CEPR ix 149	1442
107. [abbot of... St Michael's, Mayo]	CEPR ix 381, 405	1443
108. Wiliam Oconmachan [priest, of the diocese of Tuam alias Mayo]	CEPR ix 428	1444
109. [to the bishop and dean of Mayo]	CEPR ix 552	1446
110. John Odublerga [priest of the diocese of Mageonen[sis]	CEPR x 285	1447
111. Odo Ohugyn [who behaves as bishop of] Mayo	CEPR x 340	1447
112. William Ochomoghan [priest, of the diocese of Tuam alias Mayo]	CEPR x 340	1447c
113. [the manor or place of Mayo... city of] Magionen[sis... Odo... bishop of Mayo]	CEPR x 343	1447c
114. Wa[l]ter Pringragas... [deanery of Mayo]	CEPR x 382	1448
115. [canons of Tuam alias Mayo]	CEPR x 408	1448
116. [to the bishop of Mayo]	CEPR x 417	1448
117. William Macbrethon [priest, of		

the diocese of Tuam alias Mayo, the perpetual vicarage of Balla]	CEPR x 442	1449
118. [to the abbot of St. Mary's [*sic*], Mayo]	CEPR x 502	1450
119. [To... William Prindagras... to the monastery of St. Michael]... Tuamensis diocesis alias May[o]nensis civitatis	CEPR x 564	1451
120. [to the abbot of St. Michael's] de Magio	CEPR x 597, 611	1452c
121. [in the diocese of Tuam alias Mayo... the parish church of St Gerald de Mayo... death of Nicholas Ocurba]	CEPR x 632	1453
122. Thomas de Angulo... [a canon of Tuam, the prebend of Balla in the church of Tuam alias Mayo]	CEPR xi 209	1455
123. Simon de Duren [elect of] Magionen[sis]... [city and diocese of Mayo]	CEPR xi 309	1457
124. [to the abbot of St. Michael's], Maio	CEPR xi 340	1457c
125. [St. Michael's] de Magio	CEPR xii 36	1459
126. Dermit Oscara... [parish church of Mayo]	CEPR xii 81	1460
127. Magonius Oconchuyr [a canon of the Augustinian monastery of St Michael] de Maio	CEPR xii 88	1460
128. [abbot of St. Michael's, Mayo]	CEPR xii 110	1460
129. [Simon, bishop of] Magionen.	CEPR xii 126	1461
130. Malachy Omulauaill [abbot of the Augustinian monastery of St. Michael, Mayo... John Omurchu ... of the perpetual vicarage of		

Gerald's, Mayo]	CEPR xi 461	1462
131. Johannes Omurchu, principalis... monasterii Sci. Michaelis de Mayo	Oblig. Tuam. 81 §186	1462
132. [a canon of the Augustinian abbey of St. Michael, Mayo]	CEPR xii 191	1463
133. [abbot of St. Michael's] de M[a]gio	CEPR xii 415	1464
134. [abbot of St. Michael's] de Maio	CEPR xii 416	1464c
135. [Matthew] Oflaarthy [canon of] Maionen[sis]	CEPR xii 447	1464c
136. [abbot of St. Michael's, Mayo]	CEPR xii 241	1465
137. [abbot of St. Michael's, Mayo... John Ohennan, clerk, of the diocese of Mayo	CEPR xii 485	1465c
138. [abbot of St. Michael's, Mayo]	CEPR xii 490	1466
139. [abbot of St. Michael's], Maio	CEPR xii 514	1466
140. Thieus Omullanayll, canonicus monasterii beati Michaelis de Mayo	Oblig. Tuam. 85 §202 / CEPR xii 736	1470
141. Malachy Omullanayll [abbot of the monastery of St. Michael] de Magio	CEPR xii 795	1470c
142. [Donald Ocliara... a canon of the monastery of St. Michael] de Magio	CEPR xiii 466	1475
143. [St Michael's, Mayo... rural lands of Balimgarliat... of the parish church of St. Geraldus, Mayo]	CEPR xiii 533	1475c
144. [John Omury... St. Michael's, Mayo]	CEPR xiii 534	1475c
145. [abbot of St. Michael's] Maio	CEPR xiii 535	1476
146. Walterio Cusyn... vicarie parrochialis ecclesie Sancti Geraldi de Mayo	Oblig. Tuam. 89 §223	1476
147. [diocese of Mayo... Odo, bishop		

of Mayo]	CEPR xiii 552	1476c
148. [abbot of St. Michael's] de Magyo	CEPR xiii 83	1480
149. [the abbots] de Magio	CEPR xiii 794	1481
150. [monastery of St. Michael, Mayo]	CEPR xv 1 §2	1485
151. Balengarba, ... rectorie parrochialis ecclesie de	Oblig. Tuam. 102 §272	1491
152. [rural lands of] Balle Ingarga... [united to the canonry and the prebend of] Kylcornan	CEPR xviii 520 §762	1492
153. Miler Pinagras [canon of the monastery of St. Michael] de Magio	CEPR xvii (1), 244 §384	1500
154. [monastery of St. Michael] de Magio	CEPR xvii (1), 265 §401	1500
155. [the church of Mayo... parish church of St Gerald] de Maio	CEPR xvii (1), 266 §402	1500
156. [monastery of St. Michael] de Magyo	CEPR xvii (1), 501-2 §§826, 827	1502
157. [John, bishop of] Maionen'	CEPR xviii 413 §584	1506
158. [William Ochuan... Tuam alias Mayo... monastery of St. Michael] de Magyo	CEPR xviii 523 §765	1507
159. [Tuam alias Mayo]	CEPR xviii 520 §762	1507
160. [monastery of St. Michael] de Maio	CEPR xix 101 §168	1509
161. [monastery of St. Michael, Mayo]	CEPR xix 103 §170	1509
162. [William] Omurcu... [of the monastery of St. Michael, Mayo]	CEPR xx 166 §246	1515
163. Mayo, site of the priory of canons of	Fiants Eliz. §1404	1569
164. Mayo, [castle of]	Cal. Carew MSS iv 476 §5	1574
165. [V. Mayo]... [P. Teaghsaxon; R. Mayo]	Division Connaught 2A (Knox) 216	1574
166. The abbay of [Mayo]	Division Connaught 2A (Knox) 217	1574
167. site of the house of friars of Taghesessen... Tasaxone...; site site of the priory of Maio	Fiants Eliz. §3419	1578

168. Richard MacMorris of Castle Barnan	Division Connaught 2 (Knox) 346-7	1574
169. Tarmyn Mayio	COD v 274 §285	1576
170. The monasterie of Mayo. In the tenure of William Kegh Bourke, Thomas Kegh Bourke and David mcMorice...	Rentall of M/C 34	1577
171. Abb: Mayo	Browne's Map 1	1584
172. belonging to her Matie. as in right of the abby of Mayo	CBC 94	1585
173. abby of Mayo	CBC 101	1585
[174. [Adam Magauran]	HCMRA iii 242	1585]
175. [Rectory of Mayo]	First Fruits	1585c
176. [Dean of Mayo]... Mayo	Incumbents [1591] 225-6	1591
177. Mayo	Connaught Map (NLI)	1600c
178. [Mayo or Templegerald]	Regal Visitation (Knox)	1615
179. Mayo, nup. de	Inq. ME III.361	1629
180. Mayo	Inq. ME III.401	1635
181. Mayo, Gerald Dillon of	Strafford Inq. §128	1635
182. Mayo, the town of	Strafford Inq. §153V	1635
183. Mayo, moiety of the priory or abbey of	Strafford Inq. §155V	1635
184. Temple Garret Parish	BSD 75	1661
185. Templegarrold	Hib. Del. Mayo	1672c
186. Mayo and the lands, late monastery or priory of	ASE 254a	1678
187. in the town of Mayo called Knockane-Ebrunny	ASE 269a	1680
188. Knockane-Bruny in Mayo town	ASE 272a	1681
189. Templegerard or Mayo parish	Description of Mayo §42	1684c
190. Templegerald	Morden's Map	1691
13. An Creagán	www.logainm.ie	2005c
14. ˈkrɛgɑːn	ME1, TC4	2009

“187a. 2r. 21p. of arable and pasture land, including 30a. 2r. 3p. of bog. [Situated] in the southern part of the parish... Bounded on the north by Poulavaddy and Cullintragh, east by Knockroe, west by Curry Kirwin (in the Barony of Killmane) and south by Gowel and the parish of Taugheen. It is the property of Patrick Kirwin Esq.” (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe suite in oirthuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear cuid talaimh riascúil sa deisceart. Reáchtálann an *Meander River* aneas ar an teorainn thiar (féach faoi *Manulla River* in *Ainmneacha Eile*, paróiste Mhaigh Nulla i mbarúntacht Cheara). Tá bunús na roinne suite ar dhroim talaimh atá 56 meadar ar airde ag an mhullach.

Féach nóta ar an eilimint *creagán* faoi Barnagreggaun thuas. Ní léir suíomh an chreagáin sa chás seo. Tá bailte fearainn eile darb ainm Creggaun i mbarúntachtaí Thír Amhlaidh agus Ghaileang. Ní léir, go conclúideach, arbh é *coll* “also call. o, m.... hazel-tree” (*DIL* sv. 1*coll*(a)) an cáilitheoir, tráth, ach cf. foirmeacha stairiúla Knockaunakill < *Cnocán an Choill* thíos.

Cullentragh	An Chuileanntrach	
M264783; 90, 100	*"the place of holly"*	
1. Cullintragh, the cartron of	Strafford Inq. §126	1635
2. Collentragh, the cartron of	Strafford Inq. §164V	1635
3. Cullintrough ½ qr.... Cullintrough the other ½ qr.	BSD 77-8	1661
4. Cullintrough	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Cullentragh ½ qr.	ASE 245a	1677
6. Cullintrough ½ qr.	ASE 277a	1683
7. Cullintrogh ½ qr.	CRL 2A.3.16, 147b	1710c
8. Cullentragh	Garret O'Moore Maps 31	1721c
9. Cullintragh	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
10. Cullintrough ½ qr.	QRL 2A.6.70, 556	1787
11. Cullintragh	Tithe App. Book §60	1824
12. Cullentragh	ST (ALSO)	1838
13. Cullentragh	Rev. Townshend (ALSO)	1838
14. Cullintragh	J. Lambert (ALSO)	1838
15. Cullintragh	T O'C (ALSO)	1838
16. Cullentragh. Compare	J O'D (ALSO)	1838
17. Cuiliontrach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Cuilionntrach "land abounding in holly"	J O'D (ALSO)	1838
19. An Chuileanntrach "the place of holly"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
20. An Chuileanntrach	www.logainm.ie	2005c
21. ˈkʊ̯ləntrə	ME1	2009

"153a. 1r. 34p. of arable and pasture land including 0a. 1r. 9p. of water. [Situated] in the southern part of the parish... Bounded on the north by Killbride, east by Gortfuntaun Glebe and Poulavaddy, west by Fahybeg, Tullybeg Glebe and Curry Kirwan (in Killmain barony) and south by Criggaun. It is the property of Lord Clonmorris. There are two lakes situated on the eastern boundary of this townland. Also several remarkable springs. It is also situated south east of the village of Mayo and west of the Glebe" (*ALSO*). Léirítear cúpla teach in oirthuaisceart na roinne, agus teach

aonair i bhfíordheisceart an bhaile fhearainn seo, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios suite gar do lár na roinne ar léarscáileanna reatha (M264784).

Tá bailte fearainn den ainm seo i mbarúntachtaí Bhuiríos Umhaill, Cheara agus Choistealach sa chontae seo. Tá samplaí eile i gCill Chainnigh (*L. Log*. 27 sv. *An Chuileanntrach*), Ard Mhacha, an Cabhán, Fear Manach agus Liatroim (*Census 1851*; leaganacha gaolmhara is ea Cullenagh, Cullentra agus Cullendra, is dóiche). Cáilítear an eilimint *cuileanntrach* i gcuid ainmneacha eile ar nós Cullentraghbane agus Cullentraghduff i Muineachán (*L. Log*. 22 svv. *An Chuileanntrach Bhán, An Chuileanntrach Dhubh*). Forbairt ón fhocal *cuileann* "(wood of the) holly-tree" (*DIL* sv. *cuilenn*) atá i gceist, le hiarmhír a bhfuil ciall chnuasaigh léi, ní foláir (*Joyce* i 514: "a place abounding in holly").

Féach iar-roinn den ainm céanna faoi Ballinlough thuas.

Curry (*Macmanus*)	Na Curraigh (*Macmanus*)	
M251787; 90, 100	*"the marshes (Macmanus)"*	
1. Coolmine	Inq. ME II.271	1617
2. Coolemeen, 2 qrs of	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727
3. Kurry McManus North, Kurry McManus South	Tithe App. Book §60	1824
4. Newtown Curry, Colmeen	Bald	1830
5. Curry Mac Manus (Church land)	ST (ALSO)	1838
6. Curry McManus	J. Lambert (ALSO)	1838
7. Curry MacManus	Rev. Townshend (ALSO)	1838
8. Currymacmanus	T O'C (ALSO)	1838
9. Curry-Macmanus	J O'D (ALSO)	1838
10. Curraigh "moors"	J O'D (ALSO)	1838
11. Curraigh Mhic Mhánais "Mac Mhánais's wet lands / marshes"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
12. Na Curraigh (Macmanus)	www.logainm.ie	2005c
13. ˌko̯rimək'manəs	ME1	2009

"202a. 3r. 14p. of arable and pasture land. [Situated] in the western part of the parish... Bounded on the east by Curry Kirwan [in Kilmaine barony], west by Rosslee Parish [in Carra barony], north by Knockadorogha and Ballinaster, and south by Curry Mac Manus and Drishaghaun [in Kilmaine barony]. Bishop Land" (*ALSO*). Tá an baile

fearainn seo rannta idir barúntachtaí Chill Mheáin agus Chlann Mhuiris agus áirítear an dá sciar mar bhailte fearainn astu féin san Innéacs Topagrafach (*Census 1851*); tá breis agus 168 acra i sciar bharúntacht Chill Mheáin (áit a bhfuil lios: M254782). Léirítear grúpaí beaga tithe in iarthuaisceart agus oirthuaisceart chuid bharúntacht Chlann Mhuiris den bhaile fearainn, agus cuid tithe eile sa deisceart agus san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Moltar iolra den eilimint *currach* "Later also currach... marsh, fen" (*DIL* sv. *cuirrech*), "wet bog, marsh" (*Ó Dónaill* sv. *corrach*) anseo. Tá an leagan iolra *curraigh* le sonrú, is cosúil, sna hainmneacha Curryeallaun < *Curraigh Fhaoláin*, Curry < *Na Curraigh Uachtair*, Corrabaun < *Na Curraigh Bhána* agus Balloor ar tugadh *Na Curraigh Íochtair* air tráth, i mbarúntacht Cheara, agus Curry (*Kirwan*) < *Na Curraigh (Kirwan)* atá buailte leis an bhaile fearainn seo agus atá suite i mbarúntacht Chill Mheáin.

I dtaca le struchtúr an leagain mholta Ghaeilge, féach an nóta faoi Kilbeg (*Malone*) i bparóiste Chill Cholmáin thuas. I dtaca leis an sloinne *MacManus* < *Mac Mhánais*, féach MacLysaght (1985, 208): "The main sept of this name is a branch of the Maguires; the other is akin to the O'Connors of Connacht". Liostaítear seacht ndream éagsúla den sloinne seo sa Ghinealach Mór (cf. *LMG* iv 147 sv.): ceathrar le hUí Bhriúin, ceann le hEoghannachta agus beirt le hOirialla. Tá Cartronmacmanus i mbarúntacht Ghaileang sa chontae seo: moltar *Cartún Mhic Mhánais* mar an bhunfhoirm de.

Is cosúil gurbh í *An Chúil Mhín* bunainm an leathbhaile (foirmeacha 1-2, 4c). Is cosúil gur áiríodh Curry (*Macmanus*) mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh tréimhsí fada: féach cuid féidearthachtaí faoi *Ainmneacha Eile*, thíos.

Derrowel Beg	Doire Abhall Beag	
M291837; 91	"*thicket of the apple-trees, small*"	
1. the rectory of Kilcolman...		
extending to Dirrehowle...	Fiants Eliz. §1404	1569
2. Dyreehowle	Fiants Eliz. §3419	1578
3. Drowle, McMorishe of	Fiants Eliz. §4582	1584c
4. Derowle... 14 qrs	CBC 94	1585
5. Derrowle... 14 qrs	CBC 100	1585
6. Derryhowle, cast. de	Inq. ME I.43	1609

7. Derryhowle	CPR Jas I 150a	1609
8. Derrehowle, the castle of	CPR Jas I 581b	1611
9. Dervell	Inq. ME II.247	1617
10. Derryowell	Inq. ME II.279	1617
11. Derrywle	Inq. ME III.403	1635
12. Derowle alias Carrowneakie and Cullendragh, 3 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
13. Derryowle, castle and qr [of]	Strafford Inq. §133V	1635
14. Derowle alias Carrowenacre parcel of the town of Ballyvonyn, 3 cartrons in the qr of	Strafford Inq. §142	1635
15. Derowle, the castle of	Strafford Inq. §142	1635
16. Derrhowle alias Carronanackrey 1 qr.	BSD 76	1661
17. Derehowle	Hib. Del. Mayo	1672c
18. Derryowell, castle and qr. of	ASE 275b	1683
19. Dorryhowell alias Derrynacree 1 qr.	ASE 277a	1683
20. Derrygowell 1 qr, qr & castle of	CRL 2A.3.16, 139b	1710c
21. Derryhowell als Derrynecree 1 qr.	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
22. Derryoule	Garret O'Moore Maps 6	1721c
23. Derryowle	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723
24. Docowle [*sic*]	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742
25. Deroule 1 cart.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
26. Derryhowel als Derrcree 1 qr.	QRL 2A.6.70, 560	1787
27. Ballygowel [sic],[15] qr and castle of	QRL 2A.6.70, 519	1787
28. Derroul	Lynch-Blosse Maps	1811
29. Derrowle East Division, Derrowle West Division	Tithe App. Book §60	1824
30. Derroulbeg	ST (ALSO)	1838
31. Derroulbeg	Rev. Townshend (ALSO)	1838
32. Derroulbeg	J. Lambert (ALSO)	1838
33. Derrowelbeg	T O'C (ALSO)	1838
34. Derryowelbeg?	T O'C (ALSO)	1838

[15] Liostaithe le tailte máguaird; léiríonn meascadh le Ballyhowly i bparóiste an Chnoic.

35. Derrowelbeg	J O'D (ALSO)	1838
36. Doire abhall	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
37. Doire abhall beag "derry of the apple trees (little)"	J O'D (ALSO)	1838
38. Doire Abhall Beag "little wood of apple-trees, small"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
39. Doire Abhall Beag	www.logainm.ie	2005c
40. ˈdraul	BAL1	2009
41. dəˈraul	BAL1	2009

"63a. 0r. 18p. of pasture and tillage, including 15a. 1r. 21p. of bog. Bounded on the east by Deroulmore, west by Knocknamoughalaun, north by Balla parish and south by Acres and Heathlawn. It is 107 chains north of Brize Castle... Revd. Sir F. B. Lynch and Patk. Kirwin Esq. are the proprietors" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe in iarthar agus lár theas na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Liostaítear láthair chaisleáin leis an roinn seo in *Monuments* (§91), ach ní thugtar tagairt eangaí.

Is minic a shéimhítear túschonsan eiliminte cáilithe ar lorg na buneiliminte *doire* "an oak-wood; a grove, thicket" (*DIL* sv. *daire, doire*); "an oak grove, a wood, a thicket" (*Dinneen*) go háitiúil - sa Ghaeilge dhéanach go háirithe: féach cuid samplaí, agus eisceachtaí, faoi Derry i bparóiste Chrois Bhaoithín thuas. Níor mhiste, mar sin, cuimhneamh ar iolra den fhocal *gabhal* "o, m. and ā, f.... a fork; a bifurcation or angle in a glen, pass, etc.; the spit of land between two rivers; a branch of a river, an arm or inlet of the sea forming a creek or river estuary" (*DIL* sv. *gabul*(f,g))[16] mar fhéidearthacht don cháilitheoir anseo. Féach, áfach, nach dtiocfadh sí seo go héasca, go topagrafach, leis an dá roinn. Ní reáchtálann ach sruthán beag amháin anoir aduaidh ar theorainn thoir thuaidh Derrowel More. Tagann foirm 20 (*Derrygowel*) ó fhoinse a bhíonn thar a bheith lochtach ó thaobh litrithe, go minic (cf. foirm 27, atá gaolta) agus ní féidir dul ina muinín. Gach seans gur meancóg do *-h-* atá sa *-g-* áirithe seo. Leantar

[16] "... an opening, estuary or creek; a river or road fork, the space enclosed therein" (*Dinneen*), "fork; in place-names the reference is almost invariably to a river" (*IPN* 89). "[*Gabhal* means] 'fork'; in place-names the reference is almost invariably to a river" (*IPN* 89); "... an opening, estuary or creek; a river or road fork, the space enclosed therein" (*Dinneen*). Amanna, tagraíonn an eilimint seo do thalamh idir dhá chnoc: "[The Donegal island of *Gabhla*] has two high hills with low land between them and this appears to be the 'fork' referred to in the place-name" (*DUP* 78 sv. *Gola* "place of the fork").

de scoláirí eile, mar sin (foirmeacha 36-9) agus moltar iolra den fhocal *abhaill* "apple-tree" (*DIL* sv. *aball*); cf. Ballyhowly < *Bealach Abhla* i bparóiste an Chnoic.

Ní úsáidtear na cáilitheoirí *Beg*, *More* go háitiúil.

Derrowel More	Doire Abhall Mór	
M297841; 91	*"thicket of the apple-trees, big"*	
1. Derroulmore	ST (ALSO)	1838
2. Derroulmore	Rev. Townshend (ALSO)	1838
3. Derroulmore	J. Lambert (ALSO)	1838
4. Derrowelmore	T O'C (ALSO)	1838
5. Derryowelmore?	T O'C (ALSO)	1838
6. Derrowelmore	J O'D (ALSO)	1838
7. Derry of the apples (Big)	J O'D (dúch; ALSO)	1838
8. Doire Abhall Mór	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
9. Doire Abhall Mór	www.logainm.ie	2005c

"215a. 2r. 7p., of which 116a. 2r. 17p. are bog; the remanider is pasture land and tillage. Bounded on the south east by Ballinlough, north east and north west by Killeaden Parish [in Gallen barony], west by Deroulbeg and Balla parish, and south by Acres. It is the property of Patrick Kirwin Esq." (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe in oirdheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Derryowel Beg thuas.

Derrynagower	Doire na nGabhar	
M313840; 91	*"the thicket of the goats"*	
1. Derreenagour	Lynch-Blosse Maps	1811
2. Derranagour	Tithe App. Book §60	1824
3. Derrynagour	ST (ALSO)	1838
4. Derrynagour	Rev. Townshend (ALSO)	1838
5. Derrynagour	J. Lambert (ALSO)	1838
6. Derrinagower	T O'C (ALSO)	1838
7. Derrynagower	J O'D (ALSO)	1838
8. Doire na n-gabhar	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
9. Doire na n-gabhar "derry or oak wood of the goats"	J O'D (ALSO)	1838

10. Doire na nGabhar "the oak(wood) of the goats"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
11. Doire na nGabhar	www.logainm.ie	2005c
12. ˌdɛrənəˈgauwər	ME2, ME3	2009

"211a. 0r. 34p., of which 108a. 1r. 4p. are pasture and tillage, the remanider bog. Bounded on the north and east by Killeaden Parish, west and south by Townalough. It is the most north eastern townland in the parish. It is the property of the Revd. Sir F. Blosse Lynch " (*ALSO*). Léirítear cuid tithe scaipthe in oirthuaisceart agus i ndeisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an bhuneilimint *doire* "an oak-wood; a grove, thicket" (*DIL* sv. *daire, doire*); "an oak grove, a wood, a thicket" (*Dinneen*; féach faoi Derrowel Beg thuas) cáilithe anseo ag iolra den fhocal *gabhar* "goat" (*DIL* sv. 1*gabor*);[17] cf. Kilnagower i bparóiste Chill Cholmáin thuas. Luaitear roinn darb ainm *Doirín na nGabhar* le Garrywadreen i bparóiste Chill Cholmáin.[18]

Facefield	Gort an Éadain	
M307812; 91	*"the field of the hill-brow"*	
1. Gortnedin, McMories of	Fiants Eliz. §5451	1590
2. Gortnadane	Inq. ME II.235	1617
3. Gortenneneadane	Inq. ME II.247	1617
4. Gortanneaddan	CPR Jas I 393b	1618
5. Gortin nnedan and Carrantaggill, 2 gnives in	Strafford Inq. §118	1635
6. Gortinennedane	Strafford Inq. §118V	1635
7. Gorteneaden ½ qr.	BSD 76	1661
8. Gurtineadin	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Gortenedan ½ qr., Athena alias	ASE 275b	1683
10. Gortineadan ½ qr.	CRL 2A.3.16, 142b	1710c
11. Gortineadine ½ qr	CRL 2A.3.16, 150b	1710c

[17] Seachas iolra de *gabhar* "f.... declined as an o-stem, but takes fem. Pron.... more often an i-stem... a horse (esp. a white one), a mare... mainly confined to poetic language.." (*DIL* sv. 2*gabor*).

[18] "If Kellnigour / Derynenegour be part of Garryvaldrine..." (*L. Blosse Papers* 213 §103; 1750c).

12. Gortanedin als Cortegill[19]	Garret O'Moore Maps 10	1721c
13. Gortineden and Corrintegile 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 43, 77 §27432	1724
14. Gortenedin and Correteggill 2 qrs	L. Blosse Papers 209 §103	1750c
15. Gortineadan ½ qr.	QRL 2A.6.70, 534	1787
16. Gortineadine ½ qr	QRL 2A.6.69, 573	1787
17. Facefield	Tithe App. Book §60	1824
18. Gortaneadin	Bald	1830
19. Facefield	ST (ALSO)	1838
20. Facefield	J. Lambert (ALSO)	1838
21. Facefield	Rev. Townshend (ALSO)	1838
22. Gortaneden of which Facefield is a translation	T O'C (nóta; ALSO)	1838
23. Gort an eadan	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
24. Gort an éadain "field of the front or brow of a hill"	J O'D (ALSO)	1838
25. Gort an Éadain "the (tilled) field of the hill-front"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
26. Gort an Éadain	www.logainm.ie	2005c
27. ˈfe:sfi:ld	ME1, ME2	2009

"468a. 2r. 38p. of pasture and tillage including 35a. 0r. 16p. of bog. Bounded on the east by Kilcoleman parish, west by Brize and Mossbrook, north by Coolaghbawn,

[19]

1. Corretegill 1 qr	CPR Jas I 581b	1611
2. Corriattagall	Inq. ME II.249	1617
3. Carrantaggill, Gortin nnedan and	Strafford Inq. §118	1635
4. Carrintagill, 1 qr in	Strafford Inq. §118V	1635
5. Carrinteggill 1 qr.	BSD 76	1661
6. Corintegill	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Corretegill 1 qr.	ASE 275a	1683
8. Cornetgill [*sic*] qr.	CRL 2A.3.16, 142b	1710c
9. Correstegill 1 qr.	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
10. Gortanedin als Cortegill	Garret O'Moore Maps 10	1721c
11. Gortineden and Corrintegile 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 43, 77 §27432	1724
12. Gortenedin and Correteggill 2 qrs	L. Blosse Papers 209 §103	1750c
13. Cornetgill qr.	QRL 2A.6.70, 533	1787
14. Corristegill 1 qr.	QRL 2A.6.69, 572	1787

Ballinlough and Townalough and south by Kilcoleman parish. It is ¼ of a mile east of the ruins of Brize Castle. It is the property of Patrick Kirwin Esq." (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe i lár theas na roinne, agus cuid áitreabh eile le hais bóithre sa leath thuaidh den roinn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá droim talaimh 60 méadar ar airde i lár agus i dtuaisceart an bhaile fhearainn seo; tá cnoc 71 méadar ar airde san iardheisceart.

Tá *gort* "a field (of arable or pasture land)" (*DIL* sv.), "a field or plantation, a corn-field and especially a field of oats" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *éadan* "front, brow, forehead" (*DIL* sv. *étan*), "*éadan cnoic, carraige,* front, face of hill, of rock" (*Ó Dónaill* sv. *éadan*1(b)), "(hill-)brow" (*DUP* 152 sv.). Féach go bhfuil bailte fearainn darb Gortaneden i mbarúntachtaí Iorrais (*IROL* 36 §144: *Gort an Éadain*) agus Tír Amhlaidh; tá sampla eile i gCiarraí, agus tá Gortaneadin i gCorcaigh (*Census 1851*).

Fahybeg	An Fhaiche Bheag	
M262791; 90, 100	"*the small green*"	
1. Phabeg & Tullabeg Gleab	BSD 78	1661
2. Fahybeg	ST (ALSO)	1838
3. Fahybeg	Rev. Townshend (ALSO)	1838
4. Fahybeg	J. Lambert (ALSO)	1838
5. Fahybeg	T O'C (ALSO)	1838
6. Faithe beg	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
7. Faithe beag "small green (or field of exercise)"	J O'D (ALSO)	1838
8. An Fhaiche Bheag "the small green / lawn"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
9. An Fhaiche Bheag	www.logainm.ie	2005c
10. ˌfahiˈbɛg... it's only a field	ME1	2009

"12a. 0r. 35p. of arable and pasture land including 2a. 2r. 6p. of bog. [Situated] in the central by western part of the parish... Bounded on the north by Corisland [sic] and Knockaunnabroona, west by Cloonacreepa and Ballinaster, east and south by Killbride and Cullentragh and south by Tullybeg Glebe. Church Land. The village of Mayo is situated a short distance north of this townland. Part of the northern boundary is formed by the wall of the old Abbey of Mayo" (*ALSO*). Léirítear foirgneamh fada (teach?) in oirthuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach *Joyce* i dtaca leis an eilimint *faiche* “a green or lawn in front of a lawn or residence or church; an open space in or before a city; a green meadow, or playingfield” (*DIL* sv. *faithche*, *faidche*), “green” (Ó Maolfabhail 1990, 172 sv. Faha): “In front of the ancient Irish residences, there was usually a level green plot... [called] faithche... frequently mentioned in connection with the [fort]... the word [is also used] to denote a hurling green, or fair green, or any level green field in which meetings were held, or games celebrated, whether in connection with a fort or not... the forms Fahy and Faha... constitutes the names of about 30 townlands [mostly in Connaught and Munster]” (*Joyce* i 297). Tá bailte fearainn darb ainm Fahy i mbarúntachtaí Iorrais agus Thír Amhlaidh; tá Fahy Beg, Fahy More agus Lugnafahy i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill.

Freeheen	An Fraoichín	
M258806; 90	“*the little heath*”	
1. Fraychyn	CEPR vi 278	1412
2. Clougheline and freeken... one qr	CBC 94	1585
3. Glaneghline and Strikin [*sic*] ... one qr	CBC 101	1585
4. Ffrihin	Inq. ME II.283	1617
5. Fryhine, half qr of	Strafford Inq. §126V	1635
6. Frihin, ¼ qr in	Strafford Inq. §155V	1635
7. Frehin ½ qr.	BSD 75	1661
8. Frehine and ye acres ½ qr.	ASE 277a	1683
9. Frehine & ye Acre ½ qr.	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
10. Freehane	Reg. Deeds Lib. 86, 434 §61129	1737
11. Freeheen	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
12. Feehine [*sic*] & the Acre ½ qr.	QRL 2A.6.70, 559	1787
13. Freeheen	Tithe App. Book §60	1824
14. Freeheen	Bald	1830
15. Freeheen	ST (ALSO)	1838
16. Freeheen	Rev. Townshend (ALSO)	1838
17. Freeheen	J. Lambert (ALSO)	1838
18. Frohine & the Acre Foheen	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
19. Freeheen	T O’C (ALSO)	1838

20. Fraoithín?	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
21. Fraoithin: "small heath"	J O'D (ALSO)	1838
22. Faoichín "the little heath"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
23. An Fraoichín	www.logainm.ie	2005c
24. ˈfriːhiːn	ME1	2009

"172a. 0r. 10p. all arable. [Situated] in the northern part of this parish... Bounded on the north west by the parish of Balla, west by Knockadorogha and Ballinaster, east by Lehanagh and Mayo Parks, and south by Gortnagushtaul and Knockaunnabroona. It is the property of Patk. Kirwin Esq. and Lord Clonmorris. There is a large quarry situated close to the eastern boundary of this townland. Also a holy well called Toberaane near its western boundary. The Ballinrobe [to] Balla road passes through this townland [from the south] and forms part of its eastern and western boundaries" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais an bhóthair seo, go háirithe sa deisceart, agus cuid bheag tithe eile san iarthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear *Toberangel* suite gar don teorainn thiar theas (M259796; "*Tobar Aingeal*, 'well of the angels' is the name known about Balla... a holy well": *ALSO* sv. *Toberaane*). Léirítear cuid bheag talaimh riascúil ar an teorainn thiar le Knockadorraghy.

Fraoch "heather" (*DIL* sv. *fráech*) móide an iarmhír dhíspeagtha nó áitreabhach *-ín* is struchtúr don ainm seo. Seasann *fraoch* as féin sa logainm Freagh < *An Fraoch* in Uíbh Fhailí (*L. Log*. 26) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 80); tá samplaí eile de Freagh i gCill Dara agus sa Mhí (*Census 1851*). Tá forbairtí ar nós *Na Fraocháin* / Freehans teastaithe (*L. Log. Thiobraid Árann* 80). Tá Freeheen eile i mbarúntacht Thír Amhlaidh sa chontae seo; féach fosta *Fraoichín* / Freeheen Island i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn i nGaillimh (www.logainm.ie).

Gortaphuntaun Gort an Phuntáin

M270787; 90, 91, 100, 101 *"field of the (?)round heavy stone"*

1. Gortechontane 1 qr, Glassvalloe and	CPR Jas I 581b	1611
2. Gortepontaine	Inq. ME II.247	1617
3. Gortephontane, the qr called Glassbally and	Strafford Inq. §127V	1635
4. Gortafountain & Glassevally 1 qr.	BSD 77	1661
5. Glassically and Gortefuntane 1 qr.	ASE 275b	1683
6. Glascrycally & Gortfountain 1 qr.	CRL 2A.3.16, 139b	1710c

7. Gortafuntane	Garret O'Moore Maps 31	1721c
8. Gortefontane 1 qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
9. Glasscrycally and Gortyfountain 1 qr.	QRL 2A.6.70, 519	1787
10. Gortafuntaan	Tithe App. Book §60	1824
11. Gortafuntaan	Bald	1830
12. Gortafuntaun	ST (ALSO)	1838
13. Gortafuntaun	Rev. Townshend (ALSO)	1838
14. Gurtafuntane	J. Lambert (ALSO)	1838
15. Gortafuntaun	T O'C (ALSO)	1838
16. Gortaphuntaun	J O'D (ALSO)	1838
17. Gort a phuntain	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Gort a phuntáin: "field of the little pound"	J O'D (ALSO)	1838
19. Gort an Phuntáin "the (tilled) field of the lump of rock / hole in an upper millstone"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
20. Gort an Phuntáin	www.logainm.ie	2005c
21. ˌgo̝rtəˈfo̝ntɑːn	ME1	2009

"145a. 0r. 25p. of arable and pasture land, including 9a. 2r. 9p. of bog and 0a. 0r. 25p. of water. [Situated] in the southern part of the parish... Bounded on the north east by Killbride, east by Cloonbaul, west by Cullintragh and Glebe and south by Poulavaddy and Knockroe. It is the property of Patk. Kirwin Esq. There is a pool situated near the north eastern boundary of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aneas tríd iarthar an bhaile fhearainn ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear eaglais Anglacánach, gléib agus teach gléibe i gceann thiar thuaidh na roinne.[20]

Is féidir, ceart go leor, go bhfuil an bhuneilimint *gort* "a field (of arable or pasture land)" (*DIL* sv.), "a field or plantation, a corn-field and especially a field of oats" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag leagan díspeagtha den fhocal *punt* "(of enclosure) pound" (*Ó Dónaill*).[21] Tá leagan den bhunfhocal le sonrú sna hainmneacha

[20] 1. Gleable [*sic*], A Parcell of BSD 78 1661

[21] Cf. *punt* "m. also punta and ponta (Eng. Loan-word) (a) a pound-weight; a pound (money)" (*DIL* sv.).

Knockaphunta < *Cnoc an Phunta* i mbarúntacht Cheara (Imleabhar 5) agus Puntabeg < *An Punta Beag* i mbarúntacht Choistealach (Imleabhar 10), agus sna mionainmneacha *Seanphunta*, *Punta na Deirce* agus *Punta* in Acaill (Imleabhar 3). Féach fosta, áfach, an focal *puntán* "a round heavy stone, a plumb-bob, the plug in the under millstone, the hole in the upper millstone through which the grain is passed (*Mayo*)" (*Dinneen* sv. *púntán*; cf. *Ó Dónaill* sv. *puntán*). Cf. Lugganashlere < *Log an Aisléara* "the hollow of the ashlar"[22] i mbarúntacht Cheara.

Gortnagusetaul	Gort na Giústála	
M259793; 90, 100	*"the field of the jousting"*	
1. Gurtinegustella, parcel of lands called Gortenvoe and	Strafford Inq. §126V	1635
2. Gortnegustea, parcels called Gortenure and	Strafford Inq. §155V	1635
3. Gornagustall 1 cartron	BSD 78	1661
4. Gortnegustalloe 1 cart.	ASE 271b	1681
5. Gortinure a cart.	ASE 277a	1683
6. Gortinure a cart.... Gortnegustaloe 1 cart.	CRL 2A.3.16, 147b	1710c
7. Gortinure a cart.... Gortnegustaloe 1 car.	QRL 2A.6.70, 559-62	1787
8. Gortnagustala	Tithe App. Book §60	1824
9. Gortnagustaul	ST (ALSO)	1838
10. Gortnagustaul	Rev. Townshend (ALSO)	1838
11. Gurtnagustaul	J. Lambert (ALSO)	1838
12. Gortnagwoostalla, if not Gortnagoostalla. -gust-?	T O'C (nóta; ALSO)	1838
13. Gortnaguestaul	J O'D (ALSO)	1838
14. Gortnagusetaul, -aul long	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
15. Gurt na Giustala	J O'D (p.l.; ALSO)	1838

[22] Leagan malartach firinscneach den fhocal *eisléir* "ashlar" (*Ó Dónaill*), is é sin "[a] hewn or squared stone, or masonry consisting of such stone; a thin squared and dressed stone for facing a wall of rubble or brick" (*The New Penguin English Dictionary* (London 2000), sv.). Ní liostaítear *aisléir* / *eisléir* i bhfoclóirí *DIL* ná *Dinneen*.

16. Gort na giústala “field of the military exercise”	J O’D (ALSO)	1838
17. Gort na Giústála “the (tilled) field of the jousting”	Ó Muraíle: Nótaí	1990c

18. Tite i léig?

“19a. 0r. 13p., all arable. [Situated] in a central part of the parish... Bounded on the north and north west by Ballinaster and Freeheens, north east by Knockaunnabroona, south east and south west by Cloonacreepa Glebe and Ballinaster. It is the property of Col. Brown. It is situated south west of the village of Mayo” (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe le hais bóthair a reáchtálann aniar aneas trí lár thuaidh na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear leath theas an bhaile fhearainn mar ghléib.[23]

Tá an bhuneilimint *gort* (féach faoi Gortaphuntaun thuas) cáilithe anseo ag an eilimint neamhchoitianta *giústáil* “(Romance loanword?) ā, f. jousting, a tourney” (*DIL* sv. *giustál*), “f.... jousting” (*Dinneen*, *Ó Dónaill* sv.).

Is féidir go bhfuil an t-ainm seo tite i léig: úsáidtear ainm an tsráidbhaile, *Mayo Abbey*, don cheantar máguaird, sa ghnáthchaint (*ME1*).[24]

[23] Tugtar *Cloonacreepa Glebe* uirthi seo san Ainmleabhar: “Cluain an Chriopa (Cniopa), lawn of the knave or rogue” (*J O'D, ALSO*; cf., áfach, Clooncrippa < *Cluain Coirbthe*, i Luimneach (*L. Log*. 28)). Luaitear dhá roinn darb ainm *Gleab* leis an pharóiste seo, de bharr ar Tullybeg Glebe (*BSD* 78). Féach fosta Gortaphuntaun.

[24] Féach go luaitear na tagairtí seo a leanas leis an bhaile fearainn seo in innéacs *CEPR*:

1. Killimayn, .. prebende de	Oblig. Tuam. 56 §2	1413
2. Kyllmygany, [prebend of]	CEPR vii 95-96	1417
3. [canonry and prebend of] Kylimgayn	CEPR xiii 533	1475c
4. Kyllyngan, [parish church of]	CEPR xix 103 §170	1509

“A medieval church associated in part with Gortnagusetal in Mayo, Co. Mayo” (innéacs *CEPR* xix 680).

Gowel	An Ghabhail	
M262762; 100	*"the fork"*	
1. the moiety of the half qr of Govyl; the moiety of the cartron of Govill	Strafford Inq. §126V	1635
2. Govill... Govill, half qr of...	Strafford Inq. §155V	1635
3. Goule ½ qr.	BSD 78	1661
4. Goule ½ qr.	ASE 103a	1666
5. Gowl ½ qr	Reg. Deeds Lib. 18, 33 §8256	1716
6. Govil	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
7. Goule	Tithe App. Book §60	1824
8. Goweel [*sic*]	Bald	1830
9. Gowel	ST (ALSO)	1838
10. Gowel	Rev. Townshend (ALSO)	1838
11. Gowel	J. Lambert (ALSO)	1838
12. Gowel	T O'C (ALSO)	1838
13. Gabhal "a fork"	J O'D (ALSO)	1838
14. An Ghabhal "the fork (of a river, etc.)"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
15. An Ghabhail	www.logainm.ie	2005c
16. ˈgauwəl	ME1	2009
17. ˈgaul	ME2	2009

"206a. 2r. 28p., including two roods and 16 perches of water, and 81a. 3r. 17p. of bog. Bounded on the north by Criggaun, west by Criggaun and Curry Kirwin, east and south by Taugheen parish. It is the property of Col. Brown" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aneas trí lár thoir na roinne, agus cuid tithe eile i lár agus tuaisceart an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Reáchtálann an *Meander River* (féach faoi *Manulla River* in *Ainmneacha Eile*, paróiste Mhaigh Nulla, barúntacht Cheara) aneas ar an teorainn thiar; reáchtálann sruthán anoir chuici ar an teorainn thuaidh le Creggaun. Léirítear loch ar an teorainn thiar theas, agus loch eile suite rud beag siar ó dheas de, ar a dtugtar *Loughaderry Loughs* (triomaithe siar, nó taosctha, ó shin).

Is í *gabhal* an bhuneilimint anseo: "o, m. and ā, f.... a fork; a bifurcation or angle in a glen, pass, etc.; the spit of land between two rivers; a branch of a river, an arm or

inlet of the sea forming a creek or river estuary" (*DIL* sv. *gabul*(f,g)), "... an opening, estuary or creek; a river or road fork, the space enclosed therein" (*Dinneen*), "fork; in place-names the reference is almost invariably to a river" (*IPN* 89) anseo. "[*Gabhal* means] 'fork'; in place-names the reference is almost invariably to a river" (*IPN* 89); "... an opening, estuary or creek; a river or road fork, the space enclosed therein" (*Dinneen*). Amanna, tagraíonn an eilimint seo do thalamh idir dhá chnoc: "[The Donegal island of *Gabhla*] has two high hills with low land between them and this appears to be the 'fork' referred to in the place-name" (*DUP* 78 sv. *Gola* "place of the fork").

Tá baile fearainn eile den ainm seo i mbarúntacht Choistealach; féach fosta Aghagowla Beg, Aghagowla More agus Forkfield or Gowel i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill. Is leagan baininscneach atá sna samplaí eile uilig atá sa chontae seo, agus moltar leagan baininscneach anseo, fosta. Mhol Ó Donnabháin claonleagan (*gabhail*) i gcás Gowel i mbarúntacht Choistealach (cf. foirm 15); tá *An Ghabhail* molta mar bhunfhoirm Goldrum i nDún na nGall, chomh maith (www.logainm.ie). Tá leagan firinscneach den eilimint *gabhal* socraithe sa bhunleagan den ainm Gowel / *An Gabhal* i Liatroim (*ibid*.); féach fosta Gowle i gCill Mhantáin (Price 1983, 362).

Harefield	Gort na nGiorriacha	
M295786; 91, 101	*"the field of the hares"*	
1. Harefield	Tithe App. Book §60	1824
2. Gortagiree, Heathfield	Bald	1838
3. Harefield	ST (ALSO)	1838
4. Harefield	Rev. Townshend (ALSO)	1838
5. Harefield	J. Lambert (ALSO)	1838
6. Gortnagirreeagh, of which Harefield is a translation	T O'C (ALSO)	1838
7. Gort na n-giorradhach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Gort na n-giorradhach "field of the hares"	J O'D (ALSO)	1838
9. Gort na nGiorriach	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
10. Gort na nGiorriacha	www.logainm.ie	2005c
11. ˈhe:rfi:ld	ME1, ME2	2009

“217a. 0r. 15p. of pasture and tillage including 97a. 3r. 17p. of bog. Bounded on the east by Mossbrook and Cloonshanboe, west by Cloonbaul, south by Crossboyne parish, north by Knockaunaghul. It is seven chains south of Knockaunaghul Castle ruins. It is the property of Patk. Kirwin Esq. Close to its south boundary is a fort” (*ALSO*). Léirítear áitribh suite gar do bhóthar a reáchtálann anoir aneas tríd oirthear agus thuaisceart na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Is féidir gur thagair *Heathfield* (foirm 2b) do ghrúpa beag tithe le hais an bhóthair seo in oirdheisceart na roinne. Léirítear an lios sa lár thoir (M296786). Tá tuaim mheigiliteach suite gar do lár na roinne (M3295786).

Tá an bhuneilimint *gort* (féach faoi Gortaphuntaun thuas) cáilithe anseo ag ginideach iolra den fhocal *giorria* “hare” (*DIL* sv. *gerr*, *Dinneen* sv. *girrfhiadh*). Ginideach iolra eile atá sa mhionainm *Log na nGiorraithe* in Acaill (Imleabhar 3 *sv.*; [ˌlo̯g nə ˈŋ́ iri]).[25] Maíonn *Joyce* (ii 304) gur iolra den eilimint chéanna atá mar cháilitheoir i gcúpla ainm baile fearainn i gCorcaigh, Ballygirriha ar cheann acu; féach, áfach, go bhfuil *Baile Uí Dhorchaí* socraithe mar fhoirm Ghaeilge de sin (www.logainm.ie).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: féach cuid féidearthachtaí faoi *Ainmneacha Eile*, thíos.

Heathlawn	Cnoc na mBuachalán Theas	
M288827; 91	*“the hill of the ragwort, south”*	
1. Heathlawn, part of Knockmoughalane	Lynch-Blosse Maps	1811
2. Knocknamohillaan Blake	Tithe App. Book §60	1824
3. Heathlawn	ST (ALSO)	1838
4. Knocknomohillin Blake	Rev. Townshend (ALSO)	1838
5. Heathlawn	J. Lambert (ALSO)	1838
6. Meaning Obvious	J O’D (nóta; ALSO)	1838
7. Cnoc na mBuachalán Theas? “hill of the ragworts / ragweeds, south”	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
8. Cnoc na mBuachallán Theas	www.logainm.ie	2005c
9. ˈhiːθlaːn	ME1	2009

[25] Nó, leagan den ghinideach iolra céanna, b’fhéidir: [ŋ́ iri] < [ŋ́ irihə] < [ŋ́ iriəx(ə)].

10. ˈhi:tla:n ME2 2009

“182a. 0r. 3p. of arable and pasture [land]. Bounded on the east by Acres and Coolaghbawn, west by Rathduff and Ballintleva, north by Knocknamoughalan and Derroulbeg and south by Brize. The property of P. Kirwin Esq.. There is an old fort near its centre” (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe in iardheisceart na roinne seo, agus teach aonair suite le hais bóthair san iarthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios suite gar do lár an bhaile fhearainn (M291828).

I dtaca leis an fhoirm Ghaeilge, féach Knocknamoghalaun thíos. I dtaca leis an sloinne *Blake* (foirmeacha 2, 4), féach MacLysaght (1985, 19 sv.): “*de Bláca* (more correctly *le Bláca*). One of the ‘Tribes of Galway’. An epithet meaning black which superseded the original Caddell. They are descended from Richard Caddell, Sherriff of Connacht in 1303. They became and long remained extensive landowners in Co. Galway. A branch settled in Co. Kildare where their name is perpetuated in three townlands called Blakestown”. Tá an fhéidearthacht ann, áfach, gur leagan den sloinne *Ó Bláthmhaic* atá i gceist anseo: “A Connacht name sometimes changed to Blake in Co. Mayo and Fermanagh” (*ibid*. 20 sv. *Blowick*). I dtaca le struchtúr fhoirmeacha 2 agus 4, cf. Curry (*Macmanus*) thuas agus féach an nóta faoi Kilbeg (*Malone*) i bparóiste Chill Cholmáin.

Tá *An tEanach agus an Currach Buí* socraithe mar bhunfhoirm Heathlawn i nGaillimh (www.logainm.ie).

Kilbride	Cill Bhríde	
M273792; 90, 91, 101	“*St*. Bríd’*s church*”	
1. (?)Kilbride, McKewer of	Fiants Eliz. §4588	1584c
2. Carowkillbridy	Inq. ME II.271	1617
3. Killbreda 1 qr.	BSD 77	1661
4. Killbreda	Hib. Del. Mayo	1672c
5. Kilbreeda 1 qr	CRL 2A.3.16, 155b	1710c
6. Kilbreedy als Cloonball, qr of	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727
7. Killbreeda 1 qr	QRL 2A.6.70, 592	1787
8. Kilbride	Tithe App. Book §60	1824
9. Killbride (Church land)	ST (ALSO)	1838
10. Killbride	Rev. Townshend (ALSO)	1838
11. Killbride	J. Lambert (ALSO)	1838

12. Killbride	T O'C (ALSO)	1838
13. Kilbride	J O'D (ALSO)	1838
14. Cill Bhrighde. No ruins	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
15. Cill Bhrighde "St Bridget's church"	J O'D (ALSO)	1838
16. kil'braid	ME1, ME2	2009

"250a. 0r. 35p. of arable and pasture land, including 7a. 2r. 3p. of bog and 0a. 2r. 20p. of water. [Situated] at the eastern end of the parish... Bounded on the north by Curskeagh, Shunghanagh and Mayo Parks, west by Knockaunnabroona and Corisland [sic], east by Knockaunaghul and Cloonbaul, south by Fahybeg, Cullentragh, Glebe and Gortafuntaun. Bishop Land. There is a Roman Catholic chapel situated on the north boundary, east of the old Abbey of Mayo. There are two gravel pits near its north boundary; also a pound for cattle. The village of Mayo is partly situated on its western boundary; also a burial ground. There is a triangulation station called after this townland in the eastern part of it" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aniar ar chuid mhaith de theorainn thuaidh na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; léirítear áitribh eile scaipthe tríd an roinn. Léirítear an séipéal comhaimseartha thuasluaite ar an teorainn thiar le Mayo Parks; léirítear an reilig ("*Burial Ground*") suite díreach ó dheas den séipéal, i Kilbride: suíomh na cille "church... monastic settlement or foundation... churchyard, graveyard" (*DIL* sv. *cell*) a spreag an t-ainm, b'fhéidir Léirítear cuid de sheanbhalla ciorclach mhaighean na mainistreach sa chomharsanacht chéanna. Léirítear loch darb ainm *Lough Fark* ar an teorainn thoir thuaidh le Corskeagh.

Tá paróistí darb ainm *Cill Bhríde* i mbarúntacht Thír Amhlaidh sa chontae seo, in Aontroim, An Cabhán, An Mhí, Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Cill Chainnigh, Loch Garmáin, Ros Comáin agus Port Láirge (*Census 1851*). Tá 35 baile fearainn den ainm Kilbride sa tír; tá trí cinn eile sa chontae seo féin, i mbarúntachtaí Bhuiríos Umhaill, Ghaileang agus Thír Amhlaidh (*Census 1851*). Tá dáileadh fairsing ar na samplaí eile de, seachas i Mumhain, áit nach bhfuil de shamplaí ach Kilbride North agus Kilbride South in oirthear Phort Láirge. Tá *Cill Bhríde* socraithe mar an leagan Gaeilge de shampla de i gCill Mhantáin, Ceatharlach (*GÉ* 54), Uíbh Fhailí (*L. Log* 13), Lú (*L. Log. Lú* 11), Cill Chainnigh (*L. Log*. 20), agus socraithe mar an leagan Gaeilge de shamplaí de Kilbreedy i Luimneach (*L. Log*. 24) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 44). Féach *Cill Bhríde* eile faoi Carrowleagh i bparóiste Chill

na nGarbhán i mbarúntacht Ghaileang; féach fosta Doonbreedia i bparóiste Eadargúil i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

Knockadorraghy	Cnoc Uí Dhorchaí	
M252802; 90, 100	"Ó Dorchaí's *hill*"	
1. knockdoroghy and Ballennaster... one qr	CBC 94	1585
2. knockdorchy and Ballinaster... one qr	CBC 101	1585
3. Knock Idoroughy	Inq. ME II.271	1617
4. Knockadoraghy, 2 qrs of land of Cloghline &	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727
5. Knockadoroha	Tithe App. Book §60	1824
6. Knockadorougha	Bald	1830
7. Knockadorogha (Church land)	ST (ALSO)	1838
8. Knockadorogha	Rev. Townshend (ALSO)	1838
9. Knocadoragha	J. Lambert (ALSO)	1838
10. Knockeedorroghy, if not Knockadorragha	T O'C (nóta; ALSO)	1838
11. Knockydorraghy	J O'D (ALSO)	1838
12. Knockadorraghy	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
13. Cnoc ui Dhorachaidh "O'Dorcey's hill"	J O'D (ALSO)	1838
14. Cnoc Uí Dhorchaí "Ó Dorchaí / Darcy's hill"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
15. Cnoc Uí Dhorchaí	www.logainm.ie	2005c
16. ˌnɔkəˈdo̯rəhi	ME1	2009

"433a. 2r. 24p. of arable and pasture land, including 28a. 1r. 1p. of bog. [Situated] in the most westerly part of the parish, ¾ mile west of the village of Mayo. Bounded on the north by the parish of Freeheen and Ballinaster, west by Ardcorky and the parish of Rosslee (Barony of Carra) and south by Curry MacManus and Rosslee parish. Archbishop of Tuam is the proprietor. The Ballinrobe [to] Balla road passes along its east side... There is a quarry situated near its western boundary and gravel pits near its eastern [boundary]. In the eastern part of this townland there is a soumarae where

several streams sink (in bog)" (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh le hais bóithre in oirthear agus i dtuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear paistí riascúla tríd an roinn; tugtar *Soomera* ar cheann san oirdheisceart. Luaitear láithreacha móta agus séadchomarthaí eile leis an roinn seo (*Monuments* §90). Tá cúpla droim talaimh os cionn 50 méadar ar airde i dtuaisceart na roinne, agus cnoc téagartha atá breis agus 50 méadar ar airde sa lár theas.

Tá *cnoc* "hill, mound" (*DIL* sv. *cnocc*(b)), "a hill, a height, a mountain" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag an sloinne *Ó Dorchaí* < *Ó Dorchaidhe*. Luaitear *Ó Dorchaí* agus *Ó Goirmiallaigh* mar thaoisigh ar Phartraí sna meánaoiseanna: féach *Partry* faoi *Ainmneacha Eile,* paróiste Bhaile Óbha i mbarúntacht Cheara: "Ó Dorchaidhe... one of the 'Tribes of Galway'... also anglicised Dorcey. It is the name of two septs, one in Mayo and Galway, the other in Co. Wexford. Most Darcy families in Leinster are usually of Norman origin, viz. D'Arci" (MacLysaght 1985, 74 sv. *Darcy*).[26] Tá *Baile Uí Dhorchaí* / Ballygirriha i gCorcaigh (www.logainm.ie).

Knockaunabroona	Cnocán an Bhrúnaigh	
M262794; 90	"*the hillock of* An Brúnach"	
1. Knock Browne	BSD 78	1661
2. in the town of Mayo called Knockane-Ebrunny	ASE 269a	1680
3. Knockane-Bruny in Mayo town	ASE 272a	1681
4. Knockbrowne a pcell of Cullmine 2 qrs	CRL 2A.3.16, 156a	1710c
5. Knockbrowne & a parel of Cullmin 2 qrs	QRL 2A.6.70, 591	1787
6. Knockanabrowny	Tithe App. Book §60	1824
7. Knockaunabroona	ST (ALSO)	1838
8. Knockaunabroona	Rev. Townshend (ALSO)	1838
9. Knocknabroona	J. Lambert (ALSO)	1838
10. Knockauneevroona, if not Knockaunabroona	T O'C (nóta; ALSO)	1838
11. Knockaunabroona	J O'D (ALSO)	1838

[26] Luaitear an sloinne *Mac Dhorchaí* le Fear Manach (*ibid*. 133 sv. *Mac Gourkey, -Gourtey*).

12. Cnocan ui Bhrúna	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Cnocan ui Bhrúna	J O'D (dúch; ALSO)	1838
14. Cnocán a' Bhrúnaigh "Brown's hillock"	J O'D (ALSO)	1838
15. Cnocán an Bhrúnaigh "Brown's hillock"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
16. ˌnɔknəˈbruːnə	ME1	2009

"16a. 2r. 29p. of arable and pasture land, including 3a. 0r. 32p. of bog. [Situated] in the central by western part of the parish... Bounded on the north and north east by Freeheen and Mayo Parks, south west by Gortnagushtaul and Cloonacreepa Glebe, east by Killbride, south and south east by Fahybeg and Cor[l]island. It is the property of the Marquis of Sligo. There is a hunting Lodge situated in the centre of this townland, west of the village of Mayo, formerly occupied by the Marquis of Sligo, now in a dilapidated state. Also part of the ruins of the Abbey of Mayo near its eastern boundary" (*ALSO*). Léirítear tithe i lár agus oirthear na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí: sráidbhaile Mhaigh Eo. Is cosúil go bhfuil an baile fearainn seo suite taobh istigh de sheanlimistéar Mhainistir Mhaigh Eo.

Is í *cnocán* "little lump; mound, hill" (*DIL* sv. *cnoccán*), "a hillock, a height; a heap" (*Dinneen*) an bhuneilimint anseo. Leantar den Mhuraíleach (foirm 15) agus moltar leagan ainmfhoclach (*Brúnach*) den sloinne *de Brún* mar eilimint cháilithe. Féach MacLysaght (1985, 28): "*De Brún*, more correctly *le Brún*... one of the Tribes of Galway. Other important families of Browne were established in Ireland from the Anglo-Norman invasion onwards... [an] important family of the name was of the Neale, Co. Mayo. In that county Browne has also been used as a synonym of (O) Bruen". Tá leaganacha ainmfhoclacha de shloinnte le sonrú i logainmneacha áitiúla eile, ach sa chomhthéacs seo, féach go háirithe Ballybroony < *Béal Átha Brúnaigh* i mbarúntacht Thír Amhlaidh agus Knockavrony < *Cnoc an Bhrúnaigh* i mbarúntacht Ghaileang.

Knockaunakill	Cnocán an Choill	
M287795; 91, 101	*"the hillock of the hazel"*	
1. Knockanguill, 3 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
2. Knockane-akell	Garret O'Moore Maps 8	1721c
3. Knockanakell	Tithe App. Book §60	1824
4. Knockaneakell	Bald	1830
5. Knockanaghul	Áitiúil (ALSO)	1838
6. Knockaunakill	T O'C (ALSO)	1838
7. a cuil	J O'D (nóta; ALSO)	1838
8. Cnocán a choill. Burke lived in the castle	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
9. Cnocán a choill "hillock of the hazel"	J O'D (ALSO)	1838
10. Cnocán an Choill "the hillock of the hazel"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
11. Cnocán an Choill	www.logainm.ie	2005c
12. ˌnɔknəˈkil	ME1	2009
13. ˌnɔkɑːnəˈkil	CRB1	2009

"447a. 0r. 29p. of pasture and tillage, including 52a. 1r. 24p. of bog. Bounded on the east by Barnagrigaun and Mossbrook, west by Curskeagh, Killbride and Cloonbaul, north by Ballymaloval and Barnagrigaun and south by Cloonbaul and Harefield. It is the property of Patk. Kirwin Esq.. The ruins of an old castle of the same name, part of the walls of which are to be seen at a considerable distance, is situated near its southern boundary" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe in iarthar na roinne, agus cuid tithe eile sa deisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear ballóga *Knockaunakill Castle* san oirdheisceart (M293792); léirítear lios in oirthear na roinne ar léarscáileanna reatha (M292796). Tá láthair an chaisleáin suite ar dhroim talaimh atá 60 méadar ar airde; tá cnoic eile den airde chéanna in oirthear, lár agus iarthar na roinne.

Tá *cnocán* "little lump; mound, hill" (*DIL* sv. *cnoccán*), "a hillock, a height; a heap" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *coll* "also call. o, m.... hazel-tree" (*DIL* sv. 1*coll*(a)). Cf. Creggaun < *Creagán an Choill* thuas.

Gach seans go gclúdaíonn an baile fearainn seo tailte eile a luaitear sna foinsí: féach cuid féidearthachtaí faoi *Ainmneacha Eile*, thíos.

Knocknamoghalaun	Cnoc na mBuachalán	
M286835; 91	*"the hill of the ragworts"*	
1. Knockanohoyl [*sic*]	Connaught Map (NLI)	1600c
2. Carowknocknemohelane	Inq. ME II.247	1617
3. Knocknemohallor, 1 qr in	Strafford Inq. §118V	1635
4. Knockmymoghillan 1 qr.	BSD 76	1661
5. Knockmoymoghillan	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Cnocknemoyholane 1 qr.	ASE 277a	1683
7. Knocknemohillane 1 qr.	CRL 2A.3.16, 150b	1710c
8. Knocknamohalane	Garret O'Moore Maps 4	1721c
9. Knocknemonhelane [*sic*]	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723
10. Knocknemohillane 1 qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
11. Knocknemohillane 1 qr.	QRL 2A.6.69, 573	1787
12. Knockmoughalane	Lynch-Blosse Maps	1811
13. Knocknamohillaan Blake... Knocknamohillaan... Knocknamohillaan Kirwan	Tithe App. Book §60	1824
14. Knocknamoughalaun	ST (ALSO)	1838
15. Knocknamoughalaun	Rev. Townshend (ALSO)	1838
16. Knocknamohallaun	T O'C (ALSO)	1838
17. Knocknamoghalaun	T O'C (ceartú; ALSO)	1838
18. Knocknamohelan	J. Lambert (ALSO)	1838
19. Cnoc na m-bothchalann	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
20. Cnoc na m-bochalán "hill of the mugworts or ragweeds" (not bofulán)	J O'D (ALSO)	1838
21. Cnoc na mBuachalán "the hill of the ragworts"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
22. Cnocán na mBuachalán	www.logainm.ie	2005c
23. ˌnɔknəˈmo̤ˈhlɑ:n, you don't hear it	ME4	2013

“196a. 2r. 3p. of pasture and tillage, including 9a. 2r. 11p. of rough pasture. Bounded on the east by Derroulbeg and Balla Parish, north and east by Balla Parish and south by Heathlawn... It is the property of the Revd. Sir F. Blosse Lynch” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aneas trí lár theas, oirthear agus oirthuaisceart na roinne, agus corrtheach aonair eile, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá an roinn seo suite ar dhroim fada talamh atá 60 méadar ar airde. Chlúdaigh an baile fearainn seo Heathlawn, tráth (féach thuas). Sa lá atá inniu ann, úsáidtear Heathlawn ag tagairt don dá roinn, mar aon, is cosúil (*ME2*).

Tá *cnoc* “hill, mound” (*DIL* sv. *cnocc*(b)), “a hill, a height, a mountain” (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *buachalán* “rag-weed... also bothanán...” (*Dinneen*), “ragweed, ragwort” (*Ó Dónaill*; níl an focal seo liostaithe ag *DIL*). Ní léir sampla ar bith eile den fhocal seo in ainmneacha bailte fearainn.

Knockrickard	Cnoc Riocaird	
M274766; 101	“Riocard*’s hill”*	
1. Knock Rickard 1 qr.	BSD 77	1661
2. Knockrichard 1 qr.	CRL 2A.3.16, 138a	1710c
3. Knockrikard 1 qr.	QRL 2A.6.70, 510	1787
4. Knockrickard South, Knockrickard Middle, Knockrickard North	Tithe App. Book §60	1824
5. Knockrickard	ST (ALSO)	1838
6. Knockrickard	Rev. Townshend (ALSO)	1838
7. Knockrickard	J. Lambert (ALSO)	1838
8. Knockrickard	T O’C (ALSO)	1838
9. Cnoc riocard	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
10. Cnoc Riocard “Rickard’s hill”	J O’D (ALSO)	1838
12. Cnoc Riocaird “Riocard’s hill”	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
13. Cnoc Riocaird	www.logainm.ie	2005c
14. ˌnɔkˈrikərd	ME1, TC4	2009

“88a. 0r. 13p. of arable and pasture land, including 9a. 0r. 16p. of bog. [Situated] in the southern part of the parish... Bounded on the north and west by Knockroe, and east and south by Knockroe and the parish of Taugheen. It is the property of Col. Brown” (*ALSO*). Tá an baile fearainn seo rannta idir an paróiste seo agus paróiste Theach Chaoin, i ndiaidh go liostaítear an dá leath mar bhailte fearainn astu féin san Innéacs

Topagrafach (*Census 1851*); tá beagnach 48 acra i sciar pharóiste Theach Chaoin de. Léirítear teach agus cuid plandála thart air sa lár thoir, agus cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas ar chuid de theorainn thuaidh na roinne, i sciar pharóiste Mhaigh Eo den bhaile fearainn ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá bunús an dá sciar suite ar thalamh atá timpeall 40 méadar ar airde; ardaíonn an talamh le mala go 50 méadar ar airde i dtuaisceart chuid pharóiste Mhaigh Eo de.

Tá an bhuneilimint *cnoc* "hill, mound" (*DIL* sv. *cnocc*(b)), "a hill, a height, a mountain" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag an ainm pearsanta coitianta *Riocard*: "A borrowing from Old German *Riochard* from *ric* 'ruler' and *heard* 'hard', its popularity in medieval England being due to importation from the continent. *Richard* and *Ricard* were equally common in medieval England and each was imported to Ireland giving respectively *Risderd* and *Ricard* in Irish..." (Ó Corráin & Maguire 1981, 155; féach samplaí sa Ghinealach Mór ag *LMG* v 569-73 sv.). Cf., i measc samplaí ábhartha eile, samplaí de Balrickard < *Baile Riocaird* i mBaile Átha Cliath agus Gaillimh, agus Rickardstown / *Baile Riocaird* i gCill Dara (www.logainm.ie).

Knockroe	An Cnoc Rua	
M278776; 101	"*the red hill*"	
1. Knockroe als Baggacraway Killclowne... Knockroe 1 qr.	BSD 77	1661
2. Knockroe 2 qrs., Tullamore and	ASE 275b	1683
3. Knockroe alias Bogalrawy and Killdowen	ASE 277a	1683
4. Knockroe als Boggacrawy & Killdowen	CRL 2A.3.16, 147a	1710c
5. Knockroe, Ballvigilane[27]	Garret O'Moore Maps 31	1721c
6. Ballynrylane als Knockroebegg, ½ qr of	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727
7. Knockroe als Bogacrawey and Kildowen	QRL 2A.6.70, 555	1787
8. Knockroe	Tithe App. Book §60	1824
9. Knockroe	Bald	1830

[27] Tuaisceart an bhaile fhearainn, is cosúil.

10. Knockroe	ST (ALSO)	1838
11. Knockroe	Rev. Townshend (ALSO)	1838
12. Knockroe	J. Lambert (ALSO)	1838
13. Knockroe	T O'C (ALSO)	1838
14. Cnoc ruadh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
15. Cnoc rúadh "red hill"	J O'D (ALSO)	1838
16. An Cnoc Rua "the red / russet hill"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
17. An Cnoc Rua	www.logainm.ie	2005c
18. nɔkˈroː	ME1, TC4	2009

"581a. 2r. 25p. or arable and pasture land, including 155a. 1r. 3p. of bog [in the east] and 0a. 1r. 17p. of water. [Situated] in the southern part of the parish... Bounded on the north by Cloonbaul and Killbride and Taughan parish [sic] and Gortafuntaun, west by Poulavaddy and Criggaun, east and south by Knockrickard and the parish of Taugheen. The property of Patrick Kirwan Esq.... There is a gravel pit in the east of this townland, also a triangulation station called Burial [*sic*], in the centre, and a fold of this townland called Loughnabrackeagh situated on [east boundary]" (*ALSO*). Léirítear grúpaí beaga tithe agus cuid tithe aonaracha in iarthuaisceart agus iardheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá cnoc 65 méadar ar airde suite i lár thiar an bhaile fhearainn (M273780). Tá *Lough Nambrackkeagh* ar an teorainn thoir le Cunlaghfadda i bparóiste Theach Chaoin.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo, agus samplaí eile de, faoi Knockroe i bparóiste an Chnoic, thuas.

Tá cuid iar-rannta clúdaithe ag an bhaile fearainn mar atá sé anois, is léir (cf. foirmeacha 1-6).[28]

---

[28] Féach fosta na foirmeacha seo a leanas; is féidir go mbaineann cuid acu leis an Knockroe atá idir chamáin, ach ní dheachaigh agam é seo a chinntiú go fóill:

1. Lagfarin Mc Morish, Wm. C. Mc Morish of	Inq. ME II.245	1617
2. ½ qr of land of Lagfarine-mcmorish, parcel of Knockroe	CPR Jas I 394a	1618
3. ½ qr in the town of Knockroe, viz.the cartron of Lagnebarneboy	Strafford Inq. §126	1635
4. Knockroe alias Kiltane, Lagnoragowle and Attigarrett 2 qrs	ASE 277a	1683
5. Knockroe 1 qr.	CRL 2A.3.16, 141a	1710c

Lehanagh	Leitheanach	
M261810; 90	*"half moor"*	
1. lyannagh and purte... one qr	CBC 94	1585
2. Lyannagh and Purte... one qr	CBC 101	1585
3. Lehanegh	Inq. ME II.271	1617
4. Lehenagh and Shanneagh... 1 qr	Strafford Inq. §153V	1635
5. Lehannagh 1 qr.	BSD 75	1661
6. Lehannagh	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Lehanagh 1 qr	CRL 2A.3.16, 155b	1710c
8. Leehanagh	Garret O'Moore Maps 2	1721c
9. Lyaneeagh [*sic*], qr of	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727
10. Lehanagh 1 qr	QRL 2A.6.70, 592	1787
11. Leanagh	Tithe App. Book §60	1824
12. Leehanagh	Bald	1830
13. Lehanagh (Church land)	ST (ALSO)	1838
14. Lehanagh	Rev. Townshend (ALSO)	1838
15. Lehanagh	J. Lambert (ALSO)	1838
16. Leeha / nagh	T O'C (ALSO)	1838
17. Liathanach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
18. Leha / nagh	J O'D (ALSO)	1838
19. Liathánach "grey land"	J O'D (ALSO)	1838
20. An Liathánach "the grey place / the place of spleens"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
21. Leitheanach	www.logainm.ie	2005c
22. ˌliːˈhanə	ME1	2009

---

6. Knockroe and Killtane, Legnora gowle & Altegoret 2 qrs	CRL 2A.3.16, 147b	1710c
7. Knockroe 1 qr.	QRL 2A.6.70, 532	1787
8. Knockroe als Kiltaine, Legoragowle and Attygarett 2 qrs	QRL 2A.6.70, 556	1787

Liostaítear foirm 3-4 agus 6-8 le tailte atá sa pharóiste seo; liostaítear foirmeacha 5 agus 7 le tailte atá i bparóiste Chill Cholmáin agus is féidir, mar sin, go raibh fo-roinn den ainm céanna ansin, tráth; féach fosta, ar ndóiche, Knockroe i bparóiste an Chnoic.

“168a. 2r. 20p. of arable and pasture land, including 20a. 1r. 24p. of rough pasture. [Situated] in the northern part of the parish... Bounded on the north by the parish of Balla, west and south west by the Freeheen and Balla parish, east by Purtagh and Mayo Parks, and south by Mayo Parks. Bishop Land. There are two quarries situated near the eastern boundary of this townland” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóthair a reáchtálann aniar aneas trasna lár na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Is roinn fhada thanaí (thuaidh-theas) í seo.

Tá *Leitheanach* socraithe mar bhunfhoirm Lehanagh i nGaillimh (www.logainm.ie); féach fosta go bhfuil *Leitheanach Thuaidh* agus *Leitheanach Theas* socraithe mar bhunfhoirmeacha d’ainmneacha bhailte fearainn Gaeltachta Lehanagh North agus Lehanagh South, faoi seach, sa chontae céanna (*IROL* 18 §§390-1). Síltear iad a bheith cuimsithe de *eanach* “moor, swamp, bog, fen; a narrow way or passage; a place fit for an ambush” (*DIL* sv. *enach*I(a-b)), “marsh” (*DUP* 152 sv.) réamhcháilithe ag *leith* < *leath*- “in a variety of compds. in meaning *half*” (*DIL* sv. *leth*B(a)).[29] Cf. ainmneacha ar nós Lagcurragh < *An Leathchurrach* i mbarúntacht Ghaileang agus samplaí de Lecarrow < *An Leithcheathrú* i mbarúntachtaí Choistleach, Ghaileang, Thír Amhlaidh, Cheara, Mhuraisce, Chill Mheáin agus Bhuiríos Umhaill. Tá samplaí de *Leitheanach* socraithe mar an fhoirm Ghaeilge de shamplaí de Lehenagh i gCorcaigh agus i nGaillimh (www.logainm.ie).

Mhol Ó Donnabháin sanas difriúil sa chás seo, áfach: *liath* “grey...; a grey person, animal or thing” (*Dinneen*),[30] móide na hiarmhíreanna cnuasaigh / áitreabhacha *-án* agus *-ach*,[31] nó *liathán* “grey colour; spleen in man or beast; common marigold” (*ibid*.) móide *-ach*. Níor ábhar scime é béim an ghutha i bhfoirm 22 ina leithéid de chás: cf. fuaimniú reatha Shinganagh thíos. Tá *liath* teastaithe mar

[29] Seachas *liath*, nó *leath* féin, móide an iarmhír *-(e)anach* nó ag na hiarmhíreanna *-án* móide *-ach*. Tá an iarmhír *-(e)anach* teastaithe i gcuid logainmneacha. Shamhlaigh Ó Máille (1955b) ciall thuairisciúil le *-(e)anach* in ainmneacha den bhunús *Muiceanach* > Muckanagh (féach samplaí i mbarúntacht Cheara); mheas sé gur dhroim talaimh i gcruth muice ba chiall le *muiceanach* ó cheart. Féach fosta Barranagh East < *Bearanach Thoir* “(?)pointed place, east” agus Rinananagh < *Rinneanach* “place of the promontory” i mbarúntacht Iorrais. Féach fosta an bunús *(?)Beitheanach* “place abounding in birch trees” a mholtar do Benagh Lower agus Benagh Upper, *Breacanach* “speckled / spotted place (?)” a mholtar i gcás Brackenagh East agus Brackenagh West (agus eile), agus *(?)Cairrgeanach* “place of rocks” i gcás Carrigenagh agus Carrigenagh Upper, sa Dún (*PNI* 3, 29-32).

[30] Cf. *DIL* sv. *líath*I,II: “as adj. Grey...; in pl., old men;... [horse:] Léim an Leith...”).

[31] Cf. ainmneacha ar nós Skehanagh < *Sceachánach* i mbarúntacht Cheara.

bhuneilimint as féin i gcuid bheag logainmneacha (cf. *Liath Mancháin* / Lemanaghan, *An Liath Mór* / Lea More agus *An Liath Beag* / Lea Beg in Uíbh Fhailí, mar shamplaí, ag *L. Log*. 29; tuilleadh ag *Onom*. *Goed*. 488-9). Ní léir sampla ar bith eile ina bhfuil *liathánach* mar bhuneilimint, áfach; tá *Ceathrú na Liathánach* / Cahernalough sa Chlár (www.logainm.ie).

Mayo Parks	Páirceanna Mhaigh Eo	
M265797; 90, 91	*"fields of the plain of the yew-trees"*	
1. The Scite Circuite & Precinct of ye Monastery of Mayo and ye Lands thereunto belonging	BSD 76	1661
2. Mayo	Garret O'Moore Maps 31	1721c
3. Mayo Parks	Tithe App. Book §60	1824
4. Mayo	Bald	1830
5. Mayo Parks	ST (ALSO)	1838
6. Mayo Parks	Rev. Townshend (ALSO)	1838
7. Mayo Parks	J. Lambert (ALSO)	1838
8. Maigh Eo "plain of yew-trees"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
9. Páirceanna Mhaigh Eo	www.logainm.ie	2005c
10. ˌme:oˈparkz	ME1	2009

"81a. 1r. 26p. all arable. [Situated] in the central part of the parish... Bounded on the north by Lehanagh, Purtagh and Shunghanagh, west by Lehanagh, Freeheen and Knockaunabroona and south by Killbride. It is the property of Patrick Kirwin Esq. The village of Mayo is [partly] situated at its south west extremity. A Roman Catholic chapel [is] situated on its southern boundary close to the ruins of the Abbey of Mayo, and [a] Grave Yard. There is a triangulation station called Mayo in the central part of this townland" (*ALSO*). Tá ballóga na mainistreach suite in iardheisceart an bhaile fhearainn (M264795). Léirítear an séipéal comhaimseartha ar an teorainn thiar theas le Kilbride, agus an reilig suite ó dheas de i Kilbride féin, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear cuid tithe sa chomharsanacht chéanna: cuid de shráidbhaile Mhaigh Eo thuasluaite.

Féach tuilleadh foirmeacha ábhartha faoin ainm paróiste thuas.

Monard	An Mhóin Ard	
M277814; 91	*“the high bog”*	
1. Monaird	Tithe App. Book §60	1824
2. Moanard	ST (ALSO)	1838
3. Monard	Rev. Townshend (ALSO)	1838
4. Moneard	J. Lambert (ALSO)	1838
5. Moanard	T O’C (ALSO)	1838
6. Moneard	J O’D (ALSO)	1838
7. Monard	J O’D (ceartú; ALSO)	1838
8. Moín ard	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
9. Móin: árd “high bog”	J O’D (ALSO)	1838
10. An Mhóin Ard “the high bog”	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
11. An Mhóin Ard	www.logainm.ie	2005c
12. mo:n'ard	ME1	2009
13. mu:n'ɛərd	ME2	2009

“81a. 3r. 14p. of pasture and tillage. Bounded on the east by Barnagrigaun and Ballintleva, west by Purtagh and Shunghanagh, north by Rathduff and south by Barnagrigaun. It is the property of the Revd. Sir F. B. Lynch” (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe suite gar do lár na roinne, agus gar do bhóthar a reáchtálann aniar aneas trasna lár an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá tuaisceart na roinne suite ar dhroim talaimh atá 60 méadar ar airde.

Tá an bhuneilimint *móin* “a bog or peat-moss; occas. in wider sense a moor, waste; turf, peat” (*DIL* sv. *móin*(a,b), “bogland, moor” (*Ó Dónaill*) cáilithe anseo ag *ard* “high above ground, elevated, lofty” (*DIL* sv. 1*ard*I(b)). Tá *An Mhóin Ard* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Monard i bPort Láirge (*L. Log*. 38), Tiobraid Árann (*L. Log*. 103) agus Gaillimh (www.logainm.ie).

Áiríodh an baile fearainn seo le tailte eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Mossbrook	Caonach Rua	
M299800; 91, 101	*"(place of) red moss"*	
1. Kynagh als Mullin Lougher 1 qr.	BSD 76	1661
2. Kenagh	Hib. Del. Mayo	1672c
3. Kinagh	Garret O'Moore Maps 8-9	1721c
4. Mossbrook	Reg. Deeds Lib. 440, 26 §283569	1791
5. Mossbrook North Division, Mossbrook South Division, Mossbrook West Division	Tithe App. Book §60	1824
6. Mossbrook	Bald	1830
7. Mossbrook & Keenaroe	Reg. Deeds Lib. 867, 365 §577265	1831
8. Mossbrook, Keenaroe	Reg. Deeds Lib. 19, 244 §414	1834
9. Mossbrook, Keenaroe	Reg. Deeds Lib. 17, 179 §395	1835
10. Mossbrook	ST (ALSO)	1838
11. Mossbrook	Rev. Townshend (ALSO)	1838
12. Mossbrook	J. Lambert (ALSO)	1838
13. Caonnach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
14. Caonach "moss". (local Irish name)	J O'D (ALSO)	1838
15. An Caonach "the moss / place of moss?"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
16. Caonach Rua [*sic*]	www.logainm.ie	2005c
17. ˈmɔsbru:k	ME1, ME2	2009

"371a. 0r. 27p. of pasture and tillage, including 69a. 1r. 20p. of bog. Bounded on the east by Facefield and Kilcoleman parish, west by Barnagrigaun, Knockaunaghul and Harefield and north by Brize... It is the property of Patk. Kirwin Esq." (*ALSO*). Léirítear grúpa líneach tithe le hais bóthair aneas i ndeisceart an bhaile fhearainn, agus cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas tríd oirthuaisceart na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear teach mór le cuid plandála taobh leis suite gar do lár na roinne (agus é suite rud beag siar ó thuaidh de *Cloonboy House* i Cloonboy). Léirítear cuid talaimh riascúil sa lár thiar, agus sruthán aniar aduaidh ar theorainn thiar theas an bhaile fhearainn.

Úsáidtear an t-ainmfhocal firinscneach *caonach* "moss, stubble" (*Dinneen*; cf. *DIL* sv. 1*cáennach*) i gciall áitreabhach sa logainm seo. Ainmneacha inchurtha is ea

Keenagh < *Caonach* sa Longfort (*GÉ* 45), agus Keenagh Beg agus Keenagh More i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá *Caonach* socraithe mar an bhunfhoirm de shampla de Keenagh sa Chabhán agus de shamplaí de Mosstown sa Longfort chomh maith (www.logainm.ie). Tá bailte fearainn eile darb ainm Keenagh i nDún na nGall agus (le cáilitheoirí) i Ros Comáin (*Census 1851*). Tá *Caonachán* "mossy place" molta mar fhoirm Ghaeilge Keenaghy i bhFear Manach (*PNI* 8, 123-4); tá samplaí de Keenaghan i nDún na nGall, Tír Eoghain, Fear Manach, Sligeach, Liatroim, Gaillimh agus An Mhí (*Census 1851*). Fágann sé seo go bhfuil dáileadh iarthuaisceartúil ar úsáid na heiliminte *caonach* in ainmneacha bailte fearainn sa tír.

Moltar an aidiacht cháilithe *rua* "lit. *red*, of a brownish or dark red... Freq. as sobriquet = red-haired, and in place-names" (*DIL* sv. *ruad*(a)), bunaithe ar fhoirmeacha 7b-9b.

Pollawaddy	Poll an Mhadaidh	
M267778; 100, 101	"*the pool of the dog*"	
1. Poulavaddy	ST (ALSO)	1838
2. Poulavaddy	Rev. Townshend (ALSO)	1838
3. Poolavaddy	J. Lambert (ALSO)	1838
4. Pollavaddy	T O'C (ALSO)	1838
5. Pollawaddy	T O'C (ceartú; ALSO)	1838
6. Poll a mhadaidh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
7. Poll a mhadaidh "hole of the dog"	J O'D (ALSO)	1838
8. Poll an Mhadaidh "the hole / pool of the dog"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
9. Poll an Mhadaidh	www.logainm.ie	2005c
10. ˌpo̝ləˌvadi	ME1, TC4	2009

"47a. 0r. 32p. of arable and pasture land. [Situated] in the southern part of the parish. Bounded on the north by Gortafuntaun, east by Knockroe, west by Culentragh and south by Criggaun. It is the property of Patk. Kirwin. There are several detached houses situated close to its eastern boundary. Also a small lake on its western boundary" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aneas ar an teorainn thoir, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lochán beag ar an teorainn thiar thuaidh le Cullentragh.

Féach nóta ar an bhuneilimint *poll* “hole; pool, puddle; burrow, lair” (*Ó Dónaill*), “In place-names... generally... a cave or pool” (*DIL* sv. *poll*), “logán” (féach faoi Pollaweela i mbarúntacht Chill Mheáin), agus samplaí den eilimint *madadh* i logainmneacha, faoin ainm inchurtha Pollavaddy i bparóiste Bhalla, thuas.

Áiríodh an baile fearainn seo le tailte eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Portagh	An Portach	
M266810; 90, 91	*“the bog”*	
1. Portagh	Fiants Eliz. §3419	1578
2. lyannagh and purte... one qr	CBC 94	1585
3. Lyannagh and Purte... one qr	CBC 101	1585
4. Portegh	Inq. ME II.281	1617
5. Portagh, ½ qr in	Strafford Inq. §126V	1635
6. Portagh, ½ qr in	Strafford Inq. §155V	1635
7. Portagh 1 qr.	BSD 75	1661
8. Paragh [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Portagh 1 qr.	ASE 277a	1683
10. Portagh 1 qr.	CRL 2A.3.16, 147b	1710c
11. Portagh	Garret O’Moore Maps 2	1721c
12. Portagh 1 qr.	QRL 2A.6.70, 559	1787
13. Purtagh	Tithe App. Book §60	1824
14. Purtagh Hill	Bald	1830
15. Purtagh	ST (ALSO)	1838
16. Purtagh	Rev. Townshend (ALSO)	1838
17. Purtagh	J. Lambert (ALSO)	1838
18. Purtagh	T O’C (ALSO)	1838
19. Portagh	T O’C (ceartú; ALSO)	1838
20. Purtach	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
21. Purtach “a bog”	J O’D (ALSO)	1838
22. An Portach “the bog / turfbank”	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
23. An Portach	www.logainm.ie	2005c
24. ˈpo̯rtə	ME1, ME3	2009

“326a. 2r. 36p. of arable and pasture land. [Situated] in the northern part of the parish... Bounded on the north and north east by the parish of Balla, and Rathduff, east by Shunhanagh, west by Lehanagh and south west by Mayo Parks. It is the property of Patk. Kirwin Esq. There is a forge [here]. Also a triangulation station on its eastern boundary” (*ALSO*). Léirítear cuid mhaith tithe suite le hais bóthair a reáchtálann aniar trasna lár na roinne, agus cuid bheag tithe eile scaipthe sa tuaisceart agus sa lár theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear cuid talaimh riascúil ar an teorainn thoir le Shinganagh.

Is dóiche, ceart go leor, gurb é *portach* “o, m. a bog” (*DIL* sv. 3*portach*), “a bog, a bank of peat, bog-stuff” (*Dinneen*) is bun leis an logainm seo (foirmeacha 20-1), seachas forbairt eile ó *port* “a place, spot, locality; a place occupied by some one, a stead, abode... [used] of a monastic stead or settlement...; a bank, mound, entrenchment” (*DIL* sv.).

Tá Portaghard i Ros Comáin; tá Portaghbradagh i Sligeach (*Census 1851*).

Rathduff	An Ráth Dubh	
M273825; 91	*“the black fort”*	
1. Rathduff	Tithe App. Book §60	1824
2. Rathduff	ST (ALSO)	1838
3. Rathduff	Rev. Townshend (ALSO)	1838
4. Raduff	J. Lambert (ALSO)	1838
5. Rathduff	T O’C (ALSO)	1838
6. Rat dubh	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
7. Rath dubh “black rath or earthen fort”	J O’D (ALSO)	1838
8. An Ráth Dubh	www.logainm.ie	2005c
9. ra'do̱f	BAL1	2009

“193a. 2r. 14p., chiefly pasture land. Bounded on the east by Knocknamoughalan, Heathlawn and Ballintleva, north west by Balla Parish, and south west by Purtagh. It is the property of the Revd. Sir F. Blosse Lynch” (*ALSO*). Tá an chuid is mó den bhaile fearainn seo (breis agus 431 acra) suite in oirthear pharóiste Bhalla: féach tuilleadh foirmeacha stairiúla, agus plé ar bhunús an ainm, faoi Rathduff sa pharóiste sin. Léirítear cúpla teach suite le hais an bóthair aniar aduaidh ó shraidbhaile Bhalla i

dtuaisceart sciar pharóiste Mhaigh Eo den bhaile fearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Shinganagh	Seangánach	
M272804; 90, 91	*"place of ants"*	
1. Ballehumlare[32] and Swiganagh... one qr	CBC 94	1585
2. Ballihumilane and Singanagh... one qr	CBC 101	1585
3. Ballimullavullasigangh	Inq. ME II.269	1617
4. Shanneagh... 1 qr, Lehenagh and	Strafford Inq. §153V	1635
5. Sinquanagh 1 qr.	BSD 76	1661
6. Dynganagh als Shingannagh als Shanganagh 1 qr	CRL 2A.3.16, 155b	1710c
7. Shingancagh, 2 qrs of Ballymagillan[33] and	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727
8. Dynganagh als Shingannagh als Shangannagh 1 qr	QRL 2A.6.70, 589	1787
9. Shunganagh	Tithe App. Book §60	1824
10. Shinganagh	Bald	1830
11. Shunghanagh (Church land)	ST (ALSO)	1838
12. Shanghanagh	Rev. Townshend (ALSO)	1838
13. Shinganagh	J. Lambert (ALSO)	1838
14. Shangannagh	T O'C (ALSO)	1838

[32] Ní léir cé acu Ballymullavill nó *Ballimagillan* (féach thíos) atá i gceist.

[33]			
1. (?)Ballehumlare and Swiganagh	CBC 94	1585
2. (?)Ballihumilane and Singanagh	CBC 101	1585
3. Ballimagillan	Inq. ME II.271	1617
4. Ballymegeylan... 1 qr	Strafford Inq. §153V	1635
5. Ballimygillan 1 qr.	BSD 78	1661
6. Ballingillane 1 qr	CRL 2A.3.16, 156a	1710c
7. Ballymagillan and Shingancagh, 2 qrs of	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727
6. Ballingillane 1 qr	QRL 2A.6.70, 590	1787

Liostaítear foirm 3 mar thalamh eaglaise.

15. Shinganagh	J O'D (ALSO)	1838
16. Sionganach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
17. Siongánach "abounding in pismires"	J O'D (ALSO)	1838
18. An Seangánach "the place (i.e. full of) ants	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
19. Seangánach	www.logainm.ie	2005c
20. ˌʃinˈanə	ME1	2009

"269a. 2r. 38p. of arable and pasture land, including 8a. 0r. 1p. of bog. [Situated] in the central part of the parish... Bounded on the north west and north east by Purtagh and Moanard, south by Curskeagh and Killbride and Barnagrigaun, west by Purtagh and Mayo Parks, and south by Killbride. Bishop Land... There is a gravel pit situated near its southern boundary and a triangulation station on its north western boundary, and a well near its western boundary" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe i dtuaisceart na roinne, teach aonair san oirthear ar an teorainn le Corskeagh, agus cúpla teach san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear tuaim mheigiliteach darb ainm *Carraunnagunoge* san oirthuaisceart (M277809).

Is den struchtúr *seangán* "an ant" (*DIL* sv.) móide an iarmhír chnuasaigh, áitreabhach *-ach* é an logainm seo: is féidir gur substainteach d'aidiacht atá ann.[34] Tá *Seangánach* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Shinganagh i bPort Láirge (*L. Log*. 43) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 118), Shanganny i gCill Chainnigh (*L. Log*. 43), Shanganagh i mBaile Átha Cliath, Shinanagh i gCorcaigh agus Shigaunagh i nGaillimh (www.logainm.ie). Tá *seangán* le sonrú mar eilimint cháilithe san ainm Parknashingaun i mbarúntacht Cheara; féach samplaí eile, ar nós Knocknashangan i nDún na nGall agus Fear Manach, ag *Joyce* (ii 292).

[34] Cf. aidiachtaí ar nós *míolach* "abounding in animals" (*DIL* sv. *mílach*). Ní dóiche gur gá forbairt ón bhunfhocal *seang* "narrow, thin, slender..." (*DIL* sv. *seng*) a chur san áireamh anseo.

Tawnylough	Tamhnaigh an Locha	
M312829; 91	*"the (mountain) field of the lake"*	
1. Tawinanloghae	Inq. ME II.245	1617
2. Tawnyanlogha	Inq. ME II.279	1617
3. O'Murrogho of Tawnyanlogho... half-quarter of Tawnyanlogho	CPR Jas I 394a	1618
4. Twomlogh, ½ qr of	Strafford Inq. §123V	1635
5. Townelogh, ½ qr of	Strafford Inq. §124	1635
6. Tawneloghy, ½ qr of	Strafford Inq. §130V	1635
7. Tawneyloughy ½ qr.	BSD 77	1661
8. Tawnyloghy	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Clonloghfadda 1 qr. viz. Clonloghfadda ½ qr. and Townalogha, the other ½ qr.	ASE 275a	1683
10. Taunylough	Garret O'Moore Maps 9	1721c
11. Tawnilagh, Ballinlagh &	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723
12. Taunalogh	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
13. Taunnanlogh ½ qr.	L. Blosse Papers 210 §103	1750c
14. Taunelough	Lynch-Blosse Maps	1811
15. Tavnylough East Division, Tavnylough West Division, Tavnylough North Division	Tithe App. Book §60	1824
16. Townalough	ST (ALSO)	1838
17. Townalough	Rev. Townshend (ALSO)	1838
18. Townalough	J. Lambert (ALSO)	1838
19. Tawnylough	T O'C (ALSO)	1838
20. Tamhnaigh loch	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
21. Tamhnaigh loch "field of the lake"	J O'D (ALSO)	1838
22. Tamhnaigh an Locha "the clearing / grassy upland of the lake"	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
23. Tamhnaigh an Locha	www.logainm.ie	2005c
24. ˌtaunəˈlɔ	ME2	2009

"496a. 3r. 22p., of which 113a. 2r. are bog; the remainder is pasture and tillage. Situated in the eastern part of the parish. It is bounded on the east and partly on the

south by Kilcolman parish, south by Facefield, east by the townlands of Facefield and Ballinlough, and north by Killedan parish. It is the property of the Rev. Sir Francis Blosse French [sic]... In the south part of this townland stands an old fort, on which is [Gortnaraha] triangulation station" (*ALSO*). Léirítear grúpaí tithe in iarthuaisceart na roinne agus san iarthar gar don loch atá ar an teorainn thiar le Ballinlough, agus áitribh eile scaipthe tríd an bhaile fearainn diomaite den oirthear, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear cuid talaimh riascúil san oirthear. Léirítear lios suite gar don teorainn thoir theas (M315819).

Is sa chlaonfhoirm *tamhnaigh* is mó a mhaireann an eilimint *tamhnach* "a green place, clearing < taman?" (*DIL* sv. *tamnach*), "grassy upland; arable place in mountain" (*Ó Dónaill*), "field" (*DUP* 156 sv.) i mbarúntachtaí eile an chontae. Tá sí cáilithe anseo ag *loch*.

Tullybeg Glebe	An Tulaigh Bheag	
M262788; 90, 100	*"the small hillock"*	
1. Tullabeg Gleab,[35] Phabeg &	BSD 78	1661
2. Tullaghbegg, qr of	CRL 2A.3.16, 149a	1710c
3. Tullaghbegg, qr of	QRL 2A.6.70, 565	1787
4. Tullybeg	Tithe App. Book §60	1824
5. Glebe	Tithe App. Book §60	1824
6. Tullybeg Glebe	ST (ALSO)	1838
7. Tullybeg Glebe	Rev. Townshend (ALSO)	1838
8. Tullybeg Glebe	J. Lambert (ALSO)	1838
9. Tullaghbeg, if not - Tullybeg?	T O'C (ALSO)	1838
10. Tullybeg	J O'D (ALSO)	1838
11. Tullybeg	J O'D (ALSO)	1838
12. Tulla bheag	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Tulla' bheag "small hill"	J O'D (ALSO)	1838

[35]Féach fosta tagairtí don chomhroinn *An Tulaigh Mhór*: suite i dtuaisceart Cullentragh, b'fhéidir.

1. Tullaghmore 1 Cart.	BSD 78	1661
2. Tullamore and Knockroe 2 qrs	ASE 275b	1683
3. Tullaghmore, qr of	CRL 2A.3.16, 149a	1710c
4. (?)Tullymore	Reg. Deeds Lib. 18, 33 §8256	1716
5. Tullymore	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
6. Tullaghmore, qr of	QRL 2A.6.70, 565	1787

14. An Tulaigh Bheag “the small hillock”	Ó Muraíle: Nótaí	1990c
15. An Tulaigh Bheag	www.logainm.ie	2009
16. ˌto̯libɛgˈgliːb	ME1	2009
17. ðəˈgliːb	ME1	2009

“24a. 2r. 38p. of arable and pasture land, including 2a. 0r. 1p. of bog. [Situated] in the southern part of the parish. Bounded on the north by Fahybeg, west by Cloonacreepa Glebe,[36] Ballinaster and Curry Kirwan (in Kilmain barony), and east and south by Cullentragh. Church Land. It is situated [just] south of the village of Mayo” (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá oirthuaisceart na roinne suite ar dhroim talaimh atá 50 méadar ar airde.

D’éirigh an chlaonfhoirm (*tulaigh*) den fhocal *tulach* “hill(ock), mound” (*DIL* sv. 1*tulach*(a)), “low hill; hillock, mound” (*Ó Dónaill*), “hillock” (*DUP* 156 sv.) coitianta sa chás seo thart ar thús an 19ú haois, is cosúil. Féach samplaí ábhartha den eilimint seo faoin ainm inchurtha Tully Beg i bparóiste Bhalla.

Ainmneacha Eile

Tugtar thíos anois foirmeacha stairiúla cuid iar-rannta a luaitear le tailte an pharóiste seo sna foinsí. Ní léir a gceartshuíomh:

1. Clougheline and freeken... one qr	CBC 94	1585
2. Glaneghline and Strikin... one qr	CBC 101	1585
3. Cloghileyre	Inq. ME II.271	1617
4. Cloghelynne 2 qrs	Strafford Inq. §153V	1635
5. Cloughlena 2 qrs.	BSD 75	1661
6. Cloughleagh	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Cloghtenagh 2 qrs	CRL 2A.3.16, 155b	1710c
8. Cloghtennagh 2 qrs	QRL 2A.6.70, 589	1787

Liostaítear foirm 4 mar thalamh eaglasta. Léirítear foirm 6 suite ó thuaidh de Lehanagh.

1. Ballynealan 1 qr	Strafford Inq. §153V	1635
2. Ballinelan als. Ballylelan ½ qr.	BSD 76	1661

[36] Féach faoi Gortnagusetaul i dtaca leis an ghléib áirithe seo, nach luaitear a hainm sna foinsí go dtí aimsir na Suibhéireachta Ordanáis. Ní buailte leis an teorainn thiar a bhí sí; bhí sí suite rud beag siar ó thuaidh de cheann thiar thuaidh na roinne.

3. Ballynrylane als Knockroebegg, ½ qr of	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727

1. Ferrannagrogy 1 qr.	BSD 76	1661
2. Farranegoffy	Hib. Del. Mayo	1672c
3. Farrenagrogy	Garret O'Moore Maps 6	1721c
4. Farenagrogy	Garret O'Moore Maps 9	1721c
5. Breese and Towranegrougy	Reg. Deeds Lib. 36, 470 §23677	1723
6. Brees & Farinagrogy	Reg. Deeds Lib. 108, 128 §75339	1742

Léirithe i lár thuaidh na roinne, ó dheas de *Knockmoymoghillan*, ar léarscáil *Hib. Del. Mayo*. Léirítear foirm 3 suite ó dheas de Knocknamoghalaun agus soir ó Ballintleva. Is féidir é a cheangal ar bhealach níos sásúla arís le foirm 4, áfach: ó thuaidh de *Birree* (Brees), siar ó *Derroule* (Derrowel Beg / Derrowel More), agus siar ó dheas de Knocknamoghalaun.

1. Leferin a parcel of Abby Land	BSD 76	1661
2. Lagg Ferrin ½ qr.	BSD 77	1661
3. Lagferine alias Lagterine	ASE 277a	1683
4. Lugferine als Loghterine	CRL 2A.3.16, 147a	1710c
5. Lugferrine als Loughterrine ⅓ qr.	QRL 2A.6.70, 556	1787

1. Ballygowran 1 qr	Strafford Inq. §153V	1635
2. Ballumgorran ½ qr.	BSD 78	1661
3. Ballingarrane ½ qr	CRL 2A.3.16, 155b	1710c
4. Ballymagawran, ½ qr of	Reg. Deeds Lib. 53, 399 §36083	1727
5. Ballingarrane ½ qr	QRL 2A.6.70, 590	1787

Liostaítear foirm 1 mar thalamh eaglasta; liostaítear foirm 2 taobh le Ballymullavill san fhoinse.

1. Knockrushan 1 Cart.	BSD 78	1661
2. Knockruthane 1 car.	CRL 2A.3.16, 156a	1710c
3. Knockruthane 1 car.	QRL 2A.6.70, 591	1787

1. Gortygary	CEPR vi 278	1412
2. Gortegarry, parcel of land called	Strafford Inq. §126V	1635
3. Gortegarry, the parcel of	Strafford Inq. §155V	1635

1. Knocktire, the qr of	Strafford Inq. §134	1635
2. Cnockneveagh and Cnocknetire 3 cart.	ASE 277a	1683
3. Knockneveagh & Knocknetire 3 car.	CRL 2A.3.16, 147b	1710c
4. Knockneveagh and Knocktire 3 car.	QRL 2A.6.70, 557	1787

Teach Chaoin

Tagheen	**Teach Chaoin**	
	"(?)pleasant church"	
1. Theachin, [Church] de	Eccles. Tax. (CDI) 213	1307c
2. Theachuyny / Theachnyny	Eccles. Tax. (Knox) 197	1307c
3. [rectories of] Tyrnechtayn [and] Techayn	CEPR vi 278	1412
4. Eugenius Olenachan... [of the parish church of] Tecchayn	CEPR xii 191	1463
5. [parish church of] Thayn	CEPR xvii (1), 244 §384	1500
6. Teaghkyene, [Vicaradge of]	Bodkin's Visit. 150	1565c
7. Tecayn	Bodkin's Visit. 152	1565c
8. Taghekynny	First Fruits	1585c
9. Teachin... William Fleming	Incumbents [1591] 225	1591
10. [Tagheen]	Regal Visitation (Knox)	1615
11. Taghkin, ½ qr in	Strafford Inq. §115V	1635
12. Teaghkeene Parish	BSD 68	1661
13. Teagheene and Killcoman, parishes of	ASE 217a	1669
14. Teaghkean	Hib. Del. Mayo	1672c
15. Taghkeen	Description of Mayo §42	1684c
16. Teaghkeene Parish	CRL 2A.3.16, 153b	1710c
17. Taughine, Patrick Glin...	Burke's Priests 431	1715
18. Teaghkeene Parish	QRL 2A.6.70, 583	1787
19. Taugheen	Tithe App. Book §62	1824
20. Taugheen	Bald	1830
21. Taugheen Parish	Litir Eolais (ALSO)	1838
22. Taugheen Parish	ST (ALSO)	1838
23. Tagheen	T O'C (ALSO)	1838
24. Teach Chaoin "beautiful house"	J O'D (ALSO)	1838
25. tʃaˈhiːn	TC4	2009

"[Situated] in the west side of the barony... Bounded on the north by the Parish of Mayo, on the east by the parish of Crossboyne and on the south and west by the

parishes of Kilcommon and Robeen in the barony of Kilmain" (*ALSO*). Tá 46 baile fearainn sa pharóiste seo. Luaitear lonnaíocht eaglasta le Drumshinnagh agus Tagheen East. Féach fosta an iar-roinn *Cluain na gCros* faoi Carrowkeel, agus Tawnagh.

"The recommended Irish form follows that recorded in the Namebook as the version in use among Irish speakers in the locality around 1838... The second element is, however, somewhat problematical. The name could conceivably have originally been *Teach Caín* (mod. *Teach Caoin*), the second element being one which occurs quite frequently in Irish place-names[1]... The lenition of the initial 'c' - of which there would appear to be some evidence from the form of [1307c]... might have come about through the influence of the preceding 'ch', but this by no means certain. It is indeed possible that the word which has been interpreted as 'chaoin' might represent some other word entirely - perhaps a personal name? (This certainly seems to be the case with the west Kerry placename which is now written Dún Chaoin)..." (Ó Muraíle 1985, 80).

Tá an bhuneilimint *teach* "s, n. Later m.... house, dwelling" (*DIL* sv. *tech, teg*I) teastaithe i logainmneacha luatha i gcomhthéacs eaglasta: "frequently used of a saint's house, i.e. 'church', especially in earlier compositions, where the *teach*-element is usually followed by a personal name..." (*IPN* 147). I measc go leor samplaí eile, cf. ainmneacha paróistí ar nós *Tigh Beannáin* / *Stabannan* i Lú (*L. Log*. 3), *Steach Maoilín* / *Stamullen* sa Mhí agus *Teach Mochua* / *Timahoe* i gCill Dara (www.logainm.ie).

[1] *Caoin* "fine, good, fair, beautiful, etc. Of persons *etc*." (*DIL* sv. 1caín), "gentle, mild, tender, kind; pleasing; unruffled, smooth, polished; delicate" (*Dinneen*), "pleasant" (cf. Ó Maolfabhail 1990, 116 sv. *Cluain Caoin* / Cloonkeen, "pleasant meadow").

Ainmneacha Bailte Fearainn

Ahena	Áth Éanna	
M282741; 101	"Éanna's *ford*"	
1. (?)[two townlands in] Aithyn Athmegorych... [William Prendregast]	Inq. Ed III (Knox) 343	1333
2. MacMoris of [Ahena and] Castlekeel	Division Connaught 2 (Knox) 346-7	1574
3. Henry keighe McMorishe of Aheen	Fiants Eliz. §4582	1584c
4. Ahena... 6 qrs	CBC 94	1585
5. Athena... 6 qrs	CBC 100	1585
6. Ahena, Henry keugh McMorris... Hubert McJonick... mcPhilip Keugh of	Fiants Eliz. §5458	1590
7. Aghana... Aghenae	CPR Jas I 64a	1605
8. Athena ½ qr	CPR Jas I 581b	1611
9. Ahenny, cas. & c. [of]	Inq. ME II.279	1617
10. Aheny, Richard Scurlocke of	CPR Jas I 394a	1618
11. Athena, 2 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
12. Dominick Browne fitz Nicholas - the castle, town and 3 qrs of Aghena	Strafford Inq. §136	1635
13. Wast Mosse in comon to Tumsallagh, Aghenagh, Carromore and Clonekeeve	BSD 69	1661
14. Aghenagh 1 qr.	BSD 70	1661
15. Aghinnagh or Aghenagh ½ qr	ASE 238a	1677
16. Aghannagh	ASE 238b	1677
17. Athena alias Gortenedan ½ qr.	ASE 275b	1683
18. Aghenagh	CRL 2A.3.16, 143b, 145b	1710c
19. Ahena	Reg. Deeds Lib. 38, 135 §23678	1723
20. Ahena	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
21. Ahena, town and land of	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739

22. Ahenagh	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
23. Ahena and Drumsenagh 1 qr.	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
24. Aghenagh	QRL 2A.6.70, 538	1787
25. Aughennagh ½ qr.	QRL 2A.6.69, 548	1787
26. Aheana Flanagan, Aheana Hogan	Tithe App. Book §62	1824
27. Ahena	Bald	1830
28. Ahena	ST (ALSO)	1838
29. Ahena	Litir Eolais (ALSO)	1838
30. Ahana	T O'C (ALSO)	1838
31. Ahena	J O'D (ALSO)	1838
32. Ath h-aona / "ay"	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
33. Ath h-Éun:a "Enna"s ford"	J O'D (foghrú; ALSO)	1838
34. ˌaˈhi:nə	TC1, TC2, TC4	2009
35. ˌaˈhɨnə	ME1, CRB1	2009

"It contains about 256½ acres [256a. 1r. 24p.]... including about 9 acres of rough pasture. [Situated] in the centre of the parish. Bounded on the north by Knockagraphy and Maltpool, on the east by Pouldrien, on the south by Carrowmore and on the west by Devlin and Cloonagh. The property of Jas. Brown Esq., Claremount. There is a triangulation station in the east end of this townland, called Ahena" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóithre atá ar theorainneacha thoir, thuaidh agus thiar thuaidh na roinne seo, agus cúpla teach eile san iardheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear ballóga *Ahena Castle* suite sa lár theas (M283739). Reáchtálann craobhshruthán beag de chuid an Róba anoir, ó dheas den chaisleán. Reáchtálann sruthán eile aduaidh ar an teorainn thiar theas.

Is cosúil, ceart go leor, go bhfuil *áth* "ford" (*DIL* sv.),[2] cáilithe anseo ag an ainm pearsanta coitianta fireann *Éanna*.[3] Cf., mar sin, *Tír nÉanna* san Intreoir don bharúntacht, thuas.

[2] Féach "a ford; sometimes feminine - Con[nacht]" ag *Dinneen*. Tá corrshampla baininscneach tugtha faoi deara i Maigh Eo; féach, mar shampla, an mionainm *Áith*, [ˈɑ:x́], a thagraíonn d'áit a dtéann cabhsa anonn sruthán, i mbaile fearainn Cashel in Acaill (Imleabhar 3 sv.). Féach fosta Wilford / *Áth Shaileach* i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (Imleabahr 1 sv.).

Ballynew	An Baile Nua	
M307735; 101	*"the new townland"*	
1. Ballynew	Tithe App. Book §62	1824
2. Ballynew	ST (ALSO)	1838
3. Ballynew	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Ballynew	T O'C (ALSO)	1838
5. Bally nuadh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Baile nuadh "new town"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˌbaliˈnju	TC2, TC3	2009

"It contains about 176a. [174a. 1r. 35p.].... including about 42 acres of bog. [Situated] in the south east side of the parish. Bounded on the north by Cloondinne [*sic*], on the east by the parish of Crossboyne and Sessua, on the south by Balladaff and on the west by Gortnagranagher, Gorralough and Knockatoggart. The property of A. Crean Lynch Esq., Holly Brook House. There is an ancient fort in the east side of this townland" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe sa lár thoir agus cuid tithe scaipthe sa lár thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios suite díreach soir ón ghrúpa tithe, gar don teorainn thoir (M311733).

Féach plé ar bhunús an ainm seo, agus samplaí ábhartha eile de, faoi Newtown North i bparóiste Chrois Bhaoithín agus Ballynew i bparóiste Chill Cholmáin, thuas.

Áiríodh an baile ferainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Sessiagh, b'fhéidir.

[3] "The monk who wrote the life of St Énnae of Aran, whose feast-day is 21 March, thought the name meant 'bird-like'... Énna Bóguine was an early king of Connacht..." (Ó Corráin & Maguire, 1981, 86). Féach samplaí sa Ghinealach Mór ag *LMG* v 287-8 sv.

Barreel	(?)Barr Fhríl	
M282764; 101	"Fríl's *top-land*"	
1. Moyler MacMoris of Kenekely [and] Barrillagh	Division Connaught 2 (Knox) 346-7	1574
2. Barry [*sic*], James McMorishe of	Fiants Eliz. §4582	1584c
3. Barreile... 4 qrs	CBC 94	1585
4. Barrile	CBC 100	1585
5. Barrill, McMories of	Fiants Eliz. §5451	1590
6. Barrelle, McMurise of the	Fiants Eliz. §5486	1590
7. ruinous castle and bwne of Barrill ... McMorish of Barrill	CPR Jas I 81b	1605
8. castle... McMorrish... of Barrill	CPR Jas I 100b	1606
9. Barill, cas. & c. de	Inq. ME II.243	1617
10. mcDavid Keegh of Barell... 3 qrs of Barrill	CPR Jas I 394a	1618
11. Gurtin,[4] parcel of Barrill	CPR Jas I 394a	1618
12. ½ cartron of Leacarrowcally[5] in the townland of Barrill	Strafford Inq. §109V	1635
13. qr of Leccarrowkally in the townland of Burrill	Strafford Inq. §124V	1635
14. Barrill 4 qrs	Strafford Inq. §131	1635
15. Barrill, ruinous castle of	Strafford Inq. §136V	1635
16. Barreel, Barreel [ ] Grimes	Tithe App. Book §62	1824
17. Baureel	Litir Eolais (ALSO)	1838

[4] Féach faoi Maltpool thíos.

[5]

1. ½ cartron of Leacarrowcally in the townland of Barrill	Strafford Inq. §109V	1635
2. qr of Leccarrowkally in the townland of Burrill	Strafford Inq. §124V	1635
3. Loghwallykally, a cartron in	Strafford Inq. §118V	1635
4. Lickera Cally ½ qr.	BSD 77	1661
5. Lrcarrowcally ½ qr	ASE 277a	1683
6. Leccarrowcally ½ qr.	CRL 2A.3.16, 147a	1710c
7. Lecarrowcally ½ qr.	QRL 2A.6.70, 556	1787

Liostaítear foirm 4 le tailte pharóiste Mhaigh Eo.

18. Baureel	ST (ALSO)	1838
19. Baurreel	T O'C (ALSO)	1838
20. Ba < rri // l	Foghrú (ALSO)	1838
21. Barreel	J O'D (ALSO)	1838
22. Ba < rríl	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Bar aoil "top of the lime"	J O'D (ALSO)	1838
24. bɑ:r'i:l	TC2, TC3	2009

"It contains about 238½ acres [238a. 1r. 21p.]... including about 57 acres of bog and rough pasture. [Situated] in the north side of the parish. Bounded on the east by Cappagh North and Cappagh South, on the south by Maltpool, on the west by Knockrickard and on the north by the parish of Mayo. The property of Mr. Patrick Kirwin, Dalgan Park" (*ALSO*). Léirítear cúpla foirgneamh suite le hais bóthair in iarthuaisceart na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá lár thuaidh an bhaile fhearainn suite ar dhroim talaimh atá 65 méadar ar airde ag an mhullach; tá cnoc 60 méadar ar airde sa deisceart. Liostaítear láthair chaisleáin leis an roinn seo in *Monuments* (§101), ach ní thugtar tagairt eangaí léi.

Is í *barr* "in general, top, tip, end" (*DIL* sv. 1*barr*(a)), "tip, point; upper part; extremity" (*Ó Dónaill*) an bhuneilimint anseo, is léir. D'fhéadfaí *aol* "lime, chalk" (*DIL* sv. *áel*) a léamh mar eilmint cháilithe, ceart go leor (foirm 23): tá sé le sonrú san ainm Knockaunaneel i bparóiste Chrois Bhaoithín thuas. Moltar, áfach - féach go háirithe an fhoirm a scríobh an Donnabhánach ar obair pháirce dó (22) - an t-ainm pearsanta *Fríl* < *Fearaíl*, atá teastaithe san ainm Dooreel < *Dumha Fhríl* i mbarúntacht Iorrais.[6] D'fhéadfaí an seanleagan ginideach *Fhríle* a léamh, b'fhéidir, ar an litriú eisceachtúil i bhfoirm 1 (*Barrillagh*).

[6] Is ainm pearsanta fireann thar a bheith coitianta é *Fearaíl* < *Fearghal* sna ginealaigh (cf. *LMG* v 332-5). Is dóiche gur mar [f´(a)r'i:l] a fuaimníodh an t-ainm seo go háitiúil. Ar an bhealach seo a d'fhorbair an sloinne *Ó Fríl*, "etymologically the same as [the surname] Farrell" (MacLysaght 1985, 115 sv. *Friel*), agus is féidir, mar sin, glacadh le *Fríl* mar leagan malartach den ainm pearsanta, chomh maith. Tá an sloinne *Ó Fríl*, atá béarlaithe mar *Frehill*, le fáil i gcontaetha Mhaigh Eo agus Ros Comáin (MacLysaght 1985, 115), agus tá leagan malartach den sloinne seo tugtha faoi deara sa mhionainm *Uaich Uí Fhríle* in Achillbeg Island i bparóiste Acla i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill: [ˌoi'riəl´ə], cuas beag ar chósta theas an oileáin (Imleabhar 3 sv.).

Belladaff	Béal Átha Damh	
M309724; 101, 111	*"mouth of the ford of the oxen"*	
1. Ballydaff	Tithe App. Book §62	1824
2. Ballyduff	Bald	1830
3. Balladaff	ST (ALSO)	1838
4. Balladaff	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Ba / elladaff	T O'C (ALSO)	1838
6. Ballyduff	?T O'C (dúch; ALSO)	1838
7. Belladaff	J O'D (ALSO)	1838
8. Beul atha damh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
9. Beúl atha damh "mouth of the ford of oxen"	J O'D (ALSO)	1838
10. ˌbɛləˈdaf	TC2, TC3	2009
11. ˌbaliˈdaf	TC4	2009

"It contains about 139 acres [138a. 3r. 25p.]... including about 45 acres of bog. [Situated] in the south [east] part of the parish. Bounded on the north by Ballynew [and] Sessua, on the [east] by the parish of Crossboyne, [south by] Kilcommon in the barony of Kilmain, and on the west by the townlands of Gorralugh and Knockanroe. The property of A. Crean Lynch Esq., Holly Brook House. There are three ancient forts in this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir ar an teorainn thuaidh, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear na trí lios sa tuaisceart chomh maith (M308729, M311727 agus timpeall M308727). Reáchtálann an Róba anoir ar an teorainn theas; reáchtálann sruthán anoir aduaidh chuige ar an teorainn thiar.

Is minic a luaitear *áth* "ford" (*DIL* sv.) leis an bhuneilimint *béal* "edge, rim; mouth of cavity, orifice, opening" (*DIL* sv. *bél*II(a)), "mouth.. opening, approach, access to/of" (*IPN* 27-28) i logainmneacha: "Very frequently, *béal* is coupled with *áth*, at its simplest in Bealaha, Co. Clare, Béal Átha, 'mouth of the ford'... and Bellacorick, Co. Mayo, Béal Átha Chomhraic 'mouth of the ford of the confluence'" (*ibid*. 28).[7] Tá *béal átha* cáilithe anseo ag iolra den fhocal *damh* "an ox; a stag" (*DIL* sv. 1*dam*I,II).

[7] Is rian d'úsáid an logainm sa tuiseal tabharthach, is cosúil, seachas léiriú ar alt lárnach báite, atá sa séimhiú ar an eilimint *comhrac*.

Áiríodh an baile ferainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: Sessiagh, b'fhéidir.

Boleybeg	An Bhuaile Bheag	
M276724; 101, 111	*"the little booley"*	
1. Leighcarrownabollybeggy	CPR Jas I 64a	1605
2. Ballybegg	CPR Jas I 372b	1618
3. Bolybegg, qr of	Strafford Inq. §115V	1635
4. Bollybegg, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
5. Lecarrowbolybegg, ½ qr in	Strafford Inq. §136V	1635
6. Ballibegg [two] ½ qrs.	BSD 69	1661
7. Boulybegg	ASE 226a	1670
8. Banlybeg	CRL 2A.3.16, 138a	1710c
9. Ballybegg	QRL 2A.6.70, 511	1787
10. Boulybeg	Bald	1830
11. Boolabeg	ST (ALSO)	1838
12. Boolabeg	Litir Eolais (ALSO)	1838
13. Boolybeg	T O'C (ALSO)	1838
14. Boleybeg	J O'D (ALSO)	1838
15. Buaile beag	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
16. Buaile bheag "little Booley or dairy place"	J O'D (ALSO)	1838
17. ˌboliˈbɛg	TC2, TC3	2009

"It contains about 439 acres [432a. 2r. 37p.]... including about 16 acres of water, about 39 acres of bog and 50 acres of planting. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Cloonaugh and east by Devlin, Knockbrack, Carrowmore and Leananabull, on the south by the Parish of Kilcommon in the parish of Kilmain, on the west by Parknagulle, Clonkeen, Derryfad Uooer and Derryfad Lower. The property of A. Crean Lynch Esq., Holly Brook House. Holly Brook House is in the south end of this townland. There is a triangulation station in south end also called Hollybrook and another in [the] north end called Loughdeen..." (*ALSO*). Léirítear an teach mór, agus cuid plandála thart air, i ndeisceart na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí, ceart go leor, agus é suite gar don Róba a reáchtálann anoir aduaidh go lúbach ar an teorainn theas. Léirítear leath theas na roinne, agus iomlán Cloonkeen agus

Curraghaderry siar uaidh, mar dhiméin. Tá *Lough Deen* (*sic*) ar an teorainn thiar thuaidh le Derryfadda Lower agus Derryfadda Upper.[8]

Is í *buaile* "cow-house, byre; cattle-pen; (temporary) cattle fold, booley at times of summer pasturage; yard, enclosure" (*DIL* sv. 1*búaile*(a,b)), "milking place in summer pasturage; fold, enclosure; small grazing field" (*Ó Dónaill*) an bhuneilimint san ainm seo, is léir. "[*Buaile*] is used to describe any area set aside for the tending of cattle and is usually translated simply as *milking-place*. In a special sense it is associated with the summer, upland pastures to which cattle were transferred, sometimes accompanied more or less by the entire family..." (*IPN* 35-6). Tá bailte fearainn eile darb ainm Boleybeg i nGaillimh, Cill Dara agus Laois (*Census 1851*).

Cappagh North	An Cheapach Thuaidh	
M290766; 101	"*the tillage plot, north*"	
1. Cappagh and Derhadda... 2 qrs	CBC 94	1585
2. kappagh and Derradda... 2 qrs	CBC 101	1585
3. Keppagh 1 qr	CPR Jas I 581b	1611
4. Cappagh	Inq. ME II.235	1617
5. Cappagh, 1 qr of	Strafford Inq. §§130V, 152V	1635
6. Cappagh 1 qr.	ASE 275a, 277a	1683
7. Cappagh 1 qr.	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
8. Cappagh	Garret O'Moore Maps 30	1721c
9. Cappagh 1 qr.	QRL 2A.6.70, 560	1787
10. North Cappagh	Tithe App. Book §62	1824
11. Cappogh	Bald	1830
12. Cappagh North	Litir Eolais (ALSO)	1838
13. Cappagh North	ST (ALSO)	1838
14. Cappogh	?T O'C (dúch; ALSO)	1838
15. Cappagh North	T O'C (ALSO)	1838
16. Ceapach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
17. Ceapach "a plot of land"	J O'D (ALSO)	1838

[8]

1. Loughdeem Bog	Tithe App. Book §62	1824
2. L. Deem	Bald	1830
3. lɔˈdʒiːm	TC4	2009

18. ˈkjapə	TC4	2009
19. ˈkapə	TC2, TC3	2009

“It contains about 117 acres [116a. 3r. 31p.]... including about 60 acres of bog [in the north]. [Situated] in the north east side of the parish. Bounded on the north by the parish of Mayo, on the east by Cunloghfad, on the south by Cappagh South and on the west by Baureel. The property of Peter Brown, Copenhagin [*sic*]” (*ALSO*). Léirítear grúpa beag tithe in oirdheisceart na roinne seo, agus cúpla teach san oirthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Is í *ceapach* “Orig. piece of ground where trees have been felled; ‘a plot of ground laid out for tillage’” (*DIL* sv. *ceppach*), “tillage-plot” (*DUP* 150 sv., Ó Maolfabhail 1990, 89 sv. *An Cheapach* / Cappagh) an bhuneilimint anseo. Tá breis agus 50 baile fearainn darb ainm Cappagh sna ceithre cúigí (*Census 1851*); is fairsinge i lár agus in iarthar na tíre iad (O’Connor 2001, 40). Tá samplaí i mbarúntachtaí Cheara agus Choistealach. Féach fosta samplaí ar nós Cappanaglogh < *Ceapach na gCloch* i mbarúntacht Thír Amhlaidh agus Cappanacrehy < *Ceapaigh na Creiche* i mbarúntacht an Rois.

Ní úsáidtear na cáilitheoirí *North, South* go háitiúil.

Cappagh South An Cheapach Theas

M291758; 101 “*the tillage plot, south*”

1. South Cappagh	Tithe App. Book §62	1824
2. Cappagh South	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Cappagh South	ST (ALSO)	1838
4. Cappogh	?T O’C (dúch; ALSO)	1838
5. Cappagh South	T O’C (ALSO)	1838

“It contains about 126 acres [124a. 3r. 25p.]... including about 62 acres of bog [in the west agus south]. [Situated] in the east central part of the parish. Bounded on the north by Cappagh North, on the east by Cunloughfad, Clogherbeg, Cloghermore and Drimshunnaghmore, on the south Pouldrien, and on the west by Maltpool and Baureel. The property of Mr. Jno. Fitzgerald, Cappagh South” (*ALSO*). Léirítear *Cappagh House*, agus cuid tithe eile, suite in oirthuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Cappagh North, thuas.

Carrowkeel	An Cheathrú Chaol	
M291723; 101, 111	*"the narrow quarter"*	
1. Carowkeele	Inq. ME II.243	1617
2. Carrowkeile	CPR Jas I 372b	1618
3. Ulick Fleming of Garvalagh... Garvallaghmore... half cartron of Gortboy, [9] parcel of Carrowkeele	CPR Jas I 394a	1618
4. 1/6 gnive in Carrowcoyle Cloydrumnehagh[10]	Strafford Inq. §115V	1635
5. 1/6 gnive in Carrowkoyle Cloydrumnehagh	Strafford Inq. §115V	1635
6. Carrowkeele, qr of	Strafford Inq. §120	1635
7. Carrowkeele, Clonecrosse[11] and	Strafford Inq. §120	1635

[9] Luaite céad bliain níos moille sna foinsí:

1. Carro Gortboy	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
[10] 1. Cloydromhagh	CPR Jas I 81b	1605
2. Lissetrim	Inq. ME II.243	1617
3. qr of Cloidroomagh alias Lishanbooly and one gnive called Lissetrim	CPR Jas I 394a	1618
4. 1/6 gnive in Carrowcoyle Cloydrumnehagh	Strafford Inq. §115V	1635
5. 1/6 gnive in Carrowkoyle Cloydrumnehagh	Strafford Inq. §115V	1635
6. Claydruymagh or Claydrimnagh	ASE 238a	1677
7. Carrowcoyleclydruma	ASE 255b	1678
8. Claydrinnagh	CRL 2A.3.16, 145b	1710c
9. Drumneha 1 qr., Carrowcoyle als	CRL 2A.3.16, 147a	1710c
10. Claydrinagh	QRL 2A.6.69, 549	1787
11. Drumneha, Carrowcoyle als	QRL 2A.6.70, 554	1787
[11]1. Cloinnegrosse	Fiants Eliz. §5458	1590
2. Will. Granna McMarcus Fleminge of Clownegrosse... ⅔ qrs in Clownegrosse	CPR Jas I 81b	1605
3. Clonecrosse, the qr	Strafford Inq. §120	1635
4. Clonecrossse and Carrowkeele	Strafford Inq. §120	1635
5. Cloonegrosse, 4 gnives in	Strafford Inq. §120V	1635
6. Cloonegrosse, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635

8. Carrowkeele, 4 gnives in	Strafford Inq. §120V	1635
9. Carrowkeele, 1 cartron of	Strafford Inq. §130V	1635
10. Carrowkell [1 qr.]	BSD 69	1661
11. Carrowkeele ½ qr. and ⅛ qr	BSD 70	1661
12. Carrowkeele qr.	ASE 103a	1666
13. Carrowkeele	ASE 226a	1670
14. Carrowkeele ½ qr als Carrowcoyle, Claydruymagh or Claydrimnagh	ASE 238a	1677
15. Carrowcoyleclydruma	ASE 255b	1678
16. Coyle ½ qr; qr of Carrowkeel	CRL 2A.3.16, 140b-141a	1710c
17. ½ qr of Carrowkeele als Carrowcoyle, Claydrinnagh	CRL 2A.3.16, 145b	1710c
18. Carrowkeele 1 qr.	Reg. Deeds Lib. 6, 349 §2247	1711
19. Carrowkeele 1 qr.	Reg. Deeds Lib. 28, 493 §18481	1721
20. Carrowkeel	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735

---

7. Cloanegrosse 4 gneeves	BSD 69	1661
8. Clonegrossy 4 gneeves	ASE 241b	1677
9. Clonycrosse	Forfeit. Estates 375	1703
10. Garulamore ½ qr.; Clonegrossy 4 gnee... qr of Garruloghbegg	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
11. Clonycrosse	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
12. Cloonegrosse 4 gneeves	Reg. Deeds Lib. 6, 350 §2249	1711
13. Clonycrosse	Reg. Deeds Lib. 11, 307 §4601	1713
14. Cloonagrosse	Garret O'Moore Maps 31	1721c
15. Garrurlamore ½ qr. in Clonegrossy; 4 gnees [in the] qr of Garrulaghbeg	QRL 2A.6.70, 538	1787
16. Cloonycross als Garralagh	QRL 2A.6.70, 582	1787

Léirítear foirm 14 suite ó dheas de Drumshinnagh. "*Clu[]n na gCros* holy well on the lands of Garbhlagh [or Garravlagh townland] on Lord Sligo's Estate [comprises] a remarkable square stone with a hole made in the end of it" (nóta ar chúl *ALSO* B443). Luaitear an roinn seo a leanas le *Cluain na gCros* i gcuid cásanna:

1. Corneskehy	Inq. ME III.411	1696
2. Gorneskehy	Forfeit. Estates 375	1703
3. Gortnaskehy	Reg. Deeds Lib. 11, 307 §4601	1713
4. Gortneskehy	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
5. Gortneskey	QRL 2A.6.70, 582	1787

21. Carrowkeele	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739
22. Coyle ½ qr; qr of Carrowkeele	QRL 2A.6.70, 525	1787
23. qr of Carrowkeele als Carrowcoyle, Claydrinagh	QRL 2A.6.69, 549	1787
24. Carrowkeel	Tithe App. Book §62	1824
25. Carrowkeel	Litir Eolais (ALSO)	1838
26. Carrowkeel	ST (ALSO)	1838
27. Carrowkeel	T O'C (ALSO)	1838
28. C-adh caol	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
29. Ceathramhadh caol "narrow quarter"	J O'D (ALSO)	1838
30. ˌkarəˈki:l	TC4	2009

"It containa about 147 acres [146a. 3r. 8p.]... including about 60 acres of bog [in the south east]. [Situated] on the south side of the parish. Bounded on the north by Carrowmore, on the east by Currantavy and Gorrulough, on the south by the parish of Kilcommon and on the west by Taugheen East and Leananabull. The property of A. Crean Lynch Esq., Holly Brook. There is a Roman Catholic Chapel in north west end of this townland called Taugheen Chapel" (*ALSO*). Reáchtálann an Róba aduaidh ar theorainn thoir theas na roinne. Léirítear an séipéal comhaimseartha, agus cuid tithe, suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas ar na teorainneacha thiar agus thuaidh. Léirítear grúpa beag tithe san iarthar. Léirítear lios ar an teorainn thuaidh le Carrowmore (M289732; scriosta ag bóthar, is cosúil).

Is spéisiúil mar a sheasann *Coyle* mar logainm as féin i gcuid de na foirmeacha thuas. Thiocfadh linn na foirmeacha seo a léamh mar fhianaise den substainteach *caol* "wattling; narrow part of things...; strait, narrow, 'stream flowing though a marsh', O'Don. Suppl...." (*DIL* sv.), "narrow water" (*Ó Dónaill*). Is féidir, áfach (i) gur leagan giorraithe, cóipeálaithe den litriú *Carrowcoyle* é nó (ii) gur leagan giorraithe mí-scríofa é den ainm comhroinne *Cloydrumnehagh* (*et var*.). Mar sin de, moltar *caol* "thin, slender, narrow" (*DIL* sv. *cáel*I) mar eilimint cháilithe.

Tá corradh agus 60 baile fearainn darb ainm Carrowkeel sa tír, amanna le cáilitheoirí Béarla; tá 13 díobh sa chontae seo féin (*Census 1851*). Ní léir an roinn lenar áiríodh an baile fearainn seo mar cheathrú di, tráth: Ahena, b'fhéidir.

Carrowmore	An Cheathrú Mhór	
M286731; 101	*"the big quarter"*	
1. Carowmore	Inq. ME II.245	1617
2. Carrowmore 1 qr in	Strafford Inq. §120V	1635
3. Carrowmore, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
4. Wast Mosse in comon to Tumsallagh, Aghenagh, Carromore and Clonekeeve	BSD 69	1661
5. Carrowmore 1 qr.	BSD 70	1661
6. Carrowmore	Reg. Deeds Lib. 6, 349 §2247	1711
7. Carrowmore	Reg. Deeds Lib. 28, 493 §18481	1721
8. Carrowmore	Tithe App. Book §62	1824
9. Carrowmore	Bald	1830
10. Carrowmore	ST (ALSO)	1838
11. Carrowmore	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Carrowmore	T O'C (ALSO)	1838
13. Carrowmore	?J O'D (dúch; ALSO)	1838
14. Cethramhadh mór	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
15. Ceathramhadh mhór "great quarter"	J O'D (ALSO)	1838
16. ˌkarəˈmoːr	TC2, TC4	2009

"It contains about 145 acres [144a. 3r. 23p.]... including about 23 acres of bog. [Situated] in the south west part of the parish. Bounded on the north by Devlin and Ahena, on the east by Grallough and Lisrobert, on the south by Carrowkeel and Leananabull, and on the west by Boolabeg and Knockbrack. The property of C. D. Brown Esq., of Brown Hall" (*ALSO*). Léirítear tithe le hais bóthair a reáchtálann aneas ar theorainn thoir na roinne, agus cuid bheag tithe scaipthe i lár an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios sa deisceart (M285726).

Féach samplaí den ainm coitianta seo faoi Carrowmore i bparóiste Chrois Bhaoithín, thuas. Is féidir gur áiríodh an baile fearainn áirithe seo mar cheathrú de Ahena, tráth.

Clogher Beg	An Clochar Beag	
M299760; 101	*"the (place of the) stone building, small"*	
1. Clogher, Wm. McAdam of	Fiants Eliz. §5458	1590
2. Clogher Mc Adam, Rich. Mc Adam of	Inq. ME II.245	1617
3. Cloghermcadam, McAadam of	CPR Jas I 394a	1618
4. CloghermcAdam, 2 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
5. Clogher mc Adam, castle and bawn [and qr] of	Strafford Inq. §142V	1635
6. Clogher mc Adam, castle and bawn [and qr] of	Strafford Inq. §152V	1635
7. (?)Anthony Garvey of Clogher	TCD 1641 Dep. MS 831 fol. 171r	1642
8. Clougher McAdam	BSD 68	1661
9. Bog in comon with Clonadinner, Drumshannagh and Clougher McAdam	BSD 70	1661
10. ClohermAdan [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
11. CloghermcAdam 1 qr.	ASE 238a	1677
12. Clogher McAdam 1 qr.	CRL 2A.3.16, 145b	1710c
13. Clougher	Garret O'Moore Maps 30	1721c
14. Cloghermacadam & Cloondinere 2 qrs	Reg. Deeds Lib. 80, 176 §55407	1734
15. Cloghermacadame	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
16. Clogher McAdam	QRL 2A.6.69, 549	1787
17. Clogher-beg	Tithe App. Book §62	1824
18. Cloghar	Bald	1830
19. Clogherbeg	Litir Eolais (ALSO)	1838
20. Clogherbeg	ST (ALSO)	1838
21. Clogharbeg	?T O'C (dúch; ALSO)	1838
22. Clogharbeg	T O'C (ALSO)	1838
23. Clogherbeg	J O'D (ALSO)	1838
24. Clochar beag	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
25. Clochar beag "little stony land"	J O'D (ALSO)	1838
26. An Clochar Beag	www.logainm.ie	2005c

27. ˌklɔhərˈbɛg TC2, TC4, ME2 2009

“It contains about 127 acres [126a. 3r. 26p.]... including about 60 acres of bog [situated particularly in the north east]. Situated in the east side of the parish. Bounded on the north by Cappagh South and Cunloughfad, on the east by the parish of Crossboyne, on the south and west by Cloonkeeghaun and Cloghermore. The property of James Brown Esq., Claremount” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas trí lár thuaidh na roinne, agus cúpla teach i lár an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach nóta ar an bhuneilimint *clochar* “o, [n.]... stony place” (*DIL* sv.), “stony ridge; stone building” (*Ó Dónaill*) faoi Ballyclogher i bparóiste Bhalla, thuas.[12] Thagair sí sa chás seo, is cosúil, d’fhoirgneamh darb ainm *Clogher McAdam (in ruins)*, a léirítear suite gar do lár Clogher More, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí (M298752).[13] Go díreach, tugadh *Clochar Mhic Adaim*, ina bhfuil an bhuneilimint cáilithe ag an sloinne *Mac Adaim*, ar an dá roinn seo mar aon, ar feadh i bhfad (foirmeacha 2-11, 13-5): “This [sur]name has several origins in Ireland. In Co. Cork it was an Irish patronymic, *Mac Adaim*, assumed by a branch of the Norman Barrys; in Co. Armagh it is a synonym of MacCadden, in Co. Cavan it can be for MacCaw; Ballymacadam in Clanmorris barony, Co. Mayo, locates a family there. This place-name occurs also in Kerry and south Tipperary” (MacLysaght 1985, sv. *Mac Adam*). Luaitear daoine dar sloinne “*mc Adam*” le *BallymcAdam*, a liostaítear le tailte sa bharúntacht seo, sa *Strafford Inq*. (§116) i 1635.[14] Ní léir ceartshuíomh *BallymcAdam*: ceantar Clogher Beg / Clogher More féin? Spéisiúil go leor, luaitear *McAdam* mar shloinne coitianta i Ballyguin agus Turlough i mbarúntacht Cheara, sna

[12] Tá 35 baile fearainn darb ainm Clogher sa tír; tá samplaí sa chontae seo i mbarúntachtaí Bhuiríos Umhaill, Iorrais, Cheara agus Chill Mheáin.

[13] Liostaithe in *Monuments* mar “building” (§101). “Named after one of its original possessors; he is said to have been a very cruel man and famous for his murderous acts” (*ALSO* B443 sv.).

[14]

1. Ballimacadam... 4 qrs	CBC 94	1585
2. Ballemacadam... 4 qrs	CBC 100	1585
3. Ballic Addam, Walter og McAddam of	Fiants Eliz. §5458	1590
4. Ballemcadam 2½ qrs	CPR Jas I 581b	1611
5. Gilleduff mc Adam - 5 gnives in BallymcAdam...	Strafford Inq. §116	1635
6. BallymcAdam, 1 cartron of	Strafford Inq. §116V	1635

hAinmleabhair. Féach fosta iar-roinn den ainm céanna (*Clochar Mhic Adaim*) faoi Ballymackeehola i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

Clogherduff	An Clochar Dubh	
M276757; 101	*"the black stony place"*	
1. Clogherduff	Tithe App. Book §62	1824
2. Clogherduff	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Clogherduff	ST (ALSO)	1838
4. Cloghardduff	T O'C (ALSO)	1838
5. Clogherduff	J O'D (ALSO)	1838
6. Cloghardduff	J O'D (dúch; ALSO)	1838
7. Clochar dubh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Clochar dubh "black stony place"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˌklahərˈd̪ˠf	TC4	2009
10. ˌklɔhərd̪ˠf	TC2	2009

"It contains about 52 acres [52a. 1r. 24p.]... including about 25 acres of bog [in the east and south]. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north by Coarsefield, on the east by Maltpool, on the south and west by Tavnagh. The property of James Brown Esq., Claremount " (*ALSO*). Léirítear grúpa líneach tithe suite gar do lár na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá an baile fearainn seo suite cúpla ciliméadar siar ó Clogher More / Clogher Beg agus is cosúil nach bhfuil sé gaolta leo.[15]

Tá an bhuneilimint *clochar* "o, [n.]... stony place" (*DIL* sv.). "stony ridge; stone building" (*Ó Dónaill*; féach tuilleadh faoi Ballyclogher i bparóiste Bhalla) cáilithe anseo ag an aidiacht *dubh* "black, swarthy, dark" (*DIL* sv. *dub*I).

[15] Murach go bhféadfaí a áiteamh gur chlúdaigh *BallymcAdam*, luaite faoi Clogher Beg thuas, na rannta seo uilig agus na rannta eatarthu chomh maith, tráth. Gach seans, áfach, gur áiríodh Clogherduff mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: féach cuid féidearthachtaí faoi *Ainmneacha Eile*, thíos.

Clogher More	An Clochar Mór	
M298751; 101	*"the (place of the) stony building, big"*	
1. Clougher John Burke...		
Clougher Walsh	Tithe App. Book §62	1824
2. Cloghermore	ST (ALSO)	1838
3. Cloghermore	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Clogharmore	T O'C (ALSO)	1838
5. Cloghermore	J O'D (ALSO)	1838
6. Cloghermore	J O'D (dúch; ALSO)	1838
7. Clochar mór	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Clochar mór "great clogher or stony place"	J O'D (ALSO)	1838
9. An Clochar Mór	www.logainm.ie	2005c
10. ˌklɔhərˈmoːr	TC2, TC4	2009

"It contains about 245 acres [244a. 3r. 36p.]... including about 72 acres of bog [in the south and west]. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Cappagh South and Clogherbeg, on the east by Cloonkeeghaun and Cloondinnere, on the south and west by Drimshunnaghmore and Cappagh South. The property of James Brown Esq., Claremount" (*ALSO*). Léirítear lonnaíocht scaipthe sa leath thuaidh den roinn seo, agus grúpa tithe suite sa lár theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear ballóga foirgnimh darb ainm *Clogher McAdam* suite gar do lár na roinne (M298752).

Féach tuilleadh foirmeacha ábhartha, agus nóta ar *Clochar Mhic Adaim* thuasluaite agus ar bhunús an ainm go ginearálta, faoi Clogher Beg thuas.

Cloonagh	(?)Cluain Átha	
M272741; 101	*"meadow of the ford"*	
1. Cloonaugh	Tithe App. Book §62	1824
2. Cloonagh	Bald	1830
3. Cloonaugh	ST (ALSO)	1838
4. Cloonaugh	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Cloonagh	T O'C (ALSO)	1838
6. Cloonagh	?J O'D (dúch; ALSO)	1838
7. Clúnach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838

8. Clúnach “meadow lands”	J O’D (ALSO)	1838
9. klu:nˈɑ:	TC1, TC4	2009

“It contains about 301 acres [301a. 2r. 2p.]... including about ½ acre of water and about 195 acres of bog [in the west and south]. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Gortaleffaun, Rosseraun and Knockagraphy, on the east by Ahena, on the south by Boulabeg and Devlin, on the west by Derryfad Lower and Oury. The property of James Brown Esq., Claremount” (*ALSO*). Léirítear grúpa líneach tithe suite le hais bóthair in oirthuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lochán darb ainm *Lough Shea* ar an teorainn theas; reáchtálann sruthán aduaidh chuige ar an teorainn thoir.

Is forbairt í *cluanach* ó *cluain* “meadow, pasture-land, glade” (*DIL* sv. 1*clúain*), “a fertile piece of land, a green arable spot [near bog or water]” (*Joyce* i 233; féach fosta *PNI* 7, 21), “damp pasture, untilled field” (Kelly 1997, 614; féach Ó Cearbhaill 2010, 17-9); ní léir go conclúideach cé acu ciall chnuasaigh, áitreabhach nó eile a bhíonn leis an iarmhír *-ach*, go minic. Tá tuairim is dhá scór baile fearainn ann, agus a mbunús i gConnachta, a bhfuil an chosúlacht orthu go bhfuil *cluanach* mar chéad mhír nó mar mhír aonair san ainm acu (*Census 1851*; Cloonagh nó *Cloonagh-*);[16] moltar leagan firinscneach de, de ghnáth (cf. Cloonaghduff i bparóiste Chill Cholmáin thuas).[17]

I bhfianaise an fhuaimnithe reatha (foirm 9), áfach, moltar bunús eile ar fad anseo: *cluain* cáilithe ag *áth* “ford” (*DIL* sv.).[18] Is cosúil gur bunaithe ar fhanaise scríofa, amháin, atá foirmeacha 7-8. Maireann an chaolfhéidearthacht, mar sin féin, is dóiche, gur bogadh déanach i mbéim an ghutha is bun leis an fhuaimniú reatha.[19]

---

[16] Fainic: tá *Cluain Each* socraithe mar bhunfhoirm Cloonagh i dTiobraid Árann (*L. Log*. 51).

[17] Cuid eile: samplaí de Cloonagh i mbarúntachtaí Mhuraisce agus Cheara; Cloonaghduff agus samplaí de Cloonaghmore i mbarúntacht Cheara; Cloonaghmanagh i mbarúntacht Mhuraisce; agus Cloonaghbeg and Knockegan agus Cloonaghmore i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

[18] Ar an fhuaimniú reatha, ní dóiche liom gur gá an sanas *Cluain Each* a chur san áireamh; cf. Glenagh < *Gleann Átha*, [ˌglɛnˈɑ:], i mbarúntacht Thír Amhlaidh.

[19] Is léir gur shainghné de Ghaeilge oirthear Mhaigh Eo a bhí sa chlaonadh béim an ghutha ar chur shiolla a raibh guta aiceanta ann (Dillon 1973 17.ii, *LASID* iii 351-363). Dálta Ghaeilge na Mumhan, “in words of more than one syllable, if the second is long, the stress is attached to the second syllable” (Dillon *ibid*.). Níor thug Dillon ach dornán samplaí agus an claonadh ginearálta faoi deara, ach tá suirbhé Wagner breac ballach le samplaí ábhartha ó oirthear Mhaigh Eo (*LASID* i §62 *passim*, agus *ibid*. iii 351-363, passim). Tugtar faoi deara go bhfuil guta fada i gceist i ngach cás. Féach samplaí den

Is féidir gur áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de Ahena, sna foinsí, ar feadh i bhfad.

Cloondinnaire	(?)Cluain Dinnéir	
M304745; 101	*"meadow of the dinner"*	
1. Clondiner... one qr	CBC 100	1585
2. Clonedinere, Carrownenure and	CPR Jas I 64a	1605
3. Cloondinner	Inq. ME II.279	1617
4. Cloonedyner, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
5. Cloonedyner, 1 qr of	Strafford Inq. §136	1635
6. Bog in Common with Drumshannagh, Garulabeg, Clonadinner and other &c.	BSD 70	1661
7. Cloondinner 1 qr.	BSD 70	1661
8. Moss in Common with Sessuagh, Clonadinner and others	BSD 70	1661
9. Bog in comon with Clonadinner, Drumshannagh and Clougher McAdam	BSD 70	1661
10. Clonedeneere 4 qrs	ASE 93b	1666
11. Clondyneare qr.	ASE 103a	1666
12. Clondeneare	ASE 226a	1670
13. Clonadinner	Hib. Del. Mayo	1672c
14. Cladinear als Clonlenroe [*sic*]	CRL 2A.3.16, 138a	1710c
15. Cloondiner	Reg. Deeds Lib. 6, 349 §2247	1711
16. Cloondiner	Reg. Deeds Lib. 28, 493 §18481	1721

---

fheiniméan seo i logainmneacha iarthar an chontae san Intreoir Sraithe. I gcomhthéacs an logainm atá idir chamáin, féach go háirithe samplaí a léiríonn bogadh béime go dara siolla nach bhfuil guta fada ann, tríd analach, is dóiche, ar nós iad seo a leanas: *timpeall* [tʲˈim'pul], *coinneall* [ku'Nul], *íseal* [i:'ʃul], *ascall* [as'gəl] (agus go leor eile: Ó Catháin 2002, 55-6). Thiocfadh linn, mar sin, *Cluanach* a mholadh mar bhunfhoirm le bogadh béime tríd analach sa chanúint dhéanach go dtí an dara siolla. Féach fosta an plé ar Derragh, fuaimniú reatha [dɛr'ɑ] i bparóiste Chill Mobhí i mbarúntacht Choistealach; moladh *Doire Each*, seachas *Doireach*, mar bhunfhoirm de sin, sa deireadh, áfach.

17. Cloondenier	Reg. Deeds Lib. 76, 315 §54592	1732
18. Cloondinere 2 qrs, Cloghermacadam &	Reg. Deeds Lib. 80, 176 §55407	1734
19. Cloondiner & Taunisallagh	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
20. Cloondiner	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739
21. Cladinear als Clontenroe	QRL 2A.6.70, 511	1787
22. Cloondinner	Tithe App. Book §62	1824
23. Clondinar	Bald	1830
24. Cloondinnere	Litir Eolais (ALSO)	1838
25. Cloondinnere	ST (ALSO)	1838
26. Cloondinnare	T O'C (ALSO)	1838
27. Cloondinnaire	J O'D (ALSO)	1838
28. Cloondinar	J O'D (dúch; ALSO)	1838
29. Clun dinneír	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
30. Cluain dinneír "lawn or meadow of the dinner"	J O'D (ALSO)	1838
31. ˌklunˈdʃineːr	TC4	2009
32. ˌklunˈdinər	ME2	2009

"It contains about 185½ acres [185a. 2r. 4p.]... including about 65 acres of bog [situated particularly in the south east and south west]. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Cloonkeeghaun, on the east by the parish of Crossboyne, on the south by Ballynew, on the west by Drimshunnaghmore and Cloghermore. The property of James Brown Esq., Claremount. There is an ancient fort in the south end of this townland" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe i lár thuaidh na roinne, agus cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir trí thuaisceart na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios suite gar don teorainn theas (M306742). Tá an lios, agus bunús lár agus lár theas na roinne, suite ar dhroim talaimh atá os cionn 60 méadar ar airde.

Is cosúil go bhfuil *cluain* "meadow, pasture-land, glade" (*DIL* sv. 1*clúain*), "damp pasture, untilled field" (Kelly 1997, 614; féach Ó Cearbhaill 2010, 17-9) cáilithe anseo ag an eilimint neamhchoitianta *dinnéar* "(Eng. or Romance loan-word)... repast, meal" (*DIL* sv. *dínér*). Más cruinn an sanas, is fianaise é an logainm seo go bhfuil tá an focal *dinnéar* in úsáid sa Ghaeilge le fada. Cf. Aghaloonteen < *Achadh Lóintín* "field of

the little store" i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Is de shraith níos déanaí iad ainmneacha ar nós *Ard na gCeapairí* / Ardnagappary i nDún na nGall (*IROL* 95 §17). Thiocfadh linn, b'fhéidir, forbairt ó *dinn* "height, hill; fortified hill, wall or fortified town, citadel, stronghold; stead, notable place; mansion, court" (*DIL* sv. *dind*), mar shampla leis an iarmhír *-ar* (cf. Ó Máille 1987), le hathmhíniú ar ball le *dinnéar*, a áiteamh. Féach fosta Clondinnery < *Cluain Dineara* i Muineachán (*L. Log*. 11): ní léir go conclúideach bunús an cháilitheora sa chás sin.[20]

Cloonkeeghan	Cluain Caocháin	
M305753; 101	"Caochán's *meadow*"	
1. Cloonkeeghane	Tithe App. Book §62	1824
2. Cloonkeighane	Bald	1830
3. Cloonkeeghaun	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Cloonkeeghaun	ST (ALSO)	1838
5. Cloonkeeghan	T O'C (ALSO)	1838
6. Cloonkeighan	?J O'D (dúch; ALSO)	1838
7. Clun caochan	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Cluain Caochan "Keeghan's lawn or meadow"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˌklunˈkiːhɑːn	CRB1	2009

"It contains about 83½ acres [83a. 0r. 34p.]... including about 9 acres of bog [in the north]. [Situated] in the east side of the parish. Bounded on the north by Clogherbeg, on the east by Crossboyne Parish, on the south by Cloondinnere and on the west by Cloghermore. The property of James Brown Esq., Claremount" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe in oirthuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá srutháin bheaga éagsúla ar theorainneacha thoir, thiar agus theas na roinne seo.

Leantar anseo den Donnabhánach (foirm 8) i dtaca leis an eilimint cháilithe: an t-ainm pearsanta *Caochán*. Liostaítear triúr fear den ainm seo sa Ghinealach Mór (*LMG* v 100 sv.). Féach áfach go bhfuil *caochán* ag *Ó Dónaill* sa chiall "marsh rill; boghole"; féach fosta an míniú "sruthán seascainn" ag Ó Domhnaill (1952, 189) i gcomhthéacs an ainm *Cnoc Átha Caocháin* gar d'Anagaire i nDún na nGall; is í

[20] Féach *Dinearnach*: leagan malartach den ainm pearsanra fireann *Díneartach* (*CGH* §160 a 1).

"streamlet" an chiall atá leis i Ros Goill (Ó Baoill 1978, 131).[21] D'oirfeadh na mínithe seo ar bhonn topagrafach sa chás atá idir chamáin, chomh maith, ach ní léir cé comh fadbhunaithe agus atá na bríonna seo sa teanga.

Tá Cloonkeaghan Commons i mbarúntacht Chill Mheáin den sanas céanna. Féach fosta Cloonkeehan East agus Cloonkeehan West i Ros Comáin (*Census 1851*).

Is cosúil gur áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de *Clochar Mhic Adaim* (féach faoi Clogher Beg, thuas), nó Cloondinnaire, ar feadh i bhfad, sna foinsí.

Cloonkeen	Cluain Caoin	
M272720; 111	*"(?)pleasant meadow"*	
1. Elonkyne [*sic*], McOnill of	Fiants Eliz. §4582	1584c
2. Clonkeene, ½ qr in	Fiants Eliz. §5865	1594
3. Clonkine ½ qr	CPR Jas I 287b	1614
4. Cloonekeene qr, half of	CPR Jas I 319a	1617
5. Cloonekyne, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
6. Cloankeane, 1 qr of	Strafford Inq. §154	1635
7. Wast Mosse in comon to Tumsallagh, Aghenagh, Carromore and Clonekeeve [*sic*]	BSD 69	1661
8. Cloonkeene 1 qr.	BSD 69	1661
9. Clonkeene	ASE 226a	1670
10. Clonkene	Hib. Del. Mayo	1672c
11. Clokeene	CRL 2A.3.16, 138a	1710c
12. Clokeene	QRL 2A.6.70, 511	1787
13. Cloonkeen	Bald	1830
14. Cloonkeen	ST (ALSO)	1838
15. Cloonkeen	Litir Eolais (ALSO)	1838
16. Cloonkeen	T O'C (ALSO)	1838
17. Cloonkeen	J O'D (dúch; ALSO)	1838
19. Clun caon	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
20. Cluain caoin "beautiful lawn or meadow"	J O'D (ALSO)	1838

[21] Forbairtí ón fhréamh *caoch* "one-eyed... purblind, dim-sighted" (*DIL* sv. *cáech*) sa bhrí "rud atá faoi cheilt", is dóiche. Tá *caochán* "one-eyed person, blind creature" ag *DIL* (sv. *cáechán*).

21. klu:n'ki:n TC2, TC4 2009

"It contains about 98 acres [97a. 3r. 4p.] including about 8 acres of plantation. [Situated] in the south west interior part of the parish. Bounded on the north, east and south by Boolabeg and on the west by Parknagullo, Curraghaderra and Derryfad Upper. The property of A. Crean Lynch Esq., Holly Brook [House]" (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; ba chuid de dhiméin *Hollybrook House* é in 1838 (féach faoi Boleybeg thuas). Tá lios in oirthear an bhaile fhearainn (M273722).

Tá *cluain* "meadow, pasture-land, glade" (*DIL* sv. 1*clúain*), "damp pasture, untilled field" (Kelly 1997, 614) cáilithe anseo ag *caoin* "fine, good, fair, beautiful, etc. Of persons *etc*." (*DIL* sv. 1*caín*), "gentle, mild, tender, kind; pleasing; unruffled, smooth, polished; delicate" (*Dinneen*), "pleasant" (Ó Maolfabhail 1990, 116 sv. *Cluain Caoin* / Cloonkeen, "pleasant meadow"), "pleasant, fair, smooth" (*DUP* 150 sv.).[22] Is féidir go mbeadh an chiall "smooth" inmholta i gcuid logainmneacha; cf. samplaí de *leathchaoin* "semi-smooth" faoi Cloonlagheen i bparóiste Bhaile Óbha i mbarúntacht Cheara (agus féach Drumkeen i bparóiste Chill Cholmáin, thuas).

Tá breis agus 30 baile fearainn den ainm seo sa tír, cuid acu le cáilitheoirí Gaeilge nó Béarla, agus tá samplaí eile i mbarúntachtaí Chlann Mhuiris agus Bhuiríos Umhaill sa chontae seo féin (*Census 1851*). Tá *Cluain Caoin* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí in Aontroim (*PNI* 4, 39; "pleasant/smooth meadow"), Muineachán (*L. Log.* 10), Uíbh Fhailí (*ibid.* 15), agus Luimneach (thuasluaite).

Coarsefield	An Gort Garbh	
M270762; 100, 101	*"the rough field"*	
1. Gortgarron [*sic*], 1 qr of	Strafford Inq. §136	1635
2. ⅓ qr of Gortvolloghbegg [sic] known by the names of: the gnive of Gortgarne; and the gnive of Gortrodane with a cornmill	Strafford Inq. §158V	1635
3. Gortgarrow ½ qr.	BSD 68	1661
4. Gortgarroe 1 qr.	BSD 68	1661

[22] Is ar éigean atá gá an eilimint ?*caoidhín* "little quagmire, marshy place" (Price 1983, 373 sv. Quigginroe agus 497 sv.; cf. *Ó Dónaill* sv. *caoth*) a chur san áireamh.

5. Gortgard	Hib. Del. Mayo	1672c
6. Gortgarive	ASE 275b	1683
7. Gortgarra ½ qr.	ASE 277a	1683
8. Gortgarrine 1½ qr.	CRL 2A.3.16, 140a	1710c
9. Gorrgarruffe 1 qr.	CRL 2A.3.16, 143b	1710c
10. Gortgarrow 1 gneeve	CRL 2A.3.16, 146a	1710c
11. Gortgarra ½ qr.	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
12. Gortgarrine ½ qr.	QRL 2A.6.70, 523	1787
13. Gorgarruffe 1 qr.	QRL 2A.6.70, 539	1787
14. Gortgarrow 1 gnee	QRL 2A.6.70, 551	1787
15. Coarsefield	Tithe App. Book §62	1824
16. Coarsefield	Bald	1830
17. Coarsefield	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Coarsefield	ST (ALSO)	1838
19. Gortarve of which Coarsefield is a translation	T O'C (nóta; ALSO)	1838
20. Coarsefield	T O'C (ALSO)	1838
21. Coarsefield	J O'D (dúch; ALSO)	1838
22. Gort gharbh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Gort gharbh "rough field"	J O'D (ALSO)	1838
24. ˈko:rsfi:ld	TC4	2009

"It contains about 204 acres [267a. 0r. 16p.]... including about 55 acres of bog [in the west and east]. [Situated] in the north extremity of the parish. Bounded on the north by the parish of Mayo, on the east by the townlands of Knockrickard, on the south by Tavnagh and Clogherduff and on the west by Cury [sic]. The property of John Grey, Claremorris. There is a triangulation station in this townland called Coarsefield" (*ALSO*). Léirítear teach mór agus cuid plandála thart air, agus cuid foirgneamh eile, suite i lár thoir na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear tithe eile suite gar do bhóthar i ndeisceart an bhaile fhearainn.

Tá an bhuneilimint choitianta *gort* "a field (of arable or pasture land)" (*DIL* sv.; féach tuilleadh faoi Gortanierin thuas) cáilithe anseo ag *garbh* "rough, rugged, coarse" (*DIL* sv. 1*garb*). Féach cuid samplaí inchurtha faoi Gortgarve i bparóiste Chrois Bhaoithín thuas. Tá Coarsefield eile i nGaillimh.

Cunlaghfadda	Cluain Locha Fada	
M293773; 101	*"meadow of the long lake"*	
1. Cloonelaghafaddae	Inq. ME II.245	1617
2. half-quarter of Cloonloghafadda		
... 2 gnives of Cloonloghafadda	CPR Jas I 394a	1618
3. Clonloghfadda, half qr of	Strafford Inq. §124V	1635
4. Clonelofadda, half qr of	Strafford Inq. §142V	1635
5. Cloonloghfadd, half a qr in	Strafford Inq. §152V	1635
6. Clonloghfadda ½ qr.	ASE 275b	1683
7. Cloonlafadda ½ qr.	ASE 277a	1683
8. Cloonlafadda ½ qr.	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
9. Cunlaghfada	Garret O'Moore Maps 30	1721c
10. Cloonlafadda ½ qr.	QRL 2A.6.70, 561	1787
11. Cloonloughfadd,		
Cloonloughfadd Healy	Tithe App. Book §62	1824
12. Cunlaghfada	Bald	1830
13. Cunloughfad	Litir Eolais (ALSO)	1838
14. Cunlaghfadda	T O'C (ALSO)	1838
15. Cunloughfad	ST (ALSO)	1838
16. Cunnloch fada	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
17. Cunnloch fada "long stubbles"	J O'D (ALSO)	1838
18. ˌkn̪lə'fad	CRB1	2009

"It contains about 329 acres [330a. 0r. 30p.]... including about 130 acres of bog [in the north and west] and about 28 acres of water. [Situated] in the north east extremity of the parish. Bounded on the north by the parish of Mayo, on the east by the parish of Crossboyne, on the south by Clogherbeg, and on the west by Cappagh South and Cappagh North townlands. The property of Mr. Patrick Kerwin, Dalgan Park" (*ALSO*). Léirítear grúpa líneach tithe suite sa lár theas thiar, agus tithe eile scaipthe tríd an roinn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá *Drumady Lough* ar an teorainn thoir (féach Drumady i bparóiste Chrois Bhaoithín); tá *Lough Nambrackkeagh* ar an teorainn thiar le Knockroe i bparóiste Mhaigh Eo.

Léiríonn na foirmeacha roimh an 19ú haois nárbh í *coinleach* "stubble, straw" (*DIL* sv. *connlach*), "stubble; stubble-field" (*Ó Dónaill*), "a stalk, a stump stubble... coinnleach (*Ros.*)... stubble-field, stalks left after reaping" (*Dinneen* svv. *connlach*,

coinnleach) an bhuneilimint anseo, ó cheart. Ba í *cluain* “meadow, pasture-land, glade” (*DIL* sv. 1*clúain*), “... a fertile piece of land, a green arable spot [near bog or water]” (*Joyce* i 233; cf. Ó Cearbhaill 2010, 17-9) an bhuneilimint anseo, sular bhain meititéis, nó athmhíniú, don ainm, go deireanach. Tá *cluain* cáilithe anseo ag *loch fada* a thagair, is léir, do *Drumady Lough*. Cf. *Baile Locha Fada Thiar* / Ballaghafadda West agus *Baile Locha Fada Thoir* / Ballaghafadda East, sa Chlár (www.logainm.ie).

Féach iar-roinn den ainm céanna faoi Ballintaffy, atá i dtuaisceart pharóiste Chill Cholmáin.

Curraghaderry	Currach an Doire	
M267720; 110, 111	“*the marsh of the thicket*”	
1. Curraghadthera	ST (ALSO)	1838
2. Curraghadthera	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Curraghaderra / y ?	T O’C (ALSO)	1838
4. Curraghaderry	J O’D (ALSO)	1838
5. Currach a doire	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
6. Currach a doire “moor of the oak-wood”	J O’D (ALSO)	1838
7. ˌko̯rəhəˈdɛri	TC4	2009

“It contains about 65 acres [65a. 0r. 28p.]... including about 23 acres of rough pasture. [Situated] in the south west side of the parish. Bounded on the north by Derryfad Upper and on the east by Cloonkeen, on the south and west by Parknagullo and Derryfad Upper. The property of A. Crean Lynch Esq., Holly Brook [House]...there is a triangulation station in the west side of this townland called Curraghad [*sic*]” (*ALSO*). Ní léirítear aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; áiríodh mar chuid de dhiméin *Hollybrook House* (féach faoi Boleybeg) é, in 1838. Léirítear cuid plandála i dtuaisceart agus iarthuaisceart an bhaile fhearainn.

Tá an bhuneilimint *currach* “later also currach... marsh, fen” (*DIL* sv. *cuirrech*), “wet bog, marsh” (*Ó Dónaill* sv. *corrach*), “a morass, a marsh, a bog; a turf bog (Mon.); a level, low-lying plain” (*Dinneen* sv. *corrach*) cáilithe anseo ag *doire* “io, probably neuter... an oak-wood; a grove, thicket” (*DIL* sv. *daire, doire*I,II); “an oak grove, a

wood, a thicket" (*Dinneen*).[23] Féach nóta ar inscne na heiliminte *doire* faoi Derry i bparóiste Chrois Bhaoithín; cf. fosta Derryfada Lower thíos.

Currantawy	Corr an tSamhaidh	
M293728;101, 111	*"the round hill of the sorrel"*	
1. Currintava	Tithe App. Book §62	1824
2. Currantavy	ST (ALSO)	1838
3. Currantavy	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Currantavy	T O'C (ALSO)	1838
5. Currantawy	J O'D (ALSO)	1838
6. Curran tsamha	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
7. Cur an t-samha' "round hill of the sorrel"	J O'D (ALSO)	1838
8. ˌkarənˈtavə	TC4	2009

"It contains about 60 acres [59a. 3r. 16p.]... including about 25 acres of bog [in the south and east]. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north by Carrowmore and Lisrobert, on the east by Gorralough, and on the south and west by Carrowkeel townlands. The property of A. Crean Lynch, Holly Brook [House]" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe, agus teach scoile, suite le hais bóthair a reáchtálann anoir ar theorainn thuaidh na roinne seo, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá méid mór bríonna le *corr*, "peak; angle, nook; hut, enclosure; pit, pool; conical or rounded hill" (cf. *PNI* 3, 32-3 sv. Corcreaghan) ina measc, ach is léir gurb í an bhrí dheireanach an ceann is coitianta i logainmneacha. Tá *corr* cáilithe anseo ag *samh* "sorrel" (*DIL* sv. ?3s*am*). Tá an leagan *samh* le sonrú san ainm Inishmacsaint < *Inis Maí Samh* i bhFear Manach (cf. *Onom. Goed*. sv. *Inis maige samh*), ach is é an leagan *samhadh* is coitianta i logainmeacha, ní áirítear anseo ach Knockatavy < *Cnoc an tSamhaidh* i Lú (*L. Log*. 12) agus Aghatamy < *Achadh an tSamhaidh* i Muineachán (*L. Log*. 3); féach tuilleadh ag *Joyce* (ii 342). Socraíodh ar *Lios an tSamhaidh* i gcás ainm baile poist Lissatava i mbarúntacht Chill Mheáin i 1989 (*GÉ* 124). D'fhéadfaí, *samh,* ginideach *samha* a léamh mar cháilitheoir san ainm Lissatava ar na foirmeacha stairiúla; d'fhéadfaí *samh* seachas *samhadh* a léamh ar fhoirmeacha 1 agus 6-7, thuas, chomh maith, agus an litriú *-y* i bhfoirmeacha 2-5 a léamh mar réadú ar fhorbairt

[23] Cf. "small thicket" (Ó Maolfabhail 1990, 157 sv. *An Doirín*).

canúna, nó coinbhinsiún litrithe, ó [ə].[24] Ní léir sampla ar bith eile den leagan ginideach *samha*, áfach, agus moltar *samhadh*, ginideach *samhaidh*.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad: ní léir cé acu, áfach.

Derryfadda Lower	Doire Fhada Íochtarach	
M262733; 100, 101, 110	*"long thicket, lower"*	
1. Cappagh and Derhadda... 2 qrs	CBC 94	1585
2. kappagh and Derradda... 2 qrs	CBC 101	1585
3. Dirrefaddy 1 qr	CPR Jas I 581b	1611
4. Derrifaddae	Inq. ME II.235	1617
5. Derryfaddy, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
6. Derryfaddy, the qr of	Strafford Inq. §153V	1635
7. Derrefadda 1 qr.	BSD 69	1661
8. Derefada	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Deryfadda 1 qr.	ASE 275a	1683
10. Derrefadda 1 qr.	CRL 2A.3.16, 139b, 146a	1710c
11. Derrefadda	CRL 2A.3.16, 153b	1710c
12. Derryfada	Reg. Deeds Lib. 18, 33 §8256	1716
13. Derryfadda 1 qr.	QRL 2A.6.70, 518, 550	1787
14. Derryfadda	QRL 2A.6.70, 583	1787
15. Derryfadd	Tithe App. Book §62	1824
16. Derryfoda	Bald	1830
17. Derryfad Lower	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Derryfad Lower	ST (ALSO)	1838
19. Derryfadda	Cess Book (ALSO)[25]	1838
20. Derryfadda	T O'C (ALSO)	1838
21. Doire fhada	J O'D (p.l.; ALSO)	1838

[24] Níl mórán fianaise ann, ar chor ar bith, go raibh feiniméan [i] < [ə] ag deireadh focail, a shamhlaítear le Gaeilge Mhaigh Eo go minic, le sonrú ar Ghaeilge oirthear Mhaigh Eo. Féach Ó Catháin (2002, 8 §§57-66, 10 §73, 14-5 §§112-16), mar shampla; féach tuilleadh air seo faoi Barnycarroll i bparóiste Chill Cholmáin thuas. Féach fosta Knockagraffy thíos.

[25] "Co. Cess Bk, D. Gibbons, Brookhills" (*ALSO*).

22. Doire fhada “long Derry or oak-wood”	J O’D (ALSO)	1838
23. ˌdɛrəfadˈloːwər	TC4	2009

“It contains about 306 acres [307a. 0r. 2p.]... including about 5 acres of water and 140 acres of bog [in the east and north west]. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by Oury, on the east by Cloonaugh and Boolabeg, on the south by Derryfad Upper and on the west by the parish of Robeen in the barony of Kilmain. The property of A. Crean Lynch Esq., Holly Brook [House]. There is a triangulation station in the south west end of this townland called Derryfad. Also an ancient fort in centre of the townland called Ballinlas Fort...” (*ALSO*). Léirítear áitribh i lár, lár theas agus iardheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lios darb ainm *Ballinlassa Fort* suite gar do thithe i lár na roinne (M262734). Tá *Lough Deen* ar an teorainn thoir theas le Derryfada Upper agus Boleybeg (féach faoi Boleybeg thuas).

Tá an bhuneilimint *doire* “io, probably neuter... an oak-wood; a grove, thicket” (*DIL* sv. *daire, doire*I,II); “an oak grove, a wood, a thicket” (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *fada* “long: of space or distance... ” (*DIL* sv. *fota, fata*). Féach nóta ar shéimhiú thúschonsain eiliminte ar lorg *doire* faoi Derry i bparóiste Chrois Bhaoithín; leagan firinscneach atá san ainm Curraghaderry (féach thuas).

Tá baile fearainn darb ainm Derryfadda < *Doire Fhada* i mbarúntacht Thír Amhlaidh: is féidir gur glacadh le *doire* mar ainmfhocal sa chás sin; sin, nó d’éirigh séimhiú túschonsan an cháilitheora coitianta san ainmneach tríd analach le húsáid rialta i gclaontuisil. Tá samplaí de Derryfadda sa Chlár, Gaillimh (*Census 1851*) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 73 sv. *Doire Fada*), agus cf. fosta Derryfad i nDún na nGall (*Census 1851*). Tá samplaí de Derradda < *Doire Fhada* i mbarúntachtaí Bhuiríos Umhaill agus Choistealach sa chontae seo, agus i Liatroim agus i nGaillimh (*Census 1851*).[26]

[26] Tá dhá shampla de Derryad in Uíbh Fhailí, agus tá a leaganacha Gaeilge socraithe mar *Doire Fhada* (*L. Log*. 22). Cf. dhá bhaile fearainn den ainm Derryadd in Ard Mhacha agus samplaí de Derryad i bhFear Manach, an Longfort, Gaillimh (*Census 1851*). Féach fosta Derradd san Iarmhí (*ibid*).

Derryfadda Upper	Doire Fhada Uachtarach	
M263726; 100, 101, 110, 111	*"long thicket, upper"*	
1. Derryfad Upper	Litir Eolais (ALSO)	1838
2. Derryfad Upper	ST (ALSO)	1838
3. Derryfadda	Cess Book (ALSO)	1838
4. Derryfoda	?T O'C (dúch; ALSO)	1838
5. Derryfadd Upper	T O'C (ALSO)	1838
6. ˌdɛrəfadˈo̤pər	TC4	2009

"It contains about 256 acres [256a. 0r. 14p.]... including about 7 acres of water and about 125 acres of bog [in the west, south and east]. [Situated] in the west side of the parish. Bounded on the north by Derryfad Lower, on the east by Boolabeg, on the south by Cloonken [sic], Curraghadthera and Parknagulloo and on the west by the Parish of Robeen in the barony of Kilmain. The property of A. Crean Lynch Esq., Holly Brook [House]" (*ALSO*). Léirítear áitribh le hais bóithre i lár agus tuaisceart na roinne seo, agus cuid bheag tithe aonair sa tuaisceart agus sa deisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear loch beag darb ainm *Lough Shell* in oirthear na roinne (*Lough Shell* ag *Bald*; "I could not find this name known": *T O'C*).

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Derryfada Lower, thuas.

Devlin	Duibhleann	
M279733; 101	*"(?)black place"*	
1. Devlin Beg	Lynch-Blosse Maps	1811
2. Devlin... Devlin-beg, Devlin-more	Tithe App. Book §62	1824
3. Devlin	Bald	1830
4. Devlin	Litir Eolais (ALSO)	1838
5. Devlin	ST (ALSO)	1838
6. Devlin	T O'C (ALSO)	1838
7. Devlin	J O'D (dúch; ALSO)	1838
8. Doibh lionn	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
9. Duibh linn	J O'D (ALSO)	1838
10. Duibh lionn "black pond"	J O'D (ALSO)	1838
11. ˈdɛvlən	TC2, TC4	2009

"It contains about 100 acres [100a, 1r. 10p.]... including about 65 acres of bog... [Situated] in the centre of the parish. Bounded on the north and east by Cloonaugh and Ahena, on the south by Knockbrack and Carrowmore and on the west by Boolabeg. The property of Sir F. B. Lynch, Black Rock, Dublin" (*ALSO*). Léirítear trí theach sa lár thuaidh, agus teach eile san oirdheisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear lochán darb ainm *Lough Shea* ar an teorainn thiar le Cloonagh agus Boleybeg.

Is spéisiúil go léifí consan coguasaithe, agus ní carballaithe, ar an *-nn* i bhfoirmeacha 8 agus 10. Maireann an fhéidearthacht, áfach, gurb é *linn* "of water: pool, lake" (*DIL* sv. 1*linn*(a)) réamhcháilithe ag *dubh* "black, swarthy, dark" (*ibid*. sv. *dub*I) an sanas anseo (cf. foirm 9): tá meascadh idir *linn* agus *leann* "drink, liquid; brew, ale, beer..." (*DIL* svv. *lend*, 2*linn*) seanbhunaithe go leor.[27] Is féidir, áfach, gur iarmhír shubstainteach atá i gceist le *-leann* anseo; shamhlófaí "áit dhocha" mar chiall le *Duibhleann*. Is ar éigean atá gá forbairt ó *dubh* móide *lann* "ā, f. land, ground, plot; house, buiding, esp. church" (*DIL* sv. 2*lann*) go *duibhleann* a chur san áireamh.

Féach go bhfuil *Duibhleann* socraithe mar bhunfhoirm Devlin i gContae Mhuineacháin (*L. Log*. 31); féach fosta *Garraí Dhuibhlinne* / Garradevlin sa chontae céanna (*ibid*. 35). Féach fosta Deelin Beg < *Duíleann* sa Chlár (www.logainm.ie). Tá *Duibhlinn* socraithe mar bhunfhoirm Devlin or Barr of Ballyconnell i nDún na nGall. Tá *Duibhlinn Thuaidh* agus *Duibhlinn Theas* molta mar bhunfhoirmeacha Devlin North agus Devlin South i mbarúntacht Mhuraisce ([ˈdevˊlˊiNˊ]; *BL* C504.1.242; 1968).

Is féidir gur áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de Ahena, sna foinsí, ar feadh i bhfad.

[27] "Somet. confused with 2*linn*... So usually in class. verse: *long Naoi ó gach linn do lionn*, from seas to sea..." (*DIL* sv. 1*linn*).

Drumshinnagh	Droim Sionnach	
M295746; 101	*"ridge of the foxes"*	
1. Dromshinagh	Inq. ME II.245	1617
2. Droomshinagh	CPR Jas I 394a	1618
3. Dromshinagh, qr of	Strafford Inq. §§142V, 152V	1635
4. Bog in common with Lisrobert, Dromshanagh, Perdrian and others &c	BSD 69	1661
5. Drumshannagh	BSD 70	1661
6. Bog in common with Drumshannagh, Garulabeg, Clonadinner and other &c.	BSD 70	1661
7. Bog in comon with Clonadinner, Drumshannagh and Clougher McAdam	BSD 70	1661
8. Drumshane [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
9. Drumshunagh 1 qr	ASE 239a	1677
10. Drimuhanagh 1 qr.	ASE 275b	1683
11. Drumshunagh 1 qr.	CRL 2A.3.16, 143b	1710c
12. Drumshinagh	Garret O'Moore Maps 31	1721c
13. Drimsinagh, John Deering of	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
14. Drumsenagh 1 qr., Ahena and	L. Blosse Papers 212 §103	1750c
15. Drumhumagh	QRL 2A.6.70, 539	1787
16. Drumseenough [*sic*]	Lynch-Blosse Maps	1811
17. Drimshunaughbeg, Drimshunnaugh McCasidy... Drimseenough	Tithe App. Book §62	1824
18. Drimshunnagh	Bald	1830
19. Drimshunnagh more	Litir Eolais (ALSO)	1838
20. Drimshunnagh more	ST (ALSO)	1838
21. Drimshinnagh	T O'C (ALSO)	1838
22. Druim sionnach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
23. Druim sionnach mór "ridge of the foxes, (big)"	J O'D (ALSO)	1838

24. bakˈfɔkz	TC2, TC3	2009
25. ˌdrn̈mˈʃinə	TC2, TC4	2009

“It contains about 173 acres [173a. 0r. 13p.]... including about 45 acres of bog [in the north west and south east]. [Situated] in the east interior part of the parish. Bounded on the north and east by Cloghermore, on the south by Drimshunnagh Lynch, and on the west by Pouldrien and Cappagh South townlands. The property of James Brown Esq., Claremount. There is an ancient fort in the north end of this townland” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóthair a reáchtálann anoir trasna lár na roinne, agus áitribh eile le hais mionbhóthair aduaidh sa lár theas den bhaile fearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios sa lár thuaidh (M294749): tá sé marcáilte mar “*cillín*” ar léarscáileanna reatha. Tá droim talaimh 60 méadar ar airde suite i ndeisceart Drumshinnagh agus tuaisceart Drumshinnagh (*Lynch*).

Tá an bhuneilimint *droim* “ridge, usually of elevated ground; hill” (*DIL* sv. *druim(m)*III) cáilithe anseo ag iolra de *sionnach* “a fox” (*DIL* sv. *sinnach*). Meastar go bhfuil iolra de *sionnach* “a fox” (*DIL* sv. *sinnach*) mar cháilitheoir sna hainmneacha Rinshinna agus Drumshinnagh i mbarúntacht Cheara, Drumshinnagh i mbarúntacht Ghaileang agus Cloonshinnagh i mbarúntacht Thír Amhlaidh. Tá Drumshinnagh eile i Sligeach (*Census 1851*). I gcás Cloonshinnagh < *Cluain Sonnaigh Thiar* i mbarúntacht Cheara, tá fianaise ann gurb é *sonnach* “o,m. (?orig. n.) an enclosure, palisade (of wood, metal or stone)” (*DIL* sv.), “paling, palisade, stockade” (*Ó Dónaill*) a cháiligh an bhuneilimint.

Drumshinnagh (*Lynch*)	Droim Sionnach (*Lynch*)	
M295739; 101	*“ridge of foxes (Lynch)”*	
1. Drimshunnagh Lynch	Litir Eolais (ALSO)	1838
2. Drimshunnagh Lynch	ST (ALSO)	1838
3. Drimshunnagh	T O’C (ALSO)	1838
4. Drumshinnagh etc.	J O’D (ALSO)	1838
5. Druim sionnach “ridge of the foxes”	J O’D (ALSO)	1838
6. ˌdrn̈mʃinəˈlïnʃə	TC4	2009

“It contains about 64 acres [64a. 1r. 26p.]... including about 14 acres of bog [in the east]. [Situated] in the west interior part of the parish. Bounded on the north and east by Drimshunnaghmore and Cloondinnere, on the south by Knockatoggart and

Lisrobert, on the west by Grallough and Pouldrien townlands. The property of Sir F. B. Lynch, Holly Brook [House]" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe sa leath thiar den roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Féach nóta ar bhunús an ainm seo faoi Drumshinnagh thuas. Tá an bunainm cáilithe ag sloinne sealbhóra: Francis Blosse Lynch, gach seans, a chónaigh in aimsir na Suibhéireachta Ordanáis i *Hollybrook House* i Boleybeg. Féach cuid mhór ar bhrainsí éagsúla an teaghlaigh seo, agus a gcuid tailte, ag www.landedestates.ie. "Lynch... is of dual origin. The Norman *de Lench* is the more numerous and important, being predominant among the 'Tribes of Galway'. The Gaelic *Ó Loingsigh* (*loingseach*, mariner) giving Lynch and Linchy, is the name of several small by distinct septs... Antrim-Down, Cavan, Clare, Cork and Tipperary" (MacLysaght 1985, 201 sv.).

Garravlagh An Garbhlach

M299727; 101, 111 *"the rough ground"*

1. Techayn... Garbulach [and] Cluaynbaub	CEPR vi 278	1412
2. Carrolaghmore... one qr	CBC 100	1585
3. Garrewllagh	CPR Jas I 81b	1605
4. Ulick Fleming of Garvalagh... Garvallaghmore... half cartron of Gortboy, parcel of Carrowkeele	CPR Jas I 394a	1618
5. Gortneeranahy, parcel of Garvallaghbegg	CPR Jas I 394a	1618
6. Garnlaghmore [*sic*]	Inq. ME III.411	1635
7. 1 gnive [called] Ottaboy[28] in the qr of Garvullaghmore; 3 parts in 4 divided in the qr of Garvullagh... 1 gnive called Towrine in the qr of		

[28]

1. Ughtaboie	Inq. ME II.229	1617
2. 1 gnive [called] Ottaboy in the qr of Garvullaghmore	Strafford Inq. §109	1635
3. Ultraboy 1 gneeve	BSD 69	1661
4. Oughtaboy 1 qr.	CRL 2A.3.16, 146a	1710c
5. Uitaboy one gneeve	Reg. Deeds Lib. 6, 350 §2249	1711
6. Oughtaboy 1 qr.	QRL 2A.6.69, 550	1787

Garvullaghbegg	Strafford Inq. §109	1635
8. 2 gnives called Knockanroe in the qr of Garvullaghmore	Strafford Inq. §120	1635
9. Garnlaghmore, ½ qr in	Strafford Inq. §120V	1635
10. 1 qr of Garvellaghmore; 1 qr of Garvellaghbegg	Strafford Inq. §130V	1635
11. ⅓ qr of Gortvolloghbegg [sic] known by the names of: the gnive of Gortgarne; and the gnive of Gortrodane with a cornmill	Strafford Inq. §158V	1635
12. Garvallaghbegg, a gnive called Gortnacrannagh in the town of	Strafford Inq. §158V	1635
13. Bog in comon with Garrulamore [&] Knockanroe... Garulamore ½ qr.	BSD 69	1661
14. Bog in common with Drumshannagh, Garulabeg, Clonadinner and other &c.	BSD 70	1661
15. Garulabeg 1 qr.	BSD 70	1661
16. Garrulamore ½ qr.... Garrulaghbegg qr.	ASE 241b	1677
17. Garrawlagh and Lisrebart 1 qr.	ASE 275b	1683
18. Garulamore ½ qr.; Clonegrossy 4 gnee... qr of Garruloghbegg	CRL 2A.3.16, 143a	1710c
19. Clonycrosse	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
20. James Lynch of Garrufflagh... Garraflugh Gegg [*sic*]	Reg. Deeds Lib. 6, 349 §2247	1711
21. D. Browne of Garruflagh... Garrinhighmore [*sic*] ½ qr	Reg. Deeds Lib. 6, 350 §2249	1711
22. Garrulaghbegg	Reg. Deeds Lib. 28, 493 §18481	1721
23. Garrulughbegg	Reg. Deeds Lib. 76, 315 §54592	1732
24. Garrowloghbegg	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739
25. Garrurlamore ½ qr. in Clonegrossy; 4 gnees [in the] qr		

of Garrulaghbeg	QRL 2A.6.70, 538	1787
26. Cloonycross als Garralagh	QRL 2A.6.70, 582	1787
27. Garrowlough	Tithe App. Book §62	1824
28. Garralough	Bald	1830
29. Gorralough	Litir Eolais (ALSO)	1838
30. Gorralough	ST (ALSO)	1838
31. Garrow / iff ? lagh	T O'C (ALSO)	1838
32. Garravlagh	J O'D (ALSO)	1838
33. Garralough	J O'D (dúch; ALSO)	1838
34. Garbh lach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
35. Garbh lach "rough land"	J O'D (ALSO)	1838
36. ˈgarlə	TC4	2009
37. ˈgɑːlə	TC2	2009

"It contains about 294½ acres [299a. 0r. 39p.]... including about 150 acres of bog [in the north, west and south]. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the north by Knocktoggart, on the east by Ballynew, Gortnagranagher, Balladuff and Knockanroe, on the south by the parish of Killcommon in the barony of Kilmain and on the west by Carrowkeel and Currentavy townlands. The property of Lord Sligo, Westport House. There is an ancient fort in the north end of this townland in which there is a triangulation station called Garralough, 182 feet above the sea at low water" (*ALSO*). Léirítear grúpa tithe sa lár thuaidh, cuid tithe le hais bóthair a reáchtálann anoir trasna lár thuaidh na roinne, agus áitribh scaipthe sa lár, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá an lios suite sa lár thuaidh (timpeall M301730). Reáchtálann an Róba anoir ar an teorainn theas.

Tá an focal *garbhlach* "m. a rough place, road, etc." (*Dinneen*), "rough ground" (*Ó Dónaill*) cuimsithe den aidiacht *garbh* "rough, rugged, coarse" (*DIL* sv. 1*garb*) móide an iarmhír shubstainteach (chnuasaigh, áitreabhach) *-lach* (cf. *Joyce* ii 3). Tá *An Garbhlach* socraithe mar bhunfhoirm Garvlough i Liatroim (www.logainm.ie); ní léir go conlcúideach go fóill an bunús atá le Garvallagh i dTír Eoghain (*Census 1851*).

I dtaca le Cluain na gCros (foirmeacha 18b, 19, 25b), féach faoi Carrowkeel thuas.

Gortalavaun	Gort an Leamháin	
M269749; 100, 101	*"the field of the elm"*	
1. Gortaluffane	Tithe App. Book §62	1824
2. Gortaleffaun	ST (ALSO)	1838
3. Gortaleffaun	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Gortalooaun if not Gortaleffaun	T O'C (ALSO)	1838
5. Gortalavaun	J O'D (ceartú; ALSO)	1838
6. líomhaín	Foghrú (ALSO)	1838
7. Gort a liumhain "a kind of timber"	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
8. Gort a leamha // in: "field of the elms"	J O'D (ALSO)	1838
9. ˈgo̯rtəˈlavɑːn	TC4	2009

"It contains about 39 acres [39a. 1r. 21p.]... including about 22 acres of bog [in the west and south]. [Situated] in the north west interior part of the parish. Bounded on the north by Tavnagh, on the east by Rossoraun, on the south by Cloonaugh and on the west by Oury. The property of Lord Sligo, Westport House" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe in oirdheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá *gort* "a field (of arable or pasture land)" (*DIL* sv.), "a field or plantation, a corn-field and especially a field of oats" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag forbairt ón fhocail *leamh* "o, m. elm-tree" (*DIL* svv. 1*lem*, *lemán*). Cf. *Doire Leamhán* / Derrylavan i Muineachán (*L. Log*. 24); féach fosta Leo < *Leamh* i mbarúntacht Choistealach. Tá *Cnoc na Leamhán* socraithe mar fhoirm Ghaeilge Elmhill i nGaillimh (www.logainm.ie).

In ainneoin cuid fianaise d'ardú an chéad ghuta sa cháilitheoir sa Ghaeilge dhéanach (foirm 6), ní gá *líomhán* "gnashing, grating of teeth" (*DIL* sv. *límán*), "a file or rasp; a grindstone or wheatstone; al. gnashing, grinding, cutting" (*Dinneen*) a chur san áireamh.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: Oory, b'fhéidir. Tá an t-ainm ag titim i léig (*TC4*).

Gortnagranagher	Gort na gCrannachar	
M305733; 101	*"the field of the (?)wooded places"*	
1. Gortnegronegh	Inq. ME II.229	1617
2. Gortneeranahy, parcel of Garvallaghbegg	CPR Jas I 394a	1618
3. a gnive called Gortnacrannagh in the town of Garvallaghbegg	Strafford Inq. §158V	1635
4. Gortnagrantue Grantoge [*sic*] 2 gneeves	Reg. Deeds Lib. 6, 350 §2249	1711
5. Gortnagranliff [*sic*]	Tithe App. Book §62	1824
6. Gortnagranagher	Litir Eolais (ALSO)	1838
7. Gortnagranagher	ST (ALSO)	1838
8. Gortnagrannaghar	T O'C (ALSO)	1838
9. Gortnagranagher	J O'D (ALSO)	1838
10. Gort na granachar	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
11. Gort na gran:achar "field of the gravel"	J O'D (ALSO)	1838
12. ˌgo̯rtnəˈgranəhər	TC2	2009

"It contains about 32 acres [31a. 3r. 31p.]... including about 5 acres of bog [in the north west]. [Situated] in the south east interior part of the parish. Bounded on the north east and south by Ballynew and on the west by Gorralough. The property of Lord Sligo, Westport House" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe i bhfíordheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá srutháin éagsúla i ndeisceart an bhaile fhearainn.

Tá Rathgranagher (*Lyndsay*) / *Ráth Ghreanachair Íochtair* suite deich gciliméadar ó dheas den bhaile fearainn seo i mbarúntacht Chill Mheáin. Tá an bhunfhoirm Ghaeilge bunaithe, den chuid is mó, ar fhianaise na foirme *leathbhaile Rátha Grenncha* a luaitear sa *Seanchas Búrcach* (§11). Is féidir gur forbairt ó cheann amháin den dá fhocal *greann* "beard, hair, bristles" nó *greann* "shivering, quaking, a cold fit" (*ibid*. sv. 1,2*grend*) atá sa cháilitheoir ann: níl ceachtar díobh sin teastaithe in úsáid thopagrafach, áfach, agus moltar forbairt ó *greanach* "gravel" (*DIL* sv.

grenach).[29] Spéisiúil go leir, ní fheictear rian den iarmhír *-ar*, de chiall éiginnte (cf. Ó Máille 1987), i bhfoirmeacha stairiúla an ainm sin go dtí 1698 (*Ragranagher*).

Ní dóiche, áfach, gur féidir *Gort na Grean(n)cha* a léamh ar fhoirmeacha 1 agus 2a-3a thuas, ach *Gort na Cranncha* nó *Gort na gCrannach*, ina bhfuil *crannach* "ā, f.... also cran(n)cha... trees, grove, wooded place.. [used] of various objects made of wood... of some wooden obstacle or danger ot cattle" (*DIL* sv. *crannach*) mar cháilitheoir. Féach samplaí de *crannach* faoi Heath / *Crannaigh* i bparóiste Chrois Bhaoithín, thuas. Is féidir gur éirigh leagan iolra coitianta go luath sa 18ú haois (foirm 4); ní fheictear rian den iarmhír *-ar* go dtí aimsir na Suirbhéireachta Ordanáis.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile, sna foinsí, ar feadh i bhfad, is léir: Garravlagh nó Sessiagh, b'fhéidir.

Grallagh	An Ghreallach	
M290736; 101	*"the quagmire"*	
1. Grallagh	Tithe App. Book §62	1824
2. Grallough	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Grallough	ST (ALSO)	1838
4. Grallagh	T O'C (ALSO)	1838
5. Greallach	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Greallach "a miry place"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˈgralə	TC4	2009

"It contains about 24½ acres [24a. 3r. 21p.]... including about 6 acres of bog [in the east]. [Situated centrally... Bounded on the north by Polldryan, east by Drumshinnagh (Lynch) and Lisrobert, south and west by Carrowmore]. The property of James Brown Esq." (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe in iarthar, iarthuaisceart agus tuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Is í *greallach* "ā, f. swamp, bog, loamy land, mire" (*DIL* sv. 1*grellach*), "mire; slush, puddle; puddly ground... a quagmire" (*Ó Dónaill*) an bhuneilimint. Tá bailte

[29] Liostaítear an tríú focal *grend* le comhartha ceiste sa *DIL* (tagairt shamplach): "*grend Muman ó Charn co Cliu | immot breith assa Leith adiu; | grend Connacht a hEchtge úair | grend fer n◌ohÉrenn rahoen-uair*" (*Ériu* 130.33). Tá *greannach* teastaithe sa chiall "hairy, bristly, rough" (*ibid*. sv. *grendach*), agus maireann substainteach de mar fhéidearthacht: cf. *mongach* "a moor, moorland" < *mong* "a lock or tuft of hair" (*DIL* svv.). I dtaca leis an leagan ginideach stairiúil (*greanncha*), cf. *cranncha* < *crannach* agus *tulcha* < *tulach* (*DIL* svv.).

fearainn darb ainm Grallagh i mbarúntachtaí Choistealach, Ghaileang agus i mBaile Átha Cliath, Gaillimh, Ros Comáin (*Census 1851*), Port Láirge (*L. Log*. 35 sv. *An Ghreallach*) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 93 sv. *An Ghreallach*).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile ar feadh i bhfad, sna foinsí, is léir: ní léir cé acu.

Knockagraffy	Cnoc an Ghrafaidh	
M278748; 101	*"the hill of the grubbed land"*	
1. Knockagraffa	Tithe App. Book §62	1824
2. Knockagraphy	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Knockagraphy	ST (ALSO)	1838
4. Knockagraffy	T O'C (ALSO)	1838
5. Cnoc a ghrafaigh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Cnoc a ghrafaigh "hill of the grub, (pick-axe)"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˌnɔkəˈgrafi	TC2	2009
8. ˌnɔkəˈrafi	TC4	2009

"It contains about 49½ acres... including about 25 acres of bog. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Rossoraun and Rusheen, on the south by Ahena and on the west by Cloonaugh. The property of James Brown Esq., Claremount" (*ALSO*). Léirítear cuid áitreabh scaipthe i ndeisceart, iarthuaisceart agus oirthuaisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá cnoc 55 méadar ar airde in iardheisceart na roinne (M278748).

Tá *cnoc* "hill, mound" (*DIL* sv. *cnocc*(b)), "a hill, a height, a mountain" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag leagan finriscneach den fhocal *grafach*.[30]

Liostaíonn Ó Dónaill *grafa* mar fhoirm mhalartach de *grafadh* "grubbed [hoed] land". Tá an bunfhocal ag *DIL* mar *grafadh* "(agric. term) grubbing, taking off the surface of the lea", áfach. Thaifead O'Kane (1970, 87) na foirmeacha *An Ghrafadh* agus *An Ghrafaidh* den ainm Graffy i nDún na nGall; féach gur leagan firinscneach atá

[30] Ní féidir *grafa* (*Ó Dónaill*) leis an ghuta deiridh fuaimnithe mar [i(ː)], a mholadh, mar is beag fianaise atá ann, ar chor ar bith, den athrú [-ə] > [-i] ag deireadh focail i nGaeilge oirthear Mhaigh Eo. Féach tuilleadh air seo faoi Barnycarroll i bparóiste Chill Cholmáin thuas.

molta sna hainmneacha *Grafadh Beag* agus *Grafadh Mór* / Grafa Beg agus Grafa More, faoi seach, i bparóiste Oileán Éadaí i mbarúntacht Cheara (Imleabhar 5). Moltar iolra den bhuneilimint móide an iarmhír chnuasaigh nó áitreabhach *-ach* (*grafaigh*) i gcás Graffy i mbarúntacht Ghaileang (Imleabhar 9); moltar iolra inchurtha mar bhunfhoirm Graffy atá sa chuid sin de pharóiste Chill Dachomóg atá i mbarúntacht Cheara, chomh maith. Tá leagan uatha baininscneach, *Grafach* (ginideach *Ghrafaí*), socraithe mar leagan Gaeilge Graffagh i Muineachán (*L. Log.* 36, x). Féach tuilleadh forbairtí ó *grafadh* faoi Graffy i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (Imleabhar 1).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile ar feadh i bhfad, sna foinsí, is léir: Ahena, b'fhéidir.

Knockanroe	An Cnocán Rua	
M304725; 101, 111	"*the red hillock*"	
1. 2 gnives called Knockanroe in the qr of Garvullaghmore	Strafford Inq. §120	1635
2. Knockroenebarily, 3 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
3. Bog in comon with Garrulamore [&] Knockanroe... Knockanroe 2 gneeves	BSD 69	1661
4. Knockaneroe	Reg. Deeds Lib. 76, 315 §54592	1732
5. Knockaneroe	Reg. Deeds Lib. 6, 349 §2247	1711
6. Knockanroe	Reg. Deeds Lib. 28, 493 §18481	1721
7. Knockanroe	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739
8. Knockaneroe	Tithe App. Book §62	1824
9. Knockanroe	Litir Eolais (ALSO)	1838
10. Knockanroe	ST (ALSO)	1838
11. Knockanroe	T O'C (ALSO)	1838
12. Cnocán ruadh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
13. Cnocán ruadh "red hillock"	J O'D (ALSO)	1838
14. nɔkˈroː [*sic*]	TC4	2009

"It contains about 62 acres [61a. 3r. 38p.]... including about 27 acres of bog [in the east and south]. [Situated] in the south side of the parish. Bounded on the [north east, east and south east] by Balladaff and on the [south west, west and north west] by Gorralough. The property of A. Crean Lynch, Holly Brook [House]" (*ALSO*). Ní léirítear

aon áitreabh sa roinn seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Tá droim talaimh atá os cionn 50 méadar ar airde suite in iarthuaisceart na roinne.

Tá *cnocán* "little lump; mound, hill" (*DIL* sv. *cnoccán*), "a hillock, a height; a heap" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *rua* "lit. *red*, of a brownish or dark red... Freq. as sobriquet = red-haired, and in place-names" (*DIL* sv. *ruad*(a)). Tá *An Cnocán Rua* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Knockanroe i gCill Chainnigh (*L. Log*. 23), Port Láirge (*L. Log*. 23), Liatroim agus Corcaigh (www.logainm.ie), samplaí de Knockaneroe i gCiarraí, Corcaigh (*ibid*.) agus Tiobraid Árann (*L. Log*. 56), agus samplaí de Knockaunroe i Luimneach (*L. Log*. 30), Port Láirge (*L. Log*. 23) agus Gaillimh (www.logainm.ie).

Knockataggart	Cnoc an tSagairt	
M298735; 101	*"the hill of the priest"*	
1. Knockatoggart	Litir Eolais (ALSO)	1838
2. Knockatoggart	ST (ALSO)	1838
3. Cnoc a t-sagairt "hill of the priest"	J O'D (ALSO)	1838
4. Cnoc a tsagairt	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
5. Knockataggart	T O'C (ALSO)	1838
6. ˌnɔkəˈtagərt	TC2, TC4	2009

"It contains about 87 acres [87a. 0r. 38p.]... including about 37 acres of bog [in the east]. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north by Drimshunnagh Lynch, on the east and south by Ballynew and Gorralough, and on the west by Lisrobert. The property of James Brown Esq., Claremount. There is an ancient fort in the south west end of this townland" (*ALSO*). Léirítear grúpaí beaga tithe in iarthar agus i ndeisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios sa deisceart (M297733); tá sé suite, mar atá bunús an bhaile fhearainn, ar dhroim talaimh atá 50 méadar ar airde.

Tá *cnoc* "hill, mound" (*DIL* sv. *cnocc*(b)), "a hill, a height, a mountain" (*Dinneen*) cáilithe anseo ag *sagart* "priest... presbyter" (*DIL* sv. *sacart*). Tá bailte fearainn eile den ainm seo sa Chabhán agus i gCorcaigh (www.logainm.ie). Cf. fosta Fallataggart i mbarúntacht Thír Amhaidh (Imleabhar 8) agus *Illanataggart*, ceann d'Inse Mó (Imleabhar 2).

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile ar feadh i bhfad, sna foinsí, is léir: Garravlagh, b'fhéidir.

Knockbrack	An Cnoc Breac	
M279729; 101	*"the speckled hill"*	
1. Knockbrack, 3 cartrons in Edriall and	Strafford Inq. §118	1635
2. Cloughbrack, half a qr of Edriall and	Strafford Inq. §119	1635
3. Cloughbrack, half a qr of Edriall and	Strafford Inq. §119	1635
4. Clough Brack ½ qr.	BSD 77	1661
5. Cloghbrack 1 qr.	ASE 275b	1683
6. Cloghbrack or Knockbrack ½ qr	ASE 277a	1683
7. Cloghbrack ½ qr.	CRL 2A.3.16, 147a	1710c
8. Cloghbrack ½ qr.	QRL 2A.6.70, 555	1787
9. Knockbrack	Litir Eolais (ALSO)	1838
10. Knockbrack	ST (ALSO)	1838
11. Knockaunbrack	T O'C (ALSO)	1838
12. Knockbrack	J O'D (dúch; ALSO)	1838
13. Cnocan bhreac	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
14. Cnocan bhreac "speckled hill"	J O'D (ALSO)	1838
15. nɔkˈbrak	TC4	2009

"It contains about 23½ acres [23a. 2r. 25p.]... including about 2 acres of plantation. [Situated] in the south interior part of the parish. Bounded on the north by Devlin, on the east by Carrowmore, and on the south and west by Boolabeg. The property of A. Crean Lynch Esq., Hollybrook [House]" (*ALSO*). Léirítear cúpla teach i ndeisceart na roinne, agus iad suite le hais bóthair a reáchtálann aniar aneas ar an teorainn theas. Tá an baile fearainn seo suite ar thalamh atá idir 40-50 méadar ar airde.

Léirítear luaineacht idir *cnoc* agus *cloch* "stone, rock; a construction of stone, esp. fortress, castle, stronghold" (*DIL* sv. *cloch*(a,f)), "stone; rocky shore..." (*Ó Dónaill*) sna luathfhoirmeacha thuas; ní dóiche gur meancóg leanúnach chóipeála is cúis leis seo. Is féidir, leis, gur fhorbair leagan den ainm ina raibh cnocán sa Ghaeilge dhéanach (foirmeacha 11, 13-4), agus inar séimhíodh túschonsan na heiliminte cáilithe mar gheall ar úsáid rialta i gclaontuisil. I dtaca le húsáid na aidiachta *breac* "speckled, spotted; variegated; patterned, ornamented" (*DIL* sv *brecc*), speckled, dappled" (*Ó*

Dónaill) i logainmneacha, féach *Joyce* (ii 288): “As land, especially hill-sides or dry upland, often presents a speckled or spotted appearance, caused by different kinds of vegetation, or by the varying colours of the soil or of rocks, this word is of very frequent occurence...”.

Tá 43 baile fearainn den ainm seo sa tír; tá samplaí eile i mbarúntachtaí Bhuiríos Umhaill, Ghaileang, Thír Amhlaidh agus Choistealach sa chontae seo féin (*Census 1851*). Tá *An Cnoc Breac* socraithe nó molta mar an leagan Gaeilge de shamplaí in Aontroim (*PNI* 7, 156), Cill Chainnigh (*L. Log*. 24), Uíbh Fhailí (*L. Log*. 17), Tiobraid Árann (*L. Log*. 56) agus Port Láirge (*L. Log*. 24). Féach fosta Knockbrack East / *An Cnoc Breac Thoir* agus Knockbrack West / *An Cnoc Breac Thiar* i Luimneach (*L. Log*. 30).

Knockrickard	Cnoc Riocaird	
M274766; 101	“Riocard*’s hill*”	
1. Knockrickard, 1 qr of	Strafford Inq. §136V	1635
2. Knockrickard... ⅓ of a gneeve in this qr. called Teacarrow	BSD 68	1661
3. Knockrickand [*sic*]	CRL 2A.3.16, 153b	1710c
4. Knockruckard	QRL 2A.6.70, 583	1787
5. Knockrickard	Tithe App. Book §62	1824
6. Knockrickard	Litir Eolais (ALSO)	1838
7. Knockrickard	ST (ALSO)	1838
8. Knockrickard	T O’C (ALSO)	1838
9. Cnoc Riocard	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
10. Cnoc Riocard “Richard”s hill”	J O’D (ALSO)	1838
11. ˌnɔkˈrikərd	ME1, TC4	2009

“It contains about 48 acres [47a. 3r. 5p.]... including about 17 acres of bog [in the south]. [Situated] in the north side of the parish. Bounded on the north by the townland of Knockrickard in the parish of Mayo, on the east by Baureel, on the south by Maltpool and on the west by Coarsefield. The property of C. D. Brown, Brown Hall” (*ALSO*). Léirítear cúpla teach san oirthuaisceart, agus teach aonair san iarthar, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Tá an baile fearainn seo rannta idir an paróiste seo agus paróiste Mhaigh Eo. Liostaítear an dá leath mar bhailte fearainn astu féin san Innéacs Topagrafach (*Census*

1851); táthar ag plé leis an dá sciar mar rannta éagsúla sna foinsí ó bhí aimsir an *BSD* ann, ar a laghad. Tá breis agus 88 acra i sciar pharóiste Mhaigh Eo de; féach plé ar bhunús an ainm faoi Knockrickard sa pharóiste sin.

Lenanaboll	Léana na bPoll	
M287721; 111	*"the meadow of the (?)holes"*	
1. Leananaboll	Tithe App. Book §62	1824
2. Leananabull	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Leananabull	ST (ALSO)	1838
4. Leananaboll	T O'C (ALSO)	1838
5. Leine na b-poll	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Léine na b-poll "wet meadow of the holes"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˌlɛnəˈbo̝l	TC4	2009

"It contains about 86 acres [86a. 1r. 4p.]... including about 8 acres of bog. [Situated] in the south side of the parish. Bouned on the north and east by Carrowmore and Carrowkeel, on the south by Taugheen East, and on the west by the parish of Kilcommon and the townland of Boolabeg. The property of A. Crean Lynch Esq, Holly Brook [House]" (*ALSO*). Léirítear áitribh le hais bóithre i lár thiar, oirthuaisceart agus oirdheisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí; léirítear lóiste geata san iarthar, gar don teorainn le Boleybeg (agus diméin *Hollybrook House*: féach Boleybeg féin). Reáchtálann an Róba anoir aneas ar an teorainn thiar theas.

Is cosúil gur mar [lˊeːnˊə] a fuaimníodh an bhuneilimint *léana* "io, as fem. docum na léana... meadowland" (*DIL* sv. *lénae*), "m.... a meadow, swampy ground, a lawn, a field... also f." (*Dinneen*) sa Ghaeilge dhéanach, sa chás seo (foirmeacha 5-6).[31] Tá an eilimint *léana* coitianta tríd an tír, go háirithe in Ulaidh (*Joyce* ii 401). De réir Joyce is í an bhrí atá léi, de ghnáth, ná "a wet or swampy meadow - grassy land with a soft spongy bottom".

[31] Cf. an fhoirm *Ceathramhadh an léin:e* a scríobh Ó Donnabháin in iontráil Ainmleabhair i gcás Ballinlena i mbarúntacht Thír Amhlaidh (Imleabhar 8), agus *Léin:e mór* a scríobh sé i gcás Lenamore i mbarúntacht Choistealach (Imleabhar 10). Is féidir gurr bhain cuid luaineachta d'inscne na heiliminte seo go háitiúil; féach tuilleadh faoi Lenamore thuasluaite (*Leanawore*, 1830).

Tá *léana* cáilithe anseo ag iolra den fhocal *poll*. Féach nóta ar *poll* “hole; pool, puddle; burrow, lair” (*Ó Dónaill*), “In place-names, [*poll*] generally denotes a cave or pool” (*DIL* sv. *poll*), “logán”,[32] faoi Pollavaddy i bparóiste Bhalla, thuas.

Tá Ballynaboll North agus Ballynaboll South i mbarúntacht Cheara; tá bailte fearainn eile darb ainm Ballynaboll i mbarúntacht Thír Amhlaidh agus i Liatroim agus i Sligeach. Féach fosta Tawnynaboll i mbarúntacht Thír Amhlaidh agus Murrisknaboll i mbarúntacht Mhuraisce; Carrownaboll i Sligeach; Curraghnaboll agus Lisnaboll i Ros Comáin; agus samplaí de Meenaboll i nDún na nGall (www.seanruad.com).

Lisrobert	Lios Roibeird	
M293733; 101	“Roibeard*'s fort*”	
1. Lisrobert, John Fleming of	CPR Jas I 394a	1618
2. Lisrobert 2 gneeves	BSD 69	1661
3. Bog in common with Lisrobert, Dromshanagh, Perdrian and others &c	BSD 69	1661
4. Lisrebart 1 qr., Garrawlagh and	ASE 275b	1683
5. Lissrobert	Forfeit. Estates 375	1703
6. Lisrobalt	CRL 2A.3.16, 153a	1710c
7. Lissrobert	Reg. Deeds Lib. 11, 307 §4601	1713
8. Lissrobert	Reg. Deeds Lib. 6, 350 §2249	1711
9. Lisrubert	Garret O’Moore Maps 31	1721c
10. Lisrobalt	QRL 2A.6.70, 582	1787
11. Lisrobert	Tithe App. Book §62	1824
12. Lisrobert	Bald	1830
13. Lisrobert	Litir Eolais (ALSO)	1838
14. Lisrobert	ST (ALSO)	1838
15. Lissrobbert	T O’C (ALSO)	1838
16. Lisrobert	J O’D (ALSO)	1838
17. Lios Roibert	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
18. Lios Roibert “Robert’s fort”	J O’D (ALSO)	1838

[32] Féach faoi Pollaweela, atá suite ó dheas de Lenanaboll, ar bhruach theas an Róba, i mbarúntacht Chill Mheáin.

19. ˌlïsˈrɔbərt TC2, TC4 2009

“It contains about 65 acres [64a. 3r. 22p.]... including about 18 acres of bog. [Situated] in the south central part of the parish. Bounded on the north by Grallough and Drimshunnagh Lynch, on the east by Knockatoggart and Gorralough, on the south by Currantavy and on the west by Carrowmore. The property of Lord Sligo, Westport House. There is an an ancient fort [called Lisrobert] in the south end of this townland” (*ALSO*). Léirítear tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir ar theorainn theas na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios sa lár theas (M294732).

Tá *lios* “the space about a dwelling house or houses enclosed by a bank or rampart; somet. the bank or rampart itself” (*DIL* sv. 2*les*), “ring-fort” (*Ó Dónaill* sv. *lios*1(b)) cáilithe anseo ag an ainm pearsanta *Roibeard*, a bhí coitianta sna meánaoiseanna i measc shliocht na nAngla-Normannach (cf. *LMG* v 577-578 sv.). Tá Lisrobert eile i mbarúntacht Cheara; féach fosta Caherrobert i mbarúntacht Chill Mheáin. Féach fosta sampla de *Baile Roibeird* / Ballyrobert i bPort Láirge (*L. Log*. 11). Tá an leagan *Riobard* le sonrú i gcuid logainmneacha: samplaí de *Baile Riobaird* / Ballyrobert i gCiarraí agus Corcaigh, Ballyroberts i gCill Chainnigh, samplaí de Robertstown sa Mhí, Cill Dara agus Luimneach, agus san ainm sráidbhaile *Baile Riobaird* / *Ballyrobert* in Aontroim (www.logainm.ie).

Maltpool Poll na Bracha

M283754; 101 “*the (?)hole of the malt*”

1. Maltpool East, Maltpool West	Tithe App. Book §62	1824
2. Maltpool	Bald	1830
3. Maltpool	Litir Eolais (ALSO)	1838
4. Maltpool	ST (ALSO)	1838
5. Pollnabragha of which Maltpool is a translation	T O’C (nóta; ALSO)	1838
6. Maltpool	T O’C (ALSO)	1838
7. Poll na bracha	J O’D (p.l.; ALSO)	1838
8. Poll na bracha “hole of the malt”	J O’D (ALSO)	1838
9. ˈmɑːltpuːl	TC2, TC4	2009

“It contains about 249½ acres [249a. 0r. 12p.]... including about 137 acres of bog [in the west and east]. [Situated] in a north central part of the parish. Bounded on the north by Knockrickard and Baureel, on the east by Cappagh South, on the south by Pouldreen and Ahena, and on the west by Knockagraphy, Rusheen, Tavnagh and Clogherduff. The property of Mr. P. Kerwin, Dalgan Park” (*ALSO*). Léirítear cuid tithe suite le hais bóthair a reáchtálann anoir aneas trí lár na roinne, agus teach aonair san oirthuaisceart, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí.

Clúdaíonn an baile fearainn seo dhá fhoroinn de chuid Barreel a luaitear le chéile sna foinsí: *An Sceach Mhór* agus *An Goirtín*.[33] Is cosúil go raibh na hainmneacha seo tite i léig faoin 19ú haois.

Féach nóta ar *poll* “hole; pool, puddle; burrow, lair” (*Ó Dónaill*), “cave or pool” (*DIL* sv. *poll*), “logán”, faoi Pollavaddy i bparóiste Bhalla, thuas. Tá *poll* cáilithe anseo ag an eilimint neamhchoitianta *braich* “[i, f.] Mid. Ir. form of mraich. *gs*. mbracha... malt liquor” (*DIL* sv.; tugann Ó Dónaill *braiche* mar leagan ginideach Nua-Ghaeilge).

[33]

1. Skeaghmore, a gnive in	Strafford Inq. §118V	1635
2. Skeaghmore ½ qr.	ASE 277a	1683
3. Skeaghmore ½ qr.	BSD 68	1661
4. Skeaghmore ½ qr.	ASE 275b	1683
5. Skaghmore ½ qr.	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
6. Skaghmore ½ qr	QRL 2A.6.70, 560	1787
1. Gortin	Inq. ME II.245	1617
2. Gurtin, parcel of Barrill	CPR Jas I 394a	1618
3. Gurtin, 2 qrs in the half qr of [*sic*]	Strafford Inq. §124V	1635
4. Gortine 1 qr.	BSD 68	1661
5. Gorteene ½ qr.	ASE 275b	1683
6. Gortine 1 qr.	ASE 277a	1683
7. Gortine ½ qr.	CRL 2A.3.16, 148a	1710c
8. Gorteene ½ qr.	QRL 2A.6.70, 560	1787

Oory	Na hIúraí	
M263748; 100, 101	*"the groves of yew-trees"*	
1. Carrownenure and Clonedinere	CPR Jas I 64a	1605
2. Carownenowre, castle and ½ qr called	CPR Jas I 81b	1605
3. Carrownenoune	CPR Jas I 100b	1606
4. Oivers	Inq. ME II.279	1617
5. Owres, 3 qrs of	Strafford Inq. §130V	1635
6. Owrieragh [sic], ½ qr of	Strafford Inq. §152V	1635
7. Carrowenureheragh	Strafford Inq. §154	1635
8. Owenierigh, 1 cartron of	Strafford Inq. §158	1635
9. Carrownure 1 qr.	BSD 69	1661
10. Carrownure	Hib. Del. Mayo	1672c
11. Carrownure or mire als Vrietragh alias Ownerigh qr.	ASE 240a	1677
12. Nure alias Carrowmore [*sic*] ½ qr.	ASE 275b	1683
13. Owry	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
14. Ooury	Tithe App. Book §62	1824
15. Ury	Bald	1830
16. Oury	Litir Eolais (ALSO)	1838
17. Oury	ST (ALSO)	1838
18. Oory	T O'C (ALSO)	1838
19. Na húrraidh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
20. "rich, irriguous"	J O'D (scriosta; ALSO)	1838
21. Na h-úraidh "yew lands"	J O'D (ALSO)	1838
22. ˈuːri	TC2, TC4	2009

"It contains about 456 acres [455a. 1r. 37p.]... including about 305 acres of bog [and] about 2½ acres of water. [Situated] in the north west extremity of the parish. Bounded on the north [and north west] by the parish of Mayo in the baronies of Clonmorris and Kilmain, on the east by the townlands of Coarsefield, Tavnagh, Gortaloffaun and Cloonaugh, on the south by Derryfad Lower, and on the west by the parish of Robeen in the barony of Kilmain. The property of C. D. Brown, Brown Hall. There is a triangulation station in the west central end of this townland, called Oury" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe i lár, lár thuaidh agus oirthuaisceart na roinne seo ar an

chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear cúpla loch ar an teorainn thiar thuaidh darb ainm *Loughaderry Loughs*. Ní luaitear láthair chaisleáin (foirm 2a) leis an roinn seo sna gnáthfhoinsí (*ALSO*, *Monuments*).

Is féidir *Ceathrú na nIúr* (nó, b'fhéidir, *Ceathrúin an Iúir*) a léamh ar fhoirmeacha 1-3 thuas: an bhuneilimint *ceathrú* cáilithe ag *iúr* "o,m. *a yew, yew-wood*; ... frequent in place-names" (*DIL* sv. *ibar*(a,b)). Cf. Gortanure < *Gort na nIúr* i mbarúntacht Choistealach (féach faoi pharóiste Chill Bheitheach san Aguisín in Imleabhar 10). Is féidir *Iúr*, nó an t-iolra *Iúir*, cáilithe i gcuid cásanna ag *Iartharach* nó *Íochtarach*, a léamh ar fhoirmeacha 4-6, 8 agus 11c-d.

D'éirigh leagan eile coitianta sa chéad leath den 18ú haois: ní léir, go conclúideach, cé acu claonfhoirm (*iúraigh*) de *iúr* móide an iarmhír chnuasaigh, áitreabhach *-ach*, a bhí ann, ó cheart, nó iolra (*iúraí*) den deilbhíocht chéanna. Is gá, mar sin, leanúint den Donnabhánach (foirmeacha 19, 21) agus iolra a mholadh. Spéisiúil go leor, tá rian den phatrún céanna le sonrú i stair an ainm pharóiste *Newry* < *An Iúraigh* sa Dún: "The earliest form seems to have been *Iubhar Cinn Tráchta*... [and] later *Iubhar Cinn Trágha*... It was also called *an tIubhar*... The anglicised forms of the name must, however, come from *an Iubhraigh* (modern *an Iúraigh*), an oblique form of *an Iubhrach* (modern *an Iúrach*) 'the grove of yew trees'" (*PNI* 1, 5; foirm oifigiúil, *An tIúr*: *GÉ* 119). Moltar leagan uatha den fhocal *iúrach* san ainm Kinnewry < *Cionn Iúraí* i mbarúntacht Cheara.

Parknakillew	Páirc na Coilleadh	
M264716; 110, 111	"*the field of the wood*"	
1. Parknagulloo	Litir Eolais (ALSO)	1838
2. Parknagulloo	ST (ALSO)	1838
3. Parknakillew if not Parknagillew	T O'C (nóta; ALSO)	1838
4. Pairc na coilleadh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
5. Pairc na coilleadh "park of the wood"	J O'D (ALSO)	1838
6. ˌpɛərknəˈkʲilju	TC4	2009

"It contains about 227 acres [227a. 0r. 16p.]... including about 4 acres of water and 88 acres of bog [in the west and south]. [Situated] in the south west extremity of the parish. Bounded on the north by Derryfad Lower, on the east by Curraghadthera, Cloonkeen and Boolabeg, on the south by the parish of Killcommon in the Barony of

Kilmain and on the east by the parish of Robeen in the same barony. The property of James Brown Esq., Claremount" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe i lár thuaidh, lár theas agus oirdheisceart na roinne, agus grúpa beag líneach i lár an bhaile fhearainn, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear dhá loch ar an teorainn thiar: *Lough Nakillymore* agus *Pollbaun Lough*.

Tá an bhuneilimint *páirc* "f. (Romance) a field" (*DIL* sv.) cáilithe anseo ag *coill* "wood, forest" (*DIL* sv. *caill*). I dtaca leis an *-g-* i bhfoirmeacha 1-2, cf. foirmeacha stairiúla Creggaun < *Creagán an Choill* agus Knockaunakill < *Cnocán an Choill* i bparóiste Mhaigh Eo, thuas: ní dóiche gur léiriú ar leagan malartach iolra den cháiltheoir é. I dtaca le húsáid na foirme ginidí uatha *coilleadh*, go háitiúil, cf. Inishnakillew i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill, Kinnakillew agus Derrakillew i mbarúntacht Mhuraisce, Barnacuillew i mbarúntacht Iorrais, samplaí de Cloontykillew i mbarúntachtaí Iorrais agus Thír Amhlaidh, Ardkill < *Ard Coilleadh* agus Ballynakillew i mbarúntacht Chill Mheáin, agus samplaí de Knocknakillew i mbarúntachtaí Ghaileang agus Chill Mheáin.

Áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile ar feadh i bhfad, sna foinsí, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Polldrian	Poll Draighin	
M289744; 101	*"the (?)hollow of the blackthorn"*	
1. Bog in common with Lisrobert, Dromshanagh, Perdrian and others &c	BSD 69	1661
2. Poldrian 1 qr.	BSD 70	1661
3. Polladrena	Hib. Del. Mayo	1672c
4. Poledrian or Poldrian 1 qr.	ASE 238a	1677
5. Poledrin 1 qr.	CRL 2A.3.16, 145b	1710c
6. Poldrin	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
7. Poldrian & Taunaghsallagh[34]	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739

[34] 1. Tawnysally — Inq. ME II.283 — 1617
2. Wast Mosse in comon to Tumsallagh, Aghenagh, Carromore and Clonekeeve — BSD 69 — 1661
3. Taunisallagh 1 qr. — BSD 70 — 1661
4. Tawnisallagh 1 qr. — ASE 238a — 1677

8. Poledrin 1 qr.	QRL 2A.6.69, 548	1787
9. Pouldryan	Lynch-Blosse Maps (sv. *Drumseenough*)	1811
10. Poldrian More Hynes, Poldrian beg... Pouldryan	Tithe App. Book §62	1824
11. Pouldrien	Litir Eolais (ALSO)	1838
12. Pouldrien	ST (ALSO)	1838
13. Polldryan	T O'C (ALSO)	1838
14. Polldrian	J O'D (ALSO)	1838
15. Poll draoigheain	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
16. Poll draoigheain: "hole of the blackthorns"	J O'D (ALSO)	1838
17. po̯l'drain	TC1, TC2, TC3, TC4	2009

"It contains about 165 acres... including about []5 acres of bog. [Situated] in the centre of the parish. Bounded on the north by Maltpool and Cappagh South, on the east by Drimshunnaghmore and Drimshunnagh Lynch, on the south by Grallagh and on the west by Ahena townlands. The property of James Brown Esq., Claremount. There are two ancient forts in this townland, one in the south and the other in the east central part of the townland" (*ALSO*). Léirítear áitribh scaipthe i dtuaisceart agus lár na roinne, agus grúpa beag líneach le hais bóthair sa lár theas, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear *Polldrian Fort* san iardheisceart (M288738), agus lios eile gan ainm sa tuaisceart (M291744). Tá bunús na roinne suite ar thalamh atá os cionn 50 méadar ar airde; tá droim 60 méadar ar airde ar an teorainn thiar le Ahena. Reáchtálann sruthán aduaidh ar an teorainn thoir, agus ansin anoir aduaidh ar an teorainn theas.

Féach nóta ar *poll* "hole; pool, puddle; burrow, lair" (*Ó Dónaill*), "a cave or pool" (*DIL* sv. *poll*), "logán", faoi Pollavaddy i bparóiste Bhalla, thuas. Tá *poll* cáilithe anseo ag uatha (cf. foirmeacha 15-6) den fhocal *draighean* "blackthorn, sloe (prunus spinosa), fruit of the sloe" (*DIL* sv. *draigen*). Féach samplaí den fhocal *draighean* i logainmneacha ag *Joyce* (i 517-8).

---

5. Taunaghsallagh, Poldrian &	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739
6. Tannysallagh 1 qr	CRL 2A.3.16, 145b	1710c
7. Taunisallagh	Reg. Deeds Lib. 81, 30 §55951	1735
8. Tanysallagh 1 qr.	QRL 2A.6.69, 548	1787

Rassaraun	Rosarán	
M272748; 101	*"(?)little wooded height"*	
1. Rossoraun	Litir Eolais (ALSO)	1838
2. Rossoraun	ST (ALSO)	1838
3. Rassaraun	T O'C (ALSO)	1838
4. Ra < sa < ra // n:	Foghrú (ALSO)	1838
5. Rasarán	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Rasarán "copses"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˈrasərɑːn, haven't heard it used for years	TC4	2009

"It contains about 42 acres [42a. 1r. 0p.]... including about 8 acres of bog [in the north east and south west]. [Situated] in the north west interior part of the parish. Bounded on the north by Tavnagh, on the east by Rusheen, on the south by Knockagraphy and Cloonaugh and on the west by Gortaleffaun townlands. The property of Jas. Brown Esq., Claremount" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe in oirthear, iarthar agus deisceart na roinne seo ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Gobann droim talaimh 50 méadar ar airde aneas go lár theas na roinne. Reáchtálann sruthán anoir ar an teorainn thuaidh; reáchtálann sruthán beag eile anoir aneas trasna lár thiar na roinne chuige.

Tá an logainm seo cuimsithe den bhuneilimint *ros* "*a wood*, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river" (*DIL* sv. 1*ros*), "(wooded) height, wood; point of land, promontory, headland" (*DUP* 155 sv), móide na hiarmhíreanna -*ar* (de chiall éiginnte: féach Ó Máille 1987) agus -*án* (áitreabhach / díspeagtha / áitreabhach). Léiríonn foirmeacha 3-4 ísliú sa chéad ghuta; cf. Rassan / *Rosán* i Lú (*L. Log*. 19).

Mhol an Donnabhánach an focal *rása* "copse" (cf. *ras*- i bhfoirmeacha 5-6 thuas) mar chéad eilimint sa logainm Rassakeeran i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill; ar fhianaise na bhfoirmeacha stairiúla, áfach, moltar *Ros an Chaorthainn* mar bhunús dó. Mhol sé *rása* "copses" [*sic*] mar chéad eilimint i gcás Rausakeera North i mbarúntacht Chill Mheáin; tá *Ráth Easa Caoire Thuaidh* molta mar bhunfhoirm, áfach, bunaithe go príomha ar fhianaise ón *Seanchas Búrcach*. Is cosúil gur forbairt ó *ros* atá i gceist leis an fhocal seo *rása*, *ras*: cf. *ros* "a wood or copse" ag *Dinneen*, agus *rasach* / *rásach* / *rosach* "brushwood, thicket, overgrown site" ag *Ó Dónaill*. Ní gá, mar atá léirithe, dul i muinín na litrithe *rása*, *ras*, áfach.

Dálta Rusheen atá buailte leis an teorainn thoir thuaidh, áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile ar feadh i bhfad, sna foinsí, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Rusheen	(?)Na Roisíní	
M278751; 101	*"the (?)little wooded heights"*	
1. Rusheen	Tithe App. Book §62	1824
2. Rusheen	Litir Eolais (ALSO)	1838
3. Rusheen	ST (ALSO)	1838
4. Rusheens if not Rusheen	T O'C (nóta; ALSO)	1838
5. Ruisinidhe	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
6. Ruisinidhe "small copses"	J O'D (ALSO)	1838
7. ˈrʊ̯ʃiːn	TC2, TC4	2009

"It contains about 39½ acres [39a. 3r. 6p.]... including about 9 acres of rough pasture [in the north]. [Situated] in a central part of the parish. Bounded on the north by Tavnagh, on the east by Maltpool, on the south by Knockagraphy, on the east by Rossaraun townlands. The property of James Brown Esq., Claremount" (*ALSO*). Léirítear cuid bheag tithe in iardheisceart na roinne ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Gobann droim talaimh 55 méadar ar airde aneas ó Knockagraffy isteach in iardheisceart an bhaile fhearainn. Cuarann sruthán anoir ar theorainn thoir agus thuaidh na roinne.

Is leagan díspeagtha den eilimint *ros* (féach faoi Rassaraun thuas) is bun leis an ainm seo. Ní léir, go conclúideach, gur léiriú ar leagan iolra Gaeilge atá i bhfoirceann *-s* an Bhéarla i bhfoirm 4a, ach leantar anseo de thuairim an Donnabhánaigh (foirmeacha 5-6).

Tá 18 baile fearainn darb ainm Rusheen sa tír (*Census 1851*); tá samplaí eile i mbarúntachtaí Cheara agus Bhuiríos Umhaill sa chontae seo féin. Tá Rusheen in Uíbh Fhailí socraithe mar *Roisín* mar sa Ghaeilge (*L. Log*. 33); tugtar faoi deara fosta nach bhfuil alt lárnach san ainm Loughrusheen < *Loch Roisín* i mbarúntacht Cheara. Cf. samplaí eile ar nós *Gubarusheen* < *Gob an Roisín* agus *Oogharusheen* < *Uaichidh an Roisín* i mionainmneacha Acla (Imleabhar 3 svv.), áfach. Tá *Na Roisíní* molta mar bhunús do shamplaí de Rusheens i mbarúntachtaí Thír Amhlaidh agus Choistealach, agus socraithe mar bhunfhoirm Rusheens i bPort Láirge (*L. Log*. 42). Tá bailte

fearainn eile darb Rusheens i gCiarraí agus Gaillimh; féach fosta cúpla sampla de Rusheeny i nGaillimh (*Census 1851*).

Dálta Rassaraun atá buailte leis an teorainn thiar theas, áiríodh an baile fearainn seo mar dhlúthchuid de roinn eile ar feadh i bhfad, sna foinsí, is léir: ní léir cé acu, áfach.

Sessiagh	An Seiseadh	
M314732; 101	"*the sixth*"	
1. Sessiogh	Inq. ME II.243	1617
2. the lands of Sessiagh... McMorish of Sessiagh	CPR Jas I 394a	1618
3. Shisha, 2 gnives of Lissimore and	Strafford Inq. §113V	1635
4. Sassnagh, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
5. Sessnagh, the qr of	Strafford Inq. §158V	1635
6. Sessuagh 1 qr.	BSD 70	1661
7. Moss in Common with Sessuagh, Clonadinner and others	BSD 70	1661
8. Sessuagh 1 qr.	ASE 103a	1666
9. Shesnagh [*sic*]	ASE 226a	1670
10. Ressuagh [*sic*]	Hib. Del. Mayo	1672c
11. Lishnagh [*sic*] 1 qr	Reg. Deeds Lib. 6, 349 §2247	1711
12. Sessuagh als Lissuagh 1 qr.	Reg. Deeds Lib. 28, 493 §18481	1721
13. Seasuagh	Garret O'Moore Maps 28-9	1721c
14. Lessuagh al Lesuagh	Reg. Deeds Lib. 76, 315 §54592	1732
15. Sessuagh 1 qr	Reg. Deeds Lib. 96, 243 §67465	1739
16. Shaseeaugh	Tithe App. Book §62	1824
17. Sessua	Litir Eolais (ALSO)	1838
18. Sessua	ST (ALSO)	1838
19. Sessiagh	T O'C (ceartú; ALSO)	1838
20. Seiseadh	J O'D (p.l.; ALSO)	1838
21. Seiseadh "a sixth part"	J O'D (ALSO)	1838
22. ˈʃɛʃuə	TC4	2009
23. ˈʃɛʃə	TC2	2009

"It contains about 134 acres [140a. 0r. 3p.]... including about 11 acres of bog. [Situated] in the south east extremity of the parish. Bounded on the north and east by the parish of Crossboyne, on the south by Belladuff and on the west by Ballynew townlands. The property of A. Crean Lynch, Esq. There is an ancient fort in the south end of this townland" (*ALSO*). Léirítear cuid tithe le hais bóithre a reáchtálann ar na teorainneacha theas agus thiar, agus cuid áitreabh scaipthe i dtuaisceart agus oirthear na roinne, ar an chéad eagrán den léarscáil sé horlaí. Léirítear an lios san oirdheisceart (timpeall M315730).

Is féidir *seisíoch* "[as adjective:] consisting of a sixth or sixths... as subst. o, m., the name of a measure of weight or capacity" (*DIL* sv.), "a sixth... a land measure of two gneeves (gníomh)" (*Dinneen* sv. *seisidheach*) a léamh ar fhoirmeacha 1-2 thuas. Tá *An Seisíoch* socraithe mar an bhunfhoirm de shamplaí de Sessiagh i Liatroim agus Dún na nGall (www.logainm.ie). Is féidir *seiseadh* "As subst. [o, n. later m.] a sixth (part)" (*DIL* sv. *seissed*II) a léamh ar fhoirmeacha 6-21, áfach. Cf. ainmneacha ar nós *Seiseadh Uí Ghadhra* / Sessuegarry i Sligeach agus *Seiseadh Uí Dhónaill Thiar* / Sheshodonnell West sa Chlár (www.logainm.ie). Níl an dara sampla de *seisíoch*, ná de *seiseadh*, in ainmneacha bailte fearainn i Maigh Eo.[35]

Tagheen East	Teach Chaoin Thoir	
M293716; 111	*"(?)pleasant church, east"*	
1. Tagheene	CPR Jas I 372b	1618
2. Taghine, 1 qr of	Strafford Inq. §130V	1635
3. Teaghkeene 1 qr.	BSD 69	1661
4. Teagheene 1 qr.	ASE 103a	1666
5. Taghkeene	ASE 226a	1670
6. Teaghkeen	Hib. Del. Mayo	1672c
7. Taghkeene	CRL 2A.3.16, 138a	1710c
8. qr. of Teagheene... Tagheene	CRL 2A.3.16, 140b-141a	1710c
9. Taghkeen 1 qr.	CRL 2A.3.16, 146a	1710c
10. Taghkeen, qr of land of	Reg. Deeds Lib. 77, 295 §53742	1734
11. Tagheen	L. Blosse Papers 207 §102	1740c
12. qr. of Teagheen... Tagheen	QRL 2A.6.70, 525-6	1787

[35] Féach cuid samplaí tríd an tír ag *Joyce* (i 245); féach, áfach go bhfuil *An tSeisreach Rua* socraithe mar bhunfhoirm Shesharoe i dTiobraid Árann (*L. Log*. 119).

13. Taghkeen	QRL 2A.6.69, 550	1787
14. Taugheen	Tithe App. Book §62	1824
15. Taugheen	Bald	1830
16. Taugheen East	Litir Eolais (ALSO)	1838
17. Taugheen East	ST (ALSO)	1838
18. Tagheene	D. Gibbons, Brookhills (ALSO)	1838
19. Taugheen	Cess Book (ALSO)	1838
20. See parish	J O'D (ALSO)	1838
21. t∫a'hi:n	TC4	2009

